



NUI MAYNOOTH
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

**Logainmneacha na mbailte fearainn i mbarúntachtaí Dhéise
Uachtarach agus Dhéise Íochtarach Contae na Mí:
bunfhoirmeacha agus bríonna**

Patrick O'Donoghue

Tráchtas do chéim PhD
Roinn na Staire
Ollscoil na hÉireann
Má Nuad

Ceannasaí na Roinne: An t-Ollamh Marian Lyons

Maoirseoirí taighde: An Dr Jacinta Prunty
An Dr Colmán Etchingham

Eanáir 2012

Clár an Ábhair

Focal Admhála	i	
Bailte Fearainn san ord ina bpléitear iad	ii	
Noda Ginearálta	iv	
Giorrúcháin (Foinsí)	v	
Na Paróistí Dlí	xii	
Na Bailte Fearainn de réir suímh	xiv	
An Réamhrá	xix	
Léaráidí	<ol style="list-style-type: none">1. Imlíne na hÉireann le suíomh Co. na Mí2. Na barúntachtaí Dhéise Uachtarach agus Íochtarach3. Bailte fearainn Dhéise Íochtarach4. Bailte fearainn Dhéise Uachtarach	
Caibidil 1	Ó <i>Dindshenchas</i> go logainm.ie: Forbhreathnú ar logainmníocht: na foinsí, na fadhbanna agus na modhanna	1
Caibidil 2	Béarlú na Logainmneacha	22
Caibidil 3	Plé ar na Logainmneacha Béarla: Tionchar na nAngla-Normannach agus na Nua-Ghall	36
Chapter 4	Plé ar na logainmneacha Gaeilge	187
Focal scoir	387	
Leabharliosta	390	
Faisnéiseoirí	406	
Innéacs	407	

Focal Admhála:

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl

- do na daoine i gContae na Mí a chabhraigh liom ar mo thaisteal ar fud an chontae, go háirithe na faisnéiseoirí a thug fuaimniú áitiúil na logainmneacha dom;
- do na leabharlannaithe agus freastalaithe a thug cabhair dom sna leabharlanna agus institiúidí léinn éagsúla ina rinne mé taighde, go mórmhór i Leabharlann an Ruiséalaigh agus i Leabharlann Eoin Pól II, OÉ, Má Nuad;
- do na daoine a thug comhairle nó cúnaimh dom ar dhóigh nó ar dhóigh eile, go háirithe an t-Ollamh Ruairí Ó hUiginn, an t-Ollamh P. J. Duffy agus an Dr Séamus Mac Gabhann (ar scor) OÉ Má Nuad, An Dr Dónall Mac Giolla Easpaig an Príomhoifigeach Logainmneacha, an Dr Conchubhar Ó Crualaoich agus an Dr Pádraig Ó Cearbhaill Oifigigh Logainmneacha, an Dr Kevin Murray, an Dr Diarmuid Ó Murchadha (R.I.P) agus an Dr Pádraig Ó Riain OÉ Corcaigh, an Dr Nollaig Ó Muraíle OÉ Gaillimh, an Dr Pat McKay Béal Feirste, Úna Lawlor Baile Átha Cliath, Éamon Walsh Ráth Cúil, Pat Fitzpatrick Gaillimh, Jacques agus Marcelle Martin an Fhrainc, agus an Dr Éamon Langford Corcaigh a thug comhairle mo leasa dom roimh thosnú ar an tráchtas seo;
- do mo chomh-mhic léinn agus d'fhoireann Roinn na Staire, OÉ Má Nuad go háirithe an t-Ollamh Marian Lyons, an t-Ollamh Jacqueline Hill agus an t-Ollamh Raymond Gillespie as a dtacaíocht. Tá buíochas ar leith tuillte ag mo mhaoirseoirí, an Dr Jacinta Prunty agus an Dr Colmán Etchingham a stiúir an tráchtas seo go cúramach agus go foighneach agus óna bhfuair mé tacaíocht leanúnach den scoth. Tá mé faoi chomaoin mhór acu.

Gabhaim buíochas freisin le mo bhean chéile Jacqueline, mo mhac Yoann, m'iníon Fiona agus Simba an madra as a dtacaíocht, a dtuiscint agus a bhfoighne liom.

Ba mhaith liom an tráchtas seo a thiomnú do mo mháthair Mai agus do dhilchuidimhne Con, m'athair.

Ghnóthaigh mé sparánacht taighde ón Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta (an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta faoi láthair) maoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta le tabhairt faoi M.Litt ar logainmneacha 2009-2010. D'éirigh liom síneadh a fháil ar an sparánacht don tríú bliain 2011 chun Dochtúireacht a bhaint amach.

Na bailte fearainn san ord ina bpléitear iad i gCaibidilí 3 agus 4

Caibdil 3		Caibidil 3	
Lch.	Baile fearainn	Lch.	Baile Fearainn
42	Arodstown	112	Piercetown
44	Baronstown	114	Porterstown
46	Barrockstown	115	Ringlestown
48	Barstown	118	Rodanstown
50	Basketstown	124	Scurlockstown
51	Bedfanstown	127	Swainstown
52	Bonfield	129	Timlins
54	Boycetown	130	Trubley
56	Branganstown	134	Walterstown
57	Bryanstown	137	Warrenstown (2)
60	Butlerstown	139	Weatherstown
62	Clarkstown	141	Woodcockstown
63	Collistown	143	Wrightown or Ardbrackan
65	Craystown or Ennistown	145	Batterstown
67	Ennistown	146	Bogganstown
68	Crumpstown or Marshallstown	148	Curraghtown (2)
70	Curtistown Lower or Baldoyle	151	Knockstown (3)
72	Curtistown Upper	156	Longtown
73	Dolanstown	158	Milltown (2)
76	Ferrestown	160	Monenstown
78	Finlaghtown Great & Little	162	Newtownmoyaghy (2)
81	Foxtown	165	Newtownrathganley
83	Gaulstown	167	Oldtown
85	Ginnetts Great & Little	169	Windtown
87	Harristown	170	Woodtown
89	Hayestown	173	Batterjohn
90	Jenkinstown (2)	174	Blackcut
92	Lambertstown	175	Collegeland
94	Leonardstown	179	Cooljohn
95	Martinstown (2)	180	Gibraltar
98	Merrywell	181	Grange
99	Mitchelstown	182	Derrypatrick Grange
101	Mooretown	183	Kemmins Mill
105	Owenstown	185	Mountland or Butterhouse
107	Padinstown		
108	Pagestown		
110	Phepotstown		

Caibidil 4		Caibidil 4	
Lch.	Baile Fearainn	Lch.	Baile Ferainn
188	Affollus	315	Cultromer
192	Agher	318	Curraghdoe
199	Assey	321	Derryclare
203	Athronan	323	Derrypatrick
205	Ballina or Bective	327	Ardrums (2)
210	Balfeaghan	331	Drumard
213	Balgeeth	331	Drumlargan
215	Ballastran	335	Drumree
218	Ballinter	338	Augherskea
222	Ballintoghee [recte: Ballintogher]	343	Ferrans
225	Ballygortagh	345	Gallow
227	Ballymagillan	349	Glane (2)
229	Ballynamona	351	Oldgraique
230	Ballynare	352	Moygaddy
232	Ballynavaddog (2)	356	Moyglare
234	Balreask	362	Moynalvy
237	Balsoon	366	Mulhussey
240	Baltrasna (2)	370	Mullagh
243	Galtrim	373	Rathkilmore
251	Calgath	375	Garadice
254	Kilcarty	380	Tullaghmedan
257	Kilclone	384	Tullykane
261	Kilcooly		
265	Kilglin		
269	Kilgraique		
272	Killeany		
276	Kilmessan		
280	Kilmore		
282	Kiltale		
287	Clongutery		
289	Clonlyon		
292	Clonymeath		
295	Knockmark		
299	Kimmins		
301	Creroge		
304	Cullendragh		
306	Culcor		
310	Culmullin		

Noda Ginearálta

als	ailias logainm san fhianaise stairiúil
aid.	aidiacht
ain.	ainmneach
bain.	baininscneach
bar.	barúntacht
bf.	baile fearainn
<i>BLE</i>	Bunachar Logainmneacha na hÉireann
[D]	foirm Ghaeilge de logainm deimhnithe in <i>BLE</i>
DU/DI	Déise Uachtarach/Déise Íochtarach
eag. (nó) eag/í	eagarthóir(i)
ed./eds	editor(s)
<i>EPA</i>	Environmental Protection Agency Ireland
fir.	firinscneach
gin.	ginideach
iml.	imleabhar
iol.	iolra
lch./lgh	leathanach/-aigh sna fonótaí
LS(S)	lámhscríbhinn(i)
MG	Meán-Ghaeilge
MS(S)	manuscript(s)
[ND]	foirm Ghaeilge de logainm neamhdheimhnithe in <i>BLE</i>
NG	Nua-Ghaeilge
NÓM	An Dr Nollaig Ó Muraíle, Roinn na Gaeilge OÉ Gaillimh, scrúdaitheoir le haghaidh mo <i>viva voce</i> 21 Meitheamh 2012
p(p)	leathanach/-aigh sna táblaí fianaise
par.	paróiste dlí
SG	Sean-Ghaeilge
SO	an tSuirbhéireacht Ordanáis
tl.	townland

Giorrúcháin (Foinsí)

- ARÉ* *Annála ríoghachta Éireann: annals of the Kingdom of Ireland by the Four Masters from the earliest period to the year 1616*, ed. John O' Donovan (7 vols, Dublin 1856)
- AGBP* *Ainmneacha Gaeilge na mbailte poist* (Baile Átha Cliath, 1969)
- AGBPL* *Ainmneacha Gaeilge na mbailte poist i gcúige Laighean* (Baile Átha Cliath, 1964)
- Analecta Hib.* *Analecta Hibernica, including the reports of the Irish commission* (Dublin, 1930-) - iris
- Andrews 1997 J. H. Andrews, *Shapes of Ireland: maps and their makers 1564-1839* (Dublin, 1997)
- Annat. Hib.* *De annatis Hiberniae: a calendar of the first-fruits' fees levied on papal appointments to benefices in Ireland, A.D. 1400-1535 from the Vatican and other Roman archives*, i: Ulster, eds M. A. Costello and Ambrose Coleman (Dundalk, 1909; reissued Maynooth, 1912)
- Archdall Mervyn Archdall, *Monasticum Hibernicum: or an history of the abbies, priories and other religious houses in Ireland, etc.* (Dublin, 1786)
- Arch. Hib.* *Archivium Hibernicum: or Irish historical records* (Maynooth, 1912-)
- Atlas Blaeu* *Nuevo atlas de los reynos de Escocia e Yrlanda apud Ioannem Blaeu* (Amsterdam, 1654)
- AU¹* *Annála Uladh, annals of Ulster: otherwise annála Senait, annals of Senat: a chronicle of Irish affairs, 431-1131, 1555-1541*, eds W. M. Hennessy and Bartholomew Mac Carthy (4 vols, Dublin, 1887-1901)
- AU²* *The Annals of Ulster (to AD 1131)*, eds Seán Mac Airt and Gearóid Mac Niocaill, pt. 1 text and translation (Dublin, 1983)
- Beaufort's map Beaufort's map 1797 in Arnold Horner, *Mapping Meath in the early 19th century with an atlas of William Larkin's map of county Meath 1812* (Wordwell, Bray, 2007)
- Bk. Arm.* *Liber Ardmachanus: the book of Armagh*, ed. John Gwynn (Dublin, 1913)
- BN/HD* Bibliotheque Nationale / Hiberniae Delineatio
- BSD* *Books of survey and distribution, vol. v, East Meath and Louth*, Stowe and Ashburnham Collection (RIA, MS G vi 2)

- BUPNS* *Bulletin of the Ulster Place-names Society* (Belfast, sraith 1:1952-57; sraith 2: 1978-82; *Ainm* 1986-) - iris
- Cal. inq. post mort.* *Calendar of inquisitions post mortem* (Henry III, Edward I, Edward II & Edward III) (10 vols, London 1904-1921)
- Carew MS* [vol] *Calendar of the Carew Manuscripts preserved in the archiepiscopal library at Lambeth, 1515-1574* [etc.], eds J. S. Brewer and William Bullen (96 volumes, London 1868-1871)
- CDI* *Calendar of documents relating to Ireland 1171-1251* [etc.], ed. H. Sweetman (5 vols, London, 1875-86)
- CGH* *Corpus genealogiarum Hiberniae* I, ed. M. A. O' Brien (Dublin, 1962)
- Chanc. rolls (1838)* *Abstract of the patent and miscellaneous rolls of chancery 1830-1838*, ed. George Hatchell (Dublin, 1838)
- Chanc. Deeds (1840)* *Abstract of the deeds inrolled in chancery 1834 –1839*, ed. George Hatchell (Dublin, 1840)
- Chanc. rolls (1837)* *Abstract of the rolls of chancery 1830-1837*, ed. George Hatchell (Dublin, 1838)
- Chart. St Mary's* *Chartularies of St Mary's abbey, Dublin ... and annals of Ireland 1162- 1370*, ed. J.T. Gilbert (2 vols, London, 1884)
- Civil Survey v* *The Civil Survey, A.D. 1654-56, v: County of Meath with the return of tithes for the Meath baronies* (I.M.C., Dublin, 1940), ed. R. C. Simington
- CJR 1295-1303 [etc.]* *Calendar of the justiciary rolls 1295-1303 [etc.]*, ed. James Mills (3 vols, Dublin, 1905, 1914) 3rd vol (1308-1314) prep by H. Wood and A. E. Langan, and revised by Margaret C. Griffith
- Cogan* Anthony Cogan, *The diocese of Meath: ancient and modern* (3 vols, Dublin, 1867 repr. 1992)
- Comm. Of grace* *Abstract of the grants of lands under the commission of grace 1684 – 1688*, ed. George Hatchell (Dublin, 1839)
- CPCR 18 – 45 Eliz.* *Calendar of the patent and close rolls of chancery in Ireland, from the 18th to the 45th of Queen Elizabeth*, ed. James Morrin (Dublin, 1861)
- CPCR Hen VIII-Eliz.* *Calendar of patent and close rolls of chancery in Ireland, Henry VIII to 18th Elizabeth*, ed. James Morrin (Dublin, 1861)
- CPCR Charles I* *Calendar of the patent and close rolls of chancery in Ireland of the reign of Charles I*, ed. James Morrin (Dublin, 1863)

- Crown surveys* *Crown surveys of lands 1540-41, with the Kildare rental begun in 1518*, ed. Gearóid Mac Niocaill (Dublin, 1992)
- DGMR* *The Dublin guild merchant roll c.1190-1265*, eds. Philomena Connolly and Geoffrey Martin (Dublin, 1992)
- DIL* *Dictionary of the Irish Language, based mainly on Old and Middle Irish materials* (RIA, Dublin, 1913-76)
- Dindshenchas* *Dindshenchas*, Todd lecture series, ed. Edward Gwynn, (vols 8-12, Dublin, 1903-35; repr. 1941, 1991)
- Dopping* *Bishop Dopping's visitation Book* John Stearne's 1647 transcript (LS Z3 1. 4 i Leabharlann Marsh)
- eDIL* *eDIL*, bunaithe ar *Dictionary of the Irish language* de chuid an RIA, suíomh Gréasáin www.dil.ie
- Féil. Huí Gormáin* *Féilire Huí Gormáin: the martyrology of Gorman*, ed. Whitley Stokes (London, 1895)
- Fél* *Féilire*
- fiant (Hen. VIII, etc.)* *The Irish fiants of the tudor sovereigns: during the reigns of Henry VIII, Edward VI, Philip and Mary, and Elizabeth I*, eds K.W. Nicholls and T. G. Ó Canann (4 vols, Dublin, 1994)
- Fitzsimons cash book* *Cash book of Jane Fitzsimons of Garadice, 1758-1774* (MS 5591, NLI)
- Foster, Funeral certs* *Funeral certificates of the nobility and gentry of Ireland (Acheson – Brereton)*, compiler Joseph Foster 1844-1905
- FPH* *Filíocht Phádraigín Haicéad*, ed. M. Ní Cheallacháin (Dublin, 1962)
- FSAG* *Historical dictionary of Gaelic placenames/Foclóir stairiúil áitainmneacha na Gaeilge*, Fascúil, 1-4, eagr/í Pádraig Ó Riain, Diarmaid Ó Murchadha, Kevin Murray (ITS, 2003-11)
- GAI* *General alphabetical index to the townlands and towns, parishes and baronies of Ireland based on the Census of Ireland for the year 1851* (Dublin 1861; reprint, Baltimore 1984)
- Galtrim manor* *The manor of Galtrim, 1402-03* (MS: D. 17 010, NLI)
- Gasaitéar* *Gasaitéar na hÉireann: ainmneacha ionad daonra agus gnéithe aiceanta* (Baile Átha Cliath, 1989)
- Gilbert, History* John T. Gilbert (ed.), *A contemporary history of affairs in Ireland from 1641 to 1652* (Dublin 1879)

- Gillespie, *Bk. of CC* *The first chapter act book of Christ Church Cathedral, Dublin 1574-1634*, ed. Raymond Gillespie (Dublin, 1997)
- Gormanston Reg.* *Calendar of the Gormanston register*, eds James Mills and M. J. McEnery (Dublin, 1916)
- Grand jury* *An abstract of the presentments of the grand jury county Meath at the lent assizes 1803 and summer assizes 1806 in grand Juries of Ireland county of Meath* (digitized by Google; print copy in Navan library, county Meath)
- Griffith, *Cal. inq.* *Calendar of inquisitions formerly in the office of the chief remembrancer of the exchequer, prepared from the MSS of the the Irish Record Commission*, ed. M. C. Griffith (Dublin, 1991)
- Healy John Healy, *History of the the diocese of Meath* (2 vols, Dublin, 1908)
- Hogan, *Onomasticon* Edmund Hogan, *Onomasticon Goedelicum locorum et tribuum Hiberniae et Scotiae* (Dublin, 1910)
- Index, CCC deeds* *Index to calendar of Christ Church deeds, 1174 to 1684, contained in appendices to 20th, 23rd and 24th Reports of the Deputy Keeper* (PROI, Dublin, 1896)
- ICL* Eric St John Brooks (ed.), *The Irish cartularies of Llanthony prima and secunda* (Dublin, 1963)
- Inq. Leinster* *Inquisitions of the province of Leinster*, ed. James Hardiman (Dublin, 1810)
- Ir. mon. poss.* *Extents of Irish monastic possessions, 1540-1541, from manuscripts in the Public Record Office, London*, ed. N.B. White (Dublin, 1943)
- J. Greene quitclaim* *Quitclaim by John Greene, le Curragh, near Kylmore in the tenement of Culmullyne* (LS D. 17, 005 NLI)
- JOD* John O' Donovan *maidir le leagan Gaeilge de logainm nó brí logainm, nó nótaí a scríobh sé sna hAinmleabhair*
- JRSAI* *Journal of the royal society of antiquaries of Ireland* (Dublin, 1890-)
- Laoide Seosamh Laoide, *Post-sheanchas: ina bhfuil cúigi, dúichí, conntaetha agus bailte puist na h-Éireann* (Baile Átha Cliath, 1905-11)
- Larkin's map* Larkin's map 1812 in Arnold Horner, *Mapping Meath in the early 19th century with an atlas of William Larkin's map of county Meath 1812* (Wordwell, Bray, 2007)

- Leet, *Directory* Ambrose Leet, *Directory to the market towns, villages and gentlemen's seats* (2nd edition, Dublin 1814)
- Lewis, *A top. dict.* Samuel Lewis, *A topographical dictionary of Ireland* (2 vols, London, 1837; repr. Baltimore, Maryland, 1884, 1995)
- Mart. Tallaght* *The martyrology of Tallaght*, eds R.I. Best and H. J. Lawlor (London, 1931)
- Mercator Map 1564* Gerard Mercator, *Angliae Scotiae et Hiberniae nova descriptio* (Duisberg, 1564) in J. H. Andrews, *Shapes of Ireland: maps and their makers 1564-1839* (Dublin, 1997)
- MS 14E 21 MS 14E 21 *Extracts relating to county Meath* bronnta don RIA ag an SO
- MS 14E 22 MS 14E 22 *Extracts relating to county Meath* bronnta ar an RIA ag an SO (orthu: *Petty's Hiberniae delineatio 1659, Elizabethan map, John Speed's countie of Leinster 1610, Senet and Maxwell map 1711*)
- Ó Foghludha Risteárd Ó Foghludha, *Log-ainmneacha: i. dictionary of Irish placenames* (Baile Átha Cliath, 1935)
- O' Hart, *landed gentry* John O' Hart, *The Irish and Anglo-Irish landed gentry when Cromwell came to Ireland* (Dublin, 1884)
- Ó Meachair Donnchadh Ó Meachair, *A short history of county Meath* (An Uaimh, 1928)
- Ó Muraíle, *GBIG* Nollaig Ó Muraíle (ed.), *The great book of Irish genealogies compiled (1664-66) by Dubhaltach Mac Fhirbhisigh* (5 vols, Dublin, 2003)
- OSL Meath* *Ordnance Survey letters Meath*, ed. Michael Herity (Dublin, 2001)
- Papal regs. vol. i etc.* *Calendar of entries in the papal registers relating to Great Britain and Ireland; papal letters, 1198-1304 [etc.]* (London, 1893- ; Dublin, 1896-)
- Parish book Agher* MS 5246: *Vestry minute and collection book, Parish of Agher, 1745-1800*
- Pat. rolls James I* *Irish patent rolls of James I: facsimile of the Irish record commission's calendar prepared prior to 1830*. Foreword by M. C. Griffith (Dublin, 1966)
- Petty HD* *Hiberniae Delineatio 1685*, William Petty (facsimile 1968, Frank Graham)
- Pipe roll John 'The Irish pipe roll of 14 John, 1211-1212', eds Oliver Davies and D.B. Quinn, in *Ulster Journal of Archaeology*, 3rd ser., 4, supp. (July, 1941)

- Pratt receipts* MS 5245: *Benjamin Pratt Agher/ Receipts for rent 1701*
- PRIA* *Proceedings of the Royal Irish Academy* (Dublin, 1836-) - iris
- Reg. Alen* *Calendar of Archbishop Alen's register, c. 1172-1534*, ed. Charles Mc Neill (Dublin, 1950)
- Reg. Fleming* *The register of Nicholas Fleming, archbishop of Armagh, 1404-1416*, ed. Brendan Smith (Dublin, 2003)
- Reg. Mey* *Registrum Johannis Mey: the register of John Mey, archbishop of Armagh, 1443-1456*, eds W.G.H. Quigley and E.F.D. Roberts (Belfast, 1972)
- Reg. Milo Sweetman* *The Register of Milo Sweetman, archbishop of Armagh 1361-1380*, ed. Brendan Smith (Dublin, 1996)
- Reg. Octaviani* *Registrum Octaviani, alias liber niger: the register of Octavian de Palatio, archbishop of Armagh, 1478-1513*, ed. M. A. Sughì (2 vols, Dublin, 1999)
- Reg. St Thomas* *Register of the abbey of St Thomas the Martyr, Dublin*, ed. J. T. Gilbert (London, 1889)
- Reg. Swayne* *The register of John Swayne, archbishop of Armagh, 1418-1439*, ed. D.A. Chart (Belfast, 1935)
- Registry deeds* Registry of Deeds, Henrietta Street, Dublin <http://www.prai.ie>
- Rept. pat. rolls J1* *Repertory patent rolls James I*, ed. John Caillard Erck (Dublin, 1846)
- RIA* Royal Irish Academy/Acadamh Ríoga na hÉireann
- RPCH* *Rotulorum patentium et clausorum cancellariae Hiberniae calendarium c. 1216-1509*, ed. H. Tresham (Dublin, 1828)
- Sheehy, Pont. Hib.* *Pontificia Hibernica: medieval papal chancery documents concerning Ireland, 640-1261*, ed. M.P. Sheehy (2 vols, Dublin 1962, 1965)
- Speed's map 1610* John Speed, 'The countie of Leinster', 1610 in 'Theatre of the Empire' (London, 1612) in J. H. Andrews, *Shapes of Ireland: maps and their makers 1564-1839* (Dublin, 1997)
- Stat. rolls Edw. IV, i* *Statute rolls of the parliament of Ireland first to the twelfth year of the reign of king Edward IV*, part I, ed. H. F. Berry (Dublin, 1914)
- Stat. rolls Edw. IV, ii* *Statute rolls of the parliament of Ireland twelfth and thirteenth to the twenty-first and twenty-second year of the Reign of King Edward IV*, ed. James F. Morrissey (Dublin, 1939)

- Stat. rolls Hen. VI* *Statute rolls of the parliament of Ireland of the reign of Henry the Sixth*, ed. Henry F. Berry (Dublin, 1910)
- Taylor & Skinner maps* *Taylor and Skinner Maps of the roads of Ireland* (Dublin, 1783)
Introduction by J.H. Andrews 1968 (Shannon, 1969)
- Taylor map* Taylor map of county Meath 1802 in Robert Thompson, *Statistical survey of the county of Meath* (Dublin, 1802)
- Top. index Petty* *A topographical index of the parishes and townlands of Ireland in Sir William Petty's MSS barony maps c. 1655-9 and Hiberniae delineatio C. 1672*, ed. Y. M. Goblet (Dublin, 1932)
- Trip. Life (Mulchrone)* *Bethu Phátraic: the tripartite life of Patrick*, ed. Kathleen Mulchrone, i: text and sources (Dublin, 1939)
- Trip. Life (Stokes)* *The tripartite life of Patrick, with other documents relating to that saint* ed. Whitley Stokes (London, 1887)
- Upton freeholders* Upton papers no. 12: An alphabetical list of Meath freeholders 1799 (typescript in RIA)
- Ussher's works* *The whole works of the Most Rev. James Ussher*, ed. Charles Elrington (17 vols, Dublin, 1864)
- Valor beneficiorum* *Valor beneficiorum ecclesiasticorum in Hibernia*, printed for Edward Exshaw (Dublin, 1741) (ebook NUIM library)
- VSH (Heist)* *Vitae sanctorum Hiberniae ex codice olim Salmanticensis nunc Bruxellensi*, ed. W. W. Heist (Bruxelles, 1965)
- Wills* *Registry of deeds: abstracts of wills*, ed. P. B. Eustace (3 vols, Dublin, 1956)

**Na bailte fearainn de réir paróiste,
Barúntacht Dhéise Uachtarach (DU)**

1. **Agher:** (Ceithre bhaile fearainn: dhá cheann in DI; dhá cheann in DU anseo)
Agher, Ballintoghee;

2. **Balfeghan:** (Ceithre bhaile fearainn)
Balfeghan, Kilglin, Padinstown, Piercetown;

3. **Culmullin:** (Ocht mbaile fearainn)
Ballynare, Baltrasna, Barstown, Bogganstown, Cullendragh, Culmullin, Cultromer, Curraghtown;

4. **Drumlargan:** (baile fearainn amháin) Drumlargan;

5. **Gallow:** (Seacht mbaile fearainn)
Agher, Ballastran, Culcor, Ferrans, Gallow, Garadice, Oldtown;

6. **Kilclone:** (Ocht mbaile fearainn)
Collistown, Jenkinstown, Kemmin Mill, Kilclone, Longtown, Milltown, Mulhussey, Pagestown;

7. **Kilmore:** (Ocht mbaile fearainn déag)
Arodstown, Ballygortagh, Baltrasna, Clarkstown, Clonlyon, Collegeland, Curraghdoo, Jenkinstown, Kilmore, Knockstown (als. Edanstown), Leonardstown, Moynalvy, Martinstown, (The) Mullagh, Newtownrathganley, Phepotstown, Rathkilmore, Weatherstown;

8. **Moyglare:** (Sé bhaile fearainn déag)
Affollus, Ballymagillin, Barrackstown, Bryanstown, Butlerstown, Harristown, Kilgrague, Killeany, Kimmins, Moygaddy, Moyglare, Newtownmoyaghy, Oldgrague, Owenstown, Porterstown, Timlins;

9. **Rathcore:** (Tá an paróiste seo i mbarúntacht Moyfenrath ach amháin an dá bhaile fearainn seo atá in DU): Ardrums Great, Ardrums Little;

10. **Rodanstown:** (Sé bhaile fearainn)
Batterstown, Calgath, Dolanstown, Ferrestown, Newtownmoyaghy, Rodanstown.

**Na bailte fearainn de réir paróiste,
Barúntacht Dhéise Íochtarach (DI)**

1. **Agher:** (Ceithre bhaile fearainn: dhá cheann in DI anseo agus dhá cheann eile in DU thuas)
Ginnets Great, Ginnets Little;

2. **Assey:** (Trí bhaile fearainn) Assey, Balgeeth, Ballinter;

3. **Balsoon:** (Seacht mbaile fearainn)
Ballina or Bective, Balsoon, Ballynavaddog, Balreask, Bonfield, Cooljohn, Craystown or Ennistown;

4. **Derrypatrick:** (Trí bhaile fearainn)
Derrypatrick, Derrypatrick Grange, Tullaghmedan;

5. **Galtrim:** (Seacht mbaile fearainn déag)
Ballynamona, Basketstown, Blackcut, Boycetown, Branganstown, Clonymeath, Curraghtown, Derryclare, Drumard, Foxtown, Galtrim, Martinstown, Milltown, Mitchelstown, Monenstown, Walterstown, Windtown;

6. **Kilmessan:** (Deich mbaile fearainn)
Athronan, Baldoyle or Curtistown, Curtistown Upper, Kilcarty, Kilmessan, Knockstown, Lambertstown, Ringlestown, Swainstown, Tullykane;

7. **Kiltale:** (Ceithre bhaile fearainn)
Batterjohn, Kiltale, Clongutery, Gibraltar;

8. **Knockmark:** (Aon bhaile fearainn déag)
Augherskea, Baronstown, Bedfanstown, Drumree, Glane Great, Glane Little, Kilcooly, Knockmark, Merrywell, Mooretown, Warrenstown;

9. **Scurlockstown:** (Ocht mbaile fearainn)
Ardrackan or Wrightown, Creroge, Finlaghtown Great, Finlaghtown Little, Grange, Mountland or Butterhouse, Crumpstown or Marshallstown, Scurlockstown;

10. **Trubley:** (Trí bhaile fearainn)
Ballynavaddog, Knockstown, Trubley.

Liosta na mbailte fearainn in ord aibítreach de réir súimh

Míniú na gceannteideal sa tábla thíos

- Cuirtear na bailte fearainn in ord aibítreach ag tosnú le **uimhir 1**, Affollus.
- Tugtar **uimhir an leathanaigh** in *GAI* [*General alphabetical index to the townlands and towns, parishes and baronies of Ireland based on the Census of Ireland for the year 1851* (Dublin 1861; reprint, Baltimore 1984)] ina luaitear an baile fearainn.
- Tugtar **uimhir na bileoige nó uimhreacha na mbileog** sa sraith léarscáileanna ar scála sé orlaigh sa mhíle na SO ina suítear an baile fearainn.
- Na comhardanáidí: Tugtar an **tagairt don eangach náisiúnta** de réir mar atá sé le fáil ar an suíomh Gréasáin www.logainm.ie le haghaidh gach baile fearainn.
- Cloítear le litriú na **mbailte fearainn** in *GAI*.
- Luaitear **an paróiste dlí** ina bhfuil an baile fearainn suite.
- Cuirtear **an bharúntacht** ina bhfuil sé in iúl trí chód-litreacha a úsáid: DU (Déise Uachtarach/Deece Upper) agus DI (Déise Íochtarach/Deece Lower).
- Tugtar achar nó méid gach baile fearainn de réir líon acraí (+/-) in *GAI*
- Tá líon beag bailte fearainn faoi dhá logainm. Mar shampla, is baile fearainn uimhir 4 é Ardbrackan or Wrightown. Ciallaíonn an diaicritic * roimh Wrightown, mar shampla, go bhfuil an logainm luaite sa tábla cheana féin faoi Ardbrackan.

	Lch. <i>GAI</i>	Bileoga SO	Tagairt eangaí (www.logainm.ie)	An Baile Fearainn	Paróiste dlí	Barúntacht	Líon acraí
1	4	50,53	N96385 40999	Affollus	Moyglare	DU	324
2	10	42,48,49	N83150 45495	Agher	Agher	DU	1169
3	10	49	N83150 45495	Agher	Gallow	DU	24
4	24	37	N85554 55495	Ardbrackan or Wrightown	Scurlockstown	DI	258
5	30	48,49	N82850 43677	Ardrums Great	Rathcore	DU	613
6	30	48	N82038 43922	Ardrums Little	Rathcore	DU	198
7	32	43	N88321 50175	Arodstown	Kilmore	DU	1039
8	34	31	N87514 60648	Assey	Assey	DI	430
9	35	37	N89560 55577	Athronan	Kilmessan	DI	76
10	36	43,44	N92371 51160	Augherskea	Knockmark	DI	657
11	39	37	N87276 57109	Baldoyle or Curtistown Lower	Kilmessan	DI	174
12	39	49	N88024 41536	Balfeghan	Balfeghan	DU	666

	Lch. GAI	Bileoga SO	Tagairt eangai (www.logainm.ie)	An Baile Fearainn	Paróiste dlí	Barúntacht	Líon acraí
13	40	31,37	N88563 60147	Balgeeth	Assey	DI	355
14	42	49	N87176 45716	Ballastran	Gallow	DU	56
15	145	31,37	N86061 49422	Ballina or Bective	Balsoon	DI	170
16	54	31	N88966 61713	Ballinter	Assey	DI	433
17	55	49	N85424 43172	Ballintoghee	Agher	DU	125
18	82	43	N86813 47739	Ballygortagh	Kilmore	DU	297
19	99	49	N91937 41709	Ballymagillin	Moyglare	DU	192
20	113	43	N86169 51580	Ballynamona	Galtrim	DI	151
21	114	50	N94612 45457	Ballynare	Culmullin	DU	25
22	116	31,37	N86762 58270	Ballynavaddog	Balsoon	DI	181
23	116	37	N86762 58270	Ballynavaddog	Trubley	DI	85
24	132	31,37	N87630 59302	Balreask	Balsoon	DI	407
25	132	31	N86460 60675	Balsoon	Balsoon	DI	209
26	133	43	N91047 47655	Baltrasna	Culmullin	DU	383
27	133	43	90402 47509	Baltrasna	Kilmore	DU	107
28	137	43,44	N92515 51924	Baronstown	Knockmark	DI	69
29	139	39,50	N92641 41891	Barrockstown	Moyglare	DU	269
30	140	50	N93727 45321	Barstown	Culmullin	DU	199
31	140	43	N82531 51405	Basketstown	Galtrim	DI	199
32	140	37	N88508 53755	Batterjohn	Kiltale	DI	33
33	140	49	N90001 42473	Batterstown	Rodanstown	DU	134
*15	145	31,37	N86061 49422	Bective or Ballina	Balsoon	DI	170
34	145	43,44	N92330 51396	Bedfanstown	Knockmark	DI	104
35	153	43	N87048 51582	Blackcut	Galtrim	DI	200
36	157	43,44	N92646 47770	Bogganstown	Cumullin	DU	396
37	162	31	N87917 60897	Bonfield	Balsoon	DI	33
38	165	37,43	N86770 53277	Boyctown	Galtrim	DI	314
39	167	37	N86885 54176	Branganstown	Galtrim	DI	297
40	174	49	N91369 40774	Bryanstown	Moyglare	DU	326
41	180	50	N96413 41846	Butlerstown	Moyglare	DU	109
42	180	37	N85040 55093	Butterhouse or Mountland	Scurlockstown	DI	108
43	186	49	N89256 42010	Calgath	Rodanstown	DU	415
44	239	43,49	N88182 46517	Clarkstown	Kilmore	DU	237
45	254	37	N89845 54757	Clongutery	Kiltale	DI	107
46	256	43,49	N87737 45944	Clonlyon	Kilmore	DU	386
47	260	43	N86023 50030	Clonymeath	Galtrim	DI	915
48	277	43	N87145 50421	Collegeland	Kilmore	DU	76
49	278	49,50	N92517 44471	Collistown	Kilclone	DU	311
50	290	31,37	N87222 58766	Cooljohn	Balsoon	DI	168

	Lch. GAI	Bileoga SO	Tagairt eangai (www.logainm.ie)	An Baile Fearainn	Paróiste dlí	Barúntacht	Líon acraí
51	324	31	N87068 59962	Craystown or Ennistown	Balsoon	DI	69
52	329	37	N86008 56487	Creroge	Scurlockstown	DI	378
53	337	37	N86897 55179	Crumpstown or Marshallstown	Scurlockstown	DI	355
54	339	49	N86895 43803	Culcor	Gallow	DU	247
55	341	44,50	N94038 45893	Cullendragh	Culmullin	DU	281
56	342	43,44	N91602 50123	Culmullin	Culmullin	DU	1267
57	342	44	N93870 49505	Cultromer	Culmullin	DU	334
58	346	43	N86088 48056	Curraghdoe	Kilmore	DU	99
59	348	43	N84519 50258	Curraghtown	Galtrim	DI	95
60	349	43,44	N92905 48560	Curraghtown	Culmullin	DU	493
*11	351	37	N87276 57109	Curtistown Lower or Baldoyle	Kilmessan	DI	174
61	351	37	N87518 56588	Curtistown Upper	Kilmessan	DI	194
62	366	43	N84886 50394	Derryclare	Galtrim	DI	204
63	375	37,43	N88891 51693	Derrypatrick	Derrypatrick	DI	968
64	375	37,43	N88851 52844	Derrypatrick Grange	Derrypatrick	DI	505
65	379	49	N89692 40835	Dolanstown	Rodanstown	DU	475
66	397	43	N84009 50459	Drumard	Galtrim	DI	128
67	411	43,49	N85518 46483	Drumlargan	Drumlargan	DU	1276
68	420	44	N94817 51627	Drumree	Knockmark	DI	72
69	436	31,37	86495 59164	Ennistown	Balsoon	DI	33
*51	436	31	N87068 59962	Ennistown or Craystown	Balsoon	DI	69
70	449	49	N85995 42442	Ferrans	Gallow	DU	413
71	449	49	N91063 41404	Ferrestown	Rodanstown	DU	90
72	450	37	N84672 56518	Finlaghtown Great	Scurlockstown	DI	196
73	450	37	N85539 56078	Finlaghtown Little	Scurlockstown	DI	127
74	456	37	N85481 53484	Foxtown	Galtrim	DI	154
75	461	49	N85334 43774	Gallow	Gallow	DU	847
76	461	37,43	N86303 52336	Galtrim	Galtrim	DI	275
77	462	49	N86288 44997	Garadice	Gallow	DU	942
78	472	44	N93871 47201	Gaulstown	Culmullin	DU	429
79	473	37	N90699 53199	Gibraltar	Culmullin	DU	20
80	473	37,43	N84115 52175	Ginnetts Great	Agher	DI	694
81	473	37	N83619 50772	Ginnetts Little	Agher	DI	74
82	474	37	N90548 54151	Glane Great	Knockmark	DI	168
83	474	37	N90611 53498	Glane Little	Knockmark	DI	74
84	513	37	N84563 57568	Grange	Scurlockstown	DI	500
85	525	50	N94434 41975	Harristown	Moyglare	DU	216

	Lch. GAI	Bileoga SO	Tagairt eangai (www.logainm.ie)	An Baile Fearainn	Paróiste dlí	Barúntacht	Líon acraí
86	526	44	N94157 48097	Hayestown	Culmullin	DU	124
87	542	49	N91820 45393	Jenkinstown	Kilclone	DU	98
88	543	43,49	N91820 45393	Jenkinstown	Kilmore	DU	302
89	548	49	N90096 43267	Kemmins Mill	Kilclone	DU	82
90	553	37	N88275 55637	Kilcarty	Kilmessan	DI	710
91	554	49,50	N93723 43856	Kilclone	Kilclone	DU	600
92	555	44	N94039 50736	Kilcooly	Knockmark	DI	82
93	561	49	N87062 42199	Kilglin	Balfeghan	DU	337
94	561	50	N95388 41362	Kilgraique	Moyglare	DU	386
95	568	50,53	N94452 40629	Killeany	Moyglare	DU	357
96	583	37	N88497 57561	Kilmessan	Kilmessan	DI	754
97	584	43,49	N89413 47406	Kilmore	Kilmore	DU	760
98	592	37	N89008 54110	Kiltale	Kiltale	DI	857
99	594	49,50	N93549 42059	Kimmins	Moyglare	DU	217
100	614	38,43,44	N93765 51942	Knockmark	Knockmark	DI	670
101	623	37	N86336 56935	Knockstown	Kilmessan	DI	69
102	623	37	N86051 57583	Knockstown	Trubley	DI	299
103	623	43	N88025 47350	Knockstown	Kilmore	DU	323
104	632	37	N88953 56645	Lambertstown	Kilmessan	DI	84
105	644	43,49	N91652 46700	Leonardstown	Kilmore	DU	185
106	670	49	N90576 42790	Longtown	Kilclone	DU	125
*53	688	37	N86897 55179	Marshallstown or Crumpstown	Scurlockstown	DI	355
107	688	37,43	N87403 52931	Martinstown	Galtrim	DI	237
108	688	49	N89876 43400	Martinstown	Kilmore	DU	18
109	696	44	N93508 50963	Merrywell	Knockmark	DI	17
110	699	37	N85791 53815	Milltown	Galtrim	DI	126
111	699	49	N90563 44338	Milltown	Kilclone	DU	180
112	700	37	N84779 54013	Mitchelstown	Galtrim	DI	159
113	708	37,43	N84981 52374	Monenstown	Galtrim	DI	180
114	713	37,38,43,44	N92621 52716	Mooretown	Knockmark	DI	261
*42	717	37	N85040 55903	Mountland or Butterhouse	Scurlockstown	DI	108
115	720	50,53	N94842 39445	Moygaddy	Moyglare	DU	581
116	720	49,50,53	N92689 40305	Moyglare	Moyglare	DU	915
117	721	43	N87618 48701	Moynalvy	Kilmore	DU	741
118	724	49	N91375 43437	Mulhussey	Kilclone	DU	882
119	724	43,49	N90725 46121	Mullagh	Kilmore	DU	497
120	742	49	N90070 39827	Newtownmoyaghy	Moyglare	DU	312
121	742	49	N90070 39827	Newtownmoyaghy	Rodanstown	DU	293

	Lch. GAI	Bileoga SO	Tagairt eangáí (www.logainm.ie)	An Baile Fearainn	Paróiste dlí	Barúntacht	Líon acraí
122	742	49	N88492 44682	Newtownrathganley	Kilmore	DU	491
123	746	50	N93640 40640	Oldgraigue	Moyglare	DU	158
124	747	49	N84223 42802	Oldtown	Gallow	DU	55
125	747	48,49	N84223 42802	Oldtown	Rathcore	DU	267
126	749	50,53	N95660 40236	Owenstown	Moyglare	DU	108
127	750	49	N87902 42931	Padinstown	Balfeaghan	DU	292
128	750	49,50	N92835 43047	Pagestown	Kilclone	DU	440
129	755	49	N89703 44379	Phepotstown	Kilmore	DU	702
130	756	49	N88321 43491	Piercetown	Balfeaghan	DU	323
131	761	50	N94205 41950	Porterstown	Moyglare	DU	50
132	780	43,49	N89261 45840	Rathkilmore	Kilmore	DU	277
133	791	31,37	N90 59	Ringlestown	Kilmessan	DI	812
134	795	49	N90526 41860	Rodanstown	Rodanstown	DU	214
135	812	36,37	N83679 55869	Scurlockstown	Scurlockstown	DI	667
136	845	37	N89962 56487	Swainstown	Kilmessan	DI	322
137	858	50	N96465 41494	Timlins	Moyglare	DU	37
138	877	31,37	N85472 58585	Trubley	Trubley	DI	471
139	879	37,43	N90614 52205	Tullaghmedan	Derrypatrick	DI	478
140	885	37	N90255 57118	Tullykane	Kilmessan	DI	141
141	896	37	N85543 54613	Walterstown	Galtrim	DI	285
142	896	37,38,43	N91800 47853	Warrenstown	Knockmark	DI	701
143	896	43,49,50	O01013 47853	Warrenstown	Culmullin	DU	270
144	897	43	N88699 49051	Weatherstown	Kilmore	DU	71
145	901	37,43	N85282 52815	Windtown	Galtrim	DI	212
146	901	43,44,49,50	N92806 46629	Woodcockstown	Culmullin	DI	260
147	903	43	N90479 49042	Woodtown	Culmullin	DU	947
*4	903	37	N85554 55495	Wrightown or Ardrackan	Scurlockstown	DI	259

Réamhrá

Ainm an tráchtais

Logainmneacha na mbailte fearainn i mbarúntachtaí Dhéise Uachtarach agus Dhéise Íochtarach Contae na Mí: bunfhoirmeacha agus bríonna.

Is é ábhar an tráchtais seo logainmneacha na mbailte fearainn sna barúntachtaí Dhéise Uachtarach agus Dhéise Íochtarach, dhá bharúntacht as ocht gcinn déag ar fad i gcontae na Mí. Is é fiche (20) líon na bparóistí dlí i gceist agus 147 líon na mbailte fearainn sna paróistí dlí. Ó tharlaíonn uaireanta go bhfuil an t-ainm céanna ar bhreis is baile fearainn amháin agus de bharr cúiseanna eile a mhínítear thíos, is é líon iomlán na logainmneacha faoi chaibidil ná 135.

Is í aidhm an tráchtais anailís a dhéanamh ar logainmneacha na mbailte fearainn seo d'fhonn teacht ar a mbunfhoirmeacha agus a mbríonna.

Tugtar faoin aidhm trí na **cuspoirí** sonracha seo a bhaint amach:

1. Foinsí tánaisteacha a bhaineann le litríocht logainmneacha a léamh agus a scrúdú d'fhonn eolas úsáideach agus léargas maith a fháil a chabhródh liom i mo chuid taighde.
2. Staidéar a dhéanamh ar mhodhanna na dtionscadal seo a leanas agus aird a thabhairt ar na foinsí a úsáideann siad:
 - An Brainse Logainmneacha Baile Átha Cliath atá faoi stiúir An Roinn Gnóthaí Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (ón 9 Márta 2011) lena sraith leabhar *Liostaí Logainmneacha*, a leabhair thaighde *Logainmneacha na hÉireann* (I-III) agus foilseacháin eile, agus go háirithe an tionscadal Idirlín, Bunachar Logainmneacha na hÉireann (www.logainm.ie) cruthaithe ag Fiontar (DCU) i gcomhar leis an mBrainse Logainmneacha
 - an Northern Ireland Place-Names Project Béal Feirste (as feidhm faoi láthair) lena sraith leabhar *Place-Names of Northern Ireland*,
 - an tionscnamh LOCUS in Ollscoil na hÉireann, Corcaigh agus an saothar *Foclóir Stairiúil Áitainmneacha na Gaeilge* lena bhfuil siad ag plé.
3. Aird a thabhairt ar shaothair na gceannródaithe cosúil le John O' Donovan,

Patrick Weston Joyce, Edmund Hogan, Liam Price, Paul Walsh, Deirdre Flanagan, T.S. Ó Máille, Art Ó Maolfabhail, Diarmuid Ó Murchadha is araile, d'fhonn foghlaim uathu.

4. Mionchuardach forleathan a dhéanamh sna bunfhoinsí cuí i Leabharlann Chontae na Mí, sa Leabharlann Náisiúnta, sa Chartlann Náisiúnta, in Acadamh Ríoga na hÉireann, i leabharlanna éagsúla na nOllscoileanna Náisiúnta agus i stóranna eolais eile chun leaganacha stairiúla na logainmneacha faoi chaibidil a aimsiú.

5. Na fianuithe .i. leaganacha stairiúla na logainmneacha a shocrú i dtáblaí fianaise i dteannta le fianaise athchóirithe ó Ainmleabhair bhainteacha na Suirbhéireachta Ordanáis sa Chartlann Náisiúnta.

6. Saothar allamuigh a dhéanamh trí chuartheanna a thabhairt ar na bailte fearainn faoi chúram chun fuaimniú áitiúil na logainmneacha a chloisint agus a chlárú, chun aird a thabhairt ar aon bhéaloideas bainteach a bheadh le fáil agus chun aird ar leith a thabhairt d'aon bhaile fearainn le gné thírdhreacha luaite mar eilimint ina ainm.

7. An fhianaise scríofa (5) thuas agus an fhianaise áitiúil (6) a úsáid le chéile de réir mar is cuí chun anailís a dhéanamh ar chomheilimintí na logainmneacha idir eilimintí aicmeacha agus eilimintí cáilithe.

Is ar an gcaoi seo a chuirtear príomhéirim an tráchtais i gcrích, is é sin bunfhoirm agus brí gach logainm idir lámha a aimsiú 'where attainable' mar adeir William Reeves maidir leis na logainmneacha ina 'monster index'.¹

Leagan Amach an Tráchtais

Tosnaítear an saothar seo le **clár an ábhair**, **focal admhála**, liosta na **mbailte fearainn** san ord ina bpléitear iad, an liosta **noda** ginearálta, an liosta **giorrucháin**, liosta na **bparóistí dlí** lena mbailte fearainn, liosta na **mbailte fearainn** in ord croineolaíoch de réir suímh, an **réamhrá** agus ceithre **léaráid**.

Ansin léirítear **an tráchtas i gceithre chaibidil** agus cuirtear **focal scoir**, **leabharliosta**, **liosta na bhfaisnéiseoirí** agus **innéacs** ag an deireadh (innéacs na logainmneacha faoi cheannfhoirmeacha Béarla de réir na gcóduimhreacha sa tráchtas).

¹ William Reeves, 'On the townland distribution of Ireland' in *PRIA*, vii, lch. 486.

I gCaibidil 1 dar teideal **Ó Dindshenchas go logainm.ie: Forbhreathnú ar logainmníocht: na foinsí, na fadhbanna agus na modhanna** déantar breac-chuntas ar logainmníocht in Éirinn agus deacrachtaí bainteacha; tagraítear do fhoinsí tábhachtacha agus do na fadhbanna a bhaineann leo; luaitear na tionscadail logainmníochta i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste agus na ceachtanna atá le foghlaim uathu ó thaobh modheolaíochta de. Tagraítear freisin go hachomair do na ceannródaithe logainmníochta in Éirinn, don tionscadal LOCUS in Ollscoil Náisiúnta na hÉireann Chorcaí agus do thábhacht na mionlogainmníochta.

I gCaibidil 2 dar teideal **Béarlú na Logainmneacha** déantar cur síos ar Bhéarlú agus ar thruailliú na logainmneacha Gaeilge i gcoitinne in Éirinn ón 12ú haois go dtí deireadh an 18ú haois agus tráchtar ar obair na Suirbhéireachta Ordanáis sa 19ú haois maidir le caighdeánú na logainmneacha Béarlaithe.

Déantar plé ar na logainmneacha Béarla i gCaibidil 3 dar teideal: **Plé ar na Logainmneacha Béarla: Tionchar na nAngla-Normannach agus na Nua-Ghall**. Toisc go bhfuil an méid sin logainmneacha faoi bhráid leis an aicmitheoir *-town* (< towne < ton < tūn) iontu déantar cur síos ar an gcóras feodach a bhunaigh na hAngla-Normannaigh a ba chúis leis an titim amach seo. Déantar trácht go hachomair ar thionchar na Nua-Ghall sa chuntas céanna. Ansin déantar plé ar na logainmneacha Béarla i mbarúntachtaí Dhéise Uachtarach agus Dhéise Íochtarach mar seo a leanas.

Léirítear an fhianaise le haghaidh gach logainm i dtáblaí croineolaíochta le trí cholún (na dátaí go hachomair, na fianuithe agus na foinsí) i dteannta leis an bhfianaise athchóirithe ó Ainmleabhair bhainteacha na SO. Ag baint úsáide as an bhfianaise scríofa seo chomh maith leis an bhfianaise áitiúil nuair is ann di, déantar anailís ar na logainmneacha.

Tá Caibidil 3 roinnte mar seo:

3.1: Logainmneacha: ainm duine + príomheilimint 'town'

3.2: Logainmneacha: cáilitheoir seachas ainm duine + príomheilimint 'town'

3.2: Logainmneacha Béarla eile

I bpáirt 3.1 dealaítear logainmneacha na mbailte fearainn trí leas a bhaint as an gcóras uimhreacha 3.1.1 le haghaidh an chéad logainm, 3.1.2 le haghaidh an dara ceann agus

mar sin de in ord aibítreach na logainmneacha. Déantar mar an gcéanna i gcodanna 3.2 agus 3.3. Sa cheannteideal le haghaidh gach baile fearainn, luaitear an paróiste dlí ina bhfuil sé, an bharúntacht bhainteach, agus le caoinchead an Bhrainse Logainmneacha, Baile Átha Cliath tugtar na comhordanáidí trí thagairt don eangach náisiúnta.

Is logainmneacha Béarlaithe .i. logainmneacha Gaeilge i riocht an Bhéarla, iad fuilleach na logainmneacha agus déantar anailís orthu i gCaibidil 4 faoin teideal **Plé ar na logainmneacha Gaeilge**. Léirítear an fhianaise dóibh mar atá luaite thuas i dtaobh Caibidil 3 agus ansin déantar cíoradh ar na heilimintí aicmeacha in ord aibítreach ag baint úsáide as córas códuimhreacha 4.1, 4.2 srl. Tráchtar ar na heilimintí tánaisteacha de réir mar a bhaineann siad le príomheilimintí na logainmneacha faoi seach.

Pointí eolais eile

Baintear litriú na logainmneacha as an *General alphabetical index to the townlands and towns, parishes and baronies of Ireland based on the Census of Ireland for the year 1851* (Dublin 1861; reprint, Baltimore 1984)

Ní hionann líon na mbailte fearainn agus líon a n-ainmneacha. Tabhair faoi deara go bhfuil sé phéire de bhailte fearainn le hais a chéile faoin ainm céanna: Agher, Ballynavaddog, Baltrasna, Jenkinstown, Knockstown (tá trí bf. faoin ainm seo ach níl an tríú ceann le hais na gceann eile) agus Newtownmoyaghy. Is amhlaidh gurbh aonaid amháin ab ea iad faoi seach tráth ach toisc go raibh siad ag síneadh thar dhá pharóiste dlí roinneadh gach ceann díobh ina dhá chuid. Thug Richard Griffith an treoir seo ina dtaobh: 'If, however, a parish boundary passed through a single townland, this townland was to be recorded as two distinct and individual townlands within each parish under the same name without any distinguishing appendage ...'¹² Feictear freisin go bhfuil cúig phéire bhailte fearainn eile faoin ainm céanna ach gan iad a bheith taobh le taobh: Curraghtown, Martinstown, Milltown, Oldtown agus Warrenstown. Ina theannta sin tá ceithre phéire bailte fearainn eile faoin ainm céanna ach dealaithe óna chéile faoi 'Great' agus 'Little': Ardrums, Finlaghtown, Gennetts agus Glane chomh maith le dhá bhaile fearainn dealaithe leis na míreanna 'Upper' agus 'Lower': Upper Curtistown agus Lower Curtistown. Ar an lámh eile de, feictear go bhfuil sé bhaile fearainn le hainmneacha comhroghnacha: Ardbracken or Wrightown, Baldoyle or Curtistown Lower, Bective or Ballina, Butterstown or Mountland, Craystown or Ennistown agus Crumpstown or

¹² William Anthony Smyth, 'Sir Richard Griffith's three valuations of Ireland 1826-1864' (Tráchtas Ph.D neamhfhoilsithe, OÉ Má Nuad, 2008), lch. 77.

Marshallstown. **Cé go bhfuil céad daichead a seacht (147) de bhailte fearainn ar an iomlán sa dá bharúntacht le chéile níl ach líon céad tríocha is cúig (135) logainm ar fad iontu.**

logainm.ie: Tugtar an fhoirm Ghaeilge, deimhnithe [D], neamhdheimhnithe [ND] nó molta má tá sé le fáil i mBunachar Logainneacha na hÉireann le haghaidh aon logainm bainteach faoi chúram. Faightear an fhoirm seo díreach roimh an bhfuaimniú áitiúil sa tábla fianuithe.

Fogharscríobh: Is é an fuaimniú áitiúil an iontráil dheireanach sa bhfianaise stairiúil le haghaidh gach logainm. Bailíodh an fhianaise seo ó chainteoirí Béarla áitiúla sa bhliain 2011 go príomha. Tagraítear do na faisnéiseoirí le huimreacha idir lúbíní mar seo {}. Tá liosta na bhfaisnéiseorí le fáil ag deireadh an tráchtais.

Baintear feidhm as córas na h**Aibítire Foghraíochta Idirnáisiúnta** (International Phonetic Alphabet) chun na consain a chomharthú gan idirdhealú idir consain leathana agus consain chaola mar a dhéantar sa Ghaeilge.

Baintear úsáid as na comharthaí seo a leanas le samplaí ó Bhéarla na hÉireann le haghaidh na ngutaí (is athchóiriú an scéimre seo thíos ar chóras Phádraig Uí Chearbhaill le cead uaidh³):

Comhartha	Samplaí ó Bhéarla na hÉireann
a	barrow, mad
a:	bard, half
ɑ	bog, drop
ɑ:	froth, warn
e	best, bet
e:	dare, fate
i	mill, fit
i:	reel, be
o	flood, nut
o:	core, door
u	would, look
u:	shoot, you

3 Pádraig Ó Cearbhaill, *Logainmneacha na hÉireann III Cluain i logainmneacha Co. Thiobraid Árann* (Baile Átha Cliath, 2010), lch. 6.

ə	alight, fitter
Na défhoghair:	
əi	liar, kite
əu	town, round
iə	hear, mere


De réir Anders Ahlqvist le linn dó bheith ag tagairt don litriú chun an foghar /ə/ a chomharthú sa Chaighdeán Oifigiúil, '... ní bhfuarthas réiteach ar fhadhb an ghuta /ə/ agus, ar ndóigh, níl réiteach maith air sin go fóill⁴ agus cuireann Pádraig Ó Cearbhaill in iúl dúinn go bhfuil 'raon fairsing leis an nguta láir /ə/'.⁵

Treoir Eagarthóireachta:


- Baintear feidhm as lúibíní cearnacha [] chun aon tráchttaireacht de mo chuid féin a chur in iúl.
- Cuireann comhartha ceiste (?) **roimh** iontráil sa bhfianaise stairiúil in iúl nach cinnte gurb ionann é agus an logainm faoi chaibidil.
- Ciallaíonn comhartha ceiste (?) **in dhiaidh** iontrála go bhfuiltear amhrasach faoi sa bhfoinse ina bhfaightear é, mar shampla ó thaobh suímh de.
- **Uimhrítear** fianuithe na logainmneacha i seicheamh (1), (2) agus araile sna táblaí fianaise chun tagairt go háisiúil dóibh san anailís.
- Úsáidtear an litir **p** nó na litreacha **pp** (gan lánstad) in ionad lch./lgh. sna táblaí fianaise chun leathanach/-aigh t(h)agartha i bhfoinse a chur in iúl **ach** nuair is *fiant* nó ionchoisne nó gníomhas nó a leithéid atá á dtagairt dóibh úsáidtear uimhreacha amháin. Is **lch./lgh.** a úsáidtear chun tagairt do leathanach/-aigh i bhfoinsí sna fo-nótaí agus eile.
- Baintear feidhm as dhá shlais chlaonta / / chun **fóinéimeanna** a chomharthú sa tráchtas; úsáidtear uaschamóga chun **litreacha** a chur in iúl. Mar shampla, tagraíonn /b/ don fhuaim (fóinéim) agus tagraíonn 'b' don litir.
- Cuirtear an logainm atá á chíoradh go sonrath i gcló rialta Rómhánach idir uaschamóga nó i gcló trom Rómhánach gan uaschamóga.

⁴ Anders Ahlqvist, 'Litriú na Gaeilge', in Kim McCone, Damian McManus, Cathal Ó Háinle, Nicholas Williams, Liam Breatnach, *Stair na Gaeilge in ómós do Pádraig Ó Fiannachta* (Maigh Nuad, 1994), lch. 33.

⁵ Tá an t-athchóiriú seo bunaithe ar scéimre de chuid Phádraig Uí Cearbhaill, *Logainmneacha na hÉireann III Cluain i logainmneacha Co. Thiobraid Árann* (Baile Átha Cliath, 2010), lgh. 5, 6




Léaráid 1: Imlíne na hÉireann le suíomh Co. na Mí




Bonnléarscáil: Samuel Lewis, Topographical dictionary of Ireland (1837)

Léaráid 2: Barúntachtaí Dhéise Uachtarach agus Dhéise Íochtarach



Léaráid 3: Bailte Fearainn Dhéise Íochtarach



Léaráid 4: Bailte Fearainn Dhéise Uachtarach

Caibidil 1

Ó *Dindshenchas* go *logainm.ie*

Forbhreathnú ar *logainmníocht*: na foinsí, na fadhbanna agus na modhanna

Is comhartha áitriú daoine é *logainmniú* agus tá fianaise den áitriú seo le fáil in Éirinn le naoi mílaois anuas ó thosaigh na daoine ba luaithe, na fiagaithe cnuasaitheoirí, ag fiach agus ag soláthar dóibh féin mórthimpeall Mount Sandel agus in áiteanna eile. De réir P. J. Duffy, 'Naming places is a primary act of geographical appropriation, a demonstration of control over nature, the landscape and everything in it.'¹ I rith na ré fada sin roimh theacht na gCeilteach ní foláir nó gur ainmnigh na fiagaithe cnuasaitheoirí agus na luath-fheirmeoirí cuid de na príomhghnéithe tírdhreacha mórthimpeall ar a n-áiteanna cónaithe le linn dóibh a bheith ag sealbhú agus ag áitriú cé nár lonnigh na fiagaithe cnuasaitheoirí i bhfad in aon áit amháin.

Liostaíonn Ó Catháin agus O' Flanagan na fáthanna faoi bhun ainmniú áiteanna ina gcuntas ar *logainmneacha Kilgalligan*.² Ar ndóigh b'iad na fáthanna céanna a bhí i bhfeidhm sa Ré Mhéisiliteach agus go mórmhór ina dhiaidh sin nuair a chuir na feirmeoirí Neoiliteacha fúthu níos buaine. Le linn dóibh a bheith ag dul i mbun na timpeallachta mar shampla, ba ghá dóibh idirdhealú a dhéanamh i dtaobh ábhair, méide agus dathanna na ngnéithe nádúrtha mórthimpeall orthu – rinneadh é sin trí ainmneacha oiriúnacha. Bhí sé riachtanach freisin guaiseacha nádúrtha cosúil le áiteanna bogacha a aithint chomh maith le críoch-chomharthaí agus gnéithe tírdhreacha eile. D'eascair an *nomenclatura* ar na cúiseanna seo agus a thuilleadh nach iad.

Is fadhb amháin é ó thaobh taighde *logainmníochta* de agus ó thaobh staire de anois ná gur cailleadh na hainmneacha luatha seo agus fíú nuair a choimeád na Ceiltigh iad ní foláir nó gur athchóiríodh iad sa teanga agus sa chultúr a bhí i réim lena linn. Chun é seo a threisiú tagraíonn Nollaig Ó Muraíle do dhornán beag ainmneacha nach bhfuil na saineolaithe ar aon intinn maidir lena mbunúis ach gur féidir leo bheith ón tréimhse réamh-Ceilteach; ina measc luann sé ainmneacha aibhneacha 'Febail', 'Samaír' 'Suca' agus ainmneacha oileán a chríochnaíonn ar *-ra* agus *-re*, mar shamplaí 'Cliara' (*Clare Island* Co. Mhaigh Eo) agus 'Cléire' (*Cape Clear Island*, Co. Chorcaí) chomh maith leis

¹ P. J. Duffy, *Exploring the history and heritage of Irish landscapes* (Dublin, 2007), lch. 63.

² Séamas Ó Catháin and Patrick O' Flanagan, *The living landscape, Kilgalligan, Erris, county Mayo* (comhairle bhéaloideas Éireann, 1975), lch. 245

na hoileáin le foirmeacha den ainm *Ára*.³ I ndeireadh na dála níl an teanga réamhstairiúil (nó teangacha réamhstairiúla) inar cumadh na hainmneacha seo ar eolas againn agus níl a fhios againn go cinnte cén t-athrú fóineolaíoch a chuir na Ceiltigh orthu toisc a dhéanaí a thosaigh córas na scríbhneoireachta sa tír seo. Léiríonn A. J. Hughes an fhadhb mar seo, 'While undoubtedly there must be some residue of pre-Gaelic elements in our place-names, the severe lack of concrete evidence makes identification a hazardous task, simply because the essential artefacts of placename archaeology – written sources – are not available.'⁴ Ar an gcuma céanna deir Art Ó Maolfabhail, 'Má mhaireann ainm ón ré réamhstairiúil is dócha gurb iomaí athrú atá tagtha air ó d'éag an teanga a shaolaigh é.'⁵ Fiú nuair is ainmneacha Gaelacha iad, 'some contain words that are long obsolete and are in consequence virtually unintelligible ... to any speaker of modern Irish.'⁶ Is fadhbanna den sórt sin is mó atá againn i dtaobh logainmníochta ón ré réamhstairiúil.

Tá foinsí scríofa againn ón luathré stairiúil agus cé go luaitear logainmneacha iontu tá deacrachtaí éagsúla ag baint leis an scéal. Cuir i gcás na fadhbanna seo:

- Tháinig scríobh na Gaeilge chun cinn cuíosach déanach i gcomparáid le scríbhneoireacht i dteangacha áirithe eile na hEorpa, mar shamplaí an Ghréigis agus an Laidin.
- Ó thaobh logainmníochta de ní iontaofa na bríonna a thugtar sa litríocht luath, go mórmhór sa *Dindshenchas* cé gur foinse fhíor-thábhachtach í ar shlite éagsúla.
- Ní raibh sé de nós ag na tiarnaí Gaelacha taifid riaracháin a choimeád i bhfoirm scríofa roimh theacht na nAngla-Normannach. Níl aon doiciméad luath i nGaeilge againn ar nós an *Domesday Book* lena iliomad ainmneacha áiteanna.

Seachas c. 400 inscríbhinn ghairid in Ogham scríofa sa 5ú agus sa 6ú haois níor tháinig cumas na scríbhneoireachta go hÉirinn i gceart go dtí an dara leath den chéad mhílaois A.D. Cuir é sin i gcomparáid leis na Gréagaigh a thosnaigh ag scríobh míle bliain roimhe sin.⁷ Dar le Ahlqvist, 'Baineann na foinsí [Gaeilge] is sine leis an séú haois, b'fhéidir, nó,

3 Nollaig Ó Muraíle, 'Settlement and placenames' in P. J. Duffy, D. Edwards and E. Fitzpatrick (eds), *Gaelic Ireland c.1250 – c1650: land, lordship and settlement* (Dublin, 2007), lgh. 223-24.

4 A. J. Hughes, 'Irish place-names: some perspectives, pitfalls, procedures and potential' in *Seanchas Ard Macha*, xiv, no. 2 (Monaghan 1991), lch. 133.

5 Art Ó Maolfabhail (eag.), *Logainmneacha na hÉireann 1: Contae Luimnigh* (Baile Átha Cliath, 1991), lch. xi.

6 Deirdre Flanagan and Laurence Flanagan, *Irish place names* (Dublin 1994), lch. 2.

7 Kim McCone, 'An tSean-Ghaeilge agus a réamhstair' in Kim McCone, D. Mc Manus, C. Ó Háinle, N. Williams agus L. Breatnach (eag/i), *Stair na Gaeilge in ómós do Pádraig Ó Fiannachta* (Maigh Nuad),

i gcás ar bith, leis an seachtú haois.⁸ De réir McCone, 'Is ar éigin a cuireadh tús le scríobh na Gaeilge sa ghnáthaibítear Rómhánach roimh an 7ú haois.'⁹ Sa seachtú haois *Anno Domini* nó mar sin thosaigh na Gaeil ag breacadh síos corrfhocal Gaeilge, ainmneacha daoine agus roinnt logainmneacha i naomhsheanchas scríofa i Laidin, mar shampla i mBeathaí Phádraig de chuid Muirchú agus Tírechán.¹⁰ Deir Ó Muraíle i dtaobh an *Collectanea*, 'Tíreachán, writing a Latin text heavily influenced by Irish, some time about the years 670-80, gives the names of almost 300 places and peoples said to have been visited or otherwise contacted by Patrick during a number of clockwise tours of the northern half of Ireland.'¹¹ Tugann McCone le tuiscint dúinn nach n-éiríonn foinsí '... na Sean-Ghaeilge réasúnta flúirseach go dtí an 8ú agus an 9ú haois ... is gluaiseanna is mó atá i gceist, is é sin le rá, nótaí idirlínteacha nó imeallacha as Gaeilge (agus as Laidin) ar bhunthéacs Laidine ... i mainistreacha de bhunús Éireannach san Eoraip ...'¹² De bharr tosnú sách déanach córas na scríbhneoireachta sa tír seo is léir go bhfuil mórchuid eolas logainmníochta ón luathré cailte.

Bhí sé chomh déanach leis an 10ú go dtí an 12ú haois nuair a thosnaigh na daoine léannta, go mórmhór na filí, ag bailiú seanchas na logainmneacha sa *Dindshenchas* agus go háirithe sa *Dindshenchas Meadarach*, bailiúchán 170 dán ag ceiliúradh áitainmneacha.¹³ De réir D. A. Binchy, 'These *filid* were the custodians of what was called in Old Irish *seanchas*, the ancient lore, the traditions of the race.'¹⁴ Cuireann Kathleen Hughes aois na bhfoinsí seo in iúl dúinn: 'The prose *Dindshenchas* appears to belong to the earliest part of the Middle Irish period, perhaps between 950 and 1000. The metrical versions are mostly of the tenth, eleventh and twelfth centuries.'¹⁵ De réir Petra S. Hellmuth, 'The use of onomastics in medieval Irish literature, whereby a text would be linked to locations known to the audience to make the text more immediate and interesting, became increasingly prominent in Irish narrative during the eleventh and twelfth centuries.'¹⁶ Dar le Charles Bowen, 'Places would have been known to them [the

1994), lch. 65.

8 Anders Ahlquist, 'Litriú na Gaeilge' in *ibid.*, 27.

9 Kim McCone, 'An tSean-Ghaeilge agus a réamhstair' in *ibid.*, 61.

10 Féach Ludwig Bieler (ed.), *The Patrician texts in the book of Armagh* (Dublin, 1979).

11 Ó Muraíle, 'Settlement and place-names' in Duffy *et al* (eds), *Gaelic Ireland*, lch. 228.

12 McCone, 'An tSean-Ghaeilge agus a réamhstair' in Kim McCone *et al* (eag/i), *Stair na Gaeilge*, lch. 61.

13 Féach Edward Gwynn (eag.), *Dindshenchas*, Todd lecture series, (Iml. 8-12, B.A.C., 1903-35 athchló 1941, 1991).

14 D. A. Binchy, 'The background of early Irish literature' in *Studia Hibernica*, i (1961), lch. 7.

15 Kathleen Hughes, *Early christian Ireland: introduction to the sources* (London, 1972; repr. Cambridge 1977), lch. 167.

16 Petra S. Hellmuth, 'The *Dinsheanchas* and Irish literary tradition' in John Carey, Máire Herbert agus Kevin Murray (eag/i), *Cín Chille Cúile* (Aberystwyth, 2004), lch. 116.

Celts] as people were: by face, name and history. The last two would have been closely linked, for, as the *Dindsheanchas* illustrates again and again, the name of every place was assumed to be an expression of its history.¹⁷ Léiríonn Ruairí Ó hUiginn na modhanna, na 'onomastic devices' a úsáidí. Deir sé, mar shampla, 'Each legend or etymology is introduced by the name to be discussed followed by a question *canas ro (h)ainmniged* 'how was it named?' or less frequently *cid dia tá* 'whence is it?' ... The introductory question is normally followed by the phrase *ní ansa* 'not difficult (to answer)' ... The explanations offered are fanciful and not a little forced.¹⁸ Glaonn Baumgarten 'creative etymology' ar an bpróiseas seo.¹⁹ Ach an féidir linn brath ar na mínithe ilchasta atá léirithe sa luathshaothar seo?

Molann Kevin Murray agus Diarmuid Ó Murchadha dúinn a bheith cúramach ó thaobh míniú na logainmneacha sa *Dindshenchas*.²⁰ Luann said 'Na Gabhailte', 'Abha na Sionnaine' agus 'Dubh Linn' mar sholaoidí. Rinneadh mionscrúdú ar áiteanna tábhachtacha agus ansin cumadh scéalta ilchasta, áibhéileacha mar gheall ar a gcomh-eilimintí. Mar a deir Bowen, 'When the sense of the name suggested a story, such as *Ard Lemnachta* ('New-milk Height') or *Loch Cenn* ('Lake of Heads'), a story would be discovered, adapted, or invented. When this technique was impracticable, an eponym could be borrowed or coined ... we have scant ground for supposing that the onomastic information they offer is accurate.'²¹ Bhí an ghné seo de logainmneacha le fáil go forleathan i litríocht na sean-Ghaeilge. Léiríonn Méadhbh Ní Chonmidhe Piskorski an tréith chéanna sa scéal 'Carn na Fionghaile' in *Acallam na Senórach*, téacs a cumadh c. 1200 AD agus ar dá dhlúth agus dá inneach na háitainmneacha.²² Mar thoradh ar an *penchant* seo i.e. scéalta áibhéileacha a chumadh faoi áitainmneacha, tá sé de dhíth orainn bheith an-chúramach agus fiú amhrasach faoi na foinsí príomha seo atá againn le haghaidh logainmneacha ársa.

Is mí-ámharach é freisin don logainmníocht sa tír seo nach bhfuil cáipéis luath inchoimparáide againn ar nós an *Domesday Book* ón tréimhse c. 1086 A.D. i Sasain lena chuntas mionsonraithe ar maos le logainmneacha. Mar sin féin, tá foinsí éagsúla,

17 C. Bowen, 'A historical inventory of the Dindsheanchas' in *Studia Celtica*, x/xi (1975/76), lch 115.

18 Ruairí Ó hUiginn, 'Onomastic formulae in Irish' in Mícheál Ó Flaithearta (ed), *Proceedings of the seventh symposium of Societas Celtologica Nordica*, Uppsala University (Stockholm, 2007), lgh. 55, 56.

19 Rolf Baumgarten, 'Etymological aetiology in Irish tradition' in *Eriú*, 41 (1990), lch. 117

20 Kevin Murray agus Diarmaid Ó Murchadha, 'Place-names' in N. Buttimer, C. Rynne and H. Guerin (eds), *The heritage of Ireland* (Cork, 2000), lgh. 146-7.

21 Bowen, 'A historical inventory of the Dindsheanchas', lgh. 116-117.

22 Meadhbh Ní Chonmidhe Piskorski, 'Some Meath placenames' in *Riocht Na Midhe*, xii, (2001), lch. 67.

réasúnta luath, le cuid mhaith logainmneacha ar fáil go teagmhasach iontu; orthu siúd tá foinsí an naomhsheanchais, mar shampla na féilirí (nó na martarlagáí) ar nós *Féilire Óengusso*, scríbhinní cosúil le *Corca Laigde*, *Críchadh an Chaoille*, *Táin Bó Fliadhaise*, na mórscríbhinní ar nós *Leabhar Leacáin*, na croinici, na cnuasaigh annála, mar shampla, *Annála Uladh*, na ginealaigh ar nós *Leabhar Mór na nGenealach* agus a thuilleadh nach iad. Ní foláir cuimhneamh nach bhfuil mórchion na n-annála comhaimseartha leis na heachtraí agus na himeachtaí a ndéanann siad cur síos orthu agus go bhfaightear a lán idirshleachta iontu.²³ I gcoitinne freisin is iad na príomháiteanna a luaitear sna foinsí seo gan aon trácht ar na mionaonaid nó na mionghnéithe fisiciúla.

Tar éis teacht na nAngla-Normannach faightear raidhse foinsí i dteangacha éagsúla, Fraincis, Béarla agus Laidin. Ar mhí-ámharaí an tsaoil níor choimeád na taoisigh, na tiarnaí Gaelacha, taifid riaracháin an oiread céanna. De réir Mc Erlean, 'In Gaelic areas, matters relating to land were rarely recorded and the resulting lack of medieval documentation for large parts of the country is a severe handicap.'²⁴ Tagraíonn Katherine Simms don fhadhb mar seo:

From the historian's point of view, another marked contrast between the two communities [Gaelach agus Normannach] was the failure of the Gaelic chieftains to keep administrative records of their decrees, their financial dealings or their correspondence. Instead our knowledge of past events in the regions of medieval Ireland under their jurisdiction is dependent on literary texts in the Irish language produced by the hereditary learned classes or *aos ealadhan* attached to the courts of the chieftains and trained in the bardic schools.²⁵

Níl an méid sin logainmneacha le fáil sna foinsí seo, áfach, agus atá le fáil i bhfoinsí riaracháin na nAngla-Normannach.

Bhreac cléirigh agus scríobhaithe Angla-Normannacha na logainmneacha Gaeilge i bhfoirm traslitríthe (agus dar ndóigh na háitainmneacha nua) síos go rialta i ndoiciméid tuata agus eaglasta, sé sin i dtaifid riarachán stáit agus i gcáipéisí riarachán eaglaise. Tá cuid mhaith díobhsan: gníomhais, ionchoisní, agus litreacha paitinne le fáil anois eagraithe i gcaileandair agus i rollaí éagsúla agus ó thaobh cúrsaí eaglasta tá cnuasaigh eagraithe le fáil de chartlanna na mainistreacha, clárleabhair na n-easpag chomh maith le

23 Hughes, *Early christian Ireland: introduction to the sources*, lch. 128.

24 Thomas Mc Erlean, 'The Irish townland system of landscape organisation' in T. Reeves-Smyth and F. Hamond (eds), *Landscape archaeology in Ireland* (Oxford, 1983), lch. 315.

25 Katherine Simms, *Medieval Gaelic sources* (Dublin, 2009), lch. 9.

litreacha pápacha. Faightear scríbhinní tábhachtacha ar nós *Calendar of Ormond Deeds*, *Gormanston Register*, *Dowdall Deeds*, *Knights' Fees* agus araile curtha in eagar ag stairithe cumasacha cosúil le A. J. Otway-Ruthven, Edmund Curtis, Eric St. John Brooks agus a leithéidí. Maidir le cáipéisí eaglaise, mar shampla, is fiúntach iad mar fhoinsí le haghaidh na logainmneacha idir lámha agamsa an *Register of the abbey of St. Thomas the Martyr*, *Dublin* agus *The Irish cartularies of Llanthony prima and secunda* toisc gur bronnadh deachúna roinnt pharóistí i mbarúntacht Dhéise, Contae na Mí ar mhainistir Naomh Thomáis, agus deachúna dhá paróiste eile, *Kilmessan* agus *Trubleby* sa bharúntacht ar Llanthony.²⁶ Féach an Leabharliosta ag dul leis an tráchtas seo i gcomhair foinsí cosúla eile.

Le linn di a bheith ag tagairt go sonraitheach d'fhoinsí Angla-Normannacha, deir Otway-Ruthven nach bhfuil an méid fianaise againn le haghaidh Contae na Mí agus atá againn le haghaidh sé chontae eile i gCúige Laighean a bhfuil cuntais ar *Knights' Fees* againn ina dtaobh, mar shampla Cill Dara.²⁷ Mar an gcéanna, de réir Graham agus é ag plé ceist na mbuirgí i gContae na Mí, '... there is no Meath equivalent to the *Red book of Ormond* which contains details of medieval burgage holdings and rents for a number of boroughs in Kilkenny, Kildare and Tipperary.'²⁸ Is mí-ámharach é seo ach níl an scéal go dona ar fad mar tá a lán tagairtí bainteacha i bhfoinsí eile.

Níos déanaí sa stair faightear fianntanna (*Fiantis*) na monarc Túdarach, chomh maith leis na hionchoisní agus na suirbhéanna ón 16ú agus ón 17ú haois. Is fíor-thairbheach *The calendar of patent rolls of James the First*, 'the greatest single source of documentation for the whole country',²⁹ na suirbhéanna talún ar nós an *Civil Survey* 1655, an *Down Survey* 1657, *Census of Ireland* 1659 agus na *Books of Survey and Distribution*. Tagraíonn Price dóibh mar seo:

Old forms of Irish place-names exist in many records of the sixteenth and seventeenth centuries ... For the great majority of our existing place-names Irish sources are lacking. Consequently, we have to use the English and Latin documents in order to make a full and methodical investigation of Irish place-names.³⁰

26 A. J. Otway-Ruthven, 'Parochial development of Skreen' in *JRSAL*, xciv (Dublin, 1964), lch. 117.

27 A. J. Otway-Ruthven, 'The character of Norman settlement in Ireland' in *Historical Studies*, v (Philadelphia, 1975), lgh. 75-84. Tugann sí mar fhoinsí dóibh: St. J Brooks, *Knights' fees in counties Wexford, Carlow and Kilkenny* (Dublin, 1950) agus J. Otway-Ruthven, 'Knights' fees in Kildare, Leix and Offaly' in *JRSAL*, xci lgh. 163-81.

28 B. J. Graham, 'Anglo-Norman settlement in county Meath' in *PRIA*, lxxv C (Dublin, 1975), lch. 228.

29 Mc Erlean, 'The Irish townland system' in Reeves-Smyth and Hamond (eds), *Landscape archaeology*, lch. 315.

30 Liam Price, 'The place-names of the Books of Survey and Distribution and other records of the

Rinne na suirbhéirí liostaí de na háiteanna agus sealbhóirí na n-áiteanna de réir aonad riaracháin: contae, barúntacht, paróiste agus baile fearainn. In ainneoin Acht an tSocraithe (*Act of Settlement*) 1655 a chuir ordú amach na logainmneacha Gaeilge a aistriú toisc go raibh siad ‘barbarous and uncouth’, i gcoitinne rinne na suirbhéirí agus na cartagrafaihte iarracht na logainmneacha a scríobh mar a chuala siad iad. Dá bhrí sin chuaigh an Béarla i bhfeidhm go mór ar na logainmneacha; truaillíodh iad - de réir Price, ‘many names have undoubtedly been corrupted beyond recovery’³¹ - agus cruthaíodh fadhbanna le haghaidh taighde logainmníochta sa lá atá inniu ann. Déantar cur síos níos mionsonraithe ar na fadhbanna seo i gCaibidil 2: Béarlú na Logainmneacha.

Ba lámhscríbhinní ó bhunús an chuid is mó de na foinsí thuasluaite a úsáidtear le haghaidh taighde ar logainmneacha. Bheifí ag brath ar mhacántacht agus aire na scríobhaithe a raibh na lámhscríbhinní seo faoina gcúram. Ach is fadhbach é an méid earráidí a rinneadh de bharr easpa aire agus faightear cuid mhaith foirmeacha lochtacha mar thoradh. Rinne na scríobhaithe comhaimseartha agus na heagarthóirí nua-aimseartha dearmaid chomh maith, dearmaid mhacánta, dar ndóigh don chuid is mó. Nuair a smaoinítear go ndearnadh athchóipeáil go minic feictear gur fadhbach í an méid mí-chruinnis i gcuid mhaith de na foinsí litrithe. Dar le Kay Muhr,

Most of the historical sources in this series [*Place-Names of Northern Ireland*] were originally handwritten and this inevitably led to a considerable number of errors, both by contemporary copyists and by modern editors. Many of the documents, particularly grants, were copied time and again ... Mistakes could occur in any transcription but were particularly likely when the language or names were unfamiliar.³²

Tagraíonn Katherine Simms do ghné eile den fhadhb seo maidir le lámhscríbhinní: ‘A text originally composed by its first author may be changed ... The later scribe may introduce slight changes because he has difficulty reading a particular word, or consciously or unconsciously he modernizes a spelling or grammatical form into the speech of his own day.’³³ Dar le Stifter, ‘Copying, on the one hand, always leads to orthographic mistakes. On the other hand, the language of the scribes was younger than that of texts they were copying; this often led to “automatic corrections” ... Thus the texts changed over the course of time ...’³⁴ Déanann Harvey trácht ar an gcosúlacht idir na

Cromwellian period’ in *JRSAI*, lxxxii (1951), lch. 93.

31 Ibid., 94

32 Gerard Stockman (gen. ed.), *Place-names of Northern Ireland*, i (Belfast, 1992), i, lch. xii.

33 Simms, *Medieval Gaelic sources*, lch. 17.

34 David Stifter, *Sengoidelc Old Irish for beginners* (New York, 2006), lch. 10.

litreacha *n* agus *u* sna lámhscríbhínni meánaoiseacha agus conas mar a rinne sé féin botún maidir leis an sloinne Béarla 'Turuestone' mar mheas sé gur 'Turnestone' a bhí ann toisc go raibh '*n* written as two minim strokes ... indistinguishable from *u* ...'³⁵ Is fadhb eile í an polasaí glactha ag eagarthóirí áirthe nua-aimseartha chun cloí le litriú a linne féin amháin maidir le eagrú sean-cháipéisí, cuir i gcás Bernadette Cunningham adeir i réamhrá a heagrán chumasaigh de na 'State Papers' *tempus* na dTúdarach a foilsíodh le déanaí, 'As a general rule, all names of people and places have been modernised in this calendar in so far as identifications proved possible ... The spellings adopted are merely the conventions currently more generally acceptable by historians.'³⁶ Seachas aon rud eile mí-ámharach ó thaobh na bhfoinsí lámhscríofa de ba thubaisteach iad na tinte a thit amach in Oifig na dTaifead Poiblí sa bhliain 1711, sa túr *Birmingham* i 1758 agus arís sna Ceithre Chúirt i 1922 agus a scrios cuid mhaith díobh. Tá méid na bhfoinsí laghdaithe go mór mar thoradh cé go bhfuil cóipeanna ann le haghaidh cuid acu, agus mar adúradh cheana i dtaobh foinsí i gcoitinne, bheifí ag brath ar aire na scríobhaithe a rinne na cóipeanna seo.

Dá mbeadh foirmeacha Ghaeilge ar na logainmneacha fós ní bheadh sé ró-dheacair iad a aithint agus na bunfhoirmeacha a aimsiú ach ní mar sin atá an scéal; tá siad truaillithe trí bheith Béarlaithe agus ar an ábhar seo tá a mbríonna faoi cheilt. Níor aistríodh go Béarla d'aonghnó iad ach go hannamh; i gcoitinne is é a tharla ná traslitríú: cuireadh cruth litrithe an Bhéarla ar na fuaimeanna Gaeilge. Is é atá i gceist le Béarlú anseo mar sin ná conas a chuaigh an Béarla i bhfeidhm ar na logainmneacha Gaeilge le linn dóibh a bheith á dtaifeadadh. Maidir leis seo ní féidir linn taighde a dhéanamh ar logainmneacha na hÉireann gan aird a thabhairt ar obair na Suirbhéireachta Ordanáis 1824 – 1840 agus go háirithe ar shaothar an Donnabhánaigh, an scoláire Gaeilge ba mhó clú na linne sin ag obair i dteannta lena chomhghleacaithe, scoláirí cumasacha eile, sa Rannóg Topagrafaíochta. Bhí orthu na leaganacha Béarla éagsúla de na logainmneacha a iniúchadh d'fhonn teacht ar na foirmeacha b'oirúnaí le greannadh ar na léarscáileanna nua, sé sin na foirmeacha Béarlaithe ba chóngráí agus ab fhéidir do na bunfhoirmeacha Gaeilge. Tá na foirmeacha caighdeánacha Béarla de na logainmneacha ann inniu mar thoradh ar thaighde Uí Dhonnabháin agus a chomhghleacaithe. Tá na logainmneacha seo, 'largely standardised for posterity' mar adeir Jacinta Prunty³⁷ le fáil in *General*

35 P.D.A. Harvey, *Editing historical records* (The British Library, 2001), lch. 35.

36 Bernadette Cunningham (ed.), *Calendar of state papers Ireland : Tudor period [1566-1567] etc.*, (IMS, Dublin, 2009) lch. xiii.

37 Jacinta Prunty, *Maps and map-making in local history* (Dublin, 2004), lch. 241.

alphabetical index to the townlands and towns, parishes and baronies of Ireland based on the census of Ireland for the year 1851 (Dublin 1861; reprint, Baltimore 1984). Is suntasach go ndearna Ó Donnabháin iarracht foirmeacha Gaeilge na logainmneacha a chinntiú chun cabhrú leis san obair sin (cé nach ndearna sé é seo gach uair). Sin é an fáth go bhfuil doiciméid na Suirbhéireachta Ordanáis, go mórmhór na hAinmleabhair agus na Litreacha, chomh tábhachtach le haghaidh taighde. Níl siad gan locht, áfach; de réir A. J. Hughes,

The books [*OSNB*] remain unedited although they are available on microfilm, but publication of the *OSNB* as they stand would be out of the question, simply because they contain many inaccuracies and, as a work on place-names, they fail to meet the standard of today's scholarship.³⁸

Is míbhuntáiste amháin é seachas aon rud eile a bhí ag an Donnabhánach ná go raibh sé ag brath den chuid is mó ar fhoinsí ón 18ú agus ón 19ú haois agus uaireanta freisin ar na hionchoisní ón 17ú haois. Is leor sin go minic i dteannta le fianaise ón gcaint ach nuair is doiléir brí logainmneacha is riachtanach leaganacha níos luaithe a chuardach. Tagraítear don fhadhb seo go mionsonraithe i gcaibidil 2.

Mar sin féin nuair a bhí Ó Donnabháin ag eagrú lámhscríbhinní cosúil le *Annála Ríoghachta Éireann* níos déanaí, d'éirigh thar barr leis, na leaganacha bunúsacha de mórán logainmneacha a chinntiú de bharr an tsaineolais thopagrafaigh agus an taithí a bhí aige faoin am sin.³⁹ Ag tagairt d'eagrán seo an Donnabhánaigh, deir Katherine Simms, 'They [*ARÉ*] ... are accompanied by elaborate and informative footnotes, particularly valuable because of the detailed information on place-names O'Donovan gleaned during his full-time work for the Ordnance Survey (1830- 42).⁴⁰ Deir Nollaig Ó Muraíle maidir lena nótaí ar na hannála agus na genealaigh, 'Most of these notes have not been superseded and many will never go out of date ...'⁴¹ Is suntasach freisin go dtagraíonn an Brainse Logainmneacha do shaothar an Donnabhánaigh le haghaidh an chuid is mó de na logainmneacha i mBunachar Logainmneacha na hÉireann ag <http://www.logainm.ie>. De ghnáth tugtar an fhianaise stairiúil ón Ainmleabhar bainteach faoin logainm a bhrabhsáiltear.

Déanfar tagairt arís d'obair thabachtach an Bhrainse Logainmneacha ach luaitear anseo í

38 A. J. Hughes, 'Irish place-names' in *Seanchas Ard Macha*, xiv, no. 2, lgh. 116-148.

39 Ibid., 130.

40 Simms, *Medieval Gaelic sources*, lgh. 19, 20.

41 Ó Muraíle, 'Settlement and placenames' in Duffy *et al* (eds), *Gaelic Ireland*, lch. 228.

chun fadhb logainmníochta a léiriú i leith foinsí i nGaeilge. I Réamhrá *Liostaí Logainmneacha: Contae Thiobraid Árann* curtha in eagar ag Pádraig Ó Cearbhaill áirítear 824 bailte fearainn i dtrí bharúnacht shamplacha sa chontae sin. Ina measc, dar leis, níl ach 53 le taifid dóibh i bhfoinsí Gaeilge roimh obair na Suirbhéireachta Ordanáis c.1840.⁴² Dá thoradh sin faightear an fhianaise stairiúil le haghaidh an chuid is mó de na logainmneacha i Laidin, i bhFraincis Normannach agus go háirithe i mBéarla i bhfoinsí éagsula. Ar an ábhar seo ní mór dúinn tábhacht Litreacha agus Ainmleabhair na Suirbhéireachta Ordanáis a threisiú. Deir Ó Cearbhaill, mar shampla, faoi logainmneacha Thiobraid Árann, 'Is in AL agus i bhfoinsí gaolmhara a tugadh faoi logainmneacha an chontae ina n-iomláine a scríobh i nGaeilge agus a mhíniú den chéad uair.'⁴³ Ar an leathanach céanna deir sé go bhfuil 'lín na bhfoirmeacha Gaeilge atá ceart in AL, nó sna cáipéisí eile ina dtiomsaítí agus ina bpléití logainmneacha le linn na chéad Suirbhéireachta Ordanáis measartha ard i gCo. Thiobraid Árann ...'⁴⁴ Bheifí ag súil leis an ráta ard céanna le haghaidh na gcontaethe eile freisin.

Maidir le gné eile den tSuirbhéireacht Ordanáis is fíor-thairbheach mar áiseanna taighde iad na léarscáileanna stairiúla a sholáthraítear anois ar an suíomh Gréasáin <http://maps.osi.ie/publicviewer/>. Is úsáideach freisin láithreán nua-aimseartha an *National Monuments Service* ag an seoladh www.archaeology.ie. Dar ndóigh is áiseanna fiúntacha eile iad na léarscáileanna a fhaightear ar shuíomh Idirlín an *EPA* ag an seoladh <http://maps.epa.ie/internetmapviewer/mapviewer.aspx>. Is úsáideach iad seo chun an ithir agus an tírdhreach a scrúdú maidir le logainmneacha amhrasacha cosúil le 'Mooretown' agus 'Bogganstown' d'fhonn fianaise bhreise a aimsiú chun a fháil amach an sloinne atá i gceist sna cáilitheoirí nó gné gheografach, go háirithe talamh portaigh nó talamh fliuch. Cuirtear an fhianaise seo leis an bhfianaise stairiúil sa tráchtas idir lámha d'fhonn scagadh a dhéanamh ar bhunús logainmneacha ar leith.

An féidir bunfhoirmeacha na logainmneacha Gaeilge a dhátú fiú má aimsítear iad sa chéad áit? Mar atá luaite ag Pádraig Ó Cearbhaill thuas is sna hAinmleabhair agus foinsí eile na Suirbhéireachta Ordanáis sa naoú haois dhéag a scríobhadh síos don chéad uair i nGaeilge an chuid is mó de na logainmneacha ach i gcoitinne tá siad i bhfad níos aosta ná sin.

42 Pádraig Ó Cearbhaill (eag.), *Liostaí Logainmneacha Contae Thiobraid Árann* (Baile Átha Cliath, 2004), lch. xxxi.

43 Ibid., xxxi.

44 Ibid., xxxi.

Is léir ón méid atá scríofa nach féidir na logainmneacha Gaeilge a dhátú go cruinn. Mar sin féin tá rianú leathan croineolaíochta curtha ar fáil dóibh ag na saineolaithe. Mar shampla, tá sé curtha in iúl dúinn ag Dónall Mac Giolla Easpaig go raibh logainmneacha chomhshuite leis an struchtúr NOUN + NOUN (ina gcáilíonn an chéad ainmhocal an dara ainmfhocal) an-choitianta i mbrainsí éagsúla Ceiltise, cuir i gcás na samplaí seo ó Ghaeilge Chianach: 'Durmhagh/oak plain' agus 'Fearnmhagh/alder plain', agus gur thosnaigh siad ag dul i léig timpeall 400 AD. Cuireadh ina ionad, diaidh ar ndiaidh an aicme NOUN + qualifying GENITIVE⁴⁵ ar a dtugann Gregory Toner an sampla: '*Ráth Droma* ' fort of [the] ridge'.⁴⁶ Leanann Toner ar aghaidh chun a rá gur eascair agus gur fhorleathnaigh ina ionad comhdhéanamh eile leis an 'definite article' atá i bhfad níos coitianta, mar shampla: '... NOUN + definite article + qualifying GENITIVE (e.g. *Léim an Fhia* 'the deer's leap')' agus deir sé chomh maith,

Similarly, simplex names and names of the type NOUN + ADJECTIVE tend to occur without the definite article in the earlier period (e.g. *Caiseal* 'cashel', *Achadh Beag* 'little field') but with the definite article in later names (e.g. *An Eaglais* 'the church', *An Baile Meánach* 'the middle town(land)') ... It is generally accepted ... that the use of the definite article is a comparatively late innovation in Irish place-names⁴⁷

Le linn di a bheith ag cur síos ar 'nouns governing genitive of article and noun' cuireann Flanagan in iúl go bhfuil corr-shampla ón 9ú haois ach 'it is from the 11th century onwards that there is a noticeable increase in the frequency of usage.'⁴⁸ Cuireann Toner in iúl dúinn freisin gurb é seo an struchtúr logainmníochta is coitianta i nGaeilge inniu ach go bhfuil a lán le foghlaim faoi fós.⁴⁹

Is fadhb ghaolmhar í chomh deacair is atá dátú ó thaobh míreanna léacsacha de. Is ionann an scéal in Éirinn agus in Albain mar a léiríonn W. F. H. Nicolaisen: '... most lexical terms used toponymically seem to have been employed since the first Gaelic place-name was coined ... while still being productive now.'⁵⁰ Is é an pointe atá i gceist anseo ná easpa comharthaí so-aitheanta i stair na logainmneacha Gaeilge. Dá mbeadh

45 Dónall Mac Giolla Easpaig, 'Nouns and noun compounds in Irish placenames', in *Études Celtiques*, xviii (1981-82), lgh. 152, 162.

46 Gregory Toner, 'The definite article in Irish place-names' in *Nomina*, xxii (1999), lch. 5.

47 *Ibid.*, 5, 6.

48 Deirdre Flanagan, 'Place-names in early Irish documentation: structure and composition' in *Nomina* iv (1980), lch. 41.

49 Toner, 'The definite article in Irish place-names' in *Nomina*, xxii (1999), lch. 6.

50 W. F. H. Nicolaisen, *Scottish place-names: their study and significance* (London, 1976), lch. 122.

críoch le tréimhsí bisiúla na 'lexical terms' thuasluaite bheadh sé réasúnta éasca croineolaíocht chuimsithe a chur ar bun dóibh. Dar le Deirdre Flanagan, áfach,

There are positive onomastic indicators that the secular habitative elements that most strongly characterise the Later Iron Age in Ireland, mainly dún, ráth and lios, also cathair and caiseal (all of which can be translated 'fort'), continued to be used to some extent in place-name coinage well into the Anglo-Norman period. Nevertheless ... they were, in general, losing currency from about the thirteenth century onwards.⁵¹

Luann sí freisin cuid de na téarmaí a thagann ón ré Chríostaíochta agus dar léi is féidir ord croineolaíoch a aithint i dtaobh eilimintí ar nós 'domhnach' nó 'ceall/cill'.⁵² Ach i dtaobh cineálacha eilimintí eile deir Alan Crozier, '... it seems to be very difficult to isolate strata in other name types, particularly those referring to physical or natural features, which constitute a fifth of the townland names.'⁵³ Is léir go bhfuil gá le tuilleadh taighde ar an ghné seo den logainmníocht.

Ó thaobh léirmhíniú na logainmneacha de is fadhbach é freisin na gnáth-athruithe teangeolaíocha a tharlaíonn i ngach teanga thar na blianta. Léiríonn A. J. Hughes an titim amach mar seo:

... for while place-names often contain archaic lexical terms they are by no means static entities; names can change dramatically over a period of time within the boundaries of a single language, disguising their original forms, and, as is the case in an extremely high percentage of Irish place-names, such change can even become more accentuated when names are carried across into the environs of a different language.⁵⁴

Tagraíonn F. T. Wainwright don fhadhb mar seo:

They [logainmneacha] are not exempt from ordinary phonological changes – this should be emphasised – but they are in some ways more and in some ways less open to certain influences which affect meaningful words. On the one hand they show a tendency to preserve archaic forms not now present in the living language; on the other hand they are often more influenced by analogy, especially 'popular etymology', the effect of which is to change their forms by cutting across ordinary phonological

51 Deirdre Flanagan, 'Some less frequently attested Irish place-name elements of archaeological interest' in *Nomina*, xvii (1983), lch. 313.

52 Deirdre Flanagan, 'Common elements in Irish place-names: ceall, cill' in *BUPNS*, sraith 2, ii, lgh 1-8 (1979).

53 Alan Crozier, 'On the transparency of place-names in Ireland, England and Sweden' in *Ainm*, iii (Béal Feirste, 1998), lch. 52.

54 A. J. Hughes, 'Irish place-names', in *Seanchas Ard Macha*, xiv, no. 2, lch. 122.

developments and by assimilating them to forms which may be more readily understood.⁵⁵

I gcomhthéacs eile tugann Andrews samplaí de na 'forms which may be more readily understood' agus a úsáideadh i gcomhair eilimintí Gaeilge; cuir i gcás na solaoidí *kill* le haghaidh 'cill', *garry* le haghaidh 'garradh', *money* le haghaidh 'muine'.⁵⁶

In ainneoin na bhfadhbanna réamhluaithe le haghaidh logainmeolaithe tá a lán oibre déanta ag na ceannródaithe gur féidir linn tairbhe agus spreagadh a bhaint as. Cosúil le Ó Donnabháin, shaothraigh Patrick Weston Joyce ar mhórán gnéithe de chultúr na hÉireann ach bhain sé a cháil ba mhó amach leis an ollsaothar *The Origin and History of Irish Names of Places* i dtrí imleabhar a foilsíodh idir na blianta 1869 - 1913. Dar le Murray agus Ó Murchadha bhain Joyce tairbhe as an *Alphabetical index of townlands, parishes and baronies* (census 1861), 'a cornucopia overflowing with samples of place-name elements from every part of the country'.⁵⁷ Míníonn siad conas a bhain sé úsáid as an bhfoinse seo chun a bheith ábalta '[to] build up a whole series of different categories to elucidate the system by which place-names were formed and the manner in which usage and pronunciation varied from one region to another'.⁵⁸ Molann siad dúinn, áfach, a bheith cúramach agus feidhm a bhaint as treoirínte Deirdre Flanagan i dteannta le saothar Joyce.⁵⁹ Maidir leis an bpointe seo cáineann K. W. Nicholls iarrachtaí Joyce, 'to deduce the meaning of modern placenames from the modern written forms, without the hard task of pursuing forms of individual names back through a range of – often unpublished – documentary sources'.⁶⁰ Ina thaobh seo deir na saineolaithe logainmníochta go bhfuil gá le taighde diacronach, sé sin taighde a dhéanamh sna foinsí tagartha go léir atá le fáil thar tréimhsí fada na staire. Dar le A.J. Hughes, '... a synchronic glance at place-names as they exist today fails to illustrate the true extent of linguistic and cultural diversity. Viewed diachronically, though, a greater and often striking extent of onomastic variety presents itself'.⁶¹ Is amhlaidh freisin nach raibh 'aon eolas aige [Joyce] ar an tSean ná ar an Meán-Ghaeilge'.⁶² Ar an iomlán is féidir linn feidhm

55 F. T. Wainwright, *Archaeology and place-names and history: an essay on problems of co-ordination* (London, 1962), lch. 11.

56 J. H. Andrews, '“More suitable to the English tongue”': The cartography of Celtic placenames' in *Ulster Local Studies*, xiv, 2 (Belfast, Winter 1992) lch. 13

57 Murray and Ó Murchadha, 'Place-names' in Buttimer et al (eds) *The heritage of Ireland*, lch. 150.

58 Ibid., 150.

59 Deirdre Flanagan, 'Some guidelines to the use of Joyce's “Irish names of places”' in *BUPNS*, sraith 2, iv.

60 K. W. Nicholls, 'The protean placename' in John Carey et al (eds), *Cin Chille Cúile: texts, saints and places: essays in honour of Pádraig Ó Riain* (Abertstown, 2004), lch. 225.

61 A. J. Hughes, 'Irish place-names', in *Seanchas Ard Macha*, xiv, no. 2, lch. 136.

62 Luaite i r-phost chugam ó Nollaig Ó Muraíle 28 Aibreán 2011.

theoranta a bhaint as saothar ceannródaíochta Joyce le cúram cuí.

Ní mór tagairt a dhéanamh freisin don Athair Éamonn Ó hÓgáin agus a ollsaothar ríluachmhar *Onomasticon Goedelicum*, le beagnach 700 leathanach de thaighde agus tagairtí ar logainmneacha a thiomsaigh sé féin agus a lucht cúnata thar deich mbliain.⁶³ Dar le Adams, 'He quotes 44 manuscripts and 132 printed sources for this corpus ... it contains almost 28,000 names, which is a considerable proportion of the 62,205 townland names now existing, though of course, this includes a small number of names in Scotland together with mountain, river, and tribal names ...'⁶⁴ Níl an *Onomasticon* gan locht, áfach. Mar shampla, le linn dó a bheith ag déanamh athbhreithnithe ar logainmneacha in *Foras Feasa Ar Éirinn* d'aimsigh Diarmuid O Murchadha 64 leaganacha lochtacha, 26 le earráidí beaga agus 25 leaganacha bréagaitheanta ach dar leis, '... such was his [Keating's] reputation that his lead in placenames was followed by later scholars ... and in particular by Edmund Hogan in whose *Onomasticon Goedelicum* practically all the placenames listed ... were accepted without question.'⁶⁵ Timpeall dhá bhliain tar éis a fhoilsithe mhol E. J. Gwynn an *Onomasticon* go h-ard ach ag an am céanna leasaigh sé roinnt mhaith tagairtí de chuid an Ógánaigh in alt san irisleabhar *Hermathena*.⁶⁶ Mar an gcéanna thug Eoin MacNeill ard-mholadh do Hogan ach cháin sé an easpa crostagairtí sa mhór-shaothar seo.⁶⁷ Deir Catherine Swift gur bhunaigh Hogan cuid mhaith den *Onomasticon* ar shaothar Sheán Uí Dhonnabháin: 'the interpretations of the sources which the *Onomasticon* puts forward, are, in consequence and with minor emendations, almost entirely O'Donovan's work.'⁶⁸ Díreach tar éis an pointe seo a lua tugann Kevin Murray cothrom na Féinne do Hogan mar seo:

It is clear ... that he [Hogan] relied far more on the researches of John O'Donovan than on any other person or body of work. Too much emphasis on this, however, would tend to obscure Hogan's own achievement. He added numerous identifications himself, the occasions on which he disagreed with O'Donovan often receiving the lengthiest treatment.⁶⁹

63 Edmund Hogan, *Onomasticon goedelicum locorum et tribuum Hiberniae et Scotiae* (Dublin, 1993, orig. 1910).

64 Brendan Adams, 'Prolegomena to the study of Irish placenames' in *Nomina*, ii (1978), lch. 50.

65 Diarmuid Ó Murchadha, 'Placename material from *Foras feasa ar Éirinn*' in *Éigse*, xxxv (2005), lch. 82.

66 E. J. Gwynn, 'Onomasticon goedelicum' in *Hermathena*, xxxviii (1912), lgh. 169-173.

67 Eoin MacNeill, 'Our place-names' in *JRSAL*, vxviii, part 2 (1938), lch. 190.

68 Dr. C. Swift, 'John O'Donovan and the framing of early medieval Ireland in the nineteenth century' in *Bullán*, i uimh. 1 (Earrach, 1994), lch. 100 - luaite ag Kevin Murray, 'Fr. Edmund Hogan's *onomasticon goedelicum*, ninety years on: reviewers and users' in *Ainm*, viii (Belfast, 1998-2000), lch. 67.

69 Kevin Murray, 'Fr. Edmund Hogan's *Onomasticon goedelicum*, ninety years on: reviewers and users' in *Ainm*, viii (Belfast, 1998-2000), lch 67.

Tugann sé tacaíocht don ráiteas seo le samplaí i bhfonóta ar an leathanach céanna. Aithníodh agus comóradh saothar an Ógánaigh le seiminéar in Ollscoil Náisiúnta na hÉireann Corcaigh ar an 6ú Deireadh Fómhair, 2010.

I measc na gceannródaithe freisin bhí Seosamh Laoide, scoláire Conradh na Gaeilge a rinne taighde le haghaidh *Post-Sheanchas Cuid I. – Sacsbhéarla-Gaedhilg* i gcomhair ainmneacha Gaeilge na n-oifigí poist, agus Risteárd Ó Foghlú ('Fiachra Éilgeach'), nár aontaigh le Laoide i dtaobh foirmeacha mórán logainmneacha agus a d'fhoilsigh a shaothar féin le beagnach 7,000 áitainmneacha, *Logainmneacha .i. Dictionary of Irish Placenames*. Bhí scoláirí ann freisin a rinne scagadh ar áitainmneacha in aon cheantar amháin, mar shampla, an Canónach Pádraig de Paor, *The Place-Names of Decies*, 1907, an tAthair Pól Breathnach, *The placenames of Westmeath*, 1957, Liam Price, *The Place-Names of County Wicklow* 1983, Pádraig Ó Siochfhradha ('An Seabhac'), *Triocho Céad Chorca Dhuibhne*. Ní foláir tagairt d'údair bhisiúla eile cosúil le Éamonn de hÓir, Seán Mac Airt (J.B. Arthurs), Deirdre Morton (Bean Uí Fhlannagáin), Tomás Ó Máille, G.B. Adams, Diarmuid Ó Murchadha agus a thuilleadh nach iad, go mórmhór na scoláirí agus na logainmeolaithe eile atá luaite sa Leabharliosta agus ar fud an tráchtais seo.

Le moladh ó dhuine de mo mhaoirseoirí ba é saothar Liam Price a scrúdaigh mé ar dtús. Rinne Price dian-thaighde modheolaíoch ar logainmneacha Chill Mhantáin agus ar ársaíochtaí agus ar sheandálaíocht an chontae. Breitheamh cúirt dúiche ab ea é agus ar a shlí go dtí agus ó theach na cúirte rinne sé obair pháirce. Dar leis, '... an attempt must be made to determine the original form of each name, and its meaning, and to date as many names as possible, in order to place them in their chronological context. Interpretation in most cases depends on the anglicised spellings.'⁷⁰ Feictear chomh críochnúil is atá a chuid oibre féin sna himleabhair éagsúla ar logainmneacha Chill Mhantáin agus sna haltanna a scríobh sé in irisleabhair cosúil le *Celtica*, *Dinnseanchas*, *Éigse* agus an *JRSAI*.

Bunaítear roinnt taighde sa lá atá inniu ann ar obair na gceannródaithe. Mar shampla, deir Murray agus Ó Murchadha gur mór an áis taighde é an *Onomasticon* réamhluaite agus áitíonn siad go gcuireann sé 'place-name studies in this country on a new footing, especially with regard to the early written sources'.⁷¹ Tá an *magnum opus* seo á thabhairt

70 Liam Price, *The place-names of Co. Wicklow* (Dublin, 1983), vii, lch. lxxxv.

71 Murray and Ó Murchadha, 'Place-names' in Buttimer et al (eds), *The heritage of Ireland*, lch. 150.

suas chun dáta faoin tionscadal LOCUS i Roinn na Sean- agus na Meán-Ghaeilge, in OÉ, Corcaigh, faoi stiúir ag an Ollamh Pádraig Ó Riain agus a chomhghleacaithe an Dr Kevin Murray agus an Dr Diarmaid Ó Murchadha (a fuair bás i mí Lúnasa 2011), saineolaithe cruthanta iad uile. Fostaítear iar-chéimithe chun cabhrú sa bhfiontar dlúthshaothair seo agus téitear i gcomhairle le logainmeolaithe gairmiúla cosúil le Dónall Mac Giolla Easpaig Príomhoifigeach an Bhrainse Logainmneacha i mBaile Átha Cliath agus an Dr Kay Muhr, *The Northern Ireland Place-Name Project* i mBéal Feirste. Tá an *Onomasticon* inchuardaithe ar fáil ag <http://publish.ucc.ie/doi/locus>.

Mar chuid den tionscadal ollmhór críochnúil seo, LOCUS, beidh foclóir nua logainmneacha *Foclóir Stairiúil Áitainmneacha na Gaeilge* ar fáil. Faoin am seo tá ceithre fhascúil foilsithe in ord croineolaíoch, 1, 2, 3 agus 4.⁷² I bhfascúl 1, mar shampla, tá na logainmneacha dar tús A amháin le 1,500 ceannfhocail agus 3,300 tagairtí. Faoi na teorainneacha leagtha síos ag na heagarthóirí is ó fhoinsí idir na blianta 600 agus 1800 a bhailítear na tagairtí agus an fhianaise. Chomh maith leis sin ní úsáidtear doiciméid stáit cosúil leis na *Fiantanna* toisc go bhfuil leaganacha na logainmneacha iontu Béarlaithe. Is i nGaeilge chlasaiceach atá na ceannfhocail ach tá innéacs aisiompaithe i mBéarla a bheadh cúntach do stairithe áitiúla agus do dhaoine nach mbeadh an fhoirm Ghaeilge ar eolas acu. Deir Nollaig Ó Muraíle ina léirmheas ar fhascúl 3, 'Ní mór a rá mar bhreithniúnas ar an bhfascúl seo, agus ar an saothar fré chéile go dtí seo, ach go bhfuil an obair curtha i gcríoch go slachtmhar cruinn, críochnúil ag an bhfoireann taighde agus eagarthóireachta⁷³ agus ní féidir é sin a shéanadh. I léirmheas eile molann Paul Mac Cotter an tionscadal seo ach ceapann sé go mba chóir úsáid a bhaint as an raidhse foinsí Angla-Normannacha atá ar fáil.⁷⁴ Tá logainmeolaithe ag súil go fonnmar le foilsiú na bhfascúil eile ar bhonn leanúnach.

Conas a théann na logainmeolaithe gairmiúla taobh amuigh de na hollscoileanna agus na coláistí i mbun a gcuid oibre agus cad is féidir a fhoghlaim uathu? Faightear iad ag obair sa Bhrainse Logainmneacha i mBaile Átha Cliath a d'fhás as polasaí Gaeilge an tSaorstáit agus cuid eile díobh ag saothrú sa *Northern Ireland Place-Names Project* i mBéal Feirste (nach bhfeidhmíonn i láthair na huaire).

72 Pádraig Ó Riain, Diarmuid Ó Murchadha, Kevin Murray (éag/1), *Historical dictionary of gaelic placenames: foclóir stairiúil áitainmneacha na hÉireann*, fascicles 1,2, 3 (ITS, London, 2003).

73 Léirmheas de chuid Nollaig Ó Muraíle, ar *Foclóir stairiúil áitainmneacha na hÉireann, fascúl 3 (C go Ceall Fursa)* in *Béaloideas*, lxxvii (Baile Átha Cliath, 2009), lch. 149.

74 Léirmheas de chuid Paul Mac Cotter ar *Foclóir stairiúil áitainmneacha na Gaeilge, fascúl 1 (ainmneacha in A)* in *Journal of the Cork Historical and Archaeological Society*, cix (2004), lch. 228.

Le bunú an tSaorstáit 1922, leagadh béim mhór ar an nGaeilge agus bhí géarghá le logainmneacha deimhnithe i nGaeilge. Mar a deir Dónall Mac Giolla Easpaig in agallamh Feabhra 2005, 'Bhí sé mar pholasaí ag an rialtas an Ghaeilge a chur chun cinn i réimsí éagsúla den saol poiblí agus bhí géarghá le leaganacha údarásacha Gaeilge de logainmneacha na tíre chun an polasaí sin a chur i bhfeidhm.⁷⁵ Treisíodh ar an riachtanas seo nuair a tugadh stádas faoi leith don Ghaeilge mar príomhtheanga oifigiúil i mBunreacht na h-Éireann 1937. Dá thoradh sin bunaíodh An Coimisiún Logainmneacha 1946 leis an Seanadóir Pádraig Ó Siochfhradha ina chathaoirleach chun áitainmneacha na hÉireann a iniúchadh d'fhonn foirmeacha údarásacha Gaeilge a dheimhniú dóibh. Sa bhliain 1955 cuireadh cúram na hoibre sin faoi Rannóg nua speisialta, An Brainse Logainmneacha préamhaithe sa tSuirbhéireacht Ordanáis go dtí 1999 nuair a haistríodh é go dtí an Roinn Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta. Cuireadh obair an Bhrairse faoi stiúriú An Choimisiúin réamhluaithe lena mbeadh cumas comhairleach seachas cumas feidhmitheach aige as sin amach. Bheadh príomhoifigeach an Bhrairse ina rúnaí ar an gCoimisiún.

Thug Dónall Mac Giolla Easpaig, an Príomhoifigeach reatha, breac-chuntas ar mhodheolaíocht an Bhrairse Logainmneacha cúpla bliain ó shoin.⁷⁶ Bunaíodh modhanna an Bhrairse ar mhodheolaíocht an *Ortnamnsarkivet*, an institiúid faoina raibh cúram logainmneacha na Sualainne. Go hachomair, bhaileofaí na leaganacha stairiúla de gach logainm ó na foinsí chomh fada agus ab fhéidir, dheimhneofaí an fuaimniú áitiúil agus dhéanfaí anailís ar an bhfianaise go léir d'fhonn teacht ar an mbunfhoirm. Rinne an Brainse Logainmneacha in Éirinn cinneadh ar mhodhanna comhchosúla a leanúint chomh maith le dul i gcomhairle leis an gCoimisiún Logainmneacha. Chun an fhoirm Ghaeilge a dheimhniú thug an Coimisiún tús áite don leagan a bhí ag na Gaeilgeoirí deireanacha sa cheantar bainteach. Tar éis dul i gcomhairle leis an bpobal thug siad an obair chun críche agus tugadh stádas oifigiúil do na leaganacha molta in *Ainmneacha Gaeilge na mBailte Poist* sa bhliain 1969; tugadh stádas dleathach dóibh faoin Acht Logainmneacha 1973. Leanann an dul chun cinn mar sin. Cuirtear an fhianaise scríofa ó na foinsí leis an bhfianaise áitiúil nuair is úsáideach agus cuí é sin a dhéanamh agus deimhnítear na leaganacha Gaeilge tar éis scagadh críochnúil a dhéanamh. Dar le Art Ó Maolfabhail, 'Is iad na foirmeacha Gaeilge a shocraítear ar bhonn na fianaise

⁷⁵ *Beo*, Feabhra 2005, iris idirlín do lucht na Gaeilge arna fhoilsiú ag Oideas Gael.

⁷⁶ Dónall Mac Giolla Easpaig, 'Placenames policy and its implementation' in C. Nic Pháidín & Ó Cearnaigh, *A new view of the Irish Language* (Baile Átha Cliath, 2008), lgh. 164-77.

príomhthoradh taighde fhoireann an Bhrainse Logainmneacha.⁷⁷

Tá an an Brainse Logainmneacha agus an Coimisiún Logainmneacha, freagrach don Aire Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta (An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta faoin Aire Jimmy Deenihan ón 9ú Márta, 2011). Ó thosach tá foilseacháin fhiúntacha curtha amach acu; ortha siúd tá *Ainmneacha Gaeilge na mBailte Poist* 1969 thuasluaite, *Gasaitéar na hÉireann* 1989 (is féidir leagan nua a íoslódáil anois i bhfoirm Word: <http://www.logainm.ie>). Níos déanaí tosnaíodh ar an tsraith leabhrán údarásacha úd *Liostaí Logainmneacha*, an ceann deireanach foilsithe le haghaidh Contae Thiobraid Árann, agus tá trí leabhar taighde curtha amach acu: *Logainmneacha na hÉireann* (I -III). Tá taighde curtha i gcrích ar áitainmneacha na gcontaetha seo faoi láthair, Baile Átha Cliath, Corcaigh agus Gaillimh, agus bheifí ag tnúth le foilseacháin bhainteacha orthu siúd freisin. Dála an scéil tá 'an tOrdú Logainmneacha (Contae Chorcaí) 2012' faoi bhreithniú i láthair na huaire.⁷⁸

Ag comhoibriú le *Fiontar* Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath lena saineolas agus taithí theicniúil tá an *magnum opus* Bunachar Logainmneacha na hÉireann i mBéarla agus i nGaeilge á chruthú agus á fhorbairt ag An mBrainse faoi stiúru an príomhoifigigh Dónall Mac Giolla Easpaig. Cuirtear áiseanna cuardaithe ar fáil chomh maith le córas aistriúcháin chun, mar shampla, logainm gach baile fearainn agus paróiste dlí a aistriú ó theanga go chéile. Tá íomhánna scanáilte de thaifid chartlainne an Bhrainse Logainmneacha le fáil chomh maith le taifid fhuaimne de logainmneacha áirithe. I láthair na huaire tá gnáthobair an Bhrainse ar leanúint chomh maith le obair ar an bhfuaimniú áitiúil agus forbairt ar na háiseanna mapála agus ar na hacmhainní oideachais. Cuirfidh na saoráidí breise cuardaigh agus brabhsála ar chumas an úsáideora an saothar mór taighde seo a chíoradh ar bhealaí ilghnéitheacha. Is é an seoladh Idirlín chun nascadh lena láithreán ná: www.logainm.ie.

Bunaíodh Tionscadal Logainmneacha Thuaisceart Éireann sa bhliain 1987 agus bhí sé bunaithe, go dtí le déanaí, i Roinn na Gaeilge agus na Ceiltise, Ollscoil na Banríona. Bhí sraith leabhar *The Place-Names of Northern Ireland*, sé imleabhar do gach contae le cur i gcló acu le torthaí a gcuid taighde tar éis dóibh tosnú i 1992 faoin eagarthóir ginearálta, Gerard Stockman (Nollaig Ó Muraíle níos déanaí). Tá ocht gcinn díobh foilsithe. De réir

77 Ó Maolfabhail (eag.), *Logainmneacha na hÉireann I*, leh. xix.

78 Ordaithe Logainmneacha (<http://www.logainm.ie/Orduithe.aspx>) (12 Deireadh Fómhair 2011)

W.F.H. Nicolaisen mar gheall ar an obair seo, '... in the ten years of its existence the Northern Ireland Place-Name Project has already, almost miraculously, become a leader in modern sophisticated research in the British Isles ...'⁷⁹ Deir an Dr Pat Mc Kay, comhalta taighde ar an tionscadal seo i r-phost chugam go raibh sé ar intinn acu bunachar logainmneacha a chur ar fáil ar láithreán Gréasáin.⁸⁰ Is féidir nascadh leis ag an seoladh <http://www.placenamesni.org/> agus is úsáideach an áis í seo chun comparáidí a dhéanamh le logainmneacha sa taobh seo tíre. Sa tslí chéanna is fiúntach an suíomh Gréasáin, <http://www.ainmean-aite.org/> le haghaidh áitainmneacha Gaelacha na hAlban. (Ba dhrochscéal é a chloisint go raibh an Tionscadal i mBéal Feirtste le dúnadh samhradh 2010 in ainneoin iarrachtaí de chuid Pat McKay, Kay Muhr agus daoine eile ina choinne. Táthar ag súil go mbeidh an tionscadal ag feidhmiú arís ar ball.)

Le linn dóibh bheith ag déanamh taighde ar bhunús agus ar mhíniú gach logainmn faoi bhráid acu lean an *Northern Ireland Place Names Project* modhanna ar a ndéantar breac-chuntas ginearálta i réamhrá gach leabhair sa tsraith thuasluaite mar seo:

The method employed in the Project has been to gather early spellings of each name from a variety of historical records written mainly in Irish, Latin and English, and arrange them in chronological order. These, then, with due weight being given to those which are demonstrably the oldest and most accurate, provide the evidence necessary for deducing the etymology ...

Fieldwork is an essential complement of research on earlier written sources and maps. Sometimes unrecorded features in local topography or land use are well-known to local inhabitants. Most frequently the pronunciation represented by the early written forms is obscure, and especially in areas where there has been little movement of people, the traditional local pronunciation provides valuable evidence ...⁸¹

Feictear anseo modheolaíocht dhian bheacht cosúil le modhanna an Bhrainte Logainmneacha i mBaile Átha Cliath trína soláthraítear torthaí iontaofa. Tugann an dá thionscadal seo eiseamláirí chruthaithe dúinn go léir i dtaobh taighde.

Seachas na taighdeoirí gairmiúla tá méadú tagtha ar líon na scoláirí atá ag saothrú i ngort na logainmneacha agus is comhartha é sin de bhreis suime i logainmníocht. Ina measc tá teangeolaithe, stairithe, tíreolaithe, seandálaithe, stairithe áitiúla agus gnáth-dhaoine ag déanamh taighde ar logainmneacha agus ar mhion-logainmneacha. Tá cuid acu tar éis

79 W. F. H. Nicolaisen, 'The world of names' in *Ainm*, vii (Belfast, 1996-1997), lch. 28.

80 I r-phost chugam ón Dr Patrick Mc Kay, 21 Deireadh Fómhair 2009.

81 Stockman (gen. ed), *Place-names of Northern Ireland*, (Belfast, 1996), Kay Muhr (ed.), iv, *County Down*, Introduction, lgh. x,xi.

torthaí a gcuid taighde a chur ar fáil dúinn in irisleabhair chumann staire agus seandálaíochta chomh maith le hirísí ar nós *Celtica*, *Studia Hibernica*, *Éigse*, *Onoma*, *Nomina* agus *Bulletin of the Ulster Place-name Society* (*Ainm* anois).

Ó thaobh mionlogainmníochta de tagraíonn Nollaig Ó Muraíle don 'astonishingly rich substratum of microtoponymy still surviving' agus liostaíonn sé foileacháin bhainteacha éagsúla na gceannróadaithe sa *genre* seo ar nós Pádraig Ó Siochfhradha agus Breandán Ó Cíobháin.⁸² Dar le Jacinta Prunty,

Comparative work on Dún Chaoin, County Kerry and Kilcock, County Kildare, undertaken by Irish language scholar Mícheál Ó Dúbhshláine, displays the wealth of placenames which field research at local level reveals. Fields and ditches, bóithrín and small patches of garden, crossroads, mountain paths and streams, every headland, cliff, bay and beach, each with its own name and local associations are most richly preserved in Gaeltacht districts but still accessible elsewhere in Ireland.⁸³

Maidir leis seo freisin ní foláir *Suirbhé Logainmneacha Chorcaí agus Suirbhé Áitainmneacha Chiarraí* faoi stiúir ag an Dr. Eamon Langford a lua. Tá na mílte mion-áitainmneacha de pháirceanna, agus gnéithe neamhoifigiúla eile bailithe acu. Bhí na hainmneacha seo i mbaol a bheith cailte de bharr na n-athruithe éagsúla atá ag baint leis an saol nua-aoiseach agus chomh maith leis sin an gnáth-chailteanas a tharlaíonn ó ghlúin go glúin. Ócáid mhór ab ea seoladh *Cartlann Logainmneacha Chiarraí* i dTeach Mucrois, Cill Áirne, ar an 4ú lá de mhí an Mheithimh 2010. Bheadh sé fiúntach dá n-eagrófaí tionscadail chosúla i ngach contae ach ní hionann é sin is a rá nach bhfuil rudaí ag borradh i gcontaetha áirithe cosúil leis an tionscadal mionainmneacha atá á eagrú faoi láthair i gcontae na Mí, *The Meath Fieldnames Research Project*. Faoi gcomhordaitheoir Joan Mullen bhí líon 17,500 ainmneacha bailithe faoi mhí Eanáir 2012 agus dar ndóigh tá an líon sin méadaithe go mór ó sin i leith.

Cuireann W. F. H. Nicolaisen béim ar fhiúntas na hoibre seo nuair a deir sé, 'It is nevertheless striking that such a wealth of purely orally transmitted names should still be extant in any district, a wealth of which the ordinary map-user is normally completely unaware. It is this wealth of unrecorded names, then, which is to be harvested by the

82 Ó Muraíle, 'Settlement and placenames' in Duffy *et al* (eds), *Gaelic Ireland*, lch 225.

83 Prunty, *Maps and map-making in local history*, lch. 145.

field-worker, and that with some urgency.⁸⁴ Luann Nicholas Williams gné thábhachtach áirithe d'ainmneacha páirceanna, 'Is minic a choinníonn siadsan fuaimniú dúchasach na Gaeilge sna háiteanna sin nach labhraítear a thuilleadh é.⁸⁵

Maidir le mo thaighde féin tá sé ar intinn agam foghlaim ó mhodhanna na gceannródaíthe agus na saineolaithe atá luaite agam agus go mórmhór ó mhodheolaíocht an Bhrainse Logainmneacha i mBaile Átha Cliath agus an Tionscadal Logainmneacha i mBéal Feirste chomh maith le modhanna na dtaighdeoirí acadúla agus ba mhaith liom cloí le caighdeáin arda a gcuid oibre. Mar adeir A. J. Hughes,

While it is important to engender a positive environment in the field of place-name study, one must not lose sight of the basic investigative procedures which are necessary to safeguard the academic standing of the subject. A careful and methodological approach to place-names, involving an examination of our earliest available written forms, is an absolute prerequisite if meaningful progress is to be made.⁸⁶

Leis an slat tomhais seo ar aigne agam ba mhaith liom cur le obair seo na logainmníochta ar bhealach beag trí thaighde a dhéanamh ar logainmneacha na mbailte fearainn i mbarúntachtaí Dhéise Uachtarach agus Dhéise Íochtarach, Contae na Mí.

84 W. F. H. Nicolaisen, 'Field-work in place-name research' in *Studia Hibernica*, i (Dublin, 1961).

85 Nicholas Williams, 'Na canúintí a theacht chun solais' in Kim McCone *et al* (eag/í), *Stair na Gaeilge in ómós do Pádraig Ó Fiannachta* (Maigh Nuad), 1994), lch. 467.

86 A. J. Hughes, 'On the Ulster place-names: Glynn, Glenavy, Carrickfergus and Forkhill' in *Ainm*, v. (Belfast, 1991-1993), lch. 92.

Caibidil 2

Béarlú na Logainmneacha

2.1 Béarlú na logainmneacha: go deireadh an 18ú haois

2.2 Béarlú na logainmneacha: An tSuirbhéireacht Ordanáis agus caighdeánú

Is í an chiall atá le Béarlú sa chaibidil seo ná tionchar an Bhéarla ar na logainmneacha Gaeilge. Ní aistriúchán a phléitear anseo, cé gur tharla sé uaireanta, ach traslitríú. Is é a thit amach ná gur cuireadh litriú Béarla ar fhormhór na logainmneacha dúchasacha bunaithe ar fhuaim na logainmneacha sin. Dá bhrí sin is é atá i gceist anseo ná conas a tháinig dealramh an Bhéarla ar na logainmneacha Gaeilge. Le linn dó a bheith ag trácht ar mhapaí luatha na hÉireann, cuireann J. H. Andrews é seo in iúl dúinn: 'Most Irish placenames have been transmitted through the English language before gaining entry to a map.'¹ I gcoitinne is féidir linn a rá ó thaobh mórchuid na logainmneacha Gaeilge i gcáipéisí stáit agus eaglasta ón 12ú haois i leith ná gur scríobhadh síos cuid díobh i Laidin nó san Angla-Normainnis² (< an Fhraincís Normannach) ar dtús ach gur baineadh feidhm as Béarla diaidh ar ndiaidh chun iad go léir a sheachadadh.

Gan amhras ba é an Angla-Normainnis a labhair ceannairí na n-ionraitheoirí agus ceannairí na n-eaglaiseach sa 12ú haois ach ba é an Béarla teanga chumarsáide na ngnáth-lonnaitheoirí. Léiríonn McManus an scéal mar seo: 'An Angla-Normainnis a labhair na barúin féin agus na príomheaglaisigh ach ba é an Béarla teanga fhurmhór na dtionóntaí a lean na barúin agus a shocraigh sa tír. Bhí Breatnaigh agus Pléimeannaigh ina measc freisin, ach ní léir go raibh tionchar suntasach ag a dteangacha siúd ar an nGaeilge.'³ Leanann sé mar seo: 'Bhí an Angla-Normainnis faoi bhláth i measc na huasaicme i Sasana sa 12ú haois ach ón 13ú haois amach bhí sé ag cúlú roimh an mBéarla.'⁴ Ba mhar an gcéanna an scéal in Éirinn. 'Mhair an teanga [Angla-Normainnis] mar *lingua franca* i ngnóthaí dlí, cirt agus riaracháin go ceann tamaill ...'⁵

1 J. H. Andrews, *Shapes of Ireland: maps and their makers 1564-1839* (Dublin, 1997), lch. 20.

2 'During the end of the thirteenth century ... French was a common second language in England. Many of these L2 speakers of French had little contact with continental varieties of medieval French and as a result the French spoken in England (Anglo-Norman) quickly diverged, both syntactically and phonologically from the French spoken at the time.' J.C. Clements, M.E. Solon, J.F. Siegel & B. Devan Steiner (eds), *Middle English influence on late Anglo-Norman syntax: the effect of imperfect L2 acquisition* (IULC Publications, 2010), lch. 99.

3 Damian McManus, 'An Nua-Ghaeilge chlasaiceach' in Kim McCone et al (eag/í), *Stair na Gaeilge in ómós do Pádraig Ó Fiannachta* (Maigh Nuad, 1994), lch. 439.

4 Ibid., 442.

5 Ibid., 442.

ach de réir a chéile ba é an Béarla a úsáideadh mar theanga laethúil chumarsáide i measc na n-uaisle mar a rinneadh i measc na n-ísle cheana féin. Míníonn Nollaig Ó Muraíle an scéal mar seo, '

While early post-Norman documents contain a fair proportion of Norman-French place-names, very few have survived down to recent times. And where they *have* survived, it is usually in strongly anglicised forms, reflecting, no doubt, the way one language gave way to the other ... the predominant languages in relation to Irish toponymy are Irish and English ...⁶

D'fhéadfaí a aontú le J. H. Andrews i gcoitinne nuair a mholann sé go bhfuil dhá ré stairiúil i mBéarlú na logainmneacha Gaeilge. Thosaigh 'an chéad ré' lena héagsúlacht ortagrafaíochta le teacht na nAngla-Normannach agus lean sé ar aghaidh thar na haoiseanna le lonnaitheoirí nua ag teacht i rith na bplandálacha agus go háirithe in aimsir na Nua-Ghall ó lár an 17ú haois i leith. Chríochnaigh an ré seo, an ré thrialach, mar adéarfá, ó thaobh litriú na logainmneacha de, faoi dheireadh an 18ú haois. De réir Andrews, 'The exact chronology of this sequence obviously varies from one name to another, but for many Irish names a period of experimentation was completed in the course of the eighteenth century...'⁷ Míníonn Gillian Doherty scéal litriú na logainmneacha go beacht mar seo:

Placenames change naturally over time and leave a record of diverse forms and spellings. In Ireland, the literary record showed the influence on toponymy of Viking, Anglo-Norman, medieval, Elizabethan and Jacobean variants ... Anglicization, population growth and land reclamation in the eighteenth and nineteenth centuries led to further variation in names, and gave rise to new names for the new settlements. Toponymic difficulties were compounded because there were no established official, legal or administrative forms of names, only common forms that derived from general use and tradition.⁸

Lean an 'period of experimentation' go dtí gur dlúthaíodh agus caighdeánaíodh an litriú Béarla sa 'dara ré' i stair na logainmneacha le linn obair na Suirbhéireachta Ordanáis sa 19ú haois agus go háirithe i ndoiciméid agus i mapaí na chéadsuirbhéireachta ó 1824 go dtí 1841. Déantar cur síos mar seo a leanas ar an dá ré seo i mBéarlú na logainmneacha Gaeilge.

6 Nollaig Ó Muraíle, 'Settlement and place-names' in P. J. Duffy *et al* (eds), *Gaelic Ireland c. 1250 – c. 1650 land, lordship and settlement* (Dublin, 2001), lgh. 224-25

7 J. H. Andrews, '“More suitable to the English tongue”: The cartography of Celtic placenames' in *Ulster Local Studies*, vol. 14 No. 2 (Belfast, Winter 1992), lch. 9.

8 G. M. Doherty, *The Irish Ordnance Survey: history, culture and memory* (Dublin, 2004), lch. 18.

2.1 Béarlú na logainmneacha: go deireadh an 18ú haois

Thosaigh an chéad ré tar éis teacht na nAngla-Normannach nuair a breacadh síos na logainmneacha Gaeilge diaidh ar ndiaidh i gcruth an Bhéarla ina lán doiciméad, mar shampla, i gcáipéisí eaglasta cosúil le *Calendar of Christ Church Deeds*, i dtaifid riaracháin stáit cosúil le rollaí seansaíreacht agus rollaí cairteanna, mar shampla *Rotulorum patentium et clausorum cancellariae Hiberniae calendarium c. 1216-1509*. Dar ndóigh bhí foirmeacha eile de na logainmneacha i scríbhinní cosúil le *Topographia Hiberniae* (teanga seachadta, Laidin) agus *La Geste Des Engleis En Yrlande* (teanga seachadta, an Fhraincís-Normannach). Ar aghaidh ansin go dtí cáipéisí fíor-thábhachtacha i gcomhair foirmeacha Béarla ar nós *Fiants* na dTúdarach, na hionchoisní, na litreacha paitinne agus na suirbhéithe ó thréimhse an 16ú-17ú haois.

Is ríthábhachtach an tSuirbhéireacht Shibhialta (*Civil Survey*) 1655,⁹ an *Down Survey* 1657,¹⁰ Daonáireamh na hÉireann (*Pender's Census*) 1659¹¹ agus na Leabhair Shuirbhéireachta agus Dháilte (*Books of Survey & Distribution*)¹² ó thaobh Béarlú na logainmneacha de. Sna suirbhéithe seo liostaítear áiteanna agus sealbhóirí na n-áiteanna de réir aonaid riaracháin na tíre: contae, barúntacht, paróiste agus baile fearainn. Dar le G. B. Adams, 'Many placenames occur in anglicized spellings in the fiants and pardons granted to Irish individuals but the most valuable sources are the land surveys made in connection with confiscations and plantations of territory since these frequently lay down for the first time the exact boundaries and extent of the areas named.'¹³

In Acht an tSocraithe (*Act of Settlement*) 1662 áiríodh mar phrionsabal go n-aistreofaí na logainmneacha Gaeilge go Béarla toisc go raibh siad 'barbarous and uncouth'. Níor tharla mar a ordáíodh, áfach. Gan amhras bhronn na coilínithe ainmneacha ina dteangacha féin ar bhailte nua, sráidbhailte nua, tithe móra agus feirmeacha nua ach i gcoitinne ghlac na sealbhóirí nua leis na logainmneacha a bhí ann cheana féin agus

9 Féach: R. C. Simington, *The Civil Survey, A.D. 1654-56, v: County of Meath with the return of tithes for the Meath baronies* (I.M.C., Dublin, 1940).

10 Féach: Y. M. Yoblet, *A Topographical index of the parishes and townlands of Ireland in Sir William Petty's MSS, barony maps (c. 1655-9) and Hiberniae Delineatio (c. 1672)* (Dublin, 1932).

11 Féach: S. Pender (ed.), *A census of Ireland, circa 1659, with supplementary material from the poll money ordinances (1660-61)* (Dublin, 1939).

12 Féach, mar shampla, MS. G vi 2: 'Books of Survey and Distribution, vol. V, East Meath & Louth, Stowe & Ashburnham Collection' in Acadamh Ríoga na hÉireann.

13 G. B. Adams, 'Prolegomena to the study of Irish placenames' in *Nomina*, ii (1978), lch. 51.

rinne na suirbhéirí agus lucht déanta na mapáí iarracht na logainmneacha seo a scríobh de réir mar a chuala siad iad. Dar le J. H. Andrews, '... most cartographers are happy enough to survey names with the same 'non-judgmental' objectivity that they would bring to any other topic.'¹⁴ De réir Kay Muhr, 'By the time of the Plantation of Ulster in the 17th century the system of townland units and their names already existed and this was adopted more or less wholesale by the English- and Scots-speaking settlers ... However, the language-shift, assisted by the official policy that discriminated against Irish led to the Anglicization of all names to the exclusion of Irish versions.'¹⁵ Mar thoradh chuaigh an Béarla i bhfeidhm go mór ar na logainmneacha Gaeilge agus truaillíodh iad. Pléifear cuid de na fadhbanna a bhaineann le tionchar an Bhéarla ar na logainmneacha.

Ar an gcéad dul síos ba bheag seans a bhí ag aon chartagrafaí nó suirbhéir foirmeacha Gaeilge logainmneacha na hÉireann a fheiceáil i gcáipéisí sa 16ú, nó fiú sa 17ú haois. Is beag díobh a bhí priontáilte agus bhí an chuid is mó de na cáipéisí Gaeilge i seilbh úinéirí príobháideacha. Ina thaobh seo agus le linn dó a bheith ag trácht ar shaothar an chartagrafaí Robert Lythe in Éirinn idir 1568 agus 1571 fiafraíonn J.H. Andrews, go retriciúil '... would someone like Lythe ever have seen any Irish name written down in what literate Irishmen would have regarded as their correct Irish spelling?'¹⁶ Míníonn sé chomh maith an tuiscint, nó i ndáiríre an easpa tuisceana, a bheadh ag Sasanach sa lá atá inniu ann ar scríbhneoireacht Ghaeilge dá mbeadh sí ós a chomhair: 'What strikes a modern Englishman about written Irish is a number of letter-sequences, or graphemes which without instruction he would find quite impossible to translate into sounds, or, conversely, to infer from the sounds uttered by Irish speakers.'¹⁷ Le linn dó a bheith ag trácht ar logainmneacha i gcartagrafaíocht i leabhar eile dá chuid, tá an méid seo le rá freisin ag Andrews:

Finding Ireland's original placenames difficult to speak or write ... he [Sasanach nó Éireannach gan Ghaeilge] would probably first approximate not very closely to the local pronunciation, and then transcribe what he had said either phonetically or according to the English orthographic conventions of the time, in any case deviating radically from the

14 Andrews, *Shapes of Ireland: maps and their makers*, lch. 20.

15 Stockman (gen. ed.), *Place-names of Northern Ireland* : G. Toner and M. Ó Mainnín (eds), *Co. Down I: Newry and South-West Down* (vol. 1, Belfast, 1992), xii.

16 J. H. Andrews, 'The maps of Robert Lythe as a source for Irish place-names' in *Nomina*, xvi (1992), lch. 15.

17 *Ibid.*, 15.

Irish form. The two languages are so different that this operation might well give different results each time it was performed, but in many instances one spelling would gradually and for no obvious reason establish itself as 'correct'.¹⁸

Luaitear míniú beacht Éamonn de hÓir (*Onoma* 17, 1972-3) i réamhrá *Liostaí Logainmneacha: Contae Thiobraid Árann* ar fhadhbanna scríbhneoirí Sasanacha agus iad ag iarraidh dul i ngleic le logainmneacha Gaelacha i bpróiseas ar a dtugann sé an téarma *transliteration*,

...The accuracy with which the Irish name heard by the Englishman was recorded in writing by him was limited in the first place by his capacity for hearing and distinguishing unfamiliar sounds and in the second place by the capacity of the orthography he was using for indicating the sounds he heard ...¹⁹

Bhí na scríobhaithe ag plé le fuaimeanna aduaine chomh maith le hortagrafaíocht uireasach an Bhéarla chun urú (mar shampla, 'Cúil na **g**Caorach'), nó séimhiú (mar shampla 'An Chill **Mh**ór') seachas aon rud eile a thaispeáint. Treisíonn E.H. Gombrich, stairí ealaíne iomráiteach a rugadh san Ostair agus a chaith an chuid is mó dá shaol sa Bhreatain Mhór, an pointe mar seo:

The foreigner imitates the sounds of the new language as far as the phonemes of his native tongue allow. The motor habits acquired early in life will not only condition his speech but also the way he "hears" the language. His original schemata have conditioned him to watch out for certain distinctive features while ignoring other variations of sound as irrelevant ...²⁰

Luann Pádraig Ó Cearbhaill deacrachtaí eile a bhaineann le foirmeacha traslitríthe seachas na fadhbanna réamhluaithe i dtaobh claochluithe tosaigh: '... [feictear] easpa rialtachta i leith fóinéimeanna Gaeilge: i leith caoile agus leithne consan ... [bíonn] fuaim an ghuta -y débhríoch ... Ní aithnítear idir gutaí fada agus gearra go rialta ... Fágtar guta deiridh neamhaiceanta na Gaeilge ar lár ar uairibh ...'²¹ agus a thuilleadh nach iad. Mar thoradh ar na fadhbanna seo ní haon ionadh go gceiltear foirmeacha bunúsacha na logainmneacha Gaeilge.²²

18 Andrews, *Shapes of Ireland: maps and their makers*, lch. 21.

19 *Liostaí Logainmneacha :Contae Thiobraid Árann* (Baile Átha Cliath, 2004), lch. xxxiv.

20 E. H. Gombrich, *Art and illusion: A study of the psychology of pictorial representation* (Princeton University Press, 1972), lch. 364.

21 Pádraig Ó Cearbhaill, *Logainmneacha na hÉireann II: Cill i logainmneacha Co. Thiobraid Árann* (BAC, 2007), lgh. 10, 11.

22 Féach freisin: Raymond Hickey, *The dialects of Irish : study of a changing landscape* (Berlin/Boston, 2011) lgh. 345-371

Tugann J.H. Andrews *dictation* ar an bpróiseas inar tharla traslitríú na logainmneacha Gaeilge go Béarla le linn dó a bheith ag trácht ar obair na gcartagrafhaithe in Éirinn cé go n-adhmaíonn sé nach bhfuil an téarma *dictation* oiriúnach ar fad,

Of course it was not the cartographer himself who took the fateful step from speech to writing. It may well have been his source who received the dictation ... but as long as the sequence of copying and recopying had begun with a non-Celtic monoglot recording what he heard, then the name at the end of the chain, the name on the map, can count as a dictated name.²³

Déanann sé cur síos ar an éagsúlacht litrithe a tharlaíonn mar thoradh. D'fhéadfadh an 'o' a bheith scríofa mar 'oh', 'ow', 'owe', 'oe', 'ough' 'oe', 'ough' or 'ew'. Nó baineadh úsáid as focail léacsacha Bhéarla le haghaidh eilimintí sna logainmneacha Gaeilge mar seo a leanas: *batter* (bóthar), *boy* (buidhe), *carrick* (carraig), *drum* (druim), *glass* (glas), *inch* (inis), *kill* (cell, cill), *knock* (cnoc), *letter* (leitir), *more* (mór), *Anna* (eanach), *Garry* (garrdha), *Owen* (abhainn) *Ross* (ros), *Terry* (tír) *Tom* (tuaim).²⁴ Níorbh iontu seo ach áiseanna nó cabhracha foghraíochta ach léiríonn siad cuid de na fadhbanna a bhí ag na suirbhéirí agus lucht déanta na mapaí. Taispeánann siad freisin go hindhíreach cuid de na deacrachtaí le haghaidh logainmeolaithe ag obair i malairt treo.

I dtaobh thruailliú na logainmneacha Gaeilge deir Hans Claude Hamilton, eagarthóir na n-eagrán luatha de na *Calendar of State Papers*, 'Some of the clerks who made the copies were rather careless, and not being acquainted with the localities they were writing about, miscopied and obscured the names ...'²⁵ Tagraíonn Breandán S. Mac Aodha go sonrach do na fadhbanna a bhaineann le Léarscáil Phetty, '... bíonn cló Petty do-léite in a lán cásanna agus cuireann sin le deacracht na haithinte. Meashtar B le D, F le S, A le I, U le V, R le N, C le G ina lán ainmneacha.'²⁶ In alt eile tugann Mac Aodha le fios dúinn le samplaí ó bharúntacht an Dúin Mhoir i gCo na Gaillimhe, go mbíonn litriú aduain ar na logainmneacha go minic, go mbíonn siad truailithe go mór agus go mbaineann Petty úsáid as giorrúcháin ar ainmneacha áirithe.²⁷ Tagraíonn Kay Muhr do fhadhbanna na scríobhaithe freisin agus deir sí gur furasta dearmaid a dhéanamh sa

23 Andrews, '“More suitable to the English tongue”' in *Ulster Local Studies*, vol. 14, No. 2, lgh. 12,13.

24 Ibid., 13.

25 H. C. Hamilton, *Calendar of state papers* [1509-1573 etc.], preface xli.

26 Breandán S. Mac Aodha, 'Aithint na n-áitainmneacha ar léarscáil Phetty: Mionstaidéar ar Iarthar na Gaillimhe' in *Ainm*, v (Belfast, 1991-1993), lgh. 37, 38.

27 Idem, 'Áitainmneacha an Dúin Mhoir ar léarscáil Phetty' in *Ainm*, v (Belfast, 1991-1993), lch. 85.

trascríobh ach gur dóichíde ar fad é nuair a bhítear ag trascríobh logainmneacha aduaine ó theanga iasachta:

Mistakes could occur in any transcription but were particularly likely when the language or names being copied were unfamiliar. There is a long history of confusion in the Roman Alphabet between letters of the type *i, u, n, m, w* ... the simple pair *ui* may be read as *iu, ni, in, m,* or *w*. Another common error is the confusion of long *s* (ſ) and *f*.²⁸

De thoradh na ndeacrachtaí seo truaillíodh a lán logainmneacha Gaeilge agus déantar taighde logainmníochta níos deacra dá bharr.

Is deacracht eile é do logainmeolaithe an sórt truaillithe a thagann ar logainm cumtha de dhá fhocal nó níos mó in ord agus i ndeilbhíocht na Gaeilge. Faoi thionchar an Bhéarla laghdaítear líon na bhfocal go focal amháin Béarlaithe seachas aon rud eile. Mar thoradh ar an bhforás seo bíonn an baol ann go ngiorrófar na siollaí gearra nó go mbáifear iad ar fad agus go gcomhshamlófar na consain. Tugann Alan Crozier an téarma 'obscuration' ar an bpróiseas seo agus dar leis cruthaítear 'an opaque simplex word' dá thoradh²⁹ Tabhair faoi deara na solaoídí bf. 'Baile Loistreáin' [D] i bparóiste *Lusk*, barúntacht *Balrothery East*, Baile Átha Cliath atá Béarlaithe mar *Ballystrane* agus bf. 'Coill idir Dhá Abhainn' [D] i bparóiste Dhroim, Uíbh Fhailí atá Béarlaithe mar *Killadrown*. Níl teorainnacha na bhfocal le sonrú sa bhfoirm Bhéarlaithe ar an gcéad amharc mar tá siad gleanaithe le chéile. Is fadhb é go minic don taighdeoir an cineál deilbhíochta seo i logainmneacha Béarlaithe ó thaobh a léirmhíneithe.

Bhí tionchar freisin ag 'Athrú Mór na nGutaí Fada', gné thábhachtach den fhorás ó Mheán-Bhéarla go Nua-Bhéarla ar Bhéarlú na logainmneacha in Éirinn. Is ábhar conspóideach é 'The Great Vowel Shift'. Dar le Melvyn Bragg, 'The Great Vowel Shift can take a lifetime to investigate and another to explain ... but the main point, I trust, is this. Printing had largely fixed spellings before the Great Vowel shift got under way. So to a large extent our modern spelling represents a pre-GVS system, whereas the language as a result of the GVS has changed enormously.'³⁰ Tagraíonn K. W. Nicholls don fhadhb mar seo, 'The great English vowel-shift of the sixteenth to eighteenth

28 Stockman (gen. ed.), *Place-names of Northern Ireland* : Toner & Ó Mainnín, *County Down I* (vol. 1, Belfast, 1992), xii. xii.

29 Alan Crozier, 'On the transparency of place-names in Ireland, England and Sweden' in *Ainm*, iii (Belfast, 1998), lgh. 49, 51.

30 Melvyn Bragg, *The adventure of English: The biography of a language* (London, 2003), lch. 101.

centuries has obscured the exactness of the phonetic transcription of Gaelic names by bilingual Anglo-Irish scribes ...³¹ Pléann Eoin Mac Neill an fhadhb seo freisin: 'A further stage in the transformation of names came with the time of the great expropriations of the sixteenth and seventeenth centuries, when the place-names began to be written in forms reflecting the pronunciation of English at that period, by no means the same as the pronunciation of English in our own time.'³² Ina thaobh seo deir Kay Muhr: 'It is clear that some spellings used in place-names no longer signify what they did when first anglicized. The -y in the common elements "bally-" and "derry-" was selected to represent the final vowel in the corresponding Irish words *baile* and *doire* (the same sound as the *a* in "above") but this vowel is now usually pronounced as a short *ee* as in English words such as *happy*, *sorry*.'³³ Tugann McManus solaoidí coitianta seachas logainmneacha i dtaobh na n-athruithe /a:/ > /e:/, /e:/ > /i:/ agus araile.³⁴ Le linn dó a bheith ag tagairt do fhocail a tháinig isteach mar iasachtaí cuireann sé in iúl, 'gurb iad luachanna an Mheán-Bhéarla atá ag tromlach na bhfocal iasachta ... sa Ghaeilge, mar atá: /a:/ in áit /e:/ in *fábhar* 'favour' ... /e:/ (=M.Brl. /ɛ:/) in áit /i:/ in *plé* 'plea' ... srl.³⁵ Cuireann Hickey in iúl dúinn chomh maith gur tharla gnéithe den GVS níos déanaí in Éirinn ná i Sasain.³⁶

(B'fhéidir gur lean siad níos faide freisin. Uair éigin sna daicheadaí bhí mo mháthair ag éisteacht le feirmeoir i mbialann lá an aonaigh i m'áit dhúchais agus nuair a fuair sé a bhéile dúirt sé, '*Hom is nate mate*' in ionad '*Ham is neat meat*'. Is dócha nach raibh taithí aige ach ar bhágún garbh na tuaithe ag an am sin nuair a mharaigh na feirmeoirí muc in aghaidh na bliana. Ar aon nós, is amhlaidh gur mhair sean-fhuaimniú an Bhéarla Éilísigh le fada in áiteanna!)

Tá gá le tuilleadh taighde ar an bhfadhb chasta seo i ndáil le logainmneacha Béarlaithe.

I gCaibidlí 3 agus 4 faoin teideal 'Na Fianuithe' .i. na foirmeacha stairiúla, tugtar tábla fianaise i gcomhair gach logainm ina bhfaightear raon leaganacha stairiúla bainte ó fhoinsí difriúla. Feictear iontu an éagsúlacht litrithe pléite anseo ón tréimhse fhada sin roimh chaighdeánú na logainmeacha faoin tSuirbhéireacht Ordanáis sa 19ú haois.

31 K. W. Nicholls, 'The protean placename' in John Carey *et al* (eds), *Cín chille Cúile* (Aberystwth, 2004), lch. 225.

32 Eoin Mac Neill, 'Our place-names' in *JRSAI*, lxxviii (Dublin, 1938), lch. 192.

33 Stockman (gen. ed.), *Place-names of Northern Ireland* : Toner & Ó Mainnín, *County Down I* (vol. 1, Belfast, 1992), lch. xiii.

34 McManus, 'An Nua-Ghaeilge chlasaiceach' in Kim McCone *et al* (eag/i), *Stair na Gaeilge*, lch. 444.

35 *Ibid.*, 444.

36 Mar shampla, 'long U-retention town [tu:n] <oo>, toone [attested until] early 18c' in Raymond Hickey 'Feature loss in nineteenth century Irish English': [http://www.uni-due.de/~lan300/43_Feature_Loss_in_19c_Irish_English_\(Hickey\).pdf](http://www.uni-due.de/~lan300/43_Feature_Loss_in_19c_Irish_English_(Hickey).pdf).

2.2 Béarlú na Logainmneacha: An tSuirbhéireacht Ordanáis agus Caighdeanú na Logainmneacha

Sa 19ú haois bhí suirbhéireacht nua de dhíth mar thoradh ar chúiseanna éagsúla riaracháin go mórmhór toisc go raibh géarghá le córas nua cánachais. Dar le Jacinta Prunty,

The county cess was levied on occupiers of property according to its rateable valuation; without accurate, independent and up-to-date surveying, the basis upon which this local tax was built was notoriously inequitable. Very many different parties had an interest in a country-wide survey, including the census commissioners, whose ambition to calculate population densities could not be achieved without maps which included exact areas of parish and townland unit.³⁷

Míníonn Gillian Doherty an riachtanas mar seo, 'Unlike with previous initiatives, the primary reason for the new survey of Ireland was reform, and supporters consciously emphasised its civil, not military, origins and nature'.³⁸ Léiríonn sí cúis eile ó thaobh logainmneacha de, 'Growth in literacy, greater volume and availability of publications and expansion of government created a demand for standardized spelling.'³⁹

Ní féidir le taighdeoirí dul i ngleic go cuimsitheach le logainmneacha na hÉireann gan aird a thabhairt ar obair na Suirbhéireachta Ordanáis 1824 – 1841 faoin Maor Thomas Colby i Londain agus an Leifteanant Thomas Larcom i mBaile Átha Cliath agus go háirithe ar obair an Donnabhánaigh, scoláire Gaeilge den scoth i dteannta lena chomhghleacaithe sa Rannóg Topagrafaíochta. Bhí orthu siúd plé le foirmeacha éagsúla na logainmneacha Béarlaithe sna foinsí a bhí ar fáil dóibh d'fhonn teacht ar fhoirmeacha caighdeánacha ionas go bhféadfaí dul ar aghaidh le greanadóireacht na mapaí. Is léir on bpíosa seo a leanas gurbh eol don Donnabhánach cé chomh tábhachtach agus a bhí an obair cheannródaíoch seo:

We in Irish Antiquarian Research, like Lord Bacon in Natural Philosophy, shall have to strike out new modes of investigation. We must pursue the inductive system, that is, first amass a large collection of facts, and then draw such conclusions as these facts

37 Jacinta Prunty, *Maps and map-making in local History* (Dublin, 2004), lch. 112.

38 Doherty, *The Irish Ordnance Survey*, lch. 12.

39 Ibid., 18.

will warrant. Truth will never be illustrated in any other way.⁴⁰

D'aithnigh sé freisin gur ghné thábhachtach é an obair sa ghort nó an saothar allamuigh seachas taighde acadúil. Mar shampla, nuair a bhí an logainm 'Taillteann' á iniúchadh aige i gcontae na Mí, deir sé i litir dátaithe 12ú Iúil 1836 ó Cheannanus Mór:

Fortunately however, it happens that the Irish language is still spoken in the neighbourhood, which enables me to put it on record that the place which the English speaking people call Telltown is invariably called Taillteann by the Irish, which, joined with the traditions connected with the Rath and with its description by Colgan as near Donaghpatrick, perfectly identifies it with the Olympic Games of Looee.⁴¹

Cuireann Art Ó Maolfabhail an méid seo in iúl dúinn, 'Ón mbliain 1834 go dtí an bhliain 1841 thaistil Ó Donnabháin agus cuid dá lucht cúnta timpeall na tíre chun foirmeacha tradisiúnta Gaeilge na n-ainmneacha a chur san áireamh le haghaidh cheartshocrú a bhfoirmeacha Béarla'.⁴² Is iad na hAinmleabhair agus na Litreacha na foinsí is tábhachtaí i measc cáipéisí na Suirbhéireachta Ordanáis ó thaobh logainmneacha de. De réir Jacinta Prunty maidir leis na hAinmleabhair de, 'The Ordnance Survey parish name books are the starting point for serious local history enquiries into place-name origins, and an essential complement to the maps (manuscript and published) of the Survey.'⁴³ Deir sí freisin,

The field name book in the first instance, provided the raw material on which a team of Irish language scholars set to work ... Each name book is signed and dated by the officer responsible. These are the namebooks delivered to John O' Donovan as he and a small number of colleagues worked on the orthography of placenames ... He annotated the field books, posted them back to the OS and headquarters and specified which volumes he now required.⁴⁴

Baineadh foirmeacha na logainmneacha as léarscáileanna, liostaí riaracháin, foinsí scríofa eile chomh maith le dul i gcomhairle le mionuaisle áitiúla, daoine léannta eile, ministrí religiúin agus sagairt pharóistí. Scríobhadh na foirmeacha éagsúla agus údar gach foirme sna hAinmleabhair - bhí leabhar amháin ar a laghad le haghaidh gach

40 Herity, *OSL Meath*, lch. xxi.

41 Ibid., 3,4.

42 Art Ó Maolfabhail, *Logainmneacha na hÉireann I: Contae Luimnigh* (Baile Átha Cliath, 1991), lch. xv.

43 Prunty, *Maps and map-making in local history*, lch. 144.

44 Ibid., 138.

paróiste dlí. Bhí gach dhá leathanach aghaidhe sna hAinmleabhair roinnte i gcúig rannán, gach ceann le ceannteideal ag tosnú ar thaobh na láimhe clé mar seo: *Received Name, Orthography, Authority* [le haghaidh na hortagrafaíochta], *Situation* agus *Descriptive Remarks*. Is foinsí tábhachtacha eile iad freisin na Litreacha a scríobh Ó Donnabháin agus a chomhghleacaithe le linn dóibh a bheith 'ag obair sa ghort'. Míníonn Jacinta Prunty *modus operandi* Uí Dhonnabháin maidir lena obair allamuigh.⁴⁵ Mar shampla, bhuaileadh sé leis na daoine ba shine ina n-áiteanna cónaithe chun fuaimniú na logainmneacha a chloisint agus labhródh sé leis na daoine léannta thuasluaite ag lorg eolais a chabhródh leis. Scríobhfadh sé go dtí Rannóg na Suirbhéireachta chun ceisteanna áirithe a fhiosrú sna doiciméid i gColáiste na Trionóide, in Acadamh Ríoga na hÉireann, i Leabharlann Marsh agus i leabharlanna eile ag lorg eolais faoi na logainmneacha nó ag iarraidh iad a dhearbhu.⁴⁶ Rinne sé féin an obair seo go minic.

Tar éis dó an fhianaise scríofa agus an fhianaise áitiúil a scrúdú shocraigh sé ar an bhfoirm a mholfadh sé le greanú ar na mapaí.⁴⁷ Ansin scríobh sé an leagan sin ag bun an rannáin faoin gceannteideal *Received Name* sna hAinmleabhair agus go minic scríobh sé an fhoirm Ghaeilge san áit chéanna nó ar bharr an leathanaigh. I rith na hoibre seo rinne sé iarracht na gnáth-eilimintí, mar shampla 'bally' nó 'kill', a chaighdeánú ionas gur choimeád siad an chiall bhunúsach chomh maith agus ab fhéidir. Is mór an trua nár socraíodh ar na foirmeacha Gaeilge le haghaidh na mapaí agus go hoifigiúil i gcoitinne. Ní raibh an dara rogha ag Ó Donnabháin agus a chomhghleacaithe, áfach, mar bhí siad ag fáil tuarastail ón tSuirbhéireacht Ordanáis faoi stiúiríú an Lt. Thomas Larcom le haghaidh sain-dhualgas a chomhlíonadh agus bhí seisean freagrach don Mhaor Thomas Colby i Londain.

Luann Mac Mathúna toradh an tsocraithe seo, 'It is immediately clear that this Manx-like orthographical solution to the Irish place-name problem facilitates approximate continuity in pronunciation across the two languages, but entails the abandonment of transparent topographical elements across names.'⁴⁸ Bíodh sin mar atá, is iad na

45 Ibid., 138-144.

46 Ibid., 144.

47 Féach: *General alphabetical index to the townlands and towns, parishes and baronies of Ireland* (Dublin 1861; reprint. Baltimore 1984) Based on the Census of Ireland for the year 1851, le haghaidh liosta oifigiúil na logainmneacha in ord aibíteach.

48 Liam Mac Mathúna, 'The topographical vocabulary of Irish: patterns and implications' in *Ainm*, iv (Belfast, 1989-90), lch. 159.

hAinmleabhair agus na Litreacha na príomhfhoinsí chun taighde Uí Dhonnabháin ar logainmneacha a iniúchadh inniu. Tá an fhoirm Ghaeilge agus a míniú i gcomhair cuid mhór de na logainmneacha le fáil sna hAinmleabhair cé nach raibh sé ar intinn iad a ghreanú ar na mapaí agus dá bhrí sin is foinse an-tábhachtach na hAinmleabhair i measc na bhfoinsí go léir le haghaidh logainmneacha Gaeilge. Bhí an ceart ag an Donnabhánach níos mó ná go minic ó thaobh na leaganacha Gaeilge ach de bharr an mhéid oibre a bhí le déanamh san oiread sin paróistí agus toisc nach raibh teacht aige ar na foinsí luatha go léir, rinneadh iomrall breithiúnais uaireanta. Ó am go chéile ní hionann an fhoirm Ghaeilge atá deimhnithe ag an mBrainse Logainmneacha anois agus an leagan molta ag Ó Donnabháin ag an am sin. Mheas sé i dtaobh *Culmullin* i mBarúntacht Déise Uachtarach, Contae na Mí, mar shampla, gurbh í 'Cúl Muilinn' an fhoirm Ghaeilge bhunúsach agus gur chiallaigh sé 'hill-back of the mill'⁴⁹ ach is í an fhoirm Ghaeilge 'Cúil Mhaoilín' atá deimhnithe ag an mBrainse Logainmneacha.⁵⁰ Déantar plé ar na foirmeacha difriúla seo i gcaidibil 4.

Is é an fhadhb a bhí ag an Donnabhánach ná go raibh sé ag brath go mórmhór ar fhoinsí ón 18ú agus ón 19ú haois ar nós *Memoirs* de chuid Beaufort 1792, *Monasticon Hibernicum* de chuid Archdall 1786, *Statistical Returns* de chuid Thompson 1807, *High Commissioner's Survey and Valuation Report* 1824, *Ecclesiastical History* de chuid Lanigan 1829 agus mapaí de chuid Larkin, Rocque agus Beaufort agus foinsí eile comhaimseartha. Bhain sé úsáid freisin as an *Down Survey* agus na hionchoisní ón seachtú haois déag. De réir Herity bhain sé úsáid chomh maith as an 'Irish Calendar', sé sin 'the *Annála Ríoghachta Éireann* and the printed works of Colgan'.⁵¹ Is leor sin go minic ach nuair is doiléir brí logainm is gá leaganacha luatha eile a chuardach.

Ina thaobh seo luann Hughes na dearmaid mhacánta a rinne Ó Donnabháin agus tugann sé na samplaí *Lambeg*/Lann Bheag agus *Glenavy*/Lann Abhaigh ar a dtugann an Donnabhánach 'Lámh Beag' agus 'Gleann Abhaic' faoi seach. Sa chéad chás is cosúil nach raibh fhios aige go raibh leaganacha Béarlaithe níos luaithe le fáil ar nós 'Lanndebeg' agus 'Lannbeg' le haghaidh 'Lann Bheag'.⁵² Is amhlaidh gur aistríodh an /n/ déadach deireanach sa siolla 'lann' i *Lannbeg* go /m/ liopach roimh /b/ liopach sa

49 Ainmleabhar na SO Mí 065, lch. 11 sa Chartlann Náisiúnta.

50 BLE faoi 'Culmullin' www.logainm.ie (29 Meán Fómhair 2010).

51 Michael Herity (ed.), *Ordnance Survey letters Meath* (Dublin 2001) lch xxii.

52 Luaite ag W. , lch. 172.

siolla 'beg' i bpróiseas teangeolaíochta ar a dtugtar comhshamhlú.⁵³ Sa dara cás roghnaigh Deirdre Flanagan *Glenavy* le haghaidh a hait 'Exemplary Guide to the Study of a Place-Name'⁵⁴ agus rinne sí miontochailt sna foinsí luatha ar nós na bhféilirí agus 'Bethu Phátraic' chomh maith le foinsí teangeolaíochta chun an fhoirm 'Lann Abhaigh' a aimsiú.

Roimh dhul ag obair le haghaidh na Suirbhéireachta Ordanáis chuir Ó Donnabháin mórán cáipéisí stairiúla agus topagrafacha in eagar le haghaidh foilsitheoireachta agus bhí a chuid oibre mar cheannródaí san obair seo an-tábhachtach dá shaothar sa Rannóg Topagrafaíochta. Dar le Stiofán Ó Cadhla, 'His early employment as a cataloguer, editor, transcriber and, more significantly, as a translator of old manuscripts, was an ideal preparation for his work with the survey.'⁵⁵ Nuair a dhún Rannóg Topagrafaíochta sa bhlain 1841 lean sé leis an obair eagarthóireachta. Bhí a mhóreagrán *Annála ríoghachta Éireann*, ar an gceann ba thábhachtaí díobh agus is foinse ríluachmhar inniu na hAnnála céanna le haghaidh taighdeoirí logainmneacha. 'Ná déantar dearmad choíche in Éirinn d'ainm Sheáin Uí Dhonnabháin ná dá shaothar éachtach' mar adeir Nollaig Ó Muraíle.⁵⁶

Ba é contae na Mí an deichiú contae ar a ndearna an Donnabhánach iniúchadh ó thaobh na logainmneacha de. Bhí sé de phribhléid agam na hAinmleabhair bhunúsacha le haghaidh an chontae seo a fheiceáil sa Chartlann Náisiúnta tar éis cead a fháil ó Phríomhoifeagach an Bhrainse Logainmneacha, Dónall Mac Giolla Easpaig, toisc nach raibh siad aistrithe go micrea-scannáin ag an am sin. Bhain mé úsáid freisin as eagrán na *Litreacha* ullmhaithe ag Michael Herity.⁵⁷ I ndáiríre níl mórán iontu siúd a bhaineann go dírech leis na logainmneacha idir lámha agam ach tugtar léargas maith ar shaothar Uí Dhonnabháin sa chontae seo. De réir Herity,

Two months was his first estimate of the time it would take to complete it ... [but] ... as he soon came to realize, its parishes are small, and would therefore occupy much time ... Problems familiar from counties surveyed earlier would also arise in Meath: it was difficult to plan out the centres at which he would

53 A. J. Hughes, 'Irish place-names: some perspectives, pitfalls, procedures and potential' in *Seanchas Ard Mhacha*, imleabhar 2, uimhir 1 (1976), lch. 125.

54 *Ulster local studies*, imleabhar 2, uimhir 1 (1976), lgh. 11-14.

55 Stiofán Ó Cadhla, *Civilizing Ireland: Ordnance Survey 1624 – 1842* (Dublin, 2007), lch. 171.

56 Nollaig Ó Muraíle, 'Seán Ó Donnabháin "An Cuigiú Máistir"' in *Léachtaí Cholm Cille*, xxvii (1997), lch. 75.

57 Herity, *OSL Meath*.

work without a full set of documents and extracts, and the search for literature had not begun early enough to make it available at each centre.⁵⁸

Ar aon nós bhí sé cleachta go maith lena chuid oibre faoin am a thosaigh sé i mí Iúil 1836. Mar sin féin bhí sé cúramach mar adeir sé i litir dátaithe 20ú Iúil 1836 ón Uaimh,

Please to have the usual watch over my decisions lest any mistake may be committed by the hurry of transcription or want of consideration. I certainly know a good deal about Irish nomenclature now after five years hard work, but still I feel very diffident on some names especially in such a County as Meath where almost every name is ridiculously anglicised.⁵⁹

Tagraíonn sé anois is arís do Bhéarlú na logainmneacha, mar shampla i litir dátaithe 30ú Iúil 1836 ó Cheannanus Mór, 'Meath has been so long in the possession of the English that a great number of the ancient names is obliterated, or so oddly anglicised that it is now almost impossible to identify them with their original appellations'.⁶⁰ Agus arís mar seo i Litir dátaithe 8ú Lúnasa 1836 ó Bhaile Átha Truim,

The names of townlands in Meath are most generally formed from those of families by the addition of town; and to agree with this, that is, to make as many names as possible terminate in town, the most ridiculous changes have been made, such as *Ballynaclogh* into Stonestown; *Portaun* (a little bank) to *Port-town*; *Taillteann* to *Tell-town*, and countless others.⁶¹

Chaith an Donnabhánach timpeall dhá mhí ag obair go dian ar ársaíochtaí agus ar bhunús na logainmneacha i gcontae na Mí. Ag deireadh na tréimhse sin bhí léargas maith aige ar Bhéarlú agus ar thruailliú na logainmneacha sa taobh seo tíre.

Ar an iomlán ní féidir a shéanadh ná go raibh tionchar ollmhór ag an mBéarla ar na logainmneacha Gaeilge. D'fhéadfaí a mholadh go raibh dhá thréimhse i mBéarlú na n-áitainmneacha i gcoitinne, sa chéad áit an tréimhse fhada 'thrialach' tar éis teacht na nAngla-Normannach go dtí aimsir na Nua-Ghall agus ar aghaidh nuair a bhí litriú na n-ainmneacha fánach agus neamhrialta, agus sa dara háit, tréimhse ghearr shuntasach na Suirbhéireachta Ordanáis nuair a caighdeánaíodh an litriú. Déantar plé ar na logainmneacha bainteacha faoi chúram sa tráchtas seo i gCaibidil 3 agus i gCaibidil 4.

58 Ibid., lch. x.

59 Ibid., 69, lgh. 25, 26.

60 Ibid., 95, lch. 36.

61 Ibid., [189], lch. 73.

Caibidil 3: Plé ar na Logainmneacha Béarla

Tionchar na nAngla-Normannach agus na Nua-Ghall

3.1: Logainmneacha: ainm duine + príomheilimint 'town'

3.2: Logainmneacha: cáilitheoir seachas ainm duine + príomheilimint 'town'

3.3: Logainmneacha Béarla eile

Cor cinniúnach i stair na hÉireann ab ea ionradh na nAngla-Normannach thiar sa 12^ú haois i slite éagsúla. *Inter alia* ba cheann de na gnéithe staire ba mhó tionchar ar logainmneacha na mbailte fearainn sna barúntachtaí Dhéise Uachtarach agus Dhéise Íochtarach i gContae na Mí ná lonnú na n-ionróirí. Choimeád na hAngla-Normannaigh cuid de na hainmneacha dúchasacha nuair a lonnaigh siad ach chum siad logainmneacha nua freisin. I gcoitinne bhain siad feidhm as an struchtúr 'ainm duine (sloinne nó ainm pearsanta) + 'tūn (> ton > town)' in áitainmneacha. Ar ndóigh bhain siad úsáid as míreanna eile chomh maith, mar shampla, an phríomheilimint 'tūn' le cáilitheoirí seachas sloinnnte nó uaireanta aicmitheoirí eile seachas 'tūn'.

De réir T. Jones Hughes tá 8,800 bailte fearainn le logainmneacha Béarla ó bhunús in Éirinn, is é sin 14%, den iomlán 62,205.¹ Sna logainmneacha seo, dar leis, faightear eilimintí ar nós *castle, court, farm, field, grange, hall, hill, land, mill, park, town* agus *wood*.² Is é 'town' an iarmhír is líonmhaire ina measc le líon 2,684 as 8,800 .i. 30% agus de réir Jones Hughes, tá sé le fáil níos flúirsí i Laighin thuaidh, iomlán Chontae na Mí san áireamh, ná in aon áit eile taobh amuigh de na barúntachtaí *Bargy agus Forth* i gContae Loch Garman; glaonn sé an *town zone* ar an gceantar seo.³

Is suntasach an líon logainmneacha leis an eilimint 'town' iontu atá faoi bhráid agam anseo, seachtó trí (73) as céad tríocha is cúig (135) nó céadatán 54%, i bhfad níos mó ná meán na tíre, 4.3%. Ba é teacht na nAngla-Normannach sa 12^ú haois lena gcóras feodach ba chúis leis an titim amach seo go bunúsach cé gur lean sé faoi lonnaitheoirí eile.⁴

¹ T. Jones Hughes, 'Town and *baile* in Irish place-names' in Nicholas Stephens and R. E. Glasscock (eds), *Irish geographical studies in honour of E. Estyn Evans* (Belfast, 1970), lgh. 245-46.

² *Ibid.*, 249.

³ *Ibid.*, 247-49.

⁴ De réir C.A. Empey, '... the term 'Anglo-Norman' is problematic. Historians of the middle ages usually apply this term to describe the ethnic mixture - English, French, Cambro-Norman, Flemish...' in *Irish Economic and Social History*, xiii, (1986); Úsáidtear an téarma sa chiall chuimsitheach seo.

Thug na hAngla-Normannaigh an feodachas leo go hÉirinn - modh nua rialaithe agus córas nua sealbhaíochta talún. Deir Paul MacCotter, áfach, go raibh córas buntúsach le tréithe feodacha ann cheana féin, '... I believe that the *trícha cét* system arose directly as a result of the greater power of the high-kingship, as manifested from Boraimhe's time onwards, with its centralizing and feudalizing tendencies, and its need for greater wealth and resources.'⁵ Más fíor do MacCotter, rinne an fhorbairt seo obair choilínithe na nAngla-Normannach níos fusa. Bhunaigh siad an córas feodach ar an gcóras dúchasach seo agus bhíodar in ann an 'trícha cét', mar shampla, a úsáid i gcoitinne mar aonad le haghaidh an *cantred* Angla-Normannach.

Faoin gcóras feodach seo, thug an rí Anraí II iomlán Ríocht na Mí do Hugh De Lacy sa bhliain 1172 ar an gcoinníoll go gcuirfeadh sé caoga ridirí ar fáil don rí. Mar adeir an t-údar de *La Geste Des Engles En Yrlande*:

*A Huge de Laci ad doné
Mithe tut en herité:
Mithe donat al guerrier
Pur cinquante chevaler⁶*

*he gave Hugh de Lacy
All Meath in fee:
he gave Meath to the warrior
for [the service of] fifty knights*

Bhí an Mhí i bhfad níos fairsinge ag an am sin nuair a chlúdaigh sé Contae na Mí mar atá sé inniu, Contae na hIarmhí, cuid de Chontae an Longphoirt agus cuid de Chontae Uíbh Fhailí. Fear cumasach fuinniúil ab ea De Lacy agus chuir sé an córas feodach ar bun chomh luath agus ab fhéidir leis. De réir Joe Hillaby, 'In Meath Hugh created some 120 knights' fees although the service of only 50 knights was owed to the Crown.'⁷ Dearbhaíonn G. H. Orpen gurbh é an Mhí an áit ba mhó coilínithe ag na hAngla-Normannaigh taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath.⁸ Gan amhras bhí fonn ar na hionróirí an talamh maith faoin gcomhrian 500-troigh a choilíniú. Is é an donas nach bhfuil mórán foinsí againn chun an coilíniú seo a scrúdú.

Thóg De Lacy tailte na nGael agus roinn sé iad i measc a lucht leanúna, mar shampla, thug sé barúntacht Dhéise, aonad amháin ag an am sin, do Úgó de Hussey:

*E al barun Hugh de Hosé
Terre bele ad pus doné;⁹*

*Then he gave a fine territory
to Baron Hugh de Hussey*

⁵ Paul MacCotter, *Medieval Ireland territorial, political and economic divisions* (Dublin, 2008), lch. 97.

⁶ Evelyn Mullally (ed.), *La geste des Engles en Yrlande/The deeds of the Normans in Ireland: a new edition of the chronicle formerly known as the song of Dermot and the earl* (Dublin, 2002), linte 2725-2728.

⁷ Joe Hillaby, 'Colonisation, crisis-management and debt' in *Ríocht na Midhe*, viii, no. 4 (1992-93), lch. 7.

⁸ G. H. Orpen, *Ireland under the Normans 1169-1333*, (4 vols, Oxford, 1911-20), ii, 338.

⁹ Mullally (ed.), *La geste des engles en Yrlande*, 3160-61.

I gcoitinne is é a tharla ansin ná gur thóg na príomhthionóntaí, sé sin na barúin, caisleáin den sórt móta-agus-babhúin (struchtúir déanta de chlocha níos déanaí) sna háiteanna straitéiseacha, mar shampla, cois na n-aibhneacha.¹⁰ Toisc nach raibh siad in ann na feoid mhóra a fuair siad a riaradh gan chabhair roinn siad amach iad de ghnáth ar fhothiarnaí tar éis cuid díobh a choimeád mar dhiméin dóibh féin. De réir mhéid an fheoid a fuair siad bheadh ar na fothiarnaí ridire amháin nó níos mó a sholáthar don phríomhthiarna.

Ag bun an chórais fheodaigh bhí na gnáthdhaoine agus bhí cónaí orthu ar an mhainéar. De réir Mark Hennessey i dtaobh an chórais seo de i dTiobraid Árann, '... Without manors the colonising Anglo-Normans would either have remained a conquering elite, insecurely ruling over a culturally hostile native population, or, as happened in the west of Ireland, they would have been culturally absorbed into their Gaelic environment.'¹¹ I gcoitinne choimeád an tiarna timpeall 600 acra mar dhiméin dó féin agus roinneadh an chuid eile i dtionóntachtaí, gabháltais bheaga ligthe chuig feirmeóirí – tionóntaí - ar cíos agus le haghaidh seirbhísí faoi leith.

Bhí difríochtaí idir mhodhanna talmhaíochta na gcoilíneach agus na nGael agus bhí gá le inimirce dhaoine ó na tiarnais Angla-Normannacha thar lear. De réir C. A. Empey, 'The introduction of arable farming on an unprecedented scale must have had significant consequences in a society oriented towards pastoral farming ...'¹² Ní fíor, áfach, nach raibh feirmeoireacht arúil ar siúl go forleathan ag na Gaeil. Is é a thit amach de réir Fergus Kelly ná gur thóg an hAngla-Normannaigh an talamh ab fhearr le haghaidh cothú arbhair, '... and it is not surprising that the Irish cereal-growing tradition - described in considerable detail in the Old Irish lawtexts – went into decline.'¹³ Chomh maith leis sin d'easpórtáil na hAngla-Normannaigh a lán arbhair go Sasana¹⁴ agus dá bhrí sin bhí gá le líon mór feirmeoirí oilte chun an obair riachtanach a dhéanamh. Ar an ábhar seo mealladh a lán gnáth-choilínithe ón mBreatain Bheag agus ó Shasana. De réir Otway-Ruthven:

... the very large number of small boroughs, which were set up throughout the areas of Norman settlement, places which can never have been more than large villages, but which were given the elements of an urban constitution, with burgage holdings, with their own hundred courts, and usually the law of Breteuil, strongly suggests that, as on the

¹⁰ 'Meath from the Shannon to the sea was full of castles and foreigners': *ALC* [1186], lch. 173.

¹¹ Mark Hennessey, 'Manorial organization in thirteenth-century Tipperary' in *Irish Geography*, xxix, 2 (1996), lch. 116.

¹² C.A. Empey, 'Conquest and settlement: patterns of Anglo-Norman settlement in north Munster and south Leinster' in *Irish Economic and Social History*, xiii, (1986), lch. 7.

¹³ Fergus Kelly, *Early Irish farming* (Dublin, 1997), lch. 23.

¹⁴ *Ibid.*, 20.

continent, burgess standing was widely used as a bait to draw settlers.¹⁵

Dearbhaíonn R. E. Glasscock an pointe mar seo ‘Manorial records of the late thirteenth and early fourteenth centuries leave no doubt that the Anglo-Norman ‘conquest’ of Ireland was backed up by a movement of settlers from England and Wales ... especially when the attraction of improved social status was held out to them’.¹⁶ Ar ndóigh tháinig siad ó gach aird in iarthuaiscirt na hEorpa. Tóg mar shampla na tailte a bhí i seilbh Strongbow, Richard fitz Gilbert de Clare. Le linn tréimhsí éagsúla ag brath ar chora crua an tsaoil, go mórmhór toil an rí, bhí seilbh aige ar thailte (tiarnais) i Sasain, sa Bhreatain Bheag agus san Fhrainc: Strigoil i Monmouthshire, Clare i Suffolk, Tonbridge i Kent, Weston i Hertfordshire, Badgeworth i Gloucestershire, Orbec agus Bienfaite sa Normainn.¹⁷ Is ar an ábhar seo a thagraíonn Empey don ‘... international character of the colonisation of the conquest in Ireland’.¹⁸ Cuirtear béim ar an bpointe seo mar mhíniú ar an éagsúlacht sloinnte a fheictear sna logainmneacha faoi chaibidil sa saothar seo. Ba é Béarla dar ndóigh an *lingua franca* i measc na gcoilínithe go luath (mar a léiríodh i gCaibidil 2).

Is sa chóras feodach a fhaightear bunúis na logainmneacha leis an eilimint 'town' (< 'ton' < 'tūn') i mbarúntachtaí Dhéise Uachtarach agus Dhéise Íochtarach, nó cuid mhaith díobh ar a laghad. I gcoitinne rinneadh cumasc idir ainm an tionónta agus an eilimint 'town', mar shampla 'Harristown'. I gcás cuid acu áfach, snaidhmeadh eiliminí tánaisteacha eile le 'town', mar shampla 'Curraghtown' nó foirmíodh an t-ainm tríd an eilimint 'town' a cheangal le haidiacht, cuir i gcás na solaoidí 'Newtown' agus 'Oldtown'. Lean an córas seo faoi na Nua-Ghail cé gur bhain siadsan úsáid as eilimintí nua chomh maith.

Ghlac na hAngla-Normannaigh ceannas ar shochoaí na coilíneachta ar feadh ceithre chéad bliain go dtí aois na dTúdarach sa 16ú haois. Ansin tháinig athrú a chuaigh i gcion go mór ar shaol polaitíochta agus soisialta na hÉireann. De réir Gillespie, 'The composition of the Irish social political elite underwent a dramatic shift in the years between 1580 and 1700 in a way that did not happen in most other countries ... The changing composition of parliament reflects a major transfer of power from one social group to another.'¹⁹

¹⁵ J. Otway-Ruthven, 'The character of Norman settlement in Ireland', *Historical Studies*, v (Philadelphia 1965), lch.79.

¹⁶ R. E. Glasscock, 'Land and people' in Art Cosgrave (ed.), *A new history of Ireland*, ii: *Medieval Ireland 1169 – 1534* (Oxford, 1987), lch. 221.

¹⁷ Marie Therese Flanagan, *Irish society, Anglo-Norman settlers, Angevin kingship* (Oxford, 1989), lgh. 112-118 *passim*.

¹⁸ Empey, 'Conquest & settlement: patterns of Anglo-Norman settlement', lch. 25.

¹⁹ Raymond Gillespie, *Seventeenth century Ireland* (Dublin, 2006), lch. 3.

Ba phrotastúnaigh iad na coilínigh a tháinig isteach i rith phlandáil Uladh agus idir aimsir Chromail agus an Reistiréisín, agus ina dhiaidh sin i gcoitinne. Cothaíodh teannas idir dhúchasaigh .i. Gaeil agus Gaill (ar a dtugtaí 'Sean-Ghaill' sa 17ú haois) agus iad siúd nár dhúchasaigh iad ('Nua-Ghaill'). Is léir freisin gur bhain na Nua-Ghaill leas as difríochtaí creidimh chun cur lena gcumhacht féin i gcúrsaí polaitíochta. Bhí athrú mór freisin i gcúrsaí talún mar d'fhéach na Nua-Ghaill le tailte na nGael agus na Sean-Ghall a shealbhú faoi Achtanna an rialtais ar nós Acht an tSocrathe 1662 a cheadaigh coigistiú talún go forleathan. De réir Gillsepie, 'Underpinning the transfer of political power was a dramatic shift in the pattern of Irish land ownership as lands passed from Catholic to Protestant landlords ...'²⁰ Baineadh úsáid as talamh na hÉireann i gcomhair 'the great capital out of which all debts were paid'.²¹

Bhí tionchar nach beag ag na coilínigh nua ar logainmneacha in Éirinn. Cé gur choinnigh siad formhór na n-ainmneacha a bhí ann cheana féin toisc go raibh siad tábhachtach ó thaobh gníomhais agus seilbh talún de, bhain siad úsáid as téarmaí nua freisin. De réir Jones Hughes, 'There are also “new English” place-names in Ireland. In origin these are related mainly to the sixteenth and seventeenth century and to the early years of estate management ... The new English elements include *brook, dale, lawn, lodge, mount* and *ville*.'²² Níl ach an eilimint 'mount' ón liosta seo go sonraitheach i measc na logainmneacha faoi chaibidil, *viz.* 'Mountland'. I ndáiríre cé go bhfuil logainmneacha ar nós 'Foxtown', agus a leithéidí agam ó aimsir na Nua-Ghall is deacair bheith cinnte uaireanta nach ó thréimhse níos luaithe a thagann siad d'uireasa fianaise. Ar aon nós, is faoi thionchar na nAngla-Normannach a thosaigh na logainmneacha Béarla agus go háirithe an múnla 'ainm duine + town' atá go flúirseach sa cheantar faoi chaibidil.

Ar ndóigh bhí córas dúchasach ann roimh theacht na nAngla-Normannach inar ceanglaíodh ainm duine leis an eilimint 'baile'. Ar an gcéad dul síos bhí nós na sloinnte préamhaithe in Éirinn cheana féin. Cuireann Diarmuid Ó Murchadha é seo in iúl dúinn: 'When the Anglo-Normans arrived in Ireland in the late twelfth century, the inhabitants there had been using surnames for over a century and a half' agus léiríonn sé, mar shampla, conas mar a thosaigh sloinnte le 'Ua' roimh shloinnte le 'Mac'.²³ Ag scrúdú

²⁰ Ibid.

²¹ Luaite in Patrick J. Corish, 'The Cromwellian regime 1650-69' in T. W. Moody, F.X. Martin and F. J. Byrne (eds), *A new history of Ireland*, iii: *Early modern Ireland 1534-1691* (Oxford, 1976), lch. 360.

²² Jones Hughes, 'Town & baile in Irish place-names', lch. 277.

²³ Diarmuid Ó Murchadha, 'The formation of Gaelic surnames in Ireland: choosing the eponyms' in *Nomina*, xx (1999), 24-44.

fianaise dó ó shaothar Dhiarmuid Uí Mhurchadha, deir MacCotter gur éirigh córas na sloinnte go mórmhór sa 11ú haois agus gur ceanglaíodh an téarma baile leis an sloinne in am trátha. Dar leis, 'A significant number of bailte feature the formula Baile uí X. We see both the emergence of the term baile in its new sense of a taxable estate, and the new surname style Uí X, emerging at the same time and linked together regularly in toponomy.'²⁴ Ach deir sé freisin,

The Anglo-Normans brought their own languages and naming patterns. The Anglo-Saxon term *toun* or *tun* (town) occurs widely in ... Meath ... usually in association with a surname, and usually referring to a rural landholding or minimal freehold. The term descended into our townland ...²⁵

3.1 Logainmneacha: ainm duine + príomheilimint 'town'

Seo a leanas plé ar logainmneacha na mbailte fearainn leis an eilimint 'town' á cháiliú le hainm duine, líon tríocha haon (31) i nDéise Uachtarach agus líon fiche ceathair (24) i nDéise Íochtarach. Seasann na códanna DI agus DU le haghaidh na mbarúntachtaí Déise Íochtarach agus Déise Uachtarach faoi seach. Cé go bhfuil caoga cúig (55) de bhailte fearainn i gceist is é caoga trí (53) líon na logainmneacha. Is iad seo a leanas na bailte fearainn in ord aibítreach:

Arodstown (DU), Baronstown (DI), Barrockstown (DU), Barstown (DU), Basketstown (DI), Bedfanstown (DI), Bonfield (DI), Boycetown (DI), Branganstown (DI), Bryanstown (DU), Butlerstown (DU), Clarkstown (DU), Collistown (DU), Craystown or Ennistown (DI), Ennistown (DI), Crumpstown or Marshallstown (DI), Curtistown Lower or Baldoyle (DI), Curtistown Upper (DI), Dolanstown (DU), Ferrestown (DU), Finlaghtown (2) (DI), Foxtown (DI), Gaulstown (DU), Ginnetts (2) (DU), Harristown (DU), Hayestown (DU), Jenkinstown (2) (DU), Lambertstown (DI), Leonardstown (DU), Martinstown (DU), Martinstown (DI), Merrywell (DI), Mitchelstown (DI), Mooretown (DI), Owenstown (DU), Padinstown (DU), Pagestown (DU), Phepotstown (DU), Piercetown (DU), Porterstown (DU), Ringlestown (DI), Rodanstown (DU), Scurlockstown (DI), Swainstown (DI), Timlins (DU), Trublely (DI), Walterstown (DI), Warrenstown (DU), Warrenstown (DI), Weatherstown (DU), Woodcockstown (DU) agus Wrightown nó Ardbrackan (DI)

²⁴ MacCotter, *Medieval Ireland*, lch. 95.

²⁵ *Ibid.*, 86.

3.1.1 Arodstown: par. Kilmore (DU); N88321 50175

Fianuithé:

1)	1472/3	Arroteston	<i>Stat. rolls Edw. IV, 12 & 13, ii, p182</i>
2)	1511	Arroteston	<i>TCD, MS. 804, fos. 168v-170v²⁶</i>
3)	1551	Arrotterston	<i>fiant Edw. VI, 769</i>
4)	1579	Arotteston	<i>Griffith, Cal. inq. Eliz., 124</i>
5)	1581	Arotteston	<i>Irish Council book²⁷</i>
6)	1590	Arrodestone	<i>Griffith, Cal. inq. Eliz., 197</i>
7)	1593	Arolston	<i>Landholders Elizabethan Pale²⁸</i>
8)	1595-6	Arrottestown	<i>fiant Eliz., 5973</i>
9)	1596	Arrotston	<i>Griffith, Cal. inq. Eliz., 229</i>
10)	1601	Arreteston	<i>CPCR 18-45 Eliz., p592</i>
11)	1607	Arrotiston	<i>Griffith, Cal. inq. J.I, 49 (2)</i>
12)	1607	Arrotteston	<i>Griffith, Cal. inq. J.I, 49 (16)</i>
13)	1607	Arratson	<i>Griffith, Cal. inq. J.I, 49 (25)</i>
14)	1622	Aratstown	<i>Clergy list 1622²⁹</i>
15)	1622	Arratstowne	<i>Ussher's works i, lxxx</i>
16)	1624	Arrotston	<i>Inq. Leinster Jac. I, 76</i>
17)	1654-6	Arrotstowne (& ye Colledge)	<i>Civil Survey v, 149</i>
18)	1654-6	Arotstowne	<i>Civil Survey v, 148</i>
19)	1654-6	Arrotstown	<i>Civil Survey v, 149</i>
20)	1654-6	Arrottstowne (Collage of)	<i>Civil Survey v, 148</i>
21)	1654-6	Arottstowne	<i>Civil Survey v, 141</i>
22)	1654-6	Arottstown	<i>Civil Survey v, 141</i>
23)	1654-6	Arrottstown	<i>Civil Survey v, 142</i>
24)	1659	Arraghstowne	<i>MS. 14E 22, Hib. Del. map</i>
25)	1655-9	Arrellstowne	<i>Top. index Petty BN, p60</i>
26)	c.1666	Arrelstowne	<i>MS. G vi 2, BSD</i>
27)	c.1666	Arrellstowne [index]	<i>MS. G vi 2, BSD</i>
28)	c.1672	Arraghstowne	<i>Top. index Petty HD, p60</i>
29)	1682X1685	Arodstown	<i>Dopping, p48</i>
30)	c.1690	Arrodstowne	<i>Irish Jacobites³⁰</i>
31)	1793	Aristown	<i>Longfield 21 F 14, No. 6</i>
32)	1812	Arrodstown	<i>Larkin's map</i>

²⁶ In Brendan Scott, *Religion and reformation in the tudor diocese of Meath* (Dublin, 2006), lch. 14.

²⁷ D. B. Quinn, 'Calendar of the Irish council book 1581-1586' in *Analecta Hib.*, no. 24 (1967), lch. 114.

²⁸ Brendan Scott, 'The landholders of the late Elizabethan Pale: "The generall hosting appointed to meet at ye Hill of Tarragh on the 24 of September 1593"' in *Analecta Hib.*, no. 40 (2006), lch. 68.

²⁹ In John Healy, *History of the diocese of Meath* (2 vols, Dublin, 1908), i, 252.

³⁰ J. G. Simms, 'Irish Jacobites' in *Analecta Hib.*, no. 22 (1960), lch. 23 (based on T.C.D. MS N. 1. 3.).

33)	1837	Arodstown	Lewis, <i>A top. dict.</i> , ii, 186
34)	1978	Arodstown	Fitzsimons, p5
35)	2011	' arədz, təun {5,17}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 065* sa Chartlann Náisiúnta, lgh. 15, 16

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Arodstown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Arodstown	Mr. Henry Williams
	Aristown	Thompson's Statistical Survey
	Arodstown	Applotter of County Cess
	Arodstown	Rev. E.J. Gregory rector
	Arodstown	High Commission Survey & Valuation Report
	Arrelstowne	Down Survey Reference
	Arrellstowne	Down Survey Map
	Arod, a family name	John O' Donovan
1836	Arodstown	John O' Donovan

Is logainm den mhúnla comónta 'sloinne + town' i gContae na Mí é **Arodstown**.

Maidir leis an bhfóinéim dheireanach sa cháilitheoir feictear an forás /t/ > /l/ > /d/. Sna leaganacha (1-23) 'Ar(r)o(t)t(e)' agus 'Ar(r)at(e)' i gcoitinne, ní foláir go bhfuil an litir 't', singil nó dúbailte, ag comharthú na fuaime /t/. Is díol spéise go bhfaightear duine den ainm **William Arrotte**, mar shampla, i measc na 'collectores in 'baronie de Dees' sa bhliain 1421.³¹ Ansin feictear an fhóinéim /l/ sna fianuithe (25,26,27) 'Arre(l)l' i lár an 17ú haois. Faightear /d/ i bhfoirm (29) '**Arodstown**' agus as sin amach i gcoitinne.

Is cosúil gur foirmeacha truailithe den ainm **Harold** atá sna foirmeacha éagsúla den cháilitheoir. De réir Woulfe ciallaíonn 'Aralt' son of Harald, 'the name of a family of Danish origin who settled early in Dublin and Wicklow ...' Tugann sé na leaganacha seo le haghaidh an tsloinne '**Aróid**: Arot, Arrot, Harrod, Harold etc. a var. of **Aralt** of which it is merely the Norman pronunciation.'³² De réir Reaney and Wilson, 'The chief source of these names [Harold, Harrod, Harrell etc.] is ON, Oda, Osw *Harald* a very common name in DB ...'³³

I dtaobh an '**Norman pronunciation**' a luann Woulfe, deir Jacques Leclerc

³¹ H. G. Richardson and G.O. Sayles (eds), *Parliaments and great councils of medieval Ireland* (Dublin, 1947), lch. 183.

³² Woulfe, *Sloinnthe Gael is Gall* (Baile Átha Cliath, 1927), lch. 224.

³³ Percy Reaney and William Wilson, *A dictionary of English surnames* (Oxford University Press, revised edition 1997, reissue 2005), lgh. 217, 218.

Rappelons que la période romane avait introduit la prononciation d'un [h] dit «aspiré» dans des mots d'origine francique comme *honte, haine hache, hair; hêtre, héron etc.* Cette prononciation du [h] s'est atténuée au cours de l'ancien français, qui finira par ne plus écrire le *h* initial dans la graphie ... Le *h* graphique a été réintroduit dans les siècles suivants soit par souci étymologique ...³⁴

Ar aon nós, is cosúil nach raibh an fhóinéim thosaigh /h/ san 'Norman pronunciation' a tháinig isteach sa tír seo, mar shampla, san ainm bainteach (H)arold. (Más fíor do Woulfe thuas bhí foirm an ainm anseo cheana féin in aimsir na Lochlannach.)

Is é 'Arod, a family name' a bhí ann de réir Uí Dhonnabháin san Ainmleabhar thuasluaite agus faoin am sin, de réir na fianaise, ba í an ghnáth-fhoirm é **Arodstown** i measc lucht a chomhaimsire agus ní haon ionadh gur shocraigh sé ar an bhfoirm sin le greanú ar mhapaí na SO.³⁵ Moltar **Baile Aróid** mar fhoirm Ghaeilge an logainm seo.

3.1.2 **Baronstown:** par. Knockmark (DU); N92515 51924

Fianuithe:

1)	1540-41	?Barenston	<i>Crown surveys</i> , p117
2)	1605	?Baronstowne	Griffith, <i>Cal. inq. JI</i> , 26
3)	1978	Baronstown	Fitzsimons, p13
4)	2010	Baile Bharúin [ND]	logainm.ie
5)	2011	'barənz, təun {18}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 067* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 4

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Baronstown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Baronstown	Rev. Lydiart, Rector
	Baronstown	Tenants Receipts Book
1836	Baronstown	John O' Donovan

Faightear an logainm 'Baronstown' le 'r' singil faoi chúig agus 'Barronstown' le 'r' dúbailte faoi shé i mBunachar Logainmneacha na hÉireann [*BLE* as seo amach] le foirmeacha Gaeilge éagsúla deimhnithe nó neamhdheimhnithe nó molta ina dtaobh de réir na fianaise. Tabhair faoi deara an logainm 'Baile Bharúin' deimhnithe [D = 'deimhnithe' as seo amach] i gContae Lú agus an logainm 'Baile an Bharúnaigh' [D] i dTiobraid Árann.³⁶

³⁴ Jacques Leclerc, *Histoire de la langue française* (www.tlfq.ulaval.ca/axl/francophonie/HIST_Fr_s3_Ancien-francais.htm) (16 Deireadh Fómhair 2011).

³⁵ Ainmleabhar na SO *Mí 065*, lch. 16..

³⁶ *BLE* faoi 'Baronstown' agus 'Barronstown' faoi seach (www.logainm.ie) (11 Meán Fómhair 2010).

Dá bhrí sin caithfear idirdhealú a dhéanamh idir an **teideal** 'baron' agus an **sloinne** 'Baron' *var.* 'Barron' mar a dhéantar sa dhá logainm réamhluaithe faoi seach. Deir Woulfe i dtaobh an tsloinne, 'Barún: *Baroun*, *Baron*, *Barron*; Mid.-Eng. "barun" i.e. the baron, either a real baron, or one who puts on the airs of a baron ... A branch of the Fitzgeralds who were barons of Burnchurch Co. Kilkenny, assumed the surname of Barron and were a highly respectable family in Kilkenny, Tipperary and Waterford.'³⁷ Faightear an sloinne i bhfoinsí i ré na nAngla-Normannach, mar shampla, 'Robertus Baron' in *DGMR* agus is dócha gur sloinne ab ea 'Baron' faoin am seo; ní bheifeá ag súil leis go mbeadh úinéir teidil agus talún ina ghnáth-bhall de ghild sa bhliain 1226.³⁸

Tá an míniú seo den sloinne le fáil in *Larousse de la généalogie*: 'Le patronyme **Baron** est à l'origine un surnom désignant au Moyen Âge quelqu'un de brave et distingué. Ce n'est que plus tard que le mot a pris le sens de fier, hautain ... Les Baron se retrouvent essentiellement en Bretagne ...'³⁹

Ó thaobh úsáid an fhocail 'baron' de mar **teideal** deir an *Shorter Oxford English dictionary*: '1. *hist.* A person who derived a title, by military or other honourable service, from the king or other superior; a noble, a peer, *esp.* any of those summoned to attend parliament; a holder of a barony ...'⁴⁰

Is amhlaidh nach sine fianaise an logainm **Baronstown** idir lámha anseo ná iontrálacha an Ainmleabhair bhaintigh. D'ionnanaigh Mac Niocaill (1) 'Barenston' ar leathanach 117 sa *Crown surveys 1540-41* le 'Baronstown' i bparóiste *Knockmark* ina innéacs⁴¹ ach níl mé cinnte gur féidir é sin a dhearbhu ón gcomhthéacs amháin atá le fáil ar leathanach 117. Dá bhrí sin cuirtear comhartha ceiste roimh an iontráil seo.

Luaitear (2) 'Baronstowne' in ionchoisne *26 James I* sa bhliain 1605 i gcomhthéacs 'Wilkinson', agus 'Rathbeggan' dhá bhaile fearainn i mbarúntacht *Ratoath* agus cé go bhfuil an bharúntacht seo lastoir de bharúntacht Dhéise Íochtarach ní féidir a mhaíomh gurb é an baile fearainn faoi chaibidil atá i gceist. Sin é an fáth go bhfuil comhartha ceiste le foirm (2).

Ní luaitear bf. 'Baronstown' i bparóiste *Knockmark* i suirbhéithe an 17ú haois. De réir *Civil Survey* v, áfach, ba le **na Pluincéadaigh viz.**, an Tiarna Fingall agus an Barún

³⁷ Woulfe, *Sloinnnte Gael is Gall*, lch. 228.

³⁸ Philomena Connolly and Geoffrey Martin (eds), *The Dublin guild merchant roll c.1190-1265* (Dublin, 1992), lch. 56.

³⁹ Christine Dauphont (ed.), *Larousse de la généalogie* (France Loisirs, Larousse 2002), lch. 244.

⁴⁰ *Shorter Oxford English dictionary* (2 vols, Oxford, 1973, 1993, 2002, 2007), i,190.

⁴¹ *Crown surveys*, lch. 117 agus innéacs 402.

Dunsany, an chuid is mó de thailte paróiste *Knockmark* an tráth sin.⁴² Ní foláir nó gur cruthaíodh bailte fearainn nua idir shuirbhéithe an 17ú haois agus obair Shuirbhé na dTeorainneacha sa 19ú haois, **Baronstown** ina measc dar ndóigh. Is féidir a mheas gur bronnadh an logainm seo in onóir an Phluincéadaigh a bhí ina 'Lord **Barron** of Dunsany'⁴³ ag an am sin. Ar an ábhar seo moltar **Baile an Bharúin** mar fhoirm Ghaeilge an logainm seo.

3.1.3 **Barrockstown:** par. Moyglare (DU); N92641 41891

Fianuithe:

1)	1540-41	Barockez	<i>Crown surveys</i> , p224
2)	1540-41	Parrokes	<i>Ir. mon. poss.</i> , p36
3)	1547	Barroks	<i>fiant Edw. VI</i> , 134
4)	1588	The Barrocke	<i>fiant Eliz.</i> , 5206
5)	1589	Parrocks	<i>fiant Eliz.</i> , 5343
6)	1597	Parrockes	<i>fiant Eliz.</i> , 6132
7)	1597	Parrocks	<i>CPCR 18-45 Eliz.</i> , p481
8)	1600	?Bannoeks	<i>fiant Eliz.</i> , 6383
9)	1618	Parrocks	<i>Pat. rolls 15 James</i> , p340
10)	1654-6	Barrogs	<i>Civil Survey v</i> , 154
11)	1654-56	Barrog	<i>Civil Survey v</i> , 163
12)	1654-6	Baroggs	<i>Civil Survey v</i> , 152
13)	c.1666	Burroges	<i>MS. 974, BSD</i> , p124
14)	1812	Barrackstown	<i>Larkin's map</i>
15)	1814	Barrack	<i>Leet, Directory</i> , p61
16)	1978	Barrockstown	<i>Fitzsimons</i> , p13
17)	2011	'barəks, təun {1}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 078* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 5

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Barrockstown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Barrockstown	Rev. Ardagh Protestant Rector
	Barrackstown	Rev. J. Lynch, R.C. Rector
	Barrackstown	High Commission Survey & Valuation Report
	Banocke in 10 pcells	Down Survey Reference
	Bannacks	Down Survey Map

⁴² *Civil Survey v*, 144-5.

⁴³ *Ibid.*, 145.

	Barrock, a family name	John O' Donovan
1836	Barrockstown	John O' Donovan

Maidir leis an logainm **Barrockstown** níl an mhír '-town' le fáil sna fianuithe luatha (1-13;15) ach is intuighthe é sna cásanna seo agus ar aon nós, faightear an gnáthstruchtúr le 'town' níos déanaí go mórmhór san Ainmleabhar thuas.⁴⁴ Ní bhfuair aon rud sna foinsí nó go háitiúil a chuirfeadh le fios gur 'barracks' le ciall mhíleata nó le haghaidh póilíní a bhí san áit seo.

Feictear leaganacha eile i measc na bhfianuithe leis an túslitir 'P' in ionad 'B' ar nós 'Parrokes' (2) agus 'Parrockes' (6) agus Parrocks (5,7,9). Feictear é seo uaireanta ach i ndáiríre níl mórán difríochta eatarthu ó thaobh fóinéime de. Féach, mar shampla (7) Bagistowne, (8) Pagistowne faoi 3.1.34 thíos.

B'fhéidir nár cheart an iontráil (8) 'Bannocks' a bheith liostaithe sna fianuithe ná na leaganacha 'Banocke', 'Bannacks' san Ainmleabhar thuas. Bhí an bf. 'Moygaddy' roinnte tráth den saol agus comhainm ab ea 'Bannock(s)' ar chuid amháin de. Tabhair faoi deara an tagairt 'Myche Moygadde and Little Moygadde called the **Bannock**' i bhfiant *Eliz.* 5206 atá le fáil sa chur síos ar 'Moygaddy' faoi 4.21.1

Níl an sloinne 'Barrack' nó 'Barrock' le fáil i saothair na saineolaithe ar nós MacLysaght (1985), Wolfe (1927), Lower (1860) agus Reaney and Wilson (1991). Mar sin féin faightear na sloinnte **Barac** (le líon 1,946), **Baroc** (le líon níos mó ná 5,000 – ní thugtar an t-iomlán má sháraítear an líon sin) sna *PagesBlanches* inchuardacha sa Fhrainc don lá atá inniu ann.⁴⁵ Ní féidir a áiteamh, áfach, gurb é an sloinne seo atá i gceist ach tá seans. Ar aon nós, molann Ó Donnabháin, scoláire cumasach maidir leis an *genre* seo, gur sloinne atá i gceist; '**Barrock** a family name', adeir sé san Ainmleabhar.⁴⁶

Tá bf. Ballybarrack/Baile Bhalraic i gContae Lú ach taispeánann an fhianaise stairiúil gur sloinne eile seachas 'Barrock' atá i gceist. Tabhair faoi deara, áfach, go bhfuil an fhoirm Ghaeilge **Baile Bharróg** neamhdheimhnithe [ND] le fáil in *BLE* le haghaidh logainm cosúil eile, 'Barrogstown' gContae Chill Dara.⁴⁷ Is suntasach go bhfuil na foirmeacha (10)

⁴⁴ Ainmleabhar na SO *Mí 078*, lch. 5.

⁴⁵ Eolaí teileafóin idirlín na Fraince (<http://www.pagesjaunes.fr/pagesblanches>) (25 Eanáir 2011).

⁴⁶ Ainmleabhar na SO *Mí 078*, lch. 5.

⁴⁷ *BLE* faoi 'Barrogstown' (www.logainm.ie) (21 Meán Fómhair 2010).

'Baroggs', (11) 'Barroggs' agus (12) 'Barrog' le fáil in *Civil Survey* v⁴⁸ le haghaidh an bh. 'Barrockstown' faoi chaibidil agus *vice versa* feictear na foirmeacha 'Barrockstown' sa *1659 Census* agus 'Ballybarrocke in *Irish Monastic Possessions* le haghaidh 'Barrogstown', Contae Chill Dara.⁴⁹ Ar an ábhar seo dealraíonn sé gur leaganacha den sloinne céanna is ea iad agus go n-oirfeadh an fhoirm Ghaeilge **Baile Bharróg** don logainm 'Barrockstown' atá idir lámha freisin. Moltar an fhoirm **Barróga**, áfach, i gcomhréir le formhór na bhfoirmeacha stairiúla thuas.

3.1.4 **Barstown:** par. Culmullin (DU); N93727 45321

Fianuithe:

1)	1537	Barreston	<i>Carew MS. i</i> , p131
2)	1540-41	Barreiston	<i>Crown surveys</i> , p293
3)	1578	Barrestown	<i>fiant Eliz.</i> , 3280
4)	1567	Barriston	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> , 41
5)	1567	Barreston	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> , 41
6)	1806	Barrstown	<i>Grand jury</i> , p249
7)	1812	Barrstown	<i>Larkin's map</i>
8)	1978	Barstown	Fitzsimons, p13
9)	2011	'bars, t̄aun {1}	fuaimni áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 065* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 2

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Barstown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Barstown	William Fagan
	Barstown	Mr. J. Connor Land Surveyor
1836	Barstown	John O' Donovan

Ní thugann Ó Donnabháin aon leagan Gaeilge le haghaidh 'Barstown' san Ainmleabhar.⁵⁰ Is cosúil gur leagan den sloinne **Barr** a fheictear mar cháilitheoir sna fianuithe thuas agus san Ainmleabhar réamhluaithe. Faighimid mínithe éagsúla maidir le bunús an tsloinne seo.

Tugann Mark Antony Lower an chiall seo in *Patronymica*: '**Barr**, 1. A parish and a hamlet in co. Stafford; also a parish in Ayrshire. 2 The gateway of a fortified town. 3. A pre-Domesday Name **Bar**, meaning probably either A-Sax. bar, bear, or bár, boar – a

⁴⁸ *Civil Survey* v, 153, 154, 164.

⁴⁹ Taifid chartlainne in *BLE* faoi 'Barrogstown' (www.logainm.ie) (23 Lúnasa 2011).

⁵⁰ Ainmleabhar na SO *Mí 065*, lch. 2.

sobriquet. De La Bare. H. R. [*Hundred rolls*]⁵¹ Tugann Hanks and Hodges an bunús seo, '... English (Norman) habitation name from Barre-en-Ouche in Eure or Barre-de-Senilly in Manche'.⁵²

Ar an lámh eile de tugann an *Oxford dict. pnn* míniú eile: '... Welsh *bar* 'top, summit', Ir. *barr* from Ocelt *barro* ... ' agus tugtar sampla sa logainm 'Barston' i Warwickshire.⁵³ Deir Ó Maolfabhail, 'Focal é **barr** atá in úsáid sa Cheiltís leis na mílte bliain. Sa Ghaillis ba é *barros* an fhoirm ... In Albain ... Is é “mullach cnoic” a bhíonn i gceist go minic ... Tá Crug-y-bar “cruach an bhairr” sa Bhreatain Bheag ... I Sasana tá Barr Beacon ... Sa Bhriotáin ... tá an Carn ollmhór adhlachta ar a dtugtar Barnenez ... “barr na hinse”, “barr an oileáin” is ciall don ainm ...⁵⁴ Feicimid an eilimint sách minic i logainmneacha na hAlban; cuir i gcás na solaoídí, 'Bargassie/Bàrr Fhasaidh', 'Bargeddie/Bàrr Geadaidh' agus 'Barnacarry/Bàrr na Carraigh'.⁵⁵ Tugann Flatrès sampla eile ón mBriotáin, 'Barr-al-lann “le sommet de la lande”'.⁵⁶

Faightear fianaise an tsloinne seo in Éirinn i bhfoinsí Angla Normannacha. Mar shampla, faightear 'Rondulfus **le Bars**' agus 'Osbertus **Bars**' luaite mar bhaill den ghild in *DGMR* idir na blianta 1190 agus 1223 agus feictear an t-ainm 'Piers **Barr**' in *Crown Surveys* sa bhliain 1524.⁵⁷ In Ó Muraíle, *GBIG* is suntasach go bhfeicimid 'Bars' sna 'dronga de na sloinntibh tangattar le hUilliam Conquer'.⁵⁸

Is é 'Barreston' (1) in *Carew Ms* sa bhliain 1537 an leagan is luaithe a fuair mé agus tá sé i gcomhréir leis na fianuithe eile agus le leaganacha an Donnabhánaigh sa tábla athchóirithe ón Ainmleabhar thuas.⁵⁹ Moltar **Baile Bhairr**⁶⁰ mar fhoirm Ghaeilge an logainm seo.

⁵¹ Mark Antony Lower, *Patronymica Britannica* (London, 1860), lch. 19.

⁵² Patrick Hanks and Flavia Hodges, *A dictionary of surnames* (Oxford University Press, 1988), lch. 34.

⁵³ Eilert Ekwall, *The concise Oxford dictionary of English place-names* (Oxford, 1936, 1981), lch. 28.

⁵⁴ Art Ó Maolfabhail, *Ó Lyon go Dún Lúiche/ Logainmneacha san oidhreacht Cheilteach* (Baile Átha Cliath, 2005), lgh. 29-30.

⁵⁵ Ainmean-Aite na hAlba faoi na logainmneacha luaite (<http://www.gaelicplacenames.org>) (26 Samhain 2011).

⁵⁶ Pierre Flatrès, 'Géomorphologie et Linguistique: L'expression du relief du sol en langue Bretonne' in B.S. Mac Aodha (eag.), *Topothesia* (Gailimh, 1982), lch. 5.

⁵⁷ *Crown surveys*, lch. 339.

⁵⁸ Nollaig Ó Muraíle (eag.), *Leabhar mór na ngenealach /The great book of Irish genealogies, compiled (1645-66) by Dubhaltach Mac Fhirbhisigh* (5 vols, Dublin, 2003), iii, 781A.4 (Ó Muraíle, *GBIG* as seo amach).

⁵⁹ Ainmleabhar na SO *Mí 065*, lgh. 2, 27.

⁶⁰ Féach: Woulfe, *Sloinnite Gael is Gall*, lch. 432.

3.1.5 **Basketstown:** par. Galtrim (DI); N82531 51405

Fianuithe:

- | | | | |
|----|------|-----------------------------|---------------------|
| 1) | 1812 | Basketstown | <i>Larkin's Map</i> |
| 2) | 1978 | Basketstown | Fitzsimons, p14 |
| 3) | 2011 | ' baskəts, təun {18} | fuaimniú áitiúil |

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mi 067* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 34

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Basketstown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Basketstown	Rev. Lowe
	Basketstown	Mr. Parsons
1836	Basketstown	John O' Donovan

Níl an bf. **Basketstown** le fáil sna suirbhéithe den 17ú haois, mar shampla, in *Civil Survey* v.⁶¹ Is é an chéad thagairt a bhfuair ná (1) ar Larkin's Map 1812. Níl an sloinne **Basket** le fáil i saothair Woulfe (1937) ná MacLysaght (1985). Soláthraíonn Reaney and Wilson an míniú seo le samplaí den sloinne:

Basket: (i) William Henry *Basket* 1191 P (Surrey), 1198 CurR (Essex). ME *basket*, here used for basket-maker. cf. *Basketeer*. Or used for one who carried the *baskettes* full of stones to the lime-kiln, (ii) *Basilia de Besecot'* 1221 AssWa; *Adam de Bascote* 1373 Oriel (O). From *Bascote* (Warwicks). (iii) *Margeria atte Bascat* 1319 SRLo. Thomas Kent *atte Basket* beside Billyngesgate 1424 LondEng 184. One who lived or worked at the sign of the Basket. Probably a basketmaker.⁶²

Faighimid duine den ainm **John Basket** (1664/5–1742) san *Oxford dictionary of national biography*. Ceapadh é mar chló dóir don bhanríon sa bhliain 1712 agus don rí Seoirse I sa bhliain 1714.⁶³ Faightear duine darbh ainm **Biskett** ina 'clerk of the Council for the province of Munster' in *Pat. rolls 18 James I* ach níl cinnte gurb é an sloinne céanna é.⁶⁴

Is suntasach go luaitear duine den ainm **John Basket** faoin gceannteideal, 'Names of persons in the Grants under the Acts of Settlement and Explanation' in O' Hart (1884) ag cur in iúl gur tháinig sé isteach in aimsir Chromail chun seilbh a ghlacadh ar a chuid tailte.⁶⁵ Is cosúil mar sin gurb é an comhdhéanamh 'sloinne + town' atá sa logainm seo **Basketstown**. Moltar an fhoirm Ghaeilge **Baile an Bhaiscéadaigh**.

⁶¹ *Civil Survey* v, 141-2.

⁶² Reaney & Wilson, *A dictionary of English surnames*, lch. 31.

⁶³ *Oxford dictionary of national biography* (60 vols, Oxford, 2004), iv, 247.

⁶⁴ *Pat. rolls James I*, lch. 487.

⁶⁵ John O' Hart, *The Irish and Anglo-Irish landed gentry when Cromwell came to Ireland* (Dublin, 1884), lgh. 452-3.

3.1.6 **Bedfanstown:** par. Knockmark (DI); N92330 51396

Fianuithe:

1)	1556	Bedsanston	Griffith, <i>Cal. inq. P. & M.</i> , 15
2)	1578	? Bethanstowne	<i>fiant Eliz.</i> , 3280
3)	1577	Bedfanston	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> , 113
4)	1591	Bedfanston	<i>Pat. rolls 11 James I</i> , p26 ⁶⁶
5)	1625	Bedfanston	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 1
6)	1630	Bedfanston	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 58
7)	c.1640	Bedfanston	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 137
8)	1654-6	Bedfanstowne	<i>Civil Survey v</i> , 144
9)	1654-6	Bidfanstown	<i>Civil Survey v</i> , 144
10)	1655-9	Bedfords Towne [Knockmarck]	<i>Top. index, Petty BN</i> , p108
11)	c.1666	Bodfanstowne	<i>MS. G vi 2, BSD</i>
12)	c. 1672	Bedfords Towne	<i>Top. index, Petty HD</i> , p108
13)	1734	Bedfanstown	<i>Nugent papers</i> ⁶⁷
14)	1978	Bedfanstown	Fitzsimons, p15
15)	2011	' bədfənz, təun {18}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 067* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 4

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Bedfanstown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Bedfanstown	High Commission Survey & Valuation Report
	Bedfanston	Inq. Temp. Car. I
	Bodfanstowne	Down Survey reference
	Bedfordstowne	Down Survey Map
1836	Bedfanstown	John O' Donovan

Is amhlaidh gur sloinne é 'Bedfan' sa logainm **Bedfanstown** ach is deacair teacht ar eolas faoi. Faightear an logainm **Bedfont**, Middlesex in *Oxford dict. pnn* le foirmeacha stairiúla 'Bedefunt' agus 'Bedefunde' sa *Domesday Book*, agus 'Bedefunte' in *Feet of Fines* ón mbliain 1188 leis an míniú 'Beda's spring'.⁶⁸ Ní fheadair an bhfuil gaol idir iadsan agus an leagan 'Bedfan'? Chomh maith leis sin tá an focal 'beddfa(n)' sa mBreatnais a chiallaíonn

⁶⁶ Cé go bhfuil an tagairt seo sna *Pat. rolls 7 James I* tá sé dátaithe 21 Jan. 1591.

⁶⁷ John F. Ainsworth and Edward MacLysaght, 'Survey of documents in private keeping' in *Analecta Hib.*, no. 20 (1958), lch. 176.

⁶⁸ Ekwall, *Oxford dictionary of English place-names*, lch. 34.

'grave' ach ní cinnte go mbeadh feidhm leis anseo.⁶⁹

Ní bhfuairéas tásca ná tuairisc ar an sloinne 'Bedfan' sna gnáth-fhoinsí. Fuarthas an sloinne cosúil, **Bedford**, go minic, mar shampla, 'William Bedford' sa bhliain 1328, agus 'Adam Bedford' timpeall na bliana 1230 in *Register of the hospital of S. John the Baptist*.⁷⁰

Faightear an leagan (10,12) 'Bedford' i saothar *Petty*. Ní féidir linn a bheith cinnte gurb é díshamhlú atá i gceist anseo (-ford > -fan). Is ródhócha, áfach, gur sloinne é 'Bedfan' nó foirm thruaillithe b'fhéidir den sloinne 'Bedford'. Toisc go bhfuil an leagan 'Bedfan' le fáil go seasmhach leis na céadta bliain anuas, moltar an fhoirm Ghaeilge **Baile Bedfan** le haghaidh an logainm seo.

3.1.7 **Bonfield**: par. Balsoon (DI); N87917 60897

Fianuithe:

- | | | | |
|----|------|-------------------------------|------------------|
| 1) | 1978 | Bonfield | Fitzsimons, p18 |
| 2) | 2011 | ' ban, fi:ld {9,17,18} | fuaimniú áitiúil |

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 063* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 18

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Bonfield	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Bonfield	High Commission Survey & Valuation Report

Ní logainm den chomhdhéanamh 'sloinne + town' é **Bonfield** go follasach ach maítear gur sloinne é 'Bonfield' agus go bhfuil an mhír 'town' intuigthe sa logainm seo.

Ní minic a chuirtear in iúl dúinn an sean-ainm Gaeilge a bhí ar bhaile fearainn atá faoi ainm Béarla anois ach de réir Eddie Mc Keever, staraí áitiúil: 'Assey is bounded on the north by the river Boyne, east by Bellinter, **Bonfield** or **Druimlagh**, south by Balgeeth ...'⁷¹

De réir analaí le logainm eile i gContae na Mí, 'Moylagh/Maigh Locha' [ND]⁷² b'fhéidir gur **Druim Lacha** an t-ainm bunúsach Gaeilge. Seachfhoirm de 'loch' is ea 'lach'; cuireann

⁶⁹ I nóta chugam ó Ruairí Ó hUiginn, Ollamh na Nua-Ghaeilge, OÉ Má Nuad (6 Iúil 2012).

⁷⁰ St John Brooks Eric (ed.), *Register of the hospital of S John the Baptist* (Dublin, 1936), lgh. 63, 261.

⁷¹ Eddie Mc Keever, 'History of Kilmessan and its environs (1978)' in *On the banks of the Skayne: A millenium memoir* (Navan 2000), lch. 111.

⁷² *BLE* faoi 'Moylagh' (www.logainm.ie) (21 Samhain 2010).

eDIL in iúl dúinn faoi 'l loch, *u*-thamhan, ... The form *lach* not uncommon ...⁷³ agus dar le Breatnach faightear '... malartú idir *o* agus *a* roimh chonsan leathan i siollaí aiceanta coitianta sa Mheán-Ghaeilge.⁷⁴

Tá comhrian 50m le feiscint ag cur 'druim' in iúl ach ní fheictear aon loch ar léarscáil 1 : 50 000 den tsraith *Discovery* 42 anois. Ar léarscáil agus i nótaí an *EPA*, áfach, cuirtear in iúl go bhfuil achar beag sa bhaile fearainn seo faoi chód 56 ag comharthú go bhfuil 'lacustrine type soil' ann mar thoradh ar dhríodar locha.⁷⁵ Thuairimeoinn mar sin gur 'Druim Lacha' an sean-ainm bunúsach Gaeilge, bíodh is gur scáinte go leor an fhianaise i gcás an ainm seo nach ann dó a thuilleadh.

I ndáil le **Bonfield** atá idir lámha, luann Prys Morgan and T. J. Morgan an sloinne 'Bonfield', Bonnel, '...The name Bonnell occurs in the Penbre-Llanelli area and the locale suggests an identity of Bonvill(e) ...'⁷⁶ Maidir leis an leagan 'Bonville' deir Mark Antony Lower, 'In Holinshed's List Bondeville, an ancient Norman family, ennobled as barons in 1449. The *Itin. de la Norm.* shows three places so called – two near Rouen and the other near Yvetot.'⁷⁷

Is suntasach freisin go ndeir Hanks and Hodges, 'Bonfield - English (Norman) habitation name, altered by **folk etymology**, from any one of three places in Normandy called *Bonneville*, from OF *bonne* (fem.) good + *ville* settlement'.⁷⁸ In Ó Muraíle, *GBIG* faightear 'Bountvile' [foirm eile den ainm?] sna 'dronga de na sloinntibh tangattar le hUilliam Conquer', go sonrath i measc na n-uaisle.⁷⁹

Cuireann MacLysaght in iúl dúinn gurb é 'de Buinnbhíol' an fhoirm Ghaeilge den sloinne 'Bonfield' agus go dtagann sé ón leagan Angla-Normannach **de Bonneville**.⁸⁰ Faightear líon 1129 den sloinne 'Bonneville' faoi láthair nuair a dhéantar cuardach sna *PagesBlanches* reatha na Fraince, leis an líon is mó díobh i gceantar *Seine-Maritime* sa Normainn.⁸¹ Tugann Woulfe an fhoirm Ghaeilge **de Buinnbhíol** le haghaidh an tsloinne

⁷³ *eDIL*, litir L colún 177, líne 008 (www.dil.ie) (6 Lúnasa 2011).

⁷⁴ Liam Breatnach, 'An Mheán-Ghaeilge' in Kim McCone D. McManus, C. Ó Háinle, N. Williams agus L. Breatnach (eag/í), *Stair na Gaeilge in ómós do Pádraig Ó Fiannachta* (Maigh Nuad), 1994), lch. 232.

⁷⁵ Léarscáileanna *Envision an EPA* faoi 'Mooretown'

(<http://maps.epa.ie/InternetMapView/mapviewer.aspx>) (19 Márta 2011).

⁷⁶ Prys Morgan and T. J. Morgan, *Welsh surnames* (Cardiff, 1985), lch. 55.

⁷⁷ Lower, *Patronymica Britannica*, lch. 34.

⁷⁸ Hanks & Hodges, *A dictionary of surnames*, lch. 44.

⁷⁹ Ó Muraíle, *GBIG* iii, 781A.4.

⁸⁰ Edward MacLysaght, *The surnames of Ireland* (sixth edition, Dublin, 1985), lch. 302.

⁸¹ Eolaí teileafóin Idirlín na Fraince (<http://www.pagesjaunes.fr/pagesblanches>) (3 Deireadh Fómhair 2010).

Bonfield.⁸²

Is é is dóichí mar sin gur tháinig an sloinne isteach anseo in **aimsir na nAngla-Normannach** nó go luath ina dhiaidh sin. Luaitear na hainmneacha 'John Bonevyle' agus 'Andrew Bonevyle' in ionchoisní sa bhliain 1287⁸³, 'Johanne de Boneville' agus 'Sir John de Boneville' araon sa bhliain 1308 in *Register of the hospital of S. John de Baptist*.⁸⁴ Níos déanaí sa stair sa bhliain 1606/7 luaitear duine den ainm 'Gerald Bonfield' Cill Dalua sna *Pat. rolls James I*.⁸⁵ Liostaítear seisear leis an sloinne 'Bonfield' faoin gceannteideal 'Persons transplanted in Ireland A.D. 1653-1654' in O' Hart *Landed gentry*.⁸⁶ Níl an sloinne le fáil i gContae na Mi in *Griffith's Valuation* ach tá sé le fáil le haghaidh contaetha Thiobraid Árann agus an Chláir sa bhfoinse chéanna.⁸⁷

Níl an bf. **Bonfield** le fáil sna suirbhéithe den 17ú haois, mar shampla, in *Civil Survey v*.⁸⁸ Ní foláir nó gur cuireadh an baile fearainn den ainm seo ar bun idir é sin agus obair na SO sa 19ú haois. De réir Mc Erlean, '... the Ordnance Survey did create some new land units in the 1820s and 1830s, and changes did occur earlier than this ...'⁸⁹ Cuireann Ó Donnabháin é seo in iúl dúinn mar gheall ar an mbaile fearainn seo san Ainmleabhar bainteach, 'Bonfield is a detached townland'.⁹⁰ Níl ann ach timpeall 33 acra.⁹¹ Is dócha go mbeadh an fhoirm 'Bonfieldstown' ró-chiotach mar logainm agus maidir leis an bhfoirm bhunúsach 'Bonville' bheadh athluaitheachas i gceist dá gcuirfí 'town' leis. Moltar an fhoirm Ghaeilge **Baile an Bhuinbhíolaigh** anseo i gcomhréir le foirm an tsloinne thuasluaite a thugann Wolfe.

3.1.8 Boycetown: par. Galtrim (DI); N86770 53277

Fianuithe:

- | | | | |
|----|---------|----------------------------------|---|
| 1) | 1540-41 | Boiston | <i>Crown surveys</i> , p226 |
| 2) | 1579 | Boireston & Boiceston | Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> , p124 |
| 3) | 1654-6 | Boysetown | <i>Civil Survey v</i> , 142 |

⁸² Woulfe, *Sloinnne Gael is Gall*, lgh. 58, 250.

⁸³ *Calendar of inquisitions post mortem* (Henry III, Edward I, Edward II and Edward III) (10 vols, London 1904-1921), iii, 431.

⁸⁴ St John Brooks (ed.), *Register of the hospital of S John the Baptist*, lch. 312.

⁸⁵ *Pat rolls James I*, lch. 95.

⁸⁶ O' Hart, *The Irish and Anglo-Irish landed gentry*, lch. 329.

⁸⁷ Ask about Ireland (<http://www.askaboutireland.ie/griffith-valuation>) (3 Deireadh Fómhair 2010).

⁸⁸ *Civil Survey v*, 141-2

⁸⁹ Thomas Mc Erlean, 'The Irish townland system of landscape organisation' in T. Reeves-Smyth and F. Hamond (eds), *Landscape archaeology in Ireland* (Oxford, 1983), lch. 316

⁹⁰ Ainmleabhar na SO *Mí 063*, lch. 18.

⁹¹ Ask about Ireland (<http://www.askaboutireland.ie/griffith-valuation>) (3 Deireadh Fómhair 2010).

4)	1654-6	Boysetowne	<i>Civil Survey</i> v, 143
5)	c1666	Boystowne	MS. G vi 2, <i>BSD</i>
6)	1686	Boysetowne	<i>Comm. of Grace</i> , p41
7)	1708	Boyestowne	<i>Registry deeds</i> , i, 368
8)	1718	Boycetown	<i>Registry deeds</i> , xxii, 282
9)	1718	Boyestown	<i>Registry deeds</i> , xxi, 246
10)	1806	Boycetown [Deece Lr]	<i>Grand jury</i> , p252
11)	1812	Boystown	<i>Larkin's Map</i>
12)	1655-9	Boys Towne	<i>Top. index, Petty BN</i> , p113
13)	1978	Boycetown	Fitzsimons, p18
14)	2011	'bois, t̪aun {13}	fuaimniú áitiúil
		'bɔis, t̪aun {18}	

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 067* sa Chartlann Náisiúnta, lach 28

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Boycetown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Boycetown	County Cess Applotter
	Boicetown	Rev., Lowe
	Boycetown	High Commission Survey & Valuation Report
	Boystown	Down Survey Map
	Boyce is a family name	John O' Donovan
1836	Boycetown	John O' Donovan

Cuireann MacLysaght an méid seo in iúl dúinn: '**Boyce** An English name of Norman origin (from French *bois*) established in various counties. In Donegal and the west it is an anglicized form of Ó Buadhaigh (Bogue).⁹²

Is ainm comónta é **Dubois** sa Fhrainc, an t-ochtú sloinne is coitianta de réir an tsleachta seo ó *Noms de famille de l'Ouest*: 'Dubois: 8e nom de famille le plus fréquent de France, porté par plus de 25 000 foyers, il désignait l'homme habitant un bois, ou un lieu ainsi nommé.'⁹³

Feictear an sloinne sna luathfhoinsí Angla-Normannacha agus go minic feictear go bhfuil sé comhcheangailte le Contae na Mí, mar shampla, sa bhliain 1378, 'Richard Felde, vicar

⁹² MacLysaght, *The surnames of Ireland*, lch. 23.

⁹³ Jean-François Ercksen, *Noms de famille de l'Ouest* (Rennes, 2005), lch. 13.

of Moyclare [Déise Uachtarch] releases to **Thomas Boys** a messuage, arable land and meadow in Brynestoun ...⁹⁴ Faightear na hainmneacha 'Gilbertus del Bois' timpeall na bliana 1234 agus 'Johannes del Bois' sa bhliain 1237/8 in *DMGR*.⁹⁵

Is é 'Bois' (1) c. 1540 an fhoirm den sloinne is luaithe san fhianaise stairiúil thuas; faightear 'Boyse' sna fianuithe (3-7) agus an gnáthfhoirm **Boyce** (8) den chéad uair i 1718. I gcoitinne tá na fianuithe i gcomhréir go réasúnta maith lena chéile.

Níl aon fhoirm Ghaeilge deimhnithe fós le haghaidh an bhaile fearainn seo ach tá an fhoirm 'Baile Bhois' [D] le haghaidh 'Boycestown' i gContae Lú agus agus 'Baile an Bhúsaigh' [ND] le haghaidh 'Boycestown' i gContae Chill Dara.⁹⁶ Moltar an fhoirm Ghaeilge **Baile an Bhúsaigh** le haghaidh 'Boycestown' atá idir lámha freisin.⁹⁷

3.1.9 Branganstown: par. Galtrim (DI); N86885 54176

Fianuithe:

1)	1540	Branganston	<i>fiant Hen. VIII</i> , 156
2)	1540-41	Branganston	<i>Ir. mon. poss.</i> , p297
3)	1570	Branganston	<i>fiant Eliz.</i> , 1663
4)	1578	Branganston	<i>fiant Eliz.</i> , 3380
5)	1579	Branganeston	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> , 124
6)	1579	Branaghton	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> , 124
7)	1583	Branganston	<i>fiant Eliz.</i> , 4220
8)	1594	Branganston	<i>fiant Eliz.</i> , 5873
9)	1600	Branganston	<i>fiant Eliz.</i> , 6383
10)	1640-41	Brangaston	<i>Crown surveys</i> , p200
11)	1654-6	Branganstowne	<i>Civil Survey v</i> , 140
12)	1654-6	Branganstown	<i>Civil Survey v</i> , 141
13)	1655-9	Branganstowne	<i>Top. index, Petty BN</i> , p114
14)	c.1666	Bragganstowne	MS. <i>G vi 2, BSD</i>
15)	c.1666	Braganstowne [index]	MS. <i>G vi 2, BSD</i>
16)	c.1672	Branganstown more	<i>Top. index, Petty HD</i> , p115
17)	1812	Branganstown	<i>Larkin's Map</i>

⁹⁴ *Calendar of Christ Church deeds, 1174 – 1684*, contained in appendices to 20th, 23rd and 24th Reports (Dublin, 1896), uimhir 739, lch. 170.

⁹⁵ Connolly & Martin (eds), *The Dublin guild merchant roll*, lgh. 114, 72 faoi seach.

⁹⁶ *BLE* faoi 'Boycestown' (www.logainm.ie) (13 Meán Fómhair 2010).

⁹⁷ Féach foirm an tsloinne 'de Bús' in Woulfe, *Sloinnite Gael is Gall*, lch. 59

18)	1837	Branganstown	Lewis, <i>A top. dict.</i> , i, 638
19)	1978	Baile Bhrangáin	Fitzsimons, p19
20)	2011	' brangənz, təun {13,18}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 067* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 27

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Branganstown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Branganstown	County Cess Collector
	Branganstown	Rev. Lowe
	Brangnastown	High Commission Survey & Valuation Report
	Branganstowne	Down Survey
	Baile Bhrangáin, 'Brangan's town'	John O' Donovan
1836	Branganstown	John O' Donovan

Tá dhá bhaile fearainn faoin logainm **Branganstown** in *BLE*, ceann amháin i gContae Chill Dara leis an an bhfoirm Ghaeilge 'Baile Uí Bhranagáin' [ND], agus 'Branganstown' idir lámha anseo gan fhoirm Ghaeilge oifigiúil fós.⁹⁸

De réir cosúlachta is **sloinne Gaeilge** é an cáilitheoir go bunúsach, titim amach neamhchoitianta go leor sa *town zone*. Déanann Woulfe trácht ar an sloinne mar seo: 'Ó Branagáin – O Branagan, O Branigan, O Brengan, Branagan, Branigan, Brannigan, Brennigan, Brangan, Brankin; desc. Of Branagan (dim. of *bran*, a raven) ...'⁹⁹

Tosaíonn na fianuithe le (1) 'Branganston' i *bhfiant* sa bhliain 1540 agus tá siad i gcomhréir go réasúnta maith lena chéile agus leis an bhfianaise san Ainmleabhar bainteach.¹⁰⁰ Moltar an fhoirm Ghaeilge **Baile Uí Bhranagáin** anseo, i gcomhréir le foirm Ghaeilge an tsloinne ag Woulfe thuasluaite.

3.1.10 Bryanstown: par. Rodanstown (DU); 91369 40774

Fianuithe:

1)	c.1280	Brynston	<i>index, CCC deeds, 521</i>
2)	1379	Brynestoun	<i>index, CCC deeds, 739</i>
3)	1398	Brynostoun	<i>index, CCC deeds, 790</i>
4)	1415	Brynestoun	<i>index, CCC deeds, 866</i>

⁹⁸ *BLE* faoi 'Branganstown' (www.logainm.ie) (20 Meán Fómhair 2010).

⁹⁹ Woulfe, *Sloinne Gael is Gall*, lch. 440.

¹⁰⁰ Ainmleabhar na SO *Mí 067*, lch. 27.

5)	1439	Brynestoun	<i>index, CCC deeds, 928</i>
6)	1440	Bynestown [sic]	<i>index, CCC deeds, 933</i>
7)	1447	Brinestoun	<i>index, CCC deeds, 944</i>
8)	1485	Bryneston	<i>index, CCC deeds, 348</i>
9)	1485	Brynestoun	<i>index, CCC deeds, 1065</i>
10)	1488	Brynestown	<i>index CCC deeds, 350</i>
11)	1504	Bryneston	<i>Reg. Alen, p257</i>
12)	1540-41	Brenyston	<i>Crown surveys, p224</i>
13)	1542	Brenyston	<i>index, CCC deeds, 1191</i>
14)	1547	Bryneston	<i>fiant Edw. VI, 134</i>
15)	1547	Brayneston	<i>fiant Edw. VI, 134</i>
16)	1550	Brynyston	<i>index, CCC deeds, 1229</i>
17)	1557	Breneston	<i>index, CCC deeds, 1250</i>
18)	c.1580	Brenston	<i>index, CCC deeds, 1353</i>
19)	1583	Bryneston	<i>Gillespie, Book of CC, p44</i>
20)	1585	Brenestone by Meglare	<i>Liber albus, 3, p8¹⁰¹</i>
21)	1588	Brynston	<i>fiant Eliz., 5206</i>
22)	1592-3	Brinston	<i>index, CCC Deeds, 1415</i>
23)	1654-6	Brymestown [sic]	<i>Civil Survey v, 153</i>
24)	1654-6	Brinistown	<i>Civil Survey v, 153</i>
25)	1654-6	Brynestown	<i>Civil Survey v, 152</i>
26)	1654-6	Brinestowne	<i>Civil Survey v, 151</i>
27)	1654-6	Brianstown	<i>Civil Survey v, 155</i>
28)	1659	Brianstowne	<i>MS. 14E 22, DS map</i>
29)	c.1666	Brynestown	<i>MS. 974, BSD, p124</i>
30)	c.1672	Brianstowne	<i>Top. index Petty HD, p115</i>
31)	1835	Bryanstown	<i>Chanc. deeds (1840), 86, p19</i>
32)	1978	Bryanstown	<i>Fitzsimons, p20</i>
33)	2011	' br̄ainz, t̄aun {4}	<i>fuaimniú áitiúil</i>

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 078* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 28

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Bryanstown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Bryanstown	Rev. Ardagh, Protestant Rector
	Brianstown	Rev. J. Lynch, R.C. Rector
	Bryanstown	High Commission Survey & Valuation Report
	Bryanston	Inq. Temp. Jac. I

¹⁰¹ 'A calendar of the liber niger and liber albus of Christ Church Dublin' in *PRIA 75C 1907-09*, lch. 8.

.	Bryanstown	Inq. Temp. Car. I
	Bryenston	Inq. Temp. Car. I
	Bryan, 'a man's name'	John O' Donovan
1836	Bryanstown	John O' Donovan

Tá réimse cuíosach mór fianuithe le fáil i gcomhair an bhaile fearainn **Bryanstown** atá faoi bhráid anseo toisc go raibh sé suite i mainéar tábhachtach Angla-Normannach, 'Moyglare'. Is é 'Bryan, a man's name' atá san Ainmleabhar.¹⁰² Deirtear gur 'sloinne gallda de réir dealraimh' é i dtaifead scanáilte in *BLE* i dtaobh 'Bryan' i logainm eile, 'Bryanstown' i mBarúntacht Damhliag Íochtarach, i gContae na Mí.¹⁰³

Tugann Patrick Woulfe leaganacha éagsúla den ainm agus is é an bunús a thugann sé don ainm ná '... A common **Breton personal name** introduced into England at the Conquest ...'¹⁰⁴ Aontaíonn de Bhulbh '... The personal name Brian was popular among the Normans who got it from their Breton allies ...'¹⁰⁵ Mar shampla, faightear an t-ainm Brian fitz Count, tiarna sa Bhreatain Bheag timpeall 1109.¹⁰⁶ In Ó Muraíle, *GBIG* luaitear 'Brian' sna 'drona de na sloinntibh tangattar le hUilliam Conquer'.¹⁰⁷

Ach deir Ó Corráin and Maguire, 'The origins and meaning of the name present many **difficulties**. O' Rahilly believes that it was borrowed on Irish soil from a population speaking a Celtic language like Welsh or British. The original form was Brion (two syllables which later developed into Brian with a new genitive, Briain)'.¹⁰⁸

Bhí an t-ainm anseo roimh theacht na nAngla-Normannach, mar shampla, ag an bhfear iomráiteach **Brian Bóramha** ach tá seans maith gur tháinig an t-ainm isteach leo freisin. Faightear an duine den ainm 'Dauid Briane' mar '[nomen] collectorum in comitatu Mide' sa bhliain 1421.¹⁰⁹ In *CJR* luaitear 'David Brian' sa bhliain 1297 mar seo: 'Hugh Ymelton stole 3 cows of David Brian and David's children died for lack of the cows.'¹¹⁰ Luaitear duine den ainm 'Rogerus Brian' in *DGMR* sa bhliain 1227/8.¹¹¹

¹⁰² Ainmleabhar na *SO Mí 078*, lch. 28.

¹⁰³ *BLE* faoi 'Bryanstown' (www.logainm.ie) (20 Meán Fómhair 2010).

¹⁰⁴ Woulfe, *Sloinnite Gael is Gall*, lch. 232.

¹⁰⁵ Seán de Bhulbh, *Sloinnite na hÉireann : Irish surnames* (Luimneach, 1997), lch. 194.

¹⁰⁶ Flanagan, *Irish society, Anglo-Norman settlers*, lch. 139.

¹⁰⁷ Ó Muraíle, *GBIG*, iii, 781A.4.

¹⁰⁸ Donnchadh Ó Corráin and Fidelma Maguire, *Irish Names* (Dublin 1981, this edition 1990), lch. 35.

¹⁰⁹ Richardson & Sayles (eds), *Parliaments & great councils of medieval Ireland*, lch. 172.

¹¹⁰ *CJR 1295-1203 [etc.]*, i, lch. 179.

¹¹¹ Connolly & Martin (eds), *The Dublin guild merchant roll*, lch. 57.

Tá na fianuithe (1-32) i gcomhréir go réasúnta maith lena chéile ach is decair a bheith cinnte cén fhuaim a bhí sna leaganacha (1-22) ón 13ú -16ú haois. Tá seans gurb é an sloinne 'Bryn' (ón bhfocal Breatnaise *bryn* 'a hill') atá i gceist agus más ea, b'fhéidir go mbeadh an fhoirm Ghaeilge **Baile an Bhrinigh** (NÓM) oiriúnach. Is é /'brəinz, təun/ an fuaimniú áitiúil den ainm le blianta fada anuas, áfach. Ar an ábhar seo, moltar an fhoirm Ghaeilge **Baile Bhriain** le haghaidh an logainm seo.

3.1.11 **Butlerstown:** par. Moyglare (DI); N96413 41846

Fianuithe:

1)	1526	Butlerstone	<i>Griffith, Cal. inq. Hen. VIII 29</i>
2)	1540-41	Butlarston	<i>Crown surveys, p224</i>
3)	1540-41	Butlerston	<i>Ir. mon. poss., p36</i>
4)	1547	Buttelerston	<i>fiant Edw. VI, 134</i>
5)	1588	Butlerston	<i>fiant Eliz., 5206</i>
6)	1589	Butterstone	<i>fiant Eliz., 5343</i>
7)	1597	Butterestowne	<i>fiant Eliz., 6132</i>
8)	1597	Butterestowne	<i>CPCR 18-45 Eliz., p481</i>
9)	1654-6	Buttlerstown	<i>Civil Survey v, 153</i>
10)	1654-6	Buttlerstowne	<i>Civil Survey v, 154</i>
11)	1663	Butlerstowne	<i>Inq. Leinster Car. II, 4</i>
12)	1659	Butlerstowne	<i>MS. 14E 22, Hib. Del. map</i>
13)	c.1666	Butlerstowne	<i>MS. 974, BSD, p124</i>
14)	1655-9	Butlerstowne	<i>Top. index Petty BN, p118</i>
15)	1812	Butlerstown	<i>Larkin's map</i>
16)	1978	Butlerstown	<i>Fitzsimons, p20</i>
17)	2011	' botlərs, təun {4}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 102* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 16

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Butlerstown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Butlerstown	Rev. Ardagh, Protestant Rector
	Butlerstown	Rev. J. Lynch R.C. Rector
	Butlelstown	High Commission Survey & Valuation Report
	Butlerstowne	Down Survey
	Butlerston	Inq. Temp. Car. I
	Butlerstowne	Inq. Temp. Car. II

	Butlerston	Inq. Temp. Jac. I
	Butler, a family name	John O' Donovan
1836	Butlerstown	John O' Donovan

Tá naoi mbaile fearainn faoin ainm **Butlerstown** in *BLE*.¹¹² Is é 'Butler, a family name' atá san Ainmleabhar.¹¹³ Déantar trácht ar an sloinne 'Butler' mar seo in Reaney and Wilson:

It is Butler, Buttler: Hugo *Buiteiller* 1055 France; Alexander *le Butiller* 1174-84 Seals (Huntingdonshire); Baldwin *le Buteilier* 1200 P (Kent) ... Anglo French *butuiller*, OFr *bouteillier* 'servant in charge of the wine-cellar', usually the head servant (c1250 NED). In some early examples, an officer of high rank nominally connected with the supply and importation of wine (1279 NED)¹¹⁴

Tháinig an sloinne go hÉirinn de bharr **Theobald Walter**. Dar le Otway-Ruthven, 'Theobald Walter, the founder of the great Butler family, which was to dominate so much of the later history of Ireland, was the son and eventual heir of Hervey Walter of Amounderness in Lancashire, hereditary Butler of England ... and he himself was granted the office of **hereditary butler** of Ireland ...'¹¹⁵

Tugann MacLysaght an míniú seo ar an sloinne, 'Always called *de Builtéar* in Irish, though it is of course properly *le Butler* not *de*. It is one of the great Anglo-Norman families which, however, did not become **hibernicized** like the Burkes ...'¹¹⁶ Faightear an t-ainm seo go minic sna foinsí Angla-Normannacha luatha, mar shampla, sa bhliain 1232/3 feictear duine den ainm 'Willelmus le Butiler de Scrin' in *DGMR*.¹¹⁷

Tá **dhá leagan Gaeilge** difriúil den logainm, bunaithe ar an bhfianaise dar ndóigh, deimhnithe in *BLE*, 'Baile an Bhuitléaraigh' [D] le haghaidh 'Butlerstown' i gCorcaigh agus 'Baile na mBuitléarach' [D] le haghaidh 'Butlerstown' x 2 i dTiobraid Árann.¹¹⁸

I gcoitinne, tá na fianuithe (1-15) ach amháin (7,8) 'Butterestowne, i gcomhréir lena chéile agus leis na foirmeacha san Ainmleabhar bainteach.¹¹⁹ Ba le Robert Rocheford an baile fearainn seo i lár an 17ú haois de réir *Civil Survey* v¹²⁰ agus ba le Mr Hamilton é in

¹¹² *BLE faoi* 'Butlerstown' (www.logainm.ie) (25 Eanáir 2011).

¹¹³ Ainmleabhar na SO *Mí 078*, lch. 16.

¹¹⁴ Reaney & Wilson, *A dictionary of English surnames*, lch. 76.

¹¹⁵ A. J. Otway-Ruthven, *A history of medieval Ireland* (New York, 1968, 1980), lch. 67.

¹¹⁶ MacLysaght, *The surnames of Ireland*, lch. 30.

¹¹⁷ Connolly & Martin (eds), *The Dublin guild merchant roll*, lch. 65.

¹¹⁸ *BLE faoi* 'Butlerstown' (www.logainm.ie) (29 Bealtaine 2010).

¹¹⁹ Ainmleabhar na SO *Mí 102*, lch. 16.

¹²⁰ *Civil Survey* v, 154.

1836.¹²¹ Tá an baile fearainn teorantach lastoir le par. agus bar. Dhún Búinne agus níl sé ach seacht gciliméadar ó chaisleán na mBuitléarach i Dhún Búinne. B'fhéidir gur le duine de na Buitléaraigh é tráth cé nach féidir bheith cinnte anois. Ar aon nós, moltar **Baile an Bhuitléaraigh** mar fhoirm Ghaeilge an logainm **Butlerstown** anseo.

3.1.12 Clarkstown: par. Kilmore (DU); N88182 46517

Fianuithe:

1)	1407	Clerkestoū	<i>RPCH, 8 Hen. IV, p186</i>
2)	1607	Clerckston	<i>Griffith, Cal. inq. J.I, 49 (1) (2)</i>
3)	1624	Clerkston	<i>Inq. Leinster Jac. 1, 81</i>
4)	1624	Clarkeston	<i>Inq. Leinster Jac. 1, 81</i>
5)	1624	Clarkston	<i>Inq. Leinster Jac. 1, 81</i>
6)	1630	Clearkston	<i>Inq. Leinster Car. 1, 63</i>
7)	1654-6	Clarkstowne	<i>Civil Survey v, 148</i>
8)	1654-6	Clerkstown	<i>Civil Survey v, 148</i>
9)	1654-6	Clearkestowne	<i>Civil Survey v, 149</i>
10)	1655-9	Clarke Towne	<i>Top. index Petty BN, p143</i>
11)	c.1666	Clarkestowne	<i>MS. G vi 2, BSD</i>
12)	c.1666	Clerkstowne [index]	<i>MS. G vi 2, BSD</i>
13)	c.1666	Clerkestowne	<i>MS. 974, BSD, p122</i>
14)	1837	Clarkstown	<i>Lewis, A top. dict., i, 638</i>
15)	1812	Clarkstown	Larkin's Map
16)	1978	Clarkstown	Fitzsimons, p24
17)	2011	' klarks, t̪əun {1}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mi 065* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 21

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Clarkstown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Clarkstown	Rev. E. J. Gregory, Rector
	Clarkestown	Applotter of County Cess
	Clarkstown	Tenants Receipts
	Clarkstown	High Commission Survey & Valuation Report
	Clerkstowne	Down Survey Reference
	Clarkstowne	Down Survey Map
1836	Clarkestown [ceartaithe aige le] Clarkstown	John O' Donovan

I dtaca leis an sloinne 'Clarke' sa logainm **Clarkestown** deir MacLysaght, 'An English

¹²¹ Ainmleabhar na SO *Mi 102*, lch. 16.

name, which usually stands for O' Clery in Ireland.¹²² Gan amhras is **ainm Fraincise** é freisin. Ciallaíonn *Leclerc* an cléireach nó an scríobhaí. Cuireann Ercksen an méid seo in iúl dúinn ina leith, 'Leclerc: patronyme extrêmement fréquent ... Il désignait au Moyen Âge un homme instruit (et est à l'origine notre 'clerc' de notaire).'¹²³ Maidir leis seo is spéisiúil é an míniú in *Larousse de la généalogie*, 'LeClerc: Ce Patronyme Normand désignait les clercs, c'est-à-dire les tonsurés, jouissant du privilège de clergie ...'¹²⁴

Tháinig an sloinne isteach i dtréimhse **na nAngla-Normannach**. Faightear an fhoirm Laidineach seo 'Bartholomeus Clericus' in *DGMR* sa bhliain 1236/7.¹²⁵ Tá an sloinne 'Clerk' le fáil go flúirseach in *CJR* idir na blianta 1295 agus 1303.¹²⁶

Seachas malartú na litreacha 'e' agus 'a' iontu, tá na fianuithe (1-15) i gcomhréir go réasúnta maith lena chéile agus leis na leaganacha san Ainmleabhar bainteach thuas.

Ní thugann Ó Donnabháin aon fhoirm Ghaeilge don ainm 'Clarkstown' seo san Ainmleabhar.¹²⁷ Tá an leagan **Baile Uí Chléirigh** molta le haghaidh 'Clarkstown' i mbarúntacht Ráth an Dúin/*Rathdown*, i gContae Bhaile Átha Cliath in *BLE*.¹²⁸ Tugann Woulfe **Cléireach** le haghaidh an tsloinne agus molaim **Baile an Chléirigh** mar fhoirm Ghaeilge an logainm seo.¹²⁹

3.1.13 Collistown: par. Kilclone (DU); N92517 44471

Fianuithe:

1)	1526	Collystown	Griffith, <i>Cal. inq. Hen. VIII</i> , 21
2)	1606/7	Colleston	<i>Inq. Leinster Jac. I</i> , 2
3)	1624	Cooliston	<i>Inq. Leinster Jac. I</i> , 81
4)	1624	Coleston	<i>Inq. Leinster Jac. I</i> , 81
5)	1662	Colestowne	<i>Inq. Leinster Car. II</i> , 1
6)	1654-6	Collistown	<i>Civil Survey v</i> , 150
7)	1654-6	Colistowne	<i>Civil Survey v</i> , 152
8)	1654-6	Colliestown	<i>Civil Survey v</i> , 151
9)	1659	Collinstowne	<i>MS. 14E 22, Hib. Del. map</i>

¹²² MacLysaght, *The surnames of Ireland*, lch. 44.

¹²³ Ercksen, *Noms de famille de l'Ouest*, lch. 28.

¹²⁴ Dauphont (ed.), *Larousse de la généalogie*, lgh. 262-3.

¹²⁵ Connolly & Martin (eds), *The Dublin guild merchant roll*, lch. 70.

¹²⁶ *CJR 1295-1203 [etc.]*, i, 486.

¹²⁷ Ainmleabhar na SO *Mí 065*, lch. 21.

¹²⁸ *BLE* faoi 'Clarkstown' (www.logainm.ie) (29 Bealtaine 2010).

¹²⁹ Woulfe, *Sloinnite Gael is Gall*, lch. 236.

10)	1655-9	Collis Towne	<i>Top. index Petty BN</i> , p159
11)	c.1666	Collistowne	MS. <i>G vi 2, BSD</i>
12)	c.1672	Collinstowne	<i>Top. index Petty HD</i> , p159
13)	1812	Collistown	Larkin's map
14)	1978	Collistown	Fitzsimons, p28
15)	2011	' ko:ləs, təun {1,4}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 102* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 21

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Collistown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Collistown	Sir Francis Mc Donald
	Collestown	Applotter of County Cess
	Coalestown	Mr J. Connor Land Surveyor
	Collistown	High Commission Survey & Valuation Report
	Collistowne	Down Survey Map
	Coleston	Inq. Temp. Ed. 1. (Archdall)
	Collis, a family name	John O' Donovan
1836	Collistown	John O' Donovan

Is deacair a bheith cinnte i dtaobh bunús an tsloinne sa logainm **Collistown**. Tuairimíonn Ó Donnabháin thuas gur **Collis** an sloinne atá i gceist. Dar le de Bhulbh, 'Collis: rare: Dublin etc. English 17 cent ...'¹³⁰ Luann Reaney and Wilson: 'Collis, Collishe, Colliss: Juliana *Colles* 1334 ColchCt; John *Collys* 1443 Eynsham; Harry *Colles*, Robert *Collys* 1524. Variants of **Coles**, or Colls. v. Cole, Coll.'¹³¹ D'fhéadfadh an sloinne **Colley** a bheith i gceist freisin (> Baile an Chollaigh, NÓM). Bhí baint idir mhuintir Colley agus muintir Cusack, clann nótaílte i gcontae na Mí sa 16ú haois¹³² agus níos déanaí le clann Wellesley (Richard Colley Wellesley, marquis Wellesley 1760-1842).¹³³

Is dóchúil, áfach, gur leagan den sloinne '**Cole** + 'Saxon genitive' **-(e)s'** é an cáilitheoir go bunúsach. Tabhair faoi deara (15) an fuaimniú áitiúil thuas. Maidir leis an logainm 'Cole' tugtar an míniú seo in *Oxford dict. pnn*: '... a British river-name identical with Coole in

¹³⁰ de Bhulbh, *Sloinnnte na hÉireann*, lch. 188.

¹³¹ Reaney & Wilson, *A dictionary of English surnames*, lch. 106.

¹³² Charles Mosley (ed.), *Burke's peerage and baronetage* (106th ed., 2 vols, Crans, Switzerland) lch. 2971, (<http://www.thepeerage.com/p10657.htm>) (24 Meitheamh 2012).

¹³³ G.E. Cokayne; with Vicary Gibbs, H.A. Doubleday, Geoffrey H. White, Duncan Warrand and Lord Howard de Walden (eds), *The Complete Peerage of England, Scotland, Ireland, Great Britain and the United Kingdom, Extant, Extinct or Dormant, new ed.*, 13 volumes in 14 (1910-1959; reprint in 6 volumes, Gloucester, U.K., 2000), ix, lch. 236, (<http://thepeerage.com/p10256.htm#i102556>) (24 Meitheamh 2012).

France ... and derived from the old Celtic word for 'hazel' ... cf. Coleshill.¹³⁴

Is mar seo a mhínítear é in *Patronymica*: 'Cole: Places in Wilts and Somerset. Also a very ancient Teutonic personal name. In Domesd.; it appears as a personal name, in H.R. as a family name' agus deirtear i dtaca le 'Coles', 'a **genitive form** of Cole'.¹³⁵ Luann Ó Donnabháin **Coleston** ón bhfoinse *Inq. Ed. I* (Archdall) le haghaidh 'Collistown' san Ainmleabhar.¹³⁶ agus feictear (4) 'Coleston' in *Inq. Leinster 81 Jac. I*, sa bhiaín 1624 agus (5) 'Colestowne' in *Inq. Leinster I Car. II*, sa bhliain 1662.

Dála an scéil d'oibrigh athair Eoghan Uí Ghramhnaigh ar eastát an tiarna talún Abraham Colles, Athboy. Shocraigh Ó Donnabháin ar an leagan 'Collis' anseo.¹³⁷ Tá an fhoirm Ghaeilge **Baile an Chólaigh** molta le haghaidh 'Colestown' i gContae Loch Garman agus ceapaim go mbeadh an fhoirm seo oiriúnach le haghaidh 'Collistown' atá idir lámha freisin.

3.1.14 Bailte fearainn: Craystown or Ennistown agus Ennistown

Is ainmneacha comhroghnacha iad 'Craystown' agus 'Ennistown' le haghaidh an bhaile fearainn céanna. Is baile fearainn eile é 'Ennistown' i bparóiste *Balsoon* chomh maith. Toisc gurb ionann an dá logainm 'Ennistown' déantar trácht orthu maraon anseo tar éis cur síos a dhéanamh ar an logainm 'Craystown'.

3.1.14.1 Crayston (or Ennistown): par. Balsoon (DI); N87068 59962

Fianuithe:

1)	1616/7	Crayston	<i>Inq. Leinster Jac. I</i> , 18
2)	1616/7	Craieston	<i>Inq. Leinster Jac. I</i> , 18
3)	1978	Craystown or Ennistown	Fitzsimons, p32 & p41
4)	2010	Crástún nó Baile Uí Aonghais	logainm.ie [ND]
5)	2011	' cre:z,təun {9}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 063* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 19

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Craystown or Ennistown	Boundary Surveyor's Sketch Map

¹³⁴ Ekwall, *Oxford dictionary of English Place-Names*, lch. 116.

¹³⁵ Lower, *Patronymica Britannica*, lch. 65.

¹³⁶ Ainmleabhar na SO *Mí 102*, lch. 21.

¹³⁷ *Ibid.*

	Enestown	High Commission Survey & Valuation Report
	Crástún	John O' Donovan
	Cray is a family name	John O' Donovan
1836	Craystown or Ennistown	John O' Donovan

Is 'family name' é **Cray** de réir an Donnabhánaigh san Ainmleabhar bainteach.¹³⁸
D'fhéadfadh an sloinne seo a bheith **dúchasach nó eachtrannach**.

Faightear an logainm 'Cray' in *Oxford dict. pnn* leis an míniú, '... A British river-name identical with Crai in Wales and derived from MW crei 'fresh, clean ...'¹³⁹

I dtaca le bunús Gaelach freisin, tá an méid seo le rá ag Hanks and Hodges: 'Cray Irish: Anglicised form of Gael. **Ó Craoibhe** 'descendant of *Craobhach*, a byname meaning “curly (headed)” or “prolific” (from *craobh* branch).¹⁴⁰

Luann Reaney and Wilson: 'Cray, Kray: Gunnilda *de Craie*, 1203 FFK ; Simon *de Crey* 1317 AssK; William *Cray* 1372 IpmW ...' gan tagairt don bhunús.¹⁴¹

Is féidir freisin gur **sloinne Fraincise** go bunúsach atá i gceist. Nuair a dhéantar cuardach sna *PagesBlanches* reatha, feictear líon níos mó ná 5,000 den sloinne 'Cray' agus 'Craie' faoi seach, leis an líon is mó den dá shloinne seo sa Briotáin ná in aon áit eile.¹⁴² Tá foirmeacha eile cosúla, ina measc, 'Cré', 'Cret', 'Cres', 'Crey', 'Du Cray', 'Du Crest' ... le fáil go forleathan freisin.¹⁴³

B'fhéidir gurbh é an sloinne Fraincise 'Craie' ón bhfocal *craie* '*chalk*'¹⁴⁴ a bhí i gceist sa logainm [tabhair d'aire do (2) '**Craieston**' thuas]. Feictear an sloinne go réasúnta luath sna foinsí tar éis teacht na nAngla-Normannach, mar shampla na hainmneacha 'Richard Crey' agus **Geoffrey de Craye** in *CDI* sa bhliain 1289.¹⁴⁵

Tugann Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge **Crástún** san Ainmleabhar thuas. Tá sé scríofa

¹³⁸ Ainmleabhar na SO *Mi 063*, lch. 19.

¹³⁹ Hanks & Hodges, *A dictionary of surnames*, lch. 129.

¹⁴⁰ Ibid.

¹⁴¹ Reaney & Wilson, *A dictionary of English surnames*, lch. 115.

¹⁴² Eolaí teileafóin idirlín na Fraince (<http://www.pagesjaunes.fr/pagesblanches>) (15 Meán Fómhair 2010)

¹⁴³ Ibid.

¹⁴⁴ Harrap's new standard *Dictionnaire Francais-Anglais* (London, 1972), lch. 111.

¹⁴⁵ *CDI*, iii, 230, 247.

go húdarásach le dúch agus is ró-dhócha go bhfuair sé an fhoirm Ghaelaithe seo go háitiúil. Uaireanta cuireadh logainmneacha Béarla 'in oiriúint do chóras fóinéimeach na Gaeilge le hathréimniú na teanga (ón 14ú haois amach)¹⁴⁶. Moltar an fhoirm seo **Crástún** le haghaidh an logainm **Craystown**.¹⁴⁷

3.1.14.2 **Ennistown (or Craystown):** par. Balsoon (DI); N87068 59962

Fianuithe:

1)	1563	Inwyeston al' Enoston	<i>Inq. Leinster Eliz.</i> , 1
2)	1568	Wieston	<i>fiant Eliz.</i> , 1240 ¹⁴⁸
3)	1598	Enniston [?Deece Lr]	<i>Inq. Leinster; Eliz.</i> , 6
4)	1624	Enoston	<i>Inq. Leinster Jac. I</i> , 69
5)	1616/7	? Ennaghston	<i>Inq. Leinster Jac. I</i> , 18
6)	1663	Enestowne	<i>Inq. Leinster Car. II</i> , 3
7)	1835	Ennistown also Innistown	<i>Chanc. deeds</i> (1840), 125, p28
8)	2010	Baile Uí Aonghais [ND]	logainm.ie
9)	2011	' enəs, təun {9}	fuaimniú áitiúil

3.1.14.3 **Ennistown:** par. Balsoon (DI); N86495 59164

1)	2011	' enəs, təun {9}	fuaimniú áitiúil
----	------	-------------------------	------------------

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mi 063* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 24

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
1836	Ennis, a family name	John O' Donovan
1836	Ennistown	Dr. Clifford, the proprietor

Is ainm comhroghnach é **Ennistown** le 'Craystown' thuas agus tá an t-ainm ar bhaile fearainn eile sa pharóiste céanna . 'Ennis, a family name', de réir an Donnabhánaigh san Ainmleabhar.¹⁴⁹ Tugann MacLysaght an míniú seo ar an sloinne Ennis:

O hAonghuis (descendant of Angus). This is a variant of **O hAonghusa** (O Hennessey) of Moyfenrath, on the borders of Meath and Westmeath. It is well-known in that and adjacent areas in its earlier forms of Ennos, Enos etc. It has no connection with the town of Ennis. Occasionally, Ennis is a synonym of the Scottish Innes which is cognate with Mac Gennis.¹⁵⁰

Dealraíonn sé mar sin gurb é an sloinne **Ennis** atá sa logainm seo. Ní dóigh liom gurb é

¹⁴⁶ *BLE* faoi 'Múrtún' (www.logainm.ie) (11 Meán Fómhair 2011).

¹⁴⁷ *Ibid.* faoi 'Craystown' (26 Eanáir 2011).

¹⁴⁸ *Invieston* alias *Enoston* i *bhfiant Eliz.* 1240.

¹⁴⁹ Ainmleabar na *SO Mi 063* lch. 24.

¹⁵⁰ MacLysaght, *The surnames of Ireland*, lch. 99.

an ghné fhisiciúil 'inis' leis an gciall 'island' nó 'land liable to flood' atá i gceist.¹⁵¹ Tugtar an fhoirm Ghaeilge (8) **Baile Uí Aonghais** [ND] in *BLE*.¹⁵² Ní féidir é sin a shéanadh.

3.1.15.1 **Crumpstown (or Marshallstown):** par. Scurlockstown (DI); N86897 55179

Is ainmneacha comhroghnacha eile iad 'Crumpstown' agus 'Marshallstown' le haghaidh an bhaile fearainn seo. Déantar cur síos orthu ceann i ndiaidh a chéile anseo:

Fianuithe:

- | | | | |
|----|--------|----------------------------|----------------------------|
| 1) | 1654/6 | Crompetowne | <i>Civil Survey</i> v, 142 |
| 2) | 1654/6 | Crumptown | <i>Civil Survey</i> v, 140 |
| 3) | 2011 | ' crumps, t̄aun {8} | fuaimniú áitiúil |

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 103* sa Chartlann Náisiúnta, lch 7

	Ortagrafraíocht	Údarás nó Foinse
	Crumpstown or Marshalstown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Croomstown	Larkin's Map 1812
	Marshalstown	High Commission Survey & Valuation Report
	Marshallstowne	Down Survey
	Marshallston	Inq. Temp. Car. I
	Crump, a family name	John O' Donovan
1836	Crumpstown or Marshallstown	John O' Donovan

Is 'family name' é **Crump** de réir an Donnabhánaigh.¹⁵³ Ní luaitear an sloinne seo i saothair MacLysaght ná Woulfe. Tugann Reaney and Wilson an bunús seo: 'Peter **Crumpe** 1176 P (Berks); Adam *le Crumpe* 1203 AssSt. OE *crump* 'bent, crooked'.¹⁵⁴

De réir an *Oxford dict. pnn*, 'Cromford, Cromhall, Crompton seem rather to contain a word for 'bend' derived from **crumb**' and tagraítear do 'OE *crumb* 'crooked'.¹⁵⁵ Dealraítear go bhfuil gaol idir 'crumb' anseo agus 'crump' thuasluaite ag Lower. Dar ndóigh tá **crum** i nGaeilge freisin; in *eDIL* faighimid 'cromm, ó ā (var. crom) le Keywords bent; stooped; crooked'.¹⁵⁶

¹⁵¹ Gerard Stockman (gen. ed.), *Place-names of Northern Ireland*, (vol. 6, Béal Feirste, 1996), Kay Muhr (ed.) *County Down IV*, lch. 292.

¹⁵² *BLE* faoi 'Ennistown' (www.logainm.ie) (24 Meitheamh 2012).

¹⁵³ Ainmleabhar na SO *Mí 103*, lch. 7.

¹⁵⁴ Reaney & Wilson, *A dictionary of English surnames*, lch. 119.

¹⁵⁵ Ekwall, *Oxford dictionary of English place-names*, lch. 134.

¹⁵⁶ *eDIL*, litir C colún 545, líne 028 (www.dil.ie) (26 Samhain 2011).

Thainig an sloinne isteach anseo in aimsir na nAngla-Normannach. Mar shampla, faightear an t-ainm 'Gadfridus Crumpe' in *DGMR* sa bhliain 1228/9 agus 'David Crompe' ann sa bhliain 1261/2.¹⁵⁷ Faightear an sloinne i gContae na Mí de réir foinsí éagsúla. Mar shampla, san *Oxford dictionary of national biography* faightear an iontráil seo: '**Henry Crump** (Crumpe), Cistercian monk and religious controversialist, was of Irish birth and became a monk in the abbey of Baltinglass, Wicklow. He was probably a native of the diocese of Meath, where one Matthew Crump was an Archdeacon between 1373 and c. 1393.'¹⁵⁸ Luaitear 'Esmond Crompe of Herbertstown' sa bhliain 1472/3 in *Stat. rolls Hen. VI (Berry)*¹⁵⁹ Tá ceithre bhaile fearainn leis an ainm 'Herbertstown' i gContae na Mí.

De réir *Civil Survey* v ba le '**Adam Crumpe** of Marshallstowne' an baile fearainn den ainm sin agus is suntasach gurb é sin an bf. ar a bhfuil an t-ainm comhrognach 'Crumpstown'.¹⁶⁰ Deir staraí áitiúil, Mc Keever, an méid seo: 'In pre-Cromwellian times **de Crump** and Birford were the lords of all the lands comprising Curtistown, Marshallstown, and indeed Marshallstown was formerly known as Crumpstown.'¹⁶¹ Glaotar 'Marshallstown' amháin ar an mbaile fearainn inniu. Moltar an fhoirm Ghaeilge **Baile an Chrumpaigh** le haghaidh **Crumpstown** anseo ar aon dul le 'Carraig an Chrumpaigh', baile fearainn i gCorcaigh.¹⁶²

3.1.15.2 Marshallstown (or Crumpstown): par. Scurlockstown (DI); N86897 55179

Fianuithe:

1)	1521	Marshalleston	Griffith, <i>Cal. inq. Hen. VIII</i> , 9
2)	1530	Marscaleston	Griffith, <i>Cal. inq. Hen. VIII</i> , 51
3)	1538	Marshallston	Griffith, <i>Cal. inq. Hen. VIII</i> , 109
4)	1567	Marshialston	<i>fiant Eliz.</i> , 1202 William Crompe of,
5)	1579	Marchalleston	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> , 124
6)	1596	Marshallstone	<i>Carew MS. iii</i> , p195
7)	1633	Marshalton [gan 's']	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 86
8)	c.1643	Marshallston	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 163
9)	1654-6	Marshallstowne	<i>Civil Survey v</i> , 137
10)	1654-6	Marshalstown	<i>Civil Survey v</i> , 138

¹⁵⁷ Connolly & Martin (eds), *The Dublin guild merchant roll*, lgh. 59, 105 faoi seach.

¹⁵⁸ *Oxford dictionary of national biography* (60 vols, Oxford, 2004), xiv, 536.

¹⁵⁹ Henry F. Berry (ed.), *Statute rolls of the parliament of Ireland first to the twelfth year of the reign of King Edward IV* (Part I) (Dublin, 1914), lch. 720.

¹⁶⁰ *Civil Survey v*, 140.

¹⁶¹ Mc Keever, 'History of Kilmessan and its environs (1978)', lch. 103.

¹⁶² *BLE* faoi 'Carrigacrumpe' (www.logainm.ie) (24 Meitheamh 2012).

11)	1654-6	Marshallstown	<i>Civil Survey</i> v, 140
12)	1655-9	Marshallstowne	<i>Top. index, Petty BN</i> , p307
13)	c.1666	Marshallstowne	MS. G vi 2, BSD
14)	1685	Marshallsto	<i>Petty HD</i> , p7
15)	1836	Marshallstown	John O' Donovan [Ainmleabhar]
16)	2011	' marfəls, təun {8}	fuaimniú áitiúil

Deir MacLysaght gur 'occupational name of Norman origin' é **Marshall**, 'found in Ireland in considerable numbers from early medieval times to the present day ...'¹⁶³ Tugann Woulfe an míniú seo, 'Marascal – Marshall; Nor. Le Marescal', le Mareschal' (i.e. the marshal, the servant or official who had charge of the horses; not the marshal in the sense of military title); a very common surname in early Anglo-Irish records.¹⁶⁴

De réir Lower tagann an focal ón Ollanais '*maer*, a horse and *schalck*, a servant' agus gur fhorbair sé sa Fhrainc mar seo: 'By degrees, the word acquired a more distinguished meaning, and was applied to the “magister equorum”, or master of the cavalry, and other offices of state.'¹⁶⁵ Deir an *Larousse de la généalogie* i dtaca le 'Marchal, Mar(é)chal', 'Ce nom vient d'un nom de métier, celui du forgeron ou du **maréchal-ferrant**, qui était autrefois le plus répandu après celui du travail de la terre ...'¹⁶⁶

Tháinig an sloinne díreach isteach leis na hAngla-Normannaigh. Fear mór le rá a raibh an sloinne agus an teideal aige ab ea **William Marshal**. Phós sé Isabel de Clare, iníon Strongbow, sa bhliain 1189 agus tháinig sé i gcomharbacht ar Strongbow i dtiarnas Laighean.¹⁶⁷ Faightear samplaí eile den sloinne sna foinsí den am seo. Mar shampla, luaitear 'Henricus le Marechal' sa bhliain 1260/1 mar bhall den ghild in *DGMR*.¹⁶⁸ Tá an fhoirm Ghaeilge **Baile an Mharascalaigh** [D] in BLE le haghaidh bf. **Marshallstown** i gContae Bhaile Átha Cliath agus moltar an fhoirm chéanna anseo.¹⁶⁹

3.1.16. Curtistown Lower or Baldoyle agus Curtistown Upper: par. Kilmessan

Déantar trácht ar 'Curtistown' mar aonad amháin in *Civil Survey* v.¹⁷⁰ Faoi aimsir na SO

¹⁶³ MacLysaght, *The surnames of Ireland*, lch. 209.

¹⁶⁴ Woulfe, *Sloinnte Gael is Gall*, lch. 429.

¹⁶⁵ Lower, *Patronymica Britannica*, lgh. 217, 218.

¹⁶⁶ Dauphont (ed.), *Larousse de la généalogie*, lch. 266.

¹⁶⁷ Otway-Ruthven, *A medieval history of Ireland*, lch. 77.

¹⁶⁸ Connolly & Martin (eds), *The Dublin guild merchant roll*, lch. 102.

¹⁶⁹ BLE faoi 'Marshallstown' (www.logainm.ie) (24 Meitheamh 2012).

¹⁷⁰ *Civil Survey* v, 138.

sna 1830aidí bhí an baile fearainn scoilte i dhá pháirt, 'Curtistown Lower' (or Baldoyle) agus 'Curtistown Upper'.¹⁷¹ Déantar cíoradh ar 'Curtistown' (Upper & Lower) tar éis tagairt a dhéanamh don ainm 'Baldoyle' ar dtús. Cé gur cosúil gur logainm le bunús Gaeilge den chineál 'Baile + sloinne' é 'Baldoyle' déantar cur síos air anseo seachas i gCaibidil 4 (leis na logainmneacha Gaeilge) toisc gur comhainm le 'Curtistown Lower' atá ann.

3.1.16.1 Baldoyle (or Curtistowne Lr) par. Kilmessan (DI); N87276 57109

Fianuithe:

- | | | | |
|----|------|-------------------------|---------------------|
| 1) | 1812 | Balldoyle | <i>Larkin's map</i> |
| 2) | 1978 | Baile Dughbhaill | Fitzsimons, p6 |
| 3) | 2011 | ,bal' dɔil {9} | fuaimniú áitiúil |

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 063* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 9

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Baldoyle or Lower Curtistown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Balldoyle	Larkin's Map
	Curtistown	High Commission Survey & Valuation Report
	Curtestowne	Down Survey Reference
	Curtistowne	Down Survey Map
	Baile Dubhghoill, 'Doyle's or Dowell's town'	John O' Donovan
1836	Baldoyle or Lower Curtistowne	John O' Donovan

Baldoyle: Is é **Baile Dubhghoill** an fhoirm Ghaeilge de réir an Donnabhánaigh thuas le haghaidh an bhaile fearainn seo. Tagann an fhoirm choimirithe na Nua-Ghaeilge **Dúill** ón sean-foirm 'Dubhghall'.

De réir *eDIL*, is é an bhunbhrí atá ag an bhfocal 'gall' ná 'a Gaul' duine de 'tribus Gallie'.¹⁷² D'eascair bríonna tánaisteacha ón bhfocal bunúsach diaidh ar ndiaidh. Úsáideadh an téarma **gail** le haghaidh 'eachtrainnaigh' éagsúla, na Lochlannaigh, na Normannaigh, na Sasanaigh. Ina thaobh seo, deir Colmán Etchingham, 'In the later 820s, as the frequency of raiding begins to increase, a new usage - *Gaill* ('Foreigners') - is first attested, in AU (827.3): *orggan Luscan do genntib 7 a loscadh, 7 innreadh Ciannachta co rici Óchtar nUgan, 7 organ Gall ind airthir olchena* ("plunder of Lusk by heathens and its burning,

¹⁷¹ Féach Ainmleabhar na SO *Mí 063*, lgh. 9, 10.

¹⁷² *eDIL*, litir G, colún 38, líne 035 (www.dil.ie) (12 Iúil 2012).

and raiding of Cíanachta as far as Uachtar nUgan, and plunder of the Foreigners of the east also”).¹⁷³ Leanann sé ar aghaidh chun an difríocht idir na **Dubh Ghail** agus na **Fionn Ghail** a mhíniú.¹⁷⁴ Féach 3.1.21 'Gaulstown' thíos freisin.

Is ionann na logainmneacha **Baldoyle** faoi bhráid anseo agus par./bf. 'Baldoyle', Baile Átha Cliath a bhfuil mórán fianuithe le fáil faoi ar ocht dtaifead scanáilte in *BLE*.¹⁷⁵ Tá an fhoirm Ghaeilge **Baile Dúill** deimhnithe le haghaidh an bhaile fearainn i gContae Bhaile Átha Cliath. Moltar an fhoirm Ghaeilge **Baile Uí Dhúill** le haghaidh 'Baldoyle' anseo.

3.1.16.2 Curtistown Lower (or Baldoyle): par. Kilmessan (DI); N87276 57109

3.1.16.3 Curtistown Upper: par. Kilmessan (DI); N87518 56588

Fianuithe:

1)	1408	Curceston	<i>ICL, CLXV</i> ¹⁷⁶
2)	1540-41	Curteston	<i>Crown surveys</i> , p 41, p42
3)	1569	Curleston	<i>fiant Eliz.</i> , 1460
4)	1605	Curlestone	<i>Repertory pat. rolls J 1</i> , p176
5)	1619/20	Curlestowne als Curtestowne	<i>Pat. rolls 17 James I</i> , p462
6)	1654-6	Curtestown	<i>Civil Survey v</i> , 136
7)	1654-6	Curtestowne	<i>Civil Survey v</i> , 138
8)	1654-6	Cartestowne	<i>Civil Survey v</i> , 137
9)	1654-6	Curtistowne	<i>Civil Survey v</i> , 139
10)	1655-9	Curtis Towne	<i>Top. index, Petty BN</i> , p184
11)	c.1666	Curtistowne	<i>MS. G vi 2, BSD</i>
12)	1685	Curtistowne	<i>Petty HD</i> , p7
13)	c. 1672	Curtis Towne	<i>Top. index, Petty HD</i> , p184
14)	1812	Carcistown	<i>Larkin's Map</i>
15)	1978	Curtistown	Fitzsimons, p34
16)	2011	' curtəs, təun {9,15}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mi 063* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 10

¹⁷³ Colmán Etchingham, “Black foreigners”, “fair foreigners” and other foreigners: terms for Vikings in Irish annals', *Dréacht ailt*, lch. 2 (le foilsíú).

¹⁷⁴ *Ibid.*, 8+.

¹⁷⁵ *BLE* faoi 'Baldoyle' (www.logainm.ie) (14 Meán Fómhair 2010).

¹⁷⁶ Eric St John Brooks (ed.), *The Irish cartularies of Llanthony prima and secunda* (Dublin, 1963), lch. 187; Arlene Hogan, *The priory of Llanthony prima and secunda in Ireland 1172-1541: lands, patronage and politics* (Dublin, 2008), lch. 385.

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
1836	Upper Curtistown	Boundary Surveyor's Sketch Map

Maidir leis an sloinne 'Curtis' sa logainm **Curtistown** deir MacLysaght, 'Though gaelicized **de Cuirtéis**, this name, in Ireland since the thirteenth century, is the Norman **le Curteis** i.e. the well-educated man. Found mainly in east Leinster'.¹⁷⁷ In Ó Muraíle, *GBIG* luaitear 'Courtueis' sna 'drona de na sloinntibh tangattar le hUilliam Conquer'.¹⁷⁸

Tugann Woulfe bunús na foirme Gaeilge 'De Cuirtéis' mar seo: 'Curteis, Curtis; Nor. ' Le Curteis,' i.e. the courteous, one of courtly manners (Old Fr. Curteis). The name is on record since the thirteenth century'.¹⁷⁹ Seachas (1,3,4,14) earráidí scríobhaithe b'fhéidir, tá na fianuithe eile i gcomhréir lena chéile agus le fianuithe comhaimseartha an Donnabhánaigh san Ainmleabar.¹⁸⁰ Faightear an fhoirm Ghaeilge 'Baile an Chúirtéisigh' [D] le haghaidh bf. 'Curtistown', Tiobraid Árann agus moltar an fhoirm chéanna, **Baile an Chúirtéisigh** (Íochtarach & Uachtarach) anseo.¹⁸¹

3.1.17 Dolanstown: par. Rodanstown (DU); N89692 40835

Fianuithe:

1)	1467/8	Baldullañ	<i>Stat. rolls Edw. IV, 7 & 8, i, p568</i>
2)	1560	Baldullan	<i>Boyce Deeds, 5</i>
3)	1560	Balldullan	<i>Boyce Deeds, 5</i>
4)	1579	Ballindollan	<i>Griffith, Cal. inq. Eliz., 124</i>
5)	1579	Ballynedellan	<i>Griffith, Cal. inq. Eliz., 124</i>
6)	1601	Dollanston	<i>fiant Eliz., 6557</i>
7)	1612	Baldolan	<i>Inq. Leinster Jac. 1, 11</i>
8)	1621	Baldolin	<i>Inq. Leinster Jac .1, 53</i>
9)	1628	Dollanston	<i>Boyce Deeds, 7</i>
10)	1629	Dollanston	<i>Boyce Deeds, 8</i>
11)	1632-3	Dollanston	<i>Boyce Deeds, 10</i>
12)	1636	Dollanston	<i>Inq. Leinster Car. 1, 121</i>
13)	1636	Dolanston	<i>Inq. Leinster Car. 1, 129</i>
14)	1654-6	Dollanstowne	<i>Civil Survey v, 155</i>

¹⁷⁷ MacLysaght, *The surnames of Ireland*, lch. 72.

¹⁷⁸ Ó Muraíle, *GBIG*, iii, 781A.4.

¹⁷⁹ Woulfe, *Sloinnnte Gael is Gall*, lch. 256.

¹⁸⁰ Ainmleabhar na SO *Mí 063* lgh. 9, 10.

¹⁸¹ *BLE* faoi 'Baile an Chúirtéisigh' (www.logainm.ie) (3 Deireadh Fómhair 2011).

15)	1654-6	Dollanstown	<i>Civil Survey v, 157</i>
16)	1654-6	Dolanstowne	<i>Civil Survey v, 157</i>
17)	1654-6	Dolanstown	<i>Civil Survey v, 153</i>
18)	1659	Dallonstowne & Butlerstowne	<i>MS. 14E 22, DS map</i>
19)	1655-9	Dallans Towne	<i>Top. index Petty BN, p185</i>
20)	1663	Dolanstowne & Butlerstowne	<i>Inq. Leinster Car. II, 4</i>
21)	c.1666	Dolanstown & Butlerstowne	<i>MS. 974, BSD, p127</i>
22)	c.1672	Dallonstowne	<i>Top. index Petty HD, p185</i>
23)	1783	Dollingstown	<i>Taylor & Skinner maps, p61</i>
24)	1797	Dollanstown	<i>Beaufort's map</i>
25)	1802	Dollandstown	<i>Thompson surv. (Taylor's map)</i>
26)	1812	Dollerstown	<i>Larkin's map</i>
27)	1814	Dolans-town	<i>Leet, Directory, p155</i>
28)	1978	Dolanstown	<i>Fitzsimons, p37</i>
29)	2011	' dalənz, təun {4}	<i>fuaimniú áitiúil</i>

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mi 102* sa Chartlann Náisiúnta, lgh. 6, 7

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Dolerstown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Dolandstown	W. Gladstone Steward
	Dolanstown	Tombstone in Rodanstown graveyard, 1816
	Dolandstown	Thompson's Statistical Survey
	Dolerstown	Applotter of County Cess
	Dolestown	High Commission Survey & Valuation Report
	Dolanstowne	Down Survey
	Redmondstown als Rodanstowne + Dallonstowne Buttlerstowne	Down Survey
	Dollanston	Inq. Temp. Car. I
	Dolanston	Inq. Temp. Car. I
	Dolanstowne	Inq. Temp. Car. II
	Baile Uí Dholáin, 'O'Dolan's town'	John O' Donovan
1836	Dolanstown	John O' Donovan

D'fhéadfadh an sloinne **Dolan** sa logainm 'Dolanstown' a bheith dúchasach nó eachtrannach.

Cuireann MacLysaght (1985) an méid seo in iúl dúinn, '(O) Dolan ... derives from **Ó Dobhailen**, the name of a family on record since the twelfth century in the baronies of Clonmacnowen, Co. Galway, and Athlone, Co. Roscommon, in the heart of Uí Maine country and quite distinct from *Ó Doibhilin* (Devlin) ...'¹⁸² Feictear an fhoirm **Ó Dalláin** in Woulfe.¹⁸³

Is é (29) /'dalənz,təun/ an fuaimniú áitiúil agus de ghnáth is é gnáth-fhuaimniú an tsoinne 'Dolan' ná /'do:lən/. Tá seans go bhféadfadh foirm Ghaeilge Uí Dhonnabháin **Baile Uí Dholáin** leis an gcéad shiolla gearr a bheith Béarlaithe mar 'Dollan' *et var.* mar a fheictear sna fianuithe thuas. Nó d'fhéadfadh an sloinne **Ó Dalláin** a bheith i gceist.

Faightear sloinnte cosúla in Reaney and Wilson, 'Doland, Dolan; John *Dolaund* AssC'Richard *Doland* 1430 FrY; Thomas **Dollen** 1642 PrD, From Dowland (D)¹⁸⁴ Dála an scéil réitíonn an fuaimniú áitiúil (29) /'dalən/ le 'Dollen' anseo.

Tá dhá logainm faoi bhráid sa chuid seo dem shaothar le foirmeacha Gaeilge (truailithe dar ndóigh) chomh maith le foirmeacha Béarla san fhianaise stairiúil agus is iad 3.1.39 'Rodanstown' ('Balroddan' *et var.*) agus 'Dollanstown' ('Baldullan' *et var.*) anseo. Is rud suntasach é seo i limistéar nach raibh na Gaeil chomh láidir ann tar éis lonnú na nAngla-Normannach. Ach b'fhéidir gur samplaí iad de logainmneacha a aistríodh go Gaeilge le athréimniú na teanga tar éis 1350.

Is foirmeacha truailithe Gaeilge iad (1-5,7,8) thuas. Feicimid go raibh na foirmeacha Gaeilge agus Béarla in úsáid taobh le taobh ón mbliain 1467 go dtí 1621. Feictear an rud céanna le 'Balyboyes/Boycetown' a dtráchtann Liam Price air i gContae Chill Mhantáin leis an dá fhoirm, Béarla agus Gaeilge, ag malartú i rith an 16ú agus an 17ú haois.¹⁸⁵ Ní fheictear ach leaganacha Béarla le haghaidh an logainm faoi chaibidil ó 1628 i leith, (9-27), agus tá na foirmeacha seo i gcomhréir go réasúnta maith lena chéile agus le fianaise san Ainmleabhar bainteach seachas (26) 'Dollerstown' agus 'Dolerstown' faoi dhó san Ainmleabhar.¹⁸⁶

Tá sé le sonrú uaireanta i logainmneacha go mbáitear 'Uí' (tuiseal ginideach de 'Ó') i

¹⁸² MacLysaght, *The surnames of Ireland*, lch. 84.

¹⁸³ Woulfe, *Sloinnnte Gael is Gall*, lch. 494.

¹⁸⁴ Reaney & Wilson, *A dictionary of English surnames*, lch. 137.

¹⁸⁵ Liam Price, *The place-names of Co. Wicklow* (7 vols, Dublin, 1983) iv, 244.

¹⁸⁶ Ainmleabhar na SO *Mí 102* lgh. 6, 7.

sloinnnte Gaelacha faoi thionchar an Bhéarla. Más sloinne Gaelach atá i gceist anseo bheifí ag suíl le rian éigin den mhír seo sna leaganacha luatha. Ach ní dócha anseo gur réadú ar 'Baile Uí Dhalláin' (Nó 'Baile Uí Dholáin') iad na foirmeacha (4) 'Ballindollan' agus (5) 'Ballynedellan'. Caolsheans gur 'Baile an Dolánaigh/Dallánaigh' a bhí i gceist agus gur cailleadh an foirceann neamhaiceanta ach ní bhfuairéas fianaise ó fhoinsé neamhspleách chun tacú leis an bpointe seo.

Is annamh nach n-aontaíonn an Donnabhánach leis an bhfoirm aimsithe ag an 'Boundary Surveyor', 'Dolerstown', earráid b'fhéidir, sa chás seo. Tugann sé an fhoirm Ghaeilge 'Baile Uí Dholáin' leis an míniú 'O' Dolan's town' le haghaidh **Dolanstown** an fhoirm a mhol sé le greanú ar léarscáileanna na SO. Moltar an fhoirm Ghaeilge **Baile Uí Dhalláin** a bheadh i gcomhréir le foirm an tsloinne ag Woulfe thuasluaite and go réasúnta leis an bhfuaimniú áitiúil, (29) /'dalənz,təun/.

Luaitear an t-ainm 'Butlerstown' i dteannta le 'Dolanstown' uaireanta sa 17ú haois. Tá cur síos déanta cheana féin ar an logainm seo maidir le baile fearainn eile faoi 3.1.11 thuas.

3.1.18 Ferrestown: par. Rodanstown (DU); N91063 41404

Fianuithe:

- | | | | |
|----|------|--------------------|--|
| 1) | 1351 | Feragheston | <i>Cal. inq. post mort.</i> , ix, 683, |
| 2) | 1812 | Forrestown | <i>Larkin's map</i> |
| 3) | 1814 | Forres-town | Leet, <i>Directory</i> , p187 |
| 4) | 1978 | Ferristown | Fitzsimons, p43 |
| 5) | 2011 | 'ferəs,təun {4} | fuaimniú áitiúil |

Fianaise althchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 102* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 8

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Ferestown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Ferestown	Mr. Richard Naper
	Ferestown	Publick Advertisement
	Ferrestown	Mr. J. Connor, Land Surveyor
1836	Ferrestown	John O' Donovan

Ní thugann Ó Donnabháin foirm Ghaeilge nó aon tuairim le haghaidh an bhaile fearainn **Ferrestown**¹⁸⁷ agus níl aon fhoirm Ghaeilge le fáil in *BLE* fós.¹⁸⁸ Tá an fhoirm 'Forrestown'

¹⁸⁷ Ainmleabhar na SO *Mí 102*, lch. 8.

¹⁸⁸ *BLE* faoi 'Ferrestown' (www.logainm.ie) (21 Meán Fómhair 2010).

ag Larkin (2) agus Leet (3) thuas i bhfianuithe luatha an 19ú haois. Ach molann Ó Donnabháin 'Ferrestown' i gcomhréir le foirmeacha eile comhaimseartha.¹⁸⁹

Feictear (1) **Feraghteston** sa bhliain 1351 le foirm neamhghnách ar an gcáilitheoir. San innéacs, d'ionannaigh an t-eagarthóir é le 'Ferrestown' i bparóiste 'Rodenstown' .i. an baile fearainn atá faoi chaibidil.¹⁹⁰ Sa liosta tailte (ionchoisne maidir le Richard Tuyt) ina bhfuil sé, faightear an t-ainm 'Seragheston' freisin atá an-cosúil ach amháin an túslitir, agus atá suite i mbarúntacht Bhaile Fobhair, Contae na Mí. B'fhéidir gur bhreac an scríobhaí an fhoirm 'Feragheston' síos de réir analaí le 'Seragheston'.

De réir MacLysaght, tá an t-ainm **Ferris** le fáil i gCiarraí mar leagan den ainm 'O' Fergus'.¹⁹¹ I ndáil le foirmeacha (2,3) 'Forrestown' tugann Woulfe an fhoirm 'Foiréis' ar an sloinne 'Forrest'.¹⁹² Cuir i gcomparáid é leis an ainmfhocal 'forest' curtha i bhfóineolaíocht na Gaeilge leis an bhfoirm 'foraois'.¹⁹³

D'fhéadfadh **bunús eachtrannach** a bheith leis an ainm freisin. De réir Lower is foirmeacha de 'Ferrers' iad 'Ferris' agus 'Ferries' agus go mb'fhéidir go dtagann siad ó *Ferrières* i Normandy.¹⁹⁴ De réir *PagesBlanches* reatha na Fraince tá líon níos mó ná 5000 faoi seach de na sloinnte 'Ferres', **Ferris**, 'Ferrer' agus 'Ferrers' le fáil sa lá inniu.¹⁹⁵ In Ó Muraíle, *GBIG* faightear 'Ferrer' agus 'Ferers' sna 'dronga de na sloinntibh tangattar le hUilliam Conquer'.¹⁹⁶ Faightear tagairt do 'Agatha de Ferrers' in *CDI* sa bhliain 1248.¹⁹⁷ Luaitear fear den ainm 'Thomas le Ferrer' sa bhliain 1250 in *Register of the hospital of S. John the Baptist*¹⁹⁸ agus faightear an t-ainm 'William Ferrer' luaite sna *pat. rolls James I* sa bhliain 1620.¹⁹⁹ De réir Reaney and Wilson maidir le 'Ferries, **Ferris**, Ferriss ... Late forms of *Ferrers*.'²⁰⁰ B'fhéidir gurb é an sloinne eachtrannach seo atá i logainm **Ferristown** go bunúsach. Moltar an fhoirm Ghaeilge **Baile an Fheiréasaigh** anseo.

¹⁸⁹ Ainmleabhar na SO Mí 102, lch. 8.

¹⁹⁰ *Calendar of inquisitions post mortem*, ix, 462.

¹⁹¹ MacLysaght, *The surnames of Ireland*, lch. 107.

¹⁹² Woulfe, *Sloinnnte Gael is Gall*, lch. 235.

¹⁹³ Damian McManus, 'An Nua-Ghaeilge chlasaiceach' in Kim McCone *et al* (eag/í), *Stair na Gaeilge in ómós do Pádraig Ó Fiannachta* (Maigh Nuad, 1994), lch. 442.

¹⁹⁴ Lower, *Patronymica Britannica*, lch. 112.

¹⁹⁵ Eolaí teileafóin Idirlín na Fraince (<http://www.pagesjaunes.fr/pagesblanches>) (20 Meán Fómhair 2010).

¹⁹⁶ Ó Muraíle, *GBIG*, iii, 781A.8.

¹⁹⁷ *CDI*, ii, 440.

¹⁹⁸ St John Brooks (ed.), *Register of the hospital of S John the Baptist*, lch. 107.

¹⁹⁹ *Pat. rolls James I*, lch. 461.

²⁰⁰ Reaney & Wilson, *A dictionary of English surnames*, lch. 167.

3.1.19.1 Finlaghtown Great: par. Scurlockstown (DI); N84672 56518

3.1.19.2 Finlaghtown Little: par. Scurlockstown (DI); N85539 56078

Logainm dhá bhaile fearainn 'Finlaghtown Great' agus 'Finlaghtown Little' atá faoi bhráid anseo.

Fianuithe

1)	1547-8	Fynlagheston	<i>fiant Edw. VI</i> , 164
2)	1558	Kinglaygeston [Finlaghtown san innéacs]	Griffith, <i>Cal. inq. P. & M.</i> , 29 (2)
3)	1558	Fynlagheston	Griffith, <i>Cal. inq. P. & M.</i> , 34
4)	1558	Fanlagheston	Griffith, <i>Cal. inq. P. & M.</i> 34
5)	1570	Finlageston	<i>fiant Eliz.</i> , 1514
6)	1623	Finlaghton	<i>Inq. Leinster Jac. I</i> , 68
7)	1693	Finlaghtowne	<i>Inq. Leinster Gul. & Mar.</i> , 3
8)	1640	Ballinfinlagh als Finlaghtowne	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 154
9)	1654-6	Little ffinlaghtown	<i>Civil Survey v</i> , 139
10)	1654-6	Great ffinlaghton	<i>Civil Survey v</i> , 139
11)	1654-6	ffinlaghtowne	<i>Civil Survey v</i> , 139
12)	1654-6	ffenlaghten	<i>Civil Survey v</i> , 140
13)	1655-9	Finlagh Towne [Great & Little]	<i>Top. index, Petty BN (& HD)</i> , p218
14)	c.1666	Finlaghtowne	MS. <i>G vi 2, BSD</i>
15)	c.1666	Finlagstowne [index]	MS. <i>G vi 2, BSD</i>
16)	1685	Finlaghtowne	<i>Petty HD</i> , p7
17)	1730	Great Finlagstown otherwise, Parkstowne	<i>Wills</i> , i, 590
18)	1978	Fionnloch	Fitzsimons, p43
19)	2011	'fiŋlɔs, tɔun {8,18}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mi 103* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 5, 6

	Ortagrafraíocht	Údarás nó Foinse
	Great Fenlaghtown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Finlaghtowne	1694 Inq.
	Finlaghton	Inq. 1623
	Ballinfinlagh alias Great Finlaghtowne	Inq. 1640
	Great Fenloghtown	High Commission Survey & Valuation Report
	Great Finlaghtowne	Down Survey Map

	Little Fenlaghtown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Finlaghtowne	Inq. 1694
	Little Fenlaghtown	High Commission Survey & Valuation Report
	Finlaghtowne	Down Survey Map
	Finlaghtowne	Inq. Temp. Car. 1
	Fionnloch, 'bright lough'	John O' Donovan
1836	Finlaghtown ['Finlaghstown' leasaithe aige le s scriosta]	John O' Donovan

Feictear san Ainmleabhar gur shocraigh Ó Donnabháin ar an bhfoirm 'Finlaghstown' ar dtús sular athraigh sé é go **Finlaghtown** leis an litir 's' scriosta. Tugann sé an fhoirm Ghaeilge 'Fionnloch' leis an míniú 'bright lough' ar an logainm seo.

Faighimid an téarma **Finlough** faoi dhó in *BLE* leis an bhfoirm Ghaeilge 'Fionn loch' [ND] faoi seach, ceann amháin, gné, i gContae Ros Comáin agus an t-ainm eile i gContae Mhuigeo; faightear é freisin mar eilimint sa logainm 'Clonfinlough/Ceann Fionnlocha' [D] i bparóiste *Clonmacnoise*, Uibh Fhailí agus 'Cloonfinlough/Cluain Fionnlocha' [ND] I bparóiste *Cloonfinlough*, Ros Comáin.²⁰¹ Agus faighimid 'Findloch Cera' beannaithe ag (Naomh) Pádraig sa 'Rennes Dindshenchas'.²⁰²

Is réadú é 'fin' ar **fionn** (< *find* sa tSean-Ghaeilge) - rianaíonn Mc Cone sanasaíocht an fhocail seo siar don gComh-Cheiltis.²⁰³ B'fhéidir go gciallaíonn sé **geal** i dtaca le loch. Faightear an logainmn 'Lough Gill' i gCiarraí, Liatroim agus Sligeach leis an bhfoirm neamhdheimhnithe 'Loch Gile' in *BLE*.²⁰⁴ Ach an é 'loch' atá gceist i ndáiríre nó an bhfuil bunchiall eile leis an ainm seo? Is suntasach fianú (8) 'Ballinfinlagh al' Finloghtowne' toisc gur fhoirm Ghaeilge atá curtha in iúl ach níl an fhianaise láidir go leor chun ciall an logainm seo a léiriú go cinnte.

Cuirtear in iúl dúinn faoi 'Descriptive Remarks' san Ainmleabhar bainteach²⁰⁵ go bhfuil '1 rood agus 8 perches' faoi uisce i 'Finnloughtown Great' toisc go bhfuil an baile fearainn teorainneach le abhainn na Bóinne ach níorbh fhéidir liom **loch** suntasach nó fiú aon loch a aimsiú i gceachtar de na bailte fearainn seo ar an mapa bainteach den tsraith *Discovery*

²⁰¹ *BLE* faoi na logainmneacha liostaithe faoi seach (www.logainm.ie) (9 Deireadh Fómhair 2010).

²⁰² Whitley Stokes (ed.), 'The prose tales in the Rennes Dindshenchas' in *Revue Celtique*, xv (1894), 68.

²⁰³ Kim Mc Cone, 'An tSean-Ghaeilge agus a réamhstair' in Kim Mc Cone *et al* (eag/í), *Stair na Gaeilge in ómós do Pádraig Ó Fiannachta* (Maigh Nuad), 1994, lch. 79.

²⁰⁴ *BLE* faoi 'Lough Gill' (www.logainm.ie) (20 Deireadh Fómhair 2010).

²⁰⁵ Ainmleabhar na SO *Mí 103* lch. 6.

ná ar an talamh.²⁰⁶ Níl aon fhianaise ach an oiread de réir cosúlachta gur draenáladh loch nó gur taoscadh ceann sa dúiche uair éigin.

Ar cuairt chun na háite seo bhuail mé le beirt fheirmeoir a bhfuil cónaí orthu sa bhaile fearainn (roinnte) seo agus gur leo iad faoi seach dhá as na trí fheirm ann, Tom O' Grady Finlaghtown Little agus Michael Harlin²⁰⁷ 'Finlaghtown Farm', Finlaghtown Great. Bíodh is go bhfuil talamh cuíosach fliuch sna 'bottoms' ag an teorainn eatarthu dar le Michael Harlin, deir siad araon **nach raibh aon eolas acu ar loch** a bheith sa bhaile fearainn anois nó riamh. Ba mhar an gcéanna an scéal ag comharsana fad-aimseartha Paddy Gorman agus Michael Sheridan a bhfuil cónaí orthu i *Creroge*, baile fearainn le hais. Chomh maith leis sin, de réir léarscáileanna agus nótaí an *EPA*, is talamh maith faoi chód 12 don chuid is mó atá sa dá bhaile fearainn. Níl aon rian de 'lacustrine type soil' faoi chód 56 le sonrú ar mhapaí an *EPA* mar thoradh ar dhríodar locha (lake sediment) lena mbeifí ag súil dá mbeadh loch ann fadó.²⁰⁸

Séard is dóigh liom tar éis na fianuithe a iniúchadh arís, go mórmhór na cinn luatha (1-6) sa 16ú haois, le 's' ginideach (de réir analaí le logainmneacha eile sa cheantar go hiondúil) gur dócha gurb é 'sloinne + town' an struchtúr atá sa logainm **Finlaghtown** agus go gcaithfí amhras a chur i dtuairim Uí Dhonnabháin maidir le bailíocht na bunfhoirme a roghnaigh sé.

Is ródhócha gur **sloinne** atá i gceist anseo. I saothar James B. Johnston, an t-ainmeolaí Albanach faightear, 'Findlay Seat (Rothes) [c. 980 Finlay, Mormaer of Moray] Prob. G. [Gaelic] fionn laigh, 'clear calf ...'²⁰⁹ Is díol suime go raibh athair an 'Macbeth' firéanta a rugadh i 1005, ina cheannaire ar Moray san Albain agus gur **Findlaech** ab ainm dó.²¹⁰

Tugann Reaney and Wilson leaganacha éagsúla den sloinne le tagairtí agus le míniú mar seo: '**Finlay**, Finley, Findlay, Findley, Findlow, Finlow: *Fionnlaoich*, *Findlaech* c1070 Black; *Fynlayus clericus* 1246 ib.; Andrew *Fyndelai* 1526 ib.; Robert *Finlaw* 15676 ib.; John *Findlo* 1639 ib. Gael. *Fionnlagh* 'fair hero'.²¹¹ Maidir leis seo tugann *eDIL* an fhoirm

²⁰⁶ *OSi Discovery Series* (3rd edition), uimhir 42.

²⁰⁷ Michael Harlin, Finlaghtown Great, Contae na Mí; uimhir fón 087-6101970.

²⁰⁸ Léarscáileanna *Envision an EPA* faoi 'Finlaghtown Great' agus 'Finlaghtown Little'. (<http://maps.epa.ie/InternetMapView/mapviewer.aspx>) (8 Samhain 2010).

²⁰⁹ J. B. Johnston, *Place-Names of Scotland* (1st publ. 1892; republ. 1970, Wakefield Yorkshire), lch. 179.

²¹⁰ Meaning of names (www.meaning-of-names.com/gaelic-names/finlay.asp) (20 Deireadh Fómhair 2010).

²¹¹ Reaney & Wilson, *A dictionary of English surnames*, lch. 169.

'Láech' le 'Keywords layman; warrior ['eventually in this sense only']; heroic ...'²¹²

Deir de Bhulbh maidir leis an sloinne seo: '**Finlay**, Findlay: v. Numerous: Ulster, Louth-Meath etc. Scottish: a branch of Farquharson ... Scots Gaelic: *Fionnlaoch* (fair hero).'²¹³ Maidir leis an leagan suntasach (2) **Kinlaygeston** thuas le rian an 'mac' san litir 'k' tosaigh feictear an tagairt úsáideach seo i saothar Lower, 'Finlay: An ancient Scottish personal name, said to be the same as **Kinlay**'²¹⁴ (Is cosúil gur 'metanalysis' é seo de 'mac + Fionnlaoch' – ar nós 'Nurney < An Urnaí' agus 'Cadamstown < Baile Mhic Ádaim'.²¹⁵) Ní fhaightear an fhoirm seo i bhfoinse neamhspleách eile, áfach.

Faightear an **sloinne** i bhfoinsí éagsúla le haghaidh Contae na Mí. Mar shampla, luaitear an t-ainm 'William Henry Finlay', ball den 'Grand Jury at Summer Assizes, 1784 for county Meath'²¹⁶ agus faightear samplaí eile den ainm i measc na 'Freeholders'i gContae na Mí sa bhliain 1799.²¹⁷ San Ainmleabhar bainteach cuirtear in iúl go raibh na bailte fearainn 'Windtown', 'Monenstown', 'Drumard' par. *Galtrim*, áiteanna atá cóngarach do 'Finlaghtown' i seilbh 'Mr Finlay' var. 'Finley' sa bhliain 1836.²¹⁸ Is inmheasta gurb é an sloinne seo (i bhfoirm Ghaeilge na hAlban go bunúsach, b'fhéidir?) an cáilitheoir sa logainm 'Finlaghtown'.

Is suntasach gur chuir Ó Donnabháin 's' san ainm 'Finlaghtown' san Ainmleabhar thuas sular scrios sé é. Ní raibh go leor fianaise comhaimseartha aige chun é a dhearbhu ach ní raibh an ceart aige ach an oiread leis an míniú 'fionn loch'. De réir na bhfianuithe luatha (1-5) leis an 's' sealbhach de réir dealraimh, is amhlaidh gur sloinne atá i gceist. Measaim gur 'sloinne + town', an struchtúr comónta i gContae na Mí, atá sa logainm **Finlaghtown** agus moltar an fhoirm Ghaeilge **Baile Mhic Fhionnlaoch**, Mór & Beag.

3.1.20 Foxtown: par. *Galtrim* (DI); N85481 534384

Fianuithe:

1)	1812	Foxhall	<i>Larkin's Map</i>
2)	1978	Foxtown	Fitzsimons, p44
3)	2011	' faks, toun {18}	fuaimniú áitiúil

²¹² eDIL, litir L, colún 18, líne 050 (www.dil.ie) (27 Samhain 2011).

²¹³ de Bhulbh, *Sloinnite uile Éireann*, lch. 232.

²¹⁴ Lower, *Patronymica Britannica*, lch. 114.

²¹⁵ Raymond Hickey, *The dialects of Irish /study of a changing landscape* (Berlin/Boston, 2011), lch. 367.

²¹⁶ *Journal of the County Kildare Archaeological Society*, xii (1935-45) lch. 106.

²¹⁷ Upton Papers no. 12: *An alphabetical list of Meath freeholders 1799* (Typescript RIA).

²¹⁸ Ainmleabhar na SO *Mí 067*, lch. 45.

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Foxtown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Foxtown	Mr R. Parsons
	Foxtown	Mr. P. Gallagher
	Baile an tSIONNAIGH, 'town of the fox	John O' Donovan
1836	Foxtown	John O' Donovan

Ní raibh ach cúig (5) bhaile fearainn sa phar. *Galtrim* in aimsir na suirbhéithe móra sa 17ú haois; tá seacht mbaile fearainn déag anois agus ina measc tá **Foxtown**.²¹⁹ De réir Price, 'Of course there are far more existing place-names in Ireland than found in the documents of the Cromwellian Settlement ... many townland names were then local names; such names even though well-known would not be recorded in the surveys because they were only the names of subdivisions of an area of land which was a unit in itself ...'²²⁰ Muna bhfuil an bf. 'Foxtown' san aicme seo ní foláir nó gur cruthaíodh é d'aonghnó níos déanaí.

Deir de Bhulbh agus é ag trácht ar an sloinne '**Fox**, v. Numerous: all areas, especially in Ulster. There are a number of Irish names : Sionnach, Mac an tSionnaigh, Ó Sionnaigh, Ó Catharnaigh which may have been anglicised Fox ...'²²¹ Deir Woulfe go gciallaíonn an sloinne 'Fox', 'one of somewhat sly and cunning disposition' go bunúsach.²²²

Luaitear dhá logainm 'Foxtune' agus 'Foxton' in *Oxford dict. pnn*; iad araon leis an míniú 'Tūn where foxes abounded'.²²³ Ach ní dóigh liom gurb é sin bunús agus míniú an logainm 'Foxtown' anseo agus dála an scéil an t-aon cheann amháin atá in *BLE*.²²⁴

De réir Lewis, 'Galtrim House, a handsome residence ... **is the seat of J. Fox, Esq.** who is descended from Magnus Nial, Monarch of Ireland, and is the representative of the Lords of Kilcourcy, to whom Queen Elizabeth granted large possessions.'²²⁵ Faoi 'Descriptive Remarks' in Ainmleabhar *Mí 067* tráchtar ar pharóiste *Galtrim* ina bhfuil an bf. 'Foxtown' agus cuirtear in iúl dúinn freisin gurbh é seo an 'Seat of J. Fox esq.'²²⁶ Is cosúil gur

²¹⁹ Léarscáileanna na SO (<http://maps.osi.ie/publicviewer/>) (29 Samhain 2010).

²²⁰ Liam Price, 'The place-names of the books of survey and distribution and other records of the Cromwellian settlement' in *JRSAI*, lxxxix (1951), lch. 92.

²²¹ de Bhulbh, *Sloinnte na hÉireann*, lch. 196.

²²² Woulfe, *Sloinnte Gael is Gall*, lch. 671.

²²³ Ekwall, *Oxford dictionary of English place-names*, lch. 186.

²²⁴ *BLE* faoi 'Foxtown' (www.logainm.ie) (16 Meán Fómhair 2010).

²²⁵ Lewis Online Topographical dictionary (<http://www.from-ireland.net/lewis-topographical-dictionary-article/Galtrim/Meath>) (2 Aibreán 2011).

²²⁶ Ainmleabhar na SO *Mí 067* lch. 45.

ainmníodh an baile fearainn seo in onóir an úinéara agus a chlainne. Feictear an logainm 'Mount Fox/Móin an Bhoscaigh' i Luimneach le nóta: '**An Boscach**-- ón sloinne **de Bhosc** (< *Fox*); cf. 1655 'Moun Ivosky', *Civil Survey*' ach mholfainn foirm Ghaeilge an Donnabhánaigh thuas, **Baile an tSionnaigh**, le haghaidh **Foxtown** anseo; níl aon fhianaise go bhfios dom ag tacú leis an bhfoirm 'de Bhosc'.

3.1.21 **Gaulstown:** par. Culmullin (DU); N93871 47201

Fianuithe:

1)	1403	Galleston	<i>RPCH, 4 Hen. IV, p171</i>
2)	1403	Gallestoū	<i>RPCH, 4 Hen. IV, p168</i>
3)	1415/6	Gallestoū	<i>RPCH, 3 Hen. V, p214</i>
4)	1579	Galleston	<i>Griffith, Cal. inq. Eliz., 124</i>
5)	1579	Galeston	<i>Griffith, Cal. inq. Eliz., 124</i>
6)	1654-6	Gallstowne	<i>Civil Survey v, 146</i>
7)	1654-6	Gallstown	<i>Civil Survey v, 147</i>
8)	1654-6	Galstowne	<i>Civil Survey v, 146</i>
9)	1659	Gallestowne	<i>MS. 14E 22, Hib. Del. map</i>
10)	1655-9	Gallestowne	<i>Top. index Petty BN, p221</i>
11)	c.1666	Gallstowne	<i>MS. G vi 2, BSD</i>
12)	c.1666	Galstowne [index]	<i>MS. G vi 2, BSD</i>
13)	1686	Gallstowne	<i>Comm. of Grace, p41</i>
14)	c.1672	Gallestowne	<i>Top. index Petty HD, p221</i>
15)	1794	Gaulstown	<i>Upton freeholders</i>
16)	1812	Gallstown	<i>Larkin's map</i>
17)	2011	'ga:l̪s̪, t̪əun {1}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mi 065* sa Chartlann Náisiúnta, 6

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Gallstown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Gallstown	Tenant's Lease
	Gawlestown	Applotter of county Cess
	Gaulstown	Mr. J Connor Land Surveyor
	Gallstown	High Commission Survey & Valuation Report
	Galstowne	Down Survey Reference
	Gallestowne	Down Survey Map
	Galleston	Inq. Temp. Eliz.
	Gallston	Inq. Temp. Ed. I (Archdall)

	Galleston	Inq. Temp. Ed. I (Archdall)
	Gall is a family name	John O' Donovan
1836	Gaulstown	John O' Donovan

'Gall is a **family name**', de réir an Donnabhánaigh san Ainmleabhar maidir leis an logainm seo.²²⁷ De réir Mhic Giolla Easpaig, 'It is important to distinguish between **Gall** meaning “a pillar stone” which, apart from placenames, is found only in Early Law Tracts and glossaries, and the very productive prefix *gall* - “foreign, foreigner”...²²⁸ Féach 3.1.16.1 'Baldoyle' thuas freisin maidir le bunbhrí an fhocail 'gall'.

Tá na foirmeacha **Baile an Ghaill** nó **Baile na nGall** deimhnithe le haghaidh bailte fearainn éagsúla den ainm seo i gCill Chainnigh in *BLE*; i gcás 'Gaulstown' i mbarúntacht na Scríne, Contae na Mí, tugtar an fhoirm Ghaelaithe 'Gallastún' [ND] agus tá an fhoirm aistrithe 'Cnoc an Ghallaigh' deimhnithe le haghaidh 'Gallstown' i bPort Láirge.²²⁹ Níl aon fhoirm Ghaeilge deimhnithe fós le haghaidh an bhaile fearainn atá idir lámha.

Tugann Woulfe na leaganacha 'Gall', 'Gaul', 'Gaule' le haghaidh 'Ir. “Gall” i.e. **the foreigner**, the Englishman ...²³⁰ (Féach 3.1.16.1 Baldoyle thuas maidir leis seo.) Deir de Bhulbh gur bhronn na Briotánaigh an téarma 'Gall' ar dhuine a tháinig isteach ón bhFrainc go dtí **an Bhriotáin**²³¹ agus ar ndóigh faightear an sloinne 'Le Gall' (*et var.* 'Le Gal' agus 'Le Gallo') go forleathan sa Bhriotáin.²³² Bhí dhá bhrí leis an téarma 'gal' sa Sean-Bhriotánais de réir *Larousse de la généalogie*: 'Le premier signifie *étranger* ... Mais, en ancien breton, **gal** pouvait aussi être traduit par *bravoure*, *exploit* ou *valeur*. Il aurait alors été attribué à un homme aux vertus exceptionnelles ...²³³ Cuireann mo mhaoirseoir, an Dr. Colmán Etchingham, in iúl dom go bhfuil 'an chiall chéanna ag 'gal' (b., gs, gaile) sa Ghaeilge agus 'gal' sa Bhreatnais go dtí an lá atá inniu ann.²³⁴

B'fhéidir gur tháinig an **sloinne** isteach go hÉirinn leis na hAngla-Normannaigh. In áiteanna sa tír ghlacfaí leis gur ag tagairt do Lochlannach/aigh, Normannach/aigh nó Sasanach/aigh a bheadh ainm den saghas seo, m. sh. 'Dún na nGall', ainm an chontae nó

²²⁷ Ainmleabhar na SO *Mí 065*, lch. 6. Féach faoi 3.1.16.1 thuas freisin maidir le bunbhrí an fhocail seo.

²²⁸ Dónall Mac Giolla Easpaig, 'Nouns and noun compounds in Irish placenames' in *Études Celtiques*, xviii (1981-82), lch. 160.

²²⁹ *BLE* faoi 'Gaulstown' (www.logainm.ie) (16 Meán Fómhair 2010).

²³⁰ Woulfe, *Sloinnnte Gael is Gall*, lch.290.

²³¹ de Bhulbh, *Sloinnnte na hÉireann*, lch. 240.

²³² Ercksen, *Noms de famille de l'Ouest*, lch. 26.

²³³ Dauphont (ed.), *Larousse de la généalogie*, lch. 262.

²³⁴ Nóta imeallach ar dhréacht den tráchtas (4 Samhain 2010).

'Baile na nGall' i gCiarraí. I dtaca leis seo, cuireann Diarmuid Ó Murchadha in iúl dúinn gur úsáideadh in Éirinn é ar dtús i dtaobh na **Lochlannach**, 'Its application to Scandinavian foreigners first occurs in *AU* in 828. It displaced *geinti* only gradually at first, but totally in the mid-tenth century, until the coming of the **Anglo-Normans**, to whom its application was transferred ... From then on *Gaill* was universally applied to the Anglo-Normans and their **descendants** in Ireland. It often had appended to it names of provinces or towns.¹²³⁵ Agus dar ndóigh tá a fhios againn ón stair gur úsáideadh an téarma seo sa 17ú haois chun idirdhealú a dhéanamh idir na hAngla-Normannaigh, na 'Sean-Ghaill', agus na coilínithe a tháinig níos déanaí, na 'Nua-Ghaill'.

Tosnaíonn na fianuithe thuas le (1) 'Galleston' 1403. I ndáiríre níl mórán éagsúlacht litrithe i measc na bhfianuithe a thabharfadh leid dúinn faoi aon rud neamhghnách. Is iad 'Gaul' agus 'Gaule' na gnáth-fhoirmeacha a fhaightear san eolaí teileafóin 01 faoi láthair. Moltar **Baile an Ghaill** mar ainm Gaeilge an bhaile fearainn seo.

3.1.22.1 Ginnetts Great: par. Agher (DU); N84115 52175

3.1.22.2 Ginnetts Little: par. Agher (DU); N83619 50772

Fianuithe:

1)	1559	Gennettes (The)	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> , 5
2)	1579	Much Gennett	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> , 124
3)	1579	Little Gennet	Griffith, <i>Cal inq. Eliz.</i> , 124
4)	1607	Gennettes	Griffith, <i>Cal. inq. J. 1</i> , 49
5)	1624	Little Gennetts	<i>Inq. Leinster Jac. 1</i> , 70
6)	1654-6	Genetts	<i>Civil Survey v</i> , 141
7)	1655-9	Genedstowne [Great & Little]	<i>Top. index, Petty BN</i> , p227
8)	c.1666	Gennettstowne [Great & Little]	MS. <i>G vi 2, BSD</i>
9)	1685	Genedstown	<i>Petty HD 1685</i> , p7
10)	c.1672	Genedstowne	<i>Top. index, Petty HD</i> , p227
11)	1793	Genots	<i>Taylor & Skinner's maps</i> , p91
12)	1794	Ginnet[t]s [dara 't' scriosta]	<i>Upton freeholders</i>
13)	1797	Ginnets	<i>Beaufort's map</i>
14)	1802	Ginnets	Thompson surv. (<i>Taylor's map</i>)
15)	1812	Ginnets	<i>Larkin's Map</i>
16)	1978	Ginnetts	Fitzsimons, p46

²³⁵ Diarmuid Ó Murchadha 'Nationality names in the Irish annals' in *Nomina*, xvi (1992-93), lgh. 65-6.

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mi 001* sa Chartlann Náisiúnta lgh. 8, 9, 10

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Great Ginnitts	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Great Ginnitts	Rev. John Kellett Rector
	Ginnets	Thompson's Statistical Survey
	Great Ginnetts	Applotter of County Cess
	Great Ginnetts	High Commission Survey & Valuation Report
	Little Ginnetts	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Little Ginnetts	Rev. John Kellett Rector
	Little Ginnetts	Applotter of County Cess
(I think this should be Jennet's? from a woman's name. Nóta JOD)	Little Ginnetts	High Commission Survey & Valuation Report
1836	Ginnetts Great	John O' Donovan
1836	Ginnetts Little	John O' Donovan

Cé nach cosúil gurb é an gnáth-mhúnlá 'sloinne + town' atá i gceist anseo sna logainmneacha **Ginnetts** Great & 'Ginnetts Little' is intuighthe é. Mar thacú leis seo feictear (7) 'Genedstowne' agus (9) 'Genedstown' i saothair Phetty, agus (8) 'Great Gennettstowne' agus Little Gennettstowne' in *BSD*. Tugann Ó Donnabháin le tuiscint gurbh ainm mná a bhí i gceist anseo agus ceapann sé go mba cheart an fhoirm 'Jennet' a bheith ann de réir nóta thuas san Ainmleabhar.

Ba ainm pearsanta coitianta é tráth i measc na n-uaisle agus na mionuaisle. Mar shampla go luath sa 15ú haois, ba mhac **Genet de Cusack** é Christopher Plunket, an chéad tiarna *Dunsany*. Ba aint í Jenet Eustace le Gearóid Óg, iarla Chill Dara.²³⁶ Is dóchúla, áfach, gur sloinne atá i gceist sa logainm faoi chaibidil.

Más **sloinne** é b'fhéidir go raibh bunús Fraincise leis agus gur tháinig sé isteach leis na hAngla-Normannaigh - faightear líon níos mó ná 5,000 de le haghaidh na bhfoirmeacha 'Genet', 'Gennet', 'Janet', 'Jannet', 'Jennet', 'Ginet' faoi seach nuair a dhéantar cuardach sna **PagesBlanches** reatha na Fraince.²³⁷ Míníonn McManus conas a rinneadh /s'/ nó /g/ den aifricéad /dz/, mar shampla *Gearóid* < *Geraud*, agus é ag cur síos ar Ghaelú ainmneacha

²³⁶ Gerard Rice, *Norman Kilcloon 1171-1700* (Meath Leader II, 2000), lgh. 79, 80.

²³⁷ Eolaí teileafóin Idirlín na Fraince (<http://www.pagesjaunes.fr/pagesblanches>) (3 Samhain 2010).

iasachta.²³⁸ B'fhéidir gur mar sin a tharla anseo. Féach (17) an fuaimniú áitiúil.

Cuireann Archdall an méid seo in iúl dúinn i dtaca leis na hAgaistínigh i 'Skrine', 'In the year 1341, the Lord Francis de Feipo granted to the Eremite Friars of the Order of St. Augustine, the piece of ground which was bounded to the west by his own park ... and by **William Genet's** land to the north, for the space and term of ninety-nine years ...'²³⁹ Níos déanaí sa stair faighimid tagairt in *Ir. mon. poss.* do **Richard Gennet** a fuair 'Sadleston and Ballostran' par. Stamullen ar cíos 29s – 3d.²⁴⁰

Ar an ábhar seo is inmheasta gur tháinig an sloinne isteach sa dúiche seo leis hAngla-Normannaigh nó go luath ina dhiaidh sin. Moltar an fhoirm Ghaeilge **Fearann an Ghinéadaigh**, Mór & Beag (NÓM) le haghaidh **Ginnetts** Great & Little.

3.1.23 **Harristown:** par. Moyglare (DU); N94434 41975

Fianuithe:

1)	1539	?Henreyston	<i>fiant Hen. VIII</i> , 91
2)	1540-41	Henriston	<i>Crown surveys</i> , p224
3)	1541	?Henrieston	<i>fiant Hen. VIII</i> , 197
4)	1547	Henrieston	<i>fiant Edw. VI</i> , 134
5)	1578	Hariston	<i>fiant Eliz.</i> , 3434
6)	1631	Harryeston	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 67
7)	1588	Harriston	<i>fiant Eliz.</i> , 5206
8)	1599	Harieston alias Henrieston	<i>fiant Eliz.</i> , 6327
9)	1654-6	Harrestown	<i>Civil Survey v</i> , 151
10)	1654-6	Harristown	<i>Civil Survey v</i> , 154
11)	1654-6	Harristowne	<i>Civil Survey v</i> , 154
12)	1659	Hardronstowne	MS. 14E 22, <i>Hib. Del. Map</i>
13)	1655-9	Hardronstowne	<i>Top. index Petty BN</i> , p244
14)	c.1666	Harristowne	MS. 974, <i>BSD</i> , p122
15)	c.1672	Fardronstowne [sic]	<i>Top. index Petty HD</i> , p244
16)	1794	Harristown	<i>Upton freeholders</i>
17)	1812	Harristown	<i>Larkin's map</i>
18)	1978	Harristown	<i>Fitzsimons</i> , p51
19)	2010	Baile Anraí [ND]	logainm.ie
20)	2011	'harəs, təun {1}	fuaimniú áitiúil

²³⁸ McManus, 'An Nua-Ghaeilge chlasaiceach', lch. 442.

²³⁹ Archdall, lch. 569 (eagrán Ar líne leabharlann Eoin Pól 2, NUIM).

²⁴⁰ *Ir. mon. poss.*, lch. 231.

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Harristown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Harristown	Rev. Ardagh, Protestant Rector
	Harristown	Rev. J. Lynch, R.C. Rector
	Harrieston	Inq. Temp. Car. I
	Harreyston	Inq. Temp. Car. I
	Harriston	Inq. Temp. Car. I
	Herryeston	Inq. Temp. Hen. VIII (Archdall)
	Harrieston al' Henriston	Inq. Temp. Hen. VIII (Archdall)
	Harristown	High Commission Survey & Valuation Report
	Harris, a family name	John O' Donovan
1836	Harristown	John O' Donovan

'**Harris**, a family name', de réir an Donnabhánaigh san ainmleabhar.²⁴¹ Tá *Baile Anraí* deimhnithe in *BLE* le haghaidh bailte fearainn leis an logainm **Harristown** i gcontaetha Chill Chainnigh agus Lú, agus tugtar an fhoirm Ghaeilge chéanna [ND] le haghaidh an bhaile fearainn atá faoi chaibidil.²⁴²

De réir Risk tagann an t-ainm 'Éinrí' ón mbunfhoirm 'Henri', le nóta mínithe i dtaca leis an litir 'h', 'AN initial [h] would appear to be orthographical only'.²⁴³ Deineadh tagairt don litir 'h' i bhFraincis faoi 3.1.1 'Arodstown' thuas ag míniú cén fáth gur coimeádadh é cé nach bhfuaimnítear é. Luann McManus an t-ainm pearsanta 'Henri' freisin agus conas mar atá sé socraithe i bhfóineolaíocht na Gaeilge leis an bhfoirm 'Éinrí'.²⁴⁴

I ndáil leis an ainm **Henry** i Sasain deir Reaney and Wilson, '... after the Conquest [it was] one of the most popular Norman names. The English form was *Herry* or ***Harry*** ...'²⁴⁵ Sna fianuithe luatha thuas (1-4), feictear 'Henrieston' agus a leithéidí. Ina dhiaidh sin, seachas (12,13,15), feictear foirmeacha éagsúla de 'Harristown' i gcomhréir lena chéile agus leis na foirmeacha san Ainmleabhar bainteach.²⁴⁶ Mholfainn **Baile Éinrí** mar ainm Gaeilge 'Harristown' anseo ar aon dul le foirm Ghaeilge an ainm 'Henry' thuasluaite.

²⁴¹ Ainmleabhar na SO *Mí 078*, lch. 14.

²⁴² *BLE* faoi 'Harristown' (www.logainm.ie) (21 Meán Fómhair 2010).

²⁴³ Henry Risk, 'French loan-words in Irish' in *Études Celtiques*, xii (1968-71), no. 20, lch. 602; no. 162, lch. 641.

²⁴⁴ McManus, 'An Nua-Ghaeilge chlasaiceach', lch. 442.

²⁴⁵ Reaney & Wilson, *A dictionary of English surnames*, lch. 227.

²⁴⁶ Ainmleabhar na SO *Mí 078*, lch. 14.

3.1.24 **Hayestown:** par. Culmullin (DU); N94157 48097

Fianuithe:

1)	1343/4	Hayston	<i>RPCH, 17 & 18 Edw. III, p43</i>
2)	1403	Haneston	<i>RPCH, Hen. IV, 5, p214</i>
3)	1415/6	Haneston	<i>RPCH, Hen. 3 V, p214</i>
4)	1566-7	Heyston	<i>Griffith, Cal. inq. Eliz., 38</i>
5)	1579	Haneston	<i>Griffith, Cal. inq. Eliz., 124</i>
6)	1633	? Hayeston	<i>Inq. Leinster Car. 1, 118</i>
7)	1640	Hayeston	<i>Inq. Leinster Car. 1, 158</i>
8)	1659	Hanestowne	<i>ME 14E 22, Hib. Del. Map</i>
9)	1654-6	Haniestowne	<i>Civil Survey v, 146</i>
10)	1654-6	Hanistowne	<i>Civil Survey v, 147</i>
11)	1655-9	Hanystown	<i>Top. index, Petty BN, p244</i>
12)	c.1666	Hainestowne	<i>MS. G vi 2, BSD</i>
13)	1655-9	Hanestowne	<i>Top. index, Petty HD, p244</i>
14)	1794	Haystown	<i>Upton freeholders</i>
15)	1812	Hainstown	<i>Larkin's map</i>
16)	1978	Haystown	<i>Fitzsimons, p51</i>
17)	2011	' he:z,təun {1}	<i>fuaimniú áitiúil</i>

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mi 065* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 7

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Hayestown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Hayestown	Applotter of County Cess
	Hayestown	Mr. J. Connor Land Surveyor
	Hayestown	High Commission Survey & Valuation Report
	Hainstowne	Down Survey Reference
	Haynestowne	Down Survey Map
	Authorities are in favour of the e. Hayestown	John O' Donovan
1836	Hayestown	John O' Donovan

Ní thugann Ó Donnabháin aon leagan Gaeilge le haghaidh **Hayestown** san Ainmleabhar bainteach²⁴⁷ agus níl fhoirm Ghaeilge deimhnithe in *BLE* fós.

Liostaíonn Woulfe na leaganacha seo a leanas den sloinne **Hayes**: 'Hayes', 'Ó hAodha',

²⁴⁷ Ainmleabhar na SO *Mi 065*, lch. 7.

'Mac Aodha', 'de Hae', 'de Haia', 'de Haya', 'de Hay', 'Hay', 'Hays' agus deir sé gurb ainm Normannach é 'de la Haye'.²⁴⁸

Ar an lámh eile de, cuireann Lower in iúl dúinn go dtagann an t-ainm 'Hayes' ó na paróistí 'Hayes' nó 'Hays' i Kent agus i Middlesex.²⁴⁹ Tá na sloinnnte 'Hay' agus 'Haye' le fáil go líonmhar in *CJR*.²⁵⁰ Chomh maith leis sin faightear finné den ainm 'Lord Walter de la Hay escheator of Ireland' i gcairt LXXVI in *ICL*,²⁵¹ loghadh (remit) de chuid 'Adam de Kilmessan' maidir le eaglais *Kilmessan*.

I measc na bhfianuithe thuas, feictear na foirmeacha Hayes (*et var.*), agus Haynes (*et var.*) leis an litir 'n'. Míníonn an *Oxford dict. pnn* éagsúlacht deilbhíochta an logainm seo. Ag tagairt do **Hayes** (i Devonshire agus i Dorset) deirtear mar gheall ar an logainm (agus, dar ndóigh, an focal bunúsach), '... [it] is the plural of OE *gehæg* or *hege* 'enclosure' agus i dtaca leis an logainm (agus an téarma) **Hayne(s)** deirtear gurb ionann é agus 'Hayes', 'except that "Hayne" represents the dat. plur., "Hayes", the nom. plur.'²⁵²

Faightear foirmeacha éagsúla de **Haynestown** i measc na bhfianuithe thuas: uimhreacha (2,3,6; 8-13), an tromlach, i ndáiríre. Ach má iniúchtar an fhianaise chomhaimseartha a bhí ag Ó Donnabháin san Ainmleabhar i gcoitinne, ní haon ionadh gur ghlac sé le **Hayestown**.²⁵³ Feictear leaganacha cosúla, (1,4,6,7) i measc na bhfianuithe bailithe chomh maith. Moltar **Baile Hae** le haghaidh ainm sráide 'Hayestown' i mBaile Átha Cliath agus mholfainn an fhoirm chéanna le haghaidh bf. **Hayestown** anseo.²⁵⁴

3.1.25.1 Jenkinstown par. Kilclone (DU); N91820 45393

3.1.25.2 Jenkinstown par. Kilmore (DU); N91820 45393

Tá dhá bhaile fearainn faoin ainm 'Jenkinstown'; aonad amháin a bhí ann tráth de réir cosúlachta agus roinneadh é idir na paróistí *Kilclone* agus *Kilmore*.

Fianuithe:

- | | | | |
|----|------|--------------------|------------------------------|
| 1) | 1403 | Jankyneston | <i>RPCH, 4 Hen. IV, p171</i> |
| 2) | 1403 | Jankynestoū | <i>RPCH, 4 Hen. IV, p168</i> |

²⁴⁸ Woulfe, *Sloinnnte Gael is Gall*, lgh. 94, 260.

²⁴⁹ Lower, *Patronymica Britannica*, lch.152.

²⁵⁰ *CJR 1295-1203 [etc.]* i-iii, innéacs.

²⁵¹ St John Brooks (ed.), *Llanthony prima & secunda*, lch. 88; Hogan, *The priory of Llanthony prima & secunda*, lch. 33.

²⁵² Ekwall, *Oxford dictionary of English place-names*, lch. 228.

²⁵³ Ainmleabhar na SO *Mí 065*, lch. 7.

²⁵⁴ *BLE* faoi 'Hayestown' (www.logainm.ie) (3 Meán Fómhair 2011).

3)	1415/6	Jankyneston	<i>RPCH, 3 Hen. V, p164</i>
4)	1537	Jenkenston	<i>Carew MS. i, p131</i>
5)	1540-41	Senkeniston	<i>Crown surveys, p293</i>
6)	1540-41	Jenkeston	<i>Crown surveys, p117</i>
7)	1540-41	Jenkyston	<i>Crown surveys, p117</i>
8)	550-51	Jenkenston	<i>fiant Edw. VI, 731</i>
9)	1567	Jenkynston	<i>Griffith, Cal. inq. Eliz., 41</i>
10)	1578	Jenkenstoun	<i>fiant Eliz., 3280</i>
11)	1624	Jenkinston	<i>Inq. Leinster Jac. 1, 81</i>
12)	1630	Jenkynston	<i>Inq. Leinster Car. 1, 63</i>
13)	1654-6	Jenkinstowne	<i>Civil Survey v, 148</i>
14)	1654-6	Jenkinstown	<i>Civil Survey v, 150</i>
15)	1659	Ienkinstowne	<i>MS. 14E 22, Hib. Del. map</i>
16)	1655-9	Jankinstowne	<i>Top. index Petty BN, p246</i>
17)	c.1666	Jenkinstowne	<i>MS. G vi 2, BSD</i>
18)	c.1666	Inkinstowne	<i>MS. 974, BSD, p122</i>
19)	c.1672	Ienkinstowne	<i>Top. index Petty HD, p246</i>
20)	1812	Jenkinstown	<i>Larkin's map</i>
21)	1978	Jenkinstown	<i>Fitzsimons, p54</i>
22)	2010	Baile Sheinicín [ND]	<i>logainm.ie</i>
23)	2011	dʒenkinz, təun {1}	<i>fuaimniú áitiúil</i>

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhair *Mi 102, Mi 065* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 25

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Jenkinston	<i>Inq. temp. Car. 1 Mi 102, 25</i>
	Jenkinstown	<i>Inq. temp. Eliz. Mi 102, 25</i>
	Jenkinstown	<i>Boundary Surveyor's Sketch Map Mi 102, 25 & Mi 065, 36</i>
	Jenkenstown	<i>Applotter of County Cess Mi 102, 25 & Mi 065, 36</i>
	Jinkinstown	<i>Mr. J. Connor Land Surveyor Mi 102, 25</i>
	Jenkinstown	<i>Mr. Gannon Mi 065, 36</i>
	Jenkinstown	<i>Rev. E Gregory Mi 065, 36</i>
	Jenkenstown	<i>High Commission Survey & Valuation Report Mi 065, 36</i>
	Jinkinstowne	<i>Down Survey Reference Mi 065, 36</i>
	Jankinstowne	<i>Vallancey Mi 065, 36</i>
	Jenkins, a family name	<i>John O' Donovan Mi 102, 25</i>
1836	Jenkinstown	<i>John O' Donovan Mi 102, 25 & Mi 065, 36</i>

'**Jenkins** a family name', de réir an Donnabhánaigh san Ainmleabhar i dtaobh an logainm **Jenkinstown**.²⁵⁵ Cuireann Lower in iúl dúinn gur tháinig a lán sloinnte ón ainm **John**. Orthu siúd liostaíonn sé 'Johnson', 'Jones' (ginideach sa Bhreatnais), 'Jennings' and 'Jenkins'.²⁵⁶ Taispeánann Prys Morgan and T. J. Morgan go dtagann na foirmeacha 'Ioncyn', 'Sioncyn', 'Jankin' agus **Jenkin** ón ainm 'John' sa Bhreatain Bheag.²⁵⁷

Feictear an fhoirm Ghaeilge **Baile Sheinicín** [D] le haghaidh logainm an bhaile fearainn 'Jenkinstown' i gContae Lú agus neamhdheimhnithe le haghaidh 'Jenkinstown' faoi chaibidil.²⁵⁸ Mholfainn go nglacfaí leis mar fhoirm Ghaeilge [D] anseo freisin.

3.1.26 **Lambertstown:** par. Kilmessan (DI); N88953 56645

Fianuithe:

1)	1463	Lamaregheston	<i>Stat. rolls Edw. IV, 4, i, p266</i>
2)	1540-41	Lambrogheston	<i>Crown surveys, p41</i>
3)	1596	Lumaraghstone	<i>Carew MS. iii, p195</i>
4)	1611	Lamraghton	<i>Inq. Leinster Jac. I, 9</i>
5)	1636	Lamoraghton	<i>Inq. Leinster Car. I, 127</i>
6)	1650	Lamoraghton	<i>Inq. Leinster Car. I, 165</i>
7)	1654-6	Lamerstown	<i>Civil Survey v, 137</i>
8)	1654-6	Lamerstowne	<i>Civil Survey v, 137</i>
9)	1654-6	Lamerstown	<i>Civil Survey v, 138</i>
10)	1654-6	Lamerstowne	<i>Civil Survey v, 138</i>
11)	1655-9	Lemres Towne	<i>Top. index Petty BN p289</i>
12)	c.1666	Lamerstowne	<i>MS. G vi 2, BSD</i>
13)	1838	Lambertstown	<i>Chanc. deeds (1840), 552, p134</i>
14)	1978	Lambertstown	Fitzsimons, p62
15)	2010	Baile an Lamaragh [ND]	logainm.ie
16)	2011	' lambærts, tæun {18}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar 063 sa Chartlann Náisiúnta, lch. 5

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Lambertstown	Boundary Surveyor's Sketch Map

²⁵⁵ Ainmleabhar na SO *Mí 102*, lch. 25.

²⁵⁶ Lower, *Patronymica Britannica*, lch. 173.

²⁵⁷ Morgan & Morgan, *Welsh surnames*, lch. 137.

²⁵⁸ *BLE* faoi 'Jenkinstown' (www.logainm.ie) (16 Meán Fómhair 2010).

	Lambertstown	High Commission Survey & Valuation Report
	Lamerstowne	Down Survey Reference
	Lemrestowne	Down Survey Map
1836	Lambertstown	John O' Donovan

Is logainm eile den struchtúr comónta 'ainm duine + town' é **Lambertstown**. Tugann Woulfe an leagan Gaeilge **Laimbeart** le haghaidh an tsloinne 'Lambert' agus seo iad na leaganacha eile a liostaíonn sé: 'Lamberde, Lambart, Lambert; 'son of Lambart' or 'Lambert' (a Teutonic personal name; both forms occur in the Domesday Book).²⁵⁹

De réir Lower d'fhéadfadh **dhá bhunús** a bheith ag an sloinne seo: '1. From the A-Sax. personal name; 2. From Lambert-sur-Dive or Lambert-sur-Orne in Normandy ... Some of the Lamberts of Ireland seem, however, to have used the local prefix de; and they are said to have come settled in that country tempus Henry II.²⁶⁰ (I ndáiríre ní bhfuair aon fhoirm leis an prefix *de* san fhianaise stairiúil.)

Tagraítear don bhunús 'Teutonic' in *Larousse de la généalogie* agus mínítear é mar seo: 'Ce nom, surtout originaire du nord-ouest de la France, dérive d'un nom de personne d'origine germanique *Landbehrt* (de *land* – pays et *beht*, brillant, illustre) ... 22000 en France ...'²⁶¹ Is ionann Lambert agus 'bright land' de réir an chuntais seo; is ainm é mar sin a d'eascair as mórtas cine is ceantair, de réir dealraimh. In Ó Muraíle, *GBIG* faightear 'Lambert' sna 'drona de na sloinntibh tangattar le hUilliam Conquer'.²⁶²

Is cosúil gur **tháinig an sloinne go hÉirinn tempus Henry II** mar adeir Lower thuas nó go luath ina dhiaidh sin. Faighimid 'Udard filius Lamberti' agus 'Elias filius **Lambert**' mar bhaill den ghild in *DGMR* sa bhliain 1262/3. Faightear giúróir den ainm 'Henry Lamberde' am éigin idir na blianta 1257-63 i *Register* an Ardeaspáig Alen.²⁶³ In *CDI* faightear fear den ainm 'Reymund Lambert' sa bhliain 1278.²⁶⁴

I dtaca leis na fianuithe, is suntasach nach bhfuil an litir 'b' sna foirmeacha (1-12) thuas go 1838 ach amháin in uimhir (2), 'Lambrogheston' sa *Crown surveys* 1540-41 agus is

²⁵⁹ Woulfe, *Sloinnite Gael is Gall*, lch. 188.

²⁶⁰ Lower, *Patronymica Britannica*, lch. 184.

²⁶¹ Dauphont (ed.), *Larousse de la généalogie*, p. 261.

²⁶² Ó Muraíle, *GBIG*, iii, 782A.5.

²⁶³ Charles Mac Neill (ed.), *Calendar of Archbishop Alen's register c.1172 – 1534* (Dublin, 1950), 105 (272), lch. 105.

²⁶⁴ *CDI*, ii, 185.

aisteach an litriú ar chuid acu. Tá éagsúlacht freisin ar na leaganacha a thugann Reaney and Wilson: 'Lambart, Lambart, Lambarth, Lambirth, Lamburd, Lampard, Lampart, Lamperd, Lampert, Lammert ...'; agus i measc na bhfoirmeacha stairiúla tugann siad, '... Lambertus 1142 ... Lambricht 1148 ... Lambrichtus, Lambrihtus 1196-7 ... Lambrichti 1220 ... Lambryt 1279 ... Lambrith 1280 ...' leis an míniú: '..."land-bright", a popular name from the 12th century...'²⁶⁵ Faightear foirm Ghaeilge oiriúnach, (15) **Baile an Lamaraigh** [ND], in *BLE*²⁶⁶ agus moltar an fhoirm seo.

3.1.27 **Leonardstown:** par. Kilmore (DU); N91652 46700

Fianuithe:

1)	1415/6	Lenanestou	<i>RPCH, 3 Hen V, p164</i>
2)	1417/8	Lenanestou	<i>RPCH, 5 Hen V, p214</i>
3)	1579	Lynaneston	<i>Griffith, Cal. inq. Eliz., 124</i>
4)	1579	Lynnaneston	<i>Griffith, Cal. inq. Eliz., 124</i>
5)	1654-6	Lenamstowne	<i>Civil survey v, 147</i>
6)	1654-6	Linanstowne	<i>Civil Survey v, 148</i>
7)	1654-6	Lenanstown	<i>Civil Survey v, 150</i>
8)	1659	Linanstowne	<i>MS. 14E 22, Hib. Del. map</i>
9)	1655-9	Linanstowne	<i>Top. index Petty BN, p291</i>
10)	c.1666	Lenanstowne	<i>MS. G vi 2, BSD</i>
11)	c. 1672	Linanstowne	<i>Top. index Petty HD, p291</i>
12)	c.1767	Linanstown	<i>MS. 8550, Hussey's rent roll</i>
13)	1812	Lenanstown	<i>Larkin's map</i>
14)	1978	Leonardstown	<i>Fitzsimons, p63</i>
15)	2011	'lenards, toun {18}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mi 065* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 38

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
('The Irish Linnens have changed their names to Leonard!' Nóta JOD)	Leonardstown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Leonardstown	William E. Gallagher
	Lenestown	Applotter of County Cess
	Leonardstown	Mr. J. Connor Land Surveyor
	Lenanstown	High Commission Survey & Valuation Report
	Lenanstowne	Down Survey Reference

²⁶⁵ Reaney & Wilson, *A dictionary of English surnames*, lch. 269.

²⁶⁶ *BLE* faoi 'Lambertstown' (www.logainm.ie) (18 Meán Fómhair 2010).

	Linanstowne	Down Survey Map
1836	Leonardstown	John O' Donovan

'The Irish Linnens have changed their name to **Leonard**!' de réir an Donnabhánaigh, go dimheastúil, b'fhéidir, i nóta san Ainmleabhar.²⁶⁷ Bhí an fhoirm **Lenanstown** ann fós thart faoi 1812 mar a fheictear ar léarscáil Larkin. De réir MacLysaght, 'This well-known English name [Leonard] is used as an anglicised form of many Irish surnames, viz., Lennen, Linnane, Linneen, Lunny, Gilsenan, Mac Alinion and Nannany.'²⁶⁸

I gcoitinne tá na fianuithe (1-13) thuas i gcomhréir lena chéile agus le fianaise an Ainmleabhair ach amháin ceithre díobh a thugann an leagan **Leonardstown** ag cur in iúl dúinn gur athraíodh an logainm sa 19ú haois, ábhar casaoide don Donnabhánach.²⁶⁹ Tugann Woulfe 'Leonard' mar Bhéarlú ar an sloinne 'Ó Leannáin'.²⁷⁰ Moltar **Baile Uí Leannáin** mar ainm Gaeilge 'Leonardstown' anseo.

3.1.28 Tá dhá bhaile fearainn faoin logainm Martinstown

Tugtar na fianuithe díobh ar dtús agus ansin déantar trácht orthu maraon.

3.1.28.1 Martinstown: par. Kilmore (DU); N89876 43400

Fianuithe:

1)	1914	Baile Mhic Máirtín	<i>Duanaire na Midhe</i> , p144
2)	1928	Baile Mhairtín	Ó Meachair, p134
3)	1978	Martinstown	Fitzsimons, p65
4)	2011	'ma:rtənz,təun {1}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mi 065* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 27

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Martinstown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Masterstown	Patrick Carroon, Occupying Tenant
	Masterstown	Mr. J. Connor Land Surveyor
	Martinston	Inq. Temp. Jac I
1836	Martinstown	John O' Donovan

3.1.28.2 Martinstown: par. Galtrim (DI); N87403 52931

²⁶⁷ Ainmleabhar na SO *Mi 065*, lch. 38.

²⁶⁸ MacLysaght, *The surnames of Ireland*, lch. 194.

²⁶⁹ Ainmleabhar na SO *Mi 065*, lch. 38.

²⁷⁰ Woulfe, *Sloinnte Gael is Gall*, lgh. 582-583.

Fianuithe:

- 1) 1583 ?**Martenston** *fiant Eliz.*, 4260
- 2) 1812 **Martinstown** *Larkin's Map*
- 3) 1914 **Baile Mhic Máirtín** *Duanaire na Midhe*, p144
- 4) 1928 **Baile Mhairtín** Ó Meachair, p134
- 5) 1978 **Martinstown** Fitzsimons, p65
- 6) 2011 'ma:rtənz, təun {13,18} fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mi 067* sa Chartlann Náisiúnta, lch 39

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Martinstown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Martinstown	Mr. Coffey, Cess Applotter
	Martinstown	Rev. Lowe
	Martinstown	Mr. R. Parsons
	Martinston	Inq. Temp. Jac. I
1836	Martinstown	John O' Donovan

Is é **Martin** an sloinne is coitianta sa Fhrainc. In *Noms de famille de l'Ouest* feictear an cur síos seo: 'Martin: Ce nom de famille est le plus courant de France pour avoir été un nom de baptême extrêmement populaire au Moyen Âge, du fait que **saint Martin**, pour avoir évangélisé l'ancienne Gaule, détenait le record du patronage de paroisses ...'²⁷¹

Deir MacLysaght go bhfuil líon mór daoine leis an sloinne seo in Éirinn mar atá i Sasain agus in Albain.²⁷² Is féidir linn a rá go réasúnta cinnte gur tháinig sé isteach leis na hAngla-Normannaigh ach d'fhéadfaí a rá go bhfuil bunáitíocht an tsloinne le fáil in Éirinn freisin. Ag cur síos dó ar fhoirm den sloinne seo i gContae Ard Macha deir Ó Mainnín gurbh é tionchar **St Martin of Tours** ba chúis le meas ar an ainm pearsanta 'Martanáin', foirm dhíspeagtha de 'Martin' agus gur éirigh sloinnte thar na blianta cosúil le 'Ó Maol Martain' agus 'Mac Giolla Martain' i gClann Sínaig, mar shampla.²⁷³

Chomh maith leis sin tugann Woulfe an liosta sloinnte Gaelacha seo ar a bhfuil an Béarlú **Martin**: 'Ó Mártain, Mac Giolla Mhártain, Ó Máirtín, Ó Maol Mhártain, Máirtín'.²⁷⁴ I n*Duanaire na Midhe* luaitear duine darb ainm 'Frainc Máirtín' in amhrán dar teideal *Cíos*

²⁷¹ Erksen, *Noms de famille de l'Ouest*, lch. 33.

²⁷² MacLysaght, *The surnames of Ireland*, lch. 209.

²⁷³ Mícheál B. Ó Mainnín, 'A "Principall Irish Name" in the barony of Armagh: the Uí Mhartaín and Ballymartrim' in *Ainm*, x (2009), lgh 111-119.

²⁷⁴ Woulfe, *Sloinnnte Gael is Gall*, lch. 134.

ná Béasa, amhrán óil, mar seo: 'Dubhairt Frainc Máirtín nach bhfuighinnse an tsláinte ...'²⁷⁵ agus luaitear foirm eile le linn tagairt a bheith á dheanamh do 'chlainn Mhartuin' san amhrán 'Bónaigh ón bhFrainc.'²⁷⁶ Ní féidir bheith cinnte, áfach, bunús an tsloinne sna hamhráin seo in éagmais fianaise níos dearfa.

Maidir leis an logainm 'Martinstown' faoi dhó atá idir lámha anseo ní féidir bheith cinnte uaireanta cé acu 'Martinstown' atá i gceist san fhianaise bailithe thuas le haghaidh ceachtar acu. Cuirtear comhartha ceiste dá réir.

Ní thugann Ó Donnabháin aon fhoirm Ghaeilge sna hAinmleabhair bhainteacha ach is suntasach go bhfaightear an fhoirm Ghaeilge seo a leanas maidir le ceann amháin díobh.²⁷⁷ Luaitear **Baile Mhic Mháirtín** le haghaidh Martinstown paróiste *Galtrim* i n*Duanaire na Midhe* san amhrán 'h-Árduigheadh an corpán ar mhuint Thomáis':

*'Tá mac dearbhráthara athara dhamh i mBaile Mhic Mháirtín
is fáig ansin mé, is fáig ansin mé'*²⁷⁸

Tar éis choncas na Normannach sa Bhreatain faightear tiarnaí leis an sloinne 'Martin' i gceannas ar thiarnas Cemais [ainm áite] sa Bhreatain Bheag, mar shampla **Robert fitz Martin** sa bhliain 1137.²⁷⁹ Is dócha gur tháinig an sloinne isteach anseo go luath freisin. Faightear tagairtí do 'Bithan Martin' sa bhliain 1223/4 agus 'Johannes Martin' sa bhliain 1228/9 mar bhaill den ghild in *DGMR*.²⁸⁰ Toisc nach bhfuil aon fhianaise shoiléir gur bunús Gaelach atá leis an ainm 'Martin' sna logainmneacha 'Martinstown' sa *town zone* anseo measaim gur bunús Angla-Normannach atá leis.

Tá ceithre bhaile fearainn déag leis an logainm **Martinstown** in *BLE* le foirmeacha éagsúla Gaeilge: **Baile Mháirtín** [D] i gContae Luimnigh, **Baile an Mháirtínigh** [D] i gContae Lú, 'Baile Uí Mháirtín' [D] i gContae Aontroma.²⁸¹ Molann Ó Meachair an fhoirm Ghaeilge 'Baile Mhairtín'²⁸² ach gan idirdhealú a dhéanamh idir na bailte fearainn éagsúla den ainm céanna. Moltar an fhoirm **Baile an Mháirtínigh** mar ainm Gaeilge an dá bhaile fearainn faoi seach atá idir lámha anseo.

²⁷⁵ Seosamh Laoide (eag.), *Duanaire na Midhe* (Baile Átha Cliath, 1914), dán XVII, lch. 31.

²⁷⁶ *Ibid.*, dán VI, lch. 12.

²⁷⁷ Ainmleabhair na SO *Mí 067*, lch. 39 & *Mí 065*, lch. 37.

²⁷⁸ Laoide (eag.), *Duanaire na Midhe*, L, lch. 106.

²⁷⁹ Flanagan, *Irish society, Anglo-Norman settlers*, lch. 140.

²⁸⁰ Connolly & Martin (eds), *The Dublin guild merchant roll*, lgh. 49, 59.

²⁸¹ *BLE* faoi 'Martinstown' (www.logainm.ie) (16 Meán Fómhair 2010).

²⁸² Donnchadh Ó Meachair, *A short history of county Meath* (An Uaimh, 1928), lch. 134.

3.1.29 Merrywell: par. Knockmark (DI); N93508 50963

Fianuithe:

1)	1566/7	Muriwall [co. Meath]	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> , 38
2)	1589	Marivall	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> , 191
3)	1589	Marywall & Marivall	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> , 191
4)	1591	Mirrevall	<i>Pat. rolls 11 James I</i> , p269 ²⁸³
5)	1633	Merryvall	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 88
6)	1636	Merryvall	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 118
7)	1639	Merryvall	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 146
8)	1639	Merrevell	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 146
9)	2011	'meri:,wel {9,18}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmlabhar *Mí 067* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 16

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Merrywell	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Merrywell	Rev. Lydiart
	Merrywell	Tenants Receipts
	Merivall	Inq. Temp. Car. I
	Merrevale	Inq. Temp. Car. I
	Merrwell	Inq. Temp. Car. I
1836	Merrywell	John O' Donovan

Tá dhá bhaile fearainn cóngarach dá chéile i gContae na Mí faoin ainm **Merrywell**, ceann amháin i bparóiste *Dunshaughlin* i mbarúntacht *Ratoath* le 123 acra agus an ceann faoi bhráid anseo, i bparóiste *Knockmark* le 17 acra a cruthaíodh am éigin roimh obair na SO.²⁸⁴ Níl ach baile fearainn amháin, *Kilcooly*, idir an dá bhaile fearainn seo, rud a mholann dúinn go mb'fhéidir go bhfuil gaol éigin eatarthu ó thaobh a n-ainmneacha. Ar aon nós, is é an logainm céanna atá i gceist.

I measc na bhfianuithe thuas (iad go léir le haghaidh **Merrywell**, barúntacht *Dunshaughlin*, measaim, ach á soláthar anseo chun pointe a léiriú) fectear an litir 'v' agus an litir 'w' á n-úsáid go neamhairdiúil de réir dealraimh. Ar na lochtanna foghraíochta a cháineann John Walker ina shaothar foilsithe sa bhliain 1808 áirítear fuaimniú /v/ in ionad /w/ agus a mhalairt, 'The pronunciation of v for w, and more frequently of w for v among the inhabitants of London, and those not always of the lower order is a blemish of

²⁸³ Gníomhas in *Pat. rolls James I*.

²⁸⁴ Léarscáileanna na SO (<http://maps.osi.ie/publicviewer/>) (29 Iúil 2011).

the first magnitude. The difficulty of remedying the defect is the greater, as the cure of one of these mistakes has a tendency to promote the other'.²⁸⁵ B'fhéidir gur tháinig an 'locht' céanna isteach anseo leis na coilínigh agus tá seans go míneodh sé an malartú litrithe san fhianaise thuas. (*cf.* malartú na fuaime /bh/ > /w/ nó /v/ i nGaeilge freisin)

Tá sráid i mBaile Áth Cliath leis an ainm **Marywell** agus an fhoirm Ghaeilge mholta, 'Tobar Mhuire'. Ní luann Thunder aon tobar naofa tíolactha do Mhuire i gContae na Mí²⁸⁶ ná ní bhfuair aon tagairt i saothar Cogan²⁸⁷ a chabhródh linn anseo.

Ar an lámh eile b'fhéidir gur sloinne atá i gceist. Faightear **Merivale** i Reaney and Wilson: 'Merivale: Geoffrey *de Miriuall* 1206 Pl (Yorkshire); William *de Muryvale* 1332 SRSt ; Richard *Meryvale* 1418 LLB I. From Merevale (Warwicks), *Mirival* c 1190, or 'dweller in the pleasant valley'.²⁸⁸ Faightear an sloinne go réasúnta luath in Éirinn; mar shampla, luaitear an t-ainm 'Walt' Meryvall' in *RPCH* sa bhliain 1354/5.²⁸⁹ Is amhlaidh gurb é an sloinne céanna atá sa logainm faoi chaibidil anseo.

Déantar trácht ar an logainm 'Merrywell' anseo mar meastar gur logainm den structúr 'sloinne + town' atá i gceist leis an eilimint '-town' intuigthe sa chás seo. Moltar an fhoirm Ghaeilge **Baile an Mhíorbhálaigh** i gcomhair an logainm seo.

3.1.30 Mitchelstown: par. Galtrim (DI); N84779 54013

Fianuithe:

1)	1287	villa Michel	<i>Cal. inq. post mort. Edw. I</i> , 430 ²⁹⁰
2)	1422/3	Michellestoū	<i>RPCH</i> , 1 <i>Hen. VI</i> , p224
3)	1423	Michellestoū	<i>RPCH</i> , 1 <i>Hen. VI</i> , p228
4)	1431/2	Micheleston	<i>RPCH</i> , 10 <i>Hen. VI</i> , p254
5)	1516	Michelystone	<i>Reg. Octaviani</i> , ii, p129
6)	1517	Michelleston nr. Galtrim	MS. 3857/8, TCD ²⁹¹
7)	1557	Michelston	Griffith, <i>Cal. inq. P. & M.</i> , 20
8)	1570	Mychelstone	<i>fiant Eliz.</i> , 1541

²⁸⁵ John Walker, *A critical pronouncing dictionary and expositor of the English language*, (New York, 1807), page xix.

²⁸⁶ John M. Thunder, 'The holy wells of Meath' in *JRSAL*, series 4, vii (1886/7), 655-658.

²⁸⁷ Anthony Cogan, *The diocese of Meath: ancient and modern* (3 vols, Dublin, 1867 repr. 1992).

²⁸⁸ Reaney & Wilson, *A dictionary of English surnames*, lch. 306.

²⁸⁹ H. Tresham (ed.), *Rotulorum patentium et clausorurum cancellariae Hiberniae calendarium c. 1216-1509*, (Dublin, 1828), Edw. III, pat. 29.

²⁹⁰ Held by the heir of Geoffrey Michel. Féach: *Calendar of inquisitions post mortem*, ii, 430.

²⁹¹ Nicholas Hussey de Galtry deed, 1517 (T.C.D., MS 3857/8)

9)	1579	Mychelton [gan 's']	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> , p124
10)	1581	Mychelston	<i>Inq. Leinster Eliz.</i> , 2
11)	1583	Michelleston	<i>fiant Eliz.</i> , 4220
12)	1630	Michelston	<i>Inq. Leinster Car. 1</i> , 64
13)	1655-9	Michellstowne	<i>Top. index, Petty BN</i> , p309
14)	c.1666	Mitchelstowne	MS. <i>G vi 2, BSD</i>
15)	c.1666	Mitchellstowne (index)	MS. <i>G vi 2, BSD</i>
16)	1685	Michellsto	<i>Petty HD 1685</i> , p7
17)	c. 1672	Mitchellstō	<i>Top. index, Petty HD</i> , p309
18)	1708	Mitchelstowne	<i>Registry deeds</i> , i, 368
19)	1718	Mitchellstown	<i>Registry deeds</i> , xxii, 283
20)	1794	Mitchelstown	<i>Upton freeholders</i>
21)	1812	Michelstown	<i>Larkin's map</i>
22)	1978	Mitchelstown	Fitzsimons, p67
23)	2011	' mitʃəlz, təʊn {18}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 067* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 30

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Mitchelstown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Mitchelstown	Rev. Lowe
	Mitchelstown	County Cess Applotter
	Mitchelstown	Tenants Receipts for rent
	Mitchaelstown	High Commission Survey & Valuation Report
	Mitchellstowne	Down Survey
	Mychelton	<i>Inq. Temp. Eliz.</i>
	Mitchell is a family name	John O' Donovan
1836	Mitchelstown	John O' Donovan

Tá deich gcinn de bhailte fearainn leis an logainm **Mitchelstown** in *BLE* le trí cinn i gContae na Mí, dhá cheann díobh leis an bhfoirm Ghaeilge, **Baile Mhistéil**, ceann amháin [ND] i bparóiste *Mitchelstown* agus an ceann eile [D] i bparóiste *Athboy*, agus an tríú ceann idir lámha anseo, 'Mitchelstown i bparóiste *Galtrim* gan fhoirm Ghaeilge fós.²⁹²

De réir MacLysaght, '**Mitchell Mistéil**: This well-known English name is long established and very numerous in all provinces except Munster ...'²⁹³ Tugann de Bhulbh le tuiscint

²⁹² *BLE* faoi 'Mitchelstown' (www.logainm.ie) (18 Meán Fómhair 2010).

²⁹³ MacLysaght, *The surnames of Ireland*, lch. 218.

dúinn gur 'English name from the first name **Michael** ...'²⁹⁴ atá ann agus de réir Lower, '... I think in most cases it is derived from Michael, a very popular baptismal name in many countries through its French form *Michel* ...'²⁹⁵ Deir de Bhulbh gurb í an fhoirm Ghaeilge 'Mistéil' agus go dtagann sé ón 'English name Michael'.²⁹⁶

Ní féidir bheith cinnte go mbaineann na fianuithe go léir leis an 'Mitchelstown' atá faoi bhráid anseo toisc nach bhfuil an comhthéacs soiléir uaireanta. Ach sílim go dtagann an cáilitheoir ón ainm 'Michel' mar a fheictear san fhoirm luath (1) **Villa Michel** thuas sa bhliain 1287. Ní fheictear an litir 't' sna fianuithe (1-16) ach amháin in (14,15) agus feictear é freisin san fhianaise athchóirithe ón Ainmleabhar bainteach thuas agus gan amhras san fhoirm a roghnaigh an Donnabhánach le greanú ar na mapáí.

Ó thaobh na bhfoirmeacha Gaeilge de, déanann *BLE* idirdhealú idir na logainmneacha ina bhfuil an t-ainm pearsanta 'Mitchel' mar shampla, baile mór agus bf. 'Baile Mhistéala', i gCorcaigh,²⁹⁷ agus na logainmneacha ina bhfuil an sloinne 'Mitchel', mar shampla, Baile an Mhistéalaigh i gContae Luimnigh nó Baile Mhistéil thuasluaite i gContae na Mí.²⁹⁸ Moltar **Baile Mhistéil** mar fhoirm Ghaeilge an logainm **Mitchelstown** anseo freisin.

3.1.31 **Mooretown:** par. Knockmark (DI); N92621 52716

Fianuithe:

1)	1422/3	Moretoū juxta Knockmerk	<i>RPCH, 10 Hen. VI</i> , p189
2)	1556	Moreton	Griffith, <i>Cal. inq. P. & M.</i> , 15
3)	1558	? Moreton	Griffith, <i>Cal. Inq. P. & M.</i> , 24
4)	1591	Moortun	<i>Pat. rolls 11 James I</i> , 7 ²⁹⁹
5)	1599	? Moreton parva	<i>fiant Eliz.</i> , 6310
6)	c.1600	Moreton de Knockmarke	<i>Inq. Leinster Eliz.</i> , 6
7)	1609	Moreton of Knockmarke	<i>Pat. rolls 7 James I</i> , p149
8)	1625	Moretoun	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 1,
9)	1630	Mooretton juxta Knockmarke	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 58
10)	1637	Mooretton ... in Knockmark	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 137
11)	c.1640	Mooretton	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 163

²⁹⁴ de Bhulbh, *Sloinnnte na hÉireann Irish surnames*, lch. 306.

²⁹⁵ Lower, *Patronymica Britannica*, lch. 226.

²⁹⁶ de Bhulbh, *Sloinnnte na hÉireann*, lch. 306.

²⁹⁷ Taifid chartlainne, *BLE* faoi 'Mitchelstown' (www.logainm.ie) (24 Lúnasa 2011).

²⁹⁸ *BLE* faoi 'Mitchelstown' (www.logainm.ie) (21 Lúnasa 2011).

²⁹⁹ Cé go bhfuil an tagairt seo in *Pat. rolls 11 James I* tá sé dátaithe 21 Jan. 1591.

12)	1663	? Mooretowne	<i>Inq. Leinster Car. II, 3</i>
13)	1654-6	Moretowne	<i>Civil Survey v, 144</i>
14)	1654-6	Moortown	<i>Civil Survey v, 145</i>
15)	1655-9	Mooretowne	<i>Top. index, Petty BN, p314</i>
16)	c.1666	Moorestowne	<i>MS. G vi 2, BSD</i>
17)	c.1666	Morestowne [index]	<i>MS. G vi 2, BSD</i>
18)	c.1672	Mooretowne	<i>Top. index, Petty HD, p314</i>
19)	1794	Moortown	<i>Upton freeholders</i>
20)	1812	Moortown	<i>Larkin's Map</i>
21)	1978	Moortown	<i>Fitzsimons, p68</i>
22)	2011	' mu:r,təun {18}	fuiamniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 067* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 12

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Moortown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Moortown	Rev. Lydiart, Rector
	Moortown	Applotter of County Cess
	Moorestown	High Commission Survey & Valuation Report
	Morestowne	Down Survey Reference
	Moretowne	Down Survey Map
1836	Mooretown	John O' Donovan

Tá deich mbaile fearainn in *BLE* faoin ainm **Moortown** (i. gan an litir 'e' deiridh sa cháilitheoir). Moltar an fhoirm Ghaeilge **Baile na móna** le haghaidh 'Moortown' i gContae Bhaile Átha Cliath; tá an fhoirm Ghaeilge chéanna deimhnithe le haghaidh 'Moortown' i gContae Thiobraid Árann agus tá na cinn eile gan fhoirm Ghaeilge fós.³⁰⁰

Tá aon bhaile fearainn déag in *BLE* faoin ainm **Mooretown** (i. leis an litir deiridh 'e' sa cháilitheoir), le cúig díobh i gContae na Mí, ceann amháin díobh seo i bparóiste *Slane*, leis an bhfoirm Ghaeilge Múrtún [ND] le nóta mínithe,³⁰¹ ceann eile i bparóiste *Ratoath* leis an bhfoirm Ghaeilge 'Baile na Móna' agus na cinn eile, 'Moortown' i bparóiste

³⁰⁰ *BLE* faoi 'Moortown' (www.logainm.ie) (28 Deireadh Fómhair 2010).

³⁰¹ 'Is gaelú í an fhoirm Ghaeilge ar logainm Béarla ó bhunús. Is struchtúr an-chomónta i gCo. na Mí é an téarma lonnaíochta Angla-Normannach *-tún* (*-town* ní ba dhéanaí) á cháiliú le hainm pearsanta nó le sloinne. Uaireanta, in ionad logainmneacha Béarla a aistriú go Gaeilge (e.g. **Baile an Chrúisigh** / *Cruicetown*), tá fianaise ann gur cuireadh logainmneacha áirithe Béarla in oiriúint do chóras fóinéimeach na Gaeilge le hathréimniú na teanga (ón 14ú haois amach). Is sampla den ghaelú sin atá sa logainm seo: 'Mooretowne' (1654), 'Múrtan' na gcrann baile gann gortach' *Ainmleabhar*, scríofa le peann luaidhe (1836). In *BLE* (www.logainm.ie) (10 Samhain 2010).

Knockmark ina measc, gan fhoirm Ghaeilge.³⁰² Is suntasach freisin, go bhfuil an logainm 'Mooretown' i gContae Chill Dara leis an ainm Gaeilge 'Baile an Mhúraigh' [ND] ag cur le fios go sealadach gurb é an sloinne 'an Múrach' atá i gceist.³⁰³

Ar an ábhar seo d'fhéadfadh **sloinne** nó **gné fhisiciúil** a bheith mar cháilitheoir sa logainm 'Mooretown' atá faoi bhráid anseo.

Ní dóigh liom, áfach, gur fianaise ghlan é an litir 's' a bheith ag deireadh an tsloinne ar dhóigh nó ar dhóigh eile. Féach, mar shampla, 'Moorstown/Baile na Móna' [D] agus 'Moortown/Baile na Móna' [D], iad araon i gContae Thiobraid Árann; 'Mooretown/Baile an Mhúraigh' [ND] i gContae Chill Dara agus 'Mooretown/Baile na Móna' [molta] i gContae Bhaile Átha Cliath.³⁰⁴ Is cosúil nach fianaise í an 's' nó a easpa i dtaobh an bhunúis.

An bhfuil fianaise ann ag taispeáint gur gné fhisiciúil atá i gceist sa logainm seo? San *English dialects dictionary* tugtar trí cholún go leith ar an dtéarma **moor**; i measc na mbríonna éagsúla faightear 'a wilderness, impervious to water, wet marshy swampland, a low marshy meadow by the water-side, peaty ground ...'³⁰⁵ A mhalairt atá anseo de réir léarscáil an *EPA*. Is é seo an cur síos ar an ithir (an chuid is mó de): 'Deep well drained material – Derived from mainly non-calcareous parent materials ... Acid Brown Earths Brown Podzolics' agus cuid beag de, timpeall 5%, 'Shallow well drained mineral – Derived from mainly non-calcareous materials ...'³⁰⁶

Sa chur síos ar 'The Parish of Knockmark' ar lch. 144, in *Civil Survey* v deirtear go raibh líon 102 [*recte* 202] acra i mbaile fearainn **Mortowne** le 'Arable 90' agus 'Pasture 112'. Ní luaitear an téarma 'Bogg' mar chuid den chur síos mar a dhéantar go minic i dtaobh áiteanna eile. Is inmheasta gur talamh maith atá ann seachas talamh den sórt 'moor' mar a chuirtear in iúl sna foclóirí. San Ainmleabhar faoi 'Descriptive Remarks' deirtear go suntasach, 'It [Mooretown] is nearly all pasture.'³⁰⁷ Dúirt Eddie Leonard, feirmeoir áitiúil, liom gur talamh maith is ea an chuid is mó ach amháin píosa beag de ar feadh Abhainn na Scéine. Dála an scéil ba den sloinne 'Moore' a shean-mháthair agus dar leis bhí a clann

³⁰² *BLE* faoi 'Mooretown' (www.logainm.ie) (18 Meán Fómhair 2010).

³⁰³ *Ibid.* faoi 'Mooretown' (18 Meán Fómhair 2010).

³⁰⁴ *Ibid.* faoi 'Moortown', 'Moorstown', 'Mooretown' (25/08/2010).

³⁰⁵ Joseph Wright (ed.), *The English dialects dictionary* (6 vols, Oxford, New York, 1903), iv, 155-6.

³⁰⁶ Léarscáileanna *Envision an EPA* faoi 'Mooretown'

(<http://maps.epa.ie/InternetMapView/mapviewer.aspx>) (9 Samhain 2010).

³⁰⁷ Ainmleabhar na *SO Mí 067*, lch. 12.

lonnaithe san áit seo le trí ghlúin anois ar a laghad.

Ag tacú leis an bpointe thuas mar le talamh maith de, fuaireas an nóta seo i r-phost ó Thadhg Ó Corcora, oifigeach san Irish Peatland Conservation Council,

I have had a look at the two maps detailing past and present peatland habitats across the country. Neither have any sign of peatland habitat in the area of **Mooretown** [N92621 52716] The maps I referenced are: 1. The Peat Map of Ireland reproduced from the Atlas of Ireland © Royal Irish Academy 1979; 2. Ireland, Former and Present Extent of Raised Bogs; Taken from Cross, J.R. (1990) *The Raised Bogs of Ireland, their ecology, status and conservation ...*³⁰⁸

Murab é talamh míntírithé atá ann ní 'moor' leis an míniú léacsach den fhocal sin atá i gceist. Ar an ábhar seo luífeadh sé le réasún gur sloinne atá sa cháilitheoir i 'Mooretown', logainm le haghaidh an bhaile fearainn faoi chaibidil. Is amhlaidh nach raibh an Donnabhánach cinnte faoi bhunús an ainm seo. I dtaca le cúig bhaile fearainn eile faoin ainm 'Mooretown', i gContae na Mí thug sé an fhoirm Ghaeilge leis an míniú bainteach ina thuairim ach níor thug sé aon fhoirm Ghaeilge ná míniú ar an logainm faoi chaibidil.

Más é an **sloinne** Moore atá i gceist, d'fhéadfadh sé a bheith dúchasach nó eachtrannach. Deir Lower, 'Moore: from residence at boggy heath or More' agus le haghaidh 'More' deir sé: 'A parish in Shropshire' ag cur in íul gur sloinne áitreabhach é.³⁰⁹ De réir Woulfe, 'Ó Mórdha: O Mora, O Morey, O More, O Moore, Morey, More, Moore, 'dec. of mórdha' (majestic); the name of a distinguished Leinster family who were chiefs of Leix ...' agus tagraíonn sé don sloinne a tháinig isteach leis na hAngla-Normannaigh freisin ag rá go bhfuil siad deacair a idirdhealú óna chéile anois.³¹⁰

Luaitear na hainmneacha 'Walter de la More' agus 'Ric de Mora' sa bhliain 1306 i gcomhthéacs ceantar na Mí in *CJR*.³¹¹ In *Inq. Hen. VIII* sa bhliain 1526,³¹² luaitear 'William More of Moreton' i measc na ngiúróirí, agus luaitear 'More of Moorestown' in *The Description of Ireland in anno 1598*.³¹³ Déarfainn gurb ionann an dá áit sna tagairtí seo i gContae na Mí, ach go mí-ámharach ní léir ón gcomhthéacs cén baile fearainn den ainm sin atá i gceist. San 'index' of 'Proprietors in 1640' in *Civil Survey v* faightear na sealbhóirí talún seo i mbarúntacht 'Duleek' i gContae na Mí: 'Irish Papists' Bartholomew

³⁰⁸ I r-phost chugam (12 Nov. 2010).

³⁰⁹ Lower, *Patronymica Britannica*, lgh. 228-9.

³¹⁰ Woulfe, *Sloinnite Gael is Gall*, lgh. 619, 269.

³¹¹ *CJR 1295-1203 [etc.]*ii, lgh. 172, 490 faoi seach.

³¹² Margaret C. Griffith (ed.), *Calendar of inquisitions, formerly in the office of the chief remembrancer of the exchequer prepared from the MSS of the Irish record commission* (Dublin, 1991), lch. 8.

³¹³ Edmund Hogan, (ed.), *The description of Ireland in anno 1598* (Dublin, London, 1878), lch. 101.

Moore, Patrick Moore agus faoin gceanteideal 'Protestant Names': The Lord Charles Moore, Second Viscount.³¹⁴ Ar an ábhar seo is áirithe go bhfuil an sloinne seo préamhaithe go maith sa taobh seo tíre le fada.

Muna suítear fianaise ina choinne, measaim gurb é an sloinne 'Moore' an cáilitheoir sa logainm 'Mooretown' faoi chabidil agus gur den mhúnla coitianta 'sloinne + town' é. Moltar **Baile an Mhúraigh** thuasluaite mar fhoirm Ghaeilge an logainm faoi chaibidil.

3.1.32 **Owenstown:** par. Moyglare (DU); N95660 40236

Fianuithe:

1)	1531	Baldowgell	Griffith, <i>Cal. inq. Hen. VIII</i> , 68
2)	1541	Owenstown alias Baldowgle	<i>index, CCC Deeds</i> , 1179
3)	1540-41	Owyneston	<i>Crown surveys</i> , p224
4)	1547	Owenston alias Ballygyll	<i>fiant Edw. VI</i> , 134
5)	1588	Baldongell	<i>fiant Eliz.</i> , 5206 ³¹⁵
6)	1589	Baldogen	<i>fiant Eliz.</i> , 5343
7)	1597	Baldogen	<i>CPCR 18-45 Eliz.</i> , p481
8)	1597	Baldogen	<i>fiant Eliz.</i> , 6132
9)	1618	Balldogene	<i>Pat.rolls 15 James I</i> , p340
10)	1654-6	Owenstown	<i>Civil Survey v</i> , 153
11)	1654-6	Owenstoū	<i>Civil Survey v</i> , 155
12)	c.1666	Owenstowne	<i>MS. 974, BSD</i> , p125
13)	1713	Owenstowne	<i>Registry deeds</i> , xi, 390
14)	1797	Owenstown	<i>Beaufort's map</i>
15)	1802	Owenstown	Thompson surv. (<i>Taylor's map</i>)
16)	1812	Owenstown	<i>Larkin's map</i>
17)	1978	Baile Eoghain	Fitzsimons, p76
18)	2011	'o:nz,təun {4}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mi 078* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 18

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Owenstown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Owenstown	Rev. Ardagh Protestant Rector
	Owenstown	Rev. J. Lynch R.C. Rector
	Owenstown	High Commission's Survey & Valuation Report

³¹⁴ *Civil Survey v*, innéacs.

³¹⁵ Tá 'Ball Dongell' liostaithe i gcomhthéacs bailte fearainn eile i bpar. dlí *Moyglare* i bhfiant *Eliz.* 5206.

	Baile Eoghain, 'Owen's town'	John O' Donovan
1836	Owenstown	John O' Donovan

Sna fianuithe luatha feictear **Owenstown** *et var.* leis an ailias 'Baldowgle' *et var.* nó feictear ceann amháin gan an ceann eile. Is dócha gurb é seanainm na háite (1) 'Baldowgel' a fhaightear in Griffith *Cal. inq.* sa bhliain 1531. Ní fheictear ach leaganacha éagsúla den ainm 'Owenstown' gan ailias sna fianuithe (10-15), ó aimsir na suirbhéithe sa 17ú haois i leith.

Tá plé déanta cheana féin ar an logainm 'Baldoyle' faoi 3.1.16 thuas ach is díol spéise litriú an cháilitheora san ainm bunaidh (1) 'Baldowgel' agus (2) 'Baldowgle' anseo mar cuireann siad i gcuimhne orainn an fhoirm **Dubhghall** ónar eascair 'Dúill' sa litriú caighdeánach anois. Measaim gur botún scríobhaithe atá san fhoirm (5) 'Baldongell' ('Baldowgell' a bhí i gceist, b'fhéidir) ach tá seans gur réadú í an dara heilimint sna fianuithe (6-8) 'Baldogen' agus (9) 'Balldogene' ar Eog(h)ain.

Deir de Bhulbh maidir le **Owen**, '... This name may also be of British origin, especially from Wales. It appears to be cognate with Ir. Eoghan.'³¹⁶ Deir Lower, '... Most of our Owens are from that principality [Wales] but it is possible it may be of Saxon blood for there is an Owine in the Domesday Book of Yorkshire and a still earlier Owine occurs in the *Codex Diplomaticus*. It is one of the most common of Welsh surnames ...'³¹⁷ De réir Colmán Etchingham i nóta chugam, 'Is é Owain an bhunfhoirm Bhreatnach.'³¹⁸

Faightear an **sloinne** seo sna foinsí ó aimsir na nAngla-Normannach; mar shampla, faightear an t-ainm 'Roger Owen', ainm an 'Provost' in *DGMR* sa bhliain 1236/7.³¹⁹ Is suntasach go luaitear 'William **Owen** of Owenstown alias Baldowgle' in *Calendar of Christ Church Deeds* sa bhliain 1541.³²⁰ Is ródhócha go raibh an chlann bhunaidh ann fós ag an am sin.

'**Baile Eoghain**, Owen's town' adeir Ó Donnabháin san Ainmleabhar.³²¹ Tá an leagan 'Baile Eoghain' in *BLE* le haghaidh baile fearainn den ainm céanna i mbarúntacht Teach Naithí i

³¹⁶ de Bhulbh, *Sloinnnte na hÉireann*, lch. 396.

³¹⁷ Lower, *Patronymica Britannica*, lch. 252.

³¹⁸ Nóta ar dhréacht na caibidle seo ón Dr. Colmán Etchingham OÉ Má Nuad (3 Nollaig 2009).

³¹⁹ Connolly & Martin (eds), *The Dublin guild merchant roll*, lch. 111.

³²⁰ *Calendar of Christ Church deeds*, uimhir 1179.

³²¹ Ainmleabhar na SO *Mí 078*, lch. 18.

gContae Bhaile Átha Cliath agus dhéanfadh an fhoirm sin an gnó anseo freisin.

3.1.33 Padinstown: par. Balfeaghan (DU); N87902 42931

Fianuithe:

1)	c1553	Paddenston	<i>Fitzgeralds of Lackagh Lands</i> ³²²
2)	1570-1	Padynston	<i>fiant Eliz.</i> , 1663
3)	1576	Padenstown	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> , 84, 87
4)	1594	Padenston	<i>fiant Eliz.</i> , 5873
5)	1635	Padinston	<i>Inq. Leinster Car. 1</i> , 111
6)	1638	Padinston	<i>Inq. Leinster Car. 1</i> , 143
7)	1654-6	Padinestowne	<i>Civil Survey v</i> , 158
8)	1654-6	Paddenstown	<i>Civil Survey v</i> , 159
9)	1654-6	Padinstown	<i>Civil Survey v</i> , 159
10)	1654-6	Padenstowne	<i>Civil Survey v</i> , 160
11)	1659	Padinstowne	MS. 14E 22, <i>Hib. Del. map</i>
12)	1655-9	Radinstowne [sic]	<i>Top. index Petty BN</i> , p332
13)	c.1666	Padinstowne	MS. G vi 2, <i>BSD</i>
14)	c.1672	Padinstowne	<i>Top. index Petty HD</i> , p332
15)	1812	Paddenstown	<i>Larkin's map</i>
16)	1978	Baile Pháidín	Fitzsimons, p76
17)	2011	'padənz, təun {3}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mi 102* sa Chartlann Náisiúnta, lgh. 17, 18

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Paddenstown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Paddenstown	Arthur Coats esq.
	Paddenstown	Tenants Receipts Book for Rent
	Paddenstown	Mr. J. Connor Land Surveyor
	Padenstown	High Commission Survey & Valuation Report
	Padinstowne	Down Survey
	Padinston	Inq. Temp. Car. I
	Padinston	Inq. Temp. Car. I
	'Paudeen's town or little Patrick's town'	John O' Donovan
1836	Padinstown	John O' Donovan

Cé nach dtugann sé foirm Ghaeilge is é 'Paudeen's town, or little Patrick's town' míniú an

³²² 'Possessions of Lackagh Fitzgeralds' in *Journal of Kildare archaeological society*, i (1891-95) lch. 252

logainm **Padinstown** de réir Sheáin Uí Dhonnabháin san Ainmleabhar thuas.

Tugann Woulfe **bunús suimiúil**, '...It will come as a surprise to most people to learn that our Páidín is of English origin. Yet, like Patrick, it was once very common in the north of England ... "Padin Urs" is one of the earliest entries in the *DGMR* sa bhliain 1216 and "Padyn" is a surname in the English *Hundred rolls* c1275.³²³ Ba ainm cuíosach coitianta é 'Padin' freisin i measc na Lochlannach nuair a Gaelaíodh iad chomh maith le hainmneacha díspeagtha eile cosúil le 'Bridin', 'Boidin', 'Cibin' agus 'Christin' (ainmneacha fear).³²⁴ Tagraítear do thionónta de chuid 'Walter de Bermyngham' darbh ainm 'Henry Padyn' ar lch. 112 in *Gormanston Reg.* agus luaitear deontas do 'Tho. Padden ... Athirdee in Louth' sna *Pat. rolls James I* sa bhliain 1604.³²⁵

Ag scrúdú dréacht na caibidle seo dó scríobh mo mhaoirseoir An Dr. Colmán Etchingham an nóta seo: 'D'fhéadfaí **Padin** tuaiscirt Shasana a mhíniú sa chaoi chéanna, mar gur chosúil go raibh roinnt mhaith lonnaitheoirí Lochlannacha ó bhunús ansin a raibh gaol acu le Lochlannaigh Ghaelaithe na hÉireann. D'fhéadfadh gur ó thuaisceart Shasana nó ó cheanntar Bhaile Átha Clíath don ainm seo, mar sin'.³²⁶

I gcoitinne tá na fianuithe (1-14), ach amháin (11), i gcomhréir lena chéile agus leis an bhfianaise san Ainmleabhar.³²⁷ Moltar **Baile Páidín** (NÓM) nó **Baile Pháidín** mar fhoirm Ghaeilge an logainm seo.

3.1.34 Pagestown: par. Kilclone (DU); N92835 43047

Fianuithe:

1)	1654/6	Pagistown	<i>Civil Survey</i> v, 151
2)	1654/6	Pagestowne	<i>Civil Survey</i> v, 151
3)	1654/6	Pagestown	<i>Civil Survey</i> v, 151
4)	1654/6	Pagistowne	<i>Civil Survey</i> v, 152
5)	1654/6	Paggistowne	<i>Civil Survey</i> v, 153
6)	1659	Pagistowne	MS. 14E 22, <i>Hib. Del. map</i>
7)	c.1666	Bagistowne	MS. G vi 2, <i>BSD</i>
8)	1655-9	Pagistowne	<i>Top. index Petty BN</i> , p326
9)	c.1672	Pogistowne	<i>Top. index Petty HD</i> , p326

³²³ Woulfe, *Sloinnte Gael is Gall*, lch. 657.

³²⁴ Connolly & Martin (eds), *The Dublin guild merchant roll*, lgh. 1, 12, 19, 23, 39.

³²⁵ *Pat. rolls James I*, lch. 62.

³²⁶ Nóta ar dhréacht na caibidle seo ón Dr. Colmán Etchingham OÉ Má Nuad (3 Nollaig 2010).

³²⁷ Ainmleabhar na SO *Mí 102*, lgh. 17, 18.

10)	1701	Pagestown	<i>Nugent papers</i> ³²⁸
11)	1794	Pagestown	<i>Upton freeholders</i>
12)	1812	Pagestown	<i>Larkin's map</i>
13)	1814	Pages-town	Leet, <i>Directory</i> , p316
14)	1978	Pagestown	Fitzsimons, p76
15)	2011	'pe:dʒəs, təʊn {7}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mi 102* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 30

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Pagestown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Pagestown	Mr. Coats
	Pagestown	Applotter of County Cess
	Pagestown	Mr. J. Connor Land Surveyor
	Pagestown	High Commission Survey & Valuation Report
	Bagistowne, (Pagistowne Valancey)	Down Survey Map
	Page, a family name	John O' Donovan
1836	Pagestown	John O' Donovan

'Page, a family name', de réir an Donnabhánaigh maidir leis an logainm **Pagestown**.³²⁹ Tugann de Bhulbh dhá fhoirm, 'Page' agus 'Paige' agus deir sé go dtagann an sloinne ón bhfocal Fraincise le haghaidh 'boy, attendant ... Compare Irish *páiste*, a child.'³³⁰

Is iasacht é an focal 'páiste < page' ón **Angla-Normannais** (< Sean-Fhraincís) go díreach **nó** trí mheán an **Mheán-Bhéarla** mar a phléann Risk'.³³¹ Dar le McManus ní féidir bheith cinnte go minic cé acu ceann agus pléann sé na leideanna chun go bhféadfaí na foinsí difriúla a aithint chomh fada agus is féidir, le linn dó a bheith ag cur síos ar na hiasachtaí ón dá theanga.³³²

Ag tagairt don sloinne seo deir Ercksen, '**Page**: nom de famille très fréquent ... et indissociable de ses variantes Le Page, essentiellement bretonne, et Lepage ... appellation du valet, du serviteur.'³³³

³²⁸ Ainsworth & MacLysaght, 'Survey of documents in private keeping', lch. 160.

³²⁹ Ainmleabhar na *SO Mi 102*, lch. 30.

³³⁰ de Bhulbh, *Sloinnnte na hÉireann*, lch. 397.

³³¹ Risk, 'French loan-words in Irish', lch. 609.

³³² McManus, 'An Nua-Ghaeilge chlasaiceach', lgh. 440-45.

³³³ Ercksen, *Noms de famille de l'Ouest*, lch. 38.

Is féidir a mheas gur **sloinne** é a tháinig isteach leis na hAngla-Normannaigh. Faightear an t-ainm 'Nicolaus Page' in *DGMR* sa bhliain 1246/7. Is díol spéise go bhfeichtear foirm eile den sloinne in *Crown surveys*: 'Thomas Paget de Pagetiston' sa bhliain 1561.³³⁴ Tá na fianuithe (1-13) i gcomhréir go réasúnta maith lena chéile (ach amháin (7) 'Bagistowne') agus le fianaise an Ainmleabhair bhaintigh thuas. Moltar an fhoirm Ghaeilge **Baile an Pháistigh** i gcomhair an logainm seo.

3.1.35 Phepotstown: par. Kilmore (DU); N89703 44379

Fianuithe:

1)	1351	Foypoeston	<i>Cal. Inq. Post mortem, Edw. III, 683</i>
2)	1388	Feypowestoū	<i>RPCH, 12 Ric. II, p139</i>
3)	1403	Feyponeston [sic]	<i>RPCH, 4 Hen. IV, p171</i>
4)	1403	Feypouestoū	<i>RPCH, 4 Hen. IV, p161</i>
5)	1415/16	Feypowestoū	<i>RPCH, 3 Hen. V, p214</i>
6)	1579	Pheipoeston	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> , 124
7)	1598	Phepoeston	<i>Inq. Leinster Eliz.</i> , 4
8)	1630	Pheipoeston	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 82
9)	1640	Pheposton	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 158
10)	1646	Phepostown	<i>Outlaws 1641-47</i> ³³⁵
11)	1654-6	Phepostown	<i>Civil Survey v</i> , 148
12)	1654-6	Phepottstowne	<i>Civil Survey v</i> , 149
13)	1654-6	Pheppottstowne	<i>Civil survey v</i> , 150
14)	1654-6	Phepottstown	<i>Civil Survey v</i> , 152
15)	1655-9	Phepotstowne	<i>Top. index, Petty BN</i> , p328
16)	1659	Pheptottstowne	<i>MS. 14E 22, Hib. Del. map</i>
17)	c.1666	Phepotstowne	<i>MS. G vi 2, BSD</i>
18)	c.1666	Phepottstowne	<i>MS. 974, BSD</i> , p122
19)	1686	Phepockstowne alias Phepottstowne	<i>Comm. of Grace</i> , p41
20)	c.1672	Phepottstowne	<i>Top. index Petty HD</i> , p328
21)	1720	Phepostown	<i>Registry deeds</i> , xxxi, 11
22)	1803	Phepoxtown	<i>Grand jury</i> , p11
23)	1812	Phe[b]ockstown [doiléir]	<i>Larkin's map</i>
24)	1814	Phæpoes-town	<i>Leet, Directory</i> , p319
25)	1978	Phepotstown	<i>Fitzsimons</i> , p76
26)	2011	'fi:pəs,təun {3,4}	fuaimniú áitiúil

³³⁴ *Crown surveys*, lch. 224.

³³⁵ 'Outlaws 1641-47' in *Analecta Hib.*, no. 23 (1966), lch. 355.

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
('Phepot is an Anglo-Norman name now spelled Pheepo.' Nóta JOD)	Phibockstown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Phepoestown	Mr. Walsh
	Phepotstown	Tombstone Nov. 1828
	Phepockstown	Applotter of County Cess
	Phepo[x]town ? [doiléir]	Rev. E. J. Gregory
	Phebockstown	High Commission Survey & Valuation Report
	Pheboxtown	Local pronunciation
('I think the authority of the Down Survey should decide this very uncertain name.' Nóta JOD)	Phepotstowne	Down Survey
	Pheiposton	Inq. Temp. Car.I
	Phepostowne	Inq. Temp. Car. I
1836	Phepotstown	John O' Donovan

'**Phepot** is the Anglo-Norman name now spelled Pheepo.' de réir nóta an Donnabhánaigh scríofa san Ainmleabhar 1848. Faightear 'Philippus Pheypo' mar dhuine amháin de na '... collectores' i mbarúntacht *Dunboigne* sa bhliain 1421.³³⁶ Duine de chomhghuaillithe De Lacy ab ea **Adam de Feipo** de réir Gerard Rice.³³⁷ Agus luaitear é in *La geste des Engles en Yrlande*:

E Scrin ad pus en chartre *And he then gave Screen*
[A] Adam de Feipo l'ad pus doné *by charter to Adam de Feipo*³³⁸

Faightear iliomad leaganacha den ainm seo 'Phepot' le héagsúlacht **litrithe** sna foinsí luatha Angla-Normannacha. Mar shampla, in *CDI* faightear tagairt do 'Richard de Pheypo' sa bhliain 1281³³⁹ agus 'Adam de Feipo' sa bhliain 1200³⁴⁰ agus luaitear finné darbh ainm 'Simon de Feypo' sa bhliain 1296 i gcairt LXXVI,³⁴¹ loghadh Adam de Kilmessan maidir

³³⁶ Richardson & Sayles (eds), *Parliaments & great councils of medieval Ireland*, lch.183.

³³⁷ Rice, *Norman Kilcloon*, lch. 18.

³³⁸ Mullally (ed.), *La geste des Engles en Yrlande*, 3154, 3155.

³³⁹ *CDI*, ii, 391.

³⁴⁰ *Ibid.*, ii, 26.

³⁴¹ St John Brooks (ed.), *Llanthony prima & secunda*, lch. 88; Hogan, *The priory of Llanthony prima & secunda*, lch 331.

le eaglais *Kilmessan*.

Feictear an éagsúlacht chéanna i measc na bhfianuithe (1–24) thuas. Feictear an túsleitir 'F' (1–5) agus ón 16ú haois ag tosú le (6) Pheipoeston in ionchoisne sa bhliain 1579 faightear 'Ph' go rialta in ionad 'F'. Shocraigh Ó Donnabháin ar an bhfoirm **Phepotstown** san Ainmleabhar bainteach le nóta: 'I think the authority of the *Down survey* should decide this very uncertain name.'³⁴² Sna *PagesBlanches* reatha, níl ach '1 réponse(s)' in iomlán na Fraince nuair a dhéantar cuardach ar an sloinne 'Phepot' agus is í an fhoirm 'Phepault' atá sa 'reponse' sin ag cur in iúl dúinn gurb ainm neamhchoitianta é anois sa Fhrainc.³⁴³ Moltar an fhoirm Ghaeilge **Baile an Fhíopaigh** le haghaidh **Phepotstown** anseo.

3.1.36 Piercetown: par. Balfeghan (DU); N88321 43491

Fianuithe:

1)	1538	Perston	Griffith, <i>Cal. inq. Hen. VIII</i> 113
2)	1553	Pearston	<i>Fitzgerald of Lackagh lands</i> ³⁴⁴
3)	1570	Pyerston	<i>fiant Eliz.</i> , 1663
4)	1576	Pierston	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> , 84
5)	1576	Peerston	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> , 87
6)	1594	Pierstowne	<i>fiant Eliz.</i> , 5873
7)	1635	Pearston	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 111
8)	1638	Peirston	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 143
9)	1654-6	Peirsetowne	<i>Civil Survey v</i> , 158
10)	1654-6	Peirstown	<i>Civil Survey v</i> , 159
11)	1654-6	Peirsetown	<i>Civil Survey v</i> , 158
12)	1659	Pearstowne	MS. 14E 22, <i>Hib. Del. map</i>
13)	1663	? Pierstowne	<i>Inq. Leinster Car. II</i> , 3
14)	c.1666	Peircetowne	MS. G vi 2, <i>BSD</i>
15)	1783	Pierstown	<i>Taylor & Skinner maps</i> , p61
16)	1794	Pierstown	<i>Upton freeholders</i>
17)	1797	Piercetown	<i>Beaufort's map</i>
18)	1802	Piercetown	Thompson surv. (<i>Taylor's map</i>)
19)	1812	Piercetown	<i>Larkin's map</i>
20)	1814	Pierce-town	Leet, <i>Directory</i> , p319
21)	1837	Piercetown	Lewis, <i>A top. dict.</i> , i, 101
22)	1978	Baile Phiarais	Fitzsimons, p77

³⁴² Taifead scanáilte in *BLE* faoi 'Phepotstown' (www.logainm.ie) (1 Deireadh Fómhair 2011).

³⁴³ Eolai teileafóin Idirlín na Fraince (<http://www.pagesjaunes.fr/pagesblanches>) (6 Nollaig 2010). Dar ndoigh níl sonraí gach éinne san Eolai teileafóin.

³⁴⁴ 'Possessions of Lackagh Fitzgeralds' in *Journal of Kildare archaeological society*, i (1891-95) lch. 252.

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 102* sa Chartlann Náisiúnta, lgh. 19, 20

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Piercetown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Piercetown	Wm. Cullen, Occupying Tenant
	Piercetown	Thompson's Statistical Survey
	Piercetown	Tenants' Receipts for Rent
	Piercetown	Mr. J. Connor Land Surveyor
	Piercetown	High Commission Survey & Valuation Report
	Peirstowne	Down Survey
	Pierston	Inq. Temp. Jac. I
	Pearson	Inq. Temp. Car. I
	Pierstowne	Inq. Temp. Car. II
	Pierston	Inq. Temp. Hen. VIII
	Baile Phiarais	John O' Donovan
1836	Piercetown	John O' Donovan

Deir De Bhulbh go dtagann an sloinne **Pierce** ón ainm pearsanta 'Piers, a medieval form of Peter.'³⁴⁵ De réir Lower tagann 'Piers' ón ainm Fraincise *Pierre*³⁴⁶ agus tugann Woulfe an méid seo le tuiscint dúinn: '... an Anglo-Norman form of *Petrus*, Latin for Peter, very common among the early Anglo-Norman settlers in Ireland ...'³⁴⁷ Faightear leaganacha de 'Pierce' go minic sna foinsí, mar shampla, 'John Piers constable of Knockfergus' sa bhliain 1599³⁴⁸ agus 'Jerome Piers serjeant' sa bhliain 1582 sna *Calendar of State Papers Ireland*.³⁴⁹

De réir Risk tagann an t-ainm 'Piaras' ón ainm Normannach 'Piers' agus ina chuntas ar an ainm seo léiríonn sé conas mar an guta cúnta '[ə] developed between [r] and [s] ... *Piers* > *Piarus* ...'³⁵⁰ Míníonn McManus freisin conas a chuirtear an t-ainm 'Piers' i bhfóineolaíocht na Gaeilge leis an bhfoirm 'Piaras'.³⁵¹

Tá ocht déag de bhailte fearainn leis an logainm **Piercetown** le fáil in *BLE* i gcontaetha

³⁴⁵ de Bhulbh, *Sloinnnte na hÉireann*, lch. 402.

³⁴⁶ Lower, *Patronymica Britannica*, lch. 267.

³⁴⁷ Woulfe, *Sloinnnte Gael is Gall*, lch. 400.

³⁴⁸ H. C. Hamilton (ed.), *Calendar of state papers Ireland 1509-1573*, lch. 157.

³⁴⁹ *Ibid.*, 407.

³⁵⁰ Risk, 'French loan-words in Irish', lch. 637.

³⁵¹ McManus, 'An Nua-Ghaeilge chlasaiceach' in Mc Cone *et al* (eag/i), *Stair na Gaeilge*, lch. 442.

coilínithe ag na hAngla-Normannaigh, Baile Átha Cliath, Cill Dara, Loch Garman, an Iarmhí, Corcaigh, agus ar ndóigh an Mhí ina bhfuil sé cinn den logainm seo le fáil. San iomlán tá ceithre cinn deimhnithe leis an bhfoirm Ghaeilge **Baile Phiarais**, iad go léir taobh amuigh de chontae na Mí agus d'oirfeadh an fhoirm sin do 'Piercetown' i bparóiste *Balfeghan* idir atá lámha anseo freisin.³⁵² Tugann Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge chéanna **Baile Phiarais** leis an míniú 'Pierce's town' san Ainmleabhar.³⁵³

D'ainneoin na héagsúlachta litrithe i measc na bhfianuithe, tá siad rialta go leor gan aon rud fadhbach faoin gcáilitheoir agus mholfainn an fhoirm Ghaeilge réamhluaite.

3.1.37 **Porterstown:** par. Moyglare (DU); N94205 41590

Fianuithe:

1)	1540-41	Porteriston	<i>Crown surveys</i> , p224
2)	1540-41	Porterston	<i>Ir. mon. poss.</i> p36
3)	1547	Porterston	<i>fiant Edw. VI</i> , 134 (James Porter of)
4)	1588	Porterston	<i>fiant Eliz.</i> , 5206
5)	1589	Portereston	<i>fiant Eliz.</i> , 5343
6)	1597	Porterstowne	<i>CPCR 18-45 Eliz.</i> , p481
7)	1597	Porterstowne	<i>fiant Eliz.</i> , 6132
8)	1618	Potterstone [sic]	<i>Patent rolls 15 James I</i> , p340
9)	1694	Porterstowne [?Deece Lr.]	<i>Irish Jacobites</i> ³⁵⁴
10)	1794	Porterstown	<i>Upton freeholders</i>
11)	1978	Porterstown	Fitzsimons, p78
12)	2011	'po:rtərs,təun {1}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 078* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 13

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Porterstown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Porterstown	Rev. Ardagh Protestant Rector
	Porterstown	Rev. J. Lynch R.C. Rector
	Porterstown	High Commission Survey & Valuation Report
	Porterston	Inq. Temp. Eliz.
	Porterstowne	Inq. Temp Car. II
	Porterstown	Inq. Temp. Ed. I (Archdall)
	Porter, a family name	John O' Donovan

³⁵² *BLE* faoi 'Piercetown' (www.logainm.ie) (18 Meán Fómhair 2010).

³⁵³ Ainmleabhar na SO *Mí 065*, lch. 28.

³⁵⁴ Simms, 'Irish Jacobites', lch. 93.

1836	Porterstown	John O' Donovan
------	--------------------	-----------------

'Porter, a family name' adeir Ó Donnabháin san Ainmleabhar maidir leis an sloinne sa logainm **Porterstown**.³⁵⁵

De réir Lower is é ciall an ainm seo ná 'The Keeper of a door. Lat. *porta*. The meaning was sometimes extended and implied a castellan, or keeper of a castle ...'³⁵⁶ Tugann MacLysaght an míniú seo: '**Porter**: Though essentially English in origin there are few names that occur more widely in every kind of Irish record relating to all the provinces, except Connacht, from the thirteenth century to the modern times ...'³⁵⁷

Feictear an **sloinne** go minic sna foinsí luatha tar éis teacht na nAngla-Normannach, mar shampla, feictear 'Mauricius le Porter de Atlon' mar bhall den ghild thart faoi 1250/1 in *DGMR* agus 'Roger le Porter' sa bhliain 1263/4;³⁵⁸ i *Register* an Ardeaspai Alen luaitear 'Ralph le Porter' timpeall na mblianta 1213-28 agus 'Adam Porter' sa bhliain 1326.³⁵⁹ Cuireann Archdall in iúl dúinn gur canónach ab ea 'Edmund Porter' i mainistir na gCanónach Rialta i *Trim* sa bhliain 1435 agus gur toghadh é ina easpaig.³⁶⁰ Luaitear 'James Porter' of (3) 'Porterston' i bh*fiant Edw. VI*, 134 thuas sa bhliain 1547.

Tá trí bhaile fearainn faoin logainm **Porterstown** le fáil i gContae na Mí, ceann amháin acu i mbarúntacht *Ratoath* leis an bhfoirm Ghaeilge **Baile an Phóirtéaraigh** [D] agus mholfainn an fhoirm chéanna le haghaidh 'Porterstown' faoi chaibidil anseo³⁶¹. Tá na fianuithe (1-11) i gcomhréir go réasúnta maith lena chéile agus leis an bhfianaise san Ainmleabhar bainteach.³⁶²

3.1.38 Ringlestown: par. Kilmessan (DI): N90 59

Fianuithe:

1)	1387	Ryngereston	<i>RPCH, 10 Ric. II</i> , p134
2)	1388	Ryngerestou	<i>RPCH, 12 Ric. II</i> , p140
3)	1389	Ryngerestou	<i>RPCH, 13 Ric. II</i> , p143

³⁵⁵ Ainmleabhar na SO *Mí 078*, lch. 13.

³⁵⁶ Lower, *Patronymica Britannica*, lch. 273.

³⁵⁷ MacLysaght, *The surnames of Ireland*, lch. 247.

³⁵⁸ Connolly & Martin (eds), *The Dublin guild merchant roll*, lgh. 89, 107.

³⁵⁹ Mac Neill (ed.), *Archbishop Alen's register*, 164 (449) lch. 48; 85 (228) lch. 174.

³⁶⁰ Archdall, lch. 567 (eagrán ar líne leabharlann Eoin Pól 2, OÉ Má Nuad).

³⁶¹ *BLE* faoi 'Porterstown' (www.logainm.ie) (29 Bealtaine 2010).

³⁶² Ainmleabhar na SO *Mí 078*, lch. 13.

4)	1425	Ryngerestou	<i>RPCH, 3 Hen. VI, p237</i>
5)	1540-41	Ryngelston	<i>Crown surveys, p 41, p42</i>
6)	1542	Ryngelston	<i>fiant Hen. VIII, 318</i>
7)	1558	Ryngelston	<i>fiant P. & M., 219</i>
8)	1568	Ryngleston	<i>fiant Eliz., 1222</i>
9)	1624	Ringerston (al' Bingerston)	<i>Inq. Leinster Jac. I, 72</i>
10)	1638	Ringerston	<i>Inq. Leinster Car. I, 145</i>
11)	1654-6	Ringelstowne	<i>Civil Survey v, 137</i>
12)	1655-9	Ringenstowne	<i>Top. index, Petty BN, p342</i>
13)	c.1666	Ringendstowne	<i>MS. G vi 2, BSD</i>
14)	1685	Ringanstowne	<i>Petty HD 1685, p7</i>
15)	c.1672	Ringanstowne	<i>Top. index, Petty HD, p342</i>
16)	1794	Ringlestown	<i>Upton freeholders</i>
17)	1812	Ringlestown	<i>Larkin's map</i>
18)	1978	Ringlestown	<i>Fitzsimons, p84</i>
19)	2010	Baile an Ringéalaigh [ND]	<i>logainm.ie</i>
20)	2011	' ringəls, təun {10,18}	<i>fuaimniú áitiúil</i>

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 063* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 3

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Ringlestown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Ringlestown	Larkin's Map 1812
	Ringlestown	High Commission Survey & Valuation Report
	Ringenstowne	Down Survey
	B. an Rin-géil [i bpeann luaidhe]	John O' Donovan
	Ringle, a family name	John O' Donovan
1836	Ringlestown	John O' Donovan

Níl ach an logainm **Ringlestown** seo amháin in *BLE*.³⁶³ De réir an Donnabhánaigh san Ainmleabhar thuas is 'family name' é 'Ringle'. Faightear na leaganacha 'Ringle', 'Ryngle', 'Ringel', 'Ryngel' sna fianuithe (5,6,7,8,11,16,17) thuas ach sna fianuithe luatha (1,2,3,4) agus arís in (9,10) feictear na leaganacha 'Rynger' nó **Ringer** chomh maith leis na foirmeacha fánacha 'Ringen' agus 'Rangan' i bhfianuithe (11-14).

Cé acu foirm is cirte anseo **Ringle** *et var.* nó **Ringer** *et var.*? An raibh malartú idir na

³⁶³ *BLE* faoi 'Ringlestown' (www.logainm.ie) (19 Meán Fómhair 2010).

litreacha *r*, *l* agus *n* ionas gur athraigh an sloinne seo ó leagan amháin go leagan eile thar na blianta? Tagraíonn P. W. Joyce do mhalartú idir na litreacha *l*, *r*, *m* agus *n* mar seo, 'The interchange of these letters is common in most languages ... for instance, Bologna is a corruption of ancient Bononia; Palermo of Panormus; Amsterdam of Amstel-dam ...'³⁶⁴ Is amhlaidh mar sin gur díshamhlú atá i gceist san fhorás 'Ringer > Ringle' ar nós 'marbre (na Fraincise) > marble (i mBéarla)'.

Faightear réamhtheachtaithe i gcomhair an dá shloinne, dála an scéil. Cuireann Lower in iúl dúinn gur bunús amháin é le haghaidh an tsloinne **Ringer** ná ceird an chlogaire, 'A skilful ringer of church bells would readily acquire this surname ... The name Ringebell or Ringbell is found in the H. R.'³⁶⁵ Agus de réir Reaney and Wilson, 'Ringer ... a derivative of hringan 'to ring', 'a bell-ringer' (c 1425 NED, agus tugann siad na samplaí 'Hugo (*le*) *Ringere* 1207 Cur (Suffol); William *le Ringere* 1327 SRSx ...'; tugtar bunús eile mar seo, ' ... Richard *le Wringar* 1327 SRSx; a derivative of OE wringar 'to wring, squeeze', perhaps a wringer or presser of cheese. cf. Richard *le Chesewringere* 1281 MESO(L).'³⁶⁶

Más **Ringle** atá i gceist, cuireann Reaney in iúl dúinn agus é ag trácht ar logainmneacha comhdhéanta de ainmneacha mná + town cosúil le **Ringleton**, go dtagann 'Ringle' ón ainm baineann Angla-Shacsanach, *Hringwynn*.³⁶⁷

Mheasfaí, áfach, go mba chóir tús áite a thabhairt don fhoirm **Ringer** mar bhunús den logainm seo de bharr na bhfianuithe luatha (1,2,3,4). Is suntasach freisin go luaitear tionónta 'Reinger' (ainm pearsanta seachas sloinne ag an am seo, measaim) i gcairt XXIII, c. 1188-91 de mhainistir Llanthony Prima;³⁶⁸ b'fhéidir gurb ionann é agus **Reinger Fleming** i gcairt LXXV³⁶⁹ den tréimhse céanna, c. 1188-91. Is cairt é de *Eugene* easpag na Mí i dtaca le eaglais *Kilmessan* agus is suntasach go bhfuil an bf. 'Ringlestown' i bparóiste *Kilmessan*. Chomh maith leis sin faightear finné timpeall céad bliain ina dhiaidh sin darbh ainm **John Rynger**, ridire, sa bhliain 1296 i gcairt LXXVI na mainistreach céanna³⁷⁰ ina ndéantar trácht ar loghadh (remit) 'Adam de Kilmessan' maidir le eaglais *Kilmessan*. Is é is

³⁶⁴ P. W. Joyce, *The origin and history of Irish names of place* (3 vols, Dublin, 1869-1913), ii, 45.

³⁶⁵ Lower, *Patronymica Britannica*, lch. 290.

³⁶⁶ Reaney & Wilson, *A dictionary of English surnames*, lch. 379.

³⁶⁷ P. H. Reaney, *The origin of English place-names* (London, 1960; 5th impression, 1976), lch. 145.

³⁶⁸ '...toto tenemento Reingeri et bertondi et Roberti de Muntingni ...' in St John Brooks (ed.), *Llanthony prima and secunda*, lch. 32; Hogan, *The priory of Llanthony prima & secunda*, lch. 242 [Ní léir cén fáth go ndeir Hogan '**Robert** de Reinger' san aistriúchán].

³⁶⁹ 'Hiis testibus ... Reingero Flandrensi et multos aliis' i gcairt LXXV c. 1188-91 in St John Brooks (ed.), *Llanthony prima & secunda*, lch. 86.

³⁷⁰ 'Hiis testibus ... Iohanne Rynger militibus ... et aliis' i gcairt LXXVI in St John Brooks (ed.), *Llanthony prima and secunda*, lch. 88; Hogan, *The priory of Llanthony prima & secunda*, lch. 331.

dóichíde gur eascair an sloinne 'Rynger' ón ainm pearsanta 'Reinger'.

Le linn dó a bheith ag déanamh trácht ar fhorbairt na **sloinne Angla-Normannacha** deir G. B. Adams, 'They had at first no settled surnames of their own but the Anglo-Norman branch of the West European surname system began to be formed shortly after their arrival, partly in England and partly in Ireland.'³⁷¹ Maidir leis seo is dóchúil go ndearnadh sloinne den ainm pearsanta 'Reinger' mar a fheictear gcás 'Reinger Fleming' réamhluaithe thart timpeall na bliana 1188 uair éigin roimh aimsir 'John Rynger' réamhluaithe i gCairt LXXVI sa bhliain 1296. Is dóchúil freisin go raibh seilbh ag an gclann ar an mbaile fearainn ar a dtugtar **Ringlestown** anois. Tagann an fianú is luaithe le haghaidh an bhaile fearainn, (1) 'Ryngerston', ón mbliain 1389 agus is inmheasta gurbh é 'Rynger' *et var.* an sloinne bunúsach.

Ar aon nós, de réir na fianaise athchóirithe ón Ainmleabhar thuas, is cosúil go raibh an fhoirm, **Ringletown** socraithe go seasmhach mar ghnáth-ainm an bhaile fearainn seo faoi am na SO agus gur féidir linn glacadh leis an bhfoirm Bhéarlaithe a roghnaigh an Donnabhánach san Ainmleabhar bainteach thuas. Scríobh sé 'B. an Rin-géil' le peann luaidhe, iarracht b'fhéidir ar fhogharscríobh nó ar an bhfuaimniú áitiúil ach níor leasaigh sé an fhoirm seo ina dhiaidh le dúch mar a rinne sé go minic.³⁷² Moltar an fhoirm Ghaeilge (20) **Baile an Ringéalaigh** [ND] atá in *BLE*.³⁷³

3.1.39 **Rodanstown:** par. Rodanstown (DU); N90526 41860

Fianuithe:

1)	1306	Balyrodan	<i>CJR, 1295-1303</i> [etc.], ii, 490
2)	1338	Ballrodane	<i>Liber niger/Liber albus</i> , 3, p8 ³⁷⁴
3)	c.1381	Ballyroddan	<i>index, CCC Deeds</i> 741, 744
4)	1388	Ballyruddane	<i>RPCH, 12 Ric. II</i> , p139
5)	1390	Ballyruddan	<i>index, CCC Deeds</i> , 762
6)	1401	Balrothan	<i>index, CCC Deeds</i> , 808
7)	1403	Balirodan	<i>RPCH, 5 Hen. IV</i> , p176
8)	1406/7	Balrodan	<i>RPCH, 8 Hen. IV</i> , p186
9)	1415	Balrodane	<i>index, CCC Deeds</i> , 866

³⁷¹ G. B. Adams, 'Prolegomena to the study of surnames in Ireland' in *Nomina*, iii (1979), lch. 85.

³⁷² Art Ó Maolfabhail (eag.), *Logainmneacha na hÉireann Imleabhar I: Contae Luimnigh* (Baile Átha Cliath, 1991), lch. xvii.

³⁷³ *BLE* faoi 'Ringlestown' (www.logainm.ie) (21 Meán Fómhair 2010).

³⁷⁴ 'A calendar of the liber niger & liber albus' in *PRIA* 75C, no. 3.

10)	1439	Balrodane	<i>index, CCC Deeds, 928</i>
11)	1447	Balrodan	<i>index, CCC Deeds, 994</i>
12)	1467-8	Balrodañ	<i>Stat. rolls Edw. IV, 7 & 8, i, p568</i>
13)	1472	Ballyroddan	<i>index, CCC Deeds, 993</i>
14)	1485	Balrodan	<i>index, CCC Deeds, 1063</i>
15)	1485	Balrodan	<i>index, CCC Deeds, 1063</i>
16)	1488	Ballirodan	<i>index, CCC Deeds, 1090</i>
17)	1488	Balyrodan	<i>index, CCC Deeds, 1090</i>
18)	1529-34	Ballyrodan	<i>Reg. Alen, p288</i>
19)	1540-41	Balroddan	<i>Ir. mon. poss., p294</i>
20)	1540-41	Balryddan	<i>Ir. mon. poss., p292, 299</i>
21)	1540-41	Balradan / Balroddan	<i>Ir. mon. poss., p297</i>
22)	1540-41	Balroddan	<i>Ir. mon. poss., p294</i>
23)	1545	Balrodan	<i>fiant Hen. VIII, 473</i>
24)	1550	Balrodane	<i>index, CCC Deeds, 1229</i>
25)	1554	Balroddan	<i>fiant P. & M., 56</i>
26)	1566	Balroddan	<i>fiant Eliz., 866</i>
27)	1568-9	Balroddan	<i>fiant Eliz., 1250</i>
28)	1579	Balroddan	<i>Griffith Cal. inq. Eliz., 124</i>
29)	1580	Balrodan	<i>index, CCC Deeds, 1353</i>
30)	1592-3	Balrodan	<i>index, CCC Deeds, 1415</i>
31)	1596	Ballrodan	<i>Carew MS. iii, p195</i>
32)	1603	Ballroddane	<i>Repertory pat. rolls J 1, p50</i>
33)	1622	Ballroddan	<i>Clergy list, Healy, i, 253³⁷⁵</i>
34)	1622	Ballruddan	<i>Ussher's works, i, lxxix</i>
35)	1623	Balroddan	<i>Inq. Leinster Jac. 1, 67</i>
36)	1623	Roddanston	<i>Inq. Leinster Jac. 1, 67</i>
37)	1626	Ballruddan	<i>Inq. Leinster Car. 1, 9</i>
38)	c.1637	Raddanstown / Balrodden	<i>Charles I grant, Healy, i, 265³⁷⁶</i>
39)	1643	Raddanstone	<i>Outlaws 1641-47³⁷⁷</i>
40)	1654-6	Roddanstowne	<i>Civil Survey v, 151</i>
41)	1654-6	Rodanstowne	<i>Civil Survey v, 150</i>
42)	1654-6	Rodanstown	<i>Civil Survey v, 152</i>

³⁷⁵ Healy, *History of the diocese of Meath*, i, 253.

³⁷⁶ *Ibid.*, i 265.

³⁷⁷ 'Outlaws 1641-47', lch. 357.

43)	1659	Redanstown	MS. 14E 22, Hib. Del. map
44)	1655-9	Rodanstowne [parish]	Top. index Petty BN, p41
45)	1663	Rodanstowne	Inq. Leinster Car. II, 4
46)	c.1666	Rodanstowne als Redmanstowne	MS. 974, BSD, p127
47)	1682X1685	Balroddan	Dopping, p237
48)	1779	Reddingstown	Freemans Journal, p25 ³⁷⁸
49)	1782	Roddinstown	Arch. Hib. VIII, p219
50)	1783	Raddingstown	Taylor & Skinner maps, p61
51)	1786	Radenstown	Cogan, diocese of Meath ii, 198 ³⁷⁹
52)	1797	Rodanstown	Beaufort's map
53)	1797	Balroddan	Beaufort's map
54)	1802	Rodanstown	Thompson surv. (Taylor's map)
55)	1802	Balrodan	Thompson surv. (Taylor's map)
56)	1812	Roddenstown	Larkin's map
57)	1814	Balroddin	Leet, Directory, p59
58)	1830	Ballyroddan otherwise Rawdonstown	Chan. rolls (1838) I,14
59)	1836	Raddonstown	Chanc. rolls (1838), XXVII, 21
60)	1837	Raddonstown	Lewis, A top. dict., i, 61
61)	1867	Raddonstown or Balroddan	Cogan, diocese of Meath, ii, 359
62)	1844x1905	Ballinrodane	Foster, Funeral Certs.
63)	1935	Baile Ródain	Ó Foghludha, p67
64)	1978	Baile Uí Reodáin	Fitzsimons, p84
65)	2010	Baile Uí Rodáin [ND]	logainm.ie
66)	2011	' radənz, təun {4}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 102* sa Chartlann Náisiúnta, lgh. 11, 12

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Rodanstown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Rodanstown	Mr. John Merren
	Roddingstown	Tombstone in Graveyard
	Raddinstown	On Dispensary in Doleerstown
	Rodanstown	Thompson's Statistical Survey

³⁷⁸ Freemans Journal 13ú Aibreán 1779, luaite in John Brady, *A short history of the parishes of the diocese of Meath 1867-1937* (Navan, 1937-41), lch. 25.

³⁷⁹ 'Dr. Plunkett's visitation of 1786' in Cogan, *The diocese of Meath*, ii, 198.

	Rodenstown	Applotter of County Cess
	Rodonstown	High commission Survey & Valuation Report
	Rodanstowne Parish	Down Survey
	Redmonstowne alias Rodanstowne	Down Survey
	Roddanston	Inq. Temp. Jac. I
	Rodanstown	Inq. Temp. Car. II
	Roddanston	Inq. temp. Jac. II
	Roddan, a family name	John O' Donovan
	Baile Uí Reodáin, 'O' Rodan's or O' Roddan's town'	John O' Donovan
1836	Rodanstown	John O' Donovan

Seasann an t-ainm **Rodanstown** do pharóiste dlí chomh maith le baile fearainn laistigh de ach baintear úsáid as na fianuithe dóibh araon mar is é an logainm céanna atá i gceist. Cuireann Otway-Ruthven in iúl dúinn gur chuid de pharóiste eaglasta *Galtrim* é 'Rodanstown' go dtí discaoileadh na mainistreacha, 'Galtrim, however, till after the dissolution included the later parishes of Drumlargan ... Rodanstown ... all of which were dependent chapelries'³⁸⁰ Ag tacaíocht leis an bpointe seo ó Otway-Ruthven ní fhaightear aon tagairt do 'Rodanstown' mar pharóiste san *Ecclesiastical Taxation* 1302-6.³⁸¹

Is logainm eisceachtúil é **Rodanstown** ar aon dul le 3.1.17 'Dolanstown' ('Baldullan') agus 4.3.7 'Ballymagillin' ('Gillianstoun') de réir na fianaise. Is solaoídí iad de logainmneacha ina bhfaightear malartú idir 'baile' agus 'town' san fhianaise stairiúil agus é seo i gceantar nach raibh na Gaeil chomh láidir ann tar éis lonnú na nAngla-Normannach. Is inmheasta gur logainm Gaeilge a bhí ann ó thosach nó gur sampla é den Ghaelú de bharr athréimniú na teanga ón 14ú haois amach. De réir na fianaise bailithe ní mar sin a tharla d'ainmneacha na mbailte fearainn eile den struchtúr 'sloinne nó ainm pearsanta + town' faoi chaibidil anseo agus atá suite sa *town zone* thuasluaite.³⁸²

Glactar leis gur 'baile' atá i gceist anseo toisc gur aistríodh '**Balyroddan**' *et var.* go '**Roddanston**' *et var.* thart faoin 17ú haois. Faightear na foirmeacha Béarlaithe den aicmitheoir Gaeilge 'Baile' ar nós 'Bal(l)', 'Bal(l)y' agus 'Bal(l)i' go rialta go dtí 1626 sna fianuithe thuas. Ansin ag tosnú le (39) 'Raddanstone' sa bhliain 1643, baineadh úsáid go rialta as leaganacha Béarla ar aghaidh go dtí aimsir na SO ach feictear malartú idir na

³⁸⁰ Otway-Ruthven, 'Parochial development of Skreen', lch. 121.

³⁸¹ *CDI*, iii, 255, 264.

³⁸² Jones Hughes, 'Town and *baile* in Irish place-names', lch. 249.

leaganacha Gaeilge agus Béarla uaireanta.

Maidir leis an bhfoirm choimrithe 'Bal(l)' sna fianuithe (2,6, 8–12,14,15,19, 21–35,37, 47,53,55,57) thuas, tá sé le fáil i gcontaetha eile timpeall Contae na Mí ach is deacair a mhíniú cé fáth gur coimríodh é mar seo. De réir ailt in *Dinnseanchas*, 'Is doiligh a a rá cén míniú atá ar an aicme seo ainmneacha in aon cheantar amháin ... Is ceist é, fiú amháin, an rud é a bhaineas leis an mBéarla féin, rud a tharla i leaganacha gallda na n-ainmneacha, nó an rud é a tharla sa Ghaeilge ...'³⁸³

Feictear foirmeacha Béarlaithe eile den aicmitheoir Ghaeilge 'baile' ar nós 'Bal(l)y' go minic sna fianuithe freisin agus 'Bal(l)i' sna fianuithe (7,17). Is áirithe go mbáitear 'Uí' i logainmneacha Gaeilge faoi thionchar an Bhéarla uaireanta. Dá bhrí sin ní léir cé acu réadú ar 'Baile' nó réadú ar 'Baile Uí' na logainmneacha Béarlaithe úd dar tús 'Bal(l)y' nó 'Bal(l)i'. Ní féidir a bheith cinnte ach oiread an **sloinne** Gaelach nó ainm pearsanta Gaelach nó fiú sloinne Angla-Normannach atá sa cháilitheoir sa logainm seo.

Tugtar faoi deara go dtugann Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge **Baile Uí Reodáin** ar an logainm seo san Ainmleabhar³⁸⁴ le guta fada sa dara siolla agus go dtugann Ó Foghludha (63) an fhoirm 'Baile Ródain', ainm pearsanta, is dócha, le guta fada sa chéad siolla. Maidir leis seo, déanann Pádraig Ó Cearbhaill plé cuimsitheach ar conas nach léir 'cé acu guta fada nó gairid ó bhunús a bhí sa chéad siolla den cháilitheoir' sa logainm 'Cill Rodáin' i gContae Thiobraid Árann.³⁸⁵

Soláthraíonn Woulfe foirmeacha éagsúla den sloinne, mar shampla: 'Rodden, Roddan, Rudden, Ruddin, **Ó Rodáin**, **Mac Rodáin**' (le guta fada sa dara siolla de na foirmeacha Gaeilge).³⁸⁶

Ar an lámh eile de, cuireann Lower in iúl dúinn go dtagann an sloinne Rodden ó ainm pharóiste i Somersetshire.³⁸⁷ Tacaíonn De Bhulbh leis seo nuair a deir sé, '... An English origin is also possible as this name is current there.'³⁸⁸ I dtaca leis seo luaitear ainm cosúil

³⁸³ 'As cartlann na Logainmneacha' in *Dinnseanchas* (1975), lch. 82.

³⁸⁴ Ainmleabhar na SO *Mí 102*, lch 12.

³⁸⁵ Pádraig Ó Cearbhaill, *Logainmneacha na hÉireann II: Cill i logainmneacha Co. Thiobraid Árann* (Baile Átha Cliath, 2007), lgh. 227-8, nótaí (a) – (d).

³⁸⁶ Woulfe, *Sloinnthe Gael is Gall*, lgh. 150,151.

³⁸⁷ Lower, *Patronymica Britannica*, lch. 292.

³⁸⁸ de Bhulbh, *Sloinnthe na hÉireann*, lch. 415.

in Reaney and Wilson, '**Rodding**, Roding': Gilbert *Roding* 1305 ... From Roding (Essex).³⁸⁹ Feictear cosúlacht idir iad siúd agus foirmeacha (48) **Roddingstown** agus (49) 'Raddingstown' thuas.

Ní féidir bunús eachtrannach a fhágáil as an áireamh go cinnte maidir leis an ainm seo. Is é is dóichí, áfach, gur **bunús Gaeilge** atá leis – sloinne **nó** ainm pearsanta. Is é is dóichíde go bhfreagraíonn na cáilitheoirí sna foirmeacha (2) **Ballrodane**, (4) **Ballyruddane** agus (10, 14, 24) **Balrodane** thuas don ainm 'Rodán'.

Dar le Ó Corráin and Maguire, 'There is a St. **Rodán** whose feast-day is 24th August.'³⁹⁰ Luaitear dhá fhoirm den ainm in *Trip. Life* (Mulchrone), 'Epscop Rótán, buachaill [Patrick] ... cill epscoip Róddán.'³⁹¹ agus mar an gcéanna in *Trip. Life* (Stokes), 'Epscop Rodán, buachaill Patraic ... i Cill Epscoip Rotáin.'³⁹² Tá sé le sonrú gur guta fada atá le fáil sa chéad siolla i 'Rótán' agus 'Róddán' in *Trip. Life* (Mulchrone) cé gur guta gairid atá sa chéad siolla i 'Rodán' agus 'Rotá(i)n' in *Trip. Life* (Stokes). Faightear an t-ainm 'Rotā(i)n' in *CGH*³⁹³ ar aon dul leis an leagan in *Trip. Life* (Stokes) agus tagraítear do 'Rodan a buachail/ Rodán his [Patrick's] herdsman' in Ó Muraile, *GBIG*.³⁹⁴ Is suntasach freisin go bhfaightear an logainm 'Cill Rodáin', 'the church of Rodán', le haghaidh baile fearainn i gContae Luimnigh agus deir nóta mínithe '**Rodán** – ainm pearsanta'.³⁹⁵

Más sloinne atá i gceist anseo ní foláir nó gur eascair sé ón ainm pearsanta 'Rodán'. Cuireann Dr. Patrick Mc Kay, Place Names Project, Béal Feirste (mar a bhí) an méid seo in iúl dom maidir leis an gcáilitheoir faoi seach sna logainmneacha 'Balroddan' ('Rodanstown') agus 'Lisrodden/Lios Rodáin' (lch. 253 *Place-Names of Norther Ireland Co. Antrim* Vol 4), 'My initial reaction is that the final element is more likely to be a **surname** than a personal name, since “baile” plus a surname is much more common than “baile” plus a personal name (whereas “lios” plus a personal name is more common than “lios” plus a surname). Also the surname particle “Uí” is liable to be assimilated to the final “e” of “baile” (as you suggest)'.³⁹⁶ Ag tacú leis seo feictear 'y' sna fianuithe luatha ó

³⁸⁹ Reaney & Wilson, *A dictionary of English surnames*, lch. 381.

³⁹⁰ Ó Corráin & Maguire, *Irish names*, lch. 156.

³⁹¹ Kathleen Mulchrone (ed.), *Bethu Phátraic: the tripartite life of Patrick*, i: text and sources (Dublin, 1939), lch. 87, línte 1641-2.

³⁹² Whitley Stokes (ed.), *The tripartite life of Patrick, with other documents ...* (London, 1887), (Leagan inchoardach i Leabharlann Eoin Pól II, Má Nuad), ii, 142.

³⁹³ 'm. Rotáin' in *CGH*, 152 a 35, lch. 233.

³⁹⁴ Ó Muraile, *GBIG*, ii, 695.1.

³⁹⁵ Ó Maolfabhail (eag.), *Logainmneacha na hÉireann I*, lch. 107.

³⁹⁶ I r-phost chugam ón Dr. Patrick Mc Kay (14 Nollaig 2009).

fhoinsí neamhspleácha, mar shampla, (1) 'Balyrodan' 1301 agus (3) 'Ballyroddan' c. 1338.

Tá seans gurb é ainm pearsanta atá i gceist ach ar an iomlán measaim gur féidir linn glacadh leis gur **sloinne Gaelach** é 'Roddan/Ó Rodán' an cáilitheoir sa logainm seo. Moltar an fhoirm Ghaeilge (65) **Baile Uí Rodáin** [ND] in *BLE*.³⁹⁷

3.1.40 Scurlockstown: par. Scurlockstown (DI); N83679 55869

Fianuithe:

1)	1235	Villa Scurlag	<i>Register St Thomas</i> , p247
2)	c.1241	Villa Willemi Scorlagge	<i>Register St Thomas</i> , p11 ³⁹⁸
3)	1248	Villa Scurlace	Sheehy, <i>Pont. Hib.</i> , ii, 297
4)	1260	Villa Scurlace	Sheehy, <i>Pont. Hib.</i> , ii, 495
5)	1253-4	Villa Scurlag	<i>DMGR</i> , p93
6)	1302-06	(Church) de Scurlag	<i>Eccl. Tax. CDI</i> , v, 256
7)	1302-06	Ville of Scurlogstown	<i>Eccl. Tax. CDI</i> , v, 265
8)	1335X1345	Villa Scurlages	<i>Reg. Milo Sweetman</i> , p1
9)	1406	? Scurlageston	<i>RPCH</i> , 7 <i>Hen. IV</i> , p180
10)	1427	Scurlageston	<i>Reg. Swayne</i> , p76
11)	1455	Scurlagestoñ	<i>Stat. rolls Hen. VI</i> , 33, p318
12)	1526	? Scorlokeston	Griffith, <i>Cal. inq. Hen. VIII</i> , 14
13)	1540	Shirlokeston	<i>fiant Hen VIII</i> , 156
14)	1540-41	Shorlokeston [rectory of]	<i>Ir. mon. poss.</i> , p30
15)	1543-4	? Scurlokiston	<i>fiant Hen. VIII</i> , 393
16)	1543X1558	Ecclesia Villae Scorlog	<i>Reg. Dowdall</i> , p262
17)	1545	Scurlokeston	<i>CPCR Hen VIII-Eliz.</i> , p105
18)	1559	Scurloceston	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> , 5
19)	1566	Scurlokeston	<i>fiant Eliz.</i> , 853
20)	1566-7	? Scurlagston	<i>fiant Eliz.</i> , 986
21)	1576	Skurlokeston	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> , 83
22)	1576	Scurlokestowne	<i>fiant Eliz.</i> , 2852
23)	1581	? Scurlockeston	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> , 134
24)	1580-81	Skurlockeston	<i>fiant Eliz.</i> , 3687
25)	1580-81	Scurlockstowne	<i>CPCR 18-45, Eliz.</i> , p30

³⁹⁷ *BLE* faoi 'Rodanstown' (www.logainm.ie) (29 Bealtaine 2010).

³⁹⁸ Luaite i ndeontas Walter de Lasci (a fuair bás sa bhliain 1241) in John T. Gilbert (ed.), *Register of the abbey of St. Thomas the martyr, Dublin* (London, 1889) lch. 11.

26)	1581	Scurlockston	<i>Inq. Leinster Eliz.</i> , 2
27)	1632	Scurlockstown	<i>CPCR Charles I</i> , p604
28)	1633	Scurlogston	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 82
29)	1633	Scurlockston	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 88
30)	1642	Scurlockstown	<i>Outlaws 1641-47</i> ³⁹⁹
31)	c.1645	Skurlogston	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 113
32)	1654-6	Scurlockstown	<i>Civil Survey v</i> , 139
33)	1654-6	Scurlockstowne	<i>Civil Survey v</i> , 139
34)	1654-6	Skorlockstowne	<i>Civil Survey v</i> , 141
35)	1654-6	Scorlockstown	<i>Civil Survey v</i> , 142
36)	1655-9	Scurlockstowne	<i>Top. index, Petty BN (& HD)</i> , p348
37)	c.1666	Scurlockstowne	<i>MS. G vi 2, BSD</i>
38)	1682X1685	Scurlogstown	<i>Dopping</i> , p78
39)	1685	Scrullockstowne	<i>Petty HD 1685</i> , p7
40)	1713	Scurlockstown	<i>Bayly papers</i> ⁴⁰⁰
41)	1783	Scurlackstown	<i>Taylor & Skinner's maps</i> p56
42)	1797	Scurloughtown	<i>Beaufort's map</i>
43)	1802	Scurloughtown	Thompson surv. (<i>Taylor's map</i>)
44)	1803	Scurlogstown	<i>Grand jury</i> , p12
45)	1806	Scurlockstown	<i>Grand jury</i> , p252
46)	1812	Scurlockstown	<i>Larkin's map</i>
47)	1814	Scurlogh's-town	<i>Leet, Directory</i> , p348
48)	1837	Scurlogstown	Lewis, <i>A top. dict.</i> , ii, 547
49)	1837	Scurlockstown	Lewis, <i>A top. dict.</i> , ii, 547
50)	1978	Baile an Scurlógaigh	Fitzsimons, p86
51)	2010	Baile an Scurlógaigh [ND]	logainm.ie
52)	2011	'skorlaks, toun {18}	fuaimniú áitiúil
		'skorlags, toun {8}	

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 103*, Sa Chartlann Náisiúnta, lgh. 1, 2

	Ortagrafraíocht	Údarás nó Foinse
	Scurlockstown (paróiste)	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Scurloughstown	Beaufort's Map
	Skurlockstown	Larkin's Map

³⁹⁹ 'Outlaws 1641-47', lch. 358.

⁴⁰⁰ 'Bayly papers' in *Analecta Hib.*, no. 25 (1967), lch. 104.

	Scurlogstown	Grand Warrant 1829
	Scurlockstown	Grand Warrant 1832
	Scurlogstown	Grand Warrant 1835
	Skurlockston	Inq. 1629
	Shirlockeston	mon. Hib.
	Wiliam Scurlagge's town	mon. Hib.
	Scurlockstown	High Commission Survey & Valuation Report
	Scurlockstowne	Down Survey
	Scurlockston	Inq. Temp. Eliz.
	Scurlockeston	Inq. Temp. Jac. I
	Scurlockstown	Inq. Temp. Jac. I
	Scurlockstown	Inq. Temp. Car. I
	Skurlockston	Inq. Temp. Car. I
	Skurlogston	Inq. Temp. Car. I
	Skirlokeston	Inq. Temp. Hen VIII (Archdall)
	Scurlockstown (bf.)	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Scurlockstown	High Commission Survey & Valuation Report
	(This name occurs elsewhere in the Co.' Nóta JOD)	
1836	Scurlockstown	John O' Donovan

Luaitear paróiste dlí amháin in *BLE* faoin logainm **Scurlockstown** chomh maith le ceithre bhaile fearainn, dhá cheann san Iarmhí agus dhá cheann sa Mhí.⁴⁰¹ Is é bf. 'Scurlockstown' i bparóiste *Scurlockstown* atá idir lámha anseo agus cuirtear na fianuithe le haghaidh an pharóiste agus an baile fearainn le chéile toisc gurb ionann an dá logainm. Tá seans go mbaineann cuid bheag díobh le ceann de na bailte fearainn eile faoin ainm 'Scurlockstown' – ní léir ón gcomhthéacs uaireanta.

Cuireann Eddie Mc Keever, staraí áitiúil, an méid seo in iúl dúinn maidir leis an mbaile fearainn leis an ainm '**Scurlogstown** atá faoi chaibidil: 'This townland is called after the Norman knight, Walter de Scurlog who was given the land around here early in the Norman invasion. The [sur]name is now rendered as Sherlock.'⁴⁰² Agus de réir Lewis, 'the place derives its name from Wiliam de Scurlog, who erected a castle here about 1180 ...'⁴⁰³

I measc na bhfianuithe faightear (2) 'Villa Willemi Scorlagge' in *Register St Thomas*,

⁴⁰¹ *BLE* faoi 'Scurlockstown (www.logainm.ie) (19 Meán Fómhair 2010).

⁴⁰² Mc Keever, 'History of Kilmessan and its environs (1978)', lch. 104.

⁴⁰³ Samuel Lewis, *A topographical dictionary of Ireland* (2 vols, London and New York, 1837), lch. 547.

Dublin timpeall na bliana 1241.⁴⁰⁴ Faightear mórán leaganacha éagsúla den sloinne 'Scurlock', mar shampla san innéacs de na *Crown surveys* liostaítear 'Shurlock(e), Sherlok(e), Shurlock, Scorlok, Shorlok, Skurloke'.⁴⁰⁵ Faightear cuid de na foirmeacha siúd mar cháilitheoirí i measc na bhfianuithe (1-50) thuas.

Níl na saineolaithe d'aonghuth i dtaobh bhunús an tsloinne. De réir Lower ciallaíonn '**Sherlock**: Having shere or clear locks?...'⁴⁰⁶ Aontaíonn de Bhulbh nuair adeir sé faoin sloinne seo, 'numerous: all areas especially midlands ... and meaning fair-haired. The Old English was *scir loc* (bright lock) ...'⁴⁰⁷

Tugann Woulfe leaganacha éagsúla le haghaidh na foirme Gaeilge **Scurlóg** chomh maith leis an míniú mar seo: 'Scurlóg: Scorloge, Scorloke, Scurlok, Scurlock, Shirlock, Shearlock, Sherlock; Ang.-Sax. 'Scortlog' i.e. short lock, one with shorn locks...'⁴⁰⁸ Tagraíonn MacLysaght don dá chiall: '... this name of early English origin, is generally taken to mean short-haired, but Reaney says it is fair-haired. One of the important families established in Ireland after the Anglo-Norman invasion, the Sherlocks became completely hibernicized. The place-name Scurlockstown in counties Meath and Westmeath indicates the centre of the area in which they settled.'⁴⁰⁹

Is é **Scurlockstown** an fhoirm a roghnaigh Ó Donnabháin le greanadh ar mhapaí na SO agus glacadh leis ó shin i leith. Fuaireas dhá fhuaimniú go háitiúil ach dúradh liom go raibh /'skorlɔɡs,təʊn/ níos sine ná /'skorlɔks,təʊn/. Tá an fhoirm Ghaeilge (51) Baile an Scurlógaigh molta le haghaidh an pharóiste dlí 'Scurlockstown' ina bhfuil an baile fearainn seo cé nach bhfuil sé deimhnithe fós.⁴¹⁰ D'oirfeadh an fhoirm Ghaeilge **Baile an Scurlógaigh** don bhaile fearainn freisin agus moltar an fhoirm seo.

3.1.41 Swainstown: par. Kilmessan (DI): N89962 56487

Fianuithe:

- | | | | |
|----|---------|-------------------|--|
| 1) | 1423 | Swayneston | <i>RPCH, 1 Hen. VI, p228</i> |
| 2) | 1467/8 | Swaynestoñ | <i>Stat. rolls Edw. IV, 7 & 8, i, p442</i> |
| 3) | 1540-41 | Swaynston | <i>Crown surveys, p40</i> |

⁴⁰⁴ Gilbert (ed.), *Register of the abbey of St. Thomas*, lch. 11.

⁴⁰⁵ *Crown surveys*, lch. 389.

⁴⁰⁶ Lower, *Patronymica Britannica*, lch. 312.

⁴⁰⁷ de Bhulbh, *Sloinnnte na hÉireann*, lch. 348.

⁴⁰⁸ Woulfe, *Sloinnnte Gael is Gall*, lch. 668.

⁴⁰⁹ MacLysaght, *The surnames of Ireland*, lch. 271.

⁴¹⁰ *BLE* faoi 'Scurlockstown' (www.logainm.ie) (29 Bealtaine 2010).

4)	1601	Swayneston	<i>CPCR 18-45, Eliz.</i> , p592
5)	1607	Swaynston	<i>Griffith, Cal. inq. J.1</i> 49 (24)
6)	1607	Swainston	<i>Griffith, Cal. inq. J.1</i> 49 (25)
7)	c.1650	Swaynston	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 165
8)	1654-6	Swainstowne	<i>Civil Survey v</i> , 137
9)	1654-6	Swainestown	<i>Civil Survey v</i> , 137
10)	1654-6	Swainstown	<i>Civil Survey v</i> , 138
11)	1654-6	Swainestowne	<i>Civil Survey v</i> , 138
12)	1655-9	Swines Towne	<i>Top. index, Petty BN</i> , p358
13)	c.1666	Swainestowne	<i>MS. G vi 2, BSD</i>
14)	c.1672	Swinstowne	<i>Top. index, Petty HD</i> , p358
15)	1797	Swainstown	<i>Beaufort's map</i>
16)	1802	Swainstown	Thompson surv. (<i>Taylor's map</i>)
17)	1812	Swainstown	<i>Larkin's map</i>
18)	1814	Swain's-town	<i>Leet, Directory</i> , p366
19)	1837	Swainstown	<i>Lewis, A top. dict.</i> , ii, 178
20)	1838	Swainston	<i>Chanc. deeds</i> (1840), 552, p134
21)	1978	Baile Shuain	Fitzsimons, p90
22)	2011	' swe:nz,təun {18}	fuaimnú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 063* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 7

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Swainstown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Swainstown	Beaufort's Map 1797
	Swainstown	Larkin's Map 1812
	Swainstown	High Commission Survey & Valuation Report
	Swainestowne	Down Survey Reference
	Swaynestowne	Down Survey Map
	Swaine is a family name	John O' Donovan
	Baile shúáin [i bpeann luaidhe]	John O' Donovan
1836	Swain'stown	John O' Donovan

Níl ach an baile fearainn amháin seo leis an logainmn **Swainstown** in *BLE*.⁴¹¹ De réir an Donnabhánaigh, 'Swaine is a family name'.

⁴¹¹ Ibid. faoi 'Swainstown' (21 Meán Fómhair 2010).

Cuireann Lower an méid seo in iúl dúinn: '**Swaine**, Swayne. 1. A Scandanavian personal name of great antiquity introduced here [England] under Danish rule. Domesday shows us several persons (tenants in chief and otherwise) called Svain, Suain, Suanus, Suuen. Swen or Sueno, some of whom are specifically stated to have held land under Edward the Confessor ... 2. The A-Sax *swān* ... The forms in the Rotuli Hundredorum are Le Swein, Le Sweyn and Swyn' agus míníonn sé go gciallóinn 'The A-Sax *swān*, a pastoral servant and the Scandanavian *Sweyn*, a proper name ...'⁴¹²

Luann MacLysaght an méid seo: '**Swayne**: From 1228 throughout the medieval period this name occurs frequently in records relating to several counties in Leinster. The English name is derived from the Norse *swein* (servant) but it has been claimed that in some cases Swayne is a synonym of Sweeney. It does not appear to have been used synonymously with the more numerous Swan, found in Antrim and other parts of Ulster.'⁴¹³ Tugann Woulfe an fhoirm Ghaeilge 'Suan' le haghaidh an tsloinne seo.⁴¹⁴

Tháinig an **sloinne** isteach anseo go luath i ré na nAngla-Normannach. Faightear 'Ricardus filius Swein de Drocheda' mar bhall den ghild in *DGMR* sa bhliain 1231/2⁴¹⁵ agus duine den ainm 'John Swayne' i *Register* an Ardeaspáig Alen sa bhliain 1360.⁴¹⁶ Cuireann Cogan in iúl dúinn go raibh duine darbh 'John Swayne' mar reactaire i bparóiste *Galtrim* - tugann sé *Pat. 2, Henry V* mar fhoinsé agus deir sé gur oirníodh ina Ardeaspáig Ardmacha é sa bhliain 1417.⁴¹⁷

Tá na fianuithe (1-20) i gcomhréir go réasúnta maith lena chéile agus leis na leaganacha san Ainmleabhar bainteach.⁴¹⁸ Scríobh an Donnabhánach an fhoirm Ghaeilge **Baile shúáin** le peann luaidhe. Is dóchúil go bhfuair sé an fhoirm seo ó chainteoirí dúchasacha ach níor athscríobh sé é mar a rinne sé go minic le dúch. Mholfainn an fhoirm **Baile Shuáin** anseo.

3.1.42 Timlins: par. Moyglare (DU); N96465 41494

Fianuithe:

1)	1978	Timlins	Fitzsimons, p91
2)	2011	' timlinz {1}	fuaimniú áitiúil

⁴¹² Lower, *Patronymica Britannica*, lch. 335.

⁴¹³ MacLysaght, *The surnames of Ireland*, lch. 281.

⁴¹⁴ Woulfe, *Sloinnite Gael is Gall*, lch. 675.

⁴¹⁵ Connolly & Martin (eds), *The Dublin guild merchant roll*, (Dublin, 1992), lch. 63.

⁴¹⁶ Mac Neill (ed.), *Archbishop Alen's register*, 105 (272), lch. 213.

⁴¹⁷ Cogan, *The diocese of Meath*, ii, 370.

⁴¹⁸ Ainmleabhar na SO *Mí 063*, lch. 6.

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Timlins	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Timlin, a family name	John O' Donovan
1836	Timlins	John O' Donovan

Níl an bf. **Timlins** le fáil in *Civil Survey* v ná sna suirbhéithe móra eile den 17ú haois i bpar. *Moyglare* ina bhfuil sé anois. Ní sine an fhianaise le fáil ina thaobh ná iontrálacha an Ainmleabhair bhaintigh. Feictear ar an '*Boundary Survey Sketch Map*' bainteach go raibh sé i seilbh Lord Maryborough ag an am sin.⁴¹⁹

Cuireann MacLysaght in iúl dúinn maidir le '(Mac) Timlin *Mac Toimilín*' gurb é 'The name of a family of Cambro-Norman origin derived from a diminutive of Thomas ...'⁴²⁰ Luann Prys Morgan and T. J. Morgan foirmeacha díspeagtha éagsúla den sloinne 'Thomas' agus faightear 'Tomlyn' foirm eile de 'Timlin' ina measc.⁴²¹ Is ró-dhócha mar sin gur tháinig an sloinne Breatnach seo isteach leis an hAngla-Normannaigh.

Deir Ó Donnabháin thuas gurb é an sloinne 'Timlins' atá sa logainm seo. Cé nach é an gnáth-mhúnla 'town' á cháiliú le sloinne atá sa logainm is intuigthe é. Moltar an fhoirm Ghaeilge **Baile Mhic Thoimilín** le haghaidh an logainm seo.

3.1.43 **Trubley:** par. Trubley (DI): N85472 58585

Fianuithe:

1)	1185	Trublevill	<i>Chart. St Mary's Dublin</i> , ii, 167 ⁴²²
2)	c.1177-91	Turburuilla	<i>ICL</i> , LXXXIII ⁴²³
3)	c.1177-91	Turbyruilla	<i>ICL</i> , LXXXIII ⁴²⁴
4)	c.1188-91	Turberuile	<i>ICL</i> , LXXV ⁴²⁵
5)	1211	Turbeuile	<i>ICL</i> , XXVI ⁴²⁶
6)	1211-12	Trubeuill, Trubevill	<i>Pipe roll John</i> , 14 ⁴²⁷

⁴¹⁹ An Chartlann Náisiúnta: doiciméid an de chuid an *Valuation Office* OL 3.3711.

⁴²⁰ MacLysaght, *The surnames of Ireland*, lch. 218.

⁴²¹ Morgan & Morgan, *Welsh surnames*, lch. 197.

⁴²² Tagairt do Willelmus de Trublevill, finné sa bhliain 1185 in John T. Gilbert (ed.), *Chartularies of St. Mary's abbey, Dublin ... and annals of Ireland 1162-1370* (2 vols, London, 1884), ii, 167.

⁴²³ St John Brooks (ed.), *Llanthony prima & secunda*, lch. 92 .

⁴²⁴ *Ibid.*, 92 .

⁴²⁵ *Ibid.*, 87, 242: Reinald de Turberuile, finné.

⁴²⁶ *Ibid.*, 33, 342 .

⁴²⁷ Oliver Davies and David B. Quinn, 'The Irish pipe roll of 14 John 1211-1212' in *Ulster Journal of*

7)	1221	Turburuille	<i>ICL</i> , XXXVI ⁴²⁸
8)	c.1230-1234	Turbiruile	<i>ICL</i> , LXVIII ⁴²⁹
9)	1233	Turburuille	<i>ICL</i> , XXXVIII ⁴³⁰
10)	1302-06	Turbirvile	<i>Eccl. Tax. CDI</i> , v, 255
11)	1302-06	Turberville	<i>Eccl. Tax. CDI</i> , v, 264
12)	1325	Turbeuilleston	<i>ICL</i> , CLXIV ⁴³¹
13)	1384	Turbilville	<i>RPCH</i> , 8 Ric. II, p119
14)	1385	Turburvyle	<i>RPCH</i> , 9 Ric. II, p129
15)	1425	Turbilvill	<i>RPCH</i> , 3 Hen VI, p237
16)	1427	Turbilvile	<i>RPCH</i> , 5 Hen. VI, p241
17)	1453	Turbevill	<i>RPCH</i> , 31Hen. VI, p267
18)	1463	Turbivile	<i>Stat. rolls Edw. IV</i> , 5, i, 414
19)	c.1518	Turberuyle & Tbuyll	<i>Arch. Hib. LXI</i> , pp 331, 336, 342 ⁴³²
20)	1539-40	Troubley	<i>Valor beneficiorum</i> , p4
21)	1543X1558	Turbly	<i>Reg. Dowdall</i> , p262
22)	1545/6	Trowbley	<i>fiant Hen. VIII</i> , 468
23)	1558	Trubley	<i>fiant Edw. VI</i> , 217
24)	1560	Trubley	<i>fiant Eliz.</i> , 280
25)	1572	Trubly	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> , 83
26)	1593	Trubly	<i>Landholders Eliz. Pale</i> ⁴³³
27)	1596	Troneblie	<i>Carew MS. iii</i> , p195
28)	1598	Trobley	<i>Inq. Leinster Eliz.</i> , 4
29)	1598	Troubley	<i>Inq. Leinster Eliz.</i> , 4
30)	1605	Trubly	Griffith, <i>Cal. inq. J. I</i> 21
31)	1607	Trobley	Griffith, <i>Cal. inq. J. I</i> 49 (16)
32)	1607	Trobley	Griffith, <i>Cal. inq. J. I</i> 49 (17)
33)	1620	Trubblie	<i>Inq. Leinster Jac. I</i> , 45
34)	1622	Trubly	<i>Clergy list</i> , Healy, i, 253 ⁴³⁴

Archaeology, 3rd Series, iv, 1941, 30, 31.

⁴²⁸ St John Brooks (ed.), *Llanthony prima & secunda*, lch. 39;
Hogan, *The priory of Llanthony prima & secunda*, lch. 281.

⁴²⁹ St John Brooks (ed.), *Ibid.*, lch. 83;
Hogan, *Ibid.*, 289.

⁴³⁰ St John Brooks (ed.), *Ibid.*, lch. 46;
Hogan, *Ibid.*, 301.

⁴³¹ St John Brooks (ed.), *Ibid.*, lch. 131;
Hogan, *Ibid.*, 341.

⁴³² Foirmeacha eile: *Turbeuile, Turbyruyle, T'buruyle*.

⁴³³ Scott, 'The landholders of the late Elizabethan Pale', lch. 68.

⁴³⁴ Healy, *History of the diocese of Meath*, i, 253.

35)	1622	Trublely	<i>Ussher's works</i> i, lxxiii
36)	1624	Trubly	<i>Inq. Leinster Jac. I</i> , 69
37)	1654-6	Trubly	<i>Civil Survey</i> v, 135
38)	1654-6	Troubly	<i>Civil Survey</i> v, 136
39)	1655-9	Trubly	<i>Top. index, Petty BN</i> , p370
40)	1663	Trubly	<i>Inq. Leinster Car. II</i> , 4
41)	c.1666	Trublely	MS. G vi 2, BSD
42)	1682X1685	Trubly	<i>Dopping</i> , p65
43)	1685	Troublely	<i>Petty HD 1685</i> , 7
44)	1709	Trebly	<i>Registry deeds</i> , ii, 264
45)	c.1790	Trubly	<i>Longfield Maps</i> 21 F 14
46)	1797	Trubly	<i>Beaufort's map</i>
47)	1802	Trubly	Thompson surv. (<i>Taylor's map</i>)
48)	1812	Trebly	<i>Larkin's map</i>
49)	1814	Trublely	Leet, <i>Directory</i> , p376
50)	1837	Trubly or Tubberville	Lewis, <i>A top. dict.</i> , ii, 645
51)	1839	Trebly	<i>Chanc. deeds</i> (1840), 835, p213
52)	1978	Trublely	Fitzsimons, p93
53)	2011	'tribli: {15,18}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 102*, *Mí 103* sa Chartlann Náisiúnta, lgh. 12, 13

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Trubly	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Trebly	Larkin's Map 1812
	Tribley	Grand Warrant 1829
	Trubbly als Tubberville	Name of parish
	Trubblie	Inq. 1620
	Tribly	Grand Warrant 1835
	Trublyhull; Turbilville; Turburvytle; Turbilvill; Turbilvile; Turbevill	Various Inquisitions
	Trubby	High Commission Survey & Valuation Report
	Trublely	Down Survey
	Trubly	Inq. Temp. Eliz.
	Troublely	Inq. Temp. Jac. I
	Troublely	Inq. Temp. Car. I
	Troublely	Inq. Temp. Car. II

	Trublie	Inq. Temp. Car. II
	Trobley	Inq. Temp. Eliz.
	Trubly	Inq. Temp. Car. II
	Trubley	Boundary Surveyor's Sketch Map, <i>Mí 103, 16</i>
	Trubley	Down Survey Map <i>Mí 102, 16</i>
	'Trubley, a family name of English origin who came to 'trouble ye' Bregians of old.'	John O' Donovan
	'The family from whom this place took its name, comes from Glamorganshire. There the representative of the family still resides.'	John O' Donovan
1836	Trubley	John O' Donovan

Is logainm é **Trubley** le haghaidh paróiste chomh maith le baile fearainn laistigh de. Cuireann A. J. Otway-Ruthven in iúl dúinn gur pharóiste eaglasta é roimh 1200 A.D. agus go raibh sé dílsithe do Mhainistir *Llanthony*.⁴³⁵ Luaitear an méid seo i bhfardal seandálaíochta na Mí, 'Church: Foundations of divided nave and chancel ... opposing doors in nave ...'⁴³⁶

Ní logainm den struchtúr 'sloinne + sloinne' é **Trubley** go follasach ach d'fhéadfaí a rá go bhfuil an mhír 'town' intuigthe ann go mórmhór toisc gurbh é **Turburville**, nó leagan de, a bhí ann go bunúsach mar a fheictear sna fianuithe (1-18) thuas ón 12ú go dtí an 15ú haois. Lena rá ar dhóigh eile bhí an téarma 'ville' a chiallaíonn 'town' i bhfoirm an tsloinne cheana féin.

In Ó Muraíle, *GBIG* faightear 'Turbenuile' [earráid scríobhaithe 'n' in ionad 'v', is dócha] sna 'dronga de na sloinntibh tangattar le hUilliam Conquer', go sonrath i measc na n-uaisle.⁴³⁷ Cuireann staraí áitiúil Eddie Mc Keever an méid seo in iúl dúinn, '**Tribley or Tubberville** is in the barony of Lower Deece ... The first Norman knight to hold Tribley was de Tubberville, later it passed through marriage to the Cusacks ... In 1206 Reginald de Tubberville granted to the Abbey of St. Thomas in Dublin the church and other ecclesiastical emoluments in his town of Ellath ...'⁴³⁸

De réir an Donnabhánaigh san Ainmleabhar tháinig an sloinne **Turburville** anseo ó *Glamorganshire*. I dtaca leis seo, cuireann Philip Yorke in iúl dúinn gur éirigh Iestyn,

⁴³⁵ Otway-Ruthven, 'Parochial development of Skreen', lgh. 116, 117.

⁴³⁶ Michael J. Moore, *Archaeological inventory of county Meath* (Dublin, 1987), uimhir 1522.

⁴³⁷ Ó Muraíle, *GBIG*, iii, 782A.13.

⁴³⁸ Mc Keever, 'History of Kilmessan and its environs (1978)', lch. 104.

tiarna *Glamorgan*, amach sa bhliain 1091 i gcoinne Rhÿs Tewdwr, prionsa dheisceart na Breataine Bige, le ridirí Normannacha a tháinig ó Shasana chun cabhrú leis. Tar éis dóibh an bua a fháil fuair na ridirí seo, de Londres, **Turburville** agus araile, tailte mar luaíocht mhíleata ó Iestyn agus chuireadar fúthu lena muintir i nGlamorgan.⁴³⁹ Mhíneodh sé seo ráiteas réamhluaite an Donnabhánaigh san Ainmleabhar thuas.

De réir na bhfianuithe feictear an sloinne anseo go luath; mar shampla, tagann foirm (1) ó thagairt do 'Willelmus de **Trublevill**', *temoin* (fínné), sa bhliain 1185 in *Chartularies of St. Mary's Abbey*.⁴⁴⁰ Luann Eric St. John Brooks (2) Cárta 'Reginald de Turburville' timpeall na bliana 1177-91 ina mbronnann Reginald an eaglais, na deachúna agus beinifísí eaglasta eile dá *vill* i d'Turburville' ar na Canónaigh Agaistíneacha i *Llanthony*, '... ecclesiam et decimas et omnia ecclesiastica beneficia proueniencia de tota villa mea supra Boyne in puram et perpetuam elemosinam ...'⁴⁴¹ Chomh maith leis sin luaitear 'Ralph de Trubervill' ar lch. 130 in *Gormanston Reg.* Feictear meititéis sa chéad siolla de (**Turburville** >) '**Trubervill**' agus bhí athruithe eile le teacht san ainm seo. (De ghnáth bíonn 'r' agus guta gearr i gceist i meititéis de réir Hickey agus tugann sé an sampla 'Ballytruckle < Baile an Turcail'.⁴⁴²)

Faoin 16ú haois feictear go bhfuil an **sloinne** tríshiollach giorraithe de bharr toiscaí foghraíochta go foirm dhéshiollach, (20) 'Troubley' sa bhliain 1539-40. Tá na leaganacha (21-51) i gcomhréir go réasúnta maith lena chéile cé go dtugann Lewis an t-ailias 'Tubberville' do 'Trubly', (50) thuas ina *Topographical Dictionary*. Is é **Trubley** a roghnaigh Ó Donnabháin le greanú ar mhapaí na SO agus ní haon ionadh é sin nuair a iniúchtar an fhianaise chomhaimseartha a bhí aige san Ainmleabhar.⁴⁴³ Moltar an fhoirm Ghaeilge **Baile an Truibligh** le haghaidh an logainm seo (NÓM).

3.1.44 **Walterstown:** par. Galtrim (DI); N85543 54613

Fianuithe:

1)	1540-41	Walterston	<i>Ir. mon. poss.</i> , p297
2)	1570	Walterston	<i>fiant Eliz.</i> , 1663
3)	1579	Walterston	Griffith, <i>Cal inq. Eliz.</i> , 124
4)	1583	Waltereston	<i>fiant Eliz.</i> , 4220

⁴³⁹ Philip Yorke, *The royal tribes of Wales* (Liverpool, 1887), lgh, 27-8.

⁴⁴⁰ In Gilbert (ed.), *Chartularies of St. Mary's abbey*, ii, 167.

⁴⁴¹ St John Brooks (ed.), *Llanthony prima & secunda*, cairt LXXXIII, lch. 92.

⁴⁴² Hickey, *The dialects of Irish*, lch. 366

⁴⁴³ Ainmleabar na SO *Mi 102*, lgh. 12, 13.

5)	1594	Walterston	<i>fiant Eliz.</i> , 5873
6)	1577	? Walterston	<i>fiant Eliz.</i> , 3148
7)	1601	Walterston	<i>CPCR 18-45, Eliz.</i> , p592
8)	1607	Walterston	Griffith, <i>Cal. inq. J.I.</i> , 49 (1) (2)
9)	1624	Walterston	<i>Inq. Leinster Jac. I.</i> , 70
10)	1654-6	Walterstowne	<i>Civil Survey v.</i> , 140
11)	1654-6	Walterstown	<i>Civil Survey v.</i> , 141
12)	1655-9	Walterstowne	<i>Top. index, Petty BN</i> , p377
13)	c.1666	Walterstowne	MS. <i>G vi 2, BSD</i>
14)	1685	Walterstowne	<i>Petty HD 1685</i> , p7
15)	1794	Woodtown	<i>Upton freeholders</i>
16)	1806	Walterstown [Deece Lr]	<i>Grand jury</i> , p252
17)	1812	Walterstown	<i>Larkin's map</i>
18)	1837	Walterstown	Lewis, <i>A top. dict.</i> , i, 38
19)	1978	Baile Bháltair	Fitzsimons, p94
20)	2011	' waltərz, təun {13}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 067* sa Chartlann Náisiúnta, lgh. 26 & 61

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Walterstown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Walterstown	Mr. Coffey Cess Collector
	Walterstown	Mr. Parsons
	Walterstown	High Commission Survey & Valuation Report
	Walterstonna	Down Survey
	Walterstowne	Down Survey
	Walterston	Inq. Temp. Car. I
	Walterston	Inq. Temp. Car. I, <i>Mí 067, 61</i>
	Walterston	Inq. Temp. Jac. I (Archdall), <i>Mí 067, 61</i>
	Baile Bhaltair, 'Walter's town'	John O' Donovan
1836	Walterstown	John O' Donovan

Tá aon bhaile fearainn déag faoin ainm **Walterstown** in *BLE*. Tá ceann amháin i gContae Lú deimhnithe leis an bhfoirm Ghaeilge **Baile Bhailtéir**, dhá cheann i gContae Chill Dara le foirm Ghaeilge neamhdheimhnithe, **Baile Bhaltair** faoi seach agus ceann eile i gContae Chorcaí leis an bhfoirm Ghaeilge molta, **Baile Ualtair**.⁴⁴⁴

⁴⁴⁴ *BLE* faoi 'Walterstown' (www.logainm.ie) (20 Meán Fómhair 2010).

Míníonn McManus an forás $w > b$ i nGaeilge maidir le focail iasachta agus tugann sé samplaí d'ainmneacha iasachta leis an athrú $w > u$ i nGaeilge. Ar an gcéad dul síos deir sé, 'Sa chás nach consan raidiceach sa Ghaeilge túsconsan an fhocail iasachta, cuirtear in oiriúint do chóras dúchasach é, m. sh. déantar b (= /b/, /b'/) de v/w (= /v/ nó /w/) in *baránta < warantie ...*⁴⁴⁵ agus tugann sé chomh maith sampla d'ainm pearsanta 'Uilliam' < *William*.⁴⁴⁶ Feictear solaoidí de 'Bháiltéar < Walter' agus 'Ualtair < Walter' sna foirmeacha Gaeilge de na logainmneacha thuasluaite. Tá ceithre bhaile fearainn i gContae na Mí faoin ainm 'Walterstown' gan aon cheann díobh le foirm Ghaeilge oifigiúil fós.

Is sloinne é **Walters** a d'eascair ón ainm pearsanta 'Walter'. Deir Reaney and Wilson gur tháinig an t-ainm go Sasana, 'in the reign of Edward the Confessor and, after the Conquest, soon became one of the most popular christian names usually as *Walter* or *Wauter*, the latter representing the actual pronunciation.'⁴⁴⁷ De réir Lower, 'A personal name of Teutonic origin ... Walterus is common among the Domesday tenants. It has become the parent of several surnames, particularly Walters, Waterson, Fitzwalter, Watt, Watts, Watson, Waktkins, Watkinson, Watercock.'⁴⁴⁸ Tagraíonn MacLysaght don ainm 'Qualter, Mac Ualtair' mar seo : 'A syncopated form of Mac Walter in use in North Galway and Mayo for the Connacht Burkes.'⁴⁴⁹

In *Larousse de la généalogie* mínítear **Walter** mar seo: 'Walter est une variante régionale du nom de baptême Gauthier, passé aussi comme patronyme vers les XIe-XIIIe siècles. 11700 en France, 300 en Belgique, 40 au Québec, 3800 en Suisse.'⁴⁵⁰ (Feictear comhréir fhóineolaíoch go minic idir an 'g' Francise agus an 'w' Béarla ($g > w$) in ainmneacha agus in ainmfhocail. Tabhair faoi deara na solaoidí 'Guillaume > William', 'guerre > war', 'guêpe > wasp' ...)

I gcás na mbailte fearainn faoin ainm **Walterstown** d'fhéadfadh an t-ainm pearsanta nó an sloinne a bheith i gceist. Maidir leis seo, faightear 'Walterstone Herdfordshire' in *Oxford dict. pnn*, '... 'Walter's Manor' named from Walter de Lacy, who held the manor soon after the Norman Conquest.'⁴⁵¹ In *BLE* faightear an fhoirm Ghaeilge **Baile Bháiltéir** [D] thuasluaite le haghaidh 'Walterstown' i gContae Lú agus moltar an fhoirm chéanna anseo.

⁴⁴⁵ McManus, 'An Nua-Ghaeilge chlasaiceach', lch. 443.

⁴⁴⁶ Ibid., 442.

⁴⁴⁷ Reaney & Wilson, *A dictionary of English surnames*, lch. 474.

⁴⁴⁸ Lower, *Patronymica Britannica*, lch. 371.

⁴⁴⁹ MacLysaght, *The surnames of Ireland*, lch. 249.

⁴⁵⁰ Dauphont (ed.), *Larousse de la généalogie*, lch. 277.

⁴⁵¹ Ekwall, *Oxford dictionary of English place-names*, lch. 494.

3.1.45 Warrenstown

Tá dhá bhaile fearainn faoin ainm **Warrenstown** idir lámha agam: 'Warrenstown' i bparóiste *Culmullin* (DU) agus 'Warrenstown' i bparóiste dlí *Knockmark* (DI). Déantar trácht ar an logainm dóibh tar éis a bhfoirmeacha stairiúla a thabhairt ar dtús.

3.1.45.1 Warrenstown: par. Culmullin (DU); O01010 47853

Fianuithe:

1)	1540-41	Wariniston [par. Culmullin]	<i>Crown surveys</i> , p293
2)	1540-41	Warenston [par. Culmullin]	<i>Crown surveys</i> , p117
3)	1550-51	Warrenston	<i>fiant Edw. VI</i> , 731
4)	1578	? Warringstoun	<i>fiant Eliz.</i> , 3280
5)	1609	B. Warren	<i>Boazio's map</i> 1609
6)	1624	Warrenston	<i>Inq. Leinster Jac. I</i> , 81
7)	1630	Warrenston	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 63
8)	1654-6	Warrenstown	<i>Civil Survey v</i> , 148
9)	1654-6	Warrenstowne	<i>Civil Survey v</i> , 151
10)	1659	Warrenstowne	<i>MS. 14E 22, Hib. Del. Map</i>
11)	1663	Warrenstowne	<i>Inq. Leinster Car. II</i>
12)	1655-9	Warrenstowne	<i>Top. index, Petty BN</i> , p377
10)	c.1666	Warrenstowne	<i>MS. G vi 2, BSD</i>
11)	c.1690	Warrenstowne	<i>Irish Jacobites</i> ⁴⁵²
12)	1708	Warrenstowne	<i>Registry deeds</i> , i, 45
13)	1730	Warrenstowne	<i>Wills</i> , i, 590
14)	1978	Warrenstown	Fitzsimons, p95
15)	2011	' warənz, təun {18}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 065* sa Chartlann Náisiúnta, 8

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Warrenstown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Warrenstown	William Fagan
	Warrenstown	Mr. J. Connor Land Surveyor
	Warrenston	Inq. Temp. Car. I
1836	Warrenstown	John O' Donovan

3.1.45.2 Warrenstown: par. Knockmark (DI); N91800 47853

Fianuithe:

1)	1521	Warringston	Griffith, <i>Cal. inq. Hen. VIII</i> , 9
----	------	--------------------	--

⁴⁵² Simms, 'Irish Jacobites', lch. 23.

2)	1537	Warrenston	<i>Carew MS. i, p131</i>
3)	1540-41	Waringiston	<i>Crown surveys, p253</i>
4)	1566	Warrenston	<i>fiant Eliz., 869</i>
5)	1578	? Warringstoune	<i>fiant Eliz., 3280</i>
6)	1596	Waringston	<i>Carew MS. iii, p195</i>
7)	1607	Waringeston	<i>Griffith, Cal. inq. Eliz., 41</i>
8)	1611	Warrenston [Knockmarke]	<i>Pat. rolls 9 James I, p217</i>
9)	1654-6	Warringestowne	<i>Civil Survey v, 142</i>
10)	1654-6	Warenstowne	<i>Civil Survey v, 144</i>
11)	1654-6	Warrenstowne	<i>Civil Survey v, 144</i>
12)	1654-6	Warrenstown	<i>Civil Survey v, 145</i>
13)	1655-9	Warrenstowne	<i>Top. index, Petty BN, p377</i>
14)	c.1666	Warrenstowne	<i>MS. G vi 2, BSD</i>
15)	1802	Warrenstown	<i>Thompson surv. (Taylor's map)</i>
16)	1812	Warrenstown	<i>Larkin's Map</i>
17)	1837	Warrenstown	<i>Lewis, A top. dict., ii, 675</i>
18)	1922	Baile an Uáirínigh	<i>Laoide, p28</i>
19)	1928	Baile an Uáirínigh	<i>Ó Meachair, p129⁴⁵³</i>
20)	1978	Warrenstown	<i>Fitzsimons, p95</i>
21)	2010	Baile an Bhairínigh [ND]	<i>logainm.ie</i>
22)	2011	' warənz, təun {18}	<i>fuaimniú áitiúil</i>

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 067* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 13

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Warrenstown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Warrenstown	Rev. Lydiart, Rector
	Warrenstown	Mr. Johnson
	Warrenstown	Thompson's Statistical survey
	Warrenstown	Applotter of County Cess
	Warrenstowne	Down Survey Reference
	Warrensto	Down Survey Map
	Warrenston	Inq. Temp. Jac. I
	Warrenston	Inq. Temp. Car. I
	Warringston	Inq. Temp. Car. I
	Warengston	Inq. Temp. Car. I
	Warrenstowne	Inq. Temp Car. II

⁴⁵³ D'ionannaigh Ó Meachair an bf. seo le 'Warrenstown' par. *Knockmark* agus leis an míniú 'rabbit warren'.

	Warrenston	Inq. Temp. Ed. I (Archdall)
	Warrenstown	Inq. Temp. Hen VIII (Archdall)
	Baile an Bháirínigh, 'Warren's town'	John O' Donovan
1836	Warrenstown	John O' Donovan

Tá sé bhaile fearainn faoin ainm **Warrenstown** in *BLE*, dhá cheann díobh deimhnithe leis an bhfoirm Ghaeilge 'Baile an Bhairínigh', ceann amháin i gContae Uíbh Fhailí agus an ceann eile i gContae Chill Chainnigh.⁴⁵⁴ Tá na cinn eile i gContae na Mí, trí cinn gan fhoirm Ghaeilge agus ceann amháin as dhá cheann idir lámha, 'Walterstown' i bparóiste *Knockmark* leis an bhfoirm Ghaeilge **Baile an Bhairínigh** [ND].⁴⁵⁵ Féach míniú McManus faoin bhforás ina ndéantar *b* (= /b/, /b'/) de *v/w* (= /v/ nó /w/) maidir le 'Walterstown' 3.1.43 thuas.

I gcoitinne tá na fianuithe thuas le haghaidh ainm an dá bhaile fearainn agus an fhianaise sa dá Ainmleabhar i gcomhréir lena chéile ag cur in iúl dúinn gur logainm cumtha den sloinne 'Warren' agus an mhír 'town' atá i gceist.

Is sloinne é **Warren** a tháinig isteach leis na hAngla-Normannaigh. De réir MacLysaght, '... a toponymic, de la Varenne, thus ultimately of French origin ...'⁴⁵⁶ Faightear tagairt do 'Reginald de Warenne' in *CDI*⁴⁵⁷ agus tagairt do 'Matilda, Countess Warenne deceased' sa bhliain 1248.⁴⁵⁸ Luaitear 'Henry Waringe of Waringston' paróiste *Knockmark* in *Carew Ms.* sa bhliain 1596⁴⁵⁹ agus de réir *Civil Survey* v ba le 'Oliver Warren' an bf. 'Warrenstown' sa pharóiste céanna, fianaise a léiríonn leanúnachas an tsloinne in áit amháin, ní foláir.⁴⁶⁰ D'oirfeadh an fhoirm Ghaeilge **Baile an Bhairínigh** don dá bhaile fearainn faoi seach atá idir lámha anseo.

3.1.46 **Weatherstown:** par. Kilmore (DU); N88699 40951

Fianuithe:

- | | | | |
|----|------|-----------------------|---------------------------------------|
| 1) | 1657 | ? Wernockstown | Griffith, Cal. <i>inq. Eliz.</i> , 41 |
| 2) | 1625 | Woodrestowne | <i>Inq. Leinster Car. 1</i> , 7 |

⁴⁵⁴ *BLE* faoi 'Warrenstown' (www.logainm.ie) (20 Meán Fómhair 2010).

⁴⁵⁵ *Ibid.*

⁴⁵⁶ *Ibid.*

⁴⁵⁷ *CDI*, ii, 2.

⁴⁵⁸ *Ibid.*, ii, 437.

⁴⁵⁹ *Calendar of the Carew manuscripts preserved in the archiepiscopal library at Lambeth* (1867), iii.

Searchable text in NUIM library catalogue: (http://www.archive.org/details/calendar_of_Carewm) (13 Lúnasa 2011).

⁴⁶⁰ *Civil Survey* v, 145.

3)	1654-6	Widderstown	<i>Civil Survey</i> v, 146
4)	1654-6	Widderstowne	<i>Civil Survey</i> v, 149
5)	1654-6	Wedderstowne	<i>Civil Survey</i> v, 148
6)	1654-6	Wodderstowne	<i>Civil Survey</i> v, 149
7)	c.1666	Wooderstowne	MS. G vi 2, BSD
8)	1690	Woodrostowne	<i>Inq. Leinster Gul. & Mar.</i> , 2
9)	1725	Weatherstown	<i>Bomford Papers</i> , p102 ⁴⁶¹
10)	1978	Weatherstown	Fitzsimons, p95
11)	2011	'weðərz, təun	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mi 065* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 18

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Butlerstown or Wetherstown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Weatherstown	Thomas Kelly
	Wertherstown	Rev. E. J. Gregory, Rector
	Butlerston	Inq. Temp. Jac. I
	Butlerstowne	Inq. Temp. Car. II
	Butlerstowne	Inq. Temp. Gul & Mar.
1836	Weatherstown	John O' Donovan

Faighimid an logainm comhroghnach 'Butlerstown' in ionchoisní an 17ú haois ach roghnaigh Ó Donnabháin **Weatherstown** le haghaidh mapaí na SO sa bhliain 1836 agus glacadh leis. B'é an t-ainm coitianta faoin am sin de réir na fianaise comhaimseartha a bhí aige san Ainmleabhar thuas.

Ní luann MacLysaght aon sloinne cosúil leis na leaganacha éagsúla atá i measc na bhfianuithe: 'Widder(s)' Wedder(s), Wodder(s)', nó leis na leaganacha atá san Ainmleabhar bainteach.⁴⁶² 'Wether(s)', Werther(s) agus 'Weather(s).

B'fhéidir gur **sloinne** gairme é ón bhfocal 'wether' le haghaidh reithe spoichta. In *Shorter English Dictionary* faightear 'wether' also widder ... a male sheep ...' agus cuirtear in iúl go bhfuil sanasaíocht an fhocail seo in *Old English* ag teacht ón *Old Frisian* agus *Old Saxon*.⁴⁶³

⁴⁶¹ C. P. Bomford, 'The Bomford family and allied families', lch. 102 (www.Bomford.net/IrishBomfords/Chapters/BomfordFamilyAug2005.pdf) (6 Deireadh Fómhair 2010).

⁴⁶² Ainmleabhar na SO *Mi 065*, lch. 18.

⁴⁶³ *Shorter Oxford English dictionary*, ii, 3610.

Tacaíonn De Bhulbh leis an bpointe seo nuair a dhéanann sé trácht ar an ainm 'Wethers' atá cosúil le 'Weathers', '... presumably a nickname ...' dar leis.⁴⁶⁴ Deir Lower mar gheall ar shloinne cosúil leis, viz. 'Withers', '... Withers occurs in Domesd. as a tenant prior to that census' agus cuireann sé in iúl dúinn go bhfuil an sloinne 'Wyther' sa *Hundred rolls*.⁴⁶⁵ Is é an bunús a thugann Reaney and Wilson le haghaidh 'Weather, Weathers' ná '... OE *wēðer* wether, sheep'.⁴⁶⁶

Luaitear ball den ghild leis an ainm 'Walterus Wither' in *DGMR* sa bhliain 1244/5⁴⁶⁷ agus is suntasach go luaitear 'Edward Withers' as *Galtrim*, i liosta eisreachtaithe (outlaws) sa bhliain 1642 in alt in *Analecta Hib.*⁴⁶⁸ Feictear 'William Vidder de Lamareghoston' in *Stat. Rolls Edw. IV*, 4 sa bhliain 1463 agus glúin nó dhó ina dhiaidh sin 'Thomas Widder of Lumaraghstone' in *Carew Ms.* sa bhliain 1596.⁴⁶⁹ Níl na háiteanna seo ró-fhada ón mbaile fearainn 'Weatherstown'.

Níl ach baile fearainn amháin eile in *BLE* leis an ainm **Weatherstown** agus tá sé i gCill Chainnigh le foirm Ghaeilge 'Baile Bhadraeigh' [D] ón sloinne *Brounfether* go bunúsach de réir dealraimh.⁴⁷⁰ Níl aon fhoirm Ghaeilge deimhnithe fós le haghaidh 'Weatherstown' atá faoi chaibidil anseo. Moltar an fhoirm **Baile an Bhodraigh**.

3.1.47 **Woodcockstown:** par. Culmullin (DU); N92806 46629

Fianuithe:

1)	1537	Woodcokkeston	<i>Carew MS. i</i> , p131
2)	1540-41	Woodecokeston	<i>Crown surveys</i> , p117
3)	1550-1	Wodcookeston	<i>fiant Edw.</i> , 731
4)	1567	Woodcockeston	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> , 41
5)	1578	Woodcockstowne	<i>fiant Eliz.</i> , 3280
6)	1624	Wodcockston	<i>Inq. Leinster Jac. I</i> , 81
7)	1630	Woodcockston	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 63
8)	1654-6	Woodcockstowne	<i>Civil Survey v</i> , 146
9)	1654-6	Woodcookstown	<i>Civil Survey v</i> , 147
10)	1659	Woodcockstowne	<i>MS. 14E 22, Hib. Del. map</i>
11)	1655-9	Woodcocks Towne	<i>Top. index Petty BN</i> , p378

⁴⁶⁴ de Bhulbh, *Sloinnte na hÉireann*, lch. 460.

⁴⁶⁵ Lower, *Patronymica Britannica*, lch. 387.

⁴⁶⁶ Reaney & Wilson, *A dictionary of English surnames*, lch. 480.

⁴⁶⁷ Connolly & Geoffrey Martin (eds), *The Dublin guild merchant roll*, lch. 108.

⁴⁶⁸ 'Outlaws 1641-7', lch. 360.

⁴⁶⁹ *Carew manuscripts*, iii (http://www.archive.org/details/calendar_of_Carewm) (13 Lúnasa 2011).

⁴⁷⁰ *BLE* faoi 'Weatherstown' (www.logainm.ie) (29 Bealtaine 2010).

12)	c.1666	Woodcockstowne	MS. G vi 2, BSD
13)	c.1672	Woodcocks Towne	Top. index, Petty HD, p378
14)	1730	Woodcockstowne	Wills, i, 590
15)	1812	Woodcockstown	Larkin's map
16)	1978	Woodcockstown	Fitzsimons, p96
17)	2011	' wudkaks,təun {1}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mi 065* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 9

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Wooldcockstown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Woodcockstown	Applotter of County Cess
	Woodcockstown	Mr. J. Connor Land Surveyor
	Woodcockstown	High Commission Survey & Valuation Report
	Woodcockstowne	Down Survey
	Wodcockston	Inq. Temp. Jac. I
1836	Woodcockstown	John O' Donovan

Níl aon fhoirm Ghaeilge tugtha ag Ó Donnabháin ar **Woodcockstown** thuas.⁴⁷¹ Tugann Lower an bunús seo le haghaidh **Woodcock**, '1. The bird. 2. A term of reproach, applied to simpletons in early plays.'⁴⁷² De réir MacLysaght, '... Woulfe's equation of this with Irish *Mac an Choille* is not accepted. It is English in origin, of dual derivation (nickname, and toponymic for Woodcot) ...⁴⁷³

Cuireann Reaney and Wilson na bríonna réamhluaithe le chéile ina dtuairisc, 'Woodcock, Woodcocks ... a nickname from the bird, OE *wuducocc* "woodcock", later used to mean "a fool, simpleton, dupe". The frequency of this surname is probably partly due to the absorption of a local surname *Woodcot* ... from Woodcote ... Woodcott ... or from residence at a cottage in or near a wood.'⁴⁷⁴

Ní foláir gur tháinig an **sloinne** isteach i ré na nAngla-Normannach. Mar shampla, luaitear an t-ainm 'Adam Wodcok' sa bhliain 1280 in *Calendar of Christ Church Deeds*.⁴⁷⁵ Níl ach **baile fearainn amháin** faoin ainm seo in *BLE*.⁴⁷⁶ Tá na fianuithe (1-15) i gcomhréir lena

⁴⁷¹ Ainmleabhar na SO *Mi 065*, lch. 8.

⁴⁷² Lower, *Patronymica Britannica*, lch. 388.

⁴⁷³ MacLysaght, *The surnames of Ireland*, lch. 302.

⁴⁷⁴ Reaney & Wilson, *A dictionary of English surnames*, lch. 499.

⁴⁷⁵ *Calendar of Christ Church deeds*, lch. 119.

⁴⁷⁶ *BLE* faoi 'Woodcockstown' (www.logainm.ie) (29 Bealtaine 2010).

chéile agus leis an bhfianaise san Ainmleabhar bainteach.⁴⁷⁷ Moltar **Baile an Bhudcocaigh** mar fhoirm Ghaeilge an logainm seo (NÓM).

3.1.48. 1 & 2 **Wrightown or Ardrackan:** par. Scurlockstown (DI); N85554 55495

Fianuithe:

1)	1551/2	?Ardrackan	<i>fiant Edw. VI, 943</i>
2)	1579	Wrighton	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> , 124
3)	1581	Wrighton	<i>Inq. Leinster Eliz.</i> , 2
4)	1654/6	Wrightown	<i>Civil Survey</i> v, 139
5)	1654/6	Wrightowne	<i>Civil Survey</i> v, 139
6)	c.1666	Wrightowne	MS. <i>G vi 2, BSD</i>
7)	1730	Wrightstowne	<i>Wills</i> , i, 590
8)	1794	Rightstown	<i>Upton freeholders</i>
9)	1812	Ardrackan	<i>Larkin's map</i>
10)	1978	Árd Breacain	Fitzsimons, p5
11)	2011	,ard' brakøn {18}/	fuaimniú áitiúil
12)	2011	'røit,tøun {18}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mi 103* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 8

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Ardracken or Wreightown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Ardrackan	Larkin's Map 1812
	Ardracken	Grand Warrant 1829
	Wrighton	Inq. 1565
	Wreightown	High Commission Survey & Valuation Report
	Wrightowne	Down Survey
	Wrighton	Inq. Temp. Eliz.
	Wrighton	Inq. Temp. Jac. I
	Wrtighton	Inq. Temp. Car. I
	Ardraccan	Inq. Temp. Car. I (Archdall)
	Ard-breacain, 'St. Brackan's height or hill'	John O' Donovan
1836	Ardrackan or Wrightown	John O' Donovan

Cé gur logainm le bunús Gaeilge é '**Ardracken**' déantar cur síos air anseo mar is ainm comhroghnach é leis an ainm **Wrightown** le haghaidh an bhaile fearainn céanna. Faighimid leaganacha éagsúla den sloinne **Wright** fearacht 'Wright', 'Wryght, Wright' in

⁴⁷⁷ Ainmleabhar na SO *Mi 065*, lch. 8.

innéacs de na *Crown surveys* 1540-1.⁴⁷⁸ Deir de Bhulbh maidir leis an sloinne seo, 'Wright: v. numerous: all areas, least in Munster and Connacht, mostly in E. Ulster. Ir. Mac an tSaoir; a very common name in Britain meaning a skilled worker in any trade.'⁴⁷⁹

Tugann Lower tuilleadh sonraí faoin **sloinne** mar seo: 'The A-Sax. *wyrhta* signifies in its widest sense, the same as the Latin *faber*, a workman of any kind but more specifically an artificer in hard materials ... Smith was the general term for a worker in metals and wright for one who worked in wood and other materials' ...⁴⁸⁰ Tugann Woulfe an fhoirm Ghaeilge 'Raghait' mar 'phonetic rendering'⁴⁸¹ an ainm seo. Moltar **Baile an Raghataigh** mar fhoirm Ghaeilge le haghaidh an logainm **Wrightown** agus **Ard Breacáin** le haghaidh an chomhainm **Ardrackan**.

'Ard-breacain, "St. Brackan's height or hill"' de réir an Donnabhánaigh san Ainmleabhar bainteach.⁴⁸² Tá spota airde 71m sa cheantar. B'fhéidir gur bronnadh an t-ainm ar an áit seo in onóir do Bhreacán de réir analaí leis an áit cháiliúil in aice leis An Uaimh agus a dtagraíonn Lanigan dó mar seo: 'Ardrackan, or the high place of Brackan, was so-called from an abbot Brackan, who, according to Ware was alive in 650.'⁴⁸³

*

Deir Gerard Rice, agus é ag tagairt do na bailte fearainn i bparóiste caitliceach *Kilclone*, '... each townland was leased out or farmed out in relatively large portions either to free tenants (those with fixity of tenure) or farmers (who paid a rent and had their rights on lease for a period of time).'⁴⁸⁴ Bhí sé ag tagairt don tréimhse Angla-Normannach nuair a bunaíodh an struchtúr 'ainm duine + town' faoina dtionchar siúd. Lean an córas seo go hiondúil trí na haoiseanna. De réir T. Jones Hughes, 'The majority of the medieval Norman family names have long disappeared from North Leinster; they are commemorated only in the names of the townlands'⁴⁸⁵ Gan amhras tá cuid acu i bhfeidhm fós i gContae na Mí; i measc 'Common Surnames of Co. Meath' ar shuíomh Idirlín, faightear na sloinntí seo a leanas atá le fáil freisin i logainmneacha na mbailte fearainn faoi chaibidil anseo: Butler, Clarke, Hayes, Hussey, Martin'.⁴⁸⁶

⁴⁷⁸ *Crown surveys*, lch. 393.

⁴⁷⁹ de Bhulbh, *Sloinnite na hÉireann*, lch. 446.

⁴⁸⁰ Lower, *Patronymica Britannica*, lch. 388.

⁴⁸¹ Woulfe, *Sloinnite Gael is Gall*, lch. 662.

⁴⁸² Ainmleabhar na SO Mí 103, lch. 8.

⁴⁸³ John Lanigan, *An Ecclesiastical history of Ireland, from the first introduction of christianity among the Irish to the beginning of the thirteenth century* (4 vols, Dublin, 1822), ii, 346.

⁴⁸⁴ Rice, *Norman Kilclone*, lch. 21.

⁴⁸⁵ Jones Hughes, 'Town and baile in Irish place-names', lch. 250.

⁴⁸⁶ Suíomh Idirlín: Surname queries County Meath Ireland genealogical project (<http://www.rootsweb.ancestry.com/~irlmea2/Surname/lineages.htm>) (30 Eanáir 2011).

3.2: Logainmneacha: cáilitheoir seachas sloinne + príomheilimint 'town'

Tá ocht logainm déag leis an bpríomheilimint 'town' comhcheangailte le heilimint eile seachas sloinne faoi chúram sa chuid seo den chaibidil: dáréag i mbarúntacht Dhéise Uachtarach agus sé chinn i mbarúntacht Dhéise Íochtarach. Déantar trácht orthu anseo in ord aibítreach: Batterstown (DU), Bogganstown (DU), Curraghtown (DU), Curraghtown (DI), Knockstown (DU), Knockstown (x 2) (DI), Longtown (DU), Milltown (DU), Milltown (DI), Monenstown (DI), Newtownmoyaghy (x 2) (DU), Newtownrathganley (DU), Oldtown (x 2) (DU), Windtown (DI), Woodtown (DU)

3.2.1 **Batterstown:** par. Rodanstown (DU); N90001 42473

Fianuithe

- 1) 1978 **Baile an Bhóthair** Fitzsimons, p14
- 2) 2011 'batərs, təun {4} fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 102* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 5

	Ortagrafraíocht	Udarás nó Foinse
	Batterstown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Batterstown	Mr. Merron
	Batterstown	Applotter of County Cess
	Batterstown	Mr. J. Connor Land Surveyor
('The high road passes through.' Nóta JOD)	Baile an bhóthair, 'town of the road'	John O' Donovan
1836	Batterstown	John O' Donovan

Is sampla de leathastríúchán é an logainm **Batterstown**. Tá ceithre bhaile fearainn agus ionad daonra amháin leis an ainm seo in *BLE* agus tá siad go léir i gContae na Mí; tá an fhoirm Ghaeilge **Baile an Bhóthair** deimhnithe le haghaidh 'Batterstown', an t-ionad daonra agus láthair na postóifige i bparóiste *Rathregan* ach níl aon fhoirm Ghaeilge deimhnithe le haghaidh ceachtar de na bailte fearainn.⁴⁸⁷ Tugann Ó Donnabháin an míniú céanna sna hAinmleabhair bhainteacha le haghaidh na gceithre bhaile fearainn .i. 'town of the road'.

Dealraíonn sé go dtagann an leagan Béarlaithe **batter** ón bhfocal Gaeilge 'bóthar *var.*

⁴⁸⁷ *BLE* faoi 'Batterstown' (www.logainm) (29 Bealtaine 2010).

báthar'.⁴⁸⁸ De réir Joyce, faightear an mhír 'batter' i gcuid de na contaetha i gcúige Laighean mar Bhéarlú den eilimint Ghaeilge 'bóthar'. This 'word "batter" is, or was, well under-stood in these counties to mean an ancient road; and it was used as a general term in this sense in the patents of James I.⁴⁸⁹

Luann Joyce freisin ráiteas Richard Stanyhurst in *Poole's Glossary* ina dtugann sé a thuairim faoin leagan seo, 'As for the word **Bater**, that in English purpozeth a lane bearing to an highway, I take it for a meer Irish worde that crept unawares into the English, through the daily intercourse of the English and Irish inhabitants.'⁴⁹⁰ Mhair Stanyhurst idir na blianta 1541 go 1610, ag cur in iúl dúinn go raibh an fhoirm Bhéarlaithe 'batter' ann chomh fada sin siar ar a laghad.

De réir O' Rahilly, 'The word **bóthar**, "road," usually anglicized "boher" is made "batter" in a number of names in Meath and adjoining counties. Thus there are no less than four places in co. Meath called Batterstown, in Irish *Baile an Bhóthair* ... As several of these names (e.g. Greenbatter, Stonybatter) suggest, the word bóthar was, in fact, borrowed into the vocabulary of the early English-speaking settlers, and was at one time in common use.'⁴⁹¹

Deir Ó Donnabháin i dtaobh an logainm **Batterstown** san Ainmleabhar gurb í an fhoirm Ghaeilge 'Baile an bhothair' leis an mbrí 'town of the road' atá i gceist; deir sé freisin 'the **high road** passes through here'. Ba réasúnta glacadh le míniú an Donnabhánaigh i gcás an logainm 'Batterstown' anseo agus lena fhoirm Ghaeilge **Baile an Bhóthair**.

3.2.2 **Bogganstown:** par. Culmullin (DU); N92646 47770

Fianuithe

1)	1803	Boganstown [Deece Upr]	<i>Grand jury</i> , p11
2)	1812	Bogginstown	<i>Larkin's map</i>
3)	1978	Baile an Bhogáin	Fitzsimons, p17
4)	2011	' bəgəns, təun {1}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mi 065* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 40

⁴⁸⁸ *eDIL*, litir B, colún 150, líne 021 (www.dil.ie) (11 Nollaig 2011)

⁴⁸⁹ Joyce, *Irish names of places*, i, lch. 44.

⁴⁹⁰ Jacob Poole, *Glossary of the dialect of forth & Bargy* ed. William Barnes luaite ar lch. 44 in Joyce thuas lch. 170.

⁴⁹¹ T. F. O' Rahilly, 'Notes on middle-Irish pronunciation' in *Hermathena*, xlv (1926), lch. 180.

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Bogginstown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Bogganstown	James Merryman
	Bogginstown	Applotter of County Cess
	Baile an bhogáin, 'town of the bog or soft land'	John O' Donovan
1836	Bogganstown	John O' Donovan

Tugann Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge **Baile an bhogáin** leis an míniú 'town of the bog or soft land', le haghaidh an logainm **Bogganstown**.⁴⁹² Níl ach dhá bhaile fearainn leis an ainm seo in *BLE* agus tá siad araon i gContae na Mí.⁴⁹³ Míniú Ó Donnabháin an logainm 'Bogganstown' i bparóiste *Dunboyne* freisin le 'town of the bog'.⁴⁹⁴

Is **sloinne** é 'Boggans' freisin. Dar le de Bhulb, 'Bogan, Boggans, -ins: fairly numerous Dublin, Wexford etc. Ó Bogáin, bog, tender'. MacLysaght identifies 'Bogan' with Donegal but it is very rare there – less so in Tyrone.⁴⁹⁵

An logainm é **Bogganstown** den mhúnla comónta 'sloinne nó ainm pearsanta + town'? Ní féidir a chur as an áireamh go bhféadfadh sin a bheith amhlaidh sa taobh seo tíre gan chúis mhaith. Rud eile de, tá paróiste dlí le baile fearann ann i mbarúntacht Mhaigh Fionnráithe Uachtarach, contae na Mí, agus iad araon leis an ainm 'Ballyboggan' agus tugann Ó Donnabháin an míniú 'Baile Uí Bhogáin' le haghaidh an pharóiste; moltar 'Baile Uí Bhogáin' in *BLE* le haghaidh an dá aonad, ag cur in iúl gur 'sloinne + town' an comhdhéanamh atá i gceist sa logainm seo.⁴⁹⁶

Deir Conchúr Ó Cruadhlaich, Oifigeach Logainmneacha, liom i r-phost, 'There's one Boggantown in Wexford and two Ballyboggans, all of which appear ultimately to derive from **Ó Beagáin** (and not Ó Bogáin as first thought)'.⁴⁹⁷ B'fhéidir gur mar an gcéanna an scéal anseo agus gur 'sloinne + town' atá i gceist ach ní féidir linn a bheith cinnte. D'fhéadfaí a áiteamh freisin gurb é an dreach fisiciúil atá i gceist sa cháilitheoir seo.

Tar éis dom cuairt a thabhairt ar an mbaile fearainn 'Bogganstown' atá idir lámha anseo tuigim an cur síos a dhéantar i nótaí an *EPA* faoi chód 32. Faoi 'Type Group' deirtear

⁴⁹² Ainmleabhar na SO, *Mí 065*, lch.40.

⁴⁹³ *BLE* faoi 'Bogganstown' (www.logainm) (22 Meán Fómhair 2010).

⁴⁹⁴ Ibid.

⁴⁹⁵ de Bhulbh, *Sloinnite uile Éireann*, lch. 165.

⁴⁹⁶ *BLE* faoi 'Bogganstown' (www.logainm) (29 Deireadh Fómhair 2010).

⁴⁹⁷ I r-phost chugam (3 Samhain 2010).

'Deep poorly drained mineral'; faoi 'Description' deirtear 'Derived from mainly non-calcareous parent materials' agus faoi 'Soil Group' deirtear 'Surface water Gleys, ground water Gleys'.⁴⁹⁸ Baineann an tuairisc seo leis an gcuid is mó, timpeall 90%, den bhaile fearainn. Chuireas ceist ar na saineolaithe san *EPA* faoin gcineál itreach sa tuairisc réamhluaite agus fuair an freagra seo i r-phost ó Ashling MacElwain:

Gleys are poorly drained soils that can often become waterlogged. Waterlogging may often be due to a high water table. In very wet conditions peaty gleys do exist. These usually have organic horizons (layers or sections) which contain 20-50% organic matter. These are not bogs. Gleys are a type of soil categorised in the Great Soils Group from the General Soils Map of Ireland in 1980. Basin Peats and Blanket Peat are other categories within this group.⁴⁹⁹

Deir Eddie Leonard, feirmeoir ina chónaí cóngarach don áit seo, nach portach atá ann ach 'heavy soil'. Ar an ábhar seo is ródhócha gur talamh bog de bharr fliche atá i gceist sa bhaile fearainn idir chamáin. Ní féidir sloinne a chur as an áireamh go cinnte ach le tacaíocht na fianaise thuas measaim gur féidir glacadh go hoifigiúil le leagan Gaeilge Uí Dhonnabháin **Baile an Bhogáin** le haghaidh an bhaile fearainn seo 'Bogganstown'.

3.2.3 Curraghtown

Tá dhá bhaile fearainn leis an logainm '**Curraghtown**' faoi bhráid agam. Déanfar trácht ar an logainm tar éis na fianuithe a sholáthar dóibh araon ar dtús.

3.2.3.1 Curraghtown: par. Culmullin (DU); N92905 48560

Fianuithe:

1)	1385	Balycorragh	<i>RPCH, 9 Ric. II, p129</i>
2)	1388	Balycorragh	<i>RPCH, 12 Ric. II, p140</i>
3)	1403	Kenragheston	<i>RPCH, 4 Hen IV, p181</i>
4)	1412	Curraghestoun	<i>Reg. Fleming, p239⁵⁰⁰</i>
5)	1470	Ballycurragh	<i>Stat. rolls Edw. IV, 10, i, p668</i>
6)	1471-2	Ballicurragh	<i>Stat. rolls Edw. IV, 11 & 12, i, p856</i>
7)	1472-3	Ballicurragh	<i>Stat. rolls Edw. IV, 12 & 13, ii, p32</i>
8)	1572	? Curraghton	<i>Griffith, Cal. inq. Eliz., 66</i>
9)	1579	Kenraghton, Kenragheston	<i>Griffith, Cal. inq. Eliz., 124</i>
10)	1582	? Corraghton	<i>fiant Eliz., 3958</i>
11)	1599	? Curraghton alias Curraughton	<i>fiant Eliz., 6310</i>

⁴⁹⁸ Léarscáileanna *Envision an EPA* faoi 'Bogganstown' (<http://maps.epa.ie/InternetMapView/mapviewer.aspx>) (8 Samhain 2010).

⁴⁹⁹ I r-phost chugam (9 samhain 2010).

⁵⁰⁰ D'ionannaigh Brendan Smith 'Curraghestoun' le 'Curraghtown' i bpar. *Culmullin* san innéacs in *Reg. Fleming*, lch. 285.

12)	1625	Curaghton	<i>Inq. Leinster Car. 1, 7⁵⁰¹</i>
13)	1630	Corraghton	<i>Inq. Leinster Car. 1, 156</i>
14)	1640	Kenraghton	<i>Inq. Leinster Car. 1, 158</i>
15)	1654-6	Kenraghtown	<i>Civil Survey v, 146</i>
16)	1654-6	Kanraghtown	<i>Civil Survey v, 146</i>
17)	1654-6	Kenraghtowne	<i>Civil Survey v, 147</i>
18)	1659	Kenrathston	<i>MS. 14E 22, Hib. Del. map</i>
19)	c.1666	Kenraghtstowne	<i>MS. G vi 2, BSD</i>
20)	1686	Kenraghtstowne	<i>Comm. of Grace, p41</i>
21)	1690	Curraghtowne	<i>Inq. Leinster Gul. & Mar., 2</i>
22)	1812	Curraghtown	<i>Larkin's map</i>
23)	1978	Baile an Churraigh	Fitzsimons, p34
24)	2011	' kore, toun {13,18}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mi 065* sa Chartlann Náisiúnta, 41

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Curraghtown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Curraghtown	Tenants Receipt
	Curraghtown	Mr. J. Connor Land Surveyor
	Curraghtown	High Commission Survey & Valuation Report
	Kenraghtowne	Down Survey Reference
	Keenrathstowne	Down Survey Map
	Curraghton	Inq. Temp. Eliz.
	Curraghton	Inq. Temp. Jac. I
	Curraghstowne	Inq. Temp. Car. II
	Curraghstowne	Inq. Temp. Gul. & Mar.
	Baile an churraigh, 'town of the moor or moortown'	John O' Donovan
1836	Curraghtown	John O' Donovan

3.2.3.2 **Curraghtown:** par. Galtrim (DI); N84519 50258

Fianuithe:

1)	1978	Baile an Churraigh	Fitzsimons, p34
2)	2011	' curə, toun {15,18}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mi 067* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 44

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
--	-----------------------	-------------------------

⁵⁰¹ 'Curaghton maner de Cullmollen' in *Inq. Leinster 7 Car. I.*

	Curraghtown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Curragh	Tenants Leases
	Curraghtown	Mr. R. Parsons
	Curraghton	Inq. Temp. Eliz.
	Curraghton	Inq. Temp. Jac. I
	Curraghstowne	Inq. Gul & Mar.
	Baile an churraigh, 'town of the moor'	John O' Donovan
1836	Curraghtown	John O' Donovan

Dar le Joyce, '*Cuirreach*, or as it is written in modern Irish, *currach*, has two meanings, a racecourse and a morass ... In the second sense, which is more general, it enters into names in the forms Curra, Curragh and Curry which are very common through the four provinces ...'⁵⁰² Tacaítear leis an dara míniú in *eDIL*: '*Cuirrech*, *currach*, *curaighthe*, *cuirreach* ... marsh, fen ...'⁵⁰³

Tá sé bhaile fearainn leis an ainm **Curraghtown** i gContae na Mí. Is tíopúil é seo i ndúiche Angla-Normannach de réir O' Connor: 'This brings it firmly within the remit of Anglo-Norman Ireland, and for incontrovertible evidence we may cite the facility with which *currach* compounds with *town* in the key county of Meath. Clearly turbary and tenurial rights find keen expression in the place-names that connote "wet-land".'⁵⁰⁴

Is í an fhoirm Ghaeilge Baile an churraigh agus an míniú 'town of the moor, or moortown' de réir Uí Dhonnabháin sna hAinmleabhair bhainteacha le haghaidh logainmneacha an dá bhaile fearainn 'Curraghtown' atá faoi bhráid anseo.⁵⁰⁵ I dtaca le Béarlú an ainm Gaeilge feictear an forás *-aigh* > *-agh* sa traslitríú. Moltar foirm Ghaeilge an Dónnabhánaigh anseo, **Baile an Churraigh**.

Tá an bf. **Curraghtown** i bpar. *Culmullin* in aice le 'Bogganstown' thuasluaite. Tá talamh cosúil le fáil sa dhá bhaile fearainn agus tá an cur síos céanna, faoi chóduimhir 31, le fáil ar léarscáileanna agus i nótaí an *EPA*: 'Gleys are poorly drained soils that can often become waterlogged. Waterlogging may often be due to a high water table ...'⁵⁰⁶ De réir an

⁵⁰² Joyce, *Irish names of place*, i, 463.

⁵⁰³ *eDIL*, litir C colún 601, líne 031 (www.dil.ie) (30 Lúnasa 2011).

⁵⁰⁴ Patrick J. O' Connor, *atlas of Irish place-names* (Newcastle West, 2001), lch.63.

⁵⁰⁵ Ainmleabhair na SO Mí 065, lch. 35 agus Mí 067, lch. 44.

⁵⁰⁶ Léarscáileanna *Envision an EPA* faoi 'Curraghtown'

(<http://maps.epa.ie/InternetMapView/MapView.aspx>) (8 Samhain 2010) .

Ainmleabhair, 'The houses are all built of mud and the inhabitants are all R. Catholics.'⁵⁰⁷

Is suntasach gurb í an fhoirm Bhéarlaithe an chéad fhianú atá aimsithe agam maidir le 'Curraghtown' paróiste *Culmullin*, is é sin (1,2) **Balycorragh** sa bhliain 1385 agus faightear leaganacha cosúla sna fianuithe (5,6,7), iad go léir ag tacú leis an bhfoirm Ghaeilge a mholann an Donnabhánach san Ainmleabhar bainteach. Bhí an leagan Gaeilge (i riocht Béarlaithe) agus an leagan Béarla ag malartú sna fianuithe luatha.

Faightear an fhoirm thruaillithe **Kenraghtown** agus leaganacha eile cosúla le haghaidh an logainm seo i measc na bhfianuithe thuas: (3) ón 15ú haois agus (14-20) ón 17ú haois agus dhá leagan eile i bhfianaise an Ainmleabhair bhaintigh.⁵⁰⁸ Deineadh tagairt cheana féin i gCaibidil 1 do fhadhbanna i dtaobh lámhscríbhinní, go mórmhór maidir le cóipeáil agus b'fhéidir gur samplaí iad na leaganacha seo. Deir Harvey le linn dó a bheith ag trácht ar an bhfadhb seo, 'The trouble is that errors of this kind have virus-like qualities – error begets error.'⁵⁰⁹ B'fhéidir gur tharla an rud céanna anseo.

Níl aon fhoirm Ghaeilge deimhnithe fós le haghaidh ceachtar den dá bhaile fearainn leis an logainm 'Curraghtown' in *BLE*.⁵¹⁰ Is leathastriúchán atá i gceist sa logainm seo cosúil le 'Batterstown'.

Ní luaitear an dara bf. **Curraghtown** atá i bparóiste *Galtrim* i suirbhéite an 17ú haois. Níl ach fianaise an Ainmleabhair thuas. Is suntasach, áfach, go bhfuil an baile fearainn i ndeisceart an pharóiste, áit ina bhfuil **portach móna** le feiscint ar léarscáil Phetty.⁵¹¹ D'oirfeadh foirm Ghaeilge Uí Dhonnabháin, **Baile an Churraigh**, do 'Curraghtown' anseo freisin agus moltar é dá réir.

3.2.4 **Knockstown**

Tá trí bhaile fearainn leis an logainm '**Knockstown**' faoi bhráid anseo, ceann amháin i bparóiste *Kilmore*, ceann i bparóiste *Kilmessan* agus an tríú ceann i bparóiste *Trubley*.

Roinneadh an bf. 'Knockstown' a bhí i bparóiste *Trubley*, roimh nó le linn obair Shuirbhé na dTeorainneacha sa 19ú haois agus mar thoradh fágadh cuid bheag de, timpeall 68 acra,

⁵⁰⁷ Ainmleabhar na SO *Mi 065*, lch. 41.

⁵⁰⁸ *Ibid.*

⁵⁰⁹ P. D. A. Harvey, *Editing historical records* (British Library, 2001), lgh 35, 36.

⁵¹⁰ *BLE* faoi 'Curraghtown' (www.logainm.ie) (22 Meán Fómhair 2010).

⁵¹¹ William Petty, *Down survey barony maps: barony of Deece 1657* (facsimile OS 1908).

i bparóiste *Kilmessan* leis an c.300 acra eile i bparóiste *Trubley*.

Déanfar trácht ar an dtrí cinn anseo, 'Knockstown' par. *Kilmore* ar dtús agus ansin an dá 'Knockstown' eile maraon, toisc gurbh aonad amháin a bhí i gceist go bunúsach.

3.2.4.1 Knockstown: par. Kilmore (DU); N88025 47350

Fianuithe:

1)	1614	Knockton [Kilkarty and]	<i>Pat. rolls 12 James I</i> , p272
2)	1659	Edenstowne	<i>MS. 14E 22, Hib. Del. map</i>
3)	1655-9	Edanstowne or Knockstowne	<i>Top. index Petty BN</i> , p210
4)	c.1666	Edanstowne als. Knockstowne	<i>MS. G vi 2, BSD</i>
5)	c.1672	Edenstowne	<i>Top. index Petty HD</i> , p210
6)	1978	Baile an Chnoic	Fitzsimons, p62
7)	2011	' naks, t̪əun {1}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mi 065* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 24

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Knockstown	Boundar Sureveyor's Sketch Map
	Knockstown	Mr. J. Connor Land Surveyor
	Adamstown or Knockstown	Applotter of County Cess
	Adamstown alias Knockstown	High Commission Survey & Valuation Report
	Edanstowne alias Knockstowne	Down Survey Map
	Adamston	Inq. Temp. Eliz.
	Adamston	Inq. Temp. Jac I
	Addamston	Inq. Temp. Car. I
	Adamstowne	Inq. Temp. Gul. & Mar.
	Baile an chnuic, 'town of the hill'	John O' Donovan
1836	Knockstown	John O' Donovan

3.2.4.2 Knockstown: par. Kilmessan (DI); N86336 56935

Fianuithe:

1)	1978	Knockstown	Fitzsimons, p62
2)	2011	' nak, t̪əun {8,18}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mi 063* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 8

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Knockstown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Knockstown	Inq. Temp Car. II
	Nockinston	Inq. Temp. Ed. I (Archdall)
	Baile an chnuic i.e. knock-town or hill-town	John O' Donovan
	Baile an chnuic [i bpeann luaidhe]	John O' Donovan
1836	Knockstown	John O' Donovan

3.2.4.3 **Knockstown:** par. Trubley (DI); N86051 57583

Fianuithe:

- 1) 1384 **Cnokeston** [luaite le T/ville] *RPCH, 8 Ric. II, p119*
- 2) 1611 **Knockston** *Inq. Leinster Jac I, 9*
- 3) 1655-9 **Knockstowne** *Top. index, Petty BN, p283*
- 4) 1663 **Knockstowne** [p.Trubley] *Inq. Leinster Car. II, 4*
- 5) c1666 **Knockstowne** *MS. G vi 2, BSD*
- 6) 1709 **Knockstowne** [p.Trubley] *Registry deeds, ii, 264*
- 7) c.1790 **Knockton** *Longfield Maps 21 F 14*
- 8) 1838 **Knocktown** *Chanc. deeds (1840), 835, p213*
- 9) 1978 **Baile an Chnoic** *Fitzsimons, p62*
- 10) 2011 **'nɔk,təun** {8,18} *fuaimniú áitiúil*

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 103* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 15

	Ortagrafaíocht	Udarás nó Foinse
	Knockstown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Knockstowne	Inq. 1663
	Cnokeston	Inq.
	Knockestowne	Down Survey Map
	Baile an chnuic, 'town of the hill'	John O' Donovan
1836	Knockstown	John O' Donovan

Tugann Ó Donnabháin **Baile an chnuic**, agus an míniú 'hilltown' nó 'town of the hill' le haghaidh an logainm **Knockstown** atá ar an trí bhaile fearainn seo sna hAinmleabhair bhainteacha. Más ceart dó is leathastriúchán atá i gceist .i. an mhír Ghaeilge 'cnoc' + an eilimint Bhéarla 'town'.⁵¹²

⁵¹² Ainmleabhar na SO *Mí 065*, lch. 24; *Mí 063*, lch. 8; *Mí 103*, lch. 15.

Ar an mhapa a sholáthraíonn O'Connor le haghaidh dáileadh na heiliminte 'cnoc' timpeall na hÉireann, faightear 24 i gContae na Mí, 23 le 'cnoc' mar réimír agus ceann amháin eile, ach an féidir a bheith cinnte gurb í an ghné fhisiciúil atá i gceist i ngach cás?⁵¹³

Tá ceithre bhaile fearainn leis an ainm 'Knockstown' in *BLE*, ceann amháin i Loch Garman agus an trí eile i gContae na Mí. Orthu siúd níl ach an baile fearainn i Loch Garman le foirm Ghaeilge fós, **Baile an Chnocaigh** [ND] ag cur sloinne - 'an Cnocach' - in iúl.⁵¹⁴

Ní foláir fiafraí cé acu **sloinne** nó **gné aiceanta** atá i gceist sa logainm 'Knockstown' le haghaidh na mbailte fearainn faoin ainm sin i gContae na Mí.

I ndáil leis an gcáilitheoir b'fhéidir gur leagan é **Knocks** den sloinne Knox a thagann ón bhfocal 'cnoc' go bunúsach. De réir Woulfe is ionann Knox agus **de Cnoc**, '... a surname formed after the Norman fashion from an Irish place name.'⁵¹⁵ Agus de réir Lower tagann an t-ainm Knox '... from the lands of Knocks or Knox Co. Renfrew. Knock, Gael., a round topped hill.'⁵¹⁶ Tacaíonn Reaney and Wilson leis an gciall seo: 'Knox: John *de Cnoc* 1260 Black; Hugo *Cnoc* c1272 ib.; Alan *de Knockis* 1328 ib. From Knock (Renfrew).'⁵¹⁷

Ar an gcéad amharc ba léir dom gur **gné aiceanta** a bhí le sonrú i gcás 'Knockstown' (3.2.5.1) i bparóiste *Kilmore* (DU) mar tá cnoc le feiscint le spota airde 116.⁵¹⁸ I ndúiche le talamh íseal seasann an cnoc amach. Meastar go háitiúil freisin gur 'cnoc/hill' atá i gceist. De réir beirt bhall den chumann staire áitiúla, Michael Durkan agus John Hegarty, in alt a scríobh siad, '**Knockstown** (Town of the Hill) contains 322 acres. It is locally referred to as Knockturin which might indicate that a windmill once stood on the hill which is located on Pat Jennings land ...'⁵¹⁹ (Ní léir an tagairt do 'Knockturin' anseo muna bhfuil gaol b'fhéidir idir é agus 'tuairín', foirm dhíspeagtha den téarma 'tuar', mír a fheictear uaireanta i logainmneacha.⁵²⁰) Cé nach cruthú dearfa é an bhrí a ghlactar leis sa bhéaloideas ó thaobh logainmníochta de ba réasúnta glacadh leis anseo gurb é 'cnoc' atá i gceist toisc go

⁵¹³ O'Connor, *Atlas of Irish place-names*, lch.53.

⁵¹⁴ *BLE* faoi 'knockstown'(www.logainm.ie) (30 Bealtaine 2010).

⁵¹⁵ Woulfe, *Sloinnnte Gael is Gall*, lch. 104.

⁵¹⁶ Lower, *Patronymica Britannica*, lch. 182.

⁵¹⁷ Reaney & Wilson, *A dictionary of English surnames*, lch. 268.

⁵¹⁸ *OSi Discovery Series* (Third edition) uimhir 42.

⁵¹⁹ Michael Durkan and John Hegarty, 'Townlands of Moynalvey' in *Moynalvey: history, folklore and memories of a county Meath parish* (1999), lch. 4.

⁵²⁰ Patrick S. Dinneen, *Foclóir Gaedhilge agus Béarla: An Irish-English dictionary* (Dublin, 1927), lch. 1263.

bhfuil gné fhisiciúil ag tacú leis an tuiscint áitiúil.

Ach cad faoin 's' atá i bhfoirm Bhéarla an logainm 'Knockstown' sa chás seo? Ní hamhlaidh go gciallaíonn sé an uimhir iolra den ainmfhocal 'cnoc' mar níl ach ceann amháin sa bhaile fearainn. Ní hamhlaidh ach oiread gurb é an sloinne 'Knox' (nó leagan de) atá i gceist ar an bhfianaise cíortha thuas. Mar sin is é is dóichí gur 's' sealbhach nó 's' sáiteach atá ann ar nós an 's' sa logainm 'Batterstown' agus is áirithe go raibh an ceart ag an Donnabhánach anseo leis an bhfoirm Ghaeilge agus leis an míniú 'town of the hill/hilltown'. Dá bhrí sin moltar **Baile an Chnoic** mar fhoirm Ghaeilge an logainm seo.

San fhianaise stairiúil feictear (1) 'Edenstowne', (2) 'Edanstowne' mar ailias agus i bhfianaise an Donnabhánaigh sa Ainmleabhar feictear, 'Adamstown' ceithre uair agus **Edanstowne**, uair amháin. Is deacair a mhíniú cén fáth go mbeadh dhá shloinne éagsúla mar ailias sa chás seo. B'fhéidir gur earráid é ceann amháin díobh – é sin nó athrú úinéireachta, b'fhéidir. Faightear an dá shloinne seo i Reaney and Wilson.⁵²¹ Ní úsáidtear ach an t-ainm 'Knockston' go háitiúil anois. Más **Edanstown** an comhainm ceart an bhfuil seans gur leathastriúchán eile atá i gceist leis an gcáilitheoir 'éadan/brow of a hill' (NÓM). Más ea b'fhéidir go bhfuil gaol dlúth idir na comhainmneacha 'Knockstown' agus 'Edanstowne'.

I dtaca le **Knockstown** (3.2.5.2 agus 3.2.5.3.) atá roinnte ina dhá bhaile fearainn idir pharóistí *Trubley* agus *Kilmessan*, d'fhéach sé cosúil le machaire mór roinnte i bpáirceanna le linn dom cuairt a thabhairt ar an dúiche seo don chéad uair. Ní fhaca mé aon chnoc suntasach cé go raibh an dromchla sách corrach in áiteanna agus dúirt áitritheoirí liom chomh maith go n-ardaíonn an talamh in áiteanna. Feictear go n-éiríonn an talamh go hairde 60 ar an léarscáil den sraith *Discovery*.⁵²² De réir Matley i dtaobh sléibhte in Albain, '... the people who originally named the features of their landscape have vanished and few of their descendants today speak or understand Gaelic ... We have no way of telling from which side or angle a mountain was first observed and named by the local inhabitants.'⁵²³ Is dócha go bhféadfaimis an rud céanna a rá faoi na cnoic, cuid díobh ar aon nós, i gContae na Mí.

Faightear an chéad fhianú (1) 'Cnockeston' luaite i gcomhthéacs 'Turburville/Trubley'

⁵²¹ Reaney & Wilson, *A dictionary of English surnames*, lgh. 2, 148.

⁵²² *OSi Discovery Series* (Third edition), uimhir 42.

⁵²³ Ian Matley, 'Perceptions of mountain environments as reflected in the names of landforms in the Scottish Highlands, Norway and Romania' in B. S. Mac Aodha (ed.), *Topothesia* (Galway, 1982), lch. 30.

chomh fada siar le 1384. Toisc go bhfuil an sloinne 'Cnoc' (& var. Knoc, Knok) le fáil sna foinsí, mar shampla, 'Stephen Cnok ... John Cnok ... jurors' sa bhliain 1311 i *CJR*⁵²⁴ luífeadh sé le réasún gur féidearthacht eile é **sloinne** a bheith i gceist sa logainm 'Knockstown' le haghaidh an bhaile fearainn seo roinnte idir paróistí *Trublely* agus *Kilmessan*. Is suntasach freisin go bhfaightear fianaise den sloinne 'Knocke' sa dúiche seo in *Extents of Irish Monastic Possessions*. Bhí fear darbh ainm 'John Knocke' ina ghiúróir maidir le 'Extent of the rectories of Moyclare and Knockmarke made at Dunboyn 15 Oct. 1640.'⁵²⁵ A tharraingtí is atá sé ní féidir a bheith cinnte dearfa gur sloinne atá sa cháilitheoir, áfach agus ar ábhar na fianaise cíortha thíos, ghlacfainn le cinneadh Uí Dhonnabháin réamhluaithe gur **town of the hill** an míniú atá ar an ainm seo muna suítear a mhalairt go cinnte san fhianaise.

De réir fianaise na nAinmleabhar bainteacha is é an ghné fhisiciúil 'cnoc' atá ann. San Ainmleabhar a bhaineann le *Kilmessan*⁵²⁶ scríobh sé 'Baile an chnuic' i bpeann luaidhe agus b'fhéidir gur ó chainteoirí dúchasacha Gaeilge a fuair sé an fhoirm seo. De réir Uí Mhaolfabhail, 'Is é ['píosa breise faisnéise'] a bhíonn ann foirm Ghaeilge i bpeann luaidhe a scríobhadh, de réir dealraimh, ó chaint na háite'.⁵²⁷ Luaitear an fhoirm 'Nockinston' san Ainmleabhar céanna feisin, fianú a thagann ó ionchoisne 'tempus Ed. I (Archdall)'. Is inmheasta gur réadú é 'Knockin-' ar an bhfoirm Ghaeilge 'cnoicín'. Tagraíonn staraí áitiúil Eddie Mc Keever freisin do 'Knockstown, called also **Nockinston**'⁵²⁸ ach ní cinnte gurb fhianaise neamhspleách é seo. Ach is suntasach gur scríobh Ó Donnabháin an fhoirm 'Baile an chnuic' le dúch freisin, ag cur in iúl gur mheas sé gur foirm údarásach ab ea í. Ghlacfainn le **Baile an Chnoic** mar ainm Gaeilge an logainm seo agus mholfainn é dá réir.

3.2.5 Longtown: par. Kilclone (DU); 90576 42790

Fianuithe:

- | | | | |
|----|------|--------------------------|------------------|
| 1) | 1978 | Longtown | Fitzsimons, p64 |
| 2) | 2011 | ' lang, t̪əun {1} | fuaimniú áitiúil |

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 102* sa Chartlann Náisiúnta, lch 24

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
--	----------------	------------------

⁵²⁴ *CJR 1295-1203 [etc.]* iii, 222.

⁵²⁵ *Ir. mon. poss.*, lch. 36.

⁵²⁶ *Ibid. Mí 063*, lch. 8.

⁵²⁷ Ó Maolfabhail (eag.), *Logainmneacha na hÉireann I*, lch. xvii.

⁵²⁸ Mc Keever, 'History of Kilmessan and its environs (1978)', lch. 103.

	Longtown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Longtown	Mr. Merran of Raddingtown House
	Longtown	Applotter of County Cess
	Longtown	Mr. J. Connor Land Surveyor
	Loughton	Inq. Temp. Eliz.
1836	Longtown	John O' Donovan

Ní thugann Ó Donnabháin aon fhoirm Ghaeilge le haghaidh an bhaile fearainn **Longtown** san Ainmleabhar bainteach ná ní thugann Fitzsimons ach an oiread.⁵²⁹ Níl an baile fearainn seo le fáil sna suirbhéithe den 17ú haois ná ní bhfuair aon tagairt níos sine ná fianaise Ainmleabhar na SO thuas.⁵³⁰

Tagann an fianú 'Loughton' san Ainmleabhar thuas ón mbliain 1598 agus d'aimsigh mé é i bhfiant 4 Eliz⁵³¹ ach ní cinnte ón gcomhthéacs go bhfuil an tagairt seo ceart.

Cuirtear fadhb léacsach ós ár gcomhair maidir leis an gcáilitheoir sa logainm 'Longtown': an **sloinne** nó **gné fhisiciúil** atá le sonrú sa logainm seo?

I dtaca leis an sloinne deir Lower go dtagann an sloinne **Long** ón bhFraincis agus go gciallaíonn sé ard; tugann sé na leaganacha 'le Long', 'le Lounge'.⁵³² Deir Seán de Bhulbh gurb ainm Angla-Normannach é go bunúsach.⁵³³ Feictear na sloinnte 'Long' agus 'le Longe' go minic in *CJR*.⁵³⁴

Bhí an **sloinne** ann in aimsir na nAngla-Normannach; mar shampla, in *DGMR*, faightear an fhoirm Laidineach 'Willelmus Longus de Kylklef' sa bhliain 1264/5. I *Register Alen* feictear 'Long' nó 'de Longe' go minic, mar shampla, 'Adam Long' idir na blianta 1257-63 agus 'William Long' idir na blianta 1256-71.⁵³⁵

Agus rud eile de, faightear an sloinne 'Long' *et var.* sa dúiche seo i bhfoisceacht an bhaile fearainn **Longtown** agus tá seans gurb é seo cáilitheoir an logainm. Faightear 'Walterus

⁵²⁹ Ainmleabhar na SO *Mi 102*, lch. 24.

⁵³⁰ *Ibid.*, 24.

⁵³¹ *The Irish fiants of the Tudor sovereigns during the reigns of Henry viii, Edward VI, Philip & Mary, Elizabeth I* with a new introduction by Kenneth Nicholls and preface by Tomás G. Ó Canann (Dublin, 1994) *fiant 4 Eliz.* 1598.

⁵³² Lower, *Patronymica Britannica*, lch. 198.

⁵³³ *Ibid.*, lch. 310.

⁵³⁴ *CJR 1295-1203 [etc.]i*, lch. 524.

⁵³⁵ Mac Neill (ed.), *Archbishop Alen's register*, 105 (272), p.105; 101 (280), lch. 130.

de **Longus** de Dunboing' sa bhliain 1235/6 in *DGMR* agus in *Ir. mon. poss.* feictear giúróir den ainm 'Simon Long de Dunboyn'⁵³⁶ agus luaitear é seo in ionchoisne *Eliz.124* sa bhliain 1579, '... royal service from half a ploughland in Balroddan which Richard Lange used to hold ...'⁵³⁷ Is leagan é 'Long' den sloinne Lange⁵³⁸ agus tá na bailte fearainn 'Longtown' agus 'Rodanstown/Balroddan' teorainn ar theorainn le chéile⁵³⁹ ag cur in iúl dúinn go raibh an sloinne le fáil sa taobh seo tíre.

Mar sin féin, b'fhéidir nach sloinne atá i gceist in aon chor. Tugann *Oxford dict. pnn* an sampla '**Longton** i Lancashire' leis an gciall litriúil 'long tun'.⁵⁴⁰ Is amhlaidh gur cás cosúil atá anseo maidir le 'Longtown' i bparóiste *Kilclone*. Ar an gcéad dul síos, feictear ar léarscáil stairiúil 6" na SO⁵⁴¹ go bhfuil **cruth fada thuaidh-theas** ag an mbaile fearainn seo agus go mb'fhéidir gurb é sin míniú an ainm 'Longtown'.

Sa dara háit bheifí ag súil leis an litir 's' (Longstown) chun an tuiséal sealbhach a mharcáil de réir analaí le logainmneacha eile den sórt 'sloinne nó ainm pearsanta + town' i gContae na Mí cé nach fianaise ghlan é seo. Feictear cás i gContae Chorcaí leis an 's' sealbhach, 'Longstown' leis an leagan Gaeilge 'Baile an Longaigh' (molta) a chuireann in iúl go meastar gur sloinne atá i gceist.⁵⁴² Ach tá bf. 'Longtown' i bparóiste *Ardclinis*, Contae Aontroma leis an tagairt seo dátaithe 1983 - "probably means **long townland**".⁵⁴³ Measaim gurb í an chiall chéanna 'long townland' atá i gceist anseo i gcás an bhaile fearainn 'Longtown' i bparóiste *Kilclone*. Faightear an logainm 'Ballyfad' i gContae Loch Garman agus moltar an fhoirm Ghaeilge **An Baile Fada** ina thaobh. Measaim go n-oirfeadh an fhoirm seo don logainm atá faoi chaibidil chomh maith agus moltar é dá réir.

3.2.6 **Milltown**

Tá dhá bhaile fearainn leis an logainm 'Milltown' faoi bhráid agam, ceann amháin i bparóiste *Kilclone* agus an ceann eile i bparóiste *Galtrim*. Déanfar trácht ar an logainm seo i bpáirt acu tar éis na fianuithe a sholáthar dóibh ceann i ndiaidh a chéile.

⁵³⁶ *Ir. mon. poss.*, lgh. 36, 115.

⁵³⁷ Griffith, *Cal. inq.*, inquisition Elizabeth 1245, lch. 246.

⁵³⁸ Reaney & Wilson, *A dictionary of English surnames*, lch. 271.

⁵³⁹ Léarscáileanna na SO (<http://maps.osi.ie/publicviewer/>) (21 Eanáir 2011).

⁵⁴⁰ Ekwall, *Oxford dictionary of English place-names*, lch. 304.

⁵⁴¹ Léarscáileanna na SO (<http://maps.osi.ie/publicviewer/>) (24 Samhain 2010).

⁵⁴² *BLE* faoi 'knockstown' (www.logainm.ie) (30 Bealtaine 2010).

⁵⁴³ Northern Ireland place names project faoi 'Longtown' (www.placenamesni.org) (8 Deireadh Fómhair 2010).

3.2.6.1 Milltown: par. Kilclone (DU); N90563 44338

Fianuithe:

1)	1624	Milton	<i>Inq. Leinster Jac. 1, 81</i>
2)	1624	Millton	<i>Inq. Leinster Jac. 1, 81</i>
3)	1630	Milltowne	<i>Inq. Leinster Car. 1, 63</i>
4)	1654-56	Milltowne	<i>Civil Survey v, 151</i>
5)	1654-56	Miltowne	<i>Civil Survey v, 152</i>
6)	1659	Newtowne	<i>MS. 14E 22, Hib. Del. map</i>
7)	1655-9	Milltowne	<i>Top. index Petty BN, p310</i>
8)	c.1666	Newtowne (als Milltowne)	<i>MS. G vi 2, BSD</i>
9)	c.1666	Milltowne	<i>MS, 974, BSD, p124</i>
10)	1978	Baile a' Mhuilinn	<i>Fitzsimons, p66</i>
11)	2011	'mil, toun {1}	<i>fuaimniú áitiúil</i>

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 102* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 23

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Mill-Town	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Milltown	Mr. Merran of Raddingstown House
	Milltown	Applotter of county Cess
	Milltown	Mr. J. Connor Land Surveyor
	Miltowne	Down Survey
	Milltowne	Inq. Temp. Car. 1
	Milton	Inq. Temp. Eliz.
	Baile mhuilinn, mill-town	John O' Donovan
1836	Milltown	John O' Donovan

3.1.6.2 Milltown: par. Galtrim (DI); N85791 53815

Fianuithe:

1)	1812	Milltown	<i>Larkin's Map</i>
2)	1978	Baile an Mhuilinn	<i>Fitzsimons, p66</i>
3)	2011	'mil, toun {13}	<i>fuaimniú áitiúil</i>

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 067* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 29

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Milltown	Boundary Surveyor's Sketch Mao
	Milltown	Mr Robert Parsons

	Milltown	Tenants Lease
	Milton	Inq. Temp. Jac. I
	Milltowne	Inq. Temp. Jac. I
	Millton	Inq. Temp. Car. I
	Milltowne	Inq. Temp. Car. I
	Baile Mhuilin. 'mill-town'	John ó' Donovan
1836	Milltown	John O' Donovan

Tá líon mór den logainm 'Miltown' le fáil in *BLE* le ocht gcinn i gContae na Mí amháin.⁵⁴⁴

I dtaobh **Milltown** 3.2.7.1. i bpar. *Kilclone* luaitear 'Newtown' mar ainm comhroghnach i bhfianuithe (6,8) sa 17ú haois ach ní fheictear é san Ainmleabhar. Tagraítear do na bailte fearainn 'Mulehussey and Milltowne' le chéile in *Civil Survey* v agus is suntasach go luaitear faoi 'Observations': 'A castle a house & a mill with 7 cottages'.⁵⁴⁵

Maidir le **Milltown** 3.2.7.2. i bparóiste *Galtrim* ní bhfuair ach fianú amháin (1) i *Larkin's Map* 1812 níos sine ná an tAinmleabhar. Ní luaitear ach cúig bhaile fearainn i n*Galtrim* i rith suirbhéithe an 17ú haois, mar shampla an *Civil Survey* 1654-6;⁵⁴⁶ bhí an líon seo méadaithe go seacht déag faoi am na SO sna 1830aidí. Is amhlaidh gur cruthaíodh an bf. 'Milltown' idir an dá linn.

Is suntasach, áfach, go bhfaightear **léaráid de mhuilleann** ar léarscáil Phetty 1657 a réitíonn leis an áit ina bhfuil an bf. Milltown anois ar léarscáil na SO.⁵⁴⁷

Níl aon fhoirm Ghaeilge deimhnithe ag an mBrainse Logainmneacha le haghaidh ceachtar den dá ainm anseo ach tá **Baile an Mhuilinn** deimhnithe le haghaidh a lán bailte fearainn faoin ainm céanna; mholfainn go ndéanfaí amhlaidh anseo.⁵⁴⁸

3.2.7 **Monenstown:** par. Galtrim (DI); N84981 52374

Fianuithe:

1) 2011 'mo:nəs,təun {5,17} fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 067* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 33

⁵⁴⁴ *BLE* faoi 'Milltown' (www.logainm.ie) (23 Meán Fómhair 2010).

⁵⁴⁵ *Civil Survey* v, 152.

⁵⁴⁶ *Ibid.*, v, 141.

⁵⁴⁷ Petty, *Down survey barony maps*.

⁵⁴⁸ *BLE* faoi 'Milltown' (www.logainm.ie) (30 Bealtaine 2010).

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Monenstown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Monenstown	Mr. R. Parsons
	Monenstown	Inhabitants
	Mannaughton	Inq. Temp. Eliz.
	Morningston	Inq. Temp. Car. I
	Baile móinín, 'town of the little bog'	John O' Donovan
1836	Monenstown	John O' Donovan

Mar adúradh cheana ní raibh ach cúig bhaile fearainn i n*Galtrim* i rith suirbhéithe an 17ú haois, mar shampla in *Civil Survey v*;⁵⁴⁹ bhí an líon seo méadaithe go seacht déag idir é sin agus obair na SO sna 1830aidí. Is amhlaidh gur cruthaíodh na bailte fearainn breise, **Monenstown** ina measc, idir an dá linn.

Ní dóigh liom go mbaineann an dá thagairt 'Mannaughton' agus 'Morningston' ó na hionchoisní luaite san Ainmleabhar thuas leis an mbaile fearainn seo. Cruthaíodh baile fearainn eile **Ballynamona** (cíortha faoi 3.4.9) in aice leis agus is inmheasta go dtagraíonn an dá logainm don timpeallacht fhisiciúil, portach.

'Móin' a bog i gContae na Mí, de réir Piatt.⁵⁵⁰ Le linn dó a bheith ag trácht ar an eilimint **móin** deir P. W. Joyce, 'The diminutive Moneen is also very much used, being the name of more than twenty townlands in all four provinces' agus tugann an tsolaoid, 'Moneenagunnel ['Móinín na gCoinneal' in *BLE*] in King's County ...'⁵⁵¹

Níl ach baile fearainn amháin leis an leathastriúchán 'Monenstown' in *BLE* ach tá sé cinn leis an ainm 'Ballymoneen', ceithre cinn leis an leagan Gaeilge **Baile an Mhóinín** molta nó neamhdheimhnithe.⁵⁵² Molann an Donnabhánach thuas foirm Ghaeilge chosúil i gcás 'Monenstown' anseo, **Baile móinín** leis an míniú 'town of the little bog'. I dtaca leis an gcáilitheoir míníonn *eDIL* an focal 'móinín' leis an gciall 'a little bog'.⁵⁵³

De réir an Ainmleabhair ba le 'Mr Finlay of Dublin' an baile fearainn seo agus deirtear, '...

⁵⁴⁹ *Civil Survey v*, 141.

⁵⁵⁰ Donn S. Piatt, 'Gaedhilg na Midhe' in *An t-Ultach* 28:5 (1952), lch.12

⁵⁵¹ Joyce, *Irish names of place*, i, 468.

⁵⁵² *BLE* faoi 'Monenstown' agus 'Ballymoneen' faoi seach (www.logainm.ie) (31 Eanáir 2011).

⁵⁵³ *eDIL*, litir M colún 159, líne 083 (www.dil.ie) (12 Meán Fómhair 2011).

it is nearly all pasture. Black cattle is its general stock.⁵⁵⁴ De réir léarscáileanna agus nótaí an *EPA* faoi chóduimhir 22 is 'Shallow well drained mineral – Derived from mainly calcareous patent materials' an chuid is mó d'ithir an bhaile fearainn seo.⁵⁵⁵

Ach faoi chóduimhir 66 tá cuid bheag de, níos lú ná 5%, ina portach le 'Type Group: Peats; Description: Fen peat'.⁵⁵⁶ Comhréiríonn an píosa talún seo le **turf bog** beag ar léarscáil 'Barony of Deece' an *Down Survey*.⁵⁵⁷ Is dócha gurb é an móinín seo a thugann an t-ainm 'Monenstown' go meatonaimeach don bhaile fearainn seo. Moltar an fhoirm **Baile an Mhóinín** mar ainm Gaeilge an logainm 'Monenstown'.

3.2.8.1 Newtownmoyaghy: par. Moyglare (DU); N90070 39827

3.2.8.2 Newtownmoyaghy: par. Rodanstown (DU); N90070 39827

Tá dhá bhaile fearainn faoin ainm 'Newtownmoyaghy'; aonad amháin a bhí ann tráth de réir cosúlachta agus roinneadh é idir na paróistí *Moyglare* agus *Rodanstown*.

Fianuithe:

1)	1530	?Moyaghie	Griffith, <i>Cal. inq. Hen. VIII</i> , 51
2)	1540-41	Newtown of Moyaghan [sic]	<i>Crown surveys</i> , p293
3)	1588	Newtown of Moyagh	<i>fiant Eliz.</i> , 5206
4)	1626	Newton-Moyaghy	<i>Inq. Leinster Car. 1</i> , 16
5)	1654-6	Newtown Moyaghy	<i>Civil Survey v</i> , 153
6)	1654-6	Newtowne Moyaghy	<i>Civil Survey v</i> , 158
7)	1659	Newtowne Moyahy	MS. 14E 22, <i>Hib. Del. map</i>
8)	c.1666	Newtowne Moyaghy	MS. 974, <i>BSD</i> , p125
9)	c.1672	Newtownemoyohy	<i>Top. index Petty HD</i> , p324
10)	1758	Newtown MayAughy	MS. 5591, <i>Fitzsimons cash book</i>
11)	1797	Newtown	<i>Beaufort's map</i>
12)	1803	Newtown Moyaghy	<i>Grand jury</i> , p11
13)	1812	Newtown Moyaghy	<i>Larkin's map</i>
14)	1978	Baile Nua Mhaighe Eachadha	Fitzsimons, p74
15)	2011	,njutəunmoi'ahi {4}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhair *Mí 078*, *Mí 102* sa Chartlann Náisiúnta

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
--	----------------	------------------

⁵⁵⁴ Ainmleabhar na *SO Mí 067*, lch. 33.

⁵⁵⁵ Léarscáileanna *Envision an EPA* faoi 'Monenstown'

(<http://maps.epa.ie/InternetMapView/mapviewer.aspx>) (9 Samhain 2010).

⁵⁵⁶ *Ibid.*

⁵⁵⁷ Petty, *Down survey barony maps*.

	Newtown Moyaghy	Boundary Surveyor's Sk. Map <i>Mi 078, 26</i>
	Newtown Maughahy	Rev. Ardagh, Protestant Rector <i>Mi 078, 26</i>
	Newtown and Moyaddy	Rev. J. Lynch R.C. Rector <i>Mi 078, 26</i>
	part of Newtown Moyaghy	H. Comm. Survey & Valn. Rept. <i>Mi 078, 26</i>
	Newtown Moyaghy	Publick Advertisement <i>Mi 102, 9</i>
	Newtown Moyaghy	Mr J. Connor Land Surveyor <i>Mi 102, 9</i>
	Newtown Moyaghy	Arthur Coats, esq. <i>Mi 102, 9</i>
	Newtowne	Inq. Temp. Eliz. <i>Mi 078,26</i>
	Newton	Inq. Temp. Car. I <i>Mi 078, 26</i>
	Newtowne	Inq. Temp. Car. II <i>Mi 078, 26</i>
	Newtowne	Inq. Temp. Gul. & Ma. <i>Mi 078, 26</i>
	Baile nuadh muíge Eochaidhe, Newtown of Eochy's Plain	John O' Donovan
1836	Newtown Moyaghy	John O' Donovan

De réir na bhfianuithe thuas, is cosúil go raibh an logainm Béarlaithe (1) **Moyaghy** ann ar dtús gan an mhír 'Newtown'. Ar uairibh bhain na Normannaigh agus na Gaill úsaid as na haonaid thalún a bhí ag na Gaeil cheana féin. De réir McCotter, mar shampla, 'In Leinster and Munster it is clear that many [Anglo-Norman] parishes, especially the smaller ones, were erected upon the boundaries of earlier *bailte*.⁵⁵⁸

Uaireanta cuireadh **Newtown** leis an logainm Gaelach de na paróistí, mar shampla 'Newtownlennan/Baile Nua an Loinneáin' [D] i dTiobraid Árann agus níos minicí le hainmneacha Gaelacha na mbailte fearainn, mar shampla 'Newtownfane/Baile Nua Áth Féan' [D]i gContae Lú. I gContae na Mí feictear go bhfuil baile fearainn amháin le 'newtown' mar iarmír, 'Monknewtown', agus cúig bhaile fearainn le 'Newtown' mar rémír, mar shampla, 'Newtownmoyaghy' atá faoi chaibidil anseo.⁵⁵⁹

Dealraíonn sé go bhfuil dhá eilimint sa chuid Ghaeilge den ainm le míreanna Béarlaithe **moy** agus **aghy**. Tá cur síos déanta ar 'maigh' i gCaibidil 4 faoi 4.20 agus cuirtear in iúl gur ceann de na foirmeacha Béarlaithe is coitianta é 'moy'. Glactar leis mar sin gur réadú é 'moy' anseo ar 'maigh' (nó 'má' sa litriú caighdeánach).

Ní follas, áfach, an dara mír san cháilitheoir 'Moyaghy'. Le linn dó a bheith ag déanamh cur síos ar an eilimint **achadh** deir O' Connor, '... some of the more exquisite elongated

⁵⁵⁸ MacCotter, *Medieval Ireland*, lch. 23.

⁵⁵⁹ *BLE* faoi na bailte fearainn éagsúla luaite san alt (www.logainm.ie) (31 Eanáir 2011).

forms include Newtownmoyaghy, Co. Meath ...⁵⁶⁰ ag tabhairt le tuiscint gurb é, '**Máigh Achaidh**/plain of the field' atá i gceist sa logainm seo. Ach an creidiúnach é an bunús seo? Nach mbeadh an logainm hipitéiseach 'Achadh na máighe/field of the plain' nó an logainm firéanta 'Aghama (foirm Ghaeilge 1833, Achadh Mágh/the plain or level field) i gContae Fhear Manach⁵⁶¹ níos creidiúnaí ná 'Máigh Achaidh/plain of the field'?

Féachaimis ar fhéidearthacht eile: an t-ainmfhocal **eachaidhe** i bhfoclóir Dinneen leis⁵⁶² an míniú 'a horseman' agus 'echaid' faoin gceannfhocal '2 Ech' leis an gciall chéanna in *eDIL*.⁵⁶³ B'fhéidir gur réadú 'aghy' ar an ainmfhocal 'eachaidhe' ag cur in iúl gur 'Máigh Eachaidhe/Plain of the horseman' an bunús atá i gceist. Faightear an logainm 'Ballynaghy', mar shampla, sa Northern Ireland Placenames Project le foirm stairiúil 'Baile na nEachaidhe/horsemen sa bhliain 1950c'.⁵⁶⁴

Tugann Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge **Baile nuadh muíge Eochaidhe** leis an míniú 'Newtown of Eochy's plain' ar an logainm seo san Ainmleabhar bainteach.⁵⁶⁵ Más é an t-ainm 'Eochaidhe' an eilimint dheireanach an amhlaidh gurb é 'Ó hEochadha' a luaitear sa chéad pháirt de na *Topographical Poems* ina ndéantar trácht ar ríthe agus taoisigh na Mí atá i gceist?

*O' hEochadha ar oll Freasa
Ar chenal n-Árd n-Aenghasa*

*O' hEochadha of great showers,
Over high Cinel Aenghusa*⁵⁶⁶

Tugann Ó Donnabháin an míniú seo i bhfo-nóta ina eagrán den saothar seo: 'Cinel Aenghusa:- The exact situation of this tribe is unknown. The name O' hEochadha is now anglicised Hoey and Hoy. In this form it is very common in East Meath.'⁵⁶⁷

Ar aon nós, ní féidir bheith cinnte gur réadú an eilimint 'aghy' ar an ainm **Eochaidhe** sa logainm 'Newtownmoyaghy'; ach más ea faightear leaganacha eile den sloinne seo i Woulfe, 'Ó hEachadha' agus 'Ó hEachaidh' a bheadh níos dóchúla de réir na fianaise.⁵⁶⁸

⁵⁶⁰ O' Connor, *Atlas of Irish place-names*, lch. 17.

⁵⁶¹ An fhoirm Ghaeilge sa chás molta ag Ó Donnabháin 1833. Féach: Northern Ireland place names project faoi 'Aghama' (www.placenamesni.org) (31 Eanáir 2011).

⁵⁶² Dinneen, *Foclóir Gaedhilge & Béarla*, lch. 383.

⁵⁶³ *eDIL*, litir E, Colún 29, líne 039 (www.dil.ie) (31 Lúnasa 2011).

⁵⁶⁴ Northern Ireland place names project faoi 'Ballynaghy' (www.placenamesni.org) (1 Feabhra 2011).

⁵⁶⁵ Ainmleabhar na SO *Mí 102* lch. 9.

⁵⁶⁶ Seaán Mór Ó Dubhagáin and Giolla-na-Naomh Ó hUidhrín, *The Topographical poems*, ed. James Carney (Dublin, 1943) línte 77, 78.

⁵⁶⁷ *Ibid.*, Fo-nóta ³³ lch. lx.

⁵⁶⁸ Woulfe, *Sloinnite Gael is Gall*, lgh. 559, 60.

Faightear an mhír 'aghy' mar réadú ar **achadh/a field** in Ulaidh go minic ach faightear na logainmneacha seo a leanas leis an **ainm pearsanta** nó an **sloinne** iontu, 'Ardaghy/Ard Eachaidh: Eachaidh's height', Contae an Dúin, 'Ballaghy/Baile Eachadha: Eochy's town' [sa bhliain 1835 – míniú Uí Dhonnabháin, is dócha], Contae Ard Macha; 'Bellaghy/Baile Eachaidh: Eachadh's townland' i gContae Aontroma⁵⁶⁹ agus Bellaghy /Baile Eachaidh: Eochaidh's townland' i gContae Dhoire.⁵⁷⁰

Cé nach féidir 'Maigh achaidh/Plain of the field' nó 'Maigh eachaidhe/Plain of the horseman' a chur as an áireamh go lándearfa, ghlacfainn le bunfhoirm Uí Dhonnabháin 'Baile nuadh muíge Eochaidhe' le haghaidh an logainm **Newtownmoyaghy** muna suítear a mhalairt san fhianaise. Is spéisiúil deilbhíocht na foirme (10) **Newtown MayAughy** in *LS Fitzsimons cash book* agus is suntasach é cé nach bhfuil fianaise neamhspleách ó fhoinsé eile chun tacú leis.. Moltar an fhoirm Ghaeilge **Baile Nua Mhaigh Eachaidh** le haghaidh an logainm seo.

3.2.9 Newtownrathganley: par. Kilmore (DU); N88492 44682

Fianuithe:

1)	1194	Rathgormgille	<i>Reg. St Thomas</i> , p253 ⁵⁷¹
2)	1194X1224	Rathgormgille	<i>Reg. St Thomas</i> , p270
3)	1202	Rathgormgille	<i>Reg. St Thomas</i> , p224
4)	1388	Rathgormelley	<i>RPCH, 12 Ric. II</i> , p139
5)	1403	Rathgormely	<i>RPCH, 4 Hen. IV</i> , p168
6)	1415/16	Newetoū de Rathanneley	<i>RPCH, 3 Hen. V</i> , p214
7)	1578	Newton of Rathgormeley	<i>fiant Eliz.</i> , 3242
8)	1579	Rathgormeieic	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> , 124
9)	1579	Rathgormerley	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> , 124
10)	1595	Ragormlay	<i>Mercator map 1595</i>
11)	1600	Ragormley	In MS. 3857/8, TCD ⁵⁷²
12)	1606	Newtown of Rathgormley	<i>Dillon papers</i> ⁵⁷³
13)	1610	Ragormley	<i>Speed's map 1610</i>
14)	1614	Newton de Rathgormley	<i>Pat. rolls 12 James I</i> , p272

⁵⁶⁹ Northern Ireland place names project faoi na logainmneacha luaite (www.placenamesni.org) (1 Meán Fómhair 2011).

⁵⁷⁰ Patrick McKay, *A dictionary of Ulster place-names* (Belfast, second edition, 2007), lch. 22.

⁵⁷¹ Luaite i ngabhaltais na mainistreach deimhnithe ag Eugenius, Easpag Chluain Ioraird 1174-1194 in Gilbert (ed.), *Register of the abbey of St. Thomas*, lgh. 253-4.

⁵⁷² Deed re marriage of Patrick Hussey to Margaret Rochfort, 1600 (T.C.D., MS 3857/8)

⁵⁷³ Ainsworth & MacLysaght, 'Survey of documents in private keeping', lch. 33.

15)	1628	Newton-Rathgormley	<i>Inq. Leinster Car. 1, 46</i>
16)	1629	Newtown near Rathgormely	<i>Dillon papers</i> ⁵⁷⁴
17)	1654	Ragormley	<i>(Lagenia) Atlas Blaeu p297</i>
18)	1654-6	Newtown Rathgormly	<i>Civil Survey v, 148</i>
19)	1654-6	Newtowne Rathgormly	<i>Civil Survey v, 148</i>
20)	1654-6	Newtown Rathgormeley	<i>Civil Survey v, 149</i>
21)	1654-6	Newtownrathgormly	<i>Civil Survey v, 149</i>
22)	1659	Rathgormly	<i>MS. 14E 22, Hib. Del. Map</i>
23)	1655-9	Rathgormly	<i>Top. index Petty BN (& HD), p337</i>
24)	c.1666	Newtowne & Rathgormley	<i>MS. G vi 2, BSD</i>
25)	c.1666	Newtowne & Rathgormely	<i>MS. 974, BSD, p122</i>
26)	1686	Rathgormly	<i>Comm. of Grace, p41</i>
27)	1812	Newtown and Rathganly	<i>Larkin's map</i>
28)	1814	New Town Rathganly	<i>Leet, Directory, p310</i>
29)	1978	Rath Ganlaoich	<i>Fitzsimons, p74</i>
30)	2011	(.n̄jutəun) raθ'ganli {1}	<i>fuaimniú áitiúil</i>

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 065* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 34

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Newtown Rathganly	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Newtown Rathganley	William Clarendon
	Newtown Rathganley	Rev. E. J. Gregory, Rector
	Newtown Rathganley	Applotter of County Cess
	Newtown and Kathganly [sic]	High Commission Survey & Valuation Report
	Newtown and Rathgormly	Down Survey
	Rath Ganlaoich, 'Ganly's fort'	John O' Donovan
1836	Rathganley	John O' Donovan

Tagraíodh don aicmitheoir **Newtown** faoi 3.2.10 thuas. Is cosúil go bhfuil an chuid eile den logainm, **-rathganley** cumtha de dhá mhír Bhéarlaithe 'rath' agus 'ganley'.

Tugann Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge **Rath Gannlaoich** leis an míniú 'Ganly's fort' san Ainmleabhar bainteach le haghaidh an logainm seo.⁵⁷⁵ Déantar cur síos ar an eilimint 'ráth' i gcaibidil 4.22. Maidir leis seo cuireann stairithe áitiúla, Durkan agus Hegarty in iúl

⁵⁷⁴ Ibid., 391.

⁵⁷⁵ Ainmleabhar na SO *Mí 065*, lch. 34.

dúinn, 'As early as 1403 it was written as **Rathgormley** which could mean the circular fort of Gormely or Gormley's Rath as there is a prominent Rath at the centre of this townland. It is located in Michael Pender's field.⁵⁷⁶

Is cosúil gurb é an t-ainm pearsanta **Gormley** *et var.* (< Gormghaile = foirm an ghinidigh) an cáilitheoir sna foirmeacha stairiúla ó (1) 'Rathgormgille' go (5) 'Rathgormely' agus ó (8) 'Rathgormeley' go (27) 'Rathgormly'.

Ach is é an sloinne **Ganly** a fheicimid mar cháilitheoir sna foirmeacha (6) 'Rathganneley' (7) 'Rathgannely' agus ansin sna foirmeacha den 19ú haois (28,29) 'Rathganly'. Faoi aimsir Uí Dhonnabháin bhí an fhoirm 'Rathganl(e)y' le fáil go seasmhach mar a fheictear san Ainmleabhar.⁵⁷⁷ Dá bhrí sin ní haon ionadh gur roghnaigh sé é le greanú ar léarscáileanna na SO. Ní fios arbh é athrú úinéireachta a mhíneodh an malartú sloinne.

In *British family names* de chuid Barber faightear an sloinne 'Ganly: from Ganilly, a loc, n. Scilly Isles.⁵⁷⁸ Ach measaim gur **sloinne Gaelach** é a bhí sa cháilitheoir seo roimh theacht na nAngla-Normannach toisc go raibh sé ceangailte leis an eilimint 'ráth' go bunúsach. Tar éis dó an fhianaise a iniúchadh, cuireann Gregory Toner in iúl dúinn go bhfuil '... broad agreement among archaeologists that the main period of ringfort occupation lies in the period c. 500-c. 1000AD'.⁵⁷⁹ Ansin mar a tharla go minic cuireadh 'Newtown' leis an ainm Gaelach uair éigin tar éis teacht na nAngla-Normannach nó in aimsir na Nua-Ghall.

Dár le Woulfe tagann an sloinne 'Ganley, Ganly' ón sloinne Gaelach 'Mag Sheanlaoich'.⁵⁸⁰ Deirtear **Rathganley** /raθ'ganli/ gan an téarma 'Newtown' go háitiúil. Chaomhnófaí an fhoirm bhunúsach den logainm seo dá roghnófaí an fhoirm Ghaeilge **Ráth Gormaíle** (< Gormghaile) agus mar a mholtar anseo.

3.2.10.1 Oldtown: par. Gallow (DU); N84223 42802

3.2.10.2 Oldtown: par. Rathcore (DU); N84223 42802

Tá dhá bhaile fearainn faoin ainm 'Oldtown'; aonad amháin a bhí ann tráth de réir cosúlachta agus roinneadh é idir na paróistí *Gallow* (55 acra) agus *Rathcore* (367 acra).

⁵⁷⁶ Durkan & Hegarty, 'Townlands of Moynalvey', lch. 5.

⁵⁷⁷ Ainmleabhar na SO *Mí 065*, lch. 34.

⁵⁷⁸ Henry Barber, *British family names: their meaning and origin* (2009), lch. 148.

⁵⁷⁹ Gregory Toner, 'Settlement terms: ráth and lios, in *Ainm*, vii (Belfast 1998-2000), lch. 3.

⁵⁸⁰ Woulfe, *Sloinnite Gael is Gall*, lgh. 426, 427.

Fianuithe:

1)	1343/4	?Oldeton	<i>RPCH, 17 & 18 Edw. III, p44</i>
2)	1598-9	?Old Towne	<i>fiant Eliz., 6266</i>
3)	1636	Ouldtowne	<i>Inq. Leinster Car. 1, 124</i>
4)	1643	?Ouldtowne	<i>Outlaws 1641-47⁵⁸¹</i>
5)	1654-6	Oldtowne	<i>Civil Survey v, 160</i>
6)	1654-6	Oldtown	<i>Civil Survey v, 156</i>
7)	1659	Oldtowne	<i>MS. 14E 22, Hib. Del. map</i>
8)	1655-9	Oldtowne	<i>Top. index Petty BN, p325</i>
9)	c.1666	Oldtowne	<i>MS. G vi 2, BSD</i>
10)	c.1672	Oldtowne	<i>Top. index Petty HD, p325</i>
11)	c.1690	Old Towne	<i>Irish Jacobites⁵⁸²</i>
12)	1812	Oldtown	<i>Larkin's map</i>
13)	1834	Oldtown	<i>Chanc. deeds (1840), 6, p2</i>
14)	1835	Old Town	<i>Chanc. deeds (1840), 91, p20</i>
15)	1978	Sean-bhaile	<i>Fitzsimons, p76</i>
16)	2011	'o:l,təun {2}	<i>fuaimniú áitiúil</i>

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhair *Mí 042, Mí 094* sa Chartlann Náisiúnta

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Oldtown	Boundary Surveyor's Report <i>Mí 042, 13</i>
	Old Town (in Rathcore Parish)	High Commission Survey & Valuation Report <i>Mí 042, 13</i>
	Oldtown	The Tenants' Receipts <i>Mí 042, 13</i>
	Oldtown	Mr. J. Connor Land surveyor <i>Mí 042, 13</i>
	Ouldtowne	Inq. Temp. Jac. 1 <i>Mí 042, 13</i>
	Ouldtowne	Inq. Temp. Car. I <i>Mí 042, 13</i>
	Ouldton	Inq. Temp. Car. 1 <i>Mí 042, 13</i>
	Oldtown	Larkin's Map <i>Mí, 094, 9</i>
	Oldtowne	Inq. Temp. Jac. 1 <i>Mí 094, 9</i>
	Ouldtowne	Inq. Temp. Car. 1 <i>Mí, 094, 9</i>
1836	Oldtown	John O' Donovan, <i>Mí, 042, 13 & Mí, 094, 9</i>

Tá timpeall ar dháichead de bhailte fearainn leis an logainm Béarla **Oldtown** liostaithe in *GAI*⁵⁸³ agus in *BLE* tá 23 díobh deimhnithe leis an leagan Gaeilge: **Seanbhaile** mar a

⁵⁸¹ 'Outlaws 1641-47', lch. 356.

⁵⁸² Simms, 'Irish Jacobites', lch. 23.

⁵⁸³ *General alphabetical index to the townlands and towns, parishes and baronies of Ireland* (Dublin 1861; reprint. Baltimore 1984) Based on the census of Ireland for the year 1851, lgh. 746-7.

thugann Jack Fitzsimons (15) ar an mbaile fearainn seo.⁵⁸⁴ Tá trí bhaile fearainn faoin ainm seo i gContae na Mí ach níl fhoirm Ghaeilge deimhnithe dóibh fós.⁵⁸⁵ Is díol spéise (3) 'Ardromes al' Ouldtowne' in *Inq. Leinster* 124 *Car. I* sa bhliain 1636. Is suntasach gur dhá bhaile fearainn le hais a chéile anois atá iontu. Tá raidhse áiteanna faoin ainm 'Oldtown' agus tá an fhoirm Ghaeilge **An Seanbhaile** molta ina dtaobh. Moltar an leagan céanna anseo.

3.2.11 **Windtown:** par. Galtrim (DI); N85282 52815

Fianuithe:

1)	1812	Windytown	<i>Larkin's Map</i>
2)	1978	Baile na Gaoithe	Fitzsimons, p96
3)	2010	Baile na Gaoithe [ND]	logainm.ie
4)	2011	'wəɪn, təʊn {5,13}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabar *Mi 067* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 32

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Winetown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Winetown	County Cess Applotter
	Windtown	Rev. Lowe
	Woodtown?	High Commission Survey & Valuation Report
	Baile na gaoithe, 'town of the wind'	John O' Donovan
1836	Windtown	John O' Donovan

Is amhlaidh gur cruthaíodh an bf. **Windtown** idir an 17ú haois agus obair Shuirbhé na dTeorainneacha. An bhfuil seans gurb é an **sloinne** 'Wind' leagan de, nó ainm cosúil atá mar cháilitheoir sa logainm 'Windtown'?

Tugann Woulfe 'De Bhuinn: Wynne, Winn; Welsh 'gwyn'; i.e. 'white, fair.' agus an tagairt seo chomh maith, 'Ó Gaoithín ... by translation, Wynne, Wyndham; 'des. of Gaoithín' (dim. of gaoth, wind, a 'pet' form of Maolghaoithe, chief of the wind) ...⁵⁸⁶ Tugann Reaney and Wilson na foirmeacha stairiúla seo: 'Walter Wind 1197 P (Essex); Geoffrey Wynd 1230 P (Huntingdonshire); ... John le Wynd 1268 Whitley (Yorkshire); William de la Wynde 1275 RH (Sussex)...⁵⁸⁷ Faightear 'Jordan filius Win' agus 'Henricii de Gloc filius Ricardi Wine'

⁵⁸⁴ *BLE* faoi 'Oldtown' (www.logainm.ie) (30 Bealtaine 2010).

⁵⁸⁵ *Ibid.*

⁵⁸⁶ Woulfe, *Sloinnnte Gael is Gall*, lgh. 250, 539.

⁵⁸⁷ Reaney & Wilson, *A dictionary of English surnames*, lch. 495.

mar bhaill den ghild in *DGMR* uair éigin idir na blianta 1190-1223.⁵⁸⁸

I gcás 'Windtown' atá faoi bhráid anseo áfach, ní fhaightear an 's' sealbhach lena bheifí ag súil de réir analaí i gcoitinne le bailte fearainn eile den struchtúr 'sloinne + town' sa cheantar seo cé nach fianaise chinnte é seo. Tá sé níos suntasaí áfach, go bhfuil trí bhaile fearainn leis an ainm 'Balgeeth' in *BLE*, iad go léir i gContae na Mí, agus i ngach cás tugann an Donnabhánach an fhoirm Ghaeilge, **Baile na gaoithe** leis an míniú 'windtown or town of the wind'. Ar bhonn comparáide, tugann sé an fhoirm Ghaeilge 'Baile na gaoithe, town of the wind' ar 'Windtown', atá faoi bhráid anseo, san Ainmleabhar.⁵⁸⁹ Is suntasach é freisin an leagan (1) **Windytown** ar léarscáil Larkin thuas. Tá spota airde 92 sa bhaile fearainn atá níos airde ná pointí airde sa dúiche móorthimpeall agus b'fhéidir go mhíneofaí gaofaireacht na háite seo dá bharr.⁵⁹⁰

Is fiú a rá go bhfuil baile fearainn eile leis an logainm céanna 'Windtown' i mbarúntacht *Navan Lower* agus cosúil le 'Windtown' faoi chaibidil, tugtar an fhoirm Ghaeilge **Baile na Gaoithe** [ND] air freisin in *BLE*. Is í an fhoirm a mholann Ó Donnabháin chomh maith agus mholfainn go nglacfaí leis mar fhoirm Ghaeilge **Windtown** atá faoi chaibidil anseo.

3.2.12 Woodtown: par. Culmullin; N 90479 49042

Fianuithe:

1)	1542	? Wodton	<i>fiant Hen. VIII</i> , 318
2)	1568	? Woodtowne	<i>fiant Eliz.</i> , 1222
3)	1601	Woodtowne	<i>CPCR 18-45 Eliz.</i> , p592
4)	1624	Woodton	<i>Inq. Leinster Jac. 1</i> , 70
5)	1625	Woodton	<i>Inq. Leinster Car. 1</i> , 7
6)	1690	Woodtowne	<i>Inq. Leinster Gul. & Mar.</i> , 2
7)	1701	Woodtowne	<i>Gormanston papers</i> ⁵⁹¹
8)	1710	Woodtowne	<i>Bomford Papers</i> , p22 ⁵⁹²
9)	1747	Woodtown known as Big Wood	<i>Bomford Papers</i> , p102
10)	1793	Woodtown	<i>Longfield 21 F 14</i> , No. 6
11)	1803	Woodtown	<i>Grand jury</i> , p11 ⁵⁹³

⁵⁸⁸ Connolly & Martin (eds), *The Dublin guild merchant roll*, lgh. 6, 29.

⁵⁸⁹ Ainmleabhar na *SO Mí 067*, lch. 32.

⁵⁹⁰ *OSi Discovery Series* (Third edition), uimhir 42.

⁵⁹¹ 'Gormanston papers' in *Analecta Hib.*, no. 25 (1967), lch. 170.

⁵⁹² C. P. Bomford, 'The Bomford family and allied families', lch. 22 (www.Bomford.net/IrishBomfords/Chapters/BomfordFamilyAug2005.pdf) (6 Deireadh Fómhair 2010).

⁵⁹³ *An Abstract of the presentments of the grand jury County Meath at the lent assizes 1803 & summer assizes 1806* in *Grand juries of Ireland County of Meath* (digitized by Google; print copy in Navan Library).

- 12) 1812 **Woodtown** *Larkin's map*
 13) 1978 **Baile na Coille** Fitzsimons, p96
 14) 2011 'wud,təun {18} fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 065* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 12

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Woodtown	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Woodtown	Tenants Lease
	Woodtown	Applotter of County Cess
	Woodtown	Mr. J. Connor Land Surveyor
	Woodton	Inq. Temp. Jac. I
	Woodtown	Inq. Temp. Car. I
	Woodtowne	Inq. Temp. Car. I
	Woodtowne	Inq. Temp. Hen. VIII (Archdall)
	Woodtowne	Inq. Temp. Gul. & Mar.
	Baile na coille, 'town of the wood'	John O' Donovan
1836	Woodtown	John O' Donovan

D'fhéadfadh an **sloinne** 'Wood' nó an **ghné fhisiciúil** 'wood' a bheith i gceist sa logainm 'Woodtown' atá faoi chaibidil anseo.

Tugann Lower an míniú seo le haghaidh an tsloinne **Wood**, 'From residence near one. It is often pluralized to Woods; and Attwood and Bywood are other forms of the same name ... The surname is found as early as Domesday in the form of de Silva, Suffolk. The forms de la Wode, in le Wode, and Ate Wode are found in the H.R. (*Hundred rolls*).⁵⁹⁴

Cé acu atá i gceist anseo: an sloinne 'Wood' nó an ghné aiceanta, 'wood'? Is í an fhoirm Ghaeilge **Baile na coille** leis an míniú 'town of the wood' a thugann Ó Donnabháin san Ainmleabhar⁵⁹⁵ agus tá 'Baile na Coilleadh' [D] in *BLE* le haghaidh baile fearainn den ainm céanna i gcontaé Lú.⁵⁹⁶ Sa chás deireanach, áfach, faightear fianaise dhearfa i bhfoirm Laidineach, '1616 Silvam de Plunkett de Baon'.⁵⁹⁷

Tá ceithre bhaile fearainn faoin ainm seo i gContae na Mí, le ceann amháin, an bf. **Woodtown** i bparóiste Athboy leis an bhfoirm Ghaeilge 'Baile na Coille' [ND] ag an

⁵⁹⁴ Lower, *Patronymica Britannica*, lch. 388.

⁵⁹⁵ Ainmleabhar na SO *Mí 065*, lch. 12.

⁵⁹⁶ *BLE* faoi 'Woodtown' (www.logainm.ie) (30 Bealtaine 2010).

⁵⁹⁷ Taifead scanáilte in *BLE* faoi 'Woodtown' Contae Lú (www.logainm.ie) (22 Deireadh Fómhair 2010).

mBrainse Logainmneacha⁵⁹⁸; sa chás seo tugtar mar fhianaise i nóta scríofa, 'b'fhéidir gur tógadh an **Wood** ó Derlangan atá ar an dtaobh thuaidh de'.⁵⁹⁹ (doire > der: oakwood.)

Cé nach bhfeictear 'Woodtown' atá faoi chaibidil mar bhaile fearainn ann féin san fhianaise stairiúil go dtí Suirbhé na SO, luaitear é mar aonad faoi leith i bhfoinsí níos luaithe. Mar shampla, in ionchoisne 7 *Car. I* sa bhliain 1625, uimhir (5), thuas, luaitear, '... seis fuit etiam de maner' de Cullamullan & de vil' de Cullmullen contin' 100 acr' ter', **Woodton** 40 acr' Woodrestowne 30 acr' & Curraghton 20 acr' qu' òia Sunt pcell þd' maner' de Cullmollen ...'⁶⁰⁰ Is comhthéacs réasúnta dlúth é seo maidir le suíomh 'Woodtown' i bparóiste *Culmullin* atá ina bhaile fearainn anois agus atá faoi chaibidil anseo.

Is i gcomhthéacs paróiste *Culmullin* freisin a luaitear (4) 'Woodton' in *Inq. Leinster* 70 *Jac. I* thuas. Feictear chomh maith, an tagairt bhainteach seo sna *Bomford Papers* dátaithe 19ú Mí na Nollag 1747, 'Stephen Bomford of Gallow leases to John Grierson of Doulistown, Co Meath, that part of Woodtown known as **Big Wood** ... in the barony of Deece' ag cur in iúl dúinn go raibh coill mhór san áit ag an am.⁶⁰¹ Tarraingítear an cineál seo fianaise anuas chun a thaispeáint gur ródhócha gur gné fhisiciúil atá i gceist sa logainm 'Woodtown'.

Níl ach baile fearainn amháin faoin ainm **Woodtown** 'in the barony of Deece' anois agus is é sin an ceann atá faoi chaibidil anseo; ní fios dom cathain a cruthaíodh é.⁶⁰² Measann Peter Bomford, údar na tagartha réamhluaite, gur don aonad 'Woodtown' par. *Culmullin* a thagraítear sna 'Bomford Papers', sé sin an baile fearainn atá idir lámha anseo.

Tagraíonn Bomford freisin don iontráil seo in *Civil Survey* v, 'Cullmulline contains 332 plantation acres (538 Statute acres) which includes "10 acres **Underwood**" agus tuairimíonn sé: 'This might be the 'Big Wood' of the documents'.⁶⁰³ Ar an iomlán is inmheasta gurb é an ghné fhisiciúil seachas sloinne atá i gceist. Tugann Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge **Baile na Coille** leis an míniú 'town of the wood' le haghaidh an bhaile fearainn seo agus mholfaíonn go nglacfaí leis anseo.

⁵⁹⁸ *BLE* faoi 'Woodtown' (www.logainm.ie) (24 Samhain 2010).

⁵⁹⁹ Taifead scanáilte in *BLE* faoi 'Woodtown', par. *Athboy*, Contae na Mí (www.logainm.ie) (22 Deireadh Fómhair 2010).

⁶⁰⁰ James Hardiman (ed.), *Inquisitions of the province of Leinster* (Dublin 1810), 7 *Car. I*, 1625.

⁶⁰¹ C. P. Bomford, 'The Bomford family and allied families', lch. 102 (www.Bomford.net/Irish/Bomfords/Chapters/BomfordFamilyAug2005.pdf) (6 Deireadh Fómhair 2010).

⁶⁰² Is cinnte go raibh bf. den ainm 'Woodtowne' i mbarúntacht 'Deece' i suirbhéithe an 17ú haois ach bhí an bf. seo i bpar. *Galtrim* (DI); níl sé ann a thuilleadh.

⁶⁰³ *Ibid.*, caibidil 9.3.9 (6 Deireadh Fómhair 2010).

3.3 Logainmneacha Béarla eile

Mar adúradh cheana níor tháinig na logainmneacha go léir leis an eilimint 'town' agus míreanna Béarla i gcoitinne ón ré Angla-Normannach. D'éirigh cuid acu níos déanaí i ré na Nua-Ghall, mar shampla, 3.3.7 'Mountland' thíos.

Tá ocht logainmneacha le heilimint Bhéarla amháin seachas 'town' acu faoi seach, dhá cheann i nDéise Uachtarach agus sé cinn i nDéise Íochtarach. Déantar plé orthu in ord aibíteach: Batterjohn (DI), Blackcut (DI), Collegeland (DU), Cooljohn (DI), Grange (DI), Derrypatrick Grange (DI), Kemmins Mill (DU) Mountland or Butterhouse (DI).

3.3.1 **Batterjohn:** par. Kiltale (DI); N88508 53755

Fianuithe

1)	1803	Batterjohn	<i>Grand jury</i> , p12
2)	1812	Big Batterjohn	<i>Larkin's Map</i>
3)	1812	Little Batterjohn	<i>Larkin's Map</i>
4)	1937	Batterjohn	Lewis, <i>A top. dict.</i> , i, 189
5)	1978	Bóthar Seoin	Fitzsimons, p14
6)	2011	,batər' dʒan {9,18}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mi 001* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 21

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Batterjohn	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Batter John	Tenants Receipts for rent
	Batter John	Inhabitants
	Bóthar Seóin, 'John's road'	John O' Donovan
1836	Batterjohn	John O' Donovan

Déantar cur síos ar **Batterjohn** anseo toisc gurb eilimint Béarla é an t-ainm pearsanta 'John'. I gcóimheas le 'Batterstown' agus 'Curraghtown' dealraíonn sé gur leathastriúchán é an logainm seo faoi chomhréir na Gaeilge leis an eilimint Ghaeilge 'bóthar', Béarlaithe go 'batter' agus an t-ainm Béarla 'John'.

Rinneadh plé ar an eilimint 'batter' cheana féin – féach 'Batterstown' 3.2.1. thuas. Déanann P. W. Joyce trácht ar an eilimint **batter** mar seo:

The word occurs in early Anglo-Irish documents in the form of *bothir* or *bothyr*, which being pronounced according to the power of the English

letters, was easily converted into *botter* or *batter*. It forms a part of the following names:- Batterstown, the name of four townlands in Meath, which were always called in Irish *Baile-an-bhóthair*, i.e. the town of the road; and anglicised by changing *bothar* to *batter* and translating *baile* as town. Batterjohn and Ballybatter are also in Meath.⁶⁰⁴

Tagann na foirmeacha Gaeilge **Seán** agus **Seon** ó Fhraincís Angla-Normannach; 'Johan > Seoán', de réir Risk⁶⁰⁵ agus McManus.⁶⁰⁶ Tugann Ó Donnabháin 'Bóthar Seoin' leis an mbrí 'John's road' san Ainmleabhar bainteach⁶⁰⁷ le haghaidh an logainm seo. Moltar an fhoirm Ghaeilge **Bóthar Seoin** le haghaidh **Batterjohn** anseo.

3.3.2 **Blackcut:** par. Galtrim; N87048 51582

Fianuithe:

- | | | | |
|----|------|----------------------|------------------|
| 1) | 1978 | Blackcut | Fitzsimons, p16 |
| 2) | 2011 | ,blak'kot {5} | fuaimniú áitiúil |

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 067* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 41

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Blackcut	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Blackcut	County Cess Collector
	Blackcut	Mr. R. Parsons
1836	Blackcut	John O' Donovan

Is díol spéise nach bhfuil an logainm 'Blackcut' ar Larkins' map ach go bhfuil an t-ainm 'Clonymeddin' san áit a mbeifí ag súil leis de réir cosúlachta - b'fhéidir gur sampla eile é 'Clonymeddin' de logainm atá éagtha.⁶⁰⁸

De réir Duffy, 'English townland names, concentrated in the Pale region, often tell a story of active colonisation and environmental change for hundreds of years. Burntfurze (two each in Kildare and Kilkenny), Blackditch (ten instances, mostly in Kildare and Meath), Blacktrench ...'⁶⁰⁹ Is cosúil go bhfuil 'Blackcut' san aicme chéanna.

Tagraíonn an mhír 'Black' do dhath na hithreach is dócha. De réir léarscáileanna agus nótaí

⁶⁰⁴ Joyce, *Irish names of place*, i, 44, 45.

⁶⁰⁵ Risk, 'French loan-words in Irish', lch. 642.

⁶⁰⁶ McManus, 'An Nua-Ghaeilge chlasaiceach', lch. 442.

⁶⁰⁷ Ainmleabhar na SO *Mí 001*, lch. 21.

⁶⁰⁸ Larkin's map 1812 in Arnold Horner, *Mapping Meath in the early 19th century with an atlas of William Larkin's map of county Meath 1812* (Wordwell, Bray, 2007).

⁶⁰⁹ Patrick J. Duffy, *Exploring the history and heritage of Irish landscapes* (Dublin, 2007), lch. 67.

an *EPA* i dtaca leis an ithir sa cheantar seo, is 'Shallow well drained mineral – Derived from mainly calcareous parent materials' (cód 22) an chuid is mó de, le timpeall 5% 'Shallow poorly drained mineral - Derived fom mainly calcareous parent materials' (cód 34).⁶¹⁰ Faoi 'Descriptive Remarks', colún 5 san Ainmleabhar tugtar é seo le tuiscint: 'It is the property of Mr. Disney who has it let in farms of from 16 to 63 acres. Mr R. Parsons holds the largest farm ... The greater part of the td. is is pasture ...'⁶¹¹ Ar an ábhar seo dealraíonn sé nach bhfuil an talamh chomh dona sin.

Ní léir cad dó a seasann an eilimint **cut** sa logainm 'Blackcut'. B'fhéidir gur **clai** nó 'clais' atá i gceist. 'Cladh' de réir Joyce, '... generally means a raised dyke of clay, but sometimes a sunk ditch or fosse ...'⁶¹² Is iad 'ditch, trench, dyke, rampart' na 'Keywords' in *eDIL* le haghaidh 'clad'.⁶¹³ Tá trí bhaile fearainn i gContae na Mí leis an ainm 'Blackditch' a threisiónn an tuairim gurb ionann 'Blackcut' agus 'Blackditch'.⁶¹⁴

I ndáil le **clais** is mír choitianta í i logainmneacha agus deir Joyce faoi: 'A trench, a deep furrow, a dry ditch, or pit is usually designated by the word *clais* (clash)...'⁶¹⁵ Is iad 'ditch, trench, furrow' na 'Keywords' in *eDIL* le haghaidh 'clas', téarmaí comhchiallacha le 'cut', ní foláir.⁶¹⁶ Faightear ocht mbaile fearainn leis an logainm 'Clashduff' in *GAI*,⁶¹⁷ cúig cinn i gCorcaigh agus ceann amháin sna contaetha Tiobraid Árann, Cill Chainnigh agus an Clár faoi seach agus iad go léir leis an bhfoirm Ghaeilge 'An Chlais Dubh' deimhnithe nó molta in *BLE*.⁶¹⁸ Is ródhócha go bhfuil an bhrí 'clais' leis an aicmitheoir sa logainm **Blackcut** anseo freisin dá bhrí sin moltar an fhoirm Ghaeilge **An Chlais Dubh**.

3.3.3 Collegeland: par. Kilmore (DU): N 87145 50421

Fianuithe:

1)	765	Coscradh Bhuilg Boinne	<i>ARÉ</i> , i, 368
2)	770.9	Coscradh Builgg Boinne	<i>AU²</i> , i, 223
3)	770	Cath Builg Bónne	<i>AI</i> , 770.2
4)	c.1194	Bolocbaing	<i>Reg. St Thomas</i> , p21 ⁶¹⁹

⁶¹⁰ Léarscáileanna *Envision an EPA* faoi 'Blackcut' (<http://maps.epa.ie/InternetMapView/mapviewer.aspx>) (9 Samhain 2010).

⁶¹¹ Clóscríbhinn d'Ainmleabhar na SO *Mí 067*, lch. 553 (i leabharlann an chontae san Uaimh).

⁶¹² Joyce, *Irish names of place*, i, 31.

⁶¹³ *eDIL*, litir C, colún 206, líne 037 (www.dil.ie) (30 Lúnasa 2011).

⁶¹⁴ *BLE* faoi 'Blackditch' (www.logainm) (3 Deireadh Fómhair 2010).

⁶¹⁵ Joyce, *Irish names of place*, ii, 465.

⁶¹⁶ *eDIL*, litir C colún 222, líne 039 (www.dil.ie) (30 Samhain 2011).

⁶¹⁷ *GAI*, lch. 240.

⁶¹⁸ *BLE* faoi 'Clashduff' (www.logainm) (4 Deireadh Fómhair 2010).

⁶¹⁹ Luaite i ndeontas Leonisius de Bromiard don mhainister - níos luaithe ná 1194 mar dheimhnigh Eugenius,

5)	c.1194	Blocbanne	<i>Reg. St Thomas</i> , p253
6)	1194X1224	Blocbanne	<i>Reg. St Thomas</i> , p270
7)	c.1202	Blochanne	<i>Reg. St Thomas</i> , p224
8)	c.1600	Bolbane al' Balkebane ⁶²⁰	<i>Inq. Leinster Eliz.</i> , 6
9)	1609	Bolbane otherwise Bolkbane called the College land	<i>Pat. rolls 7 James I</i> , p149
10)	1637	Bollogbane vocat' le Colledge land	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 137
11)	1654-56	Collage of Arrottstowne	<i>Civil Survey v</i> , 148
12)	1659	Colleds land	<i>MS. 14E 22, Hib. Del. map</i>
13)	c.1666	Colledgeland	<i>MS. G vi 2, BSD</i>
14)	c.1666	Colledgeland	<i>MS. 974, BSD</i> , p122
15)	1812	Col[le]gland (doiléir)	<i>Larkin's map</i>
16)	1978	Collegeland	<i>Fitzsimons</i> , p28
17)	1910	Bolg boinne	<i>Hogan, Onomasticon</i> , p119
18)	2005	Bolg Bóinne	<i>FSAG</i> , p161
19)	2011	' kalidz,land {17}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 065* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 19

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	College Land	Boundary Surveyor's Sketch Map
	College	James Mulligan
	College	Rev. E. J. Gregory, Rector
	College Land	Applotter of County Cess
	College Land	High Commission Survey & Valuation Report
	Colledge Land	Down Survey Reference
	Colledgland	Down Survey Map
1836	College Land	John O' Donovan

Le linn dó a bheith ag iniúchadh na logainmneacha in *The annals of Inisfallen*, tagraíonn Diarmaid Ó Murchadha do '*Cath Builg Bónne* [770] for *Hú Neill re Laignib*' agus molann sé go mb'fhéidir gurb ionann **Bolg Bóinne** anseo agus *Bolocbaing* atá liostaithe i ndeontas Leonisius de Bromiard do mhainistir Naomh Thomáis, Baile Átha Cliath c. 1194 A.D.⁶²¹ agus a bhí suite i mbarúntacht *Deece Upper*.⁶²² Cuireann Ó Murchadha in iúl dúinn freisin gur ionannaigh Otway-Ruthven (*JRSAI* 94, lch.120) 'Bolocbaing' le 'Collegeland' i

easpag Chluain Ioraird an deontas agus fuair sé bás 1194 in Gilbert (ed.), *Register of the abbey of St. Thomas*, lgh. 21-2.

⁶²⁰ 'Bolbane al' Balkebane, vocat' the College lande' in *Inq. Leinster Eliz.* 6.

⁶²¹ Gilbert (ed.), *Register of the abbey of St. Thomas*, lgh. 252-4.

⁶²² Diarmuid Ó Murchadha, 'A reconsideration of some place-names from the *Annals of Inisfallen*' in *Ainm*, v (Belfast 1991-93), lch. 23.

Ní thagraíonn Ó Donnabháin do 'Bolg Boinne' i gcomhthéacs **Collegeland** san Ainmleabhar thuas. Más ceart an t-ionannú is é an chéad fhianú a fuair ná, (1) 'Coscradh Bhuilg boinne for fíora descert Breagh ...' sa bhliain 765 in *ARÉ*. I bhfo-nóta tugann Ó Donnabháin A.D. 769 le haghaidh 'The Onsett of Bolgboinne' agus sa bhfo-nóta céanna deir sé, 'Bolg-Boinne: i.e. the Belly of the Boyne. This was probably the name of a remarkable winding of the River Boyne near Clonard, in the county of Meath.'⁶²⁴ Réitíonn an tagairt seo in *ARÉ* le (2) in *AU*¹ thuas agus le (3) in *AI*. Feictear tagairt eile sa bhliain chéanna, c. 1194, leis an leagan (5) 'Blocbanne' agus fianú eile sa bhliain 1202 leis an leagan (7) Bloch^hanne.⁶²⁵ (Is tuaipis scríobhaithe, gan dabht, an leagan deireanach bunaithe ar an gceann roimhe sin, leis na litreacha 'h' agus 'b' trína chéile.)

Is díol suntais é freisin go bhfuil an logainm 'Ballybane' greanta díreach faoin ainm 'Collegeland' ar 'Larkin's map' chomh déanach le 1812. Is foirm thruaillithe den logainm idir lámha atá ann de réir dealraimh, má chuirtear i gcóimheas é le fianuithe (4-10) thuas agus is píosa fianaise breise é gurb ionann suíomh 'Bolgboinne' ársa le 'Collegeland' anois. Féach (9) thuas maidir leis seo freisin.

In *FSAG* faightear an iontráil seo, '**Bolg Boinne** (Bulge of the Boyne?) Prob. tl. Collegeland, p. Kilmore, b. Upr Deece, MH. ...'⁶²⁶ Moltar dúinn sa chur síos go mb'fhéidir gur réadú é an cáilitheoir 'Boloc' *et var.* ar an eilimint 'bolg' leis an míniú 'Bulge', agus go mb'fhéidir gurb ionann an t-aicmitheoir '-baing' *et var.* agus 'An Bhóinn' foirm Ghaeilge 'the Boyne'. Féachaimis ar an dá eilimint.

I measc na mbríonna éagsúla in *DIL* i gcomhair **bolg** *var.* 'bolc', 'balg' 'mboilc' tugtar 1. Bolg, (a) 'bag ... sack ... (b) belly, stomach ... (c) (smith's) bellows; 2. Bolg, gap ... ' agus faightear freisin 'Bolg, Bolga, Bulga in population and place-names etc. ... Fir B., Tuath B., name of a prehistoric or mythological people in Ireland' chomh maith le cuntas ar ar na foinsí bainteacha.⁶²⁷

⁶²³ Ibid., 23.

⁶²⁴ John O' Donovan, (ed.), *Annála ríoghachta Éireann: annals of the Kingdom of Ireland by the Four Masters from the earliest period to the year 1616*, (7 vols, Dublin 1856), i, 368.

⁶²⁵ Gilbert (ed.), *Register of the abbey of St. Thomas*, lgh. 223-5. Féach fo-nóta 624

⁶²⁶ Pádraig Ó Riain, Diarmuid Ó Murchadha, Kevin Murray (eds), *Historical dictionary of Gaelic placenames Fascicles 1, 2, 3, 4* (London, 2003-2011), 2, lch. 161.

⁶²⁷ e*DIL*, litir B, colúin 138-40 (www.dil.ie) (30 Samhain 2011).

Faightear cuid mhaith de na bríonna thuasluaite i logainmneacha. Maidir le 'Clonbulloge/Cluain Bolg' [D] faightear an nóta seo in *BLE*, 'the pasture of the Boilg; pasture of gaps, of bumps'⁶²⁸ agus le haghaidh 'Bollogbreat/Bolg Bréan' [D] i Mhuineachán tugann Ó Donnabháin an míniú 'stinking belly'.⁶²⁹ D'ionannaigh Liam Price 'Brusselstown Ring' i gCill Mantáin le 'Dun Bolg' agus deir sé, '... if we are to interpret Dun Bolg as meaning the fort of the Fir-Bolg, that is, of a people who were an offshoot of the Belgae, then the Brusselstown Ring is precisely the type of fortification which we would expect such Iron Age invaders to build ...'⁶³⁰ B'fhéidir gurb iad na Fir Bholg chéanna atá i gceist sa logainm faoi chaibidil agus nach ann dó a thuilleadh.

Tagraíonn Joyce freisin do na bríonna éagsúla: ainm pearsanta, 'bag' nó 'sack', 'bellows' agus 'belly'.⁶³¹ I ndáiríre níl a dhóthain fianaise le go bhféadfai cinneadh dearfach a dhéanamh faoin aicmitheoir sa chás seo. Tar éis dó cur síos go cuimsitheach ar an eilimint 'bolg' mar cháilitheoir i logainmneacha cuireann Pádraig Ó Cearbhaill in iúl dúinn gurbh é breithiúnas Carey mar gheall ar an eilimint seo i logainmneacha (in alt, 'Fir Bolg: a native etymology revisited' in *Cambridge/Cambrian Medieval Celtic Studies* 16 (1988), lch. 78): 'while it is certainly significant that *bolg* is attested as an element in local and personal nomenclature, these names afford no clear evidence of its sense.'⁶³²

Is mar an gcéanna leis an gcáilitheoir sa logainm atá idir lámha. Ní féidir bheith cinnte gurb í **an Bhóinn** .i. abhainn na Bóinne atá i gceist. Ar an gcéad dul síos tá an abhainn ocht gciliméadar ón mbaile fearainn seo, ró-fhada chun a bheith cinnte gur tagairt do 'remarkable winding of the River Boyne' atá san ainm mar a thuairimíonn Ó Donnabháin thuas. Chomh maith leis tá an méid sin éagsúlacht foirmeacha san fhianaise stairiúil, mar shampla: (1) '-boinne', (4) '-baing', (5) '-banne' agus (8) '-bane' nach féidir bheith cinnte faoin mbunfhoirm. Is é is dóichí, áfach, gurb í 'An Bhóinn' atá i gceist mar is mór an chosúlacht idir na foirmeacha réamh-Normannacha (1,2,3) thuas agus foirm ghinideach an ainm seo. Ach sa deireadh thiar thall is sean-ainm éiginnte é seo.

Is é an chéad thagairt dhíreach do **Collegeland** a d'aimsigh mé ná (9) 'Bolbane otherwise Bolkbane called' the College land' in *Pat Rolls 7 James I* sa bhliain 1609. B'fhéidir gur ó

⁶²⁸ *BLE* faoi 'Clonbulloge' (www.logainm.ie) (13 Feabhra 2011).

⁶²⁹ Taifead scanáilte in *BLE* faoi 'Bullogbreat' (www.logainm.ie) (13 Feabhra 2011).

⁶³⁰ Liam Price, *The place-names of Co. Wicklow, Vol. III, The barony of Talbotstown Upper* (Dublin, 1945), lch. 165.

⁶³¹ Joyce, *Irish names of places*, ii, 21, 197, 248, 255.

⁶³² Ó Cearbhaill, *Logainmneacha na hÉireann III*, (2010), lch. 63.

thagairt mar seo a rinne Otway-Ruthven an t-ionannú. Níorbh fhéidir liom teacht ar bhunús an logainm 'Collegeland' fós. Bhí a lán mainistreacha i gContae na Mí sna meánaoiseanna, mar shampla na Canónaigh Rialta Naomh Agaistín i 'Trim' agus toisc go n-úsáidtear an téarma 'coláiste na gcanónach' maidir leosan, cuir i gcás, b'fhéidir gur tailte eaglasta a bhí sa bhaile fearainn seo. Dá bhrí sin chuirfí an t-ainm san aicme chéanna leis na logainmneacha, 'Friarland', 'Monkstown' agus mar sin de. Mhol Ó Donnabháin 'Collegeland' le greanú ar léarscáileanna na SO.

Faightear cúig bhaile fearainn leis an ainm 'Collegeland' in *BLE*; tá 'Talamh an Choláiste' [D] le haghaidh bf. 'Collegeland' i dTiobraid Árann agus **Fearann an Choláiste** molta le haghaidh bf. 'Collegeland', i gContae Bhaile Átha Cliath.⁶³³ Moltar **Bolg Bóinne** anseo mar fhoirm Ghaeilge; dá roghnófaí é, chaomhnófaí ainm ársa Gaeilge.

3.3.4 **Cooljohn:** par. Balsoon (DI); N87222 58766

Fianuithe:

- | | | | |
|----|------|-----------------------------|--------------------------------------|
| 1) | 1835 | Cooljohn | <i>Chanc. deeds</i> (1840), 125, p28 |
| 2) | 1978 | Cúil Sheoin | Fitzsimons p29 |
| 3) | 2011 | ,cu:l'dʒan {8,17,18} | fuaimniú áitiúil |

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mi 063* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 22

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Cooljohn	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Cúl seon [i bpeann luaidhe]	John O' Donovan
	Cúil Seóin, 'John's corner or angle'	John O' Donovan
1836	Cooljohn	John O' Donovan

Is sampla eile de leathastriúchán é **Cooljohn** cosúil le 'Batterjohn' agus araile ina gcoimeádtar ord na bhfocal sa Ghaeilge. Tá cur síos déanta ar na míreanna **cúl** agus **cúil** faoi 4.4. Caibidil 4. Glactar leis gur 'cúil' an t-aicmitheoir anseo mar a mholann an Donnabhánach san Ainmleabhar thuas.

Is minic a fheictear foirm Ghaeilge den ainm pearsanta 'John' i logainmneacha in *BLE*, mar shampla 'Athbhuaile Sheáin' [D] i dTiobraid Árann, 'Cúil Bhaile Sheáin' [D] i Luimneach (leis an nóta mínithe 'the corner of Baile Sheáin, i.e. of the town of Seán'),

⁶³³ *BLE* faoi 'Collegeland' (www.logainm.ie/mapz) (13 Aibreán 2010).

'Crockshane/Cnoc Sheáin' [ND] agus ceathair déag de bhailte fearainn leis an ainm 'Ballyshane/Baile Sheáin' (cuid acu deimhnithe).⁶³⁴

Tagann na foirmeacha Gaeilge **Seán** agus **Seon** ó Fhraincís Angla-Normannach mar adúradh cheana; 'Johan > Seoán', de réir Risk.⁶³⁵ Scríobh an Donnabhánach an fhoirm 'Cúil seon' i bpeann luaidhe 'ó chaint na háite' b'fhéidir.⁶³⁶ Scríobh sé an fhoirm Ghaeilge 'Cúil Seóin' go húdarasach le dúch freisin san Ainmleabhar⁶³⁷ agus leis an mbrí 'John's corner or angle'.⁶³⁸ Moltar **Cúil Seoin** mar fhoirm Ghaeilge an ainm seo.

3.3.5 **Gibralter:** par. Kiltale (DI); N90699 53199

Fianuithe:

1) 1978 **Gibralter** Fitzsimons, p46

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 001* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 22

	Ortagrafraíocht	Údarás nó Foinse
	Gibralter	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Gibralter	Tenant Lease
	Gibralter	James Shadwell
1836	Gibralter , a fancy name	John O' Donovan

I dtaca leis an logainm **Gibralter**, deir Ó Donnabháin 'This is a modern name given by the last proprietor and must be spelled the name of the fortified rock from which the military proprietor thought it proper to name it.'⁶³⁹

Uaireanta bronnadh ainmneacha mar seo tar éis an 'Grand Tour' a rinne na huaisle agus na mionuaisle tráth; uaireanta eile bhí gaol idir na húinéirí talún agus cabhlach nó airm Shasana agus tar éis *service* a déanamh thar lear mar oifigigh bhronn siad **ainmneacha andúchasacha** ar a gcuid tailte i Sasain agus/nó in Éirinn. Tabhair faoi deara tagairt an Donnabhánaigh thuas do 'military proprietor'. Feictear ar léarscáileanna 6" agus 25" na SO go bhfuil teach mór sa bhaile fearainn seo.⁶⁴⁰

⁶³⁴ Ibid. faoi 'Athbhuaile Sheáin' agus araile faoi seach (www.logainm.ie/mapz) (22 Deireadh Fómhair 2010).

⁶³⁵ Risk, 'French loan-words in Irish', lch. 642.

⁶³⁶ Féach: Ó Maolfabhail (eag.), *Logainmneacha na hÉireann I*, lch. 107.

⁶³⁷ Ó Cearbhail, *Logainmneacha na hÉireann II*, lch. 13.

⁶³⁸ Ainmleabhar na SO *Mí 063*, lch. 22.

⁶³⁹ BLE faoi 'Gibralter' (www.logainm.ie/mapz) (22 Deireadh Fómhair 2010).

⁶⁴⁰ Léarscáileanna na SO (<http://maps.osi.ie/publicviewer/>) (30 Samhain 2011).

Tá baile fearainn leis an ainm 'Gibraltar' i gContae Bhaile Átha Cliath leis an bhfoirm chéanna 'Gibraltar' molta i nGaeilge. Tugann De Bhaldraithe an fhoirm Ghaeilge **Giobráltar** don chríoch thar lear de chuid na Breataine agus moltar an litriú seo le haghaidh an logainm atá idir lámha freisin.⁶⁴¹

3.3.6 Grange:

Tá dhá bhaile fearainn leis an aicmitheoir seo faoi bhráid agam, 3.3.6.1 **Grange** i bparóiste *Scurlockstown* agus 3.3.6.2 **Grange Derrypatrick** i bpar. *Derrypatrick*. Déantar trácht orthu le chéile tar éis na fianuithe a sholáthar dóibh.

3.3.6.1 Grange: par. *Scurlockstown* (DI): N84563 57568

Fianuithe:

1)	1408/9	Graunge (jux' Kyltale)	<i>RPCH, 10 Hen. IV</i> , p190
2)	1574	Graunge	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> , 43
3)	1643	? Grange	<i>Outlaws 1641-47</i> ⁶⁴²
4)	1654-6	Grange	<i>Civil Survey</i> v, 136
5)	1654-6	Grandge	<i>Civil Survey</i> v, 142
6)	1655-9	Grange	<i>Top. index, Petty BN</i> , p240
7)	c.1666	Grange	MS. <i>G vi 2, BSD</i>
8)	1794	Grange	<i>Upton freeholders</i>
9)	1812	Grange	<i>Larkin's map</i>
10)	1978	Gráinseach	Fitzsimons, p4
11)	2011	' gre:nɜ {18}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 102* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 3

	Ortagrafraíocht	Údarás nó Foinse
	Grange	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Grange	Larkin's Map 1812
	Grange	Grand Warrant 1829
	Grange	Grand Warrant 1835
	Grainge	High Commission Survey & Valuation Report
	Grange	Down survey
	Grange Boyne?	Inq. 1694
	Grange	Inq. Temp. Car. I

⁶⁴¹ Tomás de Bhaldraithe, *English-Irish dictionary* (Baile Átha Cliath, 1959), lch. 296.

⁶⁴² 'Outlaws 1641-47', lch. 356.

	Grange	Inq. Temp. Jac. I (Archdall)
--	--------	------------------------------

3.3.6.2 Derrypatrick Grange: par. Derrypatrick (DI); N88851 52844

Fianuithe:

1)	1517	Grangia de Derpatryke	<i>In MS. 3857/8, TCD</i> ⁶⁴³
2)	1615	The Graunge	<i>Pat. rolls 13 James I, p291</i>
3)	1633	Grange de Dirpatrick	<i>Inq. Leinster Car. I, 82</i>
4)	1640	Grange de Derpatricke	<i>Inq. Leinster Car. I, 154</i>
5)	1794	Grangederpatrick	<i>Upton freeholders</i>
6)	1835	Grainge Dirkpatrick	<i>Chanc. deeds (1840), 58, p13</i>
7)	1835	Grange of Dirpatrick	<i>Chanc. deeds (1840), 58, p13</i>
8)	1978	Derrypatrick Grange	<i>Fitzsimons, p36</i>
9)	2011	,deri: 'patrək 'gre:nɜ {18}	<i>fuaimniú áitiúil</i>

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 001* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 15

	Ortagrafraíocht	Údarás nó Foinse
	Grange of Derrypatrick	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Grange Derrypatrick	Applotter of County Cess
	Derrypatrick Grange	Custom of the country
	Grange Diripatrick	High Commission Survey & Valuation Report
	Grange	Down Survey

Ar na téarmaí luatha i logainmneacha in aimsir na nAngla-Normannach, líostaíonn T. Jones Hughes an eilimint **grange**.⁶⁴⁴ Luann Éamonn de hÓir cuid acu freisin agus deir sé, '*gráinseach* "grange" is also fairly common ...'⁶⁴⁵

Le linn dó a bheith ag plé brí an fhocail 'gráig', tugann K. W. Nicholls míniú ar an eilimint 'grange' go hindíreach, 'The etymology of the word *gráig* still remains totally obscure ... I would tentatively suggest that its primary meaning was that of a stock-farm or cattle-stading, and that it would thus stand in contradistinction to the **grange** which, as its etymology demonstrates, was primarily a tillage establishment⁶⁴⁶. De réir Joyce is **Gráinseach** é, 'a place for grain, generally a monastic granary. Irish word borrowed from

⁶⁴³ Nicholas Hossey de Galtrym deed (T.C.D., MS 3857/8)

⁶⁴⁴ Jones Hughes, 'Town and *baile* in Irish place-names', lgh. 246-7.

⁶⁴⁵ Éamonn de hÓir, 'The placenames of Ireland' in *BUPNS*, iii (1980-81), lch. 2.

⁶⁴⁶ K. W. Nicholls, 'Anglo-French Ireland and after' in *Peritia*, i (1982), lch. 380.

English.⁶⁴⁷ Léiríonn McManus conas a rinneadh socrú ar an focal iasachta seo i bhfóineolaíocht na Gaeilge mar seo: 'Déantar fuaimneanna nach raibh sa Ghaeilge a chomhshamhlú ... Mar chuid den phróiseas comhshamhlaithe cuirtear foircinn dhúchasacha le hiasachtaí áirithe, m. sh. ... *gráinseach* ...'⁶⁴⁸

Míníonn Deirdre Flanagan an téarma go críochnúil mar ba ghnách di,

Gráinseach is derived from the Norman-French *grange* and means 'grange, monastic farm'. It occurs frequently in place-names, without further qualification, as Grange, sometimes in the anglicised form Gransha. It refers to a land-unit, generally a townland, held as farmland (not necessarily solely for the production of cereals) by a monastic house of the twelfth century or later. Like the term, the concept was introduced from Europe with the arrival of the continental orders of monks. The grange need not adjoin the monastery by which it was held, or even be near it - it might, in fact, lie a considerable distance away ...⁶⁴⁹

Tá seachtó hocht de bhailte fearainn leis an logainm **Grange** in *GAI*⁶⁵⁰ le seacht díobh i gContae na Mí a mheabhraíonn dúinn uastionchar na nAngla-Normannach sa dúiche sin. Tá líon mór díobh faoin bhfoirm Gaeilge 'an Ghráinseach' deimhnithe in *BLE*.⁶⁵¹ Níl aon rud amhrasach faoi na fianuithe (1-7) thuas. Is dócha gurbh iarracht aithrise ar fhuaimniú na Fraincise ab ea an fhoirm (2) 'Graunge' i bpáirt ar a laghad. Moltar an fhoirm **An Ghráinseach** mar ainm Gaeilge an logainm seo. Mar an gcéanna níl aon rud amhrasach faoi na fianuithe thuas le haghaidh **Grange Derrypatrick**; d'oirfeadh an fhoirm Ghaeilge **Gráinseach Dhoire Phádraig** don logainm seo. Déantar cur síos ar an logainm 'Derrypatrick' faoi 4.14.2.

3.3.7 **Kemmins Mill:** par. Kilclone (DU); 90096 43267

Fianuithe:

1)	1812	? Kimmins	<i>Larkin's map</i>
2)	1814	Kimmin's-mill	<i>Leet, Directory</i> , p279
3)	1978	Kemmins Mill	<i>Fitzsimons</i> , p55
4)	2011	, keminz 'mil {1}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 102* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 22

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Kemmins Mill	Boundary Surveyor's Sketch Map

⁶⁴⁷ Joyce, *Irish names of place*, iii, 484.

⁶⁴⁸ McManus, 'An Nua-Ghaeilge chlasaiceach', lch. 443.

⁶⁴⁹ Deirdre Flanagan and Laurence Flanagan, *Irish place names* (Dublin, 1994), lgh. 95, 96.

⁶⁵⁰ *GAI*, lgh. 513, 514.

⁶⁵¹ *BLE* faoi 'grange' (www.logainm.ie) (7 Feabhra 2011).

	Kemmins Mill	Mr/ Merran of Raddingstown House
	Kemmins Mill	Applotter of County Cess
	Kemmins Mill	Mr. J. Connor Land surveyor
1836	Kemmins Mill	John O' Donovan

Níor aimsigh mé ach leaganacha (1,2) den logainm 'Kemmins Mill' níos sine ná iotrálacha an Ainmleabhair sa 19ú haois agus measaim gur botún aitheantais atá i bhfoirm (1). Faightear **Kimmins** mar ainm an bhaile fearainn seo ar léarscáil Larkin ach sílim gur cás bréagaitheanta é; ba chóir ainm eile 'Kemmins Mill' a bheith san áit sin ach amháin gur fágadh an téarma 'mill' ar lár i gcaint na ndaoine: 'Kimmins [Mill].⁶⁵²

Faightear an leagan **Kemmins Mill** litrithe go rialta faoi chúig (5) san Ainmleabhar bainteach.⁶⁵³ Ní thugann Ó Donnabháin aon leagan Gaeilge le haghaidh an logainm seo. Is ródhócha gurb é an sloinne 'Kimmins' atá i gceist.

Maidir leis an sloinne 'Kimmons/Kimmins' tugann MacLysaght an méid seo le fios dúinn, 'an occasional variant of Cummins in Cos. Monaghan and Armagh ... it is usually Mac Coimín not Mac Shiomóin which is Fitzsimons'.⁶⁵⁴ Aontaíonn Woulfe leis an bhfoirm 'Mac Coimín' agus deir sé mar gheall ar na leaganacha Béarla, 'Its angl. forms cannot always be distinguished from those of Ó Coimín, Ó Comáin nor from the Anglo-Norman Kenyon'.⁶⁵⁵

Níl an dá bhaile fearainn Kimmins Mill agus 4.9.1 Kemmins ach timpeall trí chiliméadar óna chéile agus b'fhéidir go ndeachaigh an dá logainm i gcion ar a chéile ách ní cinnte dearfa é seo. Tá caolsheans gur 'muileann an choimín' bunús an logainm faoi chaidibil ach is ródhócha gur sloinne atá i gceist; Chuir Leet 's' uaschamógach sa logainm seo (2) Kimmin's-mill, mar a rinne sé i gcomhair 'Swain's-town agus Scurlogh's-town'.⁶⁵⁶ Is amhlaidh gur cuireadh in iúl dó gur sloinne a bhí i gceist agus aontaím leis sin. Ar an ábhar seo moltar an fhoirm **Muileann Mhic Coimín** (féach MacLysaght thuas) mar fhoirm Ghaeilge an logainm seo.

⁶⁵² *OSi Discovery Series* (Third edition), uimhir 49.

⁶⁵³ Ainmleabhar na *SO Mí 102*, lch. 22 sa Chartlann Náisiúnta.

⁶⁵⁴ MacLysaght, *The surnames of Ireland*, lch. 183.

⁶⁵⁵ Woulfe, *Sloinnite Gaedheal is Gall*, lch. 334.

⁶⁵⁶ Ambrose Leet, *Directory to the market towns, villages, gentlemen's seats and other noted places* (2 vols, Dublin 1861, 2nd edition) lgh. 348, 366.

3.3.8. 1 & 2 **Mountland or Butterhouse:** par. Scurlockstown (DI); N85040 55903

Fianuithe:

- | | | | |
|----|------|--|------------------|
| 1) | 1978 | Mountland or Butterhouse | Fitzsimons, p69 |
| 2) | 2011 | ' bot̪ər, hæus {8}
' m̪əunt, lənd (8) | fuaimniú áitiúil |

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabar *Mi 102* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 9

	Ortagrafraíocht	Údarás nó Foinse
	Mountland or Butterhouse	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Mount-land	High Commission Survey & Valuation Report
	Butterhouse	High Commission Survey & Valuation Report
1836	Mountland or Butterhouse	John O' Donovan

Ní foláir nó gur cruthaíodh an baile fearainn leis na comhainmneacha **Mountland** agus **Butterhouse** idir suirbhéithe an 17ú haois agus obair na SO sa 19ú haois. Is dócha gur aithníodh dhá ainm ag an am mar a fheictear i bhfianuithe Uí Dhonnabháin thuas ach de réir dealraimh ní úsáideann muintir na háite inniu ach an t-ainm **Mountland**. Níl aon airde suntasach le feiscint san áit seo a d'fhreagródh don ainm **mount** ach b'fhéidir go raibh an áit ard go leor i gcomparáid leis an dúiche mórthimpeall, trí shúile an ainmneora.⁶⁵⁷ Is dócha go n'oirfeadh an fhoirm Ghaeilge **Fearann an Chnoic** don logainm Mountland anseo.

Maidir le bf. **Butterhouse** is iad na logainmneacha leis an eilimint 'batter', 'booter' agus **bóthar** a fhaightear faoin teideal 'Ainmneacha cosúla' in *BLE*. An amhlaidh gur Béarlú truailithe é 'butter' le haghaidh 'bóthar' i logainmneacha ar nós 'batter' agus 'booter'? Cuir i gcás an leagan 'Butterstowne' *Hib. Del.* Le haghaidh 'Boosterstown' i dtaifead scanáilte 1/6 in *BLE*.⁶⁵⁸

Deir Price i dtaobh 'Butter Mountain', paróiste dlí *Kilbride* i gCill Mantáin, 'This name, I believe, represents the word *bóthar*, 'a road'. Compare the names Stonybattery and Boosterstown ...⁶⁵⁹ Agus é ag tagairt don ainm 'Great Boater' nó 'Butter Lane' (Sráid an Easpaig i mBaile Átha Cliath anois) deir Mac Mathúna, 'Ba é bóthar na Gaeilge ba bhonn le Boater agus Butter ...'⁶⁶⁰

⁶⁵⁷ *OSi Discovery Series* (Third edition), uimhir 42.

⁶⁵⁸ *BLE* faoi 'Boosterstown' (www.logainm.ie/mapz) (Lá Armstad 2010).

⁶⁵⁹ Price, *The place-names of Co. Wicklow*, iv, 272.

⁶⁶⁰ Liam Mac Mathúna, *Oidhrí agus ceannródaithe pobal na Gaeilge* (Baile Átha Cliath, 1987), lch. 56.

Ní féidir linn a bheith cinnte dearfa d'uireasa fianaise gur foirm thruaillithe den mhír 'bóthar' é an t-aicmitheoir sa logainm idir lámha. Níl aon fhianaise ó na meánaoiseanna déanacha ná ó shoin i leith. Ar an lámh eile de, faightear an mhír 'im' i logainmneacha freisin, mar shampla *Knockanima/Cnoc an Ime* i nGaillimh, agus eilimintí eile ag cur in iúl go raibh déiríocht ar siúl, mar shampla, *Portnablahy/Port na Bláiche* i nDún na nGall. Tá a fhios againn go mbíodh ár sinsear ag déanamh ime ionas go mbeadh bianna déiríochta acu i rith an gheimhridh agus b'fhéidir go raibh rud mar seo ar siúl san áit seo, 'Butterhouse'.

Ar an ábhar seo mholfainn go mbeadh an fhoirm Ghaeilge **Teach an Ime** níos oiriúnaí ná **Teach an Bhóthair** le haghaidh an logainm seo cé go bhfuil an baile fearainn taobh leis an bpríomhbhóthar idir Bhaile Átha Troim agus Baile Átha Cliath. Le linn dom cuairt a thabhairt ar an áit seo níorbh fhéidir liom aon bhéaloideas bainteach a fháil ó na háititheoirí, áfach. Ní raibh fhios acu fiú go raibh a leithéid d'ainm 'Butterhouse' comhrognach leis an ainm **Mountland**.

*

Déantar plé ar fhuílleach na logainmneacha, na logainmneacha Gaeilge, sa chéad chaibidil eile.

Caibidil 4

Plé ar na logainmneacha Gaeilge

Sa chaibidil seo féachtar le teacht ar bhunfhoirmeacha agus ar bhríonna logainmneacha Gaeilge na mbailte fearainn i mbarúntachtaí Dhéise Uachtarach agus Dhéise Íochtarach.

Déantar cur síos orthu in ord aibítreach i gcatagóirí de réir a bpríomheilimintí, 4.1 'Achadh', 4.2 'Áth' agus araile. I ngach catagóir cuirtear na logainmneacha bainteacha in ord aibítreach de réir a bhfoirmeacha Béarla, mar shampla déantar trácht faoi 4.15 'Droim' ar 4.15.1 'Ardrums', 4.15.2 'Drumard', 4.15.3 'Drumlargan' agus 4.15.4 'Drumree'.

Pléitear na cáilitheoirí de réir mar a tharlaíonn siad. Le linn trácht a bheith á dhéanamh ar 'Drumard', mar shampla, pléitear an príomheilimint 'Droim' agus an cáilitheoir, 'ard', sa chuntas céanna.

Toisc go bhfuil sé deacair idirdhealú a dhéanamh idir 'cill' agus 'coill' i logainmneacha Béarlaithe, déantar trácht ar na logainmneacha bainteacha le chéile in ord aibítreach faoi 4.6 thíos agus déantar mar an gcéanna maidir leis na logainmneacha le 'cúl' nó 'cúil' iontu faoi 4.12.

Is ionann ainm an pharóiste dlí agus ainm baile fearainn amháin laistigh den pharóiste sin i ngach cás sa tráchtas seo. Mar adeir G. B. Adams, 'The names of these civil parishes ... were generally taken from some townland within them ...'¹ Dá bhrí sin baintear tairbhe as an bhfianaise i gcomhair an dá aonad le chéile óir is é an logainm céanna atá i gceist.

4.1 Achadh agus díorthaigh ó achadh:

Faightear ceithre bhaile fearainn leis an eilimint Bhéarlaithe 'Agha' gan cháilíocht in *GAI*,² ceann amháin acu leis an bhfoirm Ghaeilge 'Achadh' deimhnithe in *BLE*. Ina theannta sin feictear líon mór logainmneacha comhshuite le 'achadh' mar aicmitheoir iontu.³ Deir O' Connor maidir leis an eilimint seo, 'It registers some 900 occurrences countrywide.'⁴ Feictear ar léarscáil dáileacháin ina leabhar go bhfuil logainmneacha leis an

¹ G. B. Adams, 'Prolegomena to the study of Irish placenames' in *Nomina*, ii (1978), lch. 49.

² *General alphabetical index to the townlands and towns, parishes and baronies of Ireland* (Dublin 1861; reprint. Baltimore 1984): Based on the census of Ireland for the year 1851, lch. 4 (*GAI* as seo amach).

³ *BLE* faoi 'Achadh' (www.logainm.ie/mapz) (5 Deireadh Fómhair 2010).

⁴ Patrick J. O' Connor, *Atlas of Irish place-names* (Newcastle West, 2001), lch.17.

eilimint seo scaipthe ar fud na tíre le cúig cinn déag díobh i gContae na Mí.⁵ De réir Flanagan and Flanagan, 'It is the most widespread and least specific term for a 'field' and is very common as an initial element in place-names throughout the country ...'⁶

Pléitear dhá logainm go sealadach sa chatagóir seo, 4.1.1 **Affollus** mar ceapadh ar an gcéad amharc go mb'fhéidir go raibh an eilimint 'achadh' i bhfoirm bhunúsach an logainm de réir na bhfianuithe luatha thíos, agus 4.1.2 **Agher** mar ceapadh go raibh an logainm seo díorthaithe ón eilimint 'achadh'. Cé go bhfuarthas amach go raibh siad araon éiginnte, fágadh san aicme seo iad mar ní rabhthas ábalta catagóir eile a aimsiú go deimhin dóibh faoi seach.

4.1.1 Affollus: par. Moyglare (DU); N96385 40999

Fianuithe:

1)	1540-41	Agholey	<i>Crown surveys</i> , p224 ⁷
2)	1540-41	Aghole	<i>Ir. mon. poss.</i> , p36
3)	1547	Agholy	<i>fiant Edw. VI</i> , 134
4)	1588	Aishewolle	<i>fiant Eliz.</i> , 5206
5)	1589	Aghole	<i>fiant Eliz.</i> , 5343
6)	1597	Agholl	<i>CPCR 18-45 Eliz.</i> , p481
7)	1597	Agholl	<i>fiant Eliz.</i> , 6132
8)	1618	Agholle	<i>Pat. Rolls 15 James I</i> , p340
9)	1630	Aghevoly [juxta Moyglare]	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 61
10)	1630	Aghvoly	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 61
11)	1654-6	Affolis	<i>Civil Survey v</i> , 153
12)	1655-9	Affalus	<i>Top. index Petty BN</i> , 50
13)	1659	Affalus	<i>MS 14E 22 Hib. Del. Map</i>
14)	c.1666	Affollis	<i>MS G vi 2, BSD</i>
15)	c.1666	Affolis [innéacs]	<i>MS G vi 2, BSD</i>
16)	c.1672	Affalus	<i>Top. index Petty HD</i> , 50
17)	1752	Off Less	Noble & Keenan map ⁸
18)	c.1756	Offil[us] [doiléir]	Mapa línithe go saor-lámhach ⁹
19)	1812	Offilus	<i>Larkin's map</i>

⁵ Ibid., 16.

⁶ Deirdre Flanagan and Laurence Flanagan, *Irish place names* (Dublin, 1994), lch. 12.

⁷ D'ionannaigh Gearóid Mac Niocaill 'Agholey' le Affollus' san innéacs in *Crown surveys of lands 1540-41, with the Kildare Rental begun in 1518* (Dublin, 1994).

⁸ Mapa Chill Dara Noble/Keenan 1752 in *Carton House*, agus i leabharlann an chontae, *Newbridge*.

⁹ Mapa línithe go saor-lámhach circa 1756 de dhiméin Carton in *Journal of the Kildare Archaeological Society*, iv (1903-05) lch. 34.

20)	1835	Ophilus	<i>Chanc. deeds</i> (1840), 84, p18
21)	1928	Ath-follus	Ó Meachair, p130
22)	1978	Áth Soluis	Fitzsimons, p3
23)	2011	'afólus/' aflós	Fuaimniú áitiúil {17}

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 078* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 17

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Offilus	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Ophilus	Rev. Ardagh, Protestant Rector
	Ophilus	Rev. J. Lynch, R. C. Rector
	Offilus	High Commission Survey & Valuation Report
	Affolis	Down Survey Reference
	Affollus	Down Survey Map
	Ath Soluis 'i.e. ford of light'	
('There are many places called Ath Soluis i.e. Ford of light.' JOD)	Ath follus, 'bright ford'	John O' Donovan
1836	Affollus	John O' Donovan

D'ionannaigh Mac Niocaill (1) **Agholey** in *Crown surveys*¹⁰ le bf. **Affollus** i bparóiste *Moyglare* agus rinne N. B. White amhlaidh le (2) Aghole in *Extents of Irish monastic possessions*.¹¹ Measaim go bhfuil an ceart acu ó thaobh an chomhthéacs de faoi seach.

De réir an Donnabhánaigh is Béarlú é **Affollus** ar 'Ath soluis, i.e. “ford of light” nó Ath follus “bright ford”’.¹² Luann P. W. Joyce, 'Affollus, in Meath, Ath-follus, bright ford; like Athsollis' freisin.¹³ Feictear an eilimint **solas** uaireanta i logainmneacha: 'Ardsollas/Áth Solas' [ND] i gContae an Chláir, 'Assolas/Áth Solas' [ND] i gContae Chorcaí¹⁴ agus 'Aghsolish' ainm éagtha i gContae Loch Garman.¹⁵

Níl aon fhianaise thuas a thaispeánann gurb é **Solas** an cáilitheoir sa logainm seo, áfach. Níl aon fhianaise ach an oiread sna luath-fhoirmeacha gurb é 'f' túsleitir den cháilitheoir ach amháin go bhfuil 'f' séimhithe i gceist - cuir i gcás in ainm cosúil le 'F(h)olaí' nó 'F(h)oghlú'.

¹⁰ *Crown surveys*, lch. 224 (innéacs).

¹¹ *Ir. mon. poss.*, lch. 407 (innéacs).

¹² Ainmleabhar na SO *Mí, 078*, lch. 17.

¹³ P. W. Joyce, *The origin and history of Irish names of places* (3 vols, Dublin, 1869-1913), iii, 24.

¹⁴ *BLE* faoi 'Áth Solas' (www.logainm.ie/mapz) (28 Aibreán 2010).

¹⁵ I r-phost ó Chonchubhar Ó Cruaioich, Oifigeach Logainmneacha, (24 Meán Fomhair 2011).

Cad dó a fhreagraíonn an rémír 'Agh-' sna foirmeacha luatha ar nós (1) Agholy: **áth** nó **achadh** nó **eilimint eile**? Ó thaobh na tíreolaíochta de, feictear dhá shruthán ag teacht le chéile i gcomar díreach i lár an bhaile fearainn seo agus ansin sruthaíonn an chraobh-abhainn seo ó dheas isteach in Abhainn na Rí/*Rye Water*.¹⁶ An raibh **áth** i gceist so logainm? Tá na pointí seo ina choinne:

– Is minic 'agh-' mar réadú ar **áth** i logainmneacha ach nuair is 'áth' an t-aicmitheoir i logainmneacha i gContae na Mí is iad na foirmeacha Béarlaithe 'A-' nó 'Ath-' a fheictear i gcoitinne mar réadú. Cuir i gcás na samplaí 'Assey', 4.2.1 thíos agus 'Athronan' (le fianú (2) 'Aronan') 4.2.2 thíos, agus na samplaí, 'Athlumney' (féach an fhoirm 'Allomney' in *Pat. Rolls 9 James I* sa bhliain 1611/12 lch. 221) agus 'Athcarne'. Is cosúil nach bhfaightear 'agh-' go bhfios dom.

– De bhreis ar an méid sin is amhlaidh nach gcuirtear **an phríomhbhéim ghutha** ar an aicmitheoir 'ath-' in ainmneacha Béarlaithe, mar shampla /,aθ'ro:nən/ ach is é /'afəlus/ nó /'afləs/ an fuaimniú áitiúil le haghaidh an logainm atá faoi chaibidil. Ní cinnte fianaise na béime i gcónaí - cuir i gcás an bhéim san ainm Béarlaithe /'offaly/ le haghaidh /Uíbh 'Fhailí/ i nGaeilge.

Níl fianaise ghlan dhéshiollach ann chun ach oiread ag taispeáint gurbh é **achadh** an tús-eilimint ach tá fianaise imthoisceach: tabhair faoi deara go bhfuil an logainm **Aghowle** i gCill Mhantáin an-chosúil leis na leaganacha stairiúla luatha (2,5,6,7) thuas. Is í an fhoirm Ghaeilge 'Achadh Abhall [D] leis an míniú, 'field of apple trees' a fhaightear in *BLE*.¹⁷ I logainm chomhshuite ina bhfuil dhá ghuta ag teacht le chéile comhshamhlaítear na gutaí de ghnáth mar a tharlaíonn le 'Acha(dh) + abhall' sa logainm réamhluaite.

Is inmheasta mar sin go bhfreagraíonn na fianuithe (1) 'Agholey', (3) 'Agholy' thuas do **Achadh Abhla** freisin. Mar an gcéanna freagraíonn an dara heilimint sna fianuithe (9) 'Aghe~~y~~oly' agus (10) 'Agh~~y~~ole' (ina gcomharthaíonn an litir 'v' sa Bhéarla an 'b' séimhithe sa Ghaeilge) don eilimint 'abhla' sa logainm 'Achadh Abhla'. Seans, áfach, gurb é 'Achadh Abhlaigh' (< claontuiseal na haidiachta 'abhlach') atá sa logainm seo le fuaim an '-gh' caillte.¹⁸ Is í an fhadhb anseo ná go bhfuil an mhír 'Agh-' sa phríomheilimint débhríoch. Ní féidir linn a bheith cinnte gurb é 'achadh' atá i gceist.

¹⁶ *OSi Discovery Series* (3rd edition) uimhir 42; Léarscáileanna *Envision an EPA* faoi 'Affollus' (<http://maps.epa.ie/InternetMapView/mapviewer.aspx>) (2 Aibreán 2011).

¹⁷ *BLE* faoi 'Aghowle' (www.logainm.ie/mapz) (28 Aibreán 2010).

¹⁸ T. F. O' Rahilly, *Irish dialects past and present* (Dublin, 1976), lch. 54.

Ar aon nós tá athrú suntasach le sonrú sa bhfianaise stairiúil thuas ag tosnú le (11) **Affolis** *et var.*. Dealraíonn sé mar sin gur athraigh an logainm 'Agholey' *et var.* go logainm nua, 'Affolis' *et var.* sa 17ú haois agus ní léir ón gcéad amharc cén fáth. Ach an féidir an t-athrú a réiteach le míniú teangeolaíochta?

De réir Joyce, '... the sound of the Irish aspirated letters *ch, gh, dh* and *th* are converted into the sound of *f* ... The sound of *ch* is changed to that of *f* in the following names. Knocktopher ... *Cnoc-a'-tóchair* ... Fidorfe near Ratoath in Meath, *Fidh-dorcha*, dark wood.'¹⁹ Ag tacú le Joyce anseo faightear 'Cnoc an Tóchair' [D] Cill Chainnigh mar fhoirm Ghaeilge 'Knocktopher' in *BLE*²⁰. Agus de réir Uí hUiginn ina chuntas ar Ghaeilge Chonnacht, 'Déantar /f/ de /ch/ (leathan agus caol) i roinnt focal thall is abhus' agus tugann sé na solaoídí /klife/ le haghaidh 'cluiche' agus /lu:far:/ le haghaidh 'lúcháir'.²¹ Is suntasach freisin go dtugann an Donnabhánach an fhoirm Ghaeilge 'Fíodh Dorcha' san Ainmleabhar bainteach le haghaidh 'Fidorfe' thuasluaite i gContae na Mí.²²

De bhreis air sin tugann Piatt 'Examples of Irish between Boyne and Barrow, South Meath, agus ina measc faightear an tsolaoid seo le fogharscríobh, aistriú i mBéarla agus an abairt bhunúsach Ghaeilge: 'Fooie shey (sha) an Bawhur Bweeyeh.' (He went to Enfield) **Chuaigh sé chun Bóthar Buidhe**'.²³

Ag réitiú leis an bhforás seo ina ndéantar /f/ de /ch/ an bhfhéadfadh an logainm **Agholy** athrú go /afolə/, cuir i gcás? Is minic freisin a fhaightear an fhóinéim /s/ i bhfoircinn logainmneacha²⁴ D'fhéadfaí a mhaíomh mar sin gur eascair an logainm 'Achadh Abhla' ('Agholy >) **Affollus** trí Bhéarlú leis an bhfuaimniú áitiúil (23) /'afəlus/ nó /'afləs/ mar thoradh anois.

Tig linn féidearthacht eile a chur san áireamh. Faightear logainmneacha eile le leaganacha stairiúla agus d'fhéadfaí iad chur i gcomparáid leis na fianuithe luatha thuas:²⁵

Avoley, /a'vo:li/, Laois (le réamhtheachtaithe 'Aghvolly' agus 'Aghavoley');

Afoley, /a'fo:lia/, Laois, (le 'Aghvolly' faoi dhó san fhianaise stairiúil);

Affoley/An Athbhuaile, /ə'fo:lia/, Tiobraid Árann (le 'Aghvolly' faoi dhó mar réamhtheachtaithe).

¹⁹ Joyce, *Irish names of places*, i, 53-4.

²⁰ *BLE* faoi 'Cnoc an Tóchair' (www.logainm.ie/mapz) (1 Lúnasa 2011).

²¹ Ruairí Ó hUiginn, 'Gaeilge Chonnacht', in Kim McCone, D. McManus, C. Ó Háinle, N. Williams, L. Breatnach (eag/í), *Stair na Gaeilge in ómós do Pádraig Ó Fiannachta* (Maigh Nuad, 1994), lch. 557.

²² Ainmleabhar na SO Mí, 100, lch. 30 i dtaifead scanáilte faoi 'Fidorfe in *BLE*.

²³ Donn Sigerson Piatt, *Gaelic dialects of Leinster* (Dublin, 1933?), lch. 15.

²⁴ T.S. Ó Máille, 'Irish place-names in -as, -es, -is, -os, -us' in *Ainm*, iv (1989-90), lch 126.

²⁵ *BLE* faoi na logainmneacha liostaithe (www.logainm.ie) (6 Meitheamh 2012).

Comharthaíonn 'v' nó 'f(f)' sna leaganacha Béarlaithe thuas an carn consan 'thbh' i nGaeilge - cf. an sloinne Cofaigh < Cobhthaigh. B'fhéidir mar sin gur tháinig **Affollus** ón bhfoirm Ghaeilge 'Athbhuaile'. D'fhéadfaí na foirmeacha stairiúla 'Aghvoly' srl. sna solaoídí thuas a chur i gcomparáid le foirmeacha (9,10) i gcomhghair Affollus. Is rud coitianta freisin 's' iolra i logainmneacha. Agus dar ndóigh níl an phríomhbhéim ghutha ('**afalus/' afləs**) cinntitheach i gcónaí; tá seans freisin gur tháinig fuaimniú an logainm faoi thionchar fuaimniú 'Offaly Bridge' sa dúiche chéanna. (Tá diméin 'Carton' le hais 'Affollus' agus i measc na dteideal a bhí ag an 'Duke of Leinster' bhí 'Baron Offaly'1620.) Tá caolsheans mar sin gurbh é 'An Athbhuaile' foirm bhunúsach an logainm seo.

Sa deireadh thiar is deacair cinneadh dearfa a dhéanamh faoin logainm seo d'uireasa fianaise. Moltar **Afalas** mar fhoirm Ghaeilge an logainm éiginnte seo i gcomhréir leis an bhfianaise stairiúil.

4.1.2.1 Agher: par. Agher (DU); N83150 45495

4.1.2.2 Agher: par. Gallow (DU); N83150 45495

Tá dhá bhaile fearainn idir lámha faoin ainm 'Agher'; aonad amháin a bhí ann tráth de réir cosúlachta agus roinneadh é idir na paróistí *Agher* agus *Gallow*. I gcás mar seo cuireann Smyth in iúl dúinn gur thug Richard Griffith an treoir seo do na suirbhéirí (*General instructions for the guidance of district and assistant boundary surveyors, in the performance of their respective duties* (Dublin, 1832), lch. 10): 'If, however, a parish boundary passed through a single townland, this townland was to be recorded as two distinct and individual townlands within each parish under the same name without any distinguishing appendage.'²⁶

Fianuithe:

1)	1163	? Eacharud Lobrain	<i>ARÉ</i> , ii, 1150 ²⁷
2)	1302-06	Athereth	<i>CDI</i> , v, p255
3)	1302-06	Haucherche	<i>CDI</i> , v, p264
4)	1402-03	Aghyr	<i>MS D.17010, Galtrim manor</i>
5)	1407	Hachyr	<i>Pap regs.</i> vi, 119

²⁶ W. A. Smyth, 'Sir Richard Griffith's three valuations of Ireland 1826-1864' (Ph.D thesis, National University of Ireland Maynooth, 2008), lch 78.

²⁷ Tagairt: 'Niall, mac Muirheartaigh Uí Lachlainn co ndearna éccne iomdha i dtuaitibh ⁊ chellaibh, ⁊ do róine cétus ... ⁊ in Eacharud Lobrain ...' in John O' Donovan (ed.), *Annála rioghachta Éireann: annals of the kingdom of Ireland by the four masters from the earliest period to the year 1616*, (7 vols, Dublin 1856), ii, 1150; i bhfo-nóta z deir Ó Donnabháin, 'Eacharad-Lobrain:- Now Augher, in the barony of Deece, county of Meath ...' ii, 1150-51.

6)	1411	Agher	<i>Annat. Hib.</i> , p83
7)	c.1518	Aghryth, Athrethe	<i>Arch. Hib.</i> LXI, 330, 336, 342 ²⁸
8)	1540-1	Agher	<i>Ir. mon. poss.</i> , p300
9)	1543X1558	Achyr	<i>Reg. Dowdall</i> , p260
10)	1543	Aghyr	Griffith, <i>Cal. inq. Hen. VIII</i> 170
11)	1545	Aghir	<i>fiant Hen. VIII</i> , 467
12)	1546	Agher	<i>fiant Hen. VIII</i> , 468
13)	1556	Aghir	Griffith, <i>Cal. inq. P. & M.</i> 15
14)	1558	Agher	<i>fiant P. & M.</i> , 217
15)	1568	Aghir	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> 42
16)	1570	Agher	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> 51
17)	1576	Agher	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> 113
18)	1575	Aghir	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> 73
19)	1576	Aghir	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> 78
20)	1579	Agher	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> 124
21)	1581	Aghir	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> 134
22)	1600	Agher	<i>fiant Eliz.</i> , 6389
23)	1607	Augher	Griffith, <i>Cal. inq. J.I</i> 49
24)	1558x1603	Aghra	MS 14E 22 DS Elizabethan map
25)	1609	Aghira	Boazio's map 1609
26)	1610	Agra	Speed's map 1610
27)	1611	Agher Pallice	Carew MS v, 116
28)	1618	Agher	Griffith, <i>Cal. inq. J.I</i> 120
29)	1620	Agher	<i>Inq. Leinster Jac I.</i> 45
30)	1622	Agher	<i>Clergy list 1622</i> ²⁹
31)	1622	Agher	<i>Ussher's works</i> i, lxxiii
32)	1640	Agher	<i>Inq. Leinster Car I</i> , 153
33)	1643	Augherpallice	<i>Outlaws 1641-47</i> ³⁰
34)	1646-7	Agha Palice	Gilbert, <i>History</i> , i, 153
35)	1649	Acher Pallise	Gilbert, <i>History</i> , ii, 66
36)	1654	Agra	(<i>Lagenia</i>) <i>Atlas Blaeu</i> , p297
37)	1654-6	Agherpallice	<i>Civil Survey</i> v 156
38)	1659	Aher Pallis	MS 14E 22, <i>Hib. Del. map</i>
39)	1655-9	Agherpallis	<i>Top. index Petty BN</i> , p53
40)	c.1666	Agherpallis	MS G vi 2, <i>BSD</i>

²⁸ Timpeall 1866 cheap William Reeves scriobhaí chun cáipéisí eaglasta ó 1518 A.D agus ó 1682 A.D. a chóipeáil. Bhí foirmeacha difriúla den logainm sna cáipéisí: 'Agher', 'Aghir', 'Aghryth', 'Athrethe'. Féach alt Brendan Scott in *Archivium Hibernicum*, lxi (2008), lch. 329.

²⁹ John Healy, *History of the diocese of Meath* (2 vols, Dublin, 1908), i, 252.

³⁰ 'Outlaws 1641-47' in *Analecta Hib.*, no. 23 (1966), lch. 356.

41)	1684	Agherpallis	MS 5245, <i>Pratt Receipts</i>
42)	1682X1685	Agher	<i>Dopping</i> , p51
43)	1685	Aher Pallis	<i>Petty HD 1685</i> , p7
44)	1691	Agher pallas	MS 5245, <i>Pratt Receipts</i>
45)	1692	Agher pallow	MS 5245, <i>Pratt Receipts</i>
46)	1696	Aghirpallis	MS 5245, <i>Pratt Receipts</i>
47)	1702	Agher of Pallice	MS 5245, <i>Pratt Receipts</i>
48)	1704	Agherpallis	<i>Éigse 1</i> (1939), p197 ³¹
49)	1716	Agher Pallace	<i>Wills, (I)</i> , p103
50)	1734	Agher	MS 5245, <i>Pratt Receipts</i>
51)	1751	Augher	MS 5246, <i>Parish Book Agher</i>
52)	1757	Aher	MS 5245, <i>Pratt Receipts</i>
53)	1763	Augher	MS 5245, <i>Pratt Receipts</i>
54)	1783	Agher	<i>Taylor & Skinner's maps</i> , p61
55)	1792	Agher	<i>Larkin's map</i>
56)	1795	Agher	Seward, <i>Top. Hibernica</i>
57)	1797	Agher	<i>Beaufort's map</i>
58)	1800	Agher	MS 5246 <i>Parish Book Agher</i>
59)	1802	Agher	Thompson surv. (<i>Taylor's map</i>)
60)	1803	Augher	<i>Grand jury</i> , p11
61)	1812	Agher	<i>Larkin's map</i>
62)	1814	Augher	Leet, <i>Directory</i> , p17
63)	1837	Agher	Lewis, <i>A top. dict.</i> i, 18
64)	1922	Achair	Laoide, p22
65)	1923	Achair	<i>Oifigí Puist</i> , p2 ³²
66)	1928	Achadh	Ó Meachair, p127
67)	1935	Achair	Ó Foghludha, p1
68)	1955	Achair	<i>Eolaí an Phoist</i> , p404
69)	1964	*Achair	<i>AGBPL</i> , p27 ³³
70)	1969	Achair	<i>AGBP</i> , p53
71)	1969	Achair	<i>Eolaí an Phoist</i> , p275
72)	1978	Achar or Achadh	Fitzsimons, p3
73)	1982	Achair	<i>Eolaí an Phoist</i> , p124
74)	1989	Achair (g. id.)	<i>Gasaitéar</i> , pp4, 173
75)	2010	Achair [D]	logainm.ie

³¹ 'Register of priests' in *Éigse*, i (1939), lch. 197.

³² *Liostaí d'Oifigí Puist Saorstát Éireann 1923* (reprint 1986 Forschungs – und Arbeitsgemeinschaft Irland).

³³ Ciallaíonn an comhartha * go raibh amhras ar Choimisiún na Logainmneacha faoin bhfoirm '... ach gur mhol an Coimisiún an fhoirm a raibh formhór na gcomhaltaí sásta glacadh léi. (An Stiúrthóir) in *Ainmneacha Gaeilge na mBailte Poist i gCúige Laighean* (Baile Átha Cliath, 1964), lgh. 3, 6.

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhair *Mí 001* agus *Mí 042* sa Chartlann Náisiúnta

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Augher	Boundary Surveyor's Sketch Map <i>Mí 001, 1</i> ; <i>Mí 042, 4</i>
	Agher	Rev. John Kellet, Rector <i>Mí 001, 1</i> ; <i>042, 4</i>
	Agher	John Pratt Winter esq. <i>Mí 001, 1</i> ; <i>Mí 042, 4</i>
	Agher	Thomson's Statistical Survey <i>Mí 001, 1</i>
	Agher	Applotter of County Cess <i>Mí 001, 1</i>
	Agher	High Commission Survey & Valuation Report 1824 <i>Mí 001, 2</i>
	Agher	High Commission Education Report 1821 <i>Mí 001, 2</i>
	Agherpallis Parish	Down Survey <i>Mí 001, 2</i>
	Agher	Mr. J. Connor Land Surveyor, <i>Mí 042, 4</i>
(Compare with Augher in Tyrone.' JOD.)	Achar or Achradh, 'a flat district'	John O' Donovan <i>Mí 001, 2</i>
1836	Agher	John O' Donovan <i>Mí 001, 2</i>

Is logainm é **Agher** le haghaidh paróiste agus baile fearainn laistigh de. I dtaobh leis an bparóiste dlí **Agher**, liostaíonn Otway-Ruthven é i measc na 'Parishes first mentioned 1200-1306'.³⁴ Dar léi bhí an paróiste faoi phátrún tuatach agus deir sí freisin, 'Agher, which is probably concealed under the **Haucherche** of one version of the taxation, is first mentioned then: it may earlier have been part of Galtrim, for it was held of the lordship in the fifteenth century'; i leagan eile den chánachas eaglasta faightear an fhoirm (2) **Athereth**.³⁵

Tá níos mó ná seachtó fianú thuas agus ina measc faightear seacht gcinn déag ó (27) go dtí (49) leis an eilimint 'pallis' a thagann ón bhFraincis, mar shampla (27) **Agher Pallis**. Deir Vendryes maidir, 'pailis f. "palissade"... emprunté au français *palis*, par l'intermédiaire de l'anglais ...'³⁶

Is suntasach go bhfuil créfoirt le feiscint sa dúiche seo. Cuireann Moore in iúl dúinn go bhfuil iarsmaí rátha ann: 'Agher /Gallow ... *Ringfort* : slightly raised circular area defined by earthen bank (diam. 47 m) with external fosse...'³⁷ agus faoin teideal *Mottes* faightear

³⁴ A. J. Otway-Ruthven, 'Parochial development of Skreen' in *JRSAI*, xciv (1964), lch. 116.

³⁵ Ibid., 122; agus *C.D.I.*, v, 255, 264 le haghaidh 'ecclesiastical taxation' 1302-6.

³⁶ J. Vendryes, *Lexique étymologique de l'Irlandais ancien* (Dublin, Paris, 1978), an litir P, 1.

³⁷ Michael J. Moore, *Archaeological inventory of county Meath* (Dublin, 1987), alt 463, lch. 56.

an iontráil, 'Agher ... *Motte and Bailey*: Flat-topped earthen mound ... within D-shaped bailey ...'³⁸ Tagraíonn Gilbert do champa an Ghinereál Preston sa bhliain 1646-7 in **Acha Palice** 'a strong place by nature'.³⁹ Is cosúil go raibh daingean de shórt éigin bunaithe ar chréifort ó thréimhse níos luaithe san áit seo agus gur úsáideadh é i rith an chogaidh sna 1640aidí. Ní fhaightear an eilimint 'pallis' *et var*: sna fianuithe tar éis na bliana 1716.

Cad faoin bpríomheilimint **Agher**? Tugann T.S. Ó Máille míniú suimiúil le haghaidh bunús an logainm 'Agher'. Liostaíonn sé an t-ainm seo i dteannta le 'all the apparent examples of PNN in **-ar**' known to me'.⁴⁰ Molann sé an míniú seo:

I suggest that, whatever limited collectivity attached to the suffix *-ar* in Irish, it disappeared at an early date. Subsequently, *-ar* became a meaningless noun-ending, especially in toponymy, merely adding point to the meaning already conveyed in the root word. In that way ... a hill + ar = [a] hill-thing' ... and so on'.⁴¹

Liostaíonn sé **Agher** san aicme faoin gceannteideal **Áth**. I gcomhréir le moladh Uí Mháille thuasluaite chiallóidh 'Agher < áth + ar, a ford-thing' ach an bhfuil an ceart aige mar is annamh a fhaightear an eilimint 'áth' gan cháilíocht i logainmneacha. Cuir i gcás:

a) In alt a scríobh Mac Aodha ar an eilimint 'áth/ford' i logainmneacha tugann sé liosta cuimsitheach de na logainmneacha bainteacha ó *Ainmneacha Gaeilge na mBailte Poist*.⁴² Tá siad roinnte aige i naoi n-aicme agus feictear go bhfuil an eilimint 'áth' cáilithe iontu go léir gan teip.

b) San *Onomasticon* de chuid Hogan faightear beagnach daichead colún ag síneadh thar fiche leathanach leis an eilimint seo agus níl ach logainm amháin ina measc leis an eilimint 'áth' gan cháilíocht'.⁴³

Dá bhrí sin ní féidir bheith cinnte go bhfuil an ceart ag Ó Máille gurb é an eilimint 'áth' atá i gceist sa logainm seo dá tharraingtí is atá an bhunbhrí a mholann sé.

Ní féidir é a chur as an áireamh ach an oiread. I gcomhréir le moladh Uí Mháille maidir le 'Áth-ar' b'fhiú smaoinemh chomh maith ar an bhfocal 'each' a d'fhéadfadh a bheith faoin struchtúr céanna: 'Each + ar > Eachar > Agher'.⁴⁴ Féidearthacht eile is ea 'Eachra? > Eachar > Agher' ach níl aon fhianaise dhíreach chun tacú le ceachtar de na moltaí seo.

³⁸ Ibid., alt 1602, 156.

³⁹ John T. Gilbert (ed.), *A contemporary history of affairs in Ireland from 1641 to 1652* (2 vols, Dublin, 1879-1880), i, 153.

⁴⁰ T. S. Ó Máille, 'Irish place-names in *-ar*' in *Ainm*, ii (1987), lch. 28.

⁴¹ Ibid., 35.

⁴² Breandán S. Mac Aodha, 'The element Áth/Ford in Irish Place-Names' in *Nomina*, xi (1987) lch. 115; *Ainmneacha Gaeilge na mbailte poist* (Baile Átha Cliath, 1969).

⁴³ E. Hogan, *Onomasticon goedelicum locorum et tribuum Hiberniae et Scotiae* (Dublin, 1910), lch. 51.

⁴⁴ I nóta chugam ó Ruairí Ó hUiginn, Ollamh na Nua-Ghaeilge, OÉ Má Nuad (6 Iúil 2012).

Faightear an fhoirm (1) **Echarad** san *Onomasticon* ach ní aontaíonn Hogan le Ó Donnabháin maidir le hionannú na háite seo.⁴⁵ De réir an Donnabhánaigh ina eagrán den *ARÉ*, 'The only place near the country of the muintir Maoil-tsinna ... called Aughera, is the parish of Augher, in the barony of Deece, in the county of East Meath.'⁴⁶ De réir Hogan ní raibh an ceart ag Ó Donnabháin agus d'ionannaigh sé an áit seo le: 'Aghara tl. and p. in Cuircne nr. the river Inny, 4 m. NE. of Ballymahon, c. Longford'.⁴⁷ Má leantar na treoracha a thugann Hogan is fíor go bhfaightear an bf. 'Agharra' sa pharóiste den ainm céanna i gContae an Longfoirt.⁴⁸ Chomh maith leis sin deir mo mhaoirseoir An Dr Etchingham i nóta mínithe ar dhréacht na caibidle seo: 'Tá an chosúlacht ar an scéal go bhfuil an ceart ag Hogan nó, ar aon chuma, nach bhfuil an ceart ag an Donnabhánach. Is dóichí gur ghluais Níall Mac Lochlainn síar ó Cheannanas agus ó Ard Breacáin na Midhe go Fobhar Féichín na hIarmhidhe agus gur ionsaigh se Echarad ar a shlí síar go Cluain Mac Nóis.⁴⁹ Ar an ábhar seo cuirtear an fhoirm (1) thuas as an áireamh.

Faightear (69) **Agher/Achair** ar leathanach 27 in *Ainmneacha Gaeilge na mBailte Poist i gCúige Laighean* (1964) ach le réiltín *. Ar leathanach 6 cuirtear in iúl dúinn go gciallaíonn an comhartha diaicritic * amhras a bheith ar an gCoimisiún faoin bhfoirm bhainteach. Faightear 'Agher/Achair' níos déanaí in *Ainmneacha Gaeilge na mBailte Poist* (1969) ach gan aon chomhartha amhrais faoin am seo.

Cé go bhfuil na fianuithe (2,3,7,25) ag cur foirmeacha tríshiollacha in iúl ní mór glacadh leis go bhfuil tromlach na bhfoirmeacha stairiúla thuas ar thaobh na foirme déshiollaí roghnaithe in *AGBP*. Feictear raon mór leaganacha déshiollacha ag tosnú sa bhliain 1402-03 cosúil le (4) 'Aghyr', (6) 'Agher', (9) 'Achy', (11) 'Aghir' agus araile, iad go léir i gcomhréir go réasúnta maith lena chéile, le fianaise an Ainmleabhair thuas agus leis na foirmeacha Gaeilge **Achair** a mholann Laoide (64), Ó Foghludha (67), agus leis an bhfoirm oifigiúil (75) atá deimhnithe in *BLE*.

Amach ó na leaganacha seo faightear (24) 'Aghra', (25) 'Aghira', agus (26) 'Agra', iad go léir ar léarscáileanna. Is suntasach go gcríochnaíonn na trí fhoirm seo leis an tsiolla '-ra' a chuireann i gcomhréir iad le leagan Gaeilge **Achradh** an Donnabhánaigh toisc nár

⁴⁵ *Ibid.*, 393.

⁴⁶ *ARÉ*, iii, 93.

⁴⁷ Hogan, *Onomasticon*, lch. 393.

⁴⁸ *OSi Discovery Series* (3rd edition) uimhir 49.

⁴⁹ Nóta ar dhréacht na caibidle seo ón Dr Colmán Etchingham, OÉ Má Nuad (30 Feb. 2011).

fuaimníodh an 'dh' = /ð/ faoin am seo.⁵⁰ Is fadhb é, áfach, go ndearna cartagrafaihte aithris ar a chéile go rialta. Bheadh gá le tacaíocht ó fhoinsé neamhspleách eile chun creidiúnacht a thabhairt dóibh.

Seans go bhfuil an fhianaise sin sna foirmeacha Laidineacha (2,3) agus b'fhéidir (7) thuas. Le linn dó a bheith ag cur síos ar **Middle-Irish Pronunciation** deir O Rahilly, 'The guttural spirants (Irish *ch* and *gh*) were unknown to the Norman French, hence the difficulty which the writer of the song [The Song of Dermot and the Earl] found in representing them.'⁵¹ Bhí na deacrachtaí céanna ag na scríobhaithe eaglasta ar ndóigh agus a bhí ag na scríobhaithe tuata agus i gcoitinne bhí na bealaí céanna in úsáid chun iad a láimhseáil. Deir O'Rahilly gur lean an córas scríofa céanna go hiondúil sna cáipéisí Béarla ó am an choncais go dtí c. 1350.⁵² Ina alt léiríonn sé:

a) conas a bhí 'ch' nó 'th' in úsáid chun **ch** na Gaeilge a shonrú: tóg mar shamplaí na foirmeacha 'Hachedur' agus 'Athethur' > 'Achadh Úr/Freshford' i gContae Chill Chainnigh, agus

b) conas mar a úsáideadh 'th' freisin chun **th** [**th** glórach atá i gceist, measaim] na Gaeilge a chur in iúl: cuir i gcás an fhoirm 'Mithe' > (Contae na) 'Mí' nó an fhoirm 'Athethur' > 'Achadh Úr'.

Ar bhonn comparáide d'fhéadfaí a mhaíomh gur réadú í an fhoirm (2) 'A**th**(e)**reth**' le guta cúnta e = schwa ar 'Achradh' an Donnabhánaigh san Ainmleabhar thuas i.e. leis an chéad **th** = 'ch' (guttural spirant) agus an dara **th** = 'dh' (dental spirant).⁵³ I ndeireadh na dála is caol an fhianaise seo, áfach, lena bhféadfaí cinneadh lándearfa a dhéanamh.

Is amhlaidh freisin nach raibh an fhianaise luath seo ag an Donnabhánach agus dá bhrí sin ní raibh ach buille faoi thuairim á thabhairt aige leis an leagan 'Achradh' san Ainmleabhar thuas. Sa deireadh thiar mhol sé an fhoirm Béarlaithe **Agher** le greanú ar léarscáileanna na SO. Bhí sé ar tí glacadh leis an litriú **Augher** ach feictear go bhfuil an litir 'u' scriosta le peannluaidhe san Ainmleabhar.⁵⁴ Dála an scéil is cosúil gur réadú 'Augher' ar an ainm deimhnithe **Eochair** i gContae Thír Eoghain.⁵⁵ Dá mbeadh an t-ainm 'Eochair' i gceist anseo bheifí ag súil le rian éigin de sa bhfuaimniú áitiúil ach is é /'ahər/ an foghar seachas

⁵⁰ O' Rahilly, *Irish dialects*, lch. 207.

⁵¹ Idem, 'Notes on middle-Irish pronunciation' in *Hermathena*, xlv (1926), fo-nóta lch. 158.

⁵² Ibid., 167.

⁵³ Ibid., 158.

⁵⁴ Ainmleabhar na SO, *Mí 001*, lch. 1.

⁵⁵ *BLE* faoi 'Eochair' (www.logainm.ie) (16 Márta 2011).

/ɑhər/ mar atá le fáil in aicmitheoir logainm eile faoi 4.16.1, 'Augherskea (/ 'ɑhər ,ski/).

De réir taifead scanáilte in *BLE*, ciallaíonn an logainm **Agher/Achair** 'áit chothrom, is dócha.⁵⁶ Aontaím leis an tuairim 'is dócha' anseo mar ní féidir linn a bheith cinnte maidir le míniú an téarma seo. In Acht na dTeangacha 2003, tugadh comhstádas agus comhfheidhm dlíthiúil d'ainmneacha Gaeilge na mbailte poist (.i. leis na cinn Béarla) ar ordú ón Aire Airgeadais, 'Agher/Achair' ina measc.⁵⁷ Measaim go dtacaíonn formhór na bhfianuithe thuas thar blianta fada ón mbliain 1402/03 amach leis an gcinneadh seo. Moltar **Achair** mar fhoirm Ghaeilge an logainm **Agher**.

4.2 Áth:

De réir Deirdre Flanagan and Laurence Flanagan,

Áth(a) means ford and, where applicable, it is a common element in Irish place-names, from the very beginning of recorded history or pseudo-history. It is, for example, the commonest initial place-name element among places named in Táin Bó Cuailnge, where *Áth Luain* (modern Athlone, Co. Westmeath) and *Áth Troim* (modern Trim, Co. Meath) are two of the most easily identifiable modern places to be mentioned⁵⁸

Dealraíonn sé go bhfuil trí logainm faoi bhráid agam leis an eilimint 'áth' iontu, 4.2.1 **Assey**, 4.2.2 **Athronan** agus 4.2.3 **Ballina**.

4.2.1 **Assey**: par. *Assey* (DI); N87517 60648

Fianuithe:

1)	524	cath Atha Sighe	<i>ARÉ</i> , i, 170 ⁵⁹
2)	528	Bellum Atha Sighe	<i>AU²</i> , p68 ⁶⁰
3)	528	Vadum Segi	<i>PTBA</i> , p136 ⁶¹
4)	528	Cath Atha Sige	<i>Ann. Tig</i> , i, 91 ⁶²
5)	528	Ath-Sighe	<i>CS</i> , p40 ⁶³

⁵⁶ *BLE* faoi taifead scanáilte 2 faoi 'Agher' (www.logainm.ie/mapz) (22 Aibreán 2010).

⁵⁷ An Dr Pádraig Ó Cearbhaill, 'Logainmneacha na hÉireann: cá bhfuil a dtriail?' ([http://www.logainm.ie/Eolas/Data/Brainse/Logainmneacha_na_hEireann_\(caint\).pdf](http://www.logainm.ie/Eolas/Data/Brainse/Logainmneacha_na_hEireann_(caint).pdf)) (25 Aibreán 2010).

⁵⁸ Flanagan & Flanagan, *Irish place names*, lch. 18.

⁵⁹ 'Cath Atha Sighe ria Muirchertach for Laignibh dú in ro marbhadh **Sighe**, Mac Dian, conadh uadha a dirar Ath Sighe' in *ARÉ*, i, 170.

⁶⁰ 'Bellum Cinn Eich ḡ Bellum **Atha Sighe** for Laigniu' in Seán Mac Airt and Gearóid Mac Niocaill (eds), *The annals of Ulster (to A.D. 1131)* pt. 1, text and translation (Dublin, 1983), lch. 68.

⁶¹ 'Plantait aelessiam super Vadum Segi' in Ludvig Bieler (ed.), *The patrician texts in the book of Armagh* (Dublin, 1979), 16 (i), lch. 136.

⁶² 'Cath Atha Sige for Laigniu' in Whitley Stokes (ed.), *Annals of Tigernach* (2 vols, Felinbach, 1993), i, 91

⁶³ 'Cath Cindeich et cath **Atha Sige** for Laigniu. Muircertach mac Earca victor erat.' in William Hennessy (ed.), *Chronicum Scotorum : a chronicle of Irish affairs from the earliest times to 1135, with a supplement containing the events from 1141 to 1150* (London, 1866), lch. 71.

6)	530	Bellum Atha Siche	<i>AI</i> , p68 ⁶⁴
7)	985	co hAth Sighi	<i>Ann. Tig</i> , ii, 345 ⁶⁵
8)	1475/6	Assy	<i>Stat. rolls Edw. IV</i> , 15 & 16, ii, p282
9)	c.1518	Assy, Athy, Asy	<i>Arch. Hib.</i> LXI, pp 331, 336, 342 ⁶⁶
10)	1533	Athsie	<i>de rebus Hibernicis</i> ⁶⁷
11)	1553	Athsie	<i>CPCR Hen VIII-Eliz.</i> , p303
12)	1540	Athsy	<i>Ir. mon. poss.</i> , p297
13)	1540	Athsie	<i>Ir. mon. poss.</i> , p321
14)	1543X1558	Asy	<i>Reg. Dowdall</i> , p262 ⁶⁸
15)	1543X1558	Asye	<i>Reg. Dowdall</i> , p273
16)	1546	Athsye	Griffith, <i>Cal. inq. Hen. VIII</i> , 193
17)	1559	Assee	<i>Carew MS i</i> , p283
18)	1560	Assye	<i>fiant Eliz.</i> , 260
19)	1570	Athsie	<i>fiant Eliz.</i> , 1560
20)	1576	Athesie	<i>fiant Eliz.</i> , 2924
21)	1596	Athshe	<i>Carew MS iii</i> , p195 ⁶⁹
22)	1612	Athy , otherwise Athsey	<i>Pat. rolls 10 James I</i> , p231
23)	1622	Athsey	<i>Ussher's works i</i> , p lxxviii
24)	1631	Assoy	<i>Gormanston papers</i> ⁷⁰
25)	c.1637	Assy	<i>Charles I grant</i>
26)	1640	Assey	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 153
27)	1640	Athsey als Assay	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 153
28)	1654-6	Assy	<i>Civil Survey v</i> , 134
29)	1654-6	Assey	<i>Civil Survey v</i> , 135
30)	1655-9	Assy	<i>Top. index, Petty BN</i> , p61
31)	c.1666	Assey	<i>MS G vi 2, BSD</i>
32)	1685	Assy	<i>Comm. of Grace</i> , p40
33)	16821685	Assy	<i>Dopping</i> , p62

⁶⁴ 'Bellum **Atha Siche**' in Seán Mac Airt (ed.) *Annals of Inisfallen* (Dublin, 1951), lch. 68.

⁶⁵ 'Fuatach scrine Patraic la MaelSechnaill o Ath-Firdiaidh co hAth Sighi ...' in Stokes (ed.), *Annals of Tigernach*, ii, 345.

⁶⁶ Féach fo-nóta 2 thuas.

⁶⁷ 'Harris: Collectanea de rebus Hibernicis' in *Analecta Hib.*, no. 6 (1934), lch. 361.

⁶⁸ Tugann L. P. Murray an nóta seo mar mhíniú: 'Assey par. = Vadum Segi in the *liber Ardmachanus*, Ath Sighe in *On. Gael*' ina eagrán de 'Reg. Dowdall' in *Journal of the County Louth Archaeological Society*, vii, 2 (1930), lch. 262.

⁶⁹ *Calendar of the Carew manuscripts preserved in the archi-episcopal library at Lambeth* (1867), iii. Searchable text in NUIM library catalogue: (http://www.archive.org/details/calendar_of_carewm.) (27 Bealtaine 2010).

⁷⁰ 'Gormanston papers' in *Analecta Hib.*, no. 25 (1967), lch. 165.

34)	1693	Assye	<i>Inq. Leinster Gul. & Mar.</i> , 2
35)	1701	Assey	<i>Gormanston papers</i> ⁷¹
36)	1797	Assey	<i>Beaufort's map</i>
37)	1802	Assey	Thompson surv. (<i>Taylor's map</i>)
38)	1812	Assy	<i>Larkin's map</i>
39)	1814	Assey	Leet, <i>Directory</i> , p13
40)	1837	Assey or Athsy	Lewis, <i>A top. dict.</i> , i, 81
41)	1910	Áth sighe	Hogan, <i>Onomasticon</i> p70 ⁷²
42)	1978	Áth Sighe	Fitzsimons, p6
43)	2003	Áth Sighe	<i>FSAG</i> 1, 154 ⁷³
44)	2011	,a'səi {9,18,19}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mi 063* sa Chartlann Náisiúnta, lch 25

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Assey	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Assey	Beaufort's Map 1797
	Assey	High Commission Survey & Valuation Report
	Assy	Down Survey
	Áth sikh [i bpeann luaidhe]	John O' Donovan
[Pronounced exactly like the English "a sigh" (gemitus).] JOD]	Ath Sighe, 'Sighe's ford	John O' Donovan
1836	Assey	John O' Donovan

Seasann an logainm **Assey** do pharóiste dlí agus baile fearainn laistigh de; déantar trácht ar na fianuithe dóibh le chéile mar tagraíonn siad don logainm céanna. Cuireann Otway-Ruthven in iúl dúinn go ndearnadh paróiste eaglasta de idir 1200 agus 1306 agus go raibh sé tiomnaithe do 'St. Peter's, Trim'.⁷⁴

Is logainm dhá mhíre in ord na Gaeilge é **Assey**. Tugann Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge **Ath Sighe** leis an míniú 'Sighe's ford'. Ní foláir nó gur scrúdaigh sé é go cúramach: 'Let me have all the notices in Colgan, Archdall etc. concerning the situation of

⁷¹ Ibid., 170.

⁷² Locus: Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Corcaigh: *Onomasticon* an Ógánaigh (<http://www.ucc.ie/locus/>) (2 Meitheamh 2010)

⁷³ 'Áth Sighe (*Sighe's ford*) on r. Boyne in td. / par. Assey, b. Lr Deece, MH.' in Pádraig Ó Riain, Diarmuid Ó Murchadha, Kevin Murray (eds), *Foclóir Stairiúil Áitainmneacha na Gaeilge/Historical dictionary of Gaelic placenames. Fascicles 1, 2, 3, 4* (London, 2003-2011), 1, lch. 154 (*FSAG* amach anseo).

⁷⁴ Otway-Ruthven, 'Parochial development of Skreen', lgh. 116-117.

the following places in Meath ... 6. Ath Sighe ...' adeir sé i litir chuig lucht a chúnta.⁷⁵ Is fiú a rá freisin gur scríobh sé an fhoirm Ghaeilge san Ainmleabhar le peann luaidhe. De réir Uí Mhaolfabhail, 'Is é ['píosa breise faisnéise'] a bhíonn an fhoirm Ghaeilge i bpeann luaidhe a scríobhadh, de réir dealraimh, ó chaint na háite'.⁷⁶ Scríobh sé an fhoirm Ghaeilge le dúch ina dhiaidh sin maraon le haistriúchán Béarla, ag cur in iúl gurbh é a thuairim gur foirm údarásach a bhí san fhoirm sin.

Is ainm ársa é **Assey** agus faightear tagairtí dó sna h*Annála* agus foinsí eile a dtráchtann ar an ré réamh-Normannach. Tagraíonn na fianuithe (1-6) do chath san áit seo timpeall 528 (déantar neamhshuim de na miondifríochtaí maidir leis na dátaí). Tagraítear don chath céanna in *AU* '... Bellum Atha sighe for Laighniu. Muirchertach mac Ercae uictor fuit'⁷⁷ agus sa dán 'Aoidhe mo chroidhe ceann Briain' de chuid an fhile Giolla Brighde Mac Con Midhe sa 13ú haois luaitear

*Cath Átha solas Sidhe
do íocsam re hainbhfine*⁷⁸

Faightear tagairt freisin i 'Carn Conaill' sa *Metrical Dindshenchas*: 'Áth Sige Slige, Brí Dam' aistrithe ag Gwynn le 'Ath Sigh of the roads, Bri Dam Dile', ag cur in iúl gurbh acomhal bealaí suntasacha a bhí san áit seo; Deir Mac Con Midhe gurbh 'áth solais' a bhí ann, rud a threisiúnn an pointe sin.⁷⁹ Míniúnn Joyce cén fáth go raibh gá le solas in aice áthanna ach ní fheadair an bhfuil an míniú creidiúnach: 'Rivers were crossed by fords, and to be able to strike exactly on the fordable point was to the traveller always important; while at night, especially on a dark, wet, and stormy night, it became not infrequently a matter of life or death. To keep some kind of light burning on the spot would suggest itself as the most natural and effectual plan for directing travellers ... at least occasionally ...'⁸⁰

Cuireann tagairt (1) ó *ARÉ* in iúl dúinn gur mac le Dian ba é **Sighe**. Aistríonn Ó Donnabháin an tagairt mar seo, 'The battle of Ath-Sighe [was gained] by Muirchertach against the Leinstermen, where Sighe, the son of Dian, was slain, from whom Ath-Sighe is

⁷⁵ Michael Herity (ed.), *Ordnance Survey letters Meath* (Dublin 2001), 217, lch. 83.

⁷⁶ Art Ó Maolfabhail (eag.), *Logainmneacha na hÉireann imleabhar I: Contae Luimnigh* (Baile Átha Cliath, 1991), lch. xvii.

⁷⁷ W. M. Hennessy and Bartholomew Mc Carthy (eds), *Annála Uladh: Annals of Ulster; otherwise annála senait, annals of senat: a chronicle of Irish affairs, 431-1131, 1555-1541* (4 vols, Dublin, 1887-1901), i, lch. 42 (*AU* as seo amach).

⁷⁸ *The Poems of Giolla Brighde Mac Con Midhe*, (ITS, vol. li, Dublin, 1980), líne 41, lch. 146.

⁷⁹ Edward Gwynn (ed.), *Dindshenchas*, Todd lecture series, (5 vols, Dublin, 1903-35 repr. 1941, 1991), iii, 440, 441.

⁸⁰ Joyce, *Irish names of places*, i, 218.

called.¹⁸¹ Agus i bhfo-nóta^t deir sé, 'Ath-Sighe: i.e. the ford of Sighe ... It was originally the name of a ford on the river Boyne, but afterwards the name extended to a church and castle created near it ...¹⁸²

Is follas go leor é mar sin an logainm seo de bharr na bhfoirmeacha Gaeilge (1-7) sna fianuithe. Murach iadsan bheadh sé deacair go leor an fhoirm Ghaeilge a athchruthú ó na foirmeacha Béarlaithe 'Assey', 'Assy', 'Athsie' agus araile sna fianuithe eile (8-40). Tugtar an fhoirm (43) **Áth Sighe** in *FSAG* a réitíonn le foirm Uí Dhonnabháin san Ainmleabhar. Moltar **Áth Sí** mar fhoirm Ghaeilge anseo.

4.2.2 **Athronan:** par. Kilmessan (DI); N89560 55577

Fianuithe:

1)	1384	Athronan	<i>RPCH, 8 Ric. II, p119</i>
2)	1408	Aronan	<i>ICL, CLXV</i> ⁸³
3)	1511	Athronan	<i>TCD, MS 804, fos. 168v-170v</i> ⁸⁴
4)	1560-61	Arronan	<i>fiant Eliz., 313</i>
5)	1574	Arronan	<i>fiant Eliz., 2454</i>
6)	1588-9	Arronan	<i>fiant Eliz., 5315</i>
7)	1596	Athronan	<i>Carew MS iii, p195</i>
8)	1602	Athronan	<i>Griffith Cal. inq. Eliz., 253</i>
9)	1609	? Athronan	<i>Inq. Leinster Jac. I, 6</i>
10)	1624	? Athronan	<i>Inq. Leinster Jac. I, 72</i>
11)	1643	Athronan	<i>Outlaws 1641-47</i> ⁸⁵
12)	1654-6	Athronan	<i>Civil Survey v, 137</i>
13)	1655-9	Athronan	<i>Top. index, Petty BN, (& HD)p61</i>
14)	c.1666	Athronan	<i>MS G vi 2, BSD</i>
15)	1685	Athronan	<i>Petty HD, 7</i>
16)	1812	Athronan	<i>Larkin map</i>
17)	1928	Ath-Ronain	Ó Meachair, p130
18)	1978	Áth Ronáin	Fitzsimons, p6
19)	2010	Áth Rónáin [ND]	logainm.ie

⁸¹ *ARÉ*, i, 171.

⁸² *Ibid.*, i, 171.

⁸³ Eric St John Brooks (ed.), *The Irish cartularies of Llanthony prima and secunda* (Dublin, 1963), lch. 187; Arlene Hogan, *The priory of Llanthony prima and secunda in Ireland 1172-1541: lands, patronage and politics* (Dublin, 2008), lch. 385.

⁸⁴ Luaithe in Brendan Scott, *Religion and reformation in the tudor diocese of Meath* (Dublin, 2006), lch. 149.

⁸⁵ 'Outlaws 1641-47', lch. 353.

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 063* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 12

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Little Athronan	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Athronan	High Commission Survey & Valuation Report
	Athronan	Down Surveyor's
	Ard rónan [i bpeann luaidhe]	John O' Donovan
	Ath Ronáin, 'Ronan's ford, vadum Ronani'	John O' Donovan
1836	Athronan	John O' Donovan

Luaitear dhá bhaile fearainn in *BLE* faoin logainm **Athronan**, ceann amháin i bparóiste *Killeen* i mbarúntacht *Skreen* agus an ceann eile i bparóiste *Kilmessan*, atá faoi bhráid anseo.⁸⁶ Tá siad taobh le taobh agus is ró-dhócha gurbh aonad amháin iad tráth. Tá beagnach 405 acra in 'Athronan', par. *Killeen* agus 76 acra in 'Athronan' idir lámha. **Little Athronan** adeirtear sa Boundary Surveyor's Sketch Map thuas chun idirdhealú a dhéanamh idir é agus an ceann eile atá níos mó.

Is deacair a bheith cinnte cé acu **Athronan** atá á dtagairt sna fianuithe go léir thuas; is dócha gur cuma toisc gurbh aonad amháin a bhí ann tráth de réir dealraimh. Ar aon nós tá na fianuithe (1-16) i gcomhréir go réasúnta maith lena chéile.

Cuireann Ó Corráin and Maguire in iúl dúinn go bhfuil an t-ainm **Rónán** 'Derived from *rón* 'a seal' agus deir siad freisin, ' [that] Rónán was a relatively popular name in early Ireland. According to ecclesiastical sources, there were ten saints of the name.'⁸⁷

Is í an an fhoirm Ghaeilge thrialach a scríobh Ó Donnabháin i bpeann luaidhe san Ainmleabhar ná 'Ard rónan'; ina dhiaidh sin shocraigh sé ar an bhfoirm **Áth Ronáin** scríofa le dúch leis an míniú Béarla 'Ronan's ford/vadum Ronani' ag cur in iúl dúinn go bhfuil an logainm cumtha de dhá eilimint, an phríomheilimint 'áth' agus an cáilitheoir Rónán, ainm pearsanta.⁸⁸ Tá fo-abhainn na Bóinne, an *Skane*, ag gluaiseacht tríd an mbaile fearainn eile faoin ainm seo agus mhíneodh sé cén fáth go raibh 'áth' riachtanach

⁸⁶ *BLE* faoi 'Athronan' (www.logainm.ie/mapz) (5 Nollaig 2010).

⁸⁷ Donnchadh Ó Corráin and Fidelma Maguire, *Irish names* (Dublin, 1981 and 1990), lch. 167.

⁸⁸ Ainmleabhar na SO *Mí 063*, lch. 12.

san áit seo.⁸⁹ Feictear 'Athronan Bridge' ar an abhainn anois.⁹⁰ Faightear an fhoirm Ghaeilge (19) **Áth Rónáin** [ND] in *BLE* agus moltar an fhoirm sin a dheimhniú.⁹¹

4.2.3 **Ballina** or **Bective**: par. *Balsoon* (DI); N86061 49422

Is logainmneacha comhroghnacha iad 'Ballina' agus 'Bective' le haghaidh an bhaile fearainn céanna. Déantar cur síos orthu le chéile anseo, ceann i ndiaidh an chinn eile.

4.2.3.1. **Ballina**

Fianuithe:

- | | | | |
|----|------|-------------------|------------------------------------|
| 1) | 1602 | ?Beallana | <i>fiant Eliz.</i> , 6708 |
| 2) | 1637 | ?Ballina | <i>Inq. Leinster Car.1</i> , 132 |
| 3) | 1671 | ?Ballana | <i>Nugent papers</i> ⁹² |
| 4) | 1978 | Béal an Átha | Fitzsimons, p8 |
| 5) | 2011 | ,baløn'a: {17,18} | fuaimniú áitiúil |

4.2.3.2 **Bective**

Fianuithe:

- | | | | |
|-----|------|--------------------|---|
| 1) | 1554 | ?Bectif | <i>fiant P. & M.</i> , 67 |
| 2) | 1557 | ?Bettyf | Griffith, <i>Cal. inq. P. & M.</i> 11 |
| 3) | 1560 | ?Bectif | <i>fiant Eliz.</i> , 260 |
| 4) | 1574 | ?Bectyff | Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> 43 |
| 5) | 1577 | ?Bectyf | Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> 45 |
| 6) | 1577 | ?Bective | Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> 45 |
| 7) | 1583 | ?Bective | <i>Irish Council book</i> ⁹³ |
| 8) | 1803 | Bective [Deece Lr] | <i>Grand jury</i> , p12 |
| 9) | 1812 | Ballina | <i>Larkin's map</i> |
| 10) | 2011 | 'bektiv {17,18} | fuaimniú áitiúil |

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mi 063* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 20

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Ballyna or Bective	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Béal an átha, 'mouth of the ford'	John O' Donovan
	Béal a natha [i bpeann luaidhe]	John O' Donovan
1836	Ballina or Bective	John O' Donovan

⁸⁹ Ibid.

⁹⁰ *OSi Discovery Series* (3rd edition) uimhir 42.

⁹¹ *BLE* faoi 'Athronan' (www.logainm.ie/mapz) (5 Nollaig 2010).

⁹² John F. Ainsworth and Edward MacLysaght, 'Survey of documents in private keeping' in *Analecta Hib.*, no. 20 (1958), lch. 155.

⁹³ David B. Quinn, 'Calendar of the Irish council book 1581-1586' in *Analecta Hib.*, no. 24 (1967) lch. 141.

Is logainm réasúnta comónta é **Ballina** agus faightear fiche dó de bhailte fearainn faoin ainm seo in *BLE*.⁹⁴ Tá na foirmeacha Gaeilge '**Baile** an Átha' deimhnithe do cheann amháin acu, 'Ballina' i gContae Uíbh Fhailí, '**Béal** an Átha' le haghaidh 'Ballina' i gContae na hIarmhí agus le haghaidh dhá bhaile fearainn agus baile mór den ainm céanna i gContae Mhaigh Eo, agus faightear '**Béal** an **Fheá**' le haghaidh 'Ballina' i gContae na Gaillimhe. Ar an ábhar seo d'fhéadfadh éagsúlacht chéille a bheith ag gabháil leis an dá eilimint san fhoirm Bhéarlaithe 'Ballina'.

Maidir le **Ballina** idir lámha anseo is beag an fhianaise atá aimsithe agam ina leith agus is deacair a bheith cinnte cén 'Ballina' as dhá cheann i gContae na Mí atá i dtagairtí na bhfoinsí thuas. Ach is cinnte gur mhainistir thábhachtach ab ea 'Bective als De Beatitudine' in aice na Bóinne agus bhí gá, dar ndóigh, le háth trasna na habhann ag an bpointe sin. Tá an bf. 'Ballina' faoi chaibidil ar an taobh seo den abhainn agus scríobh Ó Donnabháin 'Béal a natha' i bpeann luaidhe san Ainmleabhar, foirm Ghaeilge tógtha b'fhéidir 'ó chaint na háite'.⁹⁵ Ina dhaidh sin, ag scríobh le dúch, shocraigh sé ar an bhfoirm Ghaeilge údarásach 'Béal an átha' leis an míniú 'mouth of the ford' Is suntasach go bhfuil leath den droichead thar an Bhóinn darb ainm 'Bective Bridge' sa bhaile fearainn seo. Cuireann sé i gcuimhne dúinn an t-údar iomráiteach Mary Lavin agus a bailiúchán gearrscéalta *Tales from Bective Bridge*.

Deir Mac Aodha le linn dó a bheith ag trácht ar an eilimint Áth/Ford, 'The most common combination of all is the form *béal (an) átha* ... [it] occurs in the annals as far back as the twelfth century and became common from the fifteenth century onwards. It signifies 'approach to a ford.'⁹⁶ Glactar leis muna suítear a mhalairt san fhianaise gur réadú é an eilimint Bhéarlaithe 'Ball-' ar an eilimint 'Béal' sa logainm seo.

Mar thacaíocht ar an gcinneadh seo cuireann Eddie Mc Keever, staraí áitiúil in iúl dúinn, 'Ballina means mouth of the ford. Here an old bridge crosses the river ...'⁹⁷ Faoi 'Descriptive Remarks' san Ainmleabhar cuirtear in iúl go bhfuil leithead na habhann 'about 77 yards here, and flows under the bridge through 12 arches of moderate size.'⁹⁸ Moltar **Béal an Átha** mar fhoirm Ghaeilge an logainm **Ballina** anseo.

⁹⁴ *BLE* faoi 'Ballina' (www.logainm.ie) (27 Nollaig 2010).

⁹⁵ Ó Maolfabhail (eag.), *Logainmneacha na hÉireann I*, lch. xvii.

⁹⁶ Mac Aodha, 'The element 'áth/ford' in Irish place-names', lch. 115.

⁹⁷ Eddie Mc Keever, 'History of Kilmessan and its environs (1978)' in *On the banks of the Skayne: A millennium memoir* (Navan 2000), lch. 115.

⁹⁸ Ainmleabhar na SO *Mí 063*.

Is logainm comhroghnach é **Bective** le haghaidh an bhaile fearainn céanna. Tá an baile fearainn seo in aice na Bóinne ar an taobh seo den abhainn, is é sin an taobh thall den pharóiste dlí 'Bective' ina bhfuil an mhainistir cháiliúil 'Bective'. Faoi thionchar ainm na mainistreach is dócha a bronnadh an t-ainm 'Bective' ar an mbaile fearainn seo leis an gcomhainm 'Ballina'. Tugtar an fhoirm Ghaeilge 'Beigthigh' [ND] mar ainm don pharóiste i mbarúntacht na hUaimhe Uachtaraí⁹⁹ agus don bhaile fearainn laistigh de. D'oirfeadh an fhoirm Ghaeilge **Beigthigh** don logainm 'Bective' atá faoi chaibidil freisin.

Le linn dó a bheith ag tagairt don mhainistir deir Mc Keever, staraí áitiúil, 'Bective as it is now called was formerly north of the Boyne and took in Bective Abbey and Robinstown. South of the Boyne was called Ballina or Bective.'¹⁰⁰

4.3 Baile:

Cuireann Jones Hughes é seo in iúl dúinn: 'For the country as a whole *baile* is by far the most numerous element in Irish names and it is also the most varied and flexible in its usage, in that it combines with the greatest number of elements.'¹⁰¹ Bhí Seán Mac Airt den tuairim gur focal réamh-Ghaelach é 'baile'.¹⁰² Bheadh sé deacair é seo a chruthú ach tugann Deirdre Flanagan le fios dúinn gur úsáideadh an téarma 'baile' le haghaidh *place* idir 900 agus 1200 A.D., 'It means 'place', both in the general sense and in a specified sense'¹⁰³ agus tugann sí samplaí, cur i gcás: 'ro ordnestar Oengus macc Ailella is in bali sin/he ordained Oengus son of Ailill in that place.'¹⁰⁴ Léiríonn sí conas a tháinig forbairt ar an dtéarma ina dhiaidh go dtí gur chiallaigh sé *homestead*, 'The weight of the evidence would point to the word baile being used of a settlement before the mid-12th century. The references cited ... are to dwelling-units rather than to land-units; the extension in the application of baile, used of the dwelling-unit of a named family group to baile, the lands of the named family group would be a natural development'¹⁰⁵ Maidir leis seo deir Paul Mac Cotter, 'The *baile* began life as a definition of the basic unit of kinship-based, taxable landholding' agus cuireann sé an cheist seo: 'Can it be a new style was adopted at the same time whereby the associated kin-group also received or adopted a new name-form in Uí X or Mac Y as part

⁹⁹ BLE faoi 'Bective' (www.logainm.ie) (28 Meitheamh 2012).

¹⁰⁰ Mc Keever, 'History of Kilmessan & its environs (1978)', lch. 115.

¹⁰¹ T. Jones Hughes, 'Town and *baile* in Irish place-names' in Nicholas Stephens agus Robin E. Glasscock (eds), *Irish geographical studies in honour of E. Estyn Evans* (Belfast, 1970), lgh. 246-7.

¹⁰² Seán Mac Airt, 'County Armagh, toponymy and history' in *Proceedings of Irish Catholic Historical Committee* (1955), lch. 3.

¹⁰³ Deirdre Flanagan, 'Common elements in Irish place-names: baile' in *BUPNS*, sraith 2, i (1978), lch. 9.

¹⁰⁴ Kathleen Mulchrone, *Bethu Phátraic : The tripartite life of Patrick* (Dublin, 1939) lch. 95u.

¹⁰⁵ Flanagan, 'Common elements in Irish place-names: baile', lch. 9.

of this new or reformed taxation [trícha cét agus baile (biataig)] system?¹⁰⁶

Cé gur fianaise lonnaíochta go príomha an t-ábhar a phléann Mc Erlean seachas fianaise logainmníochta, tagraíonn sé don 'taxation system' réamhluaithe mar seo: '... The Gaelic territory may not have possessed a formal exchequer but it did not lack the apparatus [Baile and Ballybetagh] to levy and collect its full due from its land and the exactions included rents in money and food, compulsory hospitality and the the right to levy the maintenance of mercenaries.'¹⁰⁷ Is í ceist seo na lonnaíochta bun-chúram Doherty freisin agus dealraíonn sé gurb é cuspóir amháin atá aige a thaispeáint go raibh an 'townland system' préamhaithe roimh theacht na nAngla-Normannach. Tagraíonn sé do thaighde Duffy¹⁰⁸ agus Mc Erlean thuasluaite mar seo: 'The outstanding studies of Duffy and the important survey by Thomas Mc Erlean in 1983 have placed the study of the townland on a new plane. This work clearly demonstrated that a uniform system of land division lies behind the townland unit and that it was well in place by the twelfth century.'¹⁰⁹

I dtaca leis seo cáineann Doherty saothar T. Jones Hughes agus Price faoi seach. Deir sé, 'Scholars have been misled by the ideas of Thomas Jones Hughes¹¹⁰ and Liam Price¹¹¹ in seeing the spread of the *baile* as a post-Anglo-Norman phenomenon under the influence of the English *tūn*, hence giving us our townlands.'¹¹² Chun cothrom na féinne a thabhairt do Price ní stair lonnaíochta nó ceisteanna gaolmhara cosúil le eagrú aonad talún agus eagrú córas cánachais a phríomhchúramaí ach ábhar logainmníochta go príomha, mar a thugann teideal a ailt le tuiscint, 'A note ón the use of the word *Baile* in place-names'. Is suntasach freisin go ndeirtear é seo in *FSAG*: 'After 1169 its [baile] usage spread rapidly in areas under Anglo-Norman dominance, being frequently used to translate Old English *tún* (ton/town).'¹¹³

Cathain a thosnaigh úsáid an téarma seo 'baile' mar eilimint bhisiúil i logainmneacha? De réir Price, 'There does not appear to be any evidence of its [baile] use as an element in the

¹⁰⁶ Paul MacCotter, *Medieval Ireland territorial, political and economic divisions* (Dublin, 2008), lch.96.

¹⁰⁷ Thomas Mc Erlean, 'The Irish townland system of landscape organisation' in T. Reeves-Smyth and F. Hammond, *Landscape archaeology in Ireland* (Oxford, 1983), lch 326.

¹⁰⁸ P. J. Duffy, 'The territorial organisation of Gaelic landownership and its transformation in county Monaghan, 1591-1640' in *Ir. Geography*, 14 (1981), lgh. 1- 26.

¹⁰⁹ Charles Doherty, 'The Vikings in Ireland: a review' in Howard B. Clarke, Máire Ní Mhaonaigh and Ragnall Ó Floinn, *Ireland and Scandinavia in the early Viking age* (Dublin, 1998), lgh. 316, 317.

¹¹⁰ Jones Hughes, 'Town & baile in Irish place-names', lgh. 244-58.

¹¹¹ Liam Price, 'A note on the use of the word *baile* in place-names' in *Celtica*, vi (Dublin, 1963), lgh.121-6.

¹¹² Doherty, 'The Vikings in Ireland', lch. 316.

¹¹³ Ó Riain *et al* (eds), *FSAG* (London, 2003-2011), 2, lch. 4.

formation of place-names before the middle of the twelfth century.¹¹⁴ Ag brath ar thaighde Price¹¹⁵ léiríonn Deirdre agus Laurence Flanagan gur úsáideadh é mar eilimint i logainmneacha ó lár an 12ú haois: 'The earliest examples occur in a charter relating to the monastery of Kells, c. AD 1150: Baile Uí Uidrin with the mill and land and Baile Uí Comgain with the land and mill (literally 'the place where the Ó hUidrin/Ó Comgain family was', i.e. their homestead).'¹¹⁶ Measann Liam Price gur tháinig forbairt ar an dtéarma ina dhiaidh sin agus go bhfaightear é i gcumasc le sloinne nó ainm thionónta chun mainéar nó feirm a chur in iúl agus faoin 14ú haois, dar leis, 'it has also come to mean "town", a sense which may be derived from the manor house or court with houses built in and around the courtyard and usually fortified ...'¹¹⁷ Ag déanamh trácht ar na hilmhíthe seo de chuid Price, deir Gregory Toner '... most or all of these meanings were already well established by the twelfth century.'¹¹⁸ Níos déanaí ina chuntas tagraíonn sé don téarma 'baile' mar seo, 'It is a homestead and a farm, a village and a city; a house cluster and a ballybetagh ... The defining characteristic of the *baile* is occupied space, whether by habitation (farmstead, village, town, etc.) or by agricultural land (farm, ballybetagh).'¹¹⁹

Is é 'baile' an eilimint is líonmhaire i logainmneacha Gaeilge, timpeall 10% den iomlán. Seachas an eilimint 'town' is é 'baile' an cáilitheor is minicí, timpeall 10% freisin, ar na logainmneacha atá faoi bhráid anseo. Tá ocht mbaile fearainn i mbarúntacht Dhéise Uachtarach de réir dealraimh le foirm éigin den eilimint 'baile' seachas 'bealach' nó 'béal átha' caomhnaithe ina logainmneacha: **Balfeghan, Ballastran, Ballintoghee, Ballygortagh, Ballymagillin Ballynare** agus **Baltrasna (2)** agus seacht gcinn i mbarúntacht Dhéise Íochtarach: **Balgeeth, Ballinter, Ballynamona, Ballynavaddog (2), Balreask agus Balsoon.**

Is fíor go mBéarlaítear na heilimintí 'béal átha', 'bealach', 'buaile agus 'bile' (go hannamh)¹²⁰ go 'bally' agus leaganacha de. Cuir i gcás Ballyclare < **Bealach** Cláir [D] (Aontraim), Ballyclare < **Béal Átha** Cláir [D] (Uíbh Fhailí) agus Ballyclare < **Baile** an Chláir [ND] (Ros Comáin).¹²¹ Ach i gcoitinne is 'baile' a bhíonn i gceist. Muna dtaispeánann an fhianaise a mhalairt i dtaobh na logainmneacha atá idir lámha de, glactar

¹¹⁴ Price, 'A note on the use of the word *baile* in place-names', lch. 119.

¹¹⁵ Flanagan, 'Common elements in Irish place-names: baile', lch. 8.

¹¹⁶ Flanagan & Flanagan, *Irish place names*, lch.21.

¹¹⁷ Price, 'A note on the use of the word *baile* in place-names', lch. 122.

¹¹⁸ Gregory Toner, '*Baile*: settlement and landholding in medieval Ireland' in *Éigse*, xxxiv (2004), lch. 26.

¹¹⁹ *Ibid.*, 43.

¹²⁰ Féach: 'Ballycoose/Bile Cuas' agus Ballymore/Bile Mór' Contae na Gaillimhe.

¹²¹ *BLE* faoi 'Ballyclare' (www.logainm.ie) (15 Feabhra 2011).

leis gurb é 'baile' is brí leis na haicmitheoirí.

De ghnáth is é an leagan 'bally-' a chuaigh isteach i litriú an Bhéarla mar a tharla sna logainmneacha seo: **Ballygortagh Ballymagillin, Ballynamona, Ballynare,** agus **Ballynavaddog** (faoi dhó). Uaireanta athraíonn 'baile an -' go 'ballin-' mar a tharla leis an logainm **Ballintoghee** (*recte: Ballintogher*). Amanna eile athraíonn 'baile' go 'bal(l)-', mar shamplaí sna logainmneacha seo **Balfeghan, Baltrasna** (faoi dhó), **Balroddan** (*Rodanstown*), **Baldullan** (*Dolanstown*), **Balgeeth, Balreask, Balsoon** agus **Ballastran** de réir dealraimh. Tá cur síos déanta cheana féin ar 'Balroddan' faoin gceannteideal 'Rodanstown' 3.1.39 agus ar 'Baldullan' faoin gceannteideal 'Dolanstown' 3.1.17. Is suntasach an méid ainmneacha ina bhfuil 'Bal(l)' mar réadú ar 'baile' iontu i Laighin thuaidh. De réir ailt gan ainm údair i *Dinnseanchas*,

Is doiligh a rá cén míniú atá ar an aicme seo ainmneacha in aon cheantar amháin. Measann daoine amanna baint a bheith ag na Lochlannaigh leis an scéal toisc na hainmneacha a bheith tréan sa cheantar Lochlannach ó thuaidh de Bhaile Átha Cliath, ach, má tá an ceart ann gur leis an 14ú haois a bhaineas an t-athrú [bally agus araile > bal], mar mheasfadh duine ó fhianaise an ainm sin, ní fhéadfadh sin a bheith amhlaidh. Rud eile is cosúil go síneann na hainmneacha ró-fhada siar, i bhfad isteach i gContae na hIarmhí; agus níl ainmneacha dá sórt le fáil, is cosúil, sna ceantair eile a raibh baint ag na Lochlannaigh leo.¹²²

Is ceist í, fiú amháin, 'an rud é a bhaineas leis an mBéarla féin, rud a tharla i leaganacha gallda na n-ainmneacha, nó an rud é a tharla sa Ghaeilge ...'¹²³ Seo a leanas plé ar na logainmneacha bainteacha leis an eilimint 'baile' iontu.

4.3.1 **Balfeghan:** par. Balfeghan (DU); N88024 41536

Fianuithe:

1)	1487-8	Ballyfeghane	<i>Reg. Alen</i> , p250
2)	1538	Balfeghan	Griffith, <i>Cal. inq.</i> , <i>Hen. VIII</i> , 112
3)	1540-1	Balfeghane	<i>Ir. mon. poss.</i> pp 297
4)	1546	Ballyfeighan	<i>fiant Hen. VIII</i> , 494
5)	1549	Balfiaughan	<i>fiant Edw. VI</i> , 263
6)	c.1553	Ballyfeighan	<i>Fitzgerald of Lackagh lands</i> ¹²⁴
7)	1554	Ballefeghan	<i>fiant P. & M.</i> , 56
8)	1570	Balfeghan	<i>fiant Eliz.</i> , 1663
9)	1576	Balfighan	Griffith, <i>Cal. inq.</i> , <i>Eliz.</i> , 84

¹²² 'As cartlann na logainmneacha' in *Dinnseanchas* (1975) lch. 82.

¹²³ *Ibid.*

¹²⁴ 'Possessions of Lackagh Fitzgeralds' in *Journal of Kildare Archaeological Society*, i (1891-95) lch. 252.

10)	1582	Ballfeaghan	<i>fiant Eliz.</i> , 3945
11)	1594	Balfeighan	<i>fiant Eliz.</i> , 5873
12)	1622	Ballfeigham [sic]	<i>Ussher's works</i> , i, lxxviii
13)	1635	Ballfeighan	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 111
14)	c.1637	Ballyfeighan	Charles I grant, Healy, i, 265 ¹²⁵
15)	1638	Ballfeighan	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 143
16)	1654-6	Ballfechan	<i>Civil Survey v</i> , 158
17)	1654-6	Balfechan	<i>Civil Survey v</i> , 159
18)	1654-6	Ballfechan	<i>Civil Survey v</i> , 157
19)	1654-6	Balfechan	<i>Civil Survey v</i> , 158
20)	1654-6	Ballfechan	<i>Civil Survey v</i> , 158
21)	1654-6	Balfechan	<i>Civil Survey v</i> , 159
22)	1654-6	Balfeghane	<i>Civil Survey v</i> , (<i>Tithes</i>)
23)	1659	Ballfehan	<i>MS 14E 22, Hib. Del. Map</i>
24)	1655-9	Ballfechan	<i>Top. index Petty BN</i> , p4
25)	1655-9	Ballfeaghan	<i>Top. index Petty BN</i> , p77
26)	c.1666	Balfeghan	<i>MS G vi 2, BSD</i>
27)	c.1666	Ballfeighan	<i>MS G vi 2, BSD</i> (index)
28)	c.1666	Balfeaghan	<i>MS 974, BSD</i> , p127
29)	c.1666	Ballfeighan	<i>MS 974 BSD</i> , p127
30)	1682x1685	Balfeighan	<i>Dopping</i> , p238 ¹²⁶
31)	1797	Balfeighan	<i>Beaufort's Map</i>
32)	1795	Balfeighin	<i>Seward, Top. Hibernica</i>
33)	1802	Balfeighan	Thompson surv. (<i>Taylor's map</i>)
34)	1812	Balfeagan [gan /h/]	<i>Larkin's Map</i>
35)	1814	Balfeighan	Leet, <i>Directory</i> , p19
36)	1830	Ballyfeighan otherwise Ballyteighan, Ballyfeckam	<i>Chanc. rolls</i> (1838), I, 14
37)	1836	Balfeighan	<i>Chanc. rolls</i> (1838), XXVII, 21
38)	1837	Balfeighan	Lewis, <i>A top. dict.</i> , i, 101
39)	1978	Baile Fiahcáin	Fitzsimons, p6
40)	2010	Baile Fhiacháin [ND]	logainm.ie
41)	2011	,bal'fehən {2} ,bal'fe:n {3,4}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 102* sa Chartlann Náisiúnta, lgh. 13, 14

¹²⁵ In Healy, *History of the diocese of Meath*, i, 265.

¹²⁶ C. C. Ellison (ed.), 'Bishop Dopping's Visitation Book 1682-1685' in *Ríocht na Midhe*, ii, uimhir 2 (1972), 238 (sa LS).

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Ballfeaghan	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Ballfeaghan	Mr. Wattson
	Balfeighan	Thompson's Statistical Survey
	Ballfeaghan	Applotter of County Cess
	Balfeighan	Mr. J. Connor Land Surveyor
	Ballfeagan	High Commission Survey & Valuation Report
	Balfeaghan	Down Survey
	Ballfeighan	Inq. Temp. Car. I
	Baile Fiachán, 'Feaghan's town'	John O' Donovan
1836	Balfeaghan	John O' Donovan

Seasann an logainm Balfeaghan do pharóiste dlí chomh maith le baile fearainn laistigh de.

Cuireann A. J. Otway-Ruthven in iúl dúinn go ndearnadh paróiste eaglasta de **Balfeaghan** idir 1306 agus 1655 i nDéanacht Tuaithe Scríne, Contae na Mí, agus go raibh sé tiomnaithe do 'St. Peter's, Trim'.¹²⁷ Tugann Cogan é seo le tuiscint dúinn maidir leis an eaglais, 'About a mile north-west from Kilcock, on a rising ground by the wayside, stand the ruins of the ancient church ... There is a tradition that St. Finian of Clonard used to visit this sanctuary ...'¹²⁸

Dealraíonn sé go bhfuil an logainm Béarlaithe seo déanta de dhá eilimint Bhéarlaithe: 'Bal + Feaghan' faoi chomhréir na Gaeilge. Is é **Baile Fiachán** an fhoirm Ghaeilge leis an míniú 'Feaghan's town' a thugann Ó Donnabháin san Ainmleabhar.¹²⁹

Glactar leis gur réadú é an chéad eilimint **Bal** ar an bhfoirm Ghaeilge 'Baile' muna dtaispeántar a mhalairt san fhianaise. I gcás an aicmitheora atá faoi chaibidil faightear an leagan 'Bally' sna fianuithe (1,4,6,36) ach i dtromlach na bhfianuithe is é an leagan 'Bal(l)' a fheictear, leagan an-choitianta i Laighin thuaidh.

Is cosúil gurb é **Fiachán** atá i gceist sa cháilitheoir. Luann Mac Fhirbhisigh an t-ainm pearsanta seo in Ó Muraíle *GBIG* maidir le 'Genealach cloinne Eachach Mc Concla' mar seo, '... Solaman m Fiachan mc Maolfene ...'¹³⁰ agus luann O' Brien an t-ainm Fiaccān

¹²⁷ Otway-Ruthven, 'Parochial development of Skreen', lgh. 117-8.

¹²⁸ Anthony Cogan, *The diocese of Meath: ancient and modern* (3 vols, Dublin, 1867 repr. 1992), ii, 359.

¹²⁹ Ainmleabhar na SO Mí 102, lch. 13.

¹³⁰ Nollaig Ó Muraíle (eag.), *Leabhar mór na ngenealach/The great book of Irish genealogies, compiled (1645-66) by Dubhaltach Mac Fhirbhisigh* (5 vols, Dublin, 2003), ii, 531.10

(Fiachān) san innéacs in *CGH* leis an iontráil seo 'meic Grilline m Fēccāin m. Eircc ...'¹³¹

De réir dealraimh ní hionann an t-ainm seo agus 'Feichín', ainm an naoimh chailiúla comhcheangailte le Tearman Feichín i gContae Lú agus Baile Fhobhair i gContae na hIarmhí.¹³² Mar fhianaise tabhair faoi deara mar shampla, (1) '(Bally)feghane' leis an dara siolla fada ag comharthú /án/ san ainm pearsanta de réir dealraimh. Faightear an fhoirm seo sa bhliain 1487/8 agus más fíor gur giorraíodh an foirceann /án/ go /an/ i nGaeilge na Mí is amhlaidh nár tharla sé i ngach áit ag an am céanna nó b'fhéidir gur coimeádadh é in áitainmneacha níos faide ná sa chanúint i gcoitinne. Sna fianuithe thuas dealraíonn sé go bhfuil an foirceann giorraithe go /an/ go luath sa 16ú haois agus as sin amach.¹³³

Tá an fhoirm Ghaeilge **Baile Fhiacháin** [ND] le fáil in *BLE*.¹³⁴ Níl aon rian den séimhiú ar thúslioir an cháilitheora i bhfianaise an ainm seanbhunaithe seo agus ar an ábhar seo moltar an fhoirm Ghaeilge **Baile Fhiacháin** (NÓM).

4.3.2 **Balgeeth:** par. Assey (DI); N88563 60147

Fianuithe:

1)	1455	Balgeth	<i>Stat. rolls Hen. VI, 33, p318</i>
2)	1547	? Balgethe	<i>fiant Edw. VI, 84</i>
3)	1552	? Balgethe	<i>CPCR Hen VIII-Eliz., p263</i>
4)	1572	? Balgethe	<i>Griffith, Cal. inq. Eliz., 66</i>
5)	1584	Balgeeth	<i>fiant Eliz., 4423</i>
6)	1654-6	Ballgeeth	<i>Civil Survey v, 134</i>
7)	1654-6	Ballygeeth	<i>Civil Survey v 136</i>
8)	1655-9	Ballgeeth	<i>Top. index, Petty BN (& HD), p72</i>
9)	c.1666	Balgeeth	<i>MS G vi 2, BSD</i>
10)	c.1666	Ballgeeth [index]	<i>MS G vi 2, BSD</i>
11)	1685	Ballgeeth	<i>Petty HD 1685, p7</i>
12)	1730	Ballygeeth	<i>Wills, i, 590</i>
13)	1794	Balgeeth	<i>Upton freeholders</i>
14)	1812	Ballgeeth	<i>Larkin's Map</i>

¹³¹ *CGH*, i, innéacs 636 agus 128 a 34.

¹³² Bunachar Tionscadail *Monasticon Hibernicum* faoi 'Feichín' (<http://monasticon.celt.dias.ie/bibliography.php>) (30 Bealtaine 2010).

¹³³ Féach Nicholas William, 'Na canúintí a theacht chun solais' in Kim McCone *et al* (eag/i), *Stair na Gaeilge in omós do Pádraig Ó Fiannachta* (Maigh Nuad, 1994), lch. 468.

¹³⁴ *BLE* faoi 'Balfeaghan' (www.logainm.ie) (30 Bealtaine 2010).

- 15) 1978 **Baile na Gaoithe** Fitzsimons, p7
 16) 2011 **,bal'gi:θ {18}** fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 063* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 28

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Balgeeth	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Balgeeth	High Commission Survey & Valuation Report
	Ballgeeth	Down Survey (Vallencey's map)
	Balgetha	Inq. Temp. Ed. I (Archdall)
	Baile na gaoithe, 'town of the wind'	John O' Donovan
1836	Balgeeth	John O' Donovan

Tá trí bhaile fearainn leis an logainm **Balgeeth** in *GAI*¹³⁵ agus tá siad i gContae na Mí. Dealraíonn sé go bhfuil siad cumtha de dhá eilimint in ord na Gaeilge: 'baile' + 'gaoth', leis an aicmitheoir sa tuiséal ginideach agus i ngach cás díobh tugann Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge **Baile na Gaoithe** leis an míniú 'town of the wind'.¹³⁶ Glactar leis an míniú seo go háitiúil maidir le 'Balgeeth' idir lámha sa mhéid go ndeir staraí áitiúil Eddie Mc Keever: 'In Irish it is Baile na Gaoithe meaning – the town of the wind.'¹³⁷

I ndáil le ceann amháin den trí, áfach, is suntasach gur ionannaigh *Torna Béal Áth Gaoithe* in 'Cín Lae Ó Mealláin' le 'Balgeeth paróiste Burry, barúntacht Ceannannus Uacht.'¹³⁸ I dtaca leis an aicmitheoir sa logainm 'Balgeeth' idir lámha, ní dóigh liom gur 'Béal Átha' nó 'Béal na' atá i gceist ó thaobh tírdhreacha de.¹³⁹ Glactar leis mar sin gur réadú é 'Bal' anseo ar an eilimint Ghaeilge 'Baile'.

Is eilimint chomónta í **gaoth** ('gaoithe' sa tuiséal ginideach) i logainmneacha. (Tugann *eDIL* mínithe éagsúla le 'gáeth/gaoth', mar shampla, '3 ... sea, stream, estuary' ach ní dóigh liom gurb é an chiall seo atá i gceist anseo.¹⁴⁰) De réir Flanagan and Flanagan, '*Gaoth* means 'wind' and features fairly often in place-names in reference to their exposure.'¹⁴¹ Nuair a chuaigh an Béarla i bhfeidhm ar na logainmneacha seo fuarthas na foirmeacha truailithe 'geeha' nó 'gee' de ghnáth mar thoradh; féach na solaoidí, '*Knocknageeha/Cnoc*

¹³⁵ *GAI*, lch. 40.

¹³⁶ Ainmleabhair na *SO Mí 063*, lch. 28.

¹³⁷ Mc Keever, 'History of Kilmessan & its environs (1978)', lch. 111.

¹³⁸ Tadhg Ó Donnchadha, (eag.), 'Cín Lae Ó Mealláin' in *Analecta Hib.*, no. 3 (1931), lch. 19

¹³⁹ *OSi Discovery Series* (3rd edition) uimhir 50.

¹⁴⁰ *eDIL*, litir G colún 14, líne 008 (www.dil.ie) (19 Iúil 2012).

¹⁴¹ Flanagan & Flanagan, *Irish place-names*, lch. 89.

na Gaoithe' [D] (Muineachán), 'Knocknagee/Cnoc na Gaoithe' [ND] (Cill Dara).¹⁴²

Is cosúil gur mhair labhairt na Gaeilge le fada tar éis an 13ú haois sna háiteanna leis an réadú 'geeha' *et var.* (seachas 'geeth' mar shampla) ar 'gaoithe' mar comharthaíonn an fhoirm seo an t-athrú fuaime ó /θ/ go /h/. De réir Mc Manus, 'Is léir ó fhoinsí éagsúla ... go ndearnadh /h/ (> /θ/) de /θ/ sa 13 haois nó níos luaithe ...'¹⁴³ Deir O' Rahilly an rud céanna, '... *th*, originally a dental spirant ceased to be such in the thirteenth century ...'¹⁴⁴

Ar an lámh eile de is áirithe go ndeachaigh an Béarla i bhfeidhm go luath ar logainmneacha ina gcaomhnaítear an fhuaim /θ/. Maidir leis an bhforás seo deirtear faoin teideal 'Irish Dialects' in *The Oxford companion to Irish literature*, '... in the 13th century a form such as gaoithe ('of wind') still had a medial **dental fricative** (broadly *th* as in English *kith*), and this is found preserved in the anglized place-name Ardgaith, Ard Gaoithe ('Windy Hill') in the Srathford district of Perthshire about five miles south of Dunkeld which became English-speaking in the 14th cent ...'¹⁴⁵

Is suntasach freisin go gcuireann O' Rahilly **Balgeeth** san aicme '*Irish th preseserved in English*'¹⁴⁶ Feictear an fhoirm '-geeth' i dtromlach na bhfianuithe thuas, (5-15) chomh maith le (1,2,3) '-geth(e) agus (4) '-geithe' cé nach féidir a bheith cinnte gurb é 'Balgeeth' idir lámha atá sna tagairtí go léir.

Is suntasach chomh maith go bhfuil dhá bhaile fearainn eile i gContae na Mi faoin ainm 'Windtown' faoi seach agus tugtar an fhoirm Ghaeilge 'Baile na Gaoithe' [ND] orthu in *BLE*.¹⁴⁷ Is cosúil go raibh **bualadh na gaoithe** ar áiteanna arda nó nochta sna bailte fearainn seo faoi ainmneacha ar nós 'Windtown' nó 'Balgeeth'. Moltar **Baile Gaoithe** mar fhoirm Ghaeilge an logainm **Balgeeth** anseo.

4.3.3 Ballastran: par. Gallow (DU); N87186 45716

Fianuithe:

1) 1978 **Ballastran** Fitzsimons, p7

¹⁴² *BLE* faoi 'Knocknagee', 'Dungeeha', 'Knocknagee' faoi seach (www.logainm.ie) (30 Samhain 2010).

¹⁴³ Damian McManus, 'An Nua-Ghaeilge chlasaiceach' in Kim McCone *et al* (eag/i), *Stair na Gaeilge in ómós do Pádraig Ó Fiannachta* (Maigh Nuad, 1994), lch. 351.

¹⁴⁴ O' Rahilly, *Irish dialects*, lch. 207.

¹⁴⁵ 'Dialects of Irish' in Robert Welch (ed.), *The Oxford companion to Irish literature* (Oxford, 1993), lch. 147.

¹⁴⁶ O' Rahilly, 'Notes on middle-Irish pronunciation', lch. 179.

¹⁴⁷ *BLE* faoi 'Windtown' (www.logainm.ie) (16 Feabhra 2011).

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 042* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 5

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Balastrum	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Balastran	Lease of the occupying tenant
	Balastrin	Mr. J. Connor Land Surveyor
	Ballas Tram (in Rathcore Ph.)	High Commission Survey & Valuation Report
1836	Ballastran	John O' Donovan

Ní fhaightear an bf. **Ballastran** atá faoi chaibidil anseo sna suirbhéithe den 17ú haois. Is dócha gur cruthaíodh é am éigin idir shuirbhéanna an 17ú haois agus Suirbhé na dTeorainneacha sa 19ú haois. De réir Mc Erlean, 'However, the Ordnance Survey did create some new land units in the 1820s and 1830s, and changes did occur earlier than this. New units were largely made by subdivision within, or by amalgamation of, pre-existing townlands.'¹⁴⁸ De réir dealraimh scaradh an bf. 'Ballastran' le c.56 acra ón taobh thoir den bhaile fearainn *Garadice* le c.941 acra anois.¹⁴⁹

Nuair nach bhfuil aon rud san fhianaise a chuireann in iúl gur réadú é 'Bal' ar 'bealach', 'béal átha' nó 'buaile' glactar leis gur 'baile' an t-aicmitheoir mar a mhaítear anseo.

Ní chuireann Ó Donnabháin aon fhoirm Ghaeilge ar an logainm seo.¹⁵⁰ Tugann Jack Fitzsimons an fhoirm Ghaeilge 'Baile Lestrain' ar logainm cosúil, bf. 'Ballestran', i bparóiste *Stamullen*¹⁵¹ toisc go molann Ó Donnabháin 'Le Stran's town'¹⁵² le haghaidh an bhaile fearainn céanna.

Níl a leithéid de shloinne le fáil i *Sloinnnte Gael is Gall*¹⁵³ ná *The Surnames of Ireland*¹⁵⁴ ná in *A dictionary of English surnames*.¹⁵⁵ Ní bhfuairesas tásca ná tuairisc sna gnáth-fhoinsí meánaoiseacha a thaispeánfadh go raibh sloinne mar seo i measc na n-uaisle nó na mionuaisle i gContae na Mí nó aon áit in Éirinn. Níl sloinne mar seo le fáil sna

¹⁴⁸ Mc Erlean 'The Irish townland system of landscape organisation', lch. 316.

¹⁴⁹ Léarscáileanna stairiúla na SO (<http://maps.osi.ie/publicviewer>) (4 Deireadh Fómhair 2010).

¹⁵⁰ Ainmleabhar na SO *Mí 042*, lch. 5.

¹⁵¹ Jack Fitzsimons, *The plains of royal Meath* (Kells, county Meath, 1978), lch. 5.

¹⁵² *BLE* faoi 'Ballestran' (www.logainm.ie) (22 Feabhra 2011).

¹⁵³ Patrick Woulfe, *Sloinnnte Gael is Gall* (Baile Átha Cliath, 1927).

¹⁵⁴ Edward MacLysaght, *The surnames of Ireland* (Dublin, 1978).

¹⁵⁵ Percy Reaney and William Wilson, *A dictionary of English surnames* (Oxford University Press, revised edition 1997 reissue 2005).

Pagesblanches reatha sa Fhrainc ach an oiread.¹⁵⁶

B'fhéidir mar sin gurb fhoirm thruaillithe é 'Ballastran' idir lámha den logainm 'Baile an tSrutháin'; faightear dhá bhaile fearainn leis an ainm seo in *BLE*.¹⁵⁷ Faightear an bf. **Ballystrahan/Baile an tSrutháin** [molta] i gContae Bhaile Átha Cliath leis an leagan stairiúil *Bally Strane* (an-chosúil le **Balastran** faoi chaibidil) tógtha ó léarscáil Rocque i measc na bhfianuithe i dtaifead scanáilte in *BLE*.¹⁵⁸ Ach de réir léarscáileanna an *EPA*, dealraíonn sé nach bhfuil aon sruthán suntasach sa bhaile fearainn seo a chuirfeadh bun le hainm den saghas 'Baile an tSrutháin'.¹⁵⁹ Cuirtear an logainm **Baile an tSratháin** (srathán = an fhoirm dhispeagtha de srath 'a holm') as an áireamh ar an ábhar seo freisin.¹⁶⁰

Féachaimis ar fhéidearthacht eile. Tá baile fearainn le hainm cosúil, viz. **Ballystrane**, par. *Lusk*, bar. *Balrothery*, i gContae Bhaile Átha Cliath. Ag tagairt don bhaile fearainn seo i dtaifead scanáilte in *BLE*¹⁶¹ luaitear leaganacha stairiúla éagsúla ó na foinsí, ina measc an leagan **Ballastran** atá le fáil i *Petty's Atlas*. Is foirm í atá díreach cosúil leis an logainm á phlé anseo. Moladh an leagan Gaeilge 'Baile an tSrutháin' sa taifead céanna leis an dáta 7/9/72. Ach is suntasach go bhfuil an fhoirm Ghaeilge **Baile Loistreáin** molta anois le haghaidh an 'Ballystrane' seo in *BLE*.¹⁶²

Is é an bhrí a thugann Ó Dónaill i gcomhair **loistreán** var. 'loiscreán' ná 'fire for singeing corn'.¹⁶³ Maidir leis an nós seo in Éirinn deir Arthur Young go bhfaca sé é ag titim amach in aice le Caisleán an Bharraigh: 'Item, they burn corn in the straw, instead of threshing it.'¹⁶⁴ Tá an bf. 'Lackustraun/Leac an Loistreáin' [ND], Maigh Eo agus i 'nóta mínithe' deirtear: 'flat stone of the singed corn'¹⁶⁵ agus deirtear i 'nóta mínithe' eile 'arbhar loiscthe lena ithe' i dtaobh an cháilitheora sa logainm 'Cathair Loistreáin' [D], Gaillimh.¹⁶⁶ Faightear bf. Toorlestraun/Tuar Loistreáin, Sligeach, leis an míniú '... green field of the scorching or burning'.¹⁶⁷

¹⁵⁶ Eolaí teileafóin Idirlín na Fraince (<http://www.pagesjaunes.fr/pagesblanches>) (22 Feabhra 2011).

¹⁵⁷ *BLE* faoi 'Baile an tSrutháin' (www.logainm.ie) (5 Deireadh Fómhair 2010).

¹⁵⁸ *Ibid.*, faoi 'Ballystrahan' (4 Deireadh Fómhair 2010).

¹⁵⁹ Léarscáileanna *Envision an EPA* (<http://maps.epa.ie/InternetMapView/mapviewer.aspx>) (5 Samhain 2010).

¹⁶⁰ Féach an *Shorter Oxford English dictionary* (2 vols, Oxford, 1973, 1993, 2002, 2007), i, 1265.

¹⁶¹ *BLE* faoi 'Ballystrane/Baile Loistreáin' (www.logainm.ie) (4 Deireadh Fómhair 2010).

¹⁶² *Ibid.*, (30 Bealtaine 2010).

¹⁶³ Niall Ó Dónaill, *Foclóir Gaeilge Béarla* (Dublin, 1927), lgh. 797-8.

¹⁶⁴ Arthur Young, *A tour in Ireland 1776-1779*, (2 vols, Shannon, 1970) i, lch. 249.

¹⁶⁵ *BLE* faoi 'Lackustraun' (www.logainm.ie) (6 Iúil 2011).

¹⁶⁶ *Ibid.*, faoi 'Cathair Loistreáin' (6 Iúil 2011).

¹⁶⁷ Taifead las 2: *BLE* faoi 'Toorlestraun' (www.logainm.ie) (28 Meitheamh 2012).

Maidir le 'Ballastran' atá idir lámha anseo tá an fhianaise thuas tearc go leor. I ndáiríre níl ach fianaise ón Ainmleabhar bainteach,¹⁶⁸ is é sin ceithre fhoirm stairiúla, dhá cheann díobh leis an litir 'm' go haisteach ag deireadh. De ghnáth ghlac Ó Donnabháin le foirm an 'Boundary Surveyor' muna raibh cúis mhaith aige. Nior ghlac sé leis sa chás seo de bharr an 'm' deiridh, is dócha.

Is inmheasta gur réadú é 'Ballestran' anseo ar an bhfoirm Ghaeilge 'Baile Loistreáin' agus gur comhshamhláíodh an chéad shiolla de 'loistreáin' agus an dara siolla de 'baile'. Más 'loistreáin' (ginideach 'loistreáin') é an cáilitheoir feictear an forás /án/ > /an/ Béarlaithe, sé sin le giorrú ar an dara siolla sa chás seo.¹⁶⁹

Ar an iomlán measaim gurb í **Baile Loistreáin** an fhoirm Ghaeilge is fearr a thagann leis an leagan Béarlaithe 'Ballastran' agus moltar an fhoirm seo.

4.3.4 **Ballinter:** par. Assey (DI); N88966 61713

Fianuithe:

1)	1540-41	Ballenten [sic]	<i>Ir. mon. poss.</i> , p267 ¹⁷⁰
2)	1596	Ballendell	<i>Carew MS iii</i> , 195 ¹⁷¹
3)	1622	Ballentell	Griffith, <i>Cal inq. A 41</i> , A42 ¹⁷²
4)	1629	Ballintell	Griffith, <i>Cal inq. A 41</i> , A42 ¹⁷³
5)	1633	Ballentell	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 83
6)	c.1640	Ballentiell	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 157
7)	1645	Ballintiell	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 160
8)	1654-6	Ballinter	<i>Civil Survey v</i> , 134
9)	c.1666	Ballinteer	<i>MS G vi 2</i> , <i>BSD</i>
10)	1685	Ballintere	<i>Petty HD</i> , p7
11)	1690	Ballinter	<i>Inq. Leinster Gul. & Mar.</i> , 2
12)	1783	Ballinter	<i>Taylor & Skinner maps</i> , p45
13)	1797	Bellinter	<i>Beaufort's map</i>
14)	1802	Bellinter	Thompson surv. (<i>Taylor's map</i>)
15)	1802	Ballinter [Deece Lr]	<i>Grand jury</i> , p12

¹⁶⁸ Ainmleabhar na SO *Mi 042*, lch. 5.

¹⁶⁹ Féach Williams, 'Na canúintí a theacht chun solais', lch. 468.

¹⁷⁰ 'Extent made at Bectyff 5 Oct. 1540. Jurors ... William Ceyst of Assey, and Richard Syrreaght of Ballenten, true and lawful men of the country' in *Ir. mon. poss.*, lch. 267. Tá an bf. Ballinter i bpar. Assey.

¹⁷¹ *Carew manuscripts*, iii (http://www.archive.org/details/calendar_of_Carewm) (27 Bealtaine 2010).

¹⁷² Griffith, *Cal. inq.*, Appendix 41.

¹⁷³ *Ibid.*, appendix 42.

16)	1812	Balinter	<i>Larkin's map</i>
17)	1814	Ballinter	Leet, <i>Directory</i> , p29
18)	1837	Bellinter	Lewis, <i>A top. dict.</i> , i, 81
19)	1937	Bellinter/Baile Fhinitir	Ó Foghludha, p11
20)	1978	Baile an tSaoir	Fitzsimons, p8
21)	2011	,bel'intər {17, 18}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 063* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 26

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Ballinter	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Ballinter	High Commission Survey & Valuation Report
	Ballintere	Down Survey (Vallancey's map)
	Baile an déil [i bpeann luaidhe]	John O' Donovan
	Villa [...] artificis	John O' Donovan
	Baile an tSaoir, 'town of the carpenter'	John O' Donovan
1836	Ballinter [< 'e' scriosta amach as Ballint(e)er]	John O' Donovan

Tá an bf. **Ballinter** i bparóiste *Assey* in aice Abhainn na Bóinne. Is í an fhoirm Ghaeilge a thugann Ó Donnabháin le haghaidh 'Ballinter' anseo ná **Baile an tSaoir** a réitíonn go réasúnta maith leis na fianuithe (9) 'Ballinteer', (10) 'Ballintere' agus le 'Ballintere' san Ainmleabhar.¹⁷⁴ Rinne Fitzsimons (20) aithris ar Ó Donnabháin mar ba ghnách leis.

Ach de réir dealraimh bhí an Donnabhánach amhrasach faoi dhá rud. Ar an gcéad dul síos bhí sé chun an fhoirm Bhéarlaithe 'Ballinteer' a mholadh le greanú ar mhapaí na SO ach tháinig malairt intinne air agus scrios sé litir /e/ amháin sa siolla deiridh chun socrú ar an bhfoirm **Ballinter**. Maidir leis seo freisin scríobh sé 'Bällintër' san Ainmleabar gan mhíniú ach dar ndóigh ag cur in iúl gurbh é seo an fuaimniú áitiúil a chuala sé leis an bpríomhbhéim ar an siolla /-in-/.¹⁷⁵

Chomh maith leis sin, scríobh sé an fhoirm **Baile an déil** i bpeann luaidhe san Ainmleabhar céanna rud a rinne sí de ghnáth tar éis dul i gcomhairle le cainteoirí Gaeilge na háite.¹⁷⁶ Ní thugann Ó Donnabháin aon mhíniú maidir leis an bhfoirm seo ach

¹⁷⁴ Ainmleabhar na SO *Mí 069*, lch. 26.

¹⁷⁵ *Ibid.*, 29.

¹⁷⁶ Pádraig Ó Cearbhaill, *Logainmneacha na hÉireann II: cill i logainmneacha Co. Thiobraid Árann* (Baile

taispeántar go raibh sé ag ceapadh, b'fhéidir, go mba chóir go mbeadh foirm eile ar an logainm seo seachas 'Ballinter'. Is 'ó chaint na háite' go minic a bailíodh na leaganacha i bpeann luaidhe.¹⁷⁷ Measaim gur fianaise thábhachtach é seo.

I ndáil leis seo freisin is suntasach na foirmeacha stairiúla (2) 'Ballendell' in *Carew MS*, (3, 5) 'Ballentell', (4) 'Ballintell', (6) 'Ballentiell' agus (7) 'Ballintiell' a fheictear in ionchoisní éagsúla an 17ú haois. Mar a léirítear i dtaifead scanáilte uimhir 5 in *BLE*¹⁷⁸ is sa chomhthéacs céanna sna hionchoisní a fhaightear iad, is é sin le linn trácht a bheith á dhéanamh ar dhuine dárbh ainm 'Walter Gouldinge' maidir lena chuid tailte i 'Pierstonlandye ... **Ballintell** ... Donagorren ... **Antellston** ... Diewleecke ... Hawkinston ...'¹⁷⁹

Cé go bhfuil na tailte liostaithe scaipthe amach óna chéile is é an t-úinéir **Walter Gouldinge** an nasc eatarthu. Faightear an duine céanna 'Walter Golding of **Ballendell**', (2) thuas, i measc na n-uaisle agus na mionuaisle a luaitear in 'A perambulation of Leinster, Meath and Louth, of which consist the English Pale' in *Carew MS*¹⁸⁰ Faightear liosta na ndaoine seo faoin teideal 'Dece' [Deece] agus is suntasach go luaitear 'Robert Barnewall of Athshe' [Assey] díreach roimh 'Walter Golding' sa liosta seo toisc go bhfuil an bf. 'Ballinter' i bparóiste *Assey* i mbarúntacht *Deece Lower*.¹⁸¹

Liostaítear (3) '**Ballentell**' i dteannta le 'Antelston ...' in Appendix 42 in Griffith, *Cal. inq.* maidir le 'lease of lands' i Pierstonlandy de chuid 'Walter Goulding'. Chomh maith leis sin luaitear 'Mr Golding of Peirstowne' mar 'proprietor' de (8) **Ballinter** thuas, san *Civil Survey* timpeall 1654-6 ag cur in iúl dúinn go raibh seilbh an bhaile fearainn i bparóiste *Assey* sa chlann fós faoin am sin.¹⁸² Ina thaobh seo féach an taifead scanáilte réamhluaite, uimhir 5 in *BLE* faoin logainm 'Ballinter'. Measaim gur fianaise ríthabachtach an nasc seo - clann Goulding - idir an fhoirm dhéanach **Ballinter** agus an luathfoirm (7) **Ballintiell** *et var.* Is amhlaidh gur dishamhlú é an t-athrú seo /l/ > /r/.

Más é seo a tharla i gcás **Ballinter** < **Ballintiell** b'fhéidir gurb é an sloinne Angla-Normannach **Anquetil** nó leagan de atá i gceist sa cháilitheoir. Tá an t-ainm sa Fhrainc fós

Átha Cliath, 2007), lch. 13.

¹⁷⁷ Ó Maolfabhail (eag.), *Logainmneacha na hÉireann I*, lch. xvii.

¹⁷⁸ *BLE* faoi 'Ballinter' (www.logainm.ie) (11 Meán Fómhair 2010).

¹⁷⁹ *Inq. Leinster 83 Car.* in James Hardiman (ed.), *Inquisitions of the province of Leinster* (Dublin, 1810).

¹⁸⁰ *Carew manuscripts*, iii (http://www.archive.org/details/calendar_of_Carewm) (17 Eanáir 2011).

¹⁸¹ *BLE* faoi 'Ballinter' (www.logainm.ie) (17 Eanáir 2011).

¹⁸² *Civil Survey* v, 135.

– faightear an líon 1451 den fhoirm 'Anquetil' sna *Pagesblanches* inchuardacha gan na leaganacha eile den sloinne a chur san áireamh; is i gceantar *Seine-Maritime* sa Normainn atá an chuid is mó díobh agus b'fhéidir go mbeadh a fhios ag daoine go bhfuil suim acu sa *Tour de France* gur bhuaigh Jacques **Anquetil** an rás seo cúig uair idir 1957 agus 1964.¹⁸³

Tugann Reaney and Wilson na foirmeacha seo den ainm, 'Anketell, Ankettle, Anquetil, Ankill, Antell, **Antill** ... A Norman form of ON *Ásektill*'.¹⁸⁴ De réir de Bhulbh tagann an sloinne ó 'ainm pearsanta Lochlannach : áss (dia) + ketill (citeal), .i. coire íobartha.'¹⁸⁵ I dtaca leis an sloinne sa Fhrainc, deir Ercksen, 'Nom de famille assez fréquent (porté par plus de 1 000 foyers), mais purement normand et souvent originaire de la Manche, vient d'Ansketell, ancien nom norrois, apporté par les Vikings, construit à partir du mot 'ketell' évoquant le chaudron.'¹⁸⁶

Díreach mar a rinneadh socrú ar an ainm '... Ansketell, ancien nom norrois' i bhfóineolaíocht na Sean-Fhraincise, athchóiríodh é níos déanaí i leaganacha tríshiollacha ar nós **Anketell** *et var.* agus i bhfoirmeacha déshiollacha ar nós **Antill** (nó 'Antyl') i mBéarla agus ba mhar sin a tháinig an sloinne isteach anseo leis na hAngla-Normannaigh. Faightear 'Radulfus filius Anketelli' mar bhall den ghild in *DGMR*.¹⁸⁷ Luaitear 'Robert Anketil' (*et var.* 'Anketil', 'Anketille', 'Anketyl'), 'the king's proctor' in *CDI*¹⁸⁸ idir na blianta 1252 agus 1256 agus luaitear an t-ainm céanna idir na blianta 1257 agus 1263 in *Reg. Alen*.¹⁸⁹

Luaitear baile fearainn eile **Antylstown** i bparóiste *Donaghmore* i gContae na Mí sna h-ionchoisní réamhluaithe. Luann Ó Donnabháin an fhoirm chéanna 'Antylstown' leis an míniú seo '**Antyl** is a family name'.¹⁹⁰ Cuireann sé seo in iúl dúinn go raibh an sloinne seo le fáil i gContae na Mí.

Faightear an nóta mínithe seo in *BLE*: 'Is struchtúr an-chomónta i gCo. na Mí é an téarma lonnaithe Angla-Normannach -tún (-town ní ba dhéanaí) á cháiliú le hainm pearsanta nó

¹⁸³ Eolaí teileafóin Idirlín na Fraince (<http://www.pagesjaunes.fr/pagesblanches>.) (17 Eanáir 2011).

¹⁸⁴ Reaney & Wilson, *A dictionary of English surnames*, lch. 11.

¹⁸⁵ Seán de Bhulbh, *Sloinnthe na hÉireann Irish surnames* (Luimneach, 1997), lch. 10.

¹⁸⁶ Jean-Francois Ercksen, *Noms de famille de l'Ouest* (Rennes, 2005), lch. 3.

¹⁸⁷ Philomena Connolly and Geoffrey Martin, (eds), *The Dublin guild merchant roll c.1190-1265* (Dublin, 1992), lch. 15.

¹⁸⁸ *CDI*, ii, doiciméid 11, 235, 238, 493, 523.

¹⁸⁹ Charles Mac Neill (ed.), *Calendar of Archbishop Alen's register c.1172 – 1534* (Dublin, 1950), lgh. 107, 106.

¹⁹⁰ *BLE*: Taifid chartlainne faoi 'Antylstown' (www.logainm.ie) (17 Eanáir 2011; 6 Eanáir 2012)

le sloinne ... agus rinneadh roinnt mhaith de na logainmneacha Béarla seo a ghaelú ar an múnla baile + ainm ...¹⁹¹ Faightear samplaí ar nós 'Ballyhack/Baile Hac' [ND] agus 'Ballyhist/Baile Hoiste' [ND] agus is é is dóichíde gur san aicme seo a chuirfí **Ballinter** (< Ballintell *et var.*)

Maidir leis an aicmitheoir, an bhfuil an mhír 'Ball' nó 'Bell' sna fianuithe thuas ag freagairt do 'baile' sa logainm seo? Tá an baile fearainn seo in aice Abhainn na Bóinne agus b'fhéidir go raibh áth san áit ina bhfuil 'Ballinter Bridge'¹⁹² faoi láthair agus gur readú é 'Ball' nó 'Bell' are an bhfoirm Ghaeilge **Béal (Átha)**. Is suntasach, áfach, go bhfuil an eilimint 'Ball-' le fáil go seasmhach ó 1540 go dtí 1783 agus ghlacfaí leis gur réadú í an fhoirm seo ar 'Baile'.

Más 'Antill *var.* Antyl' thuasluaite an sloinne sa logainm idir lámha ba réasúnta glacadh leis gur réadú iad na foirmeacha luatha 'Ballintell' *et var.* san fhianaise stairiúil thuas ar fhoirm Ghaeilge ar nós 'Baile Aintil' [ND] a thugtar le haghaidh an bhaile fearainn 'Antylstown' réamhluaite i bparóiste *Donaghmore* timpeall ocht gciliméadar slí lastuaidh.¹⁹³ Is léir ón bplé thuas agus go mórmhor nuair a thugtar an bhéim sa logainm faoi deara nach (20) 'Baile an tSaoir' atá i gceist. Moltar an fhoirm Ghaeilge **Baile Aintil** le haghaidh an logainm **Ballinter**.

4.3.5 **Ballintoghee:** par. Agher (DU); N85424 43172

Fianuithe:

1)	1545/6	Ballyntogher	<i>fiant Hen. VIII, 468</i>
2)	1558	? Ballintogher	<i>fiant Eliz., 3181</i>
3)	1600	Ballintougher	<i>fiant 383 Eliz., 6383</i>
4)	1620	Ballentogher	<i>Inq. Leinster Jac. I, 45</i>
5)	1654-6	Ballintogher	<i>Civil Survey v, 156</i>
6)	1657	Ballitogher	facsimile <i>DS barony map</i> ¹⁹⁴
7)	c.1666	Ballytoghter	MS G vi 2, <i>BSD</i>
8)	c.1666	Ballytogher	MS G vi 2, <i>BSD</i> (index)
9)	1720	Ballintogher	MS 5245, <i>Pratt receipts</i>
10)	1747	Ballintohar	MS 5246, <i>Parish book Agher</i>
11)	1749	Ballintougher	MS 5246, <i>Parish book Agher</i>
12)	1722	Ballintogher	MS 5245, <i>Pratt receipts</i>

¹⁹¹ Ibid. faoi 'Ballyhack' (www.logainm.ie) (17 Eanáir 2011).

¹⁹² *OSi Discovery Series* (3rd edition) uimhir 42.

¹⁹³ *BLE* faoi 'Antylstown' (www.logainm.ie) (8 meán Fómhair 2011).

¹⁹⁴ William Petty, *Down survey barony maps: barony of Deece 1657* (facsimile OS 1908).

13)	1812	Ballytoger	<i>Larkin's Map</i>
14)	1978	Baile an Tochair	<i>Fitzsimons</i> , p8
15)	2011	,balən'to:hər {20}	fuaimniú áitiúil
		,balən'to:r {21}	

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mi 001* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 6

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Ballintogher	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Ballintogher	Rev. John Kellett, Rector
	Ballintogher	John Pratt Winter esq.
	Balitogher	Down Survey Map
	Ballytoger	Applotter of County Cess
	Ballytoger	High commission's Survey & Valuation Report
	Ballintogher	Inq. Temp. Jac. I
	Ballintogher	Inq. Temp. Jac. I
	Baile an tochair, 'town of the Causeway'	John O' Donovan
1836	Ballintogher	John O' Donovan

Tugann an tAinmleabhar leaganacha éagsúla de 'Ballinto(u)gher' ó na foinsí éagsúla le haghaidh an bhaile fearainn seo.¹⁹⁵ Ní luaitear an leagan **Ballintoghee** orthu, sé sin an leagan a fhaightear ar léarscáileanna na SO mar ainm an bhaile fearainn seo.¹⁹⁶ Ní foláir nó gur botún é mar is amhlaidh gur réadú iad na foirmeacha stairiúla thuas (1) '-togher' agus araile ar an téarma Gaeilge 'tóchar'. Féach (15) an fuaimniú áitiúil freisin.

Tugann Flanagan and Flanagan le tuiscint dúinn gur eilimint chomónta é **tóchar** chomh maith leis an eilimint 'ceis' le haghaidh **causeway** i logainmneacha agus go mBéarlaítear é de ghnáth mar 'togher'. Deir siad, 'It is not clear what the exact distinction between a *ceis* and a *tóchar* is, though the wickerwork associations of *ceis* suggest that *tóchar* might be the fitting term for the big wooden roadway, two kilometres long, built of great wooden planks laid edge to edge on supporting longitudinal runners ... found at Corlea, Co. Longford.'¹⁹⁷ Is é is brí le 'tóchar de réir Vendryes ná 'chemin, chaussée ... chaussée établie sur une torubiére ...'¹⁹⁸

¹⁹⁵ Ainmleabhar na SO *Mi 001*, lch. 2.

¹⁹⁶ *OSi Discovery Series* (3rd edition) uimhir 42; léarscáileana na SO (<http://maps.osi.ie/publicviewer/>) (17 Feabhra 2011).

¹⁹⁷ Flanagan & Flanagan, *Irish place names*, lch. 154.

¹⁹⁸ Vendryes, *Lexique étymologique*, T-85.

Míníonn Joyce cén fáth go raibh gá le **tóchar** fadó, 'In early ages, before the extensions of cultivation and drainage, the roads through the country must have often been interrupted by bogs and morasses, which when practicable, were made passable by causeways ...'¹⁹⁹ De réir léarscáileanna agus nótaí an *EPA* is 'Deep poorly drained mineral' le 'Surface water gleys, ground water gleys' atá i gcuid mhaith, timpeall 50% d'ithir an bhaile fearainn faoi chaibidil ag cur in iúl dar ndóigh go raibh gá le 'tóchar' san áit seo.²⁰⁰

Faightear an t-ainm **Ballintogher** ar ocht mbailte fearainn in *GAI*²⁰¹ leis an bhfoirm Ghaeilge 'Baile an Tóchair' deimhnithe nó molta le haghaidh an chuid is mó díobh in *BLE*.²⁰² I dtaca le 'Ballintoghee' ['Ballintogher'] atá faoi chaibidil anseo tugann Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge 'Baile an Tochair' freisin leis an míniú 'town of the causeway'.

An féidir linn a bheith cinnte, áfach, gurb é **Baile** an t-aicmitheoir sa logainm idir lámha? Faightear líon mór aicmitheoirí leis an gcáilitheoir 'togher/an tócha(i)r'.²⁰³ Is suntasach, áfach, nach bhfaightear 'Béal (Átha)' nó 'Buaille' nó 'Bealach' ina measc. Glactar leis gur réadú 'Bally' *et var.* ar 'Baile' sa logainm idir lámha muna dtaispeántar a mhalairt san fhianaise.

De réir cosúlachta ba bhotún greanadóireachta é an fhoirm 'Ballintoghee' i gceanncheathrú na SO tar éis obair Uí Dhonnabháin agus a lucht cúnta sa ghort agus Suirbhé na dTeorainneacha roimhe sin agus is é an t-ainm sin atá ar an mhapa sé orlach agus ar mhapaí sa SO ó shin i leith.²⁰⁴ Dar ndóigh níor tharla sé seo ach go hannamh. Tugann Andrews sampla eile, ' ... "Isaacs Bridge" got engraved on sheet 11 of the map of county Wexford before it was discovered to be a mishearing of "Essex Bridge".'²⁰⁵ Sampla eile is ea 'Orange Hall', greanta in ionad 'Grange Hall' (NÓM).

De réir áitreoitheora is é **Ballintogher** an t-ainm a nglaoití ar an mbaile fearainn seo. Tacaíonn na fianuithe (1-12) leis an leagan seo agus moltar an fhoirm Ghaeilge **Baile an Tóchair** dá réir.

¹⁹⁹ Joyce, *Irish names of places*, i, 374.

²⁰⁰ Léarscáileanna *Envision an EPA* faoi 'Ballintoghee' (<http://maps.epa.ie/InternetMapView/mapviewer.aspx>) (17 Eanáir 2011).

²⁰¹ *GAI*, lch. 551.

²⁰² *BLE* faoi 'Ballintogher' (www.logainm.ie) (1 Nollaig 2010).

²⁰³ Ibid. faoi 'An Tóchar': ainmneacha cosúla (17 Feabhra 2011).

²⁰⁴ Royal Irish Academy: RR Recess Case 5 Original OS 6-inch maps for county Meath.

²⁰⁵ J. H. Andrews, *A paper landscape: the Ordnance Survey in nineteenth-century Ireland* (Dublin, 2nd edition, 2002), lch. 121.

4.3.6 **Ballygortagh:** par. Kilmore (DU); N86813 47739

Fianuithe:

1)	1547	Ballygortagh	<i>fiant Edw. VI, 134</i>
2)	1578	Balligurtaughe	<i>fiant Eliz., 3242</i>
3)	1588	Ballegortaghe	<i>fiant Eliz., 5206</i>
4)	1655-9	Balgarty	<i>Top. index Petty BN, p64</i>
5)	1659	Balliarly	<i>MS 14E 22 Hib. Del. Map</i>
6)	1662	Ballygortagh	<i>Inq. Leinster Car. II, 1</i>
7)	c.1666	Balgarty	<i>MS G vi 2, BSD</i>
8)	c.1666	Ballgarty [index]	<i>MS G vi 2, BSD</i>
9)	c.1666	Ballygarty	<i>MS 974, BSD, p122</i>
10)	c.1672	Balliarty	<i>Top. index Petty HD, p64</i>
11)	1716	Ballygortagh	<i>Wills, i,103</i>
12)	1773	Ballygortagh	<i>Registry deeds, v354, 256</i>
13)	1812	Ballygortagh	<i>Larkin's map</i>
14)	1974	Ballygortha	Moynalvey cemetery
15)	1978	Baile gortach	Fitzsimons, p10
16)	2011	,bali'gorθə {18}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 065* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 39

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Ballygurtagh	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Ballygortagh	Map of Lord Longford's Estate
	Balligortagh	High Commission Survey & Valuation Report
	Ballygurtagh	Rev. E.J. Gregory rector
	Ballygortaugh	Applotter of county Cess
	Balgarty	Down Survey
	Ballygurtagh	Inq. Temp. Car. II
	Baile gortach, starving or penurious town	John O' Donovan
1836	Ballygortagh	John O' Donovan

De réir cosúlachta is logainm dhá mhíre é **Ballygortagh** faoi struchtúr comónta na Gaeilge 'ainmfhocal + cáilitheoir' leis an aicmitheoir 'Baile' cáilithe sa chás seo ag an aidiacht 'gortach'. Is é **Baile gortach** an fhoirm Ghaeilge leis an míniú 'starving or penurious town', adeir an Donnabhánach san Ainmleabhar.²⁰⁶

²⁰⁶ Ainmleabhar na SO *Mí 065*, lch. 39.

Níl ach dhá bhaile fearainn den ainm seo in *GAI*, an ceann seo i gContae na Mí agus an ceann eile i gContae Roscomáin.²⁰⁷ Tugann Joyce an míniú céanna agus a thugann an Donnabhánach, '**Ballygortagh** in Meath and Roscommon: *Baile-gortach*, hungry or starved townland; probably from the quality of the land.²⁰⁸ Níl aon fhoirm Ghaeilge deimhnithe dóibh in *BLE*.²⁰⁹

Le linn dó a bheith ag plé bunúis logainmneacha deir T. Jones Hughes, '... we notice that they tell us little about the social and economic conditions which prevailed locally at the time when they were bestowed. We find few references to crops and livestock or to patterns of land occupation. Names which refer specifically to social groups such as Ballynamought (Bantry barony, Cork), 'place of the poor people' ... are very rare.'²¹⁰ Is dócha go bhfuil 'Ballygortagh' san aicme seo.

Tá an dara heilimint 'gortagh' follas go leor mar réadú ar an bhfoirm Ghaeilge **gortach** agus measaim go bhfuil an ceart ag Ó Donnabháin nuair a thugann sé an bunús seo leis an míniú 'starving or penurious' san Ainmleabhar thuas. Mar thacaíocht leis seo tugann *eDIL* na 'Keywords hungry, starving 'faoin bhfocal 'gortach'.²¹¹ Ag fágaint na foirme (5) 'Balliarly' as an áireamh freagraíonn na foirmeacha (1,11) '-gortagh', (2) '-gurtaughe', (3) '-gortaghe', (6,12) '-gurtagh' agus fiú (4,7,8) '-garty' (4,7, 8) go réasúnta maith do 'gortach' an bhunleagain Gaeilge. Tá an foirceann '-agh' balbh i gcaint na ndaoine ach is spéisiúil go bhfuil an fhuaim /th/ le haghaidh an 't' meánach in úsáid go forleathan. Tabhair faoi deara (16) an fuaimniú áitiúil ,bali'gorθə agus chonaic mé an litriú 'Ballygorthagh' ar leac uaigne dátaithe 1978 i reilig *Moynalvey*.

Ach an réadú é an chéad eilimint 'Bally' ar an bhfocal **baile nó bealach**? Feictear an sliocht seo sa *Schools' Manuscript Folklore Collection 1937-38* a scríobh dalta anaithnid ag cur síos dó ar dhá theach neamhghnácha darbh ainm 'The Balloons' ar an sean-bealach isteach do dhiméin an Tiarna Langford: '...The narrow road to the right of the Balloons is "Ballygortha" and this was the main road to Dublin in olden times.'²¹² D'fhéadfaí tuairimiú go raibh an dalta ag tagairt do bhóthar nó bealach sa sliocht seo leis an gciall 'An Bealach

²⁰⁷ *GAI*, lch. 82.

²⁰⁸ Joyce, *Irish names of places*, iii, lch. 89.

²⁰⁹ *BLE* faoi 'Ballygortagh' (www.logainm.ie) (1 Nollaig 2010).

²¹⁰ Jones Hughes, 'Town & baile in Irish place-names', lch. 246.

²¹¹ *eDIL*, litir G colún 140, líne 003 (www.dil.ie) (29 Aibreán 2010).

²¹² *The schools' manuscript folklore collection 1937-38*, vol 689, lch. 351 faoi 'Gallow school'.

Gortach' ach deir áitritheoirí liom gur 'Baile' atá i gceist.

Is mar 'Balla' nó 'Ballagh' de ghnáth a bhéarlaítear 'Bealach'. Nuair is 'Bealach' atá i gceist mar cháilitheoir in áitainmeacha na Mí is í an fhoirm Bhéarlaithe 'Ballagh' a fhaightear de ghnáth. Cuir i gcás na solaoídí seo le foirmeacha Gaeilge Uí Dhonnabháin, 'Ballaghtweary /Bealach a' Mhaighre', 'Ballaghtalon/Bealach Taileán' agus 'Ballaghboy-or-fordstown /Bealach Buí'. Dála an scéil, tá 'Ballaghboy' eile par. *Athboy* ar a nglaoon Ó Donnabháin 'Buailidh Bhuidhe', foirm Ghaeilge tugtha dó ag 'Michael Maguire of Trim born in 1750'.²¹³ Dála an scéil, níl aon cheann díobh siúd deimhnithe in *BLE*.²¹⁴ Is amhlaidh mar sin gur 'baile' atá i gceist sa logainm 'Ballygortagh' agus moltar **Baile Gortach** mar fhoirm Ghaeilge.

4.3.7 **Ballymagillan:** par.Moyglare (DU); N91937 41709

Fianuithe:

1)	1588	Gillianstoun	<i>fiant Eliz., 5206</i>
2)	1654-6	Ballimagillan	<i>Civil Survey v, 153</i>
3)	1654-6	Ballmagillan	<i>Civil Survey v, 156</i>
4)	c.1666	Ballymagillane	<i>MS 974, BSD, p125</i>
5)	1812	Ballymagillan	<i>Larkin's map</i>
6)	1835	Ballimagillane	<i>Chanc. deeds (1840), 86, p19</i>
7)	1978	Baile Mhic Gillin	<i>Fitzsimons, p10</i>
8)	2011	,balimə'gilən {17}	<i>fuaimniú áitiúil</i>

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 078* sa Chartlann Náisiúnta, 29

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Ballymagillan	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Ballymag[i]llan nó [doiléir]	Rev. Ardagh, Protestant Rector
	Ballymagillen	Rev. J. Lynch, R.C. Rector
	Ballymagilain	High Commission Survey & Valuation Report
	Baile mic gillín, Mac Gillin's town	John O' Donovan
1836	Ballymagillin	John O' Donovan

Tá dhá bhaile fearainn faoin ainm **Ballymagillin** agus tá siad araon i gContae na Mí,

²¹³ Taifid chartlainne in *BLE* faoi 'Ballaghtweary', 'Ballaghtalion', 'Ballaghboy/Fordstown', 'Ballaghboy' faoi seach. (www.logainm.ie) (2 Nollaig 2010).

²¹⁴ Ibid.

ceann amháin i mbarúntacht *Dunboyne* agus an ceann eile faoi bhráid anseo. Dealraíonn sé gur 'baile + sloinne' an struchtúr atá i gceist agus is í an fhoirm Ghaeilge 'Baile Mic Gillín' leis an míniú 'Mac Gillin's town', a thugann Ó Donnabháin san Ainmleabhar.²¹⁵

Is foirm Bhéarla an fianú is sine a d'aimsigh mé (1) **Gillianstoun** i bh*fiant Eliz.* sa bhliain 1588. Ó shoin i leith is foirmeacha Gaeilge atá san fhianaise stairúil ach iad a bheith i riocht an Bhéarla, mar shampla, (2) 'Ballimagillan'.

Is cruthúnas é (1) 'Gillianstoun' gurb é an eilimint **Baile** an t-aicmitheoir sna foirmeacha Béarlaithe. Faightear an tagairt seo i gcomhthéacs dlúth go leor sa i bh*fiant 5026 Eliz.*; is féidir linn a bheith muiníneach as ó thaobh aitheantais de go mórmhór nuair a chuimhnimid go bhfuil an bf. 'Ballymagillan' i bparóiste *Moyglare*. Seo a leanas cuid de: 'Pardon to Johanna Hussy ... of all alienations and intrusions in the manor of Moyglare, and the lands of Bryanston, **Gillianstoun** ...'²¹⁶ leantar le hainmneacha bailte fearainn sa pharóiste (mainéar) sin. Más 'Baile' é an t-aicmitheoir cad faoin sloinne?

D'fhéadfadh an **sloinne** a bheith Gaelach nó eachtrannach. Tugann de Bhulbh an fhoirm, 'Mac Gillan, -en; rare: Tyrone-Derry-Donegal etc. Ir. *Mac Gileáin*, perhaps from *geal*, bright but preferably from *giollán* 'little lad' agus an fhoirm 'Mc Gillion, -ian: fairly rare: Tyrone-Derry-Antrim, variant of Mac Gillan'.²¹⁷ Is cosúil go bhfuil foirm amháin thuas (4) Ballymagillane in *BSD* le siolla fada deiridh ag freagairt don fhoirm Ghaeilge 'Mac Gileáin' réamhluaithe. Ach níl aon fhianaise neamhspleách chun tacú leis an bhfoirm seo.

Más é 'Gilliantoun' an fhoirm bhunúsach is sampla é de logainm a Gaéliodh agus is é is dóichí gurb é an **sloinne** 'Gillian' eachtrannach atá i gceist. Luann Reaney and Wilson leaganacha éagsúla den sloinne 'Gillian' agus deir siad gur 'Colloquial pronunciations of *Julian*, or more commonly *Juliana*' atá ann; is é an fhianaise is luaithe a thugann siad ná *Giliana* 1198 in Feet of Fines.²¹⁸

De réir na bhfianuithe (2-6) thuas ar aon nós is inmheasta gur Gaelaíodh an logainm ón 17ú haois amach. Moltar **Baile Gillian** mar fhoirm Ghaeilge an logainm seo.

²¹⁵ Ainmleabhar na SO *Mí 078*, lch. 29.

²¹⁶ *The Irish fiants of the Tudor sovereigns during the reigns of Henry viii, Edward VI, Philip & Mary, Elizabeth I* with a new introduction by Kenneth Nicholls and preface by Tomás G. Ó Canann (Dublin, 1994), *fiant 5206 Eliz.*

²¹⁷ de Bhulbh, *Sloinnnte uile Éireann*, lch. 338.

²¹⁸ *Ibid.* lch 191.

4.3.8 **Ballynamona:** par. Galtrim (DI); N86169 51580

Fianuithe:

- | | | | |
|----|--------|-----------------------------|----------------------------------|
| 1) | 1547-8 | Ballynemone | <i>fiant Edw. VI, 164</i> |
| 2) | 1632/3 | ? Ballynemony | <i>Inq. Leinster Car., I, 77</i> |
| 3) | 1978 | Baile na Móna | Fitzsimons, p11 |
| 4) | 2011 | , balənə 'mo:nə {13} | fuaimniú áitiúil |
| | | , balnə 'mo:nə {5} | |

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 067* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 35

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Ballynamona	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Ballynamona	Mr. R. Parsons
	Ballynamona	Tenants Receipts
	Baile na móna, 'town of the bog'	John O' Donovan
1836	Ballynamona	John O' Donovan

Más ceart don Donnabhánach leis an míniú san Ainmleabhar thuas 'Baile na móna, town of the bog' le haghaidh **Ballynamona** is logainm é den chomhdhéanamh coitianta 'Noun + definite article + qualifying Genitive' .i. 'Baile + na + móna'.²¹⁹

Tá daichead a cúig de bhailte fearainn faoin ainm **Ballynamona** in *GAI* seachas na samplaí cáilithe le aidiacht cosúil le 'Ballynamonabeg'.²²⁰ Agus tá cuid mhaith díobh, ocht gceann déag, leis an bhfoirm Ghaeilge **Baile na Móna** [D] in *BLE* agus tá formhór na gceann eile leis an bhfoirm seo molta nó neamhdheimhnithe; tá trí bhaile fearainn leis an ainm 'Ballynamona' i gContae na Mí ach ní mholtar aon fhoirm Ghaeilge dóibh fós.²²¹

Is ródhócha gurb é 'baile' an t-aicmitheoir de bharr na foirme Béarlaithe 'Bally' atá le fáil san fhianaise stairiúil thuas.

Faightear an cur síos seo i nótaí/léarscáileanna an *EPA* maidir le cuid (níos lú ná 10%) den bhaile fearainn **Ballynamona** atá faoi chaibidil: 'Cód 65; Parent material: Cut; Type Group: Peats; Description: Cutaway/cutover peat; Soil Group: Basin Peats, Blanket Peats

²¹⁹ Féach: Gregory Toner, 'The definite article in Irish place-names' in *Nomina*, xxii (1999), lch. 1.

²²⁰ *GAI*, lgh. 112, 113.

²²¹ *BLE* faoi 'Ballynamona' (www.logainm.ie) (2 Nollaig 2010).

(some)'.²²² Tá an chuid talún seo in iardheisceart an bhaile fearainn; ba réasúnta glacadh leis gur mar gheall ar seo a thabharfaí an t-ainm 'Ballynamona' go meatonaimeach don bhaile fearainn iomlán. Is suntasach freisin go bhfeictear 'turf bog' ar léarscáil Petty a chomhréiríonn leis an áit seo de réir cosúlachta.²²³

Is suntasach freisin go bhfuil bf. 'Monenstown' lastuaidh de 'Ballynamona' agus tugann Ó Donnabháin an t-ainm 'Baile Móinín' leis an míniú 'town of the little bog' le haghaidh an bhaile fearainn seo. Chomh maith leis sin deirtear san Ainmleabhar faoi 'Descriptive Remarks' i ndáil le **Ballynamona** faoi bhráid anseo, 'It is nearly all pasture, **with some bog** and some planting. Is í an fhoirm Ghaeilge 'Baile na móna' leis an míniú 'town of the bog' a thugann Ó Donnabháin freisin le haghaidh an logainm seo.²²⁴ Ní dóigh liom gur féidir an bunús nó an míniú sin a shéanadh. Dá bhrí sin moltar **Baile na Móna** mar fhoirm Ghaeilge an logainm seo.

4.3.9 **Ballynare:** par. Culmullin (DU); N94612 45457

Fianuithe:

1)	1654-6	Ballenarr	<i>Civil Survey</i> v, 146
2)	1654-6	Ballinarre	<i>Civil Survey</i> v, 147
3)	1654-6	Ballynarr	<i>Civil Survey</i> , v, 151
4)	1655-9	Ballmure [sic]	<i>Top. index Petty BN</i> , p95
5)	1611	Ballynarr <i>in b. de Deece</i>	<i>Inq. Leinster Car. II</i> , 7
6)	c.1666	Ballinar	MS 974, <i>BSD</i> , p120
7)	1812	Ballynare	<i>Larkin's map</i>
8)	1978	Baile an Fhéir	Fitzsimons, p12
9)	2011	,balə'ne:r {11} ,baljə'ne:r {17}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 065* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 1

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Ballinar	Down Survey Reference
	Ballinuer	Down Survey Map
	Ballynare	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Ballynare	Michael Bruton

²²² Léarscáileanna *Envision an EPA* faoi 'Ballynamona' (<http://maps.epa.ie/InternetMapView/mapviewer.aspx>) (2 Nollaig 2010).

²²³ Petty, *Down survey barony maps*.

²²⁴ Ainmleabhar na SO *Mí 067*, lch. 35.

	Ballinere	Applotter of County Cess
	Ballynare	Mr J. Connor Land Surveyor
	Ballynarre	High Commission Survey & Valuation Report
	Ballynarr	Inq. Temp. Car. II
	Baile an fhéir, 'town of the grass'	John O' Donovan
1836	Ballynare	John O' Donovan

Is baile fearainn beag de 25 acra é **Ballynare** le teorainneacha rialta.²²⁵ Tugann an Donnabhánach an fhoirm Ghaeilge 'Baile an fhéir' leis an míniú 'town of the grass' le haghaidh an logainm seo.²²⁶ Ar an ábhar seo dealraíonn sé gur logainm é faoi struchtúr comónta na Gaeilge 'Noun + definite Article + qualifying Genitive' .i. 'Baile + an + fhéir'. Níl ach baile fearainn amháin faoin logainm seo in *GAI*²²⁷.

Glactar leis gur réadú é 'Bally' ar an aicmitheoir 'baile' muna suítear a mhalairt san fhianaise. Maidir leis an gcáilitheoir cuirtear (4) 'Ballymure' as an áireamh mar is amhlaidh gur tuaipis litrithe é. De réir foirmeacha na bhfianuithe (1,2,3) in *Civil Survey v*, (5) ó na hionchoisní agus (6) ón *BSD* bheifí ag smaoineamh b'fhéidir ar an eilimint **ár/ slaughter** mar cháilitheoir.

Faightear **ár** mar cháilitheoir i logainmeacha uaireanta, mar shampla, 'Droim Áir/Drumar' [D] i gContae Mhuineacháin, 'Lorga an áir/Lurganare' i gContae an Dúin, 'Cnoc an Áir/Knockanare', i gContae Chorcaí. D'féadfaí an eilimint **ar/tillage**²²⁸ a chur san áireamh freisin leis an bhfoirm **Baile an Air** (NÓM) mar bhunús an logainm seo.

Ar an lámh eile de más réadú é an dara siolla (7) '-nare' ar an gcáilitheoir 'an fhéir' ar léarscáil Larkin bheifí ag súil le talamh féaraigh san áit seo. De réir léarscáileanna an *EPA* is faoi chód 31 a fhaightear ithir an bhaile fearainn seo: 'Deep poorly drained mineral – Derived from mainly non-calcareous materials' agus faoi 'Soil Group' deirtear 'Surface water Gleys, Ground water Gleys'. Is dócha gur féidir talamh féaraigh a chothú sa chineál seo talún le cóireáil mhaith feirmeoireachta. San Ainmleabhar deirtear go bhfuil an baile fearainn seo, 'mainly under pasture'.²²⁹

²²⁵ Léarscáileanna stairiúla na SO (<http://maps.osi.ie/publicviewer>) (3 Nollaig 2010)

²²⁶ Ainmleabhar na SO *Mi 065*, lch. 1.

²²⁷ *GAI*, lch. 114.

²²⁸ *eDIL*, litir T colún, 316 líne 082 (www.dil.ie) (29 Meitheamh 2012).

²²⁹ Ainmleabhar na SO *Mi 065*, lch. 1.

Deir feirmeoir atá ina chónaí le hais an bhaile fearainn seo liom gur talamh maith féaraigh atá ann. Fuaireas dhá leagan sa bhfuaimniú áitiúil ,baljə'ne:r/,balə'ne:r iad araon de réir cosúlachta ag cur in iúl gurb é 'féar' an cáilitheoir. Fuaireas an chéad cheann ó Ghaeilgeoir a tháinig ó Ghaillimh faoi scéim Choimisiún na Talún tamall de bhlianta ó shoin. De bharr na gcúiseanna seo mholfainn an fhoirm Ghaeilge **Baile an Fhéir** le haghaidh an logainm **Ballynare** cé gur tearc go leor an fhianaise le haghaidh an cháilitheora.

4.3.10.1 **Ballynavaddog:** par. Balsoon (DI); N86762 58270

4.3.10.2 **Ballynavaddog:** par. Trublely (DI); N86762 58270

Tá dhá bhaile fearainn taobh le taobh faoin ainm 'Ballynavaddog'; aonad amháin a bhí ann tráth de réir cosúlachta agus roinneadh é idir na paróistí *Trublely* agus *Balsoon*.²³⁰

Fianuithe:

1)	c.1790	Balnafadogue	<i>Longfield Maps</i> 21 F 14
2)	1812	Bally[na]vedogue [doiléir]	<i>Larkin's map</i>
3)	1839	Ballynafodge [sic]	<i>Chanc. deeds</i> (1840), 835 p213
4)	1928	Baile na Bhfeadog	Ó Meachair, p131
5)	1978	Baile na bhFeadóóg	Fitzsimons, p12
6)	2011	,balinə'vado:g {17, 18}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhair *Mí 103* agus *Mí 063* sa Chartlann Náisiúnta

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Ballynefadough	Boundary Surveyor's Sketch Map, <i>Mí 103, 14</i>
	Baile na bhfeadóóg, 'town of the plovers, or pee-weets'	John O' Donovan, <i>Mí 103, 14</i>
	Ballynefadough	Boundary Surveyor's Sketch Map, <i>Mí 063, 23</i>
	Baile na bhfeadóóg [i bpeann luaidhe]	John O' Donovan, <i>Mí 063, 23</i>
	Baile na bhfeadóóg, town of the plovers	John O' Donovan, <i>Mí 063, 23</i>
1836	Ballynavaddog [an 'e' ag deireadh Ballyvaddogé scriosta amach] to agree with Clonavaddog	John O' Donovan, <i>Mí 063, 23</i>

Tá an bf. **Ballynavaddog** roinnte idir na paróistí *Trublely* agus *Balsoon*.²³¹ Ghlacfainn leis gurb é 'baile' an phríomheilimint. Ní dóigh liom gur logainm den struchtúr 'baile + sloinne nó ainm pearsanta' atá i gceist anseo ar nós 'Baile Mhadóg/Ballyvaddock' [D] i gContae

²³⁰ Léarscáileanna stairiúla na SO (<http://maps.osi.ie/publicviewer>, (3 Nollaig 2010)

²³¹ Taifid chartlainne in *BLE* (www.logainm.ie) (16 Márta 2011).

Luimhnigh (leis an nóta seo 'Madóg – ainm pearsanta, ó *Madoc* sa Bhreatnais - *Madwg* inniu) nó 'Balfeddock/Baile Pheadoc' [D] i gContae Lú le hainm pearsanta 'Peadoc' nó sloinne 'Paddock'²³² mar cháilitheoir.²³³

I bhfoirm stairiúil (1) **Balnafadogue** thuas, áfach, faightear an t-alt 'na' i bhfoirm an ghinidigh. Féach freisin go gcuirtear an claochlú tosaigh uraithe 'bhf', in iúl le /v/ san fhoirm (2) **Bally[na]vedogue** ar *Larkin's map*. Maidir leis seo faightear an logainm 'Barr na bhFeadóig/Barnaveddodge' [D] i gContae Lú agus i bhfianaise an Ainmleabhair bhaintigh faightear dhá shampla Béarlaithe den cháilitheoir '-vedogue' ar aon dul le (2) '-vedogue' anseo.²³⁴ Is suntasach freisin gur scríobh Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge **Baile na bhFeadóig** i bpeann luaidhe.²³⁵ agus gur thug sé an míniú 'town of the plovers' le haghaidh an logainm seo. Meabhraíonn Pádraig Ó Cearbhaill dúinn gur, 'Le peann luaidhe a scríobhtaí na foirmeacha Gaeilge áitiúla ón gcaint.'²³⁶

Mar adúradh feictear an forás '-bhf- > v' i litriú an Bhéarla i bhfoirm (2) thuasluaite. Tá sé suimiúil go bhfuil an /v/ dílis do fhuaim na Gaeilge (féach an fogharscríobh (6) thuas) ach dá chomhartha sin freisin ní thaispeántar an **claochlú gramadaí** i nGaeilge (an t-urú 'bh' ar an mbunlitir 'f' sa litriú) ag comharthú foirm an ghinidigh iolra sa chás seo.

Is amhlaidh freisin go gcoimeádtar an bhéim ar an gcéad shiolla den cháilitheoir gan an dara siolla neamhaiceanta a ghiorrú mar a tharla i nGaeilge thuaisceartach agus mar a mhíniúnn Nicholas Williams: 'Sa tuaisceart neartaíodh ar an réamhbhéim so chaoi gur tosaíodh ar na siollaí neamhaiceanta fada a ghiorrú: '*meannán* > '*meannan* agus '*feadóig* > '*feadog*.'²³⁷

Maidir leis seo ní fheadair ar chuala an Donnabhánach guta fíorghearr sa siolla deireanach '-vaddog' sa logainm atá idir lámha toisc go bhfuil an 'e' scriosta amach aige san fhoirm '-vaddogé' san Ainmleabhar thuas. Réiteodh é seo leis an sampla fuaimnithe a luann Piatt ó chanúint na Mí: 'Cíotóg (Kithoge) accent on first. "Oge" as "og" in "dog".'²³⁸ Is é (6) / ,balinə'vado:g/, áfach, an fuaimniú áitiúil a fuair mé ó áitritheoirí dúchasacha. Maidir leis

²³² Reaney & Wilson, *A dictionary of English surnames*, lch. 335.

²³³ Ó Maolfabhail (eag.), *Logainmneacha na hÉireann I*, lch. 34.

²³⁴ BLE faoi 'Barr na bhFeadóig/Barnaveddodge' (www.logainm.ie) (16 Márta 2011)

²³⁵ 'Is é ['píosa breise faisnéise'] a bhíonn ann foirm Ghaeilge i bpeann luaidhe a scríobhadh, de réir dealraimh, ó chaint na háite agus go minic bíonn cuma air gur iarracht é ar fhuaimneanna na cainte a chur síos go cruinn' in Ó Maolfabhail (eag.), *Logainmneacha na hÉireann I*, lch. xvii.

²³⁶ Ó Cearbhaill, *Logainmneacha na hÉireann II*, lch. 13.

²³⁷ Williams, 'Na canúintí a theacht chun solaid', lch. 468

²³⁸ Piatt, *Gaelic dialects*, lch. 15.

seo tagraíonn an Rathailleach don éagsúlacht fhoghraíochta i gcanúint na Mí: 'Within the limits of a single county, Meath, such a word as camán must have had four different pronunciations: ca·man, ca·mán, cu·mán, and camá·n ...'²³⁹

Faightear ainmneacha ainmhithe agus éanlaithe go minic i logainmneacha agus dealraíonn sé gur sampla bainteach é 'Ballynavaddog' atá faoi bhráid anseo. Cuireann Joyce é seo in iúl dúinn, 'The Plover: *Feadóg* (faddoge), a plover; derived I suppose from *fead*, a whistle, from the peculiar note uttered by the bird ...' agus tugann sé na samplaí '**Ballynavaddog** in Meath, and Balfeddock in Louth, the townland of the plovers; Barranafaddock near Lismore, the plovers' hilltop, Moanaviddoge near Oola in Limerick, the bog of the plovers.'²⁴⁰ Ní mór dúinn a bheith amhrasach faoi chuid de na samplaí a úsáideann Joyce chun pointí eolais a léiriú. Cuirtear 'Balfeddock' as an áireamh anseo óir is sloinne atá sa cháilitheoir de réir dealraimh ach is foirmeacha deimhnithe iad 'Barr na bhFeadóg' [D], Port Láirge, agus 'Móin na bhFeadóg' [D], Luimneach, le haghaidh na leaganacha Béarlaithe 'Barranafaddock' agus 'Moanaviddoge' faoi seach.²⁴¹

De réir <http://www.birdwatchireland.ie/IrelandsBirds/Waders/GoldenPlover> is iad gnáthoga le haghaidh speicis éagsúla na bhfeadóg ná '... heather moors, blanket bogs & acidic grassland'. De réir léarscáileanna an EPA maidir leis an ithir sa bhaile fearainn seo is 'Type Group: Peats' faoi chód 65 atá i gcuid de agus is dócha go n-oirfeadh an talamh faoin gcur síos seo mar ghnáthóg.²⁴²

Tá an chuma ar an scéal go bhfuil an ceart ag Ó Donnabháin le 'Baile na bhfeadóg' mar fhoirm bhunúsach an logainm 'Ballynavaddog'. Moltar **Baile na bhFeadóg** mar fhoirm Ghaeilge an logainm seo.

4.3.11 **Balreask:** par. Balsoon (DI); N87630 59302

Fianuithe:

- | | | | |
|----|---------|---------------------------------|-----------------------------------|
| 1) | 1540-41 | Balreske | <i>Crown surveys</i> , p297 |
| 2) | 1551-2 | Balreske | <i>fiant Edw. VI</i> , 943 |
| 3) | 1552 | Ballenfrisk als Balryske | <i>CPCR Hen VIII-Eliz.</i> , p263 |

²³⁹ O' Rahilly, *Irish dialects*, lgh. 105, 260.

²⁴⁰ Joyce, *Irish names of places*, i, 487.

²⁴¹ BLE faoi 'Barranafaddock' agus 'Moanaviddoge' faoi seach (www.logainm.ie) (18 Feabhra 2011).

²⁴² Léarscáileanna *Envision an EPA* faoi 'Ballynavaddog' (<http://maps.epa.ie/InternetMapView/MapView.aspx>) (19 Márta 2011).

4)	1596	Balreske	<i>Carew MS p195</i> ²⁴³
5)	1608	Ballresk	Griffith, <i>Cal. inq. Hen VIII</i> , 58
6)	1616-7	Balreske	<i>Inq. Leinster Jac. I</i> , 18
7)	1635	Balreske	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 113
8)	c.1642	? Ballinreske	<i>Outlaws 1641-47</i> ²⁴⁴
9)	1654-6	Balreiske	<i>Civil Survey v</i> , 135
10)	1654-6	Balresk	<i>Civil Survey v</i> , 136
11)	1655-9	Ballriske	<i>Top. index, Petty BN</i> , p95
12)	1663	? Ballreaske	<i>Inq. Leinster Car. II</i> , 3
13)	c.1666	Balreisk	<i>MS G vi 2, BSD</i>
14)	c.1672	Ballrisk	<i>Top. index, Petty HD</i> , p95
15)	1812	Ballreask	<i>Larkin's Map</i>
16)	1928	Baile-Reisc	Ó Meachair, p130 ²⁴⁵
17)	1978	Baile an Réisg	Fitzsimons, p12
18)	2011	,bal're:sk {17, 18}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 063* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 21

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Balreask	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Balreask	Hich Commission Survey & Valuation Report
	Balreiske	Down Survey Reference
	Balriske	Down Survey Map
	Baile an réisg, 'town of the morass'	John O' Donovan
1836	Balreask	John O' Donovan

Shocraigh Ó Donnabháin ar an bhfoirm 'Baile an réisg' le haghaidh an logainm **Balreask** san Ainmleabhar.²⁴⁶ Is deacair a bheith cinnte ó na comhthéacsanna an mbaineann na fianuithe (8,12) leis an mbaile fearainn 'Balreask' idir lámha nó le bf. 'Balreask' par. *Emlagh*, Contae na Mí.

Deir Ó Dónaill go gciallaíonn '**riasc**, *m.* (*gs.* réisc, *npl.* ~am *gpl.* ~) marsh; bogland, moor ...²⁴⁷ De réir Joyce, 'There are twenty-two townlands scattered throughout the four

²⁴³ *Carew manuscripts*, iii (http://www.archive.org/details/calendar_of_Carewm) (27 Bealtaine 2010).

²⁴⁴ 'Outlaws 1641-47', lch. 357

²⁴⁵ Ní dhéanann Ó Meachair idirhealú idir an dá bhaile fearainn den ainm céanna i gContae na Mí.

²⁴⁶ Ainmleabhar na SO *Mí 063*, lch. 21.

²⁴⁷ Ó Dónaill (eag.), *Foclóir Gaeilge-Béarla*, lch. 998.

provinces called Riesk, Reisc, Risk and Reask ...²⁴⁸ Faightear an eilimint seo ceangailte le heilimintí eile i logainmneacha freisin, mar shamplaí 'An Riasc Mór/Reaskmor' i gContae na Gaillimhe, 'DruimRiasc/Drumreask' i gContae Mhuineacháin agus 'Balreask' i gContae na Mí.²⁴⁹

Is ródhócha gur réadú iad 'Bal-' agus 'Ball-' sna fianuithe thuas ar an aicmitheoir 'baile' agus meastar gurb é 'Béarlú de 'baile an' a fheictear sna fianuithe (3) '**Ballenfrisk**' [sic] agus (8) **Ballinreske** faoi seach sa struchtúr comónta 'Ainmfhocal + an t-alt + Cáilitheoir'.

Is talamh maith an chuid is mó den bhaile fearainn seo de réir léarscáileanna an *EPA*, cuid amháin faoi chóduimhir 12: 'deep well-drained material' le 'Grey Brown Podzolics, Brown earths' agus cuid eile faoi chóduimhir 22: 'shallow well drained material – derived from mainly calcareous parent materials'.²⁵⁰ Ach tá **cuid bheag**, níos lú ná 10%, **faoi chóduimhir 32** leis an gcur síos seo: 'Deep poorly drained material – derived from mainly calcareous parent material' le 'Surface water Gleys, Ground water Gleys'.²⁵¹ B'fhéidir gurbh ionann an **riasc** agus an chuid seo.

Tá na fianuithe (1-15) i gcomhréir go réasúnta maith lena chéile. Tugann Ó Meachair an fhoirm (16) 'Baile-Reisc' agus de ghnáth glacann Fitzsimons (17) le foirm an Donnabhánaigh, 'Baile an Réisg'.²⁵² Aontaíonn staraí áitiúil Eddie Mc Keever le míniú Uí Dhonnabháin freisin nuair adeir sé, 'Balreask means the town of the morass in Irish'.²⁵³ (Níl a fhios agam cé chomh iontaofa is atá an t-eolas a sholáthraíonn Mc Keever ach tá meas air sa cheantar seo mar staraí áitiúil.) Is suntasach freisin gurb é an fuaimniú áitiúil /bal're:sk/ sa mhéid go dtagann foghar an cháilitheora /re:sk/ cóngarach go leor don fhuaim Ghaeilge /re:jk/. Moltar **Baile an Réisc** mar fhoirm Ghaeilge an logainm seo.

4.3.12 **Balsoon:** par. Balsoon (DI); 86460 60675

Fianuithe:

1)	1302-06	Ville Riparii	<i>Eccl. Tax. CDI</i> , v, 255
2)	1302-06	Ville Ryparii	<i>Eccl. Tax. CDI</i> , v, 264
3)	1385	Balysoune	<i>RPCH</i> , 8 Ric. II, p121

²⁴⁸ Joyce, *Irish names of place*, i, 463.

²⁴⁹ *BLE* faoi na bailte fearainn luaite faoi seach (www.logainm.ie) (3 Nollaig 2010).

²⁵⁰ Léarscáileanna *Envision an EPA* faoi 'Balreask' (<http://maps.epa.ie/InternetMapView/mapviewer.aspx>) (9 Samhain 2010).

²⁵¹ *Ibid.*

²⁵² Ainmleabhar na *SO Mí 063*, lch. 21.

²⁵³ Mc Keever, 'History of Kilmessan & its environs (1978)', lch. 114.

4)	1385	Balisoune	<i>RPCH, 9 Ric. II, p124</i>
5)	1388	Balysoū	<i>RPCH, 12 Ric. II, p138</i>
6)	1418	Ballisown	<i>Papal regs., vii, 53</i>
7)	1418	Ballesown	<i>Annat, Hib., p87</i>
8)	c.1518	Ville Rippi Balyson als Ryppereston	<i>Arch. Hib. LXI, pp 331,336, 342²⁵⁴</i>
9)	1539/40	Raperston	<i>Valor beneficiorum, p4</i>
10)	1545	Balson	<i>fiant Hen. VIII, 457</i>
11)	1549	Balsowne	<i>Griffith, Cal. inq. Edw. VI, 22</i>
12)	1552	Balston alias Balsune	<i>fiant Edw. VI, 1166</i>
13)	1552	Balston alias Balsune	<i>CPCR Hen VIII-Eliz., p281</i>
14)	1559	Balsowne	<i>Griffith, Cal. inq. Eliz., 6</i>
15)	1574	Balson	<i>Griffith, Cal. inq. Eliz., 43</i>
16)	1578	Balsoune	<i>fiant Eliz., 3380</i>
17)	1596	Balstowne	<i>Carew MS iii, p195²⁵⁵</i>
18)	1616-7	Balstowne	<i>Inq. Leinster Jac. I, 18</i>
19)	1624	Balston alias Balsoon	<i>Inq. Leinster Jac. I, 69</i>
20)	1643	Boili Easúin	<i>Cín Lae Ó Mealláin²⁵⁶</i>
21)	1640	Ballsowne	<i>Inq. Leinster Car. I, 153</i>
22)	1640	Balsowne	<i>Inq. Leinster Car. I, 153</i>
23)	1654-6	Balsoone	<i>Civil Survey v, 134</i>
24)	1654-6	Ballsoone	<i>Civil Survey v, 135</i>
25)	1655-9	Ballsoone	<i>Top. index, Petty BN, p96</i>
26)	1662	Ballstoone	<i>Inq. Leinster Car. II, 1</i>
27)	1662	Ripperstown alias Balsome	<i>Ussher's works, i, lxxiii</i>
28)	1663	Ballstoone	<i>Inq. Leinster Car. II, 4</i>
29)	c.1666	Balsoon	<i>MS G vi 2, BSD</i>
30)	1682X1685	Balsoon	<i>Dopping, p63</i>
31)	1685	Ballsoome	<i>Petty HD, p7</i>
32)	1709	Balsoone	<i>Registry deeds, ii, 264</i>
33)	1797	Balsoon	<i>Beaufort's map</i>
34)	1802	Balsoon	<i>Thompson surv. (Taylor's map)</i>

²⁵⁴ Foirmeacha eile: 'Ryppereston', 'Rysiperiston at Balson', 'Rippoiston' (als. *Balsowne*).

²⁵⁵ *Carew manuscripts*, iii (http://www.archive.org/details/calendar_of_Carewm/) (27 Bealtaine 2010).

²⁵⁶ Ó Donnchadha (eag.), 'Cín Lae Ó Mealláin' in *Analecta Hib.*, no. 3, lch. 21; luaitear an pointe seo ó Phól Breathnach i bhfo-nóta: 'A bad spelling for Baile ós Abhainn. It is Balsoon opposite Bective, on the Boyne ... called Villa Riparia in the taxation of 1302.

35)	1812	Ballsoon	<i>Larkin's Map</i>
36)	1837	Balsoon	Lewis, <i>A top. dict.</i> , i, 638
37)	1910	Baile Samhna ?	Hogan, <i>Onomasticon</i> ²⁵⁷
38)	1914	Béal an Asáin	<i>Duanaire na Midhe</i> , p144
39)	1978	Baile Samhan	Fitzsimons, p13
40)	2005	Baile ós Abhainn?	<i>FSAG</i> , pp 52,53
41)	2011	,bal'su:n {18}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 063* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 16

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Balsoon	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Balsoon	Beaufort Map 1797
	Balsoon	High Commission Survey & Valuation Report
	Balsoone	Down Survey
	Bail-e sún [I bpeann luaidhe]	John O' Donovan
	Baile Samhan, 'town of the sorrel'	John O' Donovan
1836	Balsoon	John O' Donovan

Is logainm é **Balsoon** le haghaidh paróiste agus le haghaidh baile fearainn laistigh de. I ndáil leis an bparóiste, liostaíonn Otway-Ruthven 'Balsoon' i measc na 'Parishes first mentioned 1200-1306 agus deir sí go raibh an paróiste faoi phatrún tuatach.¹²⁵⁸

Níl deilbhíocht bhunúsach an logainm seo soiléir ón bhfoirm 'Balsoon' a roghnaigh Ó Donnabháin le greanú ar léarscáileanna na SO. Cé gur scríobh sé 'Bail-e sún' i bpeann luaidhe san Ainmleabhar is é **Baile Samhan** an fhoirm Ghaeilge leis an míniú 'town of the sorrel' a scríobh sé le dúch san Ainmleabhar. Ach b'fhéidir go bhfuil **bunús eile** le haghaidh an logainm 'Balsoon'.

Maidir leis an aicmitheoir de is leid mhaith í an fhoirm **Ville** (ón Laidin 'villa') sna fianuithe (I,2,8) thuas ag cur in iúl dúinn gurb é **Baile** an eilimint Ghaeilge. Is áirithe é mar sin gur réadú ar 'Baile' iad faoi seach na foirmeacha Béarlaithe (4) 'Bali' (3,5) 'Baly' (6), 'Balli' (7) 'Balle' agus 'Bal(l)' i bhfurmhór na bhfianuithe eile.

I dtaobh an cháilitheora de, tabhair faoi deara na leaganacha (1) 'Ville **Riparii**' agus (2)

²⁵⁷ Locus OÉC (<http://www.ucc.ie/locus/>) (2 Meitheamh 2010)

²⁵⁸ Otway-Ruthven, 'Parochial development of Skreen', lgh. 116-7.

'Ville Ryparii' (thart faoi na blianta 1302-06). Cuireann an focal Laidineach 'riparius' (tuiseal ginideach 'riparii') in iúl gur 'baile-cois-abhann' nó **baile-ós-abhainn** atá i gceist maidir le suíomh. Ach is dóchúil gurb é an sloinne **Rypper** *et var.* atá i gceist. Tabhair faoi deara: 'COMMISSION, by mainprize of Richard Britton and Walter Duff of co. Meath, to Thomas **Ryppers** of custody of 1 messuage, 50 acres of land and 1 weir in Balysou[n], co. Meath.²⁵⁹

Ar aon nós, le linn dó a bheith ag tagairt do (20) 'Boili Easúin' an fhoirm atá le fáil in *Cín Lae Ó Mealláin* deir Paul Walsh: 'A bad spelling for **Baile ós Abhainn**. It is Balsoon opposite Bective, on the Boyne ... called Villa Riparia in the taxation of 1302.'²⁶⁰ Mar an gcéanna le L. P. Murray agus é ag tagairt don fhoirm 'Balesune' i *Reg. Dowdall*, 'Balsoon par. in Bar. of Lr. Deece'. It is mentioned in Sweetman 1302-5 as Villa Super Amnem, or Baile ós Abhainn, as indeed it is, on the Boyne side ...²⁶¹ Níor éirigh liom, áfach, an tagairt seo do 'Villa Super Amnem' a aimsiú. Is iad na foirmeacha (1) 'Ville Riparii' agus (2) 'Ville Ryparii' a fuairéas san *Ecclesiastical Taxation* 1302-06.²⁶²

Luaitear 'villa' eile 'Trublely' ar an dtaobh céanna den abhainn in *ICL*, LXXXIII.²⁶³ Sa chairt seo bronann Willhelmus de Trublevill deachúna agus beiniféisi eaglasta eile dá *vill* - 'de tota villa mea **supra Boyne**' - ar na Canónaigh Agaistíneacha Llanthony. Is é an t-aistriúchán a thugann Arlene Hogan ar 'supra Boyne' ná '**above the Boyne**' - **ós** abhainn, ní foláir, i nGaeilge.²⁶⁴ Feictear an struchtúr céanna i dtagairtí do 'Brugh os Bóinn' in *Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne*.²⁶⁵ In *The Death of Finn Mac Cumail* faightear 'Áth Brea **for** Bóind'²⁶⁶ agus thug an Dr Ó Muraíle an sampla 'Ros na Ríg **for** Bóind' dom. Más 'Baile ós Abhainn' an fhoirm Ghaeilge bhunúsach de **Balsoon** is dealraitheach go mbáitear an fhuaim /ó/ den fhocal 'ós' agus gurb í an fhoirm 'Balsoon' *et var.* an toradh.

Féach chomh maith go bhfreagraíonn an foirceann '-owne' i bhfurmhór na bhfianuithe, *viz.*, (3,7,11,17,18,21,22) agus an foirceann (4,16) '-oune' go réasúnta maith don fhoirm Ghaeilge **abhainn**. Tugann Piatt an sampla fuaime 'óinn' (ó Thomás Mhac Eochagain,

²⁵⁹ (5) sna fianuithe thuas: *RPCH*, 12 Ric. II, p138

²⁶⁰ Fo-nóta in Ó Donnchadha, (eag.), 'Cín Lae Ó Mealláin' in *Analecta Hib.*, no. 3, lch. 21.

²⁶¹ L. P. Murray (ed.), 'A calendar of the register of Primate George Dowdall, commonly called the "Liber Niger" or "Black Book"' in *Journal of the County Louth Archaeological Society* vol 7 no. 2 (1930), lch. 262.

²⁶² *CDI*, v, 264.

²⁶³ St John Brooks (ed.), *Llanthony prima & secunda*, Cárta LXXXIII, lch. 92.

²⁶⁴ Hogan, *The priory of Llanthony prima & secunda*, Cárta LXXXIII.

²⁶⁵ Nessa Ní Shé (eag.), *Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne* (Baile Átha Cliath, 1971, athchló 1995), lgh. 15, 53, 69.

²⁶⁶ *The Death of Finn Mac Cumail*: CELT (<http://www.ucc.ie/celt/online/G303003/note001.html>) (15 iúil 2012).

Balgree) le haghaidh 'abhainn'²⁶⁷ agus de réir Nicholls, '... the *-abha-* combination in Leinster Irish must have been pronounced almost as *-ú-*'.²⁶⁸

Shocraigh **Hogan** ar an bhfoirm (37) **Baile Samhna** san *Onasmasticon* ach ní raibh sé cinnte agus chuir sé comhartha ceiste leis. Luaitear an fhoirm (38) 'Béal an Asáin' i n*Duanaire na Midhe* ach ní dóigh liom go réitíonn an eilimint 'Béal' leis an bhfianaise stairiúil agus ní cinnte brí na heiliminte 'an Asáin' [tuiséal ainmneach 'asán' nó 'osán'] i logainm mar seo cé gur focal léacsach é.²⁶⁹ Dealraíonn sé go raibh Paul Walsh thuasluaite sásta leis an bhfoirm Ghaeilge 'Baile ós Abhainn' Moltar an fhoirm chéanna (40) **Baile ós Abhainn** in *FSAG* ach le comhartha ceiste.

Ar an iomlán is cosúil go gcuireann **Ville** sna fianuithe (1) 'Ville Riparii' agus (2) 'Ville Ryparii' in iúl gurb í an eilimint Ghaeilge **Baile** an t-aicmitheoir sa logainm 'Balsoon' seo agus is inmheasta ó na foirmeacha stairiúla céanna agus ó fhianaise eile cíortha thuas go bhfuil an eilimint 'abhainn' níos dealraithe ná 'Samhan' (Ó Donnabháin san Ainmleabhar thuas) agus 'Samhna' (Hogan, (37) mar cháilitheoir an logainm seo. Is é is dóichí mar sin gur réadú é 'Balsoon' ar an bhfoirm Ghaeilge **Baile ós Abhainn** agus moltar an fhoirm seo.

4.3.13.1 Baltrasna: par. Culmullin (DU); N91047 47655

4.3.13.2 Baltrasna: par. Kilmore (DU); N90402 47509

Tá dhá bhaile fearainn faoin ainm 'Baltrasna'; aonad amháin a bhí ann tráth de réir cosúlachta agus roinneadh é idir na paróistí *Culmullin* agus *Kilmore*.²⁷⁰

Fianuithe:

1)	1388	Balytarstyn	<i>RPCH, 12 Ric. II, p139</i>
2)	1403	Balytarstyn	<i>RPCH, 4 Hen. IV, p168</i>
3)	1403	Ballytarstyn	<i>RPCH, 4 Hen. IV, p171</i>
4)	1579	Baltrasine	<i>Griffith, Cal. inq. Eliz., 124</i>
5)	1602	Balltrasnie	<i>fiant Eliz., 6661</i>
6)	1630	Baltrassny	<i>Inq. Leinster Car. I, 64</i>
7)	1654-6	Balltrasny	<i>Civil Survey v, 145</i>
8)	1654-6	Baltrasny	<i>Civil Survey v, 145</i>
9)	1659	Balltrasney	<i>MS 14E 22, Hib. Del. map</i>
10)	1655-9	Baltrasny	<i>Top. index Petty BN, p104</i>

²⁶⁷ Donn Piatt 'Gaedhilg na Midhe' in *An t-Ultach* 28:6 (1952). lch. 12

²⁶⁸ K. W. Nicholls, 'The protean placename' in *Cín Chille Cúile* (Aberstwyth, 2004), lch. 225

²⁶⁹ Ó Dónaill (eag.), *Foclóir Gaeilge Béarla*, lch. 63.

²⁷⁰ Léarscáileana na SO (<http://maps.osi.ie/publicviewer/>) (17 Feabhra 2011).

11)	c.1666	Baltrasney	MS G vi 2, BSD
12)	c.1666	Balltrasney [index]	MS G vi 2, BSD
13)	c.1666	Baltrasny	MS 974, BSD, p120
14)	c.1672	Balltrasney	Top. index Petty HD, p104
15)	1686	Baltrasna	Comm. of Grace, p41
16)	1692	Baltrassney	Irish Jacobites ²⁷¹
17)	1794	Baltrasna	Upton freeholders
18)	1806	Baltrasna	Grand jury, p252 ²⁷²
19)	1812	Baltrasney	Larkin's map
20)	1978	Baile Trasna	Fitzsimons, p13
21)	2011	,bal'trasnə {18}	fuaimniú áitiúil

Fainaise athchóirithe ó Ainmleabar *Mí 065* sa Chartlann Náisiúnta, lgh. 37, 42

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Baltrasna	Boundary Surveyor's Sketch Map <i>Mí 065</i> , 42
	Baltrasna	Tenants lease <i>Mí 065</i> , 42
	Baltrosna	Rev. E. J. Gregory <i>Mí 065</i> , 42 & 37
	Baltrasney	Applotter of County Cess <i>Mí 065</i> , 42 & 37
	Baltrasney	High Commission Survey & Valuation Report <i>Mí 065</i> , 42
	Baltrasney	Down Survey Reference <i>Mí 065</i> , 42
	Baltransy	Down Survey Map <i>Mí 065</i> , 42
	Baltrasna	William Kurnan <i>Mí 065</i> , 42 & 37
	Baltrasna	Rev. E. J. Gregory <i>Mí 065</i> , 42
	Baltrasny	Inq. Temp. Car. I <i>Mí 065</i> , 42
	Baltrasney	Inq. Temp. Gul & Mar. <i>Mí 065</i> , 42
	Baile trasna, 'cross-town'	John O' Donovan <i>Mí 065</i> , 42
1836	Baltrasna	John O' Donovan <i>Mí 065</i> , 42

De réir dealraimh is logainm comhdhéanta de dhá mhír i riocht na Gaeilge é **Baltrasna**, leis an aicmitheoir 'baile' agus an aidiacht 'trasna' mar cháilitheoir. Is í an fhoirm Ghaeilge 'Baile trasna' leis an míniú 'cross-town' a thugann Ó Donnabháin san Ainmleabhar.²⁷³ Is é is brí le 'Baltrasna' de réir Joyce ná '... cross-town, i.e. in a transverse direction, the same as Ballytrasna, Ballytarsan and Ballytrasney.'²⁷⁴

²⁷¹ J. G. Simms, 'Irish Jacobites' in *Analecta Hib.*, no. 22 (1960), lch. 97 (based on TCD MS N. 1. 3.).

²⁷² *An abstract of the presentments of the grand jury County Meath at the lent assizes 1803 and summer assizes 1806* in *Grand juries of Ireland County of Meath* (digitized by Google; print copy in Navan Library, county Meath).

²⁷³ Ainmleabhar na SO *Mí 065* lch. 37.

²⁷⁴ Joyce, *Irish names of places*, i, 351.

Tá deich mbaile fearainn in *GAI* leis an ainm seo, iad go léir i Laighin thuaidh, dhá cheann i gContae Bhaile Átha Cliath, dhá cheann i gContae na hIarmhí, ceann amháin i gContae Lú agus cúig cinn i gContae na Mí. Tá an fhoirm Ghaeilge **An Baile Trasna** deimhnithe in *BLE* le haghaidh cuid acu.²⁷⁵

Is amhlaidh gur réadú 'Bal(l)' anseo ar an eilimint **baile** de réir analaí leis na logainmneacha cosúla réamhluaithe. Is léir ó na fianuithe thuas freisin gur 'trasna' an cáilitheoir; faightear na foirmeacha (5) 'trasnie', (6) trassny, (7,8) 'trasny', (9) 'trasney' etc., iad go léir i gcomhréir leis an mbunleagan 'trasna' sna fianuithe (16,18,19). Maidir le Ballytrasna/An Baile Tarsna [D] i gContae Luimnigh tugtar an míniú 'the transverse town' leis an nóta: 'Ní léir brí *tarsna/trasna* i logainmneacha'.²⁷⁶ Moltar **An Baile Trasna** mar fhoirm Ghaeilge an logainm atá idir lámha.

Cad ina taobh gur mhair logainmneacha le 'baile' iontu sa *town zone* i Contae na Mí sa cheantar ba dhéine cóilinithe ag na hAngla-Normannaigh? Tá seans gur ghac na hAngla-Normannaigh le cuid acu - is inmheasta gur Gaelaíodh cuid de na Normannaigh go luath de thoradh idirphósta - nó b'fhéidir go raibh tionóntaí saora Gaelacha ann a rinne socrú leo agus dar ndóigh caithfear na biataigh le tailte ar chíos a chur san áireamh.

Mar aicme bhí na biataigh ann cheana féin mar chuid den chóras soisialta Gaelach chun bia a sholáthar agus bhain na hAngla-Normannaigh úsáid astu freisin nuair a lonnigh siad anseo.²⁷⁷ Cérbh iad na biataigh seo, na *hibernici*? Deir Mac Niocaill tar éis dó an fhianaise a iniúchadh go críochnúil, 'The *biatach* is the typical Irish commoner: that the name should be taken over by the settlers with a sense identical to that of the villein in England implies that the great bulk of the native Irish were lumped into this category by the settlers'.²⁷⁸

Bhí seasamh ar leith ag na biataigh tráth, le talamh ina seilbh acu agus dualgas na féile orthu. Tháinig athrú ar a stádas, áfach, faoi ordóg na nAngla-Normannach; ní raibh iontu anois ach daoirsigh agus d'iachall orthu fáilte Uí Cheallaigh a sholáthar don tiarna nuair a

²⁷⁵ *BLE* faoi 'Baltrasna' (www.logainm.ie) (3 Bealtaine 2010).

²⁷⁶ Ó Maolfabhail (eag.), *Logainmneacha na hÉireann I*, lch. 54.

²⁷⁷ Féach: Robin Frame, *Colonial Ireland 1169 – 1369* (Dublin, 1981), lch. 82.

²⁷⁸ Gearóid Mac Niocaill, 'The origins of the betagh' in *The Irish Jurist*, i (Dublin, 1966), lch. 297.

tháinig sé chun cíos a bhailiú. De réir Empey tagann an focal 'betagh from the Irish *biatach*, a food-rendering client, seen by the Anglo-Normans as a servile tenant, synonymous with a "serf".²⁷⁹ B'fhéidir go bhfuil teagmháil idir na tailte a bhí acu agus cuid de na bailte fearainn le logainmneacha Gaeilge i m'ábhar taighde, go mórmhór na cinn leis an eilimint 'baile' iontu.

4.4 Caladh:

Moltar go bhfuil 'caladh' le fáil mar phríomheilimint i mbunfhoirm Ghaeilge an logainm **Galtrim** agus pléitear na bríonna éagsúla den eilimint seo faoin logainm thíos.

4.4.1 **Galtrim:** par. Galtrim (DI); N86303 52336

Fianuithe:

1)	665	i Caladh truim i mBuaighnib	<i>SG</i> , 665.1, p401 ²⁸⁰ & <i>FAL</i> , p14 ²⁸¹
2)	665	i cCalatruim	<i>FAL</i> , 665, p14 ²⁸²
3)	772	caislean Calatroma	<i>ARÉ</i> , iii, 26 ²⁸³
4)	777	faitchi Caladromo	<i>AU</i> ² , p230 ²⁸⁴
5)	842	Rí Calatroma	<i>AU</i> ² , p300 ²⁸⁵
6)	846	Rex Calatroma	<i>AU</i> ² , p304 ²⁸⁶
7)	846	Rí Calatroma	<i>CS</i> , p146 ²⁸⁷
8)	1176	Caistel Calatroma	<i>AU</i> ¹ , p184 ²⁸⁸
9)	1180x1205	Galetrum [Galfridus de]	<i>Chart. St Mary's, Dublin</i> , i, 236 ²⁸⁹
10)	1190x1223	Galetrum	<i>DMGR</i> , p14
11)	1211-12	Galetrum	<i>Pipe roll John</i> , 14 ²⁹⁰
12)	1256	Galetrum	Sheehy, <i>Pont. Hib.</i> , ii, 430

²⁷⁹ C. A. Empey, 'Betagh' in *The Oxford companion to Irish history* (Oxford, 1998), lch. 45

²⁸⁰ 'Ba marba tra na ríge .i. Blathmac ocus Diarmait ... Blathmac do'n buidhechair i **Caladh truim**' in Standish Hayes O' Grady (ed.), *Silva Gadelica* (2 vols, London, 1892, repr. New York, 1920) lch. 401.

²⁸¹ 'Mortluidh kc Aoda Slane .i. Blathmaci. i **cCalatruim**. Ba marbh Diarmaid dno insin ionad cédna...' in J. N. Radner, (ed.) *Fragmentary annals of Ireland* (Dublin, 1978), lgh. 14, 15.

²⁸² *Ibid.*, 14: 'mortluidh mc. Aodha Slane, .i. Blathmac [...] .i. i **cCalatruim**..

²⁸³ *ARÉ*, iii, 26; deir Ó Donnabháin i bhfo-nóta, '**Calatruim** – now **Galtrim**, in the county of Meath', i, 377.

²⁸⁴ 'Consoid cath-imairecc iter da ua Cernaigh, id est Niall & Cumucsach, in quo ceciderunt Ectghus m. Baith ⁊ Ceteri multi hi **faitchi Caladromo**.' in Mac Airt and Mac Niocaill (eds), *AU*, lch. 230.

²⁸⁵ *Ibid.*, 300: 'Mael Duin m. Conaill, **rí Calatroma**, do ergabhail do Ghenntibh'.

²⁸⁶ *Ibid.*, 304: 'Mael Duin m. Conaill, **rex Calatroma**, ingulatus a Lagenensibus'.

²⁸⁷ 'Máelduin mac Conaill, **Rí Calatroma**, do guin o Laignnibh' in Hennessy (ed.), *Chronicum Scotorum*, lch. 146.

²⁸⁸ 'rofasaighiti tri caisteoil i Midhe iar nabarach ar uamhan Ceniuil-Eogain, idon ... ⁊ **Caistel Calatroma**' in Hennessy and Mc Carthy (eds), *AU*, ii, 184.

²⁸⁹ Charter 220 from **Galfridus de Galetrum**, witness: Leonard, abbot of St Mary's 1150-1205 (translated) in John T. Gilbert (ed.), *Chartularies of St. Mary's abbey, Dublin ... and annals of Ireland 1162-1370* (2 vols, London, 1884), i, 236.

²⁹⁰ Oliver Davies and David B. Quinn, 'The Irish pipe roll of 14 John 1211-1212' in *Ulster journal of archaeology*, 3rd Series, iv, (1941), lch. 22 (*UJA* as seo amach).

13)	1289	Galtrim	<i>Chancery miscellanea</i> ²⁹¹
14)	1292	Galtrim	<i>Papal regs.</i> , i, 550
15)	1296	Galetrym	<i>ICL, LXXVI</i> ²⁹²
16)	1302-06	Galtrym	<i>CDI, v</i> , 255
17)	1302-06	Galtrim	<i>CDI, v</i> , 264
18)	1316	Galtrym	<i>Index CCC deeds</i> , 195
19)	1338	Galetrim	<i>Quitclaim Bertreda Hussee</i> ²⁹³
20)	1351	Galetrim	<i>Quitclaim in MS 3857/1, TCD</i> ²⁹⁴
21)	1399	Galterum [sic]	<i>Papal regs.</i> , v, 204
22)	1404	Galtrym	<i>Papal regs.</i> , v, 614
23)	1407	Galtrym	<i>RPCH, 8 Hen. IV</i> , p186
24)	1413	Galteryum	<i>Papal regs.</i> , vi, 375
25)	1415/6	Galtrem	<i>RPCH, 3 Hen. V</i> , p214
26)	1423	Galtrym	<i>Papal regs.</i> , vii, 317
27)	1460	(Barún) Calatromma	<i>ARÉ, ii</i> , 1006 ²⁹⁵
28)	1480	Galtrim, Galtrym	<i>Reg. Octaviani</i> , ii, p679
29)	1485	Galtrym	<i>Index, CCC deeds</i> , 348
30)	1511	Galtrem	<i>TCD, MS 804</i> , fos. 168v-170v ²⁹⁶
31)	c.1518	Galtrym	<i>Arch. Hib. lxi</i> , 330
32)	1539-40	Galtrym	<i>Valor beneficiorum</i> , p3
33)	1540-41	Galtryme	<i>Ir. mon. poss.</i> , p294
34)	1545-6	Galtrym	<i>fiant Hen. VIII</i> , 473
35)	1546	Galtrym	Griffith, <i>Cal. inq. Hen. VIII</i> 193
36)	1547	Galtryme	<i>CPCR Hen VIII-Eliz.</i> , p162
37)	1549	Galtrim	<i>CPCR Hen VIII-Eliz.</i> , p194
38)	1552-3	Galtrym	<i>fiant Edw. VI</i> , 1183
39)	1554	Galtrym	<i>fiant P. & M.</i> , 56
40)	1563	Galtrom	<i>Carew MS i</i> , p354
41)	1579	Galtrym	Griffith, <i>Cal inq. Eliz.</i> , 124
42)	1581	Galtrym	<i>Inq. Leinster Eliz.</i> , 2
43)	1596	Galtrym	<i>CPCR 18-45, Eliz.</i> , p379

²⁹¹ 'Miscellanea of the chancery, London' in *Analecta Hib.*, no. 1 (1930), lch 184.

²⁹² St John Brooks (ed.), *Llanthony prima & secunda*, lch. 88,

²⁹³ MS D. 17,002 NLI: Quitclaim by Bertreda, daughter of Sir Hugo Hussee, May 1338.

²⁹⁴ MS 3857/1, TCD: Quitclaim from Richard fitz Richer to Edmund de Berford etc. in Galetrim 1351.

²⁹⁵ 'Maidhm mór do thabhairt ar ghallaibh lá hua cconcobhair ffailghe, conn mac an chalbhaigh dú ittorchair barún calatromma, ⁊ sochaidí oile immaille fris.' in *ARÉ*, ii, 1006.

²⁹⁶ Luaite in Scott, *Religion and reformation in the Tudor diocese of Meath*, lch. 149.

44)	1596	Galtrim	<i>Carew MS iii</i> , p195 ²⁹⁷
45)	1597	Galtrym	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> 234
46)	1611	Galtrym	<i>Inq. Leinster Jac. I</i> , 9
47)	1616-7	Galtrym	<i>Inq. Leinster Jac. I</i> , 18
48)	1635	Galltrim	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 117
49)	1643	Galtrym	<i>Outlaws 1641-47</i> ²⁹⁸
50)	1622	Galtrim	Clergy list 1622 ²⁹⁹
51)	1622	Galtrym	<i>Ussher's works</i> i, Lxxiv
52)	1629	Galltrym	<i>Inq. Leinster Car I</i> , 51
53)	1641-42	Galtrim	Gilbert, <i>History</i> , i, 402
54)	1654-6	Galtrym	<i>Civil Survey</i> v, 141
55)	1654-6	Galtrim	<i>Civil Survey</i> v, 141
56)	1655-9	Galtrim	<i>Top. index, Petty BN</i> , p221
57)	1665	Galtrem	(<i>Lagenia</i>) <i>Atlas Blaeu</i> , p297
58)	c.1666	Galtrim	MS G vi 2, BSD
59)	1682X1685	Galtrim	<i>Dopping</i> , p54
60)	1685	Galtrim	<i>Petty HD</i> , p7
61)	1711	Galtrim	<i>Registry deeds</i> , viii, 334
62)	1782	Galtrim	<i>Arch. Hib. VIII</i> , p220
63)	1783	Galtrum	<i>Taylor & Skinner's maps</i> , p56
64)	1797	Galtrim	<i>Beaufort's map</i>
65)	1802	Galtrim	Thompson surv. (<i>Taylor's map</i>)
66)	1812	Galtrim	<i>Larkin's map</i>
67)	1837	Galtrim or Gaultrim	Lewis, <i>A top. dict.</i> , i, 638
68)	1910	caislén Calatroma	Hogan, <i>Onomasticon</i> ³⁰⁰
69)	1928	Cala-Trium [sic]	Ó Meachair, p133
70)	1935	Calatruim	Ó Foghludha, p33
71)	1978	Caladh Truim	Fitzsimons, p45
72)	2008	Calatruim	<i>FSAG</i> , 3, p37
73)	2010	Galltruim [ND]	logainm.ie
74)	2011	'ga:l, trum {5,13} 'ga:l, trəm {17}	fuaimniú áitiúil

²⁹⁷ *Carew manuscripts*, iii (http://www.archive.org/details/calendar_of_carewm/) (27 Bealtaine 2010).

²⁹⁸ 'Outlaws 1641-47', lch. 356.

²⁹⁹ Healy, *History of the diocese of Meath*, i, 252.

³⁰⁰ 'Litir C: Calatroma: in Galtrim p. and tl. in b. Deece, Meath, Fm. Iii. 26': tagairt in Locus OÉC (<http://www.ucc.ie/locus/>) (3 Meitheamh 2010).

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 001* agus *Mí 067* sa Chartlann Náisiúnta

	Ortagrafraíocht	Údarás nó Foinse
Part of the parish of Galtrim situate in Kiltale parish	Parish of Gaultrim	Boundary Surveyor's Sketch Map, <i>Mí 001</i> , 27
	Galtrim	
	Caladh truíim, 'holm or strath of the elder trees	John O' Donovan, <i>Mí 001</i> , 27
	Caladh truíim, 'holm of the elder' 4 Masters passim	John O' Donovan, <i>Mí 067</i> , 25
	Gaultrim Ph	Boundary Surveyor's Sketch Map, <i>Mí 067</i> , 25
	Galtrim	Rev. Lowe, <i>Mí 067</i> , 25
	Gaultrim	Co. Warrant 1836, <i>Mí 067</i> , 25
	Galtrim	High Commission Survey & Valuation Report, <i>Mí 067</i> , 25
	Galtrim	Down Survey, <i>Mí 067</i> , 25
	Galtrym	Inq. Temp. Eliz, <i>Mí 067</i> , 25
	Galtrim	Inq. Temp. Jac. I, <i>Mí 067</i> , 25
	Gaultrym	Inq. Temp. Jac. I, <i>Mí 067</i> , 25
	Galltrym	Inq. Temp. Car. I, <i>Mí 067</i> , 25
	Gaultrim [townland]	Boundary Surveyor's Sketch Map, <i>Mí 067</i> , 36
	Galtrim	Rev. Lowe, <i>Mí 067</i> , 36
	Gaultrim	County Cess Applotter, <i>Mí 067</i> , 37
	Galtrim	On a stone in graveyard, dated 177
	Galltrum	On a stone in graveyard, dated 1739, <i>Mí 067</i> , 37
1836	Galtrim	John O' Donovan, <i>Mí 067</i> , 25, 37

Is paróiste é **Galtrim** agus tá baile fearainn laistigh de faoin ainm céanna. Cuireann líon na bhfianuithe agus go mórmhór seandacht na bhfianuithe luatha in iúl dúinn gurbh áit thábhachtach a bhí ann tráth. Deir Otway-Ruthven go ndearnadh paróiste eaglasta de idir 1200 agus 1306 agus go raibh sé tiomnaithe do 'St. Peter's, Trim'.³⁰¹ De réir Cogan, 'Galtrim, anciently called Caltruim, was a place of importance in former times ... After the Husseys got possession of this property, they received the title of Baron [c 1347] and claimed the advowson of this church. In 1533-4, the parliament of the Pale passed an Act to appropriate the church of Galtrim to the priory of Newtown, near Trim.'³⁰² Tá mórán tagairtí don stair áitiúil bailithe ag Beryl F. E. Moore M.B. i gclóscríbhinn atá le fáil i

³⁰¹ Otway-Ruthven, 'Parochial development of Skreen', lgh. 116-117.

³⁰² Cogan, *The diocese of Meath*, ii, 371.

leabharlann an chontae.

Seachas an logainm faightear **Galtrim** mar shloinne i bhfoinsí áirithe. Cuir i gcás bf. 'Galtrimsland' i gContae Lú leis an bhfoirm Ghaeilge 'Fearann Ghalatroma' [D] - shíl Ó Donnabháin gur 'family name' a bhí ann ach ach ní raibh sé cinnte.³⁰³ Mar sin féin luaitear 'Galfridus de Galetrum' in *DGMR* idir na blianta 1190 agus 1222.³⁰⁴ Cuireann Archdall an méid seo in iúl dúinn mar gheall ar iompróir eile den sloinne a bhí ina Chanónach Rialta i *Newtown, Trim* sa bhliain 1302, 'William de Galtrim was prior who in this year sued friar John Dawe, prior of the hospital of St. John at Kells for the advowson of the church of Stonehalle.'³⁰⁵ Agus in *Ir. mon. poss.* luaitear 'Nicholas Galtryme', giúróir i nDún Dealgain sa bhliain 1540 i dteannta le '... other true and lawful men of the county'.³⁰⁶ Is é is dóichí ná gur tháinig an sloinne ón logainm toisc go bhfaightear an mhír 'de' ann: 'de Galetrum' *et var.*, rud coitianta i sloinnte áitreabhacha.

Ar aon nós, glactar leis go sealadach gur **logainm** é **Galtrim** atá idir lámha anseo, le dhá eilimint ann, 'Caladh + droim' ('Calad + druimm' sa tseanteanga). Tá cuid de na fianuithe thuas ag tagairt don pharóiste 'Galtrim' agus cuid acu don bhaile fearainn 'Galtrim'. Déantar trácht orthu le chéile toisc go bhfuil siad faoin logainm céanna.

I gceann de na hAinmleabhair bhainteacha diúltaíonn Ó Donnabháin an míniú áitiúil den sórt 'folk etymology' adeir 'gaul-trum signifies the heavy Gaul' mar seo, 'All peasant stuff!!'³⁰⁷ Cé gur thaispeáin sé go raibh roinnt amhrais air i litir uaidh faoin ainm seo, ' Cal Truim now surely Galtrim?'³⁰⁸ mhol sé an fhoirm Ghaeilge 'Caladh truim' san Ainmleabhar leis an míniú 'holm or strath of the elder trees'³⁰⁹ nó 'holm of the elder'.³¹⁰ Mínítear **Calatruim** in *FSAG* leis an iontráil seo: '(Hard Ridge?) Tl. / p. Galtrim, b. Deece Lr. MH ...'³¹¹ Is cosúil gurb é an chúis leis an gcomhartha ceiste an réimse bríonna ag an bhfocal 'caladh' cé gur cinnte go bhfuil an bhrí 'hard' aige.³¹²

Glactar leis i gcoitinne gur tháinig an fhoirm Bhéarlaithe **Galtrim** ón bhfoirm Ghaeilge

³⁰³ *BLE* faoi 'Galtrimsland' (www.logainm.ie) (9 Feabhra 2011).

³⁰⁴ Connolly & Martin (eds), *The Dublin guild merchant roll*, lch. 14. Ionannaítear 'Galtrim' idir lámha le 'Galetrum' san innéacs.

³⁰⁵ Archdall, lch. 561 (eagrán ar líne leabharlann Eoin Pól 2, NUIM).

³⁰⁶ *Crown surveys*, lch. 190.

³⁰⁷ Ainmleabhar na *SO Mi 067*, lch. 25 faoi 'Descriptive Remarks'.

³⁰⁸ Herity (ed.), *OSL Meath*, 218, lch. 12.

³⁰⁹ Ainmleabhar na *SO Mi 001*, lch. 27.

³¹⁰ *Ibid. Mi 067*, lch. 25.

³¹¹ Ó Riain *et al* (eds), *FSAG*, 3, lch. 36.

³¹² I nóta chugam ó Ruairí Ó hUiginn, Ollamh na Nua-Ghaeilge, OÉ Má Nuad (6 Iúil 2012).

Calatruim. Tabhair faoi deara:

- a) Cinntí an Donnabhánaigh agus *FSAG* thuasluaite maidir leis - ghlac Joyce leis freisin³¹³
- b) Go bhfaightear an t-ionannú ag eagarthóirí i bhfoinsí eile, mar shamplaí, *Annála Uladh*, *FAI* agus *Chronicum Scotorum*.³¹⁴
- c) Go nglacann stairithe de ré na luath-mheánaoise leis an ionannú – T. M. Charles-Edwards³¹⁵ agus Edel Bhreathnach mar shamplaí.³¹⁶

Is suntasach chomh maith

- a) Na foirmeacha luatha **Calatruim** *et var.* sna fianuithe (1-8; 27) thuas;
- b) Na foirmeacha 'Galetrum' (9,10,11,12) agus 'Galetrim' (19,20) thuas – is inmheasta gur fuaimníodh an 'e' meánach (/ə/) toisc gur foirmeacha laidineacha ab ea iad i gcáipéisí Laidine sa 13ú agus sa 14ú haois ag cur in iúl go raibh thrí shiolla ann a réiteodh le trí shiolla sa bhfoirm 'Calatruim'. ('Every Latin word has as many syllables as it does vowels or diphthongs.')³¹⁷
- c) Gurbh áit nótaílte ab ea **Calatruim** i ndúiche Brega sna luath-mheánaoiseanna mar a léiríonn Edel Bhreathnach.³¹⁸ Bhí baint ag Síol nÁedó Sláine (Uí Néill Deiscirt) leis an áit. Shamhlófaí nach mbeadh ainm mar sin éagtha pé athrú a bheadh tagtha air.

De réir cosúlachta is **caladh** (ainmfhocal ar nós 'shore' *srl* nó aidiacht ar nós 'hard') é an t-aicmitheoir sa logainm seo agus **droim/ridge** (*FSAG*) nó **trom/elder** (Ó Donnabháin) é an cáilitheoir. Déantar plé ar an dara heilimint ar dtús.

Maidir le cinneadh an Donnabhánaigh 'Caladh **truim**' tugann *eDIL* an míniú (1) 'elder-tree' i gcomhair an fhocail 'trom'.³¹⁹ Is é an fhadhb ná foirm an tuisil ghinidigh a chuirtear in iúl le foirceann 'a' nó foirceann 'o' sna cáilitheoirí i bhfoirmeacha (3-7; 27) thuas, mar shampla (3) **Calatroma** agus a théann i gcoinne foirm an Donnabhánaigh ó thaobh gramadaí de. Dá bhrí sin cuirtear as an áireamh é go deimhin.

Cad faoi cinneadh an *FSAG*, **Calatruim** leis an gciall 'Hard **ridge**? Uaireanta faightear an eilimint 'troim' i logainneacha nuair is 'droim' an fhoirm bhunúsach. Cuir i gcás go bhfuil

³¹³ Tugann P. W. Joyce an chiall chéanna, '... Galtrim in Meath, once a place of some importance in the annals, Cala-truim, the callow or holm of the elder.' in Joyce, *Irish names of places*, i, 157.

³¹⁴ Hennessy and Mac Carthy (eds), *AU*, iv, 47; Radner, (ed.) *Fragmentary annals*, lgh. 14, 15; Hennessy (ed.), *Chronicum Scotorum*, lch. 365.

³¹⁵ 'Calatruim is identified with Galtrim at N 86 52.' in T. M. Charles-Edwards, *Early christian Ireland* (Cambridge, 2000), fo-nóta lch. 572.

³¹⁶ 'Calatruim (Galtrim, barony of Lower Deece, Co. Meath) lies to the west of Dunshaughlin and Lagore.' in Edel Bhreathnach, 'Medieval sub-kingdoms of Brega: the kingships of Calatruim, Déssi Breg, Mugdornae Breg and Uí Maic Uais Breg' in Ailbhe MacShamhráin, *The Island of St Patrick* (Dublin, 2004), lch. 40.

³¹⁷ 'Every Latin word has as many syllables as it does vowels or diphthongs.' (<http://www.preces-latinae.org/thesaurus/Introductio/Pronunciatio.html>) (9 Lúnasa 2011).

³¹⁸ Bhreathnach, 'Medieval sub-kingdoms of Brega', lgh. 38-51.

³¹⁹ *eDIL*, litir T colún, 316 líne 082; colún 317, líne 006; colún 317, líne 017 (www.dil.ie) (Nollaig na mBan, 2011).

fiche naoi de bhailte fearainn in *BLE* faoin ainm 'Leitrim' agus cé nach bhfuil foirm Ghaeilge deimhnithe dóibh go léir is 'Liatroim' an fhoirm Ghaeilge a fhaightear le haghaidh cuid mhaith díobh, mar shampla, 'Leitrim/Liatroim [D] i gContae Uíbh Fhailí leis an nóta mínithe 'grey ridge'/ liatroim < liath + droim'.³²⁰ Is é an forás a fheictear anseo ná 'th' + 'd' > 't' (ar aon dul le 'dh' + 'd' > 't').³²¹

Maidir leis an bpointe seo deir Conchubhar Ó Crualaoich liom i r-phost, '... Middle Irish Calatroma can be taken to represent ['kalədrəmə] ... The /d/ in this position is represented by **-t-** in Old and Middle Irish orthography, i.e. I would expect Calad-droim to be realised as **Calatroim** in Old- and Middle Irish orthography.³²² Is suntasach freisin go bhfuil an ghné aiceanta **droim** timpeall 90m in airde le breathnú sa bhaile fearainn atá faoi chaibidil.³²³ Ar an iomlán, is é is dóichí gur 'droim' é an cáilitheoir sa logainm seo.

Maidir leis an aicmitheoir **caladh** tugann Dinneen (1927) na bríonna 'a shore, port, harbour, haven; a river-side meadow ...³²⁴ Réitíonn 'river-side meadow' le 'holm' (téarma an Donnabhánaigh thuas) agus de réir an *OED* is é is 'holm': '2 a flat low-lying piece of ground by a river, submerged in time of flood'.³²⁵ Is suimiúil freisin go dtugann an *OED* an bhrí seo i measc na mbríonna éagsúla le haghaidh 'callow': '... *Irish* low-lying and liable to flooding ...'³²⁶ Níl aon rud sna tagairtí seo a théann i gcoinne chinneadh an Donnabhánaigh thuas maidir le 'Caladh'.

Ar an láimh eile de moltar san *FSAG* an míniú 'hard (?)' le haghaidh 'caladh'. Is cinnte go bhfuil an míniú hard ag 'caladh' ach de réir na samplaí in *eDIL* baintear feidhm as an bhfocal le haghaidh daoine agus nithe eile seachas aon rud geographach cosúil le 'ridge'.³²⁷ Ina theannta sin, ní bhfuair aon fhianaise fós go mbaintear úsáid as 'caladh' i logainmneacha leis an míniú seo 'hard'. In *BLE* faightear fiche haon de logainmneacha le 'caladh' mar phríomheilimint leis an gciall 'callow' nó an chiall 'riverside meadow' nó bríonna eile cosúil le 'harbour' agus 'cove'.³²⁸ Ní fhaightear an chiall 'hard' *per se* ina measc de réir cosúlachta, cé nach bhfuil na foirmeacha Gaeilge go léir deimhnithe fós i

³²⁰ *BLE* faoi 'Liatroim' (www.logainm.ie) (12 Aibreán 2011).

³²¹ R-phost ón Dr Nollaig Ó Muraíle, OÉ, Gaillimh (29 Mar. 2011)

³²² R-phost ó Chonchubhar Ó Crualaoich, Oifigeach Logainmneacha, An Brainse Logainmneacha (11 Aibreán 2011).

³²³ *OSi Discovery Series* (3rd edition) uimhir 42.

³²⁴ Patrick S. Dinneen, *Foclóir Gaedhilge agus Béarla* (Dublin, 1927), lch. 154.

³²⁵ *Shorter Oxford English dictionary*, i, 1265.

³²⁶ *Ibid*, i, 331.

³²⁷ *eDIL*, litir C colún 325, líne 58, líne 035 (www.dil.ie) (29 Aibreán 2010).

³²⁸ *BLE* samplaí: 'Castleroy/Caladh an Treoigh' [D], 'Kilnamanagh/Caladh na Manach' [ND] (www.logainm.ie) (29 Nollaig 2011)

ndáiríre.³²⁹ Ní cruthúnas é seo, ach oiread, go bhfuil an chiall 'hard' mí-cheart.

De réir léarscáileanna agus nótaí an **EPA** is 'shallow well-drained material – derived from mainly calcareous parent materials' (cód 22) an chuid is mó den bhaile fearainn seo, timpeall 90% de.³³⁰ Tá cuid bheag de, áfach, timpeall 2% faoi chód 56 a chomharthaíonn 'alluviums' den sórt 'lacustrine-type soils' mar thoradh ar dhríodar locha agus cuid bheag eile faoi chód 51 a chuireann 'alluviums' den sórt siolt abhann in iúl.³³¹

Is suntasach go gcomhréiríonn suíomhanna na gcodanna seo le cúrsaí dhá chraobh-abhainn a ghluaiseann isteach sa 'Boyctown River'.³³² Is so-chreidte go raibh nó go bhfuil 'caladh/riverside meadow' nó 'caladh/land liable to flooding' ag baint le ceann amháin acu ar a laghad. Tá sé le tabhairt fé ndeara freisin go bhfuil craobh-abhainn amháin díobh chomhthreorach leis an droim thuasluaite agus sách gar dó.³³³

Ar an iomlán, d'fhéadfaí a mheas go mb'fhéidir go bhfuil an ceart ag an **FSAG** maidir leis an dara heilimint ar a laghad .i. gur réadú é 'troim' ar 'droim/ridge' agus tá seans go bhfuil an Donnabhánach i gceart i dtaobh an aicmitheora 'Caladh' leis an gciall 'holm'. Ar an ábhar seo b'fhéidir gurb í an fhoirm **Calatruim** (< Calad + droim) leis an míniú 'holm-ridge' (nó 'haven-ridge?') bunús an logainm seo; nó b'fhéidir go bhfuil an ceart ag **FSAG** nach féidir bheith cinnte maidir le ciall 'caladh' i gcás an logainm 'Galtrim' toisc go bhfuil iliomad mínithe ag an bhfocal seo. Faightear ainm sách cosúil i gContae Bhaile Átha Cliath, 'Feltrim/Faoldruim'(NÓM).

Is fadhbach é freisin athrú na túslitreach 'C > G' sa logainm **Galtrim**. Is ró-dhócha gur Béarlú é ar urú an logthuisil 'i **g**Calatruim' (('gC' > 'G') a caomhnaíodh sa logainm seo.

Moltar **Calatruim** mar fhoirm Ghaeilge an logainm **Galtrim**.

4.5 Calg/Colg:

De réir *eDIL* is é brí na bhfocal **calg**, **colg** ná 'pointed, piercing',³³⁴ agus ciallaíonn 'colgach

³²⁹ *BLE* faoi na logainmneacha liostaithe (www.logainm.ie) (13 Aibreán 2011).

³³⁰ Léarscáileanna *Envision an EPA* faoi 'Galtrim' (<http://maps.epa.ie/InternetMapView/mapviewer.aspx>) (7 Eanáir 2011).

³³¹ *Ibid.*

³³² *OSi Discovery Series* (3rd edition) uimhir 42.

³³³ *Ibid.*

³³⁴ *eDIL*, litir C colún 325, líne 009 (www.dil.ie) (29 Aibreán 2010).

fierce (?) bristling(?)'.³³⁵ Níl an focal 'calgach' le fáil in *eDIL* ná i bhfoclóir Uí Dhónaill (cé go bhfuil 'calg = cealg')³³⁶ ach tá sé le fáil i bhfoclóir MacIannan: 'calgach a. Prickly, bristly'³³⁷ Deir Ruairí Ó hUiginn liom go bhféadfadh na bríonna 'sword, sting' a bheith le 'colg/calg' chomh maith.³³⁸ Tá logainm amháin idir lámha agam a thagann ón bpréamh 'calg' nó 'colg' de réir cosúlachta agus is é sin 4.5.1 **Calgath**.

4.5.1 **Calgath**: par. Rodanstown (DU); N89256 42010

Fianuithe:

1)	1390	Calgagh	<i>Index, CCC deeds, 762</i>
2)	1402-03	Calgagh	<i>D.17,010, Galtrim manor</i>
3)	1511	Calgaz	<i>TCD, MS 804, fos. 168v-170v</i> ³³⁹
4)	1540	Calgaig	<i>Boyce deeds, 3</i>
5)	1540-1	Calgyrth	<i>Ir. mon. poss., pp 292, 299</i>
6)	1546	Calgaghe	<i>fiant Hen. VIII, 501</i>
7)	1548	Calgaughe	<i>fiant Edw. VI, 168</i>
8)	1560	Calgagh	<i>Boyce deeds 5</i>
9)	1564-5	Calgagh	<i>fiant Eliz., 704</i>
10)	1577	Calgagh	<i>Boyce deeds, 6</i>
11)	1577	Calgugh	<i>Boyce deeds, 6</i>
12)	1571	Calgagh	<i>Griffith, Cal. inq. Eliz. 59</i>
13)	1579	Caleagh, Calgagh	<i>Griffith, Cal. inq. Eliz. 124</i>
14)	1596	Gallgath	<i>Carew MS iii, 195</i>
15)	1612	Calghagh	<i>Griffith, Cal. inq. J.1, 85</i>
16)	1628	Calgagh	<i>Boyce deeds, 7</i>
17)	1629	Calgagh	<i>Boyce deeds, 8</i>
18)	1632-33	Calgagh	<i>Boyce deeds, 10</i>
19)	1640	Calgagh	<i>Inq. Leinster Car. 1, 158</i>
20)	1643	Calgagh	<i>Outlaws 1641-47</i> ³⁴⁰
21)	1654-6	Callgagh	<i>Civil Survey v,157</i>
22)	1654-6	Calgagh	<i>Civil Survey v,158</i>
23)	1654-6	Calgath	<i>Civil Survey v, 158</i>
24)	1654-6	Kallgagh	<i>Civil Survey v, 159</i>

³³⁵ Ibid., litir C, colún 326, líne 005 (29/04/2010).

³³⁶ Ó Dónaill, *Foclóir Gaeilge Béarla*, lch. 181.

³³⁷ Malcolm MacIannan, *A pronouncing and etymological dictionary of the Gaelic language* (Edinburgh, 1925), lch. 63.

³³⁸ I nóta chugam ó Ruairí Ó hUiginn, Ollamh na Nua-Ghaeilge, OÉ Má Nuad (6 Iúil 2012).

³³⁹ Luaite in Scott, *Religion and reformation in the Tudor diocese of Meath*, lch. 149.

³⁴⁰ 'Outlaws 1641-47' in *Analecta Hib.*, no. 23, lch. 354.

25)	1659	Callgagh	MS 14E 22, <i>Hib. Del. map</i>
26)	1655-9	Calgagh	<i>Top. index Petty BN</i> , p121
27)	1663	Colgath	<i>Inq. Leinster Car. II</i> , 4
28)	c.1666	Callgagh	MS 974, <i>BSD</i> , p127
29)	c.1672	Callgagh	<i>Top. index Petty HD</i> , p121
30)	1794	Colgath	<i>Upton freeholders</i>
31)	1814	Colgagh	<i>Leet, Directory</i> , p122
32)	1844x1909	Calgagh	Foster, <i>Funeral Certs.</i>
33)	1978	Colgach	Fitzsimons, p21
34)	2011	' kal gaθ {3,4}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 102* sa Chartlann Náisiúnta, lgh. 3, 4

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Cologagh	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Colgath	Mr. Tronson
	Colgath	Mr. John Coats
	Galgorgh	Applotter of County Cess
	Galgorth	High Commission Survey & Valuation Report
	Calgagh	Down Survey Reference
	Galgagh	Down Survey Map
	Calgagh	Inq. Temp. Car. I
	Calgach, 'prickly or thorny land'	John O' Donovan
1836	Calgath	John O' Donovan

Dealraíonn sé go bhfuil an logainm **Calgath** follas go leor. Tugann Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge 'Calgach' leis an míniú 'prickly or thorny land' san Ainmleabhar.³⁴¹ Seachas na fianaise an Ainmleabhair, tá níos mó ná tríocha foirmeacha stairiúla aimsithe agam ag tosnú le (1) 'Calgagh' sa bhliain 1390 agus i gcoitinne tá siad i gcomhréir go réasúnta maith lena chéile. De réir Russell: 'In Irish, derivative adjectives as local names are very rare ... However as Flanagan pointed out, the simple noun or adjective represent the older stratum of local names' agus tugann sé na solaoidí 'Íascach, Sligeach, Corcach'.³⁴² Ar an mbonn seo b'fhéidir gurb ainm ársa é 'Calgagh' más comhdhéanamh é den ainmfhocal 'calg' le iarmhír aidiachtúil '-ach'. Is cosúil gur cailleadh fuaim an chonsain chuimiltigh chogusaigh /x/ thar na blianta.

³⁴¹ Ainmleabhar na SO *Mí 102*, lch 4.

³⁴² Paul Russell, *Celtic word-formation; the velar suffixes* (Dublin, 1990), lch. 23.

Is é (34) '**kaI,gaθ**' an fuaimniú áitiúil a fuair mé le haghaidh an logainm seo. Ina chuntas ar Ghaeilge na Mí faoin teideal 'Canamhaint na Midhe' i n*Duanaire Na Midhe* deir Seosamh Laoide gur fuaimníodh 'ach' sna focail shamplacha 'geamach, bacach etc.' mar "aa".³⁴³ I dtaca leis an bhfuaim /th/ ag deireadh focal Gaeilge sa chanúint cuireann sé in iúl dúinn gur tharla sé ag deireadh focal leis an bhfoirceann '-cht (bocht, locht iocht, etc.)'.³⁴⁴ Is amhlaidh, áfach, gurb é tionchar an Bhéarla san áit seo go sonrath a mhíneodh an titim amach '-ach' > 'ath' (/ax/ > /aθ/)

Ar aon nós is í an fhoirm Bhéarla 'Calgath' a mhol Ó Donnabháin faoi thionchar an leagan 'Colgath' a fuair sé ó 'Mr Tronson of Colgath House' agus 'Mr Coats of Bridestream House ... the principal occupying tenants'.³⁴⁵ D'fhéadfaí tuairimiú freisin gur tharla forás mar seo: 'Calgach > Calgacht > Calgat agus gur réadú í an fhoirm Bhéarlaithe 'Calgath' ar 'Calgat. Moltar an fhoirm Ghaeilge **Calgach**.

4.6 Cill agus Coill:

Logainmneacha dar céad eilimint **cill** nó **coill** atá idir lámha anseo. Is deacair go minic idirdhealú a dhéanamh idir na heilimintí 'cill' agus 'coill' i logainmneacha bailte fearainn Béarlaithe agus uaireanta i logainmneacha paróistí fiú. Seasann an eilimint Bhéarlaithe 'Kil(l)-' le haghaidh **cill** nó **coill** i logainmneacha ón 17ú haois ar a laghad.³⁴⁶

D'fhág fódú na Críostaíochta a rian ar logainmneacha na Mí mar a rinneadh mórthimpeall na tíre i gcoitinne; féach, mar shampla an líon mór logainmneacha leis an eilimint 'cill'. Tagann an focal **cell** (**ceall** sa Nua-Ghaeilge Mhoch) ón Laidin agus ba é an tuiséal tabharthach uatha **cill**; is í an fhoirm seo a fhaightear caomhnaithe de ghnáth i logainmneacha. Is í 'cill' an tuiséal ainmneach anois. Ina thaobh seo, tugann Toner agus Ó Mainnín le tuiscint dúinn: 'The constant use of place-names in oblique cases after prepositions frequently leads to the oblique form being adopted as the nom. sing. ...'³⁴⁷ De réir Mhic Giolla Easpaig, 'The element *cill* was the most productive term in ecclesiastical placenames in the twelfth century Christian period.'³⁴⁸ De réir O' Connor, '... In the sense

³⁴³ Seosamh Laoide (eag.), *Duanaire na Midhe* (Baile Átha Cliath, 1914), lch. 124.

³⁴⁴ Ibid., 124; féach freisin N.J.A. Williams 'Téacsanna foghrúla ó chontae na Mí' in *Studia Hibernica*, xxx-xxxii (1998-2001), 277-291.

³⁴⁵ Ainmleabhar na SO *Mí*, 102, lgh. 3, 4.

³⁴⁶ Flanagan & Flanagan, *Irish place-names*, lch. 58.

³⁴⁷ Gerard Stockman (gen. ed.), *Place-names Of Northern Ireland* (vol. I, Belfast, 1992), Gregory Toner and Mícheál B. Ó Mainnín (eds), *Co. Down I: Newry and south-west Down*, lch. 108.

³⁴⁸ Dónall Mac Giolla Easpaig, 'Placenames and early settlement in county Donegal' in William Nolan, Liam Ronayne, Mairead Dunlevy, (eag/í) *Donegal: history and society* (Dublin, 1996), lch. 172.

of ‘church’, *cill* tended to be replaced by *teampall* and *mainistir* in the twelfth and thirteenth centuries.³⁴⁹ Ciallaíonn 'cill' eaglais nó lonnú manach cosúil le mainistir, nó reilig, toisc gurbh ionann suíomh na reilige agus láithreán eaglaise nó mainistir tráth. Tá an eilimint seo an-choitianta i logainmneacha paróistí agus chomh maith le fianaise scríofa, bíonn fianaise seandálaíochta le sonrú freisin de ghnáth. De réir Deirdre Flanagan, 'Not surprisingly, “kil(l)” is by far the commonest element in parish names, in which instances the probability of its representing cill rather than coill is high.'³⁵⁰

De réir Flanagan and Flanagan, '*Coill* is one of the standard Irish words for a “wood”; since the seventeenth century at least, it has been anglicised as ‘kil(l), thus causing confusion with ‘kil(l)’ as the usual Anglicisation of *cill*, meaning church, monastery.'³⁵¹ I dtaca leis an bhfadhb seo freagraíonn an logainm **Kildangan**, mar shampla, do:

Cill Daingin [D] i gContae Chill Dara agus
An Choill Dhaingean [D] i gContae Uíbh Fhailí.³⁵²

Uaireanta bíonn fianaise scríofa i nGaeilge ag tacú go díreach leis an leagan *cill*; uaireanta eile bítear ag brath ar fhianaise imthoisceach. Tóg mar shamplaí **Kilmurry** nó **Kilbride**. Is féidir a bheith réasúnta cinnte gurb í an Mhaighdean Mhuire nó Naomh Bríd atá i gceist mar cháilitheoir sna logainmneacha seo agus gur féidir linn glacadh leis go sealadach gur **cill** atá i gceist ón bhfianaise imthoisceach.³⁵³

I m'ábhar taighde tá naoi logainm leis an eilimint **cill** nó **coill**, 4.6.1 **Kilcarty**, 4.6.2 **Kilclone**, 4.6.3 **Kilcooly**, 4.6.4 **Kilglin**, 4.6.5 **Kilgrague**, 4.6.6 **Killeany**, 4.6.7 **Kilmessan**, 4.6.8 **Kilmore** agus 4.6.9 **Kiltale**

4.6.1 **Kilcarty**: par. Kilmessan (DI); N88275 55637

Fianuithe:

1)	c.1190	Kilcardif	<i>ICL</i> , LLXIV ³⁵⁴
2)	1306	Kylkarthy	<i>Gormanston Reg.</i> , p170
3)	1384	Kilcarthy	<i>RPCH</i> , 8 Ric. II, p119
4)	1408	Kylcarthi	<i>ICL</i> , CLXV ³⁵⁵

³⁴⁹ O' Connor, *Atlas of Irish place-names*, lch.45.

³⁵⁰ Deirdre Flanagan, 'Common elements in Irish placenames: ceall, cill', in *BUPNS* ser. 2, ii, (1979) lch. 1.

³⁵¹ Flanagan & Flanagan, *Irish place-names*, lch. 58.

³⁵² *BLE* (www.logainm.ie/mapz) (28 Aibreán 2010).

³⁵³ Flanagan, 'Common elements in Irish place-names: ceall, cill', lch. 1.

³⁵⁴ Hogan, *The priory of Llanthony prima & secunda*, lch. 241.

³⁵⁵ *Ibid.*, 385.

5)	1431/2	Kilcarthy	<i>RPCH, 10 Hen. VI, p254</i>
6)	1540-41	Kylcartye	<i>Crown surveys, p41</i>
7)	1540-41	Kylcarte	<i>Crown surveys, p42</i>
8)	1569	Kylcarte	<i>fiant Eliz., 1460</i>
9)	1570	Kylkartie	<i>fiant Eliz., 1541</i>
10)	1581	Kilcarty	<i>Inq. Leinster Eliz., 2</i>
11)	1605	Killcarte	<i>Rept. pat. rolls J1, p176</i>
12)	1611	Kilkarty	<i>Inq. Leinster Jac. I, 9</i>
13)	c.1650	Killcarthy	<i>Inq. Leinster Car. I, 165</i>
14)	1654-6	Kilcarty	<i>Civil Survey v, 137</i>
15)	1654-6	Killcarty	<i>Civil Survey v, 138</i>
16)	1655-9	Kilcartty [sic]	<i>Top. index, Petty BN, p256</i>
17)	c.1666	Kilcarty	<i>MS G vi 2, BSD</i>
18)	c.1690	Kilcarty	<i>Irish Jacobites³⁵⁶</i>
19)	1685	Killcarty	<i>Petty HD 1685, p7</i>
20)	1783	Kilcarty	<i>Taylor & Skinner's maps, p56</i>
21)	1794	Kilcarty	<i>Upton freeholders</i>
22)	1803	Kilcarty	<i>Grand jury, p12</i>
23)	1812	Killcarty	<i>Larkin's map</i>
24)	1814	Kilcarty	<i>Leet, Directory, p228</i>
25)	1928	Cill-Charthach	<i>Ó Meachair, p133</i>
26)	1978	Cill Chárthaigh	<i>Fitzsimons, p56</i>
27)	2011	,kil'carti: {15, 17}	<i>fuaimniú áitiúil</i>

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mi 063* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 11

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Kilcarty	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Kilcarty	High Commission Survey & Valuation Report
	Kilcarty	Down Survey Reference
	Kilcarty	Down Survey Map
	Kilcarty	Inq. Temp. Ed. I (Archdall)
	Kilkarty	Inq. Temp. Eliz.
	Kilcarty	Inq. Temp. Jac. I
	Killkarty	Inq. Temp. Car. I
	Killkarthy	Inq. Temp. Car I

³⁵⁶ Simms, 'Irish Jacobites', lch. 24.

	Kilcarthy	Inq. Temp. Car. I
	Cille Chartín	John O' Donovan
	Cill Cárthaigh, 'St. Carthach's church'	John O' Donovan
1836	Kilcarty	John O' Donovan

Níl ach baile fearainn amháin faoin ainm **Kilcarty** in *BLE*.³⁵⁷ Tá dhá eilimint sa logainm seo de réir dealraimh agus molann Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge **Cill Cárthaigh** leis an míniú 'St. Carthach's church' san Ainmleabhar thuas.³⁵⁸

Seachas an leagan fánach (1) 'Kilcardif' i gcairt Llanthony c.1188-91 tá na fianuithe thuas i gcomhréir go réasúnta maith lena chéile agus ó lár an 17ú haois faightear an fhoirm 'Kil(l)carty' go rialta. Is é is dóichí go bhfuil an ceart ag an Donnabhánach i dtaca leis an gcáilitheoir agus gur réadú é 'carty' ar 'Cárthaigh (tuiseal ginideach de 'Cárthach')'. Luann O' Rahilly pointe bainteach maidir le 'Carthy < Cárthaigh' nuair a chuireann sé 'Kilcarty' san aicme '*Irish th preserved in English*' mar seo: 'Kilcarty co. Meath; **Kylcarthy** [*recte*: *Kylkarthy*], Gorm. Reg., 170: *Cill Charthaigh*.³⁵⁹ Faightear an 'th' i bhfoirmeacha eile luatha, (3,4,5) sa bhfianaise stairiúil thuas ach ní bhfuaireas é sa bhfuaimnú áitiúil den lá inniu.

Ach an ainm naoimh atá i gceist anseo? Aontaíonn Joyce le cinneadh Uí Dhonnabháin, **Kilcarty** in Meath; St. Carthach's church' ach ní sholáthraítear aon fhianaise.³⁶⁰ Faightear fiche sé 'Foundations' luaite sa *Monasticon* inchoardaithe comhcheangailte ar bhealach éigin le 'Naomh Cárthach' éigin (bhí níos mó ná ceann amháin), ach ní luaitear 'Kilcarty' faoi bhráid anseo ina measc. Níl aon tagairt do naomh ach an oiread in *Cogan* nó sna martarlaigí ná i *VSH* (Heist) go bhfios dom i dtaca leis an áit seo. Ar an lámh eile de, ba ghnáth-dhaoine naofa iad cuid mhaith de na 'naoimh' sa Luathré Chríostaí (NÓM). B'fhéidir go raibh an 'Cárthach' idir lámha anseo san aicme sin.

Faightear samplaí de 'coill' + sloinne' nó 'coill' + ainm pearsanta' deimhnithe in *BLE* le haghaidh na mbailte fearainn seo: 'Killoneen/Coill Eoghainín' [D] agus 'Killowen/Coill Eoghain' [D] i gContae Uí Fhailí agus 'Killandrew/Coill Aindriú' [D] i gContae Chill Chainnigh.³⁶¹ Mar an gcéanna agus de réir analaí, b'fhéidir gur 'coill + ainm' .i. 'Coill

³⁵⁷ *BLE* faoi 'Kilcarty' (www.logainm.ie) (3 Eanáir 2011).

³⁵⁸ Ainmleabhar na *SO Mi 063*, lch. 11.

³⁵⁹ O' Rahilly, 'Notes on middle-Irish pronunciation', lch. 179. (Is liomsa an cló trom.)

³⁶⁰ Joyce, *Irish names of places*, iii, 400.

³⁶¹ *BLE* faoi na logainmneacha luaite faoi seach (www.logainm.ie) (3 Eanáir 2011).

Chárthaigh', atá i gceist sa logainm seo freisin. Is é an fhadhb leis seo ná go bhféadfadh an eilmint 'Cill' a bheith ceangailte le hainm pearsanta freisin.

Níl aon tagairt dhíreach don ghné fhisiciúil 'coill' in *Civil Survey* v ach cuirtear in iúl go bhfuil 194 acra sa bhaile fearainn seo le 'Arable 160, Mead 8, Pastur 20' [=188] a fhágann fuílleach de 6 acra nach bhfuil sa chomhaireamh sin.³⁶² Cé go bhfuil píosa an-bheag den bhaile fearainn seo le talamh fliuch de réir léarscáileanna an *EPA* níl aon trácht ar phortach. Tá caolsheans go raibh 'coill' san 6 acra seo nó cuid de ar a laghad. Is suntasach freisin go bhfuil coillte le tabhairt fé ndeara i **Kilcarty Demesne** ar an léarscáil stairiúil 6^o na SO a chuirfeadh in iúl gurb iarsmaí de choillte móra iad a bhí ann tráth.³⁶³ I ndáil leis seo deirtear san Ainmleabhar, 'The south point of this td. is a demesne, containing 150 acres, well laid out and wooded.'³⁶⁴ Ní leor an fhianaise seo, áfach, chun a thaispeánt gur choill ársa a bhí ann go mórmhór nuair is coill 'well laid out' atá i gceist.

B'fhéidir gur suntasach freisin gur scríobh an Donnabhánach '**Cille** Chartín' san Ainmleabhar cé nár thug sé aon mhíniú.³⁶⁵ Ní foláir nó go raibh béaloideas ag baint leis seo. Ghlacfainn le cinneadh Uí Dhonnabháin anseo agus moltar **Cill Chárthaigh** mar fhoirm Ghaeilge.

4.6.2 **Kilclone:** par. Kilclone (DU); N93723 43856

Fianuithe:

1)	1540-41	Culcloyne	<i>Ir. mon. poss.</i> , p294
2)	1540-41	Kilclone	<i>Ir. mon. poss.</i> , p297
3)	1545	Kilclone	<i>fiant Hen. VIII</i> , 473
4)	1554	Coulcloyne	<i>fiant P. & M.</i> , 56
5)	c.1558	Kilclone als Kilclonagh	Griffith, <i>Cal.inq. P. & M.</i> , A. 50
6)	1566	Culcloyne	<i>fiant Eliz.</i> , 866
7)	1568-9	Kilcloyne	<i>fiant Eliz.</i> , 1250
8)	1603	Kilclone	<i>Rept. pat. rolls JI</i> , p50
9)	1602-03	Killclone	<i>fiant Eliz.</i> , 6777
10)	1622	Kilcloane	<i>Clergy list 1622</i> ³⁶⁶
11)	1622	Kilcloane	<i>Ussher's works</i> , i, lxxix
12)	1623	Killclonagh	<i>Inq. Leinster Jac. I</i> , 67

³⁶² *Civil Survey* v, 137-8.

³⁶³ Léarscáileanna an OSi (<http://maps.osi.ie/publicviewer/>) (3 Eanáir 2011).

³⁶⁴ Ainmleabhar na SO *Mí 063*, lch. 11.

³⁶⁵ *Ibid.*

³⁶⁶ Healy, *History of the diocese of Meath*, i, 253.

13)	1625	Killclonagh	<i>Inq. Leinster Car. I, 6</i>
14)	1626	Killclonagh	<i>Inq. Leinster Car. I, 9</i>
15)	1627	Kilclone	<i>Inq. Leinster Car. I, 25</i>
16)	1654-6	Killclone	<i>Civil Survey v, 151</i>
17)	1654-6	Kilclone	<i>Civil Survey v, 153</i>
18)	1654-6	Kilcloone	<i>Civil Survey v, 152</i>
19)	1654-56	Killelone	<i>Civil Survey v (tithes list)</i>
20)	1659	Killclone	<i>MS 14E 22, Hib. Del. map</i>
21)	1655-9	Kilclone	<i>Top. index Petty BN (& HD), p257</i>
22)	c.1666	Kilclone	<i>MS G vi 2, BSD</i>
23)	c.1666	Killclone	<i>MS 974, BSD, p124</i>
24)	1682X1685	Kilclone	<i>Dopping, p236</i>
25)	1788	Kilcloon	<i>Plunkett Visitation, Cogan, ii, 207</i>
26)	1797	Killclone	<i>Beaufort's map</i>
27)	1795	Killclone	<i>Seward, Top. Hibernica</i>
28)	1802	Killclone	<i>Thompson surv. (Taylor's map)</i>
29)	1812	Killcloon	<i>Larkin's map</i>
30)	1814	Kilclone	<i>Leet, Directory, p229</i>
31)	1830	Culclone	<i>Chanc. rolls (1838), I, 14³⁶⁷</i>
32)	1836	Killcloan	<i>Chanc. rolls (1838), XXVII, 21</i>
33)	1836	Killcloan	<i>Chanc. rolls (1838), XXVII, 22</i>
34)	1837	Kilcloan	<i>Lewis, A top. dict., i, 61</i>
35)	1867	Kilcloon	<i>Cogan, ii, 359</i>
36)	1955	Cill Chluain	<i>Eolaí an Phoist, p 463</i>
37)	1964	Coill Chluana	<i>AGBPL, p28</i>
38)	1969	Cill Chluain	<i>Eolaí an Phoist, p289</i>
39)	1969	Coill Chluana	<i>AGBP, p55</i>
40)	1982	Coill Chluana	<i>Eolaí an Phoist, p198</i>
41)	1989	Coill Chluana	<i>Gasaitéar, p72, p235</i>
42)	1978	Cill Chluana	<i>Fitzsimons, p56</i>
43)	2011	Coill Chluana [D]	<i>logainm.ie</i>
44)	2011	,kil'klu:n {6}	<i>fuaimniú áitiúil</i>

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 102* sa Chartlann Náisiúnta, lgh. 26, 27

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Kilclone	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Kilclune	Stone in graveyard June 1819

³⁶⁷ 'Killelone, otherwise Culclone, otherwise Killilone'.

	Killclone	Thompson's Statistical Survey
	Kilcloone	Applotter of County Cess
	Kilcloone	Mr. J. Connor Land Surveyor
	Kilclone	High Commission Survey & Valuation Report
	Killone (sic)	Down Survey
	Killclone	Inq. Temp. Jac. 1
	Kilclone	Inq. Temp. Jac. 1
	Cill chluana, 'church of the lawn or meadow'	John O' Donovan
1836	Kilclone	John O' Donovan

Is logainm **Kilclone** le haghaidh par. agus baile fearainn laistigh de. Cé gur mheas Ó Donnabháin gur '**Cill Chluana**' ceartfhoirm an logainm seo leis an míniú, 'church of the lawn or meadow',³⁶⁸ is í '**Coill Chluana**' an fhoirm Ghaeilge atá deimhnithe in *BLE*.³⁶⁹ Cé acu is ceart nó an bhfuil bunús eile fiú ag an aicmitheoir?

Féachaimis ar an bhfianaise bailithe thuas. Faightear an fhoirm (3) 'Kyl' uair amháin, líon naoi gcinn déag den fhoirm 'Kil' agus líon trí chinn déag den fhoirm 'Kill' mar réadú ar an aicmitheoir 'Cill' nó 'Coill'. Is suntasach, áfach, go bhfaightear an fhoirm (1,6) **Cul** faoi dhó, agus an fhoirm (4) **Coul**, uair amháin, agus tagann siad ón 16ú haois.

Cad dó a seasann na foirmeacha seo **Cul** agus **Coul** - do 'Coill', 'Cill' nó fiú 'Cúl' (nó 'Cúil')? Tugann Gregory Toner le tuiscint dúinn, go bhfuil **cúil** le fáil níos minicí ná **cúl** i logainmneacha.³⁷⁰ Tá 'Cúil Chluana' chomh hinchreidte agus atá 'Coill Chluana' de réir na bhfianuithe (1,4,6). Féachaimis ar logainmneacha le cáilitheoirí cosúla chun léargas níos fearr a fháil ar phríomheilimint an logainm seo - cúil, coill nó cill.

Ar an gcéad dul síos má fhéachtar ar shluaoidí logainmneacha le aicmitheoir **Cúil**:

Cúil an Áirne/Coolnarney [D],
 Cúil an Chraois/Coolacrease [D],
 Cúil an Iúir/ Coolanure [D], Contae Uibh Fhailí;
 Cúil Fobhair/Coolfore,
 Cúil Chríodáin/Coolcreedan [D],
 Cúil Fobhair/Culfore [D], Contae Lú;
 Cúil an Longaigh/Coolalong [D],
 Cúil Ráithín/Coolraheen [D],
 Cúil Chaisín/Coolcashin [D], Contae Chill Chainnigh

³⁶⁸ Ainmleabhar na SO *Mi 102*, lch. 26.

³⁶⁹ *BLE* faoi 'Kilclone' (www.logainm.ie/mapz) (28 Aibreán 2010).

³⁷⁰ Gregory Toner, 'The backward nook: cúil and cúl in Irish place-names', in *Ainm*, vii (Belfast, 1996-7), lch 113.

feicfear go bhfuil na foirmeacha stairiúla 'Cool', 'Col', 'Cul(l)', 'Coal' agus 'Cowl' le fáil sna taifid scanáilte in *BLE* ina dtaobh ach is suntasach nach bhfeictear an fhoirm Bhéarlaithe 'Kil(l)' nó 'Kyl(l)'.³⁷¹ I dtaca le 'Kilclone' idir lámha, áfach, taispeánann meáchan na fianaise thuas an fhoirm Bhéarlaithe 'Kil(l)'. Ar bhonn comparáide amháin le foirmeacha Béarla na logainmneacha eile sa liosta thuas is inmheasta nach 'Cúil' í an fhoirm Ghaeilge den aicmitheoir i 'Kilclone' faoi chaibidil.

Fágtar 'Coill' agus 'Cill' san áireamh. Caithfear fianaise imthoisceach a iniúchadh anseo freisin ionas go bhféadfaí cinneadh réasúnta dearfach a dhéanamh.

Ar an gcéad dul síos ní raibh na foinsí go léir atá ag an mBrainse Logainmneacha anois le fáil ag an Donnabhánach. Luann Hogan (bl. 1910) áiteanna éagsúla leis an ainm 'Cell Cluaine' nó leis an ainm 'Cell Cluana' san *Onomasticon* ach ní ionannaíonn sé aon cheann díobh le **Kilclone** idir lámha.³⁷² Mar an gcéanna, faightear 'Ceall Chluaine' faoi cúig agus 'Ceall Chluana' faoi dhó i bhfascúl 3 den *FSAG* ach ní ionannaítear aon cheann le 'Kilclone' idir lámha.³⁷³ Chomh maith leis sin níl aon tagairt don áit seo sa *Monasticon Hibernicum* inchuardaithe.³⁷⁴ Ní luaitear é ach an oiread sna martarlaigí ná in *Medieval religious houses in Ireland* de chuid Gwynn and Neville Hadcock.³⁷⁵

Cáineann Brady an easpa eolais a thugann Cogan ina shaothar de trí imleabhar, *The diocese of Meath ancient and modern* i dtaca leis an bparóiste Caitliceach **Kilclone**,

Fr Cogan's treatment of the parish of Kilclone is disappointing. 120 years ago, if he had got assistance, it should have been possible to answer some of the problems that arose. With few documents and little tradition today we can only conjecture. The first problem concerns the origins of the present parish. **Kilcloon as a parish did not exist in medieval times.** Fr Cogan has not recorded any penal days traditions; and **we can only assume that the union was formed towards the end of the 17th century**

...³⁷⁶

Is suntasach go ndeir sé '**Kilcloon** as a parish did not exist in medieval times'. I dtaca leis seo cuireann A. J. Otway-Ruthven in iúl dúinn gur chuid de pharóiste eaglasta *Galtrim* é **Kilclone** go dtí discaoileadh na mainistreacha, 'Galtrim, however, till after the dissolution included the later parishes of Drumlargan ... and Kilclone, all of which were dependent

³⁷¹ *BLE* faoi na logainmneacha luaite faoi seach (www.logainm.ie) (28 Feabhra 2011).

³⁷² Locus OÉC (<http://publish.ucc.ie/doi/locus>) (29 Aibreán 2010).

³⁷³ Ó Riain *et al* (eds), *FSAG*, 3, lch. 143.

³⁷⁴ Bunachar *Monasticon* faoi 'Kilclone' (<http://monasticon.celt.dias.ie>) (29 Aibreán 2010).

³⁷⁵ Aubrey Gwynn and R. Neville Hadcock, *Medieval religious houses in Ireland* (London, 1970).

³⁷⁶ John Brady, *A short history of the parishes of the diocese of Meath 1867-1937* (Navan, 1937-41), lch 25.

chapelries'.³⁷⁷ Ag tacaíocht le pointe Otway-Ruthven ní fhaightear aon tagairt do Kilclone mar pharóiste sna foinsí le trácht ar an gcánachas eaglasta sna blianta 1302-6 ach luaitear 'Church de Galtrim with chapels' .i. na 'dependent chapelries' réamhluaite.³⁷⁸

Chomh maith leis sin cé gur cuireadh foirmeacha (1, 6) **Cul** agus (4) **Coul** as an áireamh mar réadú ar 'Cúil' thuas dealraíonn sé go bhfuil siad níos cosúla le 'Coill' ná le 'Cill'. Cuirtear in iúl dúinn freisin in *Civil Survey* v go raibh sé acra **Und'wood** fós sa bhaile fearainn timpeall 1654.³⁷⁹ Ar an ábhar seo is í is dóichíde an fhoirm bhunúsach 'Coill Chluana' molta in *BLE* ná 'Cill Chluana' molta ag Ó Donnabháin san Ainmleabhar thuas.³⁸⁰

Feictear (36) 'Cill Chluain' in *Eolaí an Phoist* 1955 ach ghlac Oifig an Phoist leis an bhfoirm **Coill Chluana** i gcomhréir le (39) *AGBP* tar éis 1969 mar ba ghá go hoifigiúil; féach (40).

Pléitear an eilimint 'cloon' et *var.* faoi 4.7 thíos. Le linn dó a bheith ag plé an logainm 'Cill **Cluaine**' i dTiobraid Árann tagraíonn Ó Cearbhaill do fhoirm an ghinidigh agus deir sé 'gur ceadaíodh consan deiridh caol i gin, u. an log. um an dtaca sin [bl. 1482] in ionad gnáth-foirm na SG., clúana, gin, u, *i*-thamhan.³⁸¹ Ní bhfuaireas aon fhianaise dá leithéid sin i ndáil le 'Kilclone' atá faoi bhráid anseo. Ach is suntasach an fhoirm (5) thuas ina bhfaightear 'Kilclone als **Kilclonagh**'. Is ródhócha gur réadú é '-agh' anseo ar an bhfoirceann neamhaiceanta sa tuiséal ginideach 'chluana'. De ghnáth cailltear é trí Bhéarlú ar bhonn comparáide leis na fianuithe eile. Is é (44) /,kil'klu:n / an fuaimniú áitiúil anois. Moltar **Coill Chluana** mar fhoirm Ghaeilge an logainm seo.

4.6.3 **Kilcooly**: par. Knockmark (DI); N94039 50736

Fianuithe:

1)	1463	? Kilcouly	<i>Stat. rolls Edw. IV</i> , 3 i, p212
2)	1574	? Kilcolie	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> , 68 (2)
3)	1600	Kilcomly prope Knockmarke	<i>Inq. Leinster Eliz.</i> 6
4)	1609	Kilcowly wood near Knockmark	<i>Pat. Rolls 7 James I</i> , p149
5)	1612	Kilcowley	<i>Inq. Leinster Jac. I</i> , 11
6)	1621	Kilcowley	<i>Inq. Leinster Jac. I</i> , 53

³⁷⁷ Otway-Ruthven, 'Parochial development of Skreen', lch. 121.

³⁷⁸ *CDI*, v, 255, 264.

³⁷⁹ *Civil Survey* v, 151.

³⁸⁰ *BLE* faoi 'Cúil Chluana' (www.logainm.ie) (3 Feabhra 2011).

³⁸¹ Ó Cearbhaill, *Logainmneacha na hÉireann II*, lch. 90.

7)	1633	Killcoolie	<i>Inq. Leinster Car. I, 82</i>
8)	1633	Killcoolye	<i>Inq. Leinster Car. I, 82</i>
9)	1640	Kilcowlí al' Kilcooly	<i>Inq. Leinster Car. I, 154</i>
10)	1794	Kilcooly [par. Knockmark]	<i>Upton freeholders</i> ³⁸²
11)	1802	Kilcooly	Thompson surv. (<i>Taylor's map</i>)
12)	1812	Kilcooly	<i>Larkin's map</i>
13)	1910	Cell cumuli?	Hogan, <i>Onomasticon</i> ³⁸³
14)	1935	Cill Cúile?	Ó Foghludha, p41
15)	1978	Cill Cúile	Fitzsimons, p56
16)	2011	,kil'cu:li: {15,18}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 067* lch. 6 sa Chartlann Náisiúnta

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Kilcooley	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Kilcooley	Rev. Lydiart, Rector
	Kilcooley	Tenants Receipts for Rent
	Kilcowley	<i>Inq. Temp. Jac. I</i>
	Kilcoolye	<i>Inq. Temp. Car. I</i>
	Cill Cúile, 'church of the corner or angle.'	John O' Donovan
1836	Kilcooly [ceartaithe aige leis an litir 'e' scríosta amach as Kilcooley]	John O' Donovan

Tá dhá bhaile fearainn faoin ainm 'Kilcooly' i gContae na Mí. Ní féidir a bheith cinnte ón gcomhthéacs uaireanta an mbaineann na fianuithe (1,2) thuas le **Kilcooly**, par. *Knockmark* atá idir lámha anseo nó bf. 'Kilcooly' par. *Kilcooly*, barúntacht *Navan Upper*.

Dealraíonn sé gur logainm é seo le dhá mhír Bhéarlaithe: 'Kil' + 'cooly' faoi chomhréir na Gaeilge. Féachaimís ar an dá mhír seo - an t-aicmitheoir 'Kil' ar dtús. Sna fianuithe (1-10) ní fhaightear ach an fhoirm Bhéarlaithe 'Kil(l)'. Níl a dhóthain eolais iontu féin chun socrú ar 'cill' nó 'coill' mar bhunfhoirm.

Níor luaigh Hogan suíomh (12) **Cell cumuli** san *Onomasticon*; ná Ó Foghludha leis an bhfoirm (13) 'Cill Cúile' ach amháin chun a thabhairt le tuiscint go bhfuil sé suite i gContae na Mí. Mar atá luaite, áfach, tá dhá bhaile fearainn (agus paróiste ina bhfuil

³⁸² Upton Papers no. 12: 'An alphabetical list of Meath freeholders 1799' (RIA).

³⁸³ D'ionannaigh Hogan 'Cell cumili' le 'Kilcooly' ach le comhartha ceiste: Locus OÉC (<http://www.ucc.ie/locus/>) (2 Meitheamh 2010).

ceann amháin acu) faoin ainm seo. Dá bhrí sin níl na tagairtí réamhluaite úsáideach.

Féachaimis ar logainmneacha cosúla chun léargas a fháil ar an logainm atá faoi chaibidil.

Ní fhaightear aon logainm in *BLE* leis an bhfoirm **Coill** Chúile. Ar an lámh eile de faightear ceithre bhaile fearainn agus ceithre pharóiste dlí faoin ainm Béarlaithe 'Kilcooly'; tugtar an fhoirm Ghaeilge **Cill Chúile** [D] le haghaidh cuid acu.³⁸⁴ Ar bhonn comparáide leo siúd amháin bheifí ag súil gur réadú 'Kil(l)' ar an leagan Gaeilge 'Cill' sa logainm atá faoi bhráid ach gan fhianaise ghlan ó fhoinsé neamhspleách ní féidir glacadh leis seo. Cé go luaitear par. **Knockmark** i dtaobh 'ecclesiastical taxation' c. 1306 in *CDI*,³⁸⁵ ní luaitear bf. **Kilcooly** sa phar. sin agus atá idir lámha anseo. Ar an lámh eile de tá fianaise imthoisceach le fáil ag cur in iúl gur **coill** a bhí i gceist.

Is suntasach an iontráil (3) thuas in ionchoisne timpeall na bliana 1600 '... de quodā **bosc in Kilcomly prope Knockmarke**' ag cur in iúl go raibh coill san áit seo.³⁸⁶ Chomh maith leis sin faightear tagairt eile ag tacú leis, '8^a [acres] **Kilcowly wood near Knockmarke**' i ndeontas do 'Christopher baron of Killene' in *Pat. Rolls 7 James I* sa bhliain 1609.³⁸⁷ Ní fianaise lándearfa í seo gurb é 'Coill' an t-aicmitheoir ach is fianaise réasúnta láidir imthoisceach í.

Féachaimis ar an gcáilitheoir. Is iad (1) '-couly', (2) '-colie', (4) '-cowley', (5,6) '-cowley' (7) '-coolie' (8) '-cooyle' agus (9-12) '-cooly' na foirmeacha Béarlaithe thuas le miondifríochtaí a réitíonn i gcoitinne leis an bhfoirm Ghaeilge 'c(h)úile', tuiséal ginideach den eilimint 'cúil'. Ach caithfear an fhoirm shuntasach (3) '**Kilcomly prope Knockmarke**' a phlé.

Deir Lanigan, 'Among those eminent scholars of Finnian is mentioned Mogenoch **Kille-comly**, who was most probably the Genoc a Briton, who followed him to Ireland ...'³⁸⁸ Mar an gcéanna deir Cogan, '... Colgan says that Mogenoch was a nephew of St. Patrick, and that he was the same with Mogenoch of Kille-Comly, who was an eminent pupil of St.

³⁸⁴ *BLE* faoi 'Kilcooly' (www.logainm.ie/) (3 Feabhra 2011).

³⁸⁵ *CDI*, iii, 255, 264.

³⁸⁶ *Inq. Leinster 6* sa bhliain 1600 in Hardiman (ed.), *Inquisitions of the province of Leinster*.

³⁸⁷ *Pat. rolls James I*, lch. 149

³⁸⁸ John Lanigan, *An ecclesiastical history of Ireland, from the first introduction of christianity among the Irish to the beginning of the thirteenth century* (4 vols, Dublin, 1822), ii, 233.

Finian's of Clonard.³⁸⁹ Faightear tagairt freisin i bhfoinse Laidineach, *VSH* (Heist).³⁹⁰ An ionann an 'Kille-Comly' seo agus 'Kilcooly' par. *Knockmark* idir lámha?

Ag baint úsáide as an tagairt dheireanach in *VSH* (Heist) sa *Monasticon* inchuadaithe comhcheanglaítear 'Mo-genoc' agus 'Cell Chumili' agus ionannaítear 'Cell Chumili le:

- a) 'Kilcooly' par. *Knockmark* faoi chaibidil, agus le
- b) 'Kilcooly' par. *Kilcooly*,
iad araon i gContae na Mí.³⁹¹

Is ródhócha, áfach, nach bhfuil an ceart ag an *Monasticon* inchuadach faoi ionannú **Kilcooly** idir chamáin agus nach dtagraíonn sé i gceart ach amháin do 'Kilcooly', par. agus baile fearainn i mbarúntacht *Navan Upper* Contae na Mí freisin ar na cúiseanna seo:

- a) Luaitear faoi 'Recorded History (in *Monasticon*): Llanthony Cart. c. 1182'. Is cinnte go mbaineann an tagairt seo le bf. 'Kilcooly' par. *Kilcooly* seachas bf. 'Kilcooly', par. *Knockmark* atá faoi chaibidil.³⁹²
- b) faoi 'Bibliography' (in *Monasticon*) tagraítear do Cogan (1862, i, 177) agus is fíor go luann sé 'Kilcooly' maidir le deontas Wiliam de Messet do chanónaigh Llanthony ach is 'Kilcooly' par. *Kilcooly* a bhí i gceist agus ní an bf. 'Kilcooly' idir lámha anseo.

An ainm pearsanta atá i gceist in (3) '**Kilcomly** prope Knockmarke'? Faightear an t-ainm pearsanta 'Cumhal(l)' san innéacs faoin teideal 'Ainmneacha Pearsanta' in Ó Muraíle *GBIG*.³⁹³ Tagraítear do ghinealaigh éagsúla 'Finn' ceannaire na Féinne, mar shampla 'Fionn mac Cumhaill m. Trenmhoir' agus 'Fionn mac Cumuill m Baoisgne'.³⁹⁴ Ní féidir a rá, áfach, gurb é seo an t-ainm pearsanta atá i gceist nuair a chuirtear an tuiséal ginideach 'Cumuill/Cumhail'³⁹⁵ i gcomparáid le tuiséal ginideach (3) 'Comly' fiú más foirm Laidineach í. Ar aon nós bheadh sé neamh-mhuiníneach glacadh le fianaise ó fhoinse amháin gan tacaíocht ó fhoinse neamhspleách eile.

Thug Kevin Murray agus Pádraig Ó Riain, OÉ Corcaigh, súil ar an gcuntas seo agam agus i r-phost chugam dúirt siad go mbeadh siad i bhfábhar 'Coill' mar phríomheilimint. Mhol siad freisin go bhfuil 'féidirtheacht ann gur **cumhaile** atá sa tarna eilimint (tuis. gin. uatha den ainmfhocal cumhal) seachas Cumhail (an tuis. gin. den ainm pearsanta Cumhal)' ach

³⁸⁹ Cogan, *The diocese of Meath*, i, 125.

³⁹⁰ W. W. Heist (ed.), *Vitae sanctorum Hiberniae ex codice olim Salmanticensis nunc Bruxellensi* (Bruxelles, 1965), lch. 83, 'Mugenoch Kille Cumili' agus lch. 101, 'Mugenoch Kylli Cumli'.

³⁹¹ Bunachar *Monasticon* faoi 'Kilcooly' par. *Knockmark* (<http://monasticon.celt.dias.ie>) (4 Eanáir 2011).

³⁹² Ibid. (04/01/2011) Is é par. 'Kilcooly' agus na tailte ann atá i gceist agus ní an bf. 'Kilcooly' idir lámha: féach: St John Brooks (ed.), *Llanthony prima & secunda*, XXIV, lch. 32.

³⁹³ Ó Muraíle, *GBIB*, v, 201.

³⁹⁴ Ibid., ii, 435.2 agus 435.4.

³⁹⁵ Heist (ed.), *Vitae sanctorum Hiberniae*, lch. 83, 'Mugenoch Kille Cumili' agus lch. 101, 'Mugenoch Kylli Cumli'.

deir siad freisin nach féidir a bheith cinnte i dtaobh ceachtar den dá eilimint.³⁹⁶ Féach alt a scríobh Gearóid Mac Niocaill in *Ériu* 22 (1971) faoi 'Tír Cumaile'.

Ar an iomlán is logainmm fadhbach é 'Kilcooly' par. *Knockmark* agus ní féidir a rá go raibh an ceart ag Ó Donnabháin san Ainmleabhar i dtaca leis an aicmitheoir san fhoirm Ghaeilge 'Cill Cúile' a mhol sé.³⁹⁷ Bheadh an fhoirm Ghaeilge 'Coill Chúile' níos dóchúla ar bhonn na fianaise thuas cé go bhfuil sí tearc. Moltar an fhoirm **Coill Chúile**.

4.6.4 **Kilglin:** par. Balfeaghan (DU); N87062 42199

Fianuithe:

1)	807	?Cill Dumi gluinn	<i>BAPT</i> p168 ³⁹⁸
2)	834	?Cill-Dumha	<i>ARÉ</i> , i, 448 ³⁹⁹
3)	835	?Cill-duma-glinn	<i>AU</i> ² , p292 ⁴⁰⁰
4)	c.1100	?Cell Dumai Gluinn	<i>Trip. Life</i> , (Stokes), p69 ⁴⁰¹
5)	c.1100	?Cill Dumai Gluind	<i>Trip. Life</i> , (Mulchrone), p44 ⁴⁰²
6)	c1170	?Cell duma gluinn	<i>Fél. Húi Gormáin</i> , p247
7)	1538	Gylglyn	Griffith, <i>Cal. inq. Hen. VIII</i> , 113
8)	c1553	Glin als Killglin	<i>Fitzgerald of Lackagh lands</i> ⁴⁰³
9)	1570	Kilglyne	<i>fiant Eliz.</i> , 1663
10)	1594	Kilgline	<i>fiant Eliz.</i> , 5873
11)	1576	Kilglyn	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> , 84
12)	1576	Kilglin	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> , 87
13)	1635	Glin als Kilglin	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 111
14)	c1637	Kilglyn	<i>Charles I grant</i> ⁴⁰⁴
15)	1638	Glin als Killglin	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 143
16)	1654-6	Kilgline	<i>Civil Survey v</i> , 158
17)	1654-6	Kilglin	<i>Civil Survey v</i> , 159
18)	1659	Killglin	<i>MS 14E 22, Hib. Del. map</i>

³⁹⁶ R-phost chugam ón Dr Kevin Murray OÉ Corcaigh (16 Samhain 2011).

³⁹⁷ Ainmleabhar na SO *Mí 067*, lch. 6.

³⁹⁸ '... Mugenoc hi Cill Duim Gluinn i ndeisciurt Breg' in Bieler (ed.), *The patrician texts*, lch. 168. Maidir leis an dáta, féach Whitley Stokes and John Strachan (eds), *Thesaurus Paleohibernicus* (London, 1903), (ii), xiii, xiv.

³⁹⁹ 'Bresal ... abb Cille Dumha...' in *ARÉ*, i, 448: I bhfo-nóta x deir O' Donovan, 'Cill-dumha.- This should be called Cill-dumha-gloinn, now Kilglinn, in the parish of Balfeaghan ... county of Meath.', i, 449.

⁴⁰⁰ 'Bresal ... princeps Cille Dumai Glinn' in Mac Airt and Mac Niocaill (eds), *AU*, lch. 160.

⁴⁰¹ Whitley Stokes Whitley (ed.), *The tripartite life of Patrick: with other documents relating to that saint* (London, 1887), lch. 69.

⁴⁰² 'Mu genóc hi Cill Dumai Gluind i ndeisciurt Breg' in Mulchrone, (ed.), *Bethu Phátraic* (Dublin, 1939), lch. 44.

⁴⁰³ 'Possessions of Lackagh Fitzgeralds' in *JKAS*, lch. 252.

⁴⁰⁴ Healy, *History of the diocese of Meath*, i, 265.

19)	1655-9	Kilglin	<i>Top. index Petty, BN (& HD), p262</i>
20)	c.1666	Kilglin	<i>MS G vi 2 BSD</i>
21)	c.1666	Killglin	<i>MS 974, BSD, p127</i>
22)	1752	Killgleen	<i>Noble & Keenan map⁴⁰⁵</i>
23)	1794	Kilglin[n] [dara 'n' scriosta]	<i>Upton freeholders</i>
24)	1812	Killglin	<i>Larkin's map</i>
25)	1978	Coill a' Ghleanna	<i>Fitzsimons, p57</i>
26)	2011	,kil'glin {2, 3}	<i>fuaimniú áitiúil</i>

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 102* sa Chartlann Náisiúnta, lgh. 15, 16

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Killglin	Inq. Temp. Car. I
	Kilglin	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Kilglin	The Tenants Receipt Book for Rent
	Kilglin	Applotter of County Cess
	Kilglin	Mr. J. Connor Land Surveyor
	Kilglin	High Commission Survey & Valuation Report
	Kilglin	Down Survey
	Coill a ghleanna, 'wood of the glen or valley'	John O' Donovan
1836	Kilglin	John O' Donovan

Tugann Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge 'Coill a ghleanna' i gcomhair an logainm **Kilglin** leis an míniú 'wood of the glen, or valley'⁴⁰⁶ ach i bhfoinsí eile ionannaítear an áit seo 'Kilglin' le 'Ceall Dumha Gluinn', suíomh eaglasta réamh-Normannach.

Seo a leanas roinnt foinsí ina n-ionannaítear an bf. 'Kilglin' le **Cilldumhagloinn**:

– Faightear an tagairt seo in *Cogan*: 'Cilldumhagloinn, now Kilglinn, is situated in the **parish of Balfeghan**, barony of Upper Deece. A monastery was founded here in the early period – some say by St. Patrick – over which, in the sixth century, presided St. Mogenoch, who was a bishop ...'⁴⁰⁷

– De réir Gwynn and Hadcock, '**Kilglin**, Co. Meath. Fd. By St. Patrick; Mogenoc, br. of Loman, was in *Cell-Dumai-Gluinn*; *TLP* [Tripartite Life] 68 ...'⁴⁰⁸

– Feictear fianú (4) thuas sa *Tripartite Life of Patrick* curtha in eagar ag Stokes, 'Mugenoc hicill Dumai Gluinn indeisciurt Breg ...' agus san innéacs ionannaítear an áit mar seo: 'Cell Dumai Gluinn now **Kilglinn** in the parish of Balfeghan, barony of Upper Deece, Co Meath, O'

⁴⁰⁵ Mapa Chill Dara Noble/Keenan 1752 in *Carton House*, agus i leabharlann an chontae, *Newbridge*.

⁴⁰⁶ Ainmleabhar na SO *Mí 102*, lch.15.

⁴⁰⁷ *Cogan, The diocese of Meath*, i, 126.

⁴⁰⁸ Gwynn and Neville Hadcock, *Medieval religious houses in Ireland*, lch. 390.

D.⁴⁰⁹

– Tugann an *Monasticon* incheardaithe liosta foinsí i dtaobh an tsuímh seo ina n-áirítear na foinsí luatha thuas chomh maith le foinsí eile cosúil le *Additamenta* agus na martarlaigi⁴¹⁰ ina n-ionannaítear 'Cilldumhagloinn' le bf. **Kilglinn**.⁴¹¹

– Tagraíonn Gerard Rice do 'Cilldumhagloinn in the Tripartite Life ... *cella tumuli vituli* or the cell of the calves' or foals' tomb' agus ionannaíonn sé é le **Kilglinn** idir lámha.⁴¹²

– Cuireann Donnchadh Ó Corráin an méid seo in iúl dúinn, '... Cell Duma Glind (**Kilglyn**, some kilometres to the south-east of Trim). This church is said to have been founded by St. Mogenóc, brother of St. Lommán, founder of Trim ...'⁴¹³

In *FSAG*, ar an láimh eile de cuirtear suas d'ionannú na bhfoinsí seo agus maítear: 'Ceall Dumha Gluinn (*Ch of champion's mound*) Prob. Tl / p. **Killegland** (Ashbourne), b. Ratoath MH'.⁴¹⁴ Faoi 'Location' san iontráil chéanna tugtar, '*ecclesiam de Kilegland, ecclesiam de Rathouthe*, RSTA 247'.⁴¹⁵ Tógtar an tagairt réamhluaithe as liosta fada de níos mó ná fiche 'ecclesias' i ráiteas Richardi (*n. Ricardus*), easpag na Mí in *Register of the Abbey of St Thomas*, sa bhliain 1235.⁴¹⁶ Fuaireas tagairt eile, áfach, ina maítear bunús eile le haghaidh 'Killegland'.

I dtaobh 'Kyleghan' in *Reg. Dowdall* ionannaíonn L. P. Murray é mar seo: 'Killegland or *Cill Déagláin*, the modern Ashbourne. v. note by Rev. P. Walsh in Fr. Power's *Vita Deglani* in *Ir. Text. Society* vol. XVI.⁴¹⁷ Is é seo an nóta bainteach: 'Thanks to Rev. Paul Walsh M.A., of Mullingar, I'm able to identify Declan's religious foundation ... The church referred gave name to **Killegland**, a diminutive parish of one townland, which surrounds the village of Ashborne in the barony of Ratoath, Co. Meath ...'⁴¹⁸

De bharr an fhrithrá seo i dtaobh ionannú 'Ceall Dumha Gluinn' chuireas ceist ar eagarthóirí *FSAG*. Is é seo a leanas an freagra cinntitheach a thug an Dr Diarmaid Ó Murchadha (*R.I.P.*) i r-phost chugam le caoinhead an Dr Kevin Murray:⁴¹⁹

⁴⁰⁹ Stokes (ed.), *The tripartite life of Patrick*, innéacs lch 621.

⁴¹⁰ Mar shampla, Whitley Stokes (ed.), *Féilire Húi Gormáin The Martyrology of Gorman* (London, 1936) a thugann an 26ú Nollag mar fhéile 'Mo Genoc' le fo-nóta 'episcop o chill Dhumha ghluinn i ndeisceart Breghe' (ionannaítear an áit seo le 'Kilglinn, Co. Meath') lch. 299.

⁴¹¹ Bunachar *Monasticon* faoi 'Kilglinn' (<http://monasticon.celt.dias.ie>) (15 Samhain 2010).

⁴¹² Gerard Rice, *Norman Kilcloon 1171-1770* (Meath Heritage, 2000), lch. 13.

⁴¹³ Donnchadh Ó Corráin, 'Ireland c. 800: aspects of society' in T.W. Moody, F.X. Martin, F.J. Byrne (eds), *A new history of Ireland, i: Prehistory and early Ireland* (Oxford, 2005), lch. 587.

⁴¹⁴ Ó Riain *et al* (eds), *FSAG*, 3, lch. 165.

⁴¹⁵ *Ibid.*

⁴¹⁶ Gilbert (ed.), *Register of the abbey of St. Thomas the Martyr*, lch. 247.

⁴¹⁷ 'Reg. Dowdall' in *Journal of the County Louth Archaeological Society*, vol 7, no. 2 (1930), lch. 260.

⁴¹⁸ Rev. P. Power, *Life of St. Declan of Ardmore and Life of St. Mochuda of Lismore* (ITS xvi, London, 1914), nóta [77], lch. 174.

⁴¹⁹ R-phost ón Dr Kevin Murray, Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Corcaigh (24 Bealtaine 2011).

Ceall Dumha Gluinn

Kilglin, first proposed by Archdall (who was not always correct in his locations), was followed by many successors - but not by John O'Donovan, who proposed 'Coill a' Ghleanna' for Kilglin. There does not appear to have been a church site there, much less an important ninth-century monastery.

Killegland fits most requirements: it is in 'Deiscert Breg', still a significant centre (Ashbourne) with 15th cent. tower-house ('There are on the premises a castle a stone house with out houses a church a Mill & divers cabbins', CS Meath 98), and still a parish name, with pre-Norman church site and graveyard inside a circular fosse (and another larger untitled circle nearby).

As to the name Killeglan(d) the final 'd' is a modern addition. *Cill Déaglá(i)n*, first proposed by Hogan and adopted in logainm.ie and *Gasaitéar na hÉireann*, is a tempting solution, but there is no trace of such a name in any Irish text, ancient or modern, and no recorded association of a St Declan with any site in the midlands. Hogan's reference came from RSTA 26 ('Kildegla') which is obviously the same place as 'Kilegla' on p. 287, [*recte* 247] being listed beside Ratoath in both documents. It seems that Kildegla is the first reference to *Ceall Dumha Gluinn* after 842, with the 'd' representing 'dumha' rather than 'Dé' (the monastery may well have been destroyed by the Vikings who had a strong presence in Meath in the ninth century⁴²⁰).

In the second document it has lost the 'd', perhaps as a result of the influx of Norman-French speakers who would have found Cill Dumha Gluinn difficult to pronounce. Assimilation of 'd' to 'l' was not unusual; note the following exx. in FSAG:

Ceall Dá Lis > Killalish, WW
Ceall Dalua > Killaloe, CE / KK
Ceall Danáil > Killenaule, TY
Ceall Deamáin > Killamaun, LM
Ceall Deochain Liatháin > Killagholehane, LK
(and in particular) Ceall Duibh Dúin > Killadoon, SO (where 'duibh' is reduced to 'a').

Much depends on the local pronunciation. Note that Larkin in 1812 wrote 'Cleglin' and more significantly, that a seasoned investigator such as O'Donovan in the 1830s could find no trace of 'Déaglán', but instead opted for 'Cill Leithghlinne' (with short medial vowel).

'Prob.' in FSAG denotes that the editors admit a possibility of error, but in regard to Ceall Dumha Gluinn = Killegland, we are still 'generally satisfied as to the equivalence'.

Is argóint áititheach é seo ag ionannú 'Ceall Dumha Gluinn' le 'Killegland' go mórmhór ó thaobh teangeolaíochta de. Mar thacaíocht leis níl aon rud sna fianuithe thuas (7-24) iontu féin a mholfadh nasc dearfach idir 'Ceall Dumha Gluinn' agus 'Kilglin' idir lámha anseo.

Is ródhócha freisin go bhfuil an cáilitheoir 'glin' *et var.* sa bhfianaise stairiúil ag tagairt do ghné fhisiciúil 'gleann'. Faoin gceannteideal 'glenn' tugann *eDIL* an míniú seo: 'In O. I. s, n. gs. **Glinne** ... In Mid. I. masc. heteroclite: gs. glinne glenna ... A valley, a hollow, common in place-names ...'⁴²¹ Más gs. 'glinne' a bhí san fhoirm bhunúsach is cosúil gur cailleadh an foirceann neamhaiceanta thar na blianta (glinne>glin) mar a tharlaíonn go

⁴²⁰ 'Níl bunús ar bith leis an tuairim seo' de réir an Dr Etchingham i nóta ar dhréacht na caibidle seo.

⁴²¹ *eDIL*, litir G colún 100 líne 078 (www.dil.ie) (30 Bealtaine 2011).

minic.

Thug mé cuairt ar an mbaile fearainn seo i dteannta le Brendan Burke feirmeoir áitiúil⁴²² agus ní raibh aon amhras orm ná gur 'gleann' a bhí ag rith tríd an mbaile fearainn seo. Feictear sruthán an ghleanna ag dul trasna faoin mbóthar R158 ar an léarscáil agus ag gluaiseacht i dtreo an Rí/*Rye Water*, teorainn theas an bhaile fearainn.⁴²³

Cad faoin aicmitheoir - **cill** nó **coill**? Níl aon leid sna fianuithe iontu féin a chabhródh linn cinneadh a dhéanamh anseo. Dúirt Brendan Burke thuasluaite, áfach, go ndeireadh a mháthair go raibh 'cill' taobh leis an 'gleann' a thaispeáin sé dom. Ní bhfuair aon fhianaise neamhspleách eile chun é seo a dhearbú (go mórmhór toisc gur cuireadh 'Ceall Dumha Gluinn' as an áireamh i dtaca leis an áit seo). Níl aon fhothrach eaglasta le feiscint agus d'aontaigh sé liom nach raibh aon rian de 'cill' sa talamh ach an oiread. Nuair a bhí an bóthar R158 á thógáil deineadh tochailt thaiscéaláíoch sheandálaíochta roimhré agus cé nár tochlaíodh achar fairsing ní bhfuair aon rian de 'cill' timpeall suíomh an bhóthair ag dul tríd an mbaile fearainn seo ar aon nós.⁴²⁴ Ní cruthú dearfa é seo ach de bharr **easpa fianaise le haghaidh 'cill'** is dóchúla é gur 'coill' an t-aicmitheoir.

Ar an iomlán is cosúil go raibh an ceart ag an Donnabhánach san Ainmleabhar leis an mbunús 'Coill an ghleanna' [*var. gs, glinne*⁴²⁵] i gcomhair an logainm 'Kilglin'. Moltar **Coill Ghlinne** mar fhoirm Ghaeilge an logainm seo.

4.6.5 **Kilgrague: par. Moyglare (DU); N95388 41362**

Fianuithe:

1)	1415	Kylgrege	<i>Index, CCC deeds, 866</i>
2)	1526	Kilgregge	<i>Griffith, Cal. inq. Hen VIII, 14</i>
3)	1529	Kilgrog	<i>Griffith, Cal. inq. Hen. VIII, 48</i>
4)	1529	Kilgrege	<i>Griffith, Cal. inq. Hen. VIII, 49</i>
5)	1531	Kylgrege	<i>Griffith, Cal. inq. Hen. VIII, 64</i>
6)	1540-41	Kilgrege	<i>Ir. mon. poss., p36</i>
7)	1547	Kylgreige	<i>fiant Edw. VI, 134</i>
8)	1588	Rathgerinlegilgreige	<i>fiant Eliz., 5206</i>
9)	1589	Kilgregen	<i>fiant Eliz., 5343</i>

⁴²² Brendan Burke, Kilglin Lane, Kilglin, Balfeaghan, County Meath.

⁴²³ *OSi Discovery Series* (3rd edition) uimhir 49.

⁴²⁴ 'Meath 2007: 1285 – multi-period 06E 1231' (Seandálaí: Aisling Collins, CRDS, Ltd.). <http://www.excavations.ie> (30 Bealtaine 2011).

⁴²⁵ Ó Dónaill, *Foclóir Gaeilge Béarla*, lch. 646.

10)	1597	Kilgreige	<i>fiant Eliz.</i> , 6132
11)	1597	Kilgreige	<i>CPCR 18-45 Eliz.</i> , p481
12)	1598	Kilgrage	<i>Desc. of Ire.</i> , p101
13)	1601	Kilgreage	<i>fiant Eliz.</i> , 6557
14)	1601	Kilgreg	<i>fiant Eliz.</i> , 6557
15)	1602-3	Kilgrige	<i>fiant Eliz.</i> , 6775
16)	1636	Killgregge	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 120
17)	1654-6	Kilgragge	<i>Civil Survey v</i> , 153
18)	1654-6	Killgregg	<i>Civil Survey v</i> 154
19)	1654-6	Kilgregg	<i>Civil Survey v</i> , 154
20)	1659	Kilgrealy	<i>MS 14E 22, Hib. Del. map</i>
21)	1655-9	Kilgreagly	<i>Top. index Petty BN</i> , p262
22)	c.1666	Kilcreggy	<i>MS 974, BSD</i> , p124
23)	c.1672	Kilgrealy	<i>Top. index Petty BHD</i> , p262
24)	1806	Kilgreague	<i>Grand jury</i> , p249
25)	1928	Coill-Ghraig	Ó Meachair, p133
26)	1978	Coill Gráige	Fitzsimons, p57
27)	2011	,kil'gre:g {4, 17}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mi 078* sa Chartlanna Náisiúnta, lch. 15

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Kilgreag	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Kilgrague	Rev. Ardagh, Protestant Rector
	Kilgrage	Rev. J. Lynch, R.C. Rector
	Kilgregrie	High Commission Survey & Valuation Report
	Kilcregy	Down Survey Reference
	Kilgreagy	Down Survey Map
('Make all the Graiges in this Co. agree with Graige-na-managh in the County of Kilkenny.' JOD)	Coill gráige,' wood of the graigue or hamlet'	John O' Donovan
1836	Kilgrague ['u' curtha le peann luaidhe aige]	John O' Donovan

Is logainm Béarlaithe dhá mhíre é **Kilgrague** faoi struchtúr na Gaeilge. Is í an fhoirm Ghaeilge a thugann Ó Donnabháin ná 'Coill gráige' leis an gciall 'wood of the graigue or hamlet'.⁴²⁶ Deir Joyce go gciallaíonn 'Kilgrague' wood of the graig or hamlet' freisin.⁴²⁷

⁴²⁶ Ainmleabhar na SO *Mi 065*, lch. 23.

⁴²⁷ Joyce, *Irish names of places*, iii, 114.

Ní bhfuarthas aon rud sna foinsí ná sa bhéaloideas áitiúil a chuirfeadh in iú gur **cill** atá ina haicmitheoir sa logainm seo. Ar an ábhar seo ba réasúnta glacadh le **coill** mar a mholann Ó Donnabháin thuas. Mar réadú ar an bpríomheilimint faightear na foirmeacha (1,5,7) 'Kyl', (8) 'legil' leis an alt Fraincise ní foláir agus (2-4, 6; 9-24) 'kil(l)'. Faightear 'Kil' go rialta i measc na bhfianuithe san Ainmleabhar.⁴²⁸

Más **graigne** é foirm Bhéarlaithe an cháilitheora, agus ní cinnte é, is annamh a fhaightear an eilimint seo i logainmneacha na Mí; ní bhfuairas ach dhá cheann, 'Kilgraigne' agus 'Oldgraigne'. I ndáil leis na contaetha maguaird dealraíonn sé nach bhfuil an eilimint seo le fáil i logainmneacha na mbailte fearainn i gContaetha Lú, An Iarmhí, Baile Átha Cliath An Longfort, An Cabhán agus níl ach dornán beag i gContae Chill Dara de réir dealraimh.

Tá **éagsúlacht litrithe** sna fianuithe thuas: (1,2,4,5,6,16) 'greg(g)e'; (7,8,10,11) 'greige'; (14,18,19) 'greg(g)'; (23) 'greague'; (12) 'grage'; (13) 'greage'; (15) 'grige'; (17) 'gragge'; (3) 'grog'; (9) 'gregen'; (20, 23) 'grealy'; (21,) 'greagly' agus (22) 'creggy'. Féachann na foirmeacha ar dhá shiolla go mórmhór (20,21,22,23) go haisteach i gcomórtas leis na cinn eile. D'fhéadfaí a mhaíomh gur réadú iad cuid bheag díobh thuas ar an eilimint Ghaeilge **gráig** (ginideach 'gráige') leis an bhfoirceann neamhaiceanta fágtha ar lár ach is inmheasta nach bhfuil tromlach na fianaise i bhfábhar na heiliminte seo.

D'fhéadfadh an fhoirm (9) 'gregan' i bhfiant Elizabeth a bheith ag freagairt don eilimint 'gragán' ar a dtugann *eDIL* na 'Keywords: manor, district or village' ach níl aon tagairt neamhspleách eile chun tacú leis mar bhunfhoirm an logainm seo.⁴²⁹ Níl sé cinnte in aon chor gur foirm dhispeagtha de 'gráig' atá i gceist san fhoirm seo.

Is é 'graigne' an fhoirm is coitianta sa bhfianaise le haghaidh 'Gráig na Manach/Graigenamanagh' ach is cosúil gur **siolla gearr** atá le sonrú sa cháilitheoir i bhfurmhór na bhfoirmeacha stairiúla thuas le haghaidh 'Kilgraigne' anseo.

Cé go réitíonn an fuaimniú áitiúil /(kil)'**gre:g**/ le 'graigne' sa logainm '**Graigenamanagh**' thuasluaite freisin is logainm éiginnte é 'Kilgraigne'. Agus cé nach féidir foirm Ghaeilge 'Coill Ghráige' an Donnabhánaigh a chur as an áireamh b'fhéidir gur réadú iad mórchuid na bhfoirmeacha stairiúla ar an bhfoirm 'Coill Ghreige' (NÓM). Moltar an fhoirm Ghaeilge **Coill Ghreige** go sealadach.

⁴²⁸ Ainmleabhar na SO *Mí 078*, lch. 15.

⁴²⁹ *eDIL*, litir G, colún 144, líne 055 (www.dil.ie) (29 Aibreán 2010).

4.6.6 Killeany: par. Moyglare (DU):94452 40629

Fianuithe:

1)	c.1175-1397	?Kylleny	<i>Gormanston Reg.</i> , p129
2)	1431/2	Kyllaňy	<i>RPCH, 10 Hen VI</i> , p255
3)	1540-41	Killane	<i>Ir. mon. poss.</i> , p36
4)	1540-41	Killane	<i>Crown surveys</i> , p224
5)	1547	Kyllan	<i>fiant Edw. VI</i> , 134
6)	1574	?Kyllane	<i>fiant Eliz.</i> , 2660
7)	1588	Killan	<i>fiant Eliz.</i> , 5206
8)	1589	Killan	<i>fiant Eliz.</i> , 5343
9)	1591	Killane	<i>Pat. Rolls 11 James I</i> , p269 ⁴³⁰
10)	1597	Killane	<i>fiant Eliz.</i> , 6132
11)	1597	Killane	<i>CPCR 18-45 Eliz.</i> , p481
12)	1601	Killane	<i>fiant Eliz.</i> , 6557
13)	1611	Killane	<i>Inq. Leinster Jac. I</i> , 9
14)	1636	Killan	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 120
15)	c.1650	Killane	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 165
16)	1600-1654	?Ceall Aonaigh	<i>FPH</i> ⁴³¹
17)	1654-6	Great Killane	<i>Civil Survey v</i> , 153
18)	1654-6	Great Killan	<i>Civil Survey v</i> , 155
19)	1654-6	Killane	<i>Civil Survey v</i> , 153
20)	c.1666	Great Killane	<i>MS 974, BSD</i> , p125
21)	1797	Killany	<i>Beaufort's map</i>
22)	1802	Killaney	Thompson surv. (<i>Taylor's map</i>)
23)	1812	Killany	<i>Larkin's map</i>
24)	2008	?Ceall Aonaigh	<i>FSAG</i> , 3, 128
25)	2011	,kil'e:ni {4}	fuaimniú áitiúil

Fianaise Athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 078* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 11

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Killany	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Killeany	Headstone Moyglare graveyard
	Killeany	Mr. Byrne

⁴³⁰ Cé go bhfuil an tagairt seo sna *Pat. rolls James I*, 7 tá sé dátaithe 21 Jan. 1591.

⁴³¹ *Éamann Chill Aonaigh, mo ghrádh an fhlaith*, Filíocht Phadraigín Haicéad 46. 'Ceall Aonaigh: (Ch. of assembly) Prob. tl. Killeany, p. Moyglare, b. Upr. Deece MH.' i r-phost ón Dr Kevin Murray (9 Nollaig 2008).

	Killeany	Rev. Ardagh, Protestant Rector
	Killeany	Rev. J. Lynch, R.C. Rector
	Cill Einne, 'St. Eany's church'	John O' Donovan
1836	Killeany	John O' Donovna

Is logainm é **Killeany** le dhá eilimint faoi chomhréir na Gaeilge de réir dealraimh. Mar is gnáth, cuirtear idir dhá chomhairle sinn i dtaobh an aicmitheora: an é 'coill' nó 'cill' atá i gceist? Faightear ceithre sholaoide de 'Kyll' agus ocht déag de 'Kill' i measc na bhfianuithe thuas. Níl go leor eolais iontu féin le go bhféadfaí cinneadh dearfa a dhéanamh. Dá mbreathnóimís ar an gcáilitheoir b'fhéidir go bhfaighimís léargas ar an aicmitheoir.

Is coitianta an eilimint **eanach/marsh** (g. eanaigh) mar cháilitheoir i logainmneacha. Cuir i gcás na solaoide 'Cill Eanaigh/Killanny' [D], Contae Lú agus 'Coill Eanaigh/Killanny' [D], Contae Muineacháin ach ní dóigh liom gur 'eanaigh' an cáilitheoir anseo, de réir dealraimh, toisc gur guta gearr atá sa chéad shiolla. Ní coitianta an eilimint 'feadhain, g. feadhna' (cf. Doire na Feadhna, Uíbh Fhailí) i logainmneacha ach is guta gearr atá i gceist sa chéad shiolla den eilimint 'Feadhna' freisin, mar shampla, i bhfoirm ar nós **Coill Fheadhna**. Is mar /,kil'e:ni/, áfach, a fhuaimnítear an logainm **Killeany** go háitiúil le guta fada sa chéad shiolla den dara heilimint. Ar an lámh eile de, d'fhéadfadh ainm cosúil le **Cill Leáin** (NÓM) a bheith i gceist ar bhonn na fianaise sna foirmeacha (3-15).

Faightear ceithre bhaile fearainn in *GAI* faoin ainm **Killeany**.⁴³² Tagraítear dóibh mar seo in *BLE*: 'Cill Éinne/Killeany' sa Ghaeltacht i nGaillimh; 'Cill Éinne/Killeany' [ND] i gContae an Chláir, 'St. Eany's church' de réir an Donnabhánaigh; 'Killeany' i Laois a mhíniú sé le 'St. Eine's church'; agus dar ndóigh 'Killeany' idir lámha ar a dtugann sé **St. Eany's church** freisin.⁴³³ Pléitear cinneadh thuasluaite an Donnabhánaigh tar éis féidearthacht eile a chioradh.

Thug an Dr Kevin Murray (ag obair le LOCUS, OÉ, Corcaigh) an tagairt seo dom i r-phost sarar foilsíodh é in *FSAG*: '**Ceall Aonaigh** (*Ch. of assembly*) Prob. tl. Killeany, p. Moyglare, b. Upr Deece, MH. *Éamann Chill Aonaigh, mo ghrádh an fhlaith*, FPH 46'⁴³⁴ Tagraíonn an file seo Pádraig Haicéad go minic ina dhánta do Éamann Buitléar, Tiarna

⁴³² *GAI*, lch. 568.

⁴³³ *BLE* faoi 'Killeany' (www.logainm.ie) (3 Márta 2011).

⁴³⁴ R-phost ón Dr. Kevin Murray, UCC, 9 Nollaig 2008. FPH = *Filíocht Phádraigín Haicéad*, ed. M. Ní Cheallacháin (LT 9, Dublin, 1962). Féach freisin Tadhg Ó Donnchadha, *Saothar filidheachta an Athar Pádraigín Haicéad d'Ord San Doimínic* (Dublin, 1916). Tá an tagairt in *FSAG* 3, 128 anois.

(13ú) Dún Búinne. Cuireann Tadhg Ó Donnchadha (*Torna*) in iúl dúinn gurbh é, "Eamonn an Chuirín' an t-ainm ceana a bhíodh ag an bhfile ar a phatrún; agus is minicí an t-ainm sin á lua aige ná ainm aon duine eile."⁴³⁵ An é an tÉamann Buitléar seo atá i gceist anseo?

B'é *Kiltinan*/Cill Teimhneáin i dTiobraid Árann bunáit bhaile le haghaidh an bhraipse seo de na Buitléaraigh ach ní foláir gur choimeád siad súil freisin ar a gcuid tailte mórthimpeall Dhún Búinne i gContae na Mí óna gcaisleán ansin. Níl bf. 'Killeany' idir lámha ach deich gciliméadar slí ó Dhún Búinne agus mheasfaí go mb'fhéidir gurb ionann an áit seo agus 'Cill Aonaigh' atá luaite sa líne filíochta thuas. Ní féidir linn a bheith cinnte, áfach, toisc nach raibh an baile fearainn seo i seilbh na mBuitléarach ag an am sin nó riamh de réir cosúlachta. Ag tacú leis an bpointe sin deir an 29ú Tiarna John Dunboyne liom i r-phost nach raibh eolas aige ar aon bhaint idir an 'Killeany' atá faoi bhráid anseo agus a bhraipse féin de na mBuitléaraigh.⁴³⁶

Ach rinne Pádraig Haicéad tagairt do Éamann eile ina chuid dhánta chomh maith, **Éamann Ó Díomasa** var, Ó Diomasaigh, sagart d'Ord San Doiminic agus *confrère* nó bráthair leis. Ba é a athair an *Viscount* Terence O' Dempsey tiarna *Clanmaliere* (le seilbh aige ar thrí bharúntacht: *Upper Philipstown*, Uí Fhailí, *Portnahinch*, Laois agus *West Offaly*, barúntacht i gCill Dara). Ní haon ionadh gur coisricadh Éamann ina easpag ar **Leighghlinn** de bharr tionchar a athar chomh maith le tionchar a uncail Ross Mc Geoghegan, a bhí ina easpag ar Chill Dara gan a thuilleadh nach iad a lua; dar ndóigh bhí sé iomráiteach ar a shon féin freisin toisc go raibh sé ina phroibhinséal ar na Doimínigh cheana féin.⁴³⁷ Luaitear an méid seo chun a thaispeáint oiriúnacht an fhocail 'flaith' sa líne filíochta thuas i dtaca le hÉamann Ó Díomasa, easpag agus ball de chlann nótaílte - más dó a thagraítear. Tugann Ní Cheallacháin an tagairt, 'Éamann Chill Aonaigh = Éamann Ó Díomasa (?)'⁴³⁸ agus tugann Tórna, 'Éamonn Chill Aonaigh: (?) Éamonn Ó Diomasaigh'.⁴³⁹

Tá baile fearainn eile agus paróiste faoi ainm cosúil, **Killeny** i mbarúntacht *Stradbally* Contae Laoise agus bheadh sé **faoi chúram easpag Leithghlinne** ag an am sin. D'ionannaigh an Dr John Feehan, UCD an 'Killenny' seo leis an bhfoirm Ghaeilge 'Cill

⁴³⁵ Ó Donnchadha, *Saothar filidheachta an Athar Pádraigín Haicéad*, lch. 155.

⁴³⁶ R-phost ón 29ú Tiarna Dunboyne (Johndunboyne@aol.com) (8 Nollaig 2009).

⁴³⁷ Thomas F. Flynn, *The Irish Dominicans 1536-1641* (Dublin, 1993); James McGuire, James Quinn (eds), *Dictionary of Irish biography from the earliest times to 2002* (9 vols, RIA and Cambridge University Press, 2009), vii, lch. 347; 'Miscellaneous documents II 1625 – 1640 uimhir 13' The Bishop of Kildare in favour of Edmund Dempsey, O.P. 14 Feb. 1637' in *Archivium Hibernicum*, xiv, 26.

⁴³⁸ Máire Ní Cheallacháin, *Filíocht Phadraigín Haicéad* (BAC, 1962), lgh. 46, 148.

⁴³⁹ Ó Donnchadha, *Saothar filidheachta an athar Pádraigín Haicéad*, lgh. 5, 21.

Aonaigh'.⁴⁴⁰ Ina alt taispeánann sé go raibh 'Killenny' mar chuid den 'Great Heath' agus deir sé, 'Here they [the tribes of the Laígis] had their communal places of ritual and bonding, assembling for their fairs and special ceremonial that surrounded the burial of their great leaders.'⁴⁴¹ Réitíonn sé seo le brí an tsean-fhocail 'Aonach' a léiríonn An Dr Colmán Etchingham ina alt 'The Irish "Monastic town": is this a valid concept?' nuair a deir sé, 'Fair is the primary meaning of *aonach* in modern Irish, but not of *óenach* in Early Irish, where "political assembly" and horse and chariot race-meeting with ritual associations are the prevalent connotations.'⁴⁴² Bhí sé mar pholasaí na heaglaise níos déanaí dar ndóigh na háiteanna 'págánacha' seo a 'bhaisteadh' díreach mar a rinne siad leis na toibreacha beannaithe, agus dá bhrí sin ní haon ionadh go mbeadh ainm ar nós 'Cill Aonaigh' ar áit mar seo dá bharr. Is dóichíde gurb é seo an 'Cill Aonaigh' sa dhán de chuid an Haicéadaigh.

Faightear an eilimint 'Aonach' in áitainmneacha uaireanta; is solaoídí iad 'Mainistir an Aonaigh/ Monasteranenagh' [D], i Luimneach leis an nóta mínithe: '*the monastery of the fair, assembly*'⁴⁴³ agus 'Mainistir an Aonaigh/monastery of the fair' le haghaidh *Bective*, Contae na Mí.⁴⁴⁴ Ach más do 'Killenny' i Laois é an tagairt i bhfilíocht an Haicéadaigh cuirtear as an áireamh é i dtaobh bf. 'Killeany' par. Moyglare anseo. Ní hé sin is a rá go cinnte, áfach, nach bhfuil an bunús céanna ag an logainm seo. Nuair a smaoinítear ar pholasaí na heaglaise thuasluaite bheifí ag súil le logainmneacha den sórt seo go minic agus go forleathan.

Fágtar linn le plé a dhéanamh ar mhíniú an Donnabhánaigh gur **Naomh Éanna** (< Enda) Árann atá i gceist. Luann Gwynn and Hadcock logainm eile i gContae na Mí sa sliocht seo a thagraíonn do naomh Enda: 'Killaine, Co. Meath: St. Enda, before he was granted Aran, visited his sister St. Fanchea, who had built a monastery [Rossory] and he built another for her nr. Mount Breg on the border of Meath, called Kill-aíne (Kill-Fhainche, *als* (?) Tegh-aíne, burial place of 7 bps.) ... Mt. Breg (Sliab Breg) is said to be nr. Monasterboice: H 605. A place called Kellystown, between Monasterboice and Slane, seems a possible site ...'⁴⁴⁵ Luaitear é seo chun a thaispeáint go dtagtar ar **Naomh Éanna** san taobh seo tíre

⁴⁴⁰ John Feehan, 'Laois, an overview of the county as a place where history happened' in Pádraig G. Lane, William Nolan (eds), *Laois: history and society* (Dublin, 1999), lch 11.

⁴⁴¹ Ibid.

⁴⁴² Colmán Etchingham, 'The Irish 'monastic town': is this a valid concept?' in *Kathleen Hughes memorial lectures* 8 (University of Cambridge, 2010), lgh. 3-35.

⁴⁴³ BLE faoi 'Monasteranenagh' (www.logainm.ie/mapz) (2 Lúnasa 2010).

⁴⁴⁴ Ainmleabhar na SO Mí 011, lch. 2.

⁴⁴⁵ Gwynn & Neville Hadcock, *Medieval religious houses in Ireland*, lch. 391.

uair(eanta) éigin i rith a shaoil.

Ag tacú leis an bpointe seo deirtear in *Vitae Sanctorum Hiberniae* gur tháinig Naomh Enda i measc na Míoch agus gur bhunaigh sé a lán mainistreacha ar dhá thaobh Abhainn na Bóinne: 'Applicuit quoque **in Midensium** oris in portu qui Colptha dicitur ... Peruniens igitur **sanctus Endeus** ad terram, ibi ex utroque parte fluminis quod Boann nominatur, **multas ecclesias fundavit**.'⁴⁴⁶ Ar an ábhar seo b'fhéidir gur bhunaigh *Sanctus Endeus* mainistir san áit seo agus b'fhéidir go bhfuil an ceart ag Ó Donnabháin nuair adeir sé san Ainmleabhar gurb é 'Cill Einne, St. Eany's church' bunús agus míniú an logainm 'Killeany'.

Is í an fhoirm (3) **Killane** an ceann is coitianta i measc na bhfianuithe idir (3) agus (19) thuas ag cur in iúl dúinn, b'fhéidir, gur cailleadh an foirceann neamhaiceanta sa 16ú agus sa 17ú haois (nó freagraíonn na foirmeacha seo d'ainm ar nós 'Cill Leáin' réamhluaithe). Feictear an foirceann sna fianuithe luatha (1,2) agus arís sna fianuithe (20,21,22) 'Killan(e)y'. Bhí an fhoirm seo bunaithe go seasmhach faoi am an Donnabhánaigh agus feictear é sin san Ainmleabhar thuas. Moltar foirm Ghaeilge **Cill Éinne** an Donnabhánaigh le haghaidh **Killeany** cé nach féidir 'Cill Leáin' (NÓM) nó foirm chosúil a chur as an áireamh go cinnte dearfa.

4.6.7 Kilmessan: par. Kilmessan (DI); N88497 57561

Fianuithe:

1)	c.1190	Kilmessan	<i>ICL</i> , XXIII ⁴⁴⁷
2)	1211	Kilmessan	<i>ICL</i> , XXVI
3)	1221	Kilmessan	<i>ICL</i> , XXXVI
4)	1233	Kylmessan	<i>ICL</i> , XXXVIII
5)	1242	Kylmessan	<i>ICL</i> , XVI
6)	1296	Kylmessan	<i>ICL</i> , LXXVI
7)	1302-06	Kilmessan	<i>CDI</i> , v, 255, 264
8)	1310	Kylmessan	<i>Chart. St Mary's, Dublin</i> , i, 278
9)	1387	Kylmesan	<i>RPCH</i> , 10 Ric. II, p134
10)	1389	Gylmessan	<i>RPCH</i> , 13 Ric II, p143
11)	1400	Kilmessan	<i>RPCH</i> , 2 Hen. IV, p160

⁴⁴⁶ Charles Plummer, *Vitae Sanctorum Hiberniae* (2 volumes, Dublin, 1997), ii, 65.

⁴⁴⁷ St John Brooks (ed.), *Llanthony prima & secunda*, lch. 31; Hogan, *The priory of Llanthony prima & secunda*, lch. 242.

12)	1401	Kylmessan	<i>ICL, CXLVII</i>
13)	1403	Kylmessan	<i>RPCH, 4 Hen. IV, p171</i>
14)	1408	Kylmessan	<i>ICL, CLXV</i>
15)	1422/3	Kylmessan	<i>RPCH, 1 Hen. VI, p221</i>
16)	1431/2	Kilmessan	<i>RPCH, 10 Hen. VI, p254</i>
17)	1443	Kylmessan	<i>Reg. Mey, p292</i>
18)	1455	Kilmessane	<i>Stat. rolls Hen. VI, 34, ii, p406</i>
19)	c.1518	Kylmefsan	<i>Arch. Hib. LXI, p331</i>
20)	1527	Kylmessan	<i>Griffith, Cal. inq. Hen. VIII 32</i>
21)	1539-40	Kilmessan	<i>Valor beneficiorum, p4</i>
22)	1540-41	Kylmessan	<i>Crown surveys, pp 41, 42</i>
23)	1569	Kylmessan	<i>fiant Eliz., 1460</i>
24)	1578	Kilmessan	<i>Griffith, Cal. inq. Eliz., 125</i>
25)	1578	Kilmessan	<i>fiant Eliz., 3442</i>
26)	1579	Kilmessan	<i>fiant Eliz., 3564</i>
27)	1581	Kilmessan	<i>Inq. Leinster Eliz., 2</i>
28)	1582	Kyllmessan	<i>fiant Eliz., 3906</i>
29)	1596	Killinessan	<i>Carew MS iii, p195</i>
30)	1605	Kilmessane	<i>Rept. pat. rolls J I, p176</i>
31)	1607	Kilmessan	<i>Griffith, Cal. inq. J.I, 49 (15)</i>
32)	1607	Kilmessan	<i>Griffith, Cal. inq. J.I, 49 (25)</i>
33)	1619/20	Kilmessane	<i>Pat. rolls 17 James I, p562</i>
34)	1622	Kilmessan	<i>Clergy list 1622⁴⁴⁸</i>
35)	1622	Kilmessan	<i>Ussher's works, i, Lxxiv</i>
36)	1624	Kilmessan	<i>Inq. Leinster Jac. I, 72</i>
37)	c1650	Kilmessan	<i>Inq. Leinster Car. I, 165</i>
38)	1654-6	Kilmessan	<i>Civil Survey v, 136</i>
39)	1654-6	Kilmessan	<i>Civil Survey v, 135</i>
40)	1655-9	Kilmessan	<i>Top. index, Petty BN, 267</i>
41)	c.1666	Kilmessan	<i>MS G vi 2, BSD</i>
42)	c.1666	Kilmessan [index]	<i>MS G vi 2, BSD</i>
43)	1682X1685	Kilmessan	<i>Dopping, p64</i>
44)	1685	Kilmessan	<i>Petty HD 1685, 7</i>
45)	1782	Kilmessan	<i>Arch. Hib. VIII, p219</i>

⁴⁴⁸ Healy, *History of the diocese of Meath*, i, 252.

46)	1783	Kilmessen	<i>Taylor & Skinner's maps</i> , p56
47)	1797	Killmessan	<i>Beaufort's map</i>
48)	1802	Killmessan	Thompson surv. (<i>Taylor's map</i>)
49)	1803	Kilmesson [Deece Lr]	<i>Grand jury</i> , p12
50)	1812	Kilmessen	<i>Larkin's map</i>
51)	1814	Kilmessan	Leet, <i>Directory</i> , p245
52)	1837	Kilmessan	Lewis, <i>A top. dict.</i> , ii,178
53)	1910	Cill messáin?	Hogan, <i>Onomasticon</i> ⁴⁴⁹
54)	1922	Cill Measáin	Laoide, p54
55)	1923	Cill Measáin	<i>Oifigí Puist</i> , p19 ⁴⁵⁰
56)	1928	Cill Mheasáin	Ó Meachair, p128
57)	1935	Cill Measán	Ó Foghludha, p45
58)	1955	Cill Measáin	<i>Eolaí an Phoist</i> , p468
59)	1964	Cill Measáin	<i>AGBPL</i> , p28
60)	1969	Cill Measáin	<i>Eolaí an Phoist</i> , p 290
61)	1969	Cill Mheasáin	<i>AGBP</i> , p55
62)	1982	Cill Mheasáin	<i>Eolaí an Phoist</i> , p203
63)	1989	Cill Mheasáin	<i>Gasaitéar</i> , p58, p235
64)	1978	Cill Measain	Fitzsimons, p58
65)	2010	Cill Mheasáin [D]	logainm.ie
66)	2011	,kil' mesən {15}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 063* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 1

	Ortagrafraíocht	Údarás nó Foinse
	Kilmesson	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Kilmessan	Beaufort Map 1797
	Kilmesson	Larkin's Map 1812
	Kilmessen	High Commission Survey & Valuation Report
	Kilmossan	High Commission Education Report
	Kilmessan (P.)	Down Survey
	Kilmessan	Down Survey
	Kilmessan	Inq. Temp. Eliz
	Kilmessan	Inq. Temp. Car. I
	Kilmessan	Inq. Temp. Ed. I (Archdall)
	Kilmessan	Inq. Temp. Eliz. (Archdall)

⁴⁴⁹ Locus OÉC (<http://www.ucc.ie/locus/>) (2 Meitheamh 2010).

⁴⁵⁰ *Liostaí d'Oifigí Puist Saorstát Éireann 1923*.

	Cill Measáin, 'church of Messan' (nom. viri)	John O' Donovan
1836	Kilmessan	John O' Donovan

Is logainm é **Kilmessan** ar pharóiste chomh maith le baile fearainn laistigh de. Cuireann A. J. Otway-Ruthven in iúl dúinn gur pharóiste eaglasta ab ea é roimh 1200 A.D. agus go raibh sé tiomnaithe do Mhainistir Agaistíneach *Llanthony*.⁴⁵¹ Tagann na fianuithe is luaithe (1-6) thuas ó chartlann na mainistreach sin agus cuireann siad in iúl dúinn gur deontas ó Hugh de Lacy ab ea deachúna (tithes) agus beinifísí an pharóiste seo. Luaitear an paróiste freisin maidir le 'ecclesiastical taxation' 1302-1306 in *CDI*.⁴⁵² Ar an ábhar sin is áirithe gurb í 'Cill' an phríomheilimint.

De réir dealraimh freisin, tá an logainm seo déanta de dhá eilimint 'cill + ainm pearsanta. Tugann Hogan (53) **Cell messáin** san *Onomasticon* thuas le comhartha ceiste agus deir Ó Meachair gurb é (56) 'Cill-Mheasáin'. Molann an *Monasticon Hibernicum*⁴⁵³ inchuardaithe 'Cell Massáin'. Tugann Ó Donnabháin an bunús 'Cill Measáin, 'church of Messan' (nom. Viri) san Ainmleabhar.⁴⁵⁴ Feictear an logainm céanna i bparóiste *St. Mullins* i gContae Cheatharlach.

Ní fhaightear an t-ainm seo sna martarlaigí san fhoirm **Messan** ach faightear 'Masse' i *Mart. Tallaght* lena lá fhéile ar an 21^ú Lúnasa.⁴⁵⁵ Feictear 'Meas' agus 'Meisean' in Ó Muraíle *GBIG*.⁴⁵⁶ Ní cinnte gur foirm dhíspeagtha í 'Messan', atá faoi chaibidil, den ainm 'Meas' nó 'Masse' thuasluaite. Díol spéise go bhfuil tagairt ag Arbuthnot don ainm 'Meissin Corb' in *Cóir Anmann* leis an tsanasaíocht '? mes 'judging' + sin 'that' + Corb'.⁴⁵⁷ Ar aon chuma feictear na foirmeacha Béarlaithe (18,30,33) **Kil(l)messane** thuas ag cur in iúl go bhfuil an dara siolla fada san ainm pearsanta seo.

Fágtar an fhoirm fhánach (10) 'Gylmessan' as an áireamh [< i gCill Mheasáin? = tuis. tabharthach]. Tá na fianuithe eile i gcomhréir go maith lena chéile agus le fianaise an Ainmleabhair. Feictear an fhoirm Ghaeilge **Cill Mheasáin** sna foinsí oifigiúla (61) *AGBP* 1969, (62) *Eolai an Phoist* 1982, (63) an *Gasaitéar* 1989, agus deimhnithe anois in (65)

⁴⁵¹ Otway-Ruthven, 'Parochial development of Skreen', lgh. 116-117.

⁴⁵² *CDI*, iii, 255, 264

⁴⁵³ Bunachar *Monasticon* faoi 'Kilmessan' (<http://monasticon.celt.dias.ie>) (7 Nollaig 2010).

⁴⁵⁴ Ainmleabhar na *SO Mi 063* lch. 1 sa Chartlann Náisiúnta.

⁴⁵⁵ R. I. Best and H. J. Lawlor (eds), *The martyrology of Tallaght* (London, 1931), lch. 65.

⁴⁵⁶ Ó Muraíle, *GBIG*, innéacs, v, 500.

⁴⁵⁷ Sharon Arbuthnot, *Cóir anmann: a late medieval treatise on personal names* (2 parts, London, ITS 60, 2006), ii, 53 agus 126.

BLE .⁴⁵⁸ Ní féidir é sin a shéanadh.

4.6.8 **Kilmore:** par. Kilmore (DU); N89413 47406

Fianuithe

1)	c.1194	Kilmor	<i>Reg. St Thomas</i> , p21 ⁴⁵⁹
2)	c.1194	Kilmor	<i>Reg. St Thomas</i> , p253
3)	1202	Kilmor	<i>Reg. St Thomas</i> , p224
4)	1235	Kilmor	<i>Reg. St Thomas</i> , p244
5)	1235	Kylmor	<i>Reg. St Thomas</i> , p247
6)	1248	Kilmore	Sheehy, <i>Pont. Hib.</i> , ii, 297
7)	1260	Kilmore	Sheehy, <i>Pont. Hib.</i> , ii, 495
8)	1302-6	Kilmore	<i>CDI</i> , v, p255
9)	1302-06	Kilmor	<i>CDI</i> , v, p264
10)	1351	Kyllmor	<i>Papal regs.</i> , iii, 398
11)	1335X1345	Kylmore	<i>Reg. Milo Sweetman</i> , p1
12)	1388	Kylmore	<i>RPCH</i> , 12 Ric. II, p139
13)	1403	Kilmore	<i>RPCH</i> , 4 Hen. IV, p171
14)	1403	Kylemore	<i>RPCH</i> , 4 Hen IV, p168
15)	c.1518	Kylmore, Kylmor	<i>Arch. Hib. LXI</i> , pp 330, 336
16)	1539-40	Kilmore	<i>Valor beneficiorum</i> , p3
17)	1543	Kylmore	Griffith, <i>Cal. inq. Hen. VIII</i> , 170
18)	1579	Kylmore	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> , 124
19)	1579	Kilmore	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> , 124
20)	1583	Kilmore	<i>fiant Eliz.</i> , 4254
21)	1595	Kylmore	<i>Mercator map</i>
22)	1609	Kilmore	<i>Boazio's map</i>
23)	1622	Kilmore	Clergy list 1622 ⁴⁶⁰
24)	1622	Killmoore	<i>Ussher's works</i> , i, Lxxiv
25)	1630	Killmore	<i>Inq. Leinster Car. 1</i> , 61
26)	1640	Killmore	<i>Inq. Leinster Car. 1</i> , 158
27)	1654-6	Killmore	<i>Civil Survey</i> v, 148
28)	1654-6	Kilmoore	<i>Civil Survey</i> v, 148
29)	1654-6	Kilmore	<i>Civil Survey</i> v, 148
30)	1659	Killmore	<i>MS 14E 22 Hib. Del. map</i>

⁴⁵⁸ BLE faoi 'Kilmessan' (www.logainm.ie/mapz) (7 Nollaig 2010).

⁴⁵⁹ Luaite i ndeontas Leonisius de Bromiard don mhainister - níos luaithe ná 1194 mar dheimhneigh Eugenius Easpag Chluain Ioraird an deontas agus fuair sé bás 1194 in Gilbert (ed.), *Register of the abbey of St. Thomas*, lgh. 21-2.

⁴⁶⁰ Healy, *History of the diocese of Meath*, i, 252.

31)	1655-9	Kilmore	<i>Top. index Petty BN (& HD), p268</i>
32)	c.1666	Kilmore	<i>MS G vi 2, BSD</i>
33)	c.1666	Killmore [index]	<i>MS G vi 2, BSD</i>
34)	1782	Kilmore	<i>Arch. Hib. VIII, p220</i>
35)	1792	Killmore	<i>Larkin's map</i>
36)	1797	Killmore	<i>Beaufort's map</i>
37)	1802	Killmore	Thompson surv. (<i>Taylor's map</i>)
38)	1812	Killmore	<i>Larkin's map</i>
39)	1837	Kilmore	Lewis, <i>A top. dict.</i> , ii, 185
40)	1978	Cill Mór	Fitzsimons, p58
41)	2010	An Chill Mhór [ND]	logainm.ie
42)	2011	,kil'mo:r {17}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mi 065* sa Chartlann Náisiúnta, lgh. 22, 23

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Kilmore	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Killmore	Thompson's Statistical Survey
	Kilmore	Rev. E.J. Gregory Rector
	Kilmore	Applotter of County Cess
	Kilmore	High Commission Survey & Valuation Report
	Kilmore	High Commission's Education Report
	Kilmore parish	Down survey
	Killmore	Down Survey Map
	Killmore	Inq. Temp. Car. I
	Kilmore	Inq. Temp. Ed. I (Archdall)
	Killmore	Inq. Temp. Car. II
	Killmoore	Inq. Temp. Car. II
	Cill mór, 'great church'	John O' Donovan
1836	Kilmore	John O' Donovan

Maidir leis an logainm **Kilmore** le haghaidh an pharóiste agus baile fearainn araon, molann Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge 'Cill mór, "great church"⁴⁶¹ agus tá an fhoirm **An Chill Mhór** molta in *BLE* ach gan a bheith deimhnithe fós.⁴⁶² Faoi *Descriptive Remarks* san Ainmleabhar tagraíonn Ó Donnabháin do 'church' sa bhaile fearainn seo.⁴⁶³ De réir Lewis, 'The number of ... antiquities creates an opinion that Kilmore was formerly a place of religious importance.'⁴⁶⁴

⁴⁶¹ Ainmleabhar na SO *Mi 065*, lch.23.

⁴⁶² *BLE* (www.logainm.ie/mapz) (28 Aibreán 2010).

⁴⁶³ Ainmleabhar na SO *Mi 065*, lch.23.

⁴⁶⁴ Samuel Lewis, *A topographical dictionary of Ireland* (2 vols, London, 1837; repr. Baltimore, Maryland, 1884, 1995), i, 186.

Níl ach an méid seo le rá ag Cogan faoin eaglais, 'The old church has been uprooted and a Protestant place of worship erected on the site.'⁴⁶⁵ Cuireann A. J. Otway-Ruthven in iúl dúinn gur pharóiste eaglasta é roimh 1200 A.D. agus go raibh sé tiomnaithe do Mhainistir Naomh Thomáis, Baile Átha Cliath.⁴⁶⁶ Tagraíonn an *Monasticon Hibernicum* inchuardaithe do 'Cell Mór Mo-Chap' suite sa bhaile fearainn seo 'Kilmore'.⁴⁶⁷ De réir Moore, 'Kilmore ... Church (site); ruins on site are probably eighteenth century. No trace of old church apart from late sixteenth century slab ...'⁴⁶⁸

Is ainm comónta é **An Chill Mhór/Kilmore** le haghaidh paróistí agus bailte fearainn. Faightear caoga cúig de bhailte fearainn in *GAI*⁴⁶⁹ faoin ainm 'Kilmore' gan eilimint cháileathach eile agus tá an fhoirm Ghaeilge 'An Chill Mhór' deimhnithe le haghaidh cuid mhaith díobh in *BLE*.⁴⁷⁰ Deir an Dr Colmán Etchingham, '... gur chóir láthair eaglasta darbh ainm *Cell Mór* a chur in éindí leo siúd darbh ainm *Domnach Mór* mar go mbaineann siad araon le **ré fíor-luath na Críostaíochta**. D'fhéadfadh gur lár-ionad eaglasta iad na heaglaisí 'móra' seo ('proto-parochial'), agus idirdhealú dá dhéanamh eatarthu agus mion-eaglaisí.⁴⁷¹ Moltar an fhoirm Ghaeilge (41) **An Chill Mhór** [ND] in *BLE* a dheimhniú.

4.6.9 **Kiltale:** par. Kiltale (DI); N89008 54110

Fianuithe:

1)	c.1194	Kiltale	<i>Reg. St Thomas</i> , p22 ⁴⁷²
2)	c.1194	Kiltala	<i>Reg. St Thomas</i> , p253
3)	1194X1224	Kiltala	<i>Reg. St Thomas</i> , p270
4)	1202	Kilcale [<i>sic</i>]	<i>Reg. St Thomas</i> , p224
5)	1235	Kiltale	<i>Reg. St Thomas</i> , p245
6)	1235	Kiltale	<i>Reg. St Thomas</i> , p247
7)	1248	Kiltale	Sheehy, <i>Pont. Hib.</i> , ii, 297
8)	1260	Kiltale	Sheehy, <i>Pont. Hib.</i> , ii, 495
9)	1302-06	Kiltale	<i>CDI</i> , v, pp 255, 264

⁴⁶⁵ Cogan, *The diocese of Meath*, ii, 371.

⁴⁶⁶ Otway-Ruthven, 'Parochial development of Skreen', lgh. 116-17.

⁴⁶⁷ Bunachar *Monasticon* faoi 'Kilmore' (<http://monasticon.celt.dias.ie>) (28 Aibreán 2010).

⁴⁶⁸ Moore, *Archaeological inventory of county Meath*, alt 1434, lch. 138.

⁴⁶⁹ *GAI*, lgh. 584, 585.

⁴⁷⁰ *BLE* faoi 'Kilmore' (www.logainm.ie) (4 Márta 2011).

⁴⁷¹ Nóta ar dhréacht na caibidle seo ón Dr Colmán Etchingham OÉ Má Nuad (31 Márta 2011).

⁴⁷² Luaite i ndeontas Leonisius de Bromiard don mhainistir - níos luaithe ná 1194 mar dheimhnigh Eugenius Easpag Chluain Ioraird an deontas agus fuair sé bás 1194 in Gilbert (ed.), *Register of the abbey of St. Thomas the martyr*, lgh. 21-22.

10)	1335X1345	Kyltale, Kyltal	<i>Reg. Milo Sweetman</i> , pp 1, 3
11)	1414	Kyltalle	<i>RPCH</i> , 2 <i>Hen. V</i> , p205
12)	c.1518	Kyltale, Kyltall	<i>Arch. Hib. LXI</i> , pp 330, 336, 342
13)	1540-41	Kiltaile	<i>Crown surveys</i> , p226
14)	1540-41	Kyltale	<i>Ir. mon. poss.</i> , p31
15)	1543X1558	Kyltale	<i>Reg. Dowdall</i> , p260
16)	1557	Kyltale	Griffith, <i>Cal. inq. P. & M.</i> , 20
17)	1563	Kiltale	<i>Inq. Leinster Eliz.</i> , 1
18)	1566	Killtale	<i>fiant Eliz.</i> , 850
19)	1566	Kyltalle	<i>fiant Eliz.</i> , 869
20)	1576	Kiltale	<i>fiant Eliz.</i> , 2951
21)	1586	Kiltaile	<i>fiant Eliz.</i> , 4927
22)	1602	Kiltale	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> 253
23)	1609	Kilgawen otherwise Kiltall	<i>Pat. rolls 7 James I</i> , p149
24)	1616-7	Kiltale	<i>Inq. Leinster Jac. I</i> , 18
25)	1622	Kiltale	<i>Clergy list 1622</i> ⁴⁷³
26)	1622	Kiltaale	<i>Ussher's works</i> , i, lxxix
27)	1635	Killtalle	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 113
28)	1637	Kiltale	<i>Inq. Leinstr Car. I</i> , 137
29)	1654-6	Killtall	<i>Civil Survey v</i> , 137
30)	1654-6	Killtall	<i>Civil Survey v</i> , 140
31)	1654-6	Killtalle	<i>Civil Survey v</i> , 141
32)	1654-6	Kiltalle	<i>Civil Survey v</i> , 142
33)	1654-6	Kiltale	<i>Civil Survey v</i> , 142
34)	1655-9	Kiltall	<i>Top. index, Petty BN</i> , p272
35)	c.1666	Kiltale	MS G vi 2, <i>BSD</i>
36)	c.1666	Killtale [index]	MS G vi 2, <i>BSD</i>
37)	1682X1685	Kiltale	<i>Doppping</i> , p53
38)	1685	Killtall	<i>Petty HD</i> , p7
39)	1797	Killtale	<i>Beaufort's map</i>
40)	1802	Killtale	Thompson surv. (<i>Taylor's map</i>)
41)	1812	Killtale	<i>Larkin's map</i>
42)	1837	Kiltale	Lewis, <i>A top. dict.</i> , ii, 211
43)	1838	Kilteal	<i>Chanc. deeds</i> , (1840), 552, p134

⁴⁷³ Healy, *History of the diocese of Meath*, i, 252.

44)	1910	Cell taile?	Hogan, <i>Onomasticon</i> ⁴⁷⁴
45)	1928	Cill-Teidhil	Ó Meachair, p133
46)	1978	Cill Teidhil or Cill tSiadhail	Fitzsimons, p59
47)	1910	Cill Táile (ND)	logainm.ie
48)	2011	,kil'te:l {15}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mi 001* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 23

	Ortagrafraíocht	Údarás nó Foinse
	Kiltale	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Killtale	Thompson's Statistical Surveyor's
	Kiltale	Applotter of County Cess
	Kiltale	Tenants Receipts for rent
	Kiltale	High Commission Survey & Valuation Report
	Kiltall	Down Survey
	Killtale	Inq. Temp. Car. I
	Kiltale	Inq. Temp. Jac. I (Archdall)
	Cill Teidhil, 'Teidhil's church' or Cill tSiadhail, 'Sedulius's church'	John O' donovan
1836	Kiltale	John O' Donovan

Is logainm é **Kiltale** le haghaidh paróiste chomh maith le baile fearainn laistigh de. Cuireann A. J. Otway-Ruthven in iúl dúinn gur pharóiste eaglasta ab ea é roimh 1200 A.D. agus go raibh sé tiomnaithe do Mhainistir Naomh Thomáis, Baile Átha Cliath.⁴⁷⁵ Tagann na fianuithe is luaithe thuas (1-6) thuas ó chlárleabhar na mainistreach sin. Luaitear an paróiste freisin maidir le 'ecclesiastical taxation' 1302-1306 in *CDI*.⁴⁷⁶

Ar an ábhar seo is é is cinnte gur réadú é an focal Béarlaithe 'kill' ar **cill** san ainm seo. Molann Hogan thuas (44) 'Cell' (le comhartha ceiste); tugann Ó Meachair (45) 'Cill' agus Ó Donnabháin 'Cill' san Ainmleabhar thuas.

Is suimiúil an t-ailias (23) 'Kilgawen' a fhaightear in *Pat rolls James I, 7*, cosúil b'fhéidir leis an ainm 'Kilgowan/Cill ghabhann' [ND] i gCill Dara leis an nóta mínithe 'the church of the smith' ach níl aon fhianaise eile ag tacú leis an bhfoirm seo mar ailias le haghaidh 'Kiltale' go bhfios dom.

⁴⁷⁴ Locus OÉC (<http://www.ucc.ie/locus/>) (2 Meitheamh 2010).

⁴⁷⁵ Otway-Ruthven, 'Parochial development of Skreen', lgh. 116-117.

⁴⁷⁶ *CDI*, iii, 255, 264

Is eilimint fhadhbach é an cáilitheoir. Luaitear moltaí éagsúla agus déantar cíoradh orthu.

Molann an *Monasticon* inchoardach **Teille**, ainm ceana den ainm 'Ailill' le lá fhéile ar an 25ú Meitheamh sna martarlaigí. In *Fél. húi Gormáin*, mar shampla, luaitear 'Telle tuir naemh nemcrom, ('Telli a holy upright tower') leis an bhfo-nóta, 'o Thigh Telle i n-airthiur Midhe' ('From Tech Telle in the eastern part of Meath').⁴⁷⁷ Ag tacú leis an moladh tagraítear do fhéile 'Ailill mac Segni' ar an 25^ú Meitheamh i *Mart. Tallaght*.⁴⁷⁸ Ní cinnte, áfach, go bhfuil an t-eolas seo bainteach don ainm sa logainm seo.

Ní foláir nó gur scrúdaigh Ó Donnabháin an t-ainm seo go cúramach mar d'fhiafraigh sé i litir uaidh, 'Let me also have all the passages in Colgan, 4 Masters, Lanigan etc. relating to *Kill Teighil*⁴⁷⁹ ach ní raibh sé cinnte sa deireadh agus san Ainmleabhar tugann sé an fhoirm Ghaeilge agus an míniú seo 'Cill Teidhil, 'Teidhil's church' or Cill tSiadhail, 'Sedulius's church'.⁴⁸⁰

Maidir le cinneadh an Donnabhánaigh, luann Lanigan an logainm 'Kill-Teidhil' san *Ecclesiastical History* ach le suíomh i Luimneach, 'Kill-Teidhill was, I dare say, the same as Kiltel in the barony of Coonagh ...'⁴⁸¹ De réir *BLE* is paróiste é 'Kilteely' i mbarúntacht Coonagh/Cuanach.⁴⁸²

Cé acu leagan atá ceart? I measc na bhfianuithe thuas faightear an foirm '-tall' faoi chúig, '-talle' agus '-taile' uair amháin faoi seach agus '-tale', an fhoirm is coitianta le níos mó ná tríocha sampla. Is díol suime go bhfaightear an fhoirm (2,3) **-tala** (le dhá shiolla) faoi dhó sa bhfoinse chéanna, *Reg. St Thomas* agus cé go bhuil an fhoinse seo muiníneach go leor bheifí ag súil le fianaise ó fhoinse neamhspleách eile chun tacú go suntasach leis. Más ceart an fhoirm seo, áfach, chuirfí an t-ainm pearsanta 'Tál', (ginideach Táil') in Ó Muraíle *GBIG* (2003)⁴⁸³ agus in Ó Riain, *Corp. gen.* (1985)⁴⁸⁴ as an áireamh chomh maith leis na foirmeacha 'Teidhil' agus 'tSiadhail' an Donnabhánaigh san Ainmleabhar.

⁴⁷⁷ Stokes (ed.), *Féilire Húi Gormáin*, lgh. 122, 123.

⁴⁷⁸ Best & Lawlor, *The martyrology of Tallaght*, féile 25ú Meitheamh.

⁴⁷⁹ Herity (ed.), *OSL Meath*, 109, lch. 202.

⁴⁸⁰ Ainmleabhar na *SO Mi 001* lch. 23.

⁴⁸¹ Lanigan, *An ecclesiastical history of Ireland*, i, 288 agus fo-nóta 77 lch 291.

⁴⁸² *BLE* faoi 'Kilteely' (www.logainm.ie) (22 Eanáir 2011).

⁴⁸³ Ó Muraíle, *GBIG*, ii, 554.3; ii., 541.25.

⁴⁸⁴ Pádraig Ó Riain (ed.), *Corpus genealogiarum sanctorum Hiberniae* (Dublin, 1985), 704.165; 710.4.

Ar an láimh eile de réiteodh sé leis an leagan tríshiollach (47) **Cill Táile** [ND], in *BLE*. B'fhéidir mar sin gur réadú réasúnta cruinn é an fhoirm (2,3) 'tala' ar fhoirm bhunúsach an cháilitheora. Moltar **Cill Táile** mar fhoirm Ghaeilge an logainm seo.

4.7 Cluain:

De ghnáth is réadú é an eilimint Bhéarlaithe **Clon** (**Cloon** uaireanta) ar an eilimint Ghaeilge 'cluain' cé go bhfuil seans go bhfreagraíonn sé don eilimint 'gleann' mar a fheictear sa logainm 'Clonmethan/Gleann Meáin' [molta].⁴⁸⁵ Is í an bhrí a thugann *eDIL* le 'cluain' ná 'meadow; pasture land; glade'.⁴⁸⁶

Tá **cluain** an-choitianta i logainmneacha agus is solúbtha an eilimint í a chomhcheanglaíonn lena lán téarmaí eile. Taispeánann Laurence Flanagan agus Deirdre Flanagan conas mar a cháilítear go simplí é le haidiacht, mar shamplaí, 'Cluain Fada', Contae Ros Comáin, nó le téarma a chuireann in iúl dúinn úsáid na cluana, mar shampla, 'Cluain na nGamhan', Contae Uíbh Fhailí, nó le hainm duine, mar shampla, 'Cluain Dolcáin' i mBaile Átha Cliath.⁴⁸⁷

I dtaca leis an eilimint seo, áfach, déanann Ó Donnabháin gearán faoi mholtaí Dr O' Connor *et al.* Dar leis,

... it does not follow because it is on record that three of four hermits retired to places called *Cluain*, that the word means a *hermitage*; there are I suppose a thousand places in Ireland called *Cluain* and its diminutive *Cluainín*, and when one has compared their situations he will certainly come to the conclusion that the word means a *fertile insulated spot* having no reference to *hermits* or *druids* but looking to the same origin with the English word *lawn*.⁴⁸⁸

Ach b'fhéidir go raibh baint níos dlúithe idir **na manaigh agus cluainte** ná mar a cheadaíonn an Donnabhánach anseo.

De réir an Colmán Etchingham, mar shampla, 'toisc go raibh an eaglais ag plé le mór-eastáit feirmeoireachta agus réimsí talún dá glanadh aici, d'fhéadfadh gurbh ionann cluain agus **láthair eaglasta** tar éis tamaill'.⁴⁸⁹ Tacaíonn A.P. Smyth leis an bpointe seo, 'The distribution of monastic sites and bogs is mutually exclusive ... many monasteries of the Irish midlands were confined to narrow fertile stretches, winding through millions of acres

⁴⁸⁵ 'Clonmethan ... ar léir ó sheanfhoirmeacha nach cluain atá ann, ach gleann ...' Éamonn de hÓir, 'Sracfhéachaint ar logainmneacha Bhaile Átha Cliath' in *Studia Hibernica*, xv (1975), lch. 135.

⁴⁸⁶ *eDIL*, litir C colún 256 líne 081 (www.dil.ie) (30 Bealtaine 2011).

⁴⁸⁷ Flanagan & Flanagan, *Irish place-names*, lch. 56.

⁴⁸⁸ Herity (ed.), *OSL Meath*, 210, lch. 81.

⁴⁸⁹ Nóta ar dhréacht na caibidle ón Dr Colmán Etchingham OÉ Má Nuad (15 Aibreán 2010).

of boggy waste ... The evidence presented by this bog-cover shows that the old Irish *cluain* element in placenames meant 'a fertile clearing surrounded by an expanse of bog'.⁴⁹⁰ Tagraíonn Pádraig Ó Cearbhaill don méid '... *cluain*-ainmneacha atá taobh le suíomhanna eaglasta ...' i gContae Thiobraid Árann agus moltar 'gur chuid de thalamh (féaraigh) na láithreacha eaglasta a bhí sna *cluainte* sin.'⁴⁹¹ Maidir leis an bpointe seo, is suntasach a mhinicí is a fhaightear **cluain** i logainmneacha na **láithreacha eaglasta luatha**; cuir i gcás na solaoidí: 'Cluain Ioraird', 'Cluain Mhic Nóis' agus 'Cluain Dolcáin'.⁴⁹²

Léiríonn Jones Hughes conas a choinnigh na hAngla-Normannaigh eilimintí áirithe Gaelacha sa *town zone*, '*cluain*' ina measc, 'Other vestigial Irish name elements in north Leinster are the toponyms which commonly refer to landscape elements belonging to the marginal land. The most prominent of these are *cluain* and *cnoc*'.⁴⁹³ Déantar cíoradh ar logainmneacha trí bhaile fearainn anseo, 4.7.1 **Clongutery**, 4.7.2 **Clonlyon** agus 4.7.3 **Clonmeath**.

4.7.1 **Clongutery**: par. Kiltale (DI); N89845 54757

Fianuithe:

- 1) 1978 **Cluain Gutaire** Fitzsimons, p26
- 2) 2011 ,**clan** 'gotəri: {8,18} fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 001* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 20

	Ortagrafraíocht	Údarás nó Foinse
	Clongutery	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Clongutery	Custom of the country
	Cluain Gutaire, 'lawn or meadow of the gutter'	John O' Donovan
1936	Clongutery	John O' Donovan

Ní sine fianaise an logainm **Clongutery** ná na hiontrálacha san Ainmleabhar thuas. Tugann Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge 'Cluain Gutaire' agus aontaíonn Fitzsimons (1) leis.⁴⁹⁴ Glactar leis gur '*cluain*' é an t-aicmitheoir muna dtaispeántar a mhalairt san fhianaise. Féach faoi 4.7 thuas. De réir Laoide ina chuntas 'Canamhaint na Midhe' i n*Duanaire na Midhe* ó thaobh **fhoirm Bhéarla** na heiliminte seo, 'Cluain = Klün, hence

⁴⁹⁰ A.P. Smyth, *Celtic Leinster: towards an historical geography of early Irish civilization A.D. 500 – 1600* (Dublin, 1982), lch. 30.

⁴⁹¹ Ó Cearbhaill, *Logainmneacha na hÉireann II*, lch. 24.

⁴⁹² De réir Éamonn de hÓir, 'Caithfidh sé, measaim, gur sine na cásanna sin na hainmneacha ná na mainistreacha ...' in 'Sracfhéachaint ar logainmneacha Bhaile Átha Cliath', lgh. 130, 131

⁴⁹³ Jones Hughes, 'Town & baile in Irish place-names', lch. 249.

⁴⁹⁴ Ainmleabhar na SO *Mí 001*, lch.20.

Clon- in all Leinster place-names.⁴⁹⁵

I dtaca leis an eilimint **gutaire** tugann Dinneen 'Guta, g, id., pl. -aí, m., puddle, mire, filth, dirt; ... gutach ...'⁴⁹⁶ Ní fhaightear na focail 'gutaire' nó 'gutach' *per se* in *eDIL* ach faighimid 'gutach: muddy, filthy' i bhfoclóir Uí Dhónaill.⁴⁹⁷ Deir Dolan go gciallaíonn 'guttery ... muddy, mud-stained' in Hiberno-English agus luann sé líne ó Kavanagh (*Collected Poems*, 40): 'The dragging step of a ploughman going home through the guttery | Headlands ...'⁴⁹⁸ chun úsáid an fhocail a léiriú mar aidiacht. Is suntasach go dtugann sé sampla úsáide eile ó chontae na Mí, 'Don't bring those **guttery** boots into the kitchen' (Brigid Clerkin, Contae na Mí).⁴⁹⁹

Is talamh maith den chuid is mó atá sa bhaile fearainn seo. De réir léarscáileanna an *EPA* is 'Deep well-drained mineral – derived from mainly calcareous materials' (cód 12) agus 'shallow well-drained material – derived from mainly calcareous parent materials' (cód 22) an chuid is mó de.⁵⁰⁰ Tá cuid de, áfach, timpeall 20% faoi chód 56 a chomharthaíonn 'alluviums' nó 'lacustrine-type soil' mar thoradh ar dhríodar locha nó siolt abhann. B'fhéidir go ndéanfaí **talamh láibeach** nó 'gutaire' in áit le 'lacustrine-type soil' de bharr feirmeoireachta, go mórmhór aistriú eallaigh.⁵⁰¹ Chuir an Dr James Collins, Faculty of Agriculture UCD, an méid seo in iúl dom i r-phost,

Most soils especially those high in silt and clay-sized material will lose their structure and become slurry-like if worked/ kneaded/ trafficked excessively when wet/saturated. This state is prevalent near water-troughs or at gaps. " A guttery gap" is a common expression in places and probably comes from the Gaelic (and from Latin further back). The English word Gutter has a few uses including an 'eave chute' but also a field drain. Many but not all Alluvial or Lacustrine materials can give rise to soils prone to wetness and I can't see why some patches of soils could not be 'guttery', even in Co Meath.⁵⁰²

Is ródhócha mar sin gur talamh gutach a bhí i gceist mar bhunús na heiliminte 'gutaire' sa logainm 'Clongutaire'. Is é míniú an Donnabhánaigh san Ainmleabhar thuas ná 'lawn or meadow of the gutter'. Moltar an fhoirm Ghaeilge **Cluain Gutaire** le haghaidh **Clongutery**.

⁴⁹⁵ Laoide (eag.), *Duanaire na Midhe*, lch. 129.

⁴⁹⁶ Dinneen, *Foclóir Gaedhilge & Béarla*, lch. 680.

⁴⁹⁷ Ó Dónaill, *Foclóir Gaeilge Béarla*, lch. 646.

⁴⁹⁸ Terence P. Dolan, *A dictionary of Hiberno-English* (Dublin, 1998, pb. 1999), lch. 135.

⁴⁹⁹ *Ibid.*, 135.

⁵⁰⁰ Léarscáileanna *Envision an EPA* faoi 'Clongutery'

(<http://maps.epa.ie/InternetMapView/mapviewer.aspx>) (8 Nollaig 2010).

⁵⁰¹ *Ibid.*, (8 Nollaig 2010).

⁵⁰² R-phost chugam ón Dr James Collins (29 Márta 2011).

4.7.2 Clonlyon: par. Kilmore (DU); N87737 45944

Fianuithe:

1)	c.807	hi Cloin Lagen	<i>Additamenta (Bk. Arm.)</i> , 1,7 ⁵⁰³
2)	1387	Clonlewyn	<i>RPCH, 10 Ric. II</i> , p134
3)	1389	Clonlewyn	<i>RPCH, 13 Ric. II</i> , p143
4)	1410	Clonleon	<i>RPCH, 12 Hen. IV</i> , p197
5)	1629	Clonlyons	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 48
6)	1635	Clonleon	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 117
7)	1654-6	Clonlion	<i>Civil Survey v</i> , 148
8)	1654-6	Clonilion [sic]	<i>Civil Survey v</i> , 149
9)	1655-9	Clonlion	<i>Top. index Petty BN</i> , p152
10)	c.1666	Clonlion	<i>MS G vi 2, BSD</i>
11)	c.1666	Clonlyon	<i>MS 974, BSD</i> , 122
12)	1812	Clonlion	<i>Larkin's map</i>
13)	1836	Clonlyon	<i>Chanc. deeds (1840)</i> , 223, p49
14)	1978	Cluian Liadhain	Fitzsimons, p26
15)	2011	,klan'lain {1}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 065* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 20

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Clonlyon	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Clonlyon	Rev. E.J. Gregory, Rector
	Clonlyon	Applotter of County Cess
	Clonlyon	High Commission Survey & Valuation Report
	Clonlion	Down Survey Map
	Clonlyons	Inq. Temp. Car. I
	Clonleon	Inq. Temp. Car. I
'Compare with Rath-mo-line/Killine.' [Nota J. O' D.]	Cluain Liadhain, 'Liadhain's lawn or meadow'	John O' Donovan
1836	[Clonlion athraithe aige go] Clonlyon	John O' Donovan

Dealraíonn sé go bhfuil an logainm **Clonlyon** comhdhéanta de dhá eilimint Bhéarlaithe: 'clon + lyon' faoi sheanstruchtúr na Gaeilge 'NOUN + qualifying GENITIVE'.⁵⁰⁴ Is é is

⁵⁰³ Bieler (ed.), *The patrician texts*, lch 168, (25).

⁵⁰⁴ Toner, 'The definite article in Irish place-names', lgh. 5, 6.

dóichí gur réadú é 'clon' ar **cluain** agus glactar leis gurb ea muna dtaispeántar a mhalairt sa bhfianaise.

Sa bhfianaise stairiúil thuas is suntasach litriú an aicmitheora san fhoirm (1) hi **Cloin** Lagen in *Additamenta* a thaispeánann 'ó' roimh an athrú go 'úa' mar a mhíníonn an Dr Etchingham san anótáil seo:

Tá an ortographaíocht anso an-thábhachtach, mar is litriú rialta de chuid na Sean-Ghaeilge Luath (seachtú aois nó ochtú aois luath ar a dhéanaí) *Clón* in ionad *Cluain*. (Ní cás é so de -o- gairid). Cé go bhfuil téacs an *Additamenta* caomhnaithe sa láimhscríbhinn so de chuid 807/808, is léir go mbaineann an téacs féin le chéad leath na h-ochtú aoise ar a dhéanaí. Ar an ábhar sin, is fianaise an-ársa í so ar an logainm. Faoi dheireadh na h-ochtú aoise, is cosúil go raibh teorainn Chúige Laighean níos faide ó dheas, ag abhainn na Rí.⁵⁰⁵

I ndáil leis an bhforás seo 'ó > úa' deir McCone, 'Cé nár éirigh le scoláirí na coinníollacha a dhéanamh amach go beacht fós ... is minic a bhuaitear le *úa* in áit *ó* sa tSean-Ghaeilge' agus tuairimíonn sé freisin 'gur thart ar dheireadh an 7ú haois a cuireadh tús leis an bhforbairt seo.'⁵⁰⁶

Maidir leis an mbrí 'pasture-land' thuasluaite le haghaidh na heiliminte 'cluain' is suimiúil go gcuirtear in iúl dúinn san Ainmleabhar bainteach, 'It [bf. Clonlyon] is all pasture.'⁵⁰⁷

Faightear cúig bhaile fearainn in *GAI* faoin logainm **Clonlyon** cé go bhfuil eilimint sa bhreis ag gabháil le trí cinn díobh i bparóiste *Clonmacnoise*, Uíbh Fhailí.⁵⁰⁸ Níl aon leagan Gaeilge deimhnithe fós nó molta fiú don logainm idir lámha in *BLE*.⁵⁰⁹

Cad faoin gcáilitheoir **lyon** anseo: an ainm pearsanta nó ainm an chúige atá ann? Faightear éagsúlacht litrithe sna fianuithe thuas: (2,3), '-lewn', (4,6) '-leon', (5) '-lyon(s)' agus an fhoirm is coitianta (7,9,10,12) '-lion'. Tá siad i gcomhréir go réasúnta maith lena chéile ón 17ú haois amach agus leis an bhfianaise athchóirithe san Ainmleabhar thuas.⁵¹⁰ Measaim go bhféadfaí an fhoirm Bhéarlaithe (8) 'Clonilíon' a fhágáil as an áireamh toisc go bhfuil sé corr le hais na bhfoirmeacha eile – b'fhéidir gur dearmad litrithe atá inti go mórmhór nuair a fheictear an leagan (7) 'Clonlion' sa bhfoinse chéanna.

⁵⁰⁵ Nóta ar dhréacht na caibidle seo (5 Bealtaine 2011).

⁵⁰⁶ Kim Mc Cone, 'An tSean-Ghaeilge agus a réamhstair' in Kim McCone *et al* (eag/í), *Stair na Gaeilge in ómós do Pádraig Ó Fiannachta* (Maigh Nuad, 1994), lch. 89.

⁵⁰⁷ Ainmleabhar na *SO Mí 065*, lch.20.

⁵⁰⁸ *GAI*, lch. 256.

⁵⁰⁹ *BLE* faoi 'Clonlyon' (www.logainm.ie) (6 Márta 2011).

⁵¹⁰ *Ibid.*

Maidir leis an ainm pearsanta **Liadhain**, tagraíonn M. A. O' Brien in *CGH* do 'Liadain ingen Diarmata' i rannán 153 b 39'.⁵¹¹ Tá baile fearainn eile i gContae na Mí, 'Killyon' i bparóiste den ainm céanna 'Killyon' leis an gcáilitheoir 'lyon' agus is í an fhoirm Ghaeilge a thugann Ó Donnabháin ná 'Cill **Liadhain**' leis an míniú 'Liadania's church'.⁵¹² Maidir le 'Clonlyon atá faoi chaibidil tugann sé an cáilitheoir céanna, 'Cluain **Liadhain**'.⁵¹³ Faightear an fhoirm Ghaeilge 'Cill Liatháin' [ND] in *BLE* i gcomhair 'Killyon'.⁵¹⁴

Is suntasach an fhoirm Ghaeilge (1) 'Clon Lagen'. Is ródhócha gur **Laighean** (gin.) / **Leinster** atá i gceist. Tá 'Cluain Laighean (Gerald)' deimhnithe ag an mBrainse Logainmneacha le haghaidh *Clonlyon* (Gerald) i bparóiste Chluain Mhic Nóis i gContae Uíbh Fhailí.⁵¹⁵ Is cosúil gurb é 'Clon Lagen' an tsean-foirm Ghaeilge den logainm 'Clonlyon' atá faoi chaibidil. Is mar seo a leanas a luaitear é: 'Migrauit autem Fedilmid trans autem Boindeo et mansit hi Cloin Lagen' agus tá sé aistrithe mar seo ag Bieler, 'Fedilmid moved across the river Boyne and stayed at Clúain Lagen'.⁵¹⁶

Le linn dóibh a bheith ag soláthar brí don fhocal 'cluain' ('meadow, pasture-land, glade') cuireann eagarthóirí *eDil* in iúl dúinn go bhfaightear an eilimint 'cluain' go minic i logainmneacha agus tagraítear go sonrach don logainm 'Clon lagen' réamhluaite atá idir chamáin anseo: 'Very freq. in nn. loc.: hi Cloin lagen, Trip. Ii 337.7'⁵¹⁷ I

Ní raibh Hogan lánchinnte faoi shuíomh na háite leis an iontráil seo san *Onomasticon* ' **Cluain Lagen** (?Clonlyon tl, in Kilmore par. In b. Upr. Deece, Meath)'.⁵¹⁸ Ar an dtaobh eile de, ionannaíonn Pádraig Ó Riain an áit seo 'Cluain Laigen, in Crích Lóegaire Breg' le 'Clonlyon tl., in par. of Kilmore, bar. Of Upper Deece, co Meath'.⁵¹⁹ Déanann Eoin MacNeill mar an gcéanna in alt a scríobh sé in *JRSAI*, 'Clonlyon townland is in the parish of Kilmore, a few miles to the south-east of Trim'.⁵²⁰ Sa *Monasticon* incheardaithe faightear 'Lassar d Fergus' faoin teideal *Documented Association* le *Clonlyon/Cluain*

⁵¹¹ *CGH*, alt 153 b 39, lch. 245.

⁵¹² Ainmleabhar na SO *Mí 061*, lch. 1.

⁵¹³ *Ibid. Mí 065*, lch.20.

⁵¹⁴ *BLE* faoi 'Clonlyon' (www.logainm.ie) (26 Eanáir 2011).

⁵¹⁵ *Ibid.* faoi 'Clonlyon' (15/04/2010).

⁵¹⁶ Bieler (ed), *The patrician texts*, lgh. 168, 169.

⁵¹⁷ *eDIL*, litir C, colún 256, líne 081 (www.dil.ie) (29 Aibreán 2010).

⁵¹⁸ Hogan, *Onomasticon*, lch. 265.

⁵¹⁹ 'Lasar ingen Fhergusa a siúr i Cluain Lagen i Crích Loegaire Breg' in Ó Riain (ed.), *Corpus genealogiarum*, i, 690. 11, lch. 127 agus innéacs, lch 319.

⁵²⁰ Eoin MacNeill, 'The earliest lives of St. Patrick' in *JRSAI*, lviii (1928), lch. 16.

Laigen, p *Kilmore*, b *Deece Upr.*⁵²¹ Chomh maith leis sin tagraítear in Ó Muraíle *GBIG* do 'Lasair agus Aodh i gCluain Laighean i gccrich Lóegaire Breg ...'⁵²² agus san innéacs ionannaítear an áit le 'tl Clonlyon, p *Kilmore, Me.*⁵²³

Cé nach fianaise dhíreach na tagairtí seo is ró-dhócha ar an iomlán gurb í **Cluain Laighean** an fhoirm Ghaeilge den logainm 'Clonlyon' atá faoi chaibidil leis an míniú 'meadow or pasture-land of the Leinstermen'. Dá bhri sin moltar an fhoirm Ghaeilge seo.

4.7.3 **Clonmeath:** par. Galtrim (DI); N86023 50030

Fianuithe:

1)	1249X1252	Clonameth	<i>Liber niger</i> ⁵²⁴
2)	1456	Clonymeth	<i>Stat. rolls Hen. VI</i> , 35, p468
3)	1549	Clonymethe	<i>fiant Edw. VI</i> , 347
4)	1579	Clonymete	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> 124
5)	1601	Clonymethe	<i>CPCR 18-45, Eliz.</i> , p592
6)	1607	Clonemythe	Griffith, <i>Cal. inq. J.1</i> 49 (1)
7)	1607	Clonymethe	Griffith, <i>Cal. inq. J.1</i> 49 (5)
8)	1607	Clonmeath	Griffith, <i>Cal. inq. J.1</i> 49 (23)
9)	1607	Clonemeath	Griffith, <i>Cal. inq. J.1</i> 49 (25)
10)	1624	Clonemyeath	<i>Inq. Leinster Jac. I</i> , 70
11)	1654-6	Cluniemeath	<i>Civil Survey v</i> , 141
12)	1654-6	Cloniemeath	<i>Civil Survey v</i> , 141
13)	1654-6	Clonimeth	<i>Civil Survey v</i> , 141
14)	1654-6	Clonimeath	<i>Civil Survey v</i> , 149
15)	1655-9	Clonimeath	<i>Top. index, Petty BN</i> , p151
16)	c.1666	Clonemeath	<i>MS G vi 2, BSD</i>
17)	c.1666	Clonmeath [index]	<i>MS G vi 2, BSD</i>
18)	c.1672	Clonymea	<i>Top. index, Petty BN</i> , p151
19)	1685	Clonymea	<i>Petty HD</i> , p7
20)	1812	Clonymead	<i>Larkin's map</i>
21)	1837	Clonmeath	Lewis, <i>A top. dict.</i> , i, 638

⁵²¹ Bunachar *Monasticon* faoi 'Clonlyon' (<http://monasticon.celt.dias.ie>) (16 Aibreán 2010); Luaitear foinsí eile sa *Monasticon*: LL 354c; BB 124b; LB 212 agus Lec 113.

⁵²² Ó Muraile, *GBIG*, ii, alt.706.1, lch. 710.

⁵²³ *Ibid.*, iv, innéacs.

⁵²⁴ 'A Calendar of the Liber Niger and Liber Albus of Christ Church Dublin' in *PRIA*, 75C (1907-09), lgh. 1-93.

- 22) 1978 **Cluain na Meadhach** Fitzsimons, p27
 23) 2011 , **clani: 'mi:ð** {13,18} fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mi 067* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 42

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Cloneymeath	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Cloneymeath	County Cess Applotter
	Cloneymeath	Tenants Lease
	Clonymeath	High Commission Survey & Valuation Report
	Clony Meath	Down Survey Reference
	Clonymeath	Down Survey Map
	Cloneymeath	Inq. Temp. Jac. I
	Cluain na Meadhach, 'lawn or meadow of the Meades'	John O' Donovan
1836	Clonymeath	John O' Donovan

Is í an fhoirm Ghaeilge a thugann Ó Donnabháin san Ainmleabhar le haghaidh an logainm **Clonymeath** ná 'Cluain na Meadhach' leis an míniú 'lawn of meadow of the Meades' ag cur in iúl gur thuig sé gurbh é 'an Meadhach' an sloinne ('na Meadhach' sa tuiseal ginideach iolra) sa logainm seo.

Glactar leis gur réadú é **clon** ar 'cluain' sa logainm seo muna dtaispeántar bunús eile san fhianaise. Tá cíoradh déanta cheana féin ar an eilimint 'cluain'. Féach faoi 4.7 thuas.

I dtaca leis an sloinne de molann Ó Donnabháin an fhoirm Bhéarla **Meade**. Tugann MacLysaght agus de Bhulbh bunús Gaelach don sloinne Meade. Mar shampla, deir de Bhulbh, 'Meade, Mead, -s: numerous ... Ir. *Midheach* (Meathman).⁵²⁵ Glacann siad leis freisin go bhfuil bunús eachtrannach leis an ainm seo.⁵²⁶

Ag tagairt do 'Baile na Míoch/Meadstown – *the town of An Míoch*' i gContae Chorcaí soláthraítear an nóta mínithe seo faoin gcáilitheoir in *BLE*:

An **Míoch** (< Midheach < Midech) — sloinne, is dócha, sa chás seo. Is sean-ainmfhocal é mide a chiallaigh 'middle, centre' agus a d'imigh as feidhm go luath. Tá an focal caomhnaithe in ainm an chúige stairiúil agus in ainm an chontae ina dhiaidh sin (.i. An Mhí). Chiallaigh midech mar ainmfhocal firinsneach 'a man of Meath' agus mar ainmfhocal baininsneach 'a woman of Meath'. Rinneadh sloinne de ina dhiaidh sin agus tá foirmeacha ar nós *de Midia*, *Miadh*, srl., le fáil i gcáipéisí Laidine

⁵²⁵ de Bhulbh, *Sloinnnte na hÉireann*, lch. 211.

⁵²⁶ Féach: Reaney & Wilson, *A dictionary of English surnames*, lch. 304.

Faightear logainmneacha eile leis an sloinne seo. Tabhair faoi deara na solaoidí 'Monameagh/Móin na Míoch' [D] agus 'Ballinvee/Baile an Mhígh' [D] Tiobraid Árann, 'Glennnameade/ Gleann na Míoch' [D] Luimneach, 'Meadstown/Baile na Míoch' agus 'Meadstown/Baile an Mhígh', Corcaigh.

Tá na fianuaithe (1-17) thuas i gcomhréir go maith lena chéile le rémíreanna '-meth(e)' nó '-meath' i gcoitinne. Feictear an leagan 'Clonymeath' (18,19) i léarscáileanna Petty. Más 'Míoch (<Mídheach)/Meade' an sloinne is féidir 'Cluain na Míoch' nó 'Cluain an Mhígh' a bheith i gceist. Is deacair a bheith cinnte faoin 'y' sna foirmeacha 'clony'. An réadú é ar 'an' (uimhir uatha) gan an 'n' nó ar 'na' (uimhir iolra) gan an 'n'? Molann an Donnabhánach 'Cluain na Míoch' leis an litriú 'Meadhach'.

Is leagan an-luath é (1) Clonameth ón Liber Niger sa 13ú haois. Tá a fhios againn go bhfuaimníte an consan cuimilteach déadach (glórach agus neamhghlórach) tráth,⁵²⁸ agus is amhlaidh gur caomhnaíodh an fhuaim seo i logainmneacha trí luath-Bhéarlú. De réir G. B. Adams, mar shampla, '*Th* and *dh* were pronounced like English voiceless and voiced *th* in 'thin' and 'then' down to the end of the 12th century ... Some placenames were anglicized early enough to preserve the late middle Irish pronunciation, e.g. *Meath* from *Midhe* ...'⁵²⁹ Mar an gcéanna le linn dó a bheith ag plé 'the history of Irish sounds from the twelfth to the sixteenth century' luann O' Rahilly 'Meath: *Midhe*' faoin gceannteideal 'Irish *dh* preserved in English'.⁵³⁰ Is cosúil go bhfuil an logainm 'Clonymeath' san aicme chéanna ó thaobh caomhnú an /ð/ de.

Moltar an fhoirm Ghaeilge **Cluain na Míoch** seachas 'Cluain an Mhígh' i gcomhair an logainm seo mar níl aon rian de shéimhiú sa bhfianaise ar thúslioir an cháilitheora den ainm seanbhunaithe seo; tabhair faoi deara, mar shampla, an fhoirm stairiúil 'Ballinvige' le haghaidh 'Meadstown/Baile an Mhígh, Corcaigh'.⁵³¹

4.8 Cnoc:

De réir Joyce, '*Cnoc* signifies a hill; its most common anglicised form is Knock, in which

⁵²⁷ BLE faoi 'Meadstown' (www.logainm.ie) (9 Nollaig 2010).

⁵²⁸ Deir O' Rahilly, mar shampla, '... it seems clear ... that before the end of the thirteenth century the old pronunciation of *dh* and *th* were beginning to be lost' in O' Rahilly, 'Notes on middle-Irish pronunciation' in *Hermanthena*, lxiv, lch. 172.

⁵²⁹ Adams, 'Prolegomena', lch. 34.

⁵³⁰ O' Rahilly, 'Notes on middle-Irish pronunciation', lch. 176.

⁵³¹ BLE faoi 'Meadstown' (www.logainm.ie) (29 Meitheamh 2012).

the *k* is usually silent ...⁵³² Tugann Mac Mathúna le fios gur sa tréimhse mid.Ir. 'when ['cnoc' was] first attested' agus go raibh 'Celtic cognates' agus 'IE roots' chomh maith le semantic origins 'lump, protuberance' ag an eilimint seo.⁵³³ Ar léarscáil de chuid O' Connor le haghaidh dáileadh na heiliminte seo i gContae na Mí faightear 'cnoc' mar rémír dhá uair is fiche agus uair amháin mar iarmhír. Tá ceithre bhaile fearainn faoi chaibidil anseo leis an eilimint 'cnoc', trí bhaile fearainn leis an ainm **Knockstown** ar a ndéantar cur síos i gCaibidil 3 faoi 3.2.5 agus an ceathrú ceann, 4.8.1 **Knockmark** a phléitear thíos.

4.8.1 **Knockmark:** par.Knockmark (DI); N93765 51942

Fianuithe:

1)	c.1194	Knocmerke	<i>Reg. St Thomas</i> , p253
2)	1194X1224	Cnocmarc	<i>Reg. St Thomas</i> , p270
3)	1202	Cnocmerc	<i>Reg. St Thomas</i> , p224
4)	1211-12	Cnocmerch	<i>Pipe roll John</i> , 14 ⁵³⁴
5)	1235	Cnocmarc	<i>Reg. St Thomas</i> , p244
6)	1235	Cnocmarc	<i>Reg. St Thomas</i> , p247
7)	1237-8	Cnocmare	<i>DMGR</i> , p73
8)	1241	Knocmerc	<i>Reg. St Thomas</i> , p11
9)	1248	Cnochmarche	Sheehy, <i>Pont. Hib.</i> , ii, 297
10)	1260	Crochemarche	Sheehy, <i>Pont. Hib.</i> , 495
11)	1302-06	Cnocmark	<i>CDI</i> , v, p255
12)	1302-06	Knockmark	<i>CDI</i> , v, p264
13)	1308	Knockmark	<i>CJR 1295-1303</i> [etc.], iii, 21
14)	1335X1345	Knocmark	<i>Reg. Milo Sweetman</i> , p1
15)	1373	Cnocmarke	<i>Gormanston Reg.</i> , p136
16)	1382	Cnokmark	<i>RPCH 5 Ric. II</i> , p117
17)	1401	Cnocmarke	<i>Index, CCC deeds</i> , 809
18)	1407	Cnockmark	<i>RPCH 8 Hen. IV</i> , p186
19)	1422/3	Knockmerk	<i>RPCH 1 Hen. VI</i> , p221
20)	1423	Cnokmarke	<i>Annat. Hib.</i> , p61
21)	1427	Cnocmarke	<i>Papal regs.</i> , vii, 489
22)	1459	Cnockmarke	<i>Stat. rolls Hen VI</i> , 37, p619
23)	1480	Knokmark; Cnocmark	<i>Reg. Octaviani</i> , ii, p728

⁵³² Joyce, *Irish names of places*, i, 381.

⁵³³ Liam Mac Mathúna, 'On the provenance of early Irish topographical lexica' in *Proceedings of the seventh symposium of Societas Celtologica Nordica* Uppsala 2007, lch. 35.

⁵³⁴ Davies & Quinn, 'The Irish pipe roll of 14 John 1211-1212', lch. 26.

24)	c.1518	Knock Mark; Cnokmarke	<i>Arch. Hib. LXI</i> , pp 330, 336, 342
25)	1524	Cnockmarke	Griffith, <i>Cal. inq. Hen. VIII</i> 11
26)	1525	Cnokmarke	Griffith, <i>Cal. inq. Hen. VIII</i> 20
27)	1539-40	Knockmarke	<i>Valor beneficiorum</i> , p3
28)	1540-41	Knokemarke	<i>Ir. mon. poss.</i> , p36
29)	1543X1558	Knokemark	<i>Reg. Dowdall</i> , p260
30)	1543X1558	Crock Marke	<i>Reg. Dowdall</i> , p271
31)	1546	Knockmarke	Griffith, <i>Cal. inq. Hen. VIII</i> 193
32)	1549	Knockmarke	<i>fiant Edw. VI</i> , 408
33)	1556	Knockemarke	Griffith, <i>Cal. inq. P. & M.</i> , 4
34)	1556	Knockmarke	Griffith, <i>Cal. inq. P. & M.</i> , 5
35)	1556	Knockmarke	Griffith, <i>Cal. inq. P. & M.</i> , 15
36)	1562	Knockmarke	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> , 23
37)	1575	Knockmarcke	Griffith, <i>Cal. Inq. Eliz.</i> , 71
38)	1578	Knockmark	<i>fiant Eliz.</i> , 3319
39)	1591	Knockemarke	<i>Pat. rolls 11 James I</i> p269 ⁵³⁵
40)	1595	Knockmarke	<i>fiant Eliz.</i> , 5936
41)	1595	Knockmarcke	<i>fiant Eliz.</i> , 5970
42)	1596	Knockmarke	<i>Carew MS iii</i> , p195
43)	1601	Knockmarke	<i>fiant Eliz.</i> , 6492
44)	1609	Knockmarke	<i>Pat. rolls 7 James I</i> , p149
45)	1622	Knockmark	<i>Clergy list 1622</i> ⁵³⁶
46)	1622	Knockmake [sic]	<i>Ussher's works i</i> , plxxv
47)	1630	Knockmarke	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 58
48)	1627	Knockmarke	<i>CPCR Charles I</i> , p316
49)	c.1637	Knockmark	<i>Charles I grant</i> ⁵³⁷
50)	c.1640	Knockmarke	<i>Inq. Leinster Eliz.</i> , 6
51)	1654-6	Knockmark	<i>Civil Survey v</i> , 144
52)	1654-6	Knockmarke	<i>Civil Survey v</i> , 144
53)	c.1666	knockmarke	<i>MS G vi 2, BSD</i>
54)	1682-1685	Knockmark	<i>Dopping</i> , p50
55)	1718	Knockmarke	<i>Registry deeds</i> , xxi, 426
56)	1734	Knockmark	<i>Nugent papers</i> ⁵³⁸

⁵³⁵ Cé go bhfuil an tagairt seo sna *Pat. rolls James I*, 7 tá sé dátaithe 21 Jan. 1591.

⁵³⁶ Healy, *History of the diocese of Meath*, i, 253.

⁵³⁷ *Ibid.*, i, 265.

⁵³⁸ Ainsworth & MacLysaght, 'Survey of documents in private keeping', lch. 176.

57)	1794	Knockmark	Upton <i>freeholders</i>
58)	1797	Knockmark	<i>Beaufort's map</i>
59)	1814	Knockmark	Leet, <i>Directory</i> , p255
60)	1802	Knockmark	Thompson surv. (<i>Taylor's Map</i>)
61)	1812	Knockmark	<i>Larkin's map</i>
62)	1837	Knockmark	Lewis, <i>A top. dict.</i> , ii 239
63)	1910	Cnocmarc	Hogan, <i>Onomasticon</i> p276
64)	1978	Cnoc Marcaigh	Fitzsimons, p60
65)	2010	Cnoc Marc [ND]	logainm.ie
66)	2011	,nok'mark {18}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 067* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 45

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Knockmark	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Knockmark	Rev. Lydiart, Rector
	Knockmark	Mr Johnsons
	Knockmark	Thompson's Statistical Survey
	Knockmark	Applotter of County Cess
	Knockmark	Hich Commission Survey & Valuation Report
	Knockmark Ph.	Down Survey
	Knockmark	Down survey Map
	Knockmarcke	Inq. Temp. Car. I
	Knockmark	Inq. Temp. Jac. I (Archdall)
	Cnoc marcaigh, 'hill of the horseman'	John O' Donovan
1836	Knockmark	John O' Donovan

Is logainm é **Knockmark** le haghaidh paróiste chomh maith le baile fearainn laistigh de. Cuireann Otway-Ruthven in iúl dúinn gur pharóiste eaglasta ab ea é roimh 1200 A.D. agus go raibh sé tiomnaithe do Mhainistir Naomh Thomáis, Baile Átha Cliath.⁵³⁹ Tagann cuid de na fianuithe is luaithe thuas (1,2,3,5,6,8) ó chlárleabhar na mainistreach sin.

Dealráionn sé gur logainm le dhá mhír in ord na Gaeilge é **Knockmark** agus gurb é 'cnoc' an chéad eilimint.

I dtaca leis an aicmitheoir **cnoc** feictear talamh ard ag éirí ó thaobh Abhainn na Scéine go

⁵³⁹ Otway-Ruthven, 'Parochial development of Skreen', lgh. 116-17.

90m agus níos mó ach de réir cosúlachta is sa bhaile fearainn. 'Bedfanstown' taobh le bf. 'Knockmark' a fheictear an spota airde 115m.⁵⁴⁰

Cad é bunús na heiliminte **mark** sa logainm seo? Cuireann Ó Donnabháin in iúl gur mheas sé gurbh í an eilimint 'marcaigh' .i. an tuiseal ginideach den fhocal 'marcach' a bhí ann. Uaireanta cailleadh an iarmhír neamhaiceanta '-aigh' i logainmneacha ach níl aon rian de i gcás an ainm seo.

Tá níos mó ná seasca fianuithe cnuasaithe anseo le haghaidh **Knockmark**, an chéad cheann chomh fada siar le c.1194 agus is léir nach bhfuil rian den iarmhír '-aigh' iontu. Feictear an foirceann 'e' ag mórchuid acu, mar shamplaí (1) '-merke' agus (15) '-marke-' ach ní cinnte go bhfuil sé ag cur siolla sa bhreis inn iúl. Bhéifí ag súil le foirceann dearfa ar nós '-a' nó '-y' nó '-ie'.

Cad is brí le **marc** sa logainm seo mar ní hamhlaidh go bhfuil 'Cnoc Marcaigh' Uí Dhonnabháin ceart? Faoin gceannfhocal 'marc' tugann *eDil* na bríonna: 'horse, mare, colt'.⁵⁴¹

Níl aon rian den alt sa logainm seo ar nós: 'Cnoc **an** Mhairc' nó 'Cnoc **na** Marc' ach amháin go mb'fhéidir gur solaoid é an logainm Béarlaithe 'Knockmark' de struchtúr níos sine. Léiríonn Toner go raibh an struchtúr NOUN + qualifying GENITIVE, mar shampla, 'Ráth Droma' níos sine ná an struchtúr NOUN + definite article + qualifying GENITIVE' ar nós 'Léim an Fhia'.⁵⁴² Ar an ábhar seo d'fhéadfadh 'Knockmark' a bheith ina réadú ar an bhfoirm Ghaeilge bhunúsach 'Cnoc Marc' leis an míniú 'hill of the horses'.

Seans freisin gurb **ainm pearsanta** atá i gceist. Mar shampla, faightear an logainm *Coolmarks/Cúil Mharcais* i gContae Chill Chainnigh. In *CGH* faightear an t-ainm pearsanta 'Marcán' faoi sheacht⁵⁴³ ach ní fhaightear 'Marc' ná ní fhaightear ceachtar acu in Arbuthnot (2006)⁵⁴⁴ ná sna martarlaigí, mar shampla, *Mart. Tallaght*.⁵⁴⁵

Ar an láimh eile de, deir Ó Cuív (1979) maidir le hainmneacha pearsanta, 'The major body

⁵⁴⁰ *OSi Discovery Series* (3rd edition) uimhir 43.

⁵⁴¹ *eDIL*, litir M, colún 62, líne 034 (www.dil.ie) (29 Aibreán 2010).

⁵⁴² Toner, 'The definite article in Irish place-names', lgh. 5-6.

⁵⁴³ *CGH*, innéacs.

⁵⁴⁴ Sharon Arbuthnot, *Cóir Anmann: a late medieval treatise on personal names* (2 parts, London, ITS, vx, 2006).

⁵⁴⁵ Best & Lawlor, *The martyrology of Tallaght*.

of borrowed names in existence in the Old Irish period was derived from religious sources. There is a limited number in the poems of Blathmac (fl. C. 750-770) ... Names in the Blathmac poems include ... **Marc** ...⁵⁴⁶ Faightear 'Marc' freisin san iontráil seo in Ó Muraíle *GBIG*; 'As íad anmanna na mac soin Ugaine agus na n-ionadh ar ghabhsad iarsan Roinn ... Marc in Midhe ...'⁵⁴⁷

De réir cosúlachta d'fhéadfadh an eilimint 'cnoc' a bheith cáilithe le hainm pearsanta nó sloinne cosúil le 'Cnoc Mhártain/Knockmartin' (ND) i Longfort nó 'Cnoc Ghormáin/Knockgorman' (D) i dTiobraid Árann.⁵⁴⁸

Ar an iomlán is inmheasta go réitíonn an dá struchtúr 'Cnoc + ainm pearsanta Marc' (> **Cnoc Maire**) agus 'Cnoc + Marc' leis an mbrí 'hill of the horses' le formhór na bhfianuithe (1-63) thuas. Is deacair a rá ón bhfianaise gur dóichí é bunús amháin ná bunús eile ach deir áitritheoir (léachtóir Gaeilge ollscoile) liom go meastar go háitiúil gurb é 'hill of the horses' ciall an logainm 'Knockmark'. Moltar an fhoirm Ghaeilge **Cnoc Marc** le haghaidh an logainm seo.

4.9 Coimín/Coimíní:

Le linn dó a bheith ag rangú na gcinéalacha 'Commons' éagsúla tagraíonn Andrews do 'manorial commons' agus deir sé, '

... each had their own proprietor, but despite his impressive title, 'lord of the soil', he was forbidden by long-established custom (or so it was believed) to disturb the rights of the manorial tenantry ... most modern examples [of manorial commons] appear to be relics of the Anglo-Norman era, being chiefly confined to the region of the English Pale and often associated with residual types of nucleated village settlement and open-field agriculture ...⁵⁴⁹

De réir dealraimh tá **Kimmins** san aicme seo.

4.9.1 **Kimmins:** par. Moyglare (DU); N93549 42059

Fianuithe:

1)	1540-41	Kynnnynne [sic]	<i>Crown surveys</i> , p224
2)	1540-41	Kynnyn	<i>Ir. mon. poss.</i> , p36
3)	1547	Kymyns	<i>fiant Edw. VI</i> , 134

⁵⁴⁶ Brian Ó Cuív, 'Borrowed elements in the corpus of Irish personal names from medieval times' in *Nomina*, iii (1979), lch. 44.

⁵⁴⁷ Ó Muraíle, *GBIG*, 104.2, lch. 278.

⁵⁴⁸ *BLE* faoi na logainmneacha liostaithe faoi seach (www.logainm.ie) (8 Márta 2011).

⁵⁴⁹ J. H. Andrews, 'The struggle for Ireland's public commons' in Patrick O' Flanagan, Paul Ferguson, Kevin Whelan (eds), *Rural Ireland 1600-1900: modernisations and change* (Cork, 1987) lch. 3.

4)	1588	The Kemmens	<i>fiant Eliz.</i> , 5206
5)	1589	Kynnen	<i>fiant Eliz.</i> , 5343
6)	1597	Kynnyne	<i>fiant Eliz.</i> , 6132
7)	1597	Kynnyne	<i>CPCR 18-45 Eliz.</i> , p481
8)	1654-6	Kimins	<i>Civil Survey</i> v, 153
9)	1806	Kimmins	<i>Grand jury</i> , p249
10)	c.1666	Kimmijs	<i>MS 974 BSD</i> , p125
11)	1978	Cuimínidhe	Fitzsimons, p59
12)	2011	ḏḁ 'kiminz {7}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 078* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 5

	Ortagrafaíocht	Udarás nó Foinse
	Kimmins	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Kimmins	Rev. Ardagh, Protestanty Rector
	Kimmens	Rev. J. Lynch R.C. Rector
	Kimmins	High Commission Survey & Valuation Report
	Cuiminidhe 'i.e. commons'	John O' Donovan
1836	Kimmins	John O' Donovan

Moltar go gcuirfi cuntas an logainm seo i gcomparáid le plé ar an ainm 3.3.7 **Kemmins Mill**. B'fhéidir go ndeachaigh an dá logainm i gcion ar a chéile ach ní cinnte é seo.

Molann Ó Donnabháin an fhoirm **Cuiminidhe** 'i.e. commons' le haghaidh an logainm **Kimmins**.⁵⁵⁰ Deir T. S. Ó Máille gur minic a chuirtear focail Ghaeilge i logainmneacha san uimhir iolra leis na moirféimeanna Béarla '-s' nó '-es' agus tugann sé samplaí 'Doons', 'Downes', 'Dooneens' agus 'Mullanes'.⁵⁵¹ Feictear an rud céanna le **Kimmins** anseo.

I measc na bhfianuithe faightear leaganacha (1,6,7) 'Kynnyne' (2,5) 'Kynnyn' atá difriúil ar bhonn litrithe i gcomórtas le (3) 'Kymyns' agus (4) 'The Kemmins'. Is é **Kimmins** an leagan is minicí a fhaightear san Ainmleabhar bainteach.⁵⁵²

Más é /n/ sna foirmeacha Béarlaithe ar nós **Kynnyn** a chuala na scríobhaithe d'fhéadfadh gur Béarlú ar shloinne cosúil le 'Coinín' atá i gceist. Tá an méid seo le rá ag Woulfe mar gheall ar an sloinne seo, 'Ó Coinín: O Conyne, O Kenyon, Conyeen, Cuneen, Cunneen, Cunnien &c. and by 'translation' Rabbit, 'des. of *coinín*' ; (probably a dim. of *cano*, a

⁵⁵⁰ Ainmleabhar na SO *Mí 078*, lch. 5.

⁵⁵¹ Ó Máille, 'Irish place-names in -as, srl', lch 127.

⁵⁵² Ainmleabhar na SO *Mí 078*, lch. 5.

whelp, wolf, if not a variant of Conan); a rare surname; found chiefly in the midlands.⁵⁵³

Ar an láimh eile de b'fhéidir go ndearna na scríobhaithe botún litrithe agus scríobh siad 'nn' in áit 'mm' i gcuid de na foirmeacha. De réir Kay Muhr, '... There is a long history of confusion in the Roman Alphabet between letters of the type *i, u, n, m, w* ...'⁵⁵⁴ Toisc gur rinneadh cóipeáil go minic lean na botúin trí athdhéanamh. Féachaimís ar fhéidearthacht eile.

Is minic a fhaightear an logainm **Commons** nó 'Common'. Feictear sé déag de bhailte fearainn in *GAI* faoin ainm 'Common' agus níos mó ná seachtó faoin ainm 'Commons'.⁵⁵⁵ In *BLE* tugtar an leagan Gaeilge 'An Coimín' [D] le haghaidh cuid díobh.⁵⁵⁶

Dealraíonn sé gur Ghaelú ar 'Commons' a bhí sa leagan **Kimmins** *et var.* thuas sular truaillíodh é - é sin nó cuireadh athrú foghraíochta i gcóirí thar na blianta. Is díol suime go bhfaightear logainm cosúil, 'Kimmeens' i gCill Dara ar a dtugann Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge chéanna 'Na Coimínidhe'.⁵⁵⁷ Moltar an fhoirm **Na Coimíní** anseo.

4.10 Criathar:

Níl ach logainm amháin faoi chaibidil a dhíorthaigh ón eilimint seo de réir dealraimh. Déantar cur síos ar an eilimint agus an logainm le chéile faoi 4.10.1 **Creroge** thíos.

4.10.1 **Creroge:** par. Scurlockstown (DI); N86008 56487

Fianuithe:

1)	1195	? Chaerebroch	Sheehy, <i>Pont. Hib.</i> , i, 30
2)	1542	Creroke	<i>fiant Hen. VIII</i> , 318
3)	1558	Cerooge alias Crenoke	<i>fiant P & M</i> , 219
4)	1568	Crerooge	<i>fiant Eliz.</i> , 1222
5)	1693	Creroge	<i>Inq. Leinster Gul. & Mar.</i> , 3
6)	1654-6	Crerocke	<i>Civil Survey</i> v, 136
7)	1654-6	Crerock	<i>Civil Survey</i> v, 137
8)	1654-6	Creerock	<i>Civil Survey</i> v, 139
9)	1655-9	Keircocke	<i>Top. index, Petty BN</i> , p252

⁵⁵³ Woulfe, *Sloinnnte Gaedheal is Gall*, lch. 471.

⁵⁵⁴ Mac Gabhann (ed.), *County Antrim 2*, lch. xii.

⁵⁵⁵ *GAI*, lgh. 278-80.

⁵⁵⁶ *BLE* faoi 'Commons' (www.logainm.ie) (28 Aibreán 2010).

⁵⁵⁷ *Ibid.* faoi 'Kimmeens' (23 Márta 2011).

10)	c.1666	Kerecocke	MS G vi 2, <i>BSD</i>
11)	c.1666	Krecocke [index]	MS G vi 2, <i>BSD</i>
12)	c.1672	Keircock	<i>Top. index, Petty HD</i> , p252
13)	1812	Clerogue	<i>Larkin's map</i>
14)	1978	Criathóg [sic]	Fitzsimons, p32
15)	2011	' cre: ,ro:g {8,15,17}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirith ó ainmleabhar *Mí 102* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 4

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Creeroge	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Clirogue	Larkin's Map 1812
	Creroge	Inq. 1694
	Crerock	mon. Hib.
	Creroge	High Commission Survey & Valuation Report
	Krecocke	Down survey Reference
	Keircock	Down Survey Map
	Creroge	Inq. Temp. Gul & Mar.
	Criathrog, 'a sieve (variously applied)'	John O' Donovan
1836	Creroge	John O' Donovan

Tugann Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge **Criathrog** leis an gciall 'a sieve (variously applied)' le haghaidh logainm an bhaile fearainn 'Creroge'. Níl mórán logainmneacha leis an eilimint bhunúsach 'criathrach' iontu. Feictear an dá logainm seo in *BLE*, 'Creeragh/Criathrach' (foirm Ghaeilge molta) i gContae Mhaigh Eo le nóta mínithe 'the pitted bog' agus 'Creeragh/Criathrach' [D] i gContae Thiobraid Árann; faightear ainm eile cáilithe le aidiacht 'Creharmore' i gContae Ros Comáin agus tugann Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge 'Criathar Mór' leis an míniú 'great morass' ar an logainm seo.⁵⁵⁸

In *eDIL* faighimid **criathrach** leis na 'Keywords: marsh; morass; boggy; wasteland'⁵⁵⁹ Cuireann Joyce an méid seo in iúl maidir le 'criathar': 'Criathar (crihar) signifies a sieve (*criathar*, *cribrum*, *Z.* 160) and is derived from *crith* [sic], to shake ... This word is also applied, chiefly in the north and west of Ireland, to mean boggy or swampy places, or to broken land ... either on account of their being cut up with holes or pits (like a sieve) or

⁵⁵⁸ *Ibid.* faoi na logainmneacha luaite (www.logainm.ie) (10 Nollaig 2010).

⁵⁵⁹ *eDIL*, litir C, colún 525, líne 001.

from shaking underfoot ...⁵⁶⁰ Deir Ó Donnabháin i bhfoclóir *O' Reilly*: 'Criathar, a marsh ... Criathrach is the name of a townland near Ballinrobe, county of Mayo.'⁵⁶¹

Caithfear a rá nach bhfuil na fianuithe⁵⁶² go léir i gcomhréir go maith lena chéile ó thaobh ortagrafaíochta de. Fágтар an fhoirm (1) 'Chaerebroch as an áireamh toisc go bhféachann an fhoirm Laidineach seo aduain le hais na bhfoirmeacha eile. Féachann (9) 'Keircocke', (10) 'Kerecoke' agus (12) 'Keircock' le meititéis sa chéad shiolla, agus (11) 'Krecoke' an-chorr sa bhfianaise stairiúil freisin ach measaim go gcomharthaíonn cuid de na fianuithe, go mórmhór (2,4,5,6,7,8), agus cuid d'fhianaise an Ainmleabhair⁵⁶³ go dtagann an logainm seo ón bhfocal Gaeilge 'criathrach' nó ó chlaontuiseal an fhocail san fhoirm 'criathraigh', nó ón bhfocal 'criathrog' a thugann Ó Donnabháin san Ainmleabhar thuas. Níor aimsigh mé an focal seo i bhfoclóir Uí Dhónaill ach ní bheadh sé cuí ar aon nós bheith ag súil le follasacht i logainmneacha ársa trí shúile na Nua-Ghaeilge.

De réir léarscáileanna agus nótaí an *EPA* is talamh maith an chuid is mó den bhaile fearainn seo faoi chód 12: 'Deep well drained mineral – Derived from mainly calcareous parent materials – Grey Brown Podzolics, Brown Earth'. Ach tá **cuid bheag** san oirdheisceart a thagann **faoi chód 32** leis an gcur síos seo: 'Deep poorly drained material – derived from mainly calcareous materials – Surface water Gleys, Ground water Gleys'.⁵⁶⁴

B'fhéidir go mbaineann an t-ainm topographach 'criathrog' (a mholann an Donnabhánach), nó an fhoirm 'criathraigh' leis an stráice talún seo agus go dtugann sé an t-ainm go meatonaimeach don bhaile fearainn seo. De réir Eddie Mac Keever, staraí áitiúil, 'Creerogue means a swampy place'.⁵⁶⁵ Moltar an fhoirm Ghaeilge **Criathróg** go sealadach toisc a scáinte atá an fhianaise i dtaobh an logainm seo.

4.11 Cuileann:

Ag déanamh cur síos ar an dtéarma 'cuileann/holly', deir P. W. Joyce, 'There are two derivatives of this word, Cullenagh and **Cullentragh** ... which give names to about sixty townlands and villages; the former is more usual in the south and the latter in the north;

⁵⁶⁰ Joyce, *Irish names of places*, ii, 368.

⁵⁶¹ Edward O' Reilly, *An English-Irish dictionary* eagraithe agus comhlónaithe ag J. O' Donovan (Dublin, 1864), lch. 77.

⁵⁶² Is corr an fhoirm 'Chaerebroch' a fhaightear in Sheehy, *Pont. Hib.*, ii, 30 Deir Sheehy i bhfo-nóta maidir le liosta logainmneach ina bhfuil sé, 'None of these obsolete place-names have survived.' lch. 87.

⁵⁶³ Ainmleabhar na *SO Mí 102*, lch. 4.

⁵⁶⁴ Léarscáileanna *Envision an EPA* faoi 'Creeroge' (<http://maps.epa.ie/InternetMapView/mapviewer.aspx>) (Óiche Nollag 2011).

⁵⁶⁵ Mc Keever, 'History of Kilmessan & its environs (1978)', lch. 104.

and both were originally applied to a place abounding in holly.¹⁵⁶⁶

De réir an Mháilligh, is é an chiall atá le **cuilleann** tar éis dó an fhianaise, thopagrafach agus léacsach a iniúchadh, ná 'Learg nó fánán ... Rite nó fíor-rite a fuaireas an learg ins gach áit, sa gcaoi gur cruaidh an dóigh shiúil í árdú.¹⁵⁶⁷ Tugann Gregory Toner le tuiscint go bhfuil sé amhrasach faoin tuairim seo. Dar leis,

The earliest documents make a clear distinction between *cuileann*, o-stem masc. and *cuilleann* ā-stem fem. Therefore we are dealing with two distinct words ... Ó Máille doesn't and thus we must view his conclusions with some scepticism ... The difficulty in separating names containing *cuileann* from those containing *cuilleann* makes it virtually impossible to use the physical appearance of the sites which they denote to establish the meaning of either element.¹⁵⁶⁸

Agus deir sé freisin 'It may well be that O' Donovan and other early Irish scholars in the field of Irish place-names were quite correct in interpreting these names as "places abounding in holly".¹⁵⁶⁹

Déantar cur síos ar **Cullendragh anseo** mar meastar gur díorthach ón eilimint 'cuileann' é.

4.11.1 Cullendragh: par. Culmullin (DU); N94038 45893

Fianuithe:

1)	1388	Collyndrogh	<i>RPCH, 12 Ric. II, p129</i>
2)	1400	Colyntragh	<i>RPCH, 2 Hen. IV, p160</i>
3)	1402	Collondra	<i>RPCH, 3 Hen. IV, p164</i>
4)	1537	Cullendraughe	<i>Carew MS i, p131</i>
5)	1540-41	Cullingdraugh	<i>Crown surveys, p116</i>
6)	1540-41	Colyndraght	<i>Crown surveys, p293</i>
7)	1540-41	Cullyndraugh	<i>Crown surveys, p117</i>
8)	1567	Cullyndraghe	<i>Griffith, Cal. inq. Eliz. 41</i>
9)	1567	Collindraghe	<i>Griffith, Cal. inq. Eliz. 41</i>
10)	1578	Quillindroghe	<i>fiant Eliz., 3280</i>
11)	1596	Cullendragh	<i>Carew MS iii, p195</i>
12)	1624	Cullindragh	<i>Inq. Leinster Jac. I, 81</i>
13)	1630	Cullendragh	<i>Inq. Leinster Car. I, 63</i>
14)	1654-6	Cullendragh	<i>Civil Survey v, 146</i>

¹⁵⁶⁶ Joyce, *Irish names of places*, i, 514.

¹⁵⁶⁷ T. S. Ó Máille 'Cuileann in áitainmneacha' in *Béaloideas*, xxviii (1960), lch. 58.

¹⁵⁶⁸ Gregory Toner, 'A reassessment of the element *cuileann*' in *Ainm*, vii (1996-97), lgh. 95-96.

¹⁵⁶⁹ *Ibid.*, 99.

15)	1659	Coulendra	<i>MS 14E 22, Hib. Del. map</i>
16)	1655-9	Coullendragh	<i>Top. index Petty BN, p173</i>
17)	c.1666	Cullendragh	<i>MS G vi 2, BSD</i>
18)	c. 1672	Coulendra	<i>Top. index Petty HD, p173</i>
19)	1794	Cullendragh	<i>Upton freeholders</i>
20)	1812	Cullendra	<i>Larkin's map</i>
21)	1978	Cuilleantrach	<i>Fitzsimons, p33</i>
22)	2011	,kolən'dra {1}	<i>fuaimniú áitiúil</i>

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mi 065* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 5

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Cullendra	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Cullendra	Mr J. Connor Land Surveyor
	Cullendragh	High Commission Survey & Valuation Report
	Cullendragh	Down Survey Reference
	Coullendragh	Down Survey Map
	Cullindragh	Inq. Temp. Jac. I
	Cullindragh	Inq. Temp. Car. I
	Cullindraghe	Inq. Temp. Car. I
(“Made 'tragh' in Ulster.” JOD)	Cuilleantrach, 'holly-land'	John O' Donovan
1836	Cullendragh	John O' Donovan

Tá dhá bhaile fearainn i gContae na Mí leis an ainm Cullendragh, ceann amháin i bparóiste *Killeagh* agus an ceann faoi bhráid anseo, i bparóiste *Culmullin*. Tugann Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge 'Cuilleantrach' le haghaidh **Cullendragh** idir lámha agus an míniú 'holly-land'.⁵⁷⁰ Scríobh sé 'Cuilleantrach' le litir 'l' amháin san Ainmleabhar bainteach i gcomhair 'Cullendragh' par. *Killeagh* leis an míniú 'denotes land producing holly'.⁵⁷¹

Tá ceithre bhaile fearainn déag in *BLE* faoin ainm 'Cullendragh' agus i gcoitinne tugann Ó Donnabháin míniú ar nós 'holly-land' nó 'land abounding in holly' ina dtaobh. Feicimid go bhfuil an fhoirm Ghaeilge 'An Cuilleantrach' deimhnithe le haghaidh ceann díobh i gCill Chainnigh agus molta le haghaidh cuid eile díobh.⁵⁷²

Seachas na fianuithe san Ainmleabhar thuas tá timpeall fiche fianuithe aimsithe agam ó

⁵⁷⁰ Ainmleabhar na SO *Mi 065*, lch.5.

⁵⁷¹ Ibid. *Mi 059*, lch.15.

⁵⁷² *BLE* faoi na logainmneacha luaite (www.logainm.ie) (18 Bealtaine 2011).

fhoinsí éagsúla le haghaidh **Cullendragh**. Tá na fianuthe thuas i gcomhréir go maith lena chéile agus le foirm Ghaeilge an Donnabhánaigh: 'Cuilleantrach' [is dócha go mba chóir litir 'l' amháin a fhágáil ar lár] lena mhíniú thuasluaite 'holly-land'.

Is trí úsáid an fhoircinn '-ach' an bealach bisiúil coitianta chun aidiacht a bhunú ar ainmfhocal.⁵⁷³ De réir Russell is annamh iad 'derivative adjectives' mar logainmneacha ach deir sé go dtugann Flanagan le tuiscint go bhfuil siad an-ársa ...⁵⁷⁴ Dealraíonn sé go bhfuil an logainm 'An Chuileantrach/Cullendragh', san aicme seo. Moltar **An Chuileantrach** mar fhoirm Ghaeilge an logainm seo.

4.12 Cúl agus Cúil:

Is doiligh idirdhealú a dhéanamh idir an dá eilimint seo **cúl** agus **cúil** i logainmneacha Béarlaithe. Cuireann Gregory Toner in iúl dúinn go ndearna Hogan an fhadhb níos measa ina *Onomasticon Goedilicum*, '... Hogan has further obscured the distinction between the two elements by entering all names beginning with *cúil* “secessus, angulus, corner, nook” under *cúl* on the principle that “there is also nm. Cúl; g. Cúil, the poll or back part (of a place)”.⁵⁷⁵ Tugann Toner samplaí ó na foinsí luatha chun a thaispeáint dúinn, ‘that there are very few unambiguous examples of *cúl* ‘back’ in our early Irish sources ...⁵⁷⁶ Tugann sé le tuiscint dúinn, áfach, go bhfuil **cúil** le fáil níos minicí ná **cúl** agus freisin go bhfuil **cúil** le fáil go coitianta i logainmneacha eaglasta luatha.⁵⁷⁷ Tá trí logainm leis an eilimint 'cúl/cúil' de réir dealraimh faoi chaibidil anseo, 4.12.1 **Culcor**, 4.12.2 **Culmullin** agus 4.12.3 **Cultromer**.

4.12.1 **Culcor**: par.Gallow (DU); N86895 43803

Fianuithe:

1)	1537	Coulcurre	<i>Carew MS i</i> , p131
2)	1540-41	Colcurr	<i>Crown surveys</i> , p117
3)	1540-41	Coulecurr	<i>Crown surveys</i> , p255
4)	1540-41	Culcurre	<i>Crown surveys</i> , p115
5)	1540-41	Culcurrey	<i>Crown surveys</i> , p210
6)	1540-41	Cowlcor	<i>Crown surveys</i> , p293
7)	1567	Coulecone [sic]	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> 41
8)	1567	Coulcore alias Cowlcor	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> 41

⁵⁷³ Mc Cone, 'An tSean-Ghaeilge agus a réamhstair', lch. 127.

⁵⁷⁴ Russell, *Celtic word-formation*, lch. 23

⁵⁷⁵ Toner, 'The backward nook: cúil and cúl in Irish place-names', lch 113.

⁵⁷⁶ *Ibid.*, 115.

⁵⁷⁷ *Ibid.*, 113.

9)	1578	Culcor	<i>fiant Eliz.</i> , 3280
10)	1579	Coulcore	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> 124
11)	1579	Coulcor	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> 124
12)	1579	Culcore	Griffith, <i>Cal inq. Eliz.</i> 124
13)	1630	Culcor	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 63
14)	c.1640	Cowlecorr	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 158
15)	1654-6	Collcor(s)	<i>Civil Survey</i> v, 159 ⁵⁷⁸
16)	1654-6	Kulcorre	<i>Civil Survey</i> v, 149
17)	1654-6	Kulcorr	<i>Civil Survey</i> v, 149
18)	1654-6	Colcors (Both the)	<i>Civil Survey</i> v, 160
19)	1659	Rathcollcollas	MS 14E 22, <i>Hib. Del. map</i>
20)	1655-9	Both colcores	<i>Top. index Petty BN</i> , p113
21)	c.1666	Colcoros (Both ye)	MS G vi 2, <i>BSD</i>
22)	c.1666	Colcores (Both ye)	MS 974, <i>BSD</i> , p128
23)	c.1672	Rath collcollas	<i>Top. index Petty HD</i> , p113
24)	1708/9	Colcor	<i>Wills</i> , i, 4
25)	1812	Culcors	<i>Larkin's map</i>
26)	1839	Coolcor	<i>Chanc. Deeds</i> (1840), 733, p181
27)	1978	Cúil Corr	Fitzsimons, p33
28)	2011	,ku:l'kar {2,3}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 042* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 6

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Culcer	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Culcor	Mr. Coats of Bridestream
	Coolcor	Mr. J. Connor Land surveyor
	Both Culcors	High Commission Survey & Valuation Report
	Both Colcorrs	Down Survey
	Culcor	<i>Inq. Temp. Car. I</i>
	Cúil corr, 'corner or angle of the cranes'	John O' Donovan
1836	Culcor	John O' Donovan

Is cosúil gur logainm é **Culcor** le dhá eilimint faoi chomhréir na Gaeilge ach is deacair bheith cinnte cé acu 'NOUN + Qualifying Genitive' nó 'NOUN + adjective' atá i gceist. Cé go dtugann Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge, 'Cúil Corr' leis an míniú 'corner or angle

⁵⁷⁸ 'Both the Collcors' sa *Civil Survey*, v, 159.

of the cranes'⁵⁷⁹ ní dóigh liom gur follas ceachtar den dá eilimint sa logainm seo.

Ní féidir linn a bheith cinnte cé acu réadú iad ar an gcéad eilimint 'Cúil' nó 'Cúl' na foirmeacha Béarlaithe iontu féin thuas. Feictear éagsúlacht litrithe le seacht gcinn den fhoirm 'Coul(e)-', naoi gcinn de 'Col(l)-', sé chinn de 'Cul-', dhá cheann de 'Kul-', dhá cheann eile de 'Cowl-' agus 'Cool-' uair amháin. De réir Toner faoi 4.12 thuas is minicí cúil ná cúl i logainmneacha agus freisin 'Where *cúl* occurs in noun phrases, it always does so as a qualifier and is probably used adjectivally.'⁵⁸⁰

De ghnáth tugann Ó Donnabháin an míniú 'round hill' nuair is '**corr**' é an t-aicmitheoir i logainmneacha i gContae na Mí. Féach na solaoidí, 'Cormeen/Cor mhín – smooth hill'; 'Corbogy/Cor a bhogaigh – round hill of the bog'; 'Corranagh/Cor an Eanaigh – round hill of the marsh'; 'Shancor/Sean-chor – old cor, a round hill'; 'Corcarra/Cor a Chartha - hill of the standing stones'; 'Cordooy/Cordubhthaigh - Duffy's round hill'; 'Corrakeeran/Cor a chaorthain - round hill of the rowans'.⁵⁸¹

Nuair is **cor** (i. foirm Bhéarlaithe) an **caílitheoir** in áitainmneacha Chontae na Mí feictear éagsúlacht mínithe. Sna solaoidí seo a leanas measann sé gurb é an téarma 'weir' atá i gceist: 'Castlecor/Caiseal corra' - stone-fort of the weir'; 'Laracor/Lathrach cora - site of the weir'. Chomh maith leis sin tá seacht mbaile fearainn faoin logainm 'Corballis' sa chontae agus i ngach cás díobh glacann Ó Donnabháin leis gurb í an aidiacht **corr** atá i gceist agus tugann sé an míniú 'odd town'. An bhféadfadh aidiacht a bheith i gceist anseo: **An Chúil Chorr?**

Faightear foirmeacha déshiollacha sa dara heilimint - de réir dealraimh - i measc na bhfianuithe thuas, áfach, nach raibh san Ainmleabhar bainteach, mar shamplaí, (1, 4) '-curre' (5) '-currey', (16) '-corre', (20) '-cores' agus (21) '-coros' (foirm iolra). Is inmheasta ón bhfianaise sna foirmeacha déshiollacha seo gurb é an tuiséal ginideach atá i gceist. Más fíor go gcailltear an siolla deireanach neamhaiceanta go minic⁵⁸² b'fhéidir go míneodh sé cén fáth nach bhfuil ach siolla amháin ar nós 'cor(r)' *et var.* i measc na bhfianuithe eile.

Ag fágaint 'corr' mar aidiacht as an áireamh, féachaimís ar na féidearthachtaí seo maidir le 'Culcor':

⁵⁷⁹ Ainmleabhar na SO Mí 042, lch.6.

⁵⁸⁰ Toner, 'The backward nook: cúil and cúl in Irish place-names', lch 115.

⁵⁸¹ BLE faoi na logainmneacha liostaithe faoi seach (www.logainm.ie) (18 Lúnasa 2011).

⁵⁸² Mac Gabhann (ed.), *County Antrim 2*, lch. 212.

- (a) an tuiseal ginideach uatha 'cora' den ainmfhocal baininsneach 'cora' a *weir*;⁵⁸³
(b) an tuiseal ginideach uatha 'corra'⁵⁸⁴ (malairt leagain den tuis. gin. 'coirre') den ainmfhocal baininsneach 'corr' a chiallaíonn (1) hollow nó (2) round hill nó (3) heron/crane;⁵⁸⁵
(c) an sloinne 'Corr/Ó Corra'.

Tar éis dom cuairt a thabhairt ar an mbaile fearainn is léir nach bhfuil aon 'dam/weir' ann; níl fiú abhainn nó sruthán⁵⁸⁶ ar a mbeadh a leithéid agus dá bhrí sin chuirfí (a) as an áireamh.

Bheifí ag súil le uiscebhealach le haghaidh gnáthóga nádúrtha (habitat) coirre (b) (3) **heron** nó **crane** thuas. De réir <http://www.naturegrid.org.uk/biodiversity/birds/heron.htm> 'It [heron] can be found in watery places such as lakes, rivers, ponds, marshes and estuaries'. Cé nach bhfuil abhainn nó sruthán sa bhaile fearainn seo is mar seo a leanas a dtráchtann nótaí an *EPA* air faoi chód 31: 'Deep poorly drained mineral ... Surface water Gleys, Ground water Gleys'. In ainneoin an chur síos seo is graifheirm an chuid is mó den bhaile fearainn seo agus dealraíonn sé go bhfuil talamh breá féaraigh ann. Níl aon chosúlacht go mbeadh gnáthóg coirre ann ach is deacair a bheith cinnte anois tar éis cóireáil fheirmeoireachta leis na céadta bliain anuas.

Ní dóigh liom gur (b) (1) **hollow** atá i gceist sa logainm seo. Ar an lámh eile de is léir go bhfuil (b) (2) **round hill** le feiscint san áit seo. Fuaireas cead dul isteach sa ghraifheirm agus éiríonn an bóthar go breá réidh suas go dtí foirgnimh mhóra na feirme ar barr an chnoic. Ní cnoc mór é ach seasann sé amach le páirceanna breátha réidh.

D'fhéadfaí freisin gur (c) **sloinne** atá i gceist. Deir nóta mínithe in *BLE* i ndáil le 'Cúil Chorra/Coolcur' [D] in Uíbh Fhailí, 'corner, nook of (the) hollow, hump, heron; the corner, nook of Corr. The word corr has several meanings; Corr is also a personal name.'⁵⁸⁷ I gContae na Mí faightear an sloinne i logainmneacha: 'Corstown/Baile an Chorraigh - Corr a family name' (Ó Donnabháin); faightear 'Baile an Chorraigh/ Corstown' [D] i gCill Chainnigh agus i gContae Lú faoi seach.

Cé nach féidir an sloinne 'Corr', ná an bunús 'Corr' le míniú 'hollow nó 'crane/heron' a chur as an áireamh go cinnte is inmheasta gur 'corr' leis an míniú 'round hill' bunús an

⁵⁸³ Ó Dónaill, *Foclóir Gaeilge Béarla*, lch. 295.

⁵⁸⁴ *Ibid.*, 299.

⁵⁸⁵ *Ibid.*, 298.

⁵⁸⁶ Léarscáileanna *Envision an EPA* faoi 'Culcor' (<http://maps.epa.ie/InternetMapView/mapviewer.aspx>) (10 Márta 2011).

⁵⁸⁷ *BLE* faoi 'Cúil Chorra/Coolcur' (www.logainm.ie) (9 Márta 2011).

cháilitheora toisc go bhfuil an ghné fhisiciúil le sonrú agus gur 'Cúil Chorra' (nó *var.* 'Choirre) bunús an logainm seo. Ar an ábhar seo, moltar **Cúil Chorra** mar fhoirm Ghaeilge.

4.12.2 Culmullin: par. Culmullin (DU); N91602 50123

Fianuithe:

1)	c.1194	Culmulin	<i>Reg. St Thomas</i> , p22
2)	c.1194	Culmulin	<i>Reg. St Thomas</i> , p253
3)	c.1194	Culamilin	<i>Reg. St Thomas</i> , p253
4)	11941224	Culmoilin	<i>Reg. St Thomas</i> , p270
5)	1202	Culmoilin	<i>Reg. St Thomas</i> , p224
6)	1235	Culmulin	<i>Reg. St Thomas</i> , p244
7)	1235	Culmulin	<i>Reg. St Thomas</i> , p247
8)	1248	Culmolyn	Sheehy, <i>Pont. Hib.</i> , ii, 297
9)	1260	Culmolyn	Sheehy, <i>Pont. Hib.</i> , ii, 495
10)	1288	Coulmolyn	<i>CDI</i> , iii, 198
11)	1289	Culmolyn	<i>CDI</i> , iii, 240
12)	1302-06	Kulmolyn	<i>CDI</i> , v, 255
13)	1310	Coulmolyn	<i>CJR, 1295-1303</i> [etc.], iii, 162
14)	1335 X 1345	Culmolyn	<i>Reg. Milo Sweetman</i> , p1
15)	1342	Coulmolyn	<i>Gormanston Reg.</i> p171
16)	1343	Coulmolyn	<i>MS D. 10,020 de Geynuill grant</i>
17)	1370	Colmolyn	<i>Chart. St Mary's, Dublin</i> , ii, 398
18)	1385	Colmolyn	<i>RPCH, 9 Ric. II</i> , p129
19)	1400	Coulmolyn	<i>RPCH, 1 Hen. IV</i> , p157
20)	1402	Culmolyn	<i>RPCH, 3 Hen. IV</i> , p160
21)	1405	Colmolyn	<i>RPCH, 6 Hen. IV</i> , p179
22)	1407	Culmolyn	<i>RPCH, 8 Hen IV</i> , p196
23)	1410	Coulmolyn	<i>RPCH, 12 Hen IV</i> , p197
24)	1426	Culmullyne	<i>MS D.17,005, J. Greene quitclaim</i>
25)	1455	Colmolyň	<i>Stat. rolls Hen. VI</i> , 33, 582
26)	1459	Culmolyň	<i>Stat. rolls Hen. VI</i> , 37, p610
27)	1472-3	Culmolyň	<i>Stat. rolls Edw. IV</i> , 12 & 13, ii, p32
28)	c.1518	Colmolyn	<i>Arch. Hib. LXI</i> , p330
29)	1523	Cullmullin	<i>Reg. Alen</i> , p271
30)	1526	Culmullyn	Griffith, <i>Cal. inq. Hen. VIII</i> , 14
31)	1527	Culmullyn	Griffith, <i>Cal. inq. Hen. VIII</i> , 32
32)	1529	Culmullyn	Griffith, <i>Cal. inq. Hen. VIII</i> , 48

33)	1530	Culmullyng	Griffith, <i>Cal. inq. Hen. VIII</i> , 52
34)	1531	Culmollyn	Griffith, <i>Cal. inq. Hen. VIII</i> , 60
35)	1535	Culmollen	Griffith, <i>Cal. inq. Hen. VIII</i> , 69
36)	1538	Culmullen	Griffith, <i>Cal. inq. Hen VIII</i> , 113
37)	1540-41	Cullmollen	<i>Ir. mon. poss.</i> p31
38)	1540-41	Cullmollen	<i>Crown surveys</i> , pp 115, 210
39)	1541	Culmollen	Griffith, <i>Cal. inq. Hen. VIII</i> , 141
40)	1543	Cullmullene	Griffith, <i>Cal. inq. Hen. VIII</i> , 170
41)	1543X1558	Cowlemolyn	<i>Reg. Dowdall</i> , p260
42)	1543X1558	Colmollyn	<i>Reg. Dowdall</i> , p271
43)	1546	Culmullen	Griffith, <i>Cal. inq. Hen VIII</i> , 193
44)	1548	Cullmullen	Griffith, <i>Cal. Inq. Edw. VI</i> , 10
45)	1549	Culmolene	<i>fiant Edw. VI</i> , 354
46)	1556	Culmullen	Griffith, <i>Cal. inq. P. & M.</i> , 15
47)	1574	Culmullinge	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> , 69
48)	1575	Colmollen	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> , 71
49)	1576	Coulmolyn	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> , 84
50)	1576	Cowlmolin	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> , 87
51)	1577	Culmollyn	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> , 113
52)	1578	Culmollen	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> , 116
53)	1578	Cullmullen	<i>fiant Eliz.</i> , 3342
54)	1579	Culmollen	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> , 124
55)	1581-2	Cullmullen	<i>fiant Eliz.</i> , 3826
56)	1583-4	Culmollen	<i>fiant Eliz.</i> , 4315
57)	1595	Colmollen	<i>Mercator map</i>
58)	1600	Cullmullin	<i>fiant Eliz.</i> , 6428
59)	1601	Culmollen	<i>fiant Eliz.</i> , 6557
60)	1609	Colmallen	<i>Boazio's map</i>
61)	1610	Colmallen	<i>Speed's map</i>
62)	1621	Cowlmulen als Culmullen	<i>Pat. rolls 19 James I</i> , p502
63)	1622	Culmullen	Clergy list 1622 ⁵⁸⁸
64)	1622	Culmullen	<i>Ussher's works</i> , i, lxxvi
65)	1624	Coolmullen	<i>Inq. Leinster Jac. I</i> , 81
66)	1625	Cullamullen	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 7
67)	1626	Cullmollen	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 19
68)	1629	Cullmoolin	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 51
69)	1639	Cullmollyn	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 146

⁵⁸⁸ Healy, *History of the diocese of Meath*, i, 252.

70)	c.1640	Cullemullen	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 137
71)	1654	Colmallen	<i>(Hibernia) Atlas Blaeu</i> p294
72)	1654-6	Culmulline	<i>Civil Survey</i> v, 145
73)	1654-6	Cullmulline	<i>Civil Survey</i> v, 146
74)	1659	Culmullin	<i>MS 14E 22, Hib. Del. map</i>
75)	1655-9	Cullmullen	<i>Top. index Petty BN</i> , pp 14,180
76)	1663	Cullmoylen	<i>Inq. Leinster Car. II</i> , 4
77)	c.1666	Culmullin	<i>MS G vi 2, BSD</i>
78)	c.1666	Cullmullin [index]	<i>MS G vi 2, BSD</i>
79)	1682X1685	Culmullen	<i>Dopping</i> , p49
80)	1691-2	Cullmullin	<i>Homrigh letter to Henkel</i> ⁵⁸⁹
81)	1693	Cullmullin	<i>Inq. Leinster Gul. & Mar.</i> , 2
82)	1711	Cullmullin	<i>MS 14E 22, Senet & Maxwell map</i>
83)	1797	Colmolyn	<i>Beaufort's map</i>
84)	1793	Culmullan	<i>Longfield</i> 21 F 14, No. 6
85)	1802	Colmolyn	Thompson surv. (<i>Taylor's map</i>)
86)	1812	Cullmullen	<i>Larkin's map</i>
87)	1821	Cúilmaoilín	LS 23079 (Eoin Ó Fionnagáin) ⁵⁹⁰
88)	1831	Culmullen	<i>Chanc. rolls</i> (1838), VII, 21
89)	1837	Culmullin or Colmolyn	Lewis, <i>A top. dict.</i> , i, 389
90)	1910	Culmolyn	Hogan, <i>Onomasticon</i> , p321
91)	1910	Cúl Muilín	Hogan, <i>Onomasticon</i> , p321
92)	1922	Cúil Mhuilinn	Laoide, p67
93)	1928	Cuil-Muilinn	Ó Meachair, p132
94)	1935	Cúl Muilín	Ó Foghludha, p24
95)	1978	Cúl Muilinn	Fitzsimons, p33
96)	2010	Cúil Mhaoilín [ND]	logainm.ie
97)	2011	,kol'molæn {1,4}	fuaimniú áitiúil

Fianaise Athchóirithe ó Ainmleabhar Mí 065 sa Chartlann Náisiúnta, lgh. 10, 11

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Colmolyn	In Tenants Lease
	Culmullin	In Almanack
	Colmolyn	Thompson's Statistical Survey
	Culmullen	Applotter of County Cess
	Culmullin	High Commission Survey & Valuation Report

⁵⁸⁹ Wouter Troost, 'Letter from Bartholomew Jan Homrigh to General Henkel, Earl of Athlone 1692-1700' in *Analecta Hib.*, no. 33 (1985).

⁵⁹⁰ *BLE* Taifead scanáilte uimhir1 as 2 faoi bf. 'Culmullin' (www.logainm.ie/mapz) (28 Aibreán 2010).

	Culmullin Parish	Down Survey
	Culmullin	Down Survey Reference
	Cullmullin	Down Survey Map
	Cullmoolin	Inq. Temp. Car. I
	Cullmoylen	Inq. Temp. Car. II
	Cullmollin	Inq. Temp. Car. I
	Cullmullen	Inq. Temp. Car. I
	Cullemullin	Inq. Temp. Car. I
	Cullmollyn	Inq. Temp. Car. I
	Cullmullin	Inq. Temp. Gul. & Mar.
	Cul muillinn, 'back of the mill'	John O' Donovan
1836	Culmullin	John O' Donovan

Is logainm é **Culmullin** le haghaidh paróiste chomh maith le baile fearainn laistigh de. Cuireann A. J. Otway-Ruthven in iúl dúinn gur pharóiste eaglasta ab ea é roimh 1200 A.D. agus go raibh sé tiomnaithe do Mhainistir Naomh Thomáis, Baile Átha Cliath.⁵⁹¹

Tugann Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge 'Cul muillinn' leis an aistriú 'back of the mill'.⁵⁹² Tá an leagan Gaeilge 'Cúil Mhaoilín' gan mhíniú molta ag an mBrainse Logainmneacha ach gan a bheith deimhnithe fós.⁵⁹³ Cé acu atá ceart nó ar bith?

Is cosúil gur logainm le dhá mhír é **Culmullin** faoi struchtúr na Gaeilge. Tá cur síos déanta cheana féin ar an bhfadhb maidir le 'cúl' nó 'cúil' i logainmneacha faoi 4.12. Is í an fhoirm 'Cul(l)' le líon seasca trí an fhoirm is coitianta mar réadú ar an aicmitheoir i measc na bhfianuithe thuas. Molann Ó Foghludha (94) agus Hogan (91) 'Cúl' faoi thionchar an Donnabhánaigh, b'fhéidir. Ar an láimh eile molann Laoide (92) agus Ó Meachair (93) 'Cúil'. Is suntasach thar an ghnáth an fhoirm Ghaeilge (87) 'Cúilmaoillín' ó Ghaeilgeoir sa bhliain 1823 in LS 23079 san RIA. Ar an ábhar seo glactar leis gur 'cúil' é an t-aicmitheoir anseo muna suítear a mhalairt san fhianaise. Cad faoi bhunús na heiliminte eile: '-mullin' *et var.*?

Cé go raibh foirmeacha ar nós 'Cullmoolin', 'Cullmoylen' i bhfianaise an Ainmleabhair ní díol iontais gur roghnaigh Ó Donnabháin '-**muillin**' (sa tuiseal ginideach) mar cháilitheoir leis an míniú 'mill, mar is amhlaidh go réitíonn mórchuid na fianaise a bhí ar fáil dó leis an

⁵⁹¹ Otway-Ruthven, 'Parochial development of Skreen', lgh. 116-117.

⁵⁹² Ainmleabhar na SO *Mí 065*, lch.10.

⁵⁹³ BLE faoi 'Culmullin' (www.logainm.ie/mapz) (28 Aibreán 2010).

mbunús sin cé nach léirítear, mar shampla, cé acu 'l' caol nó leathan atá sa dara heilimint. Meabhraíonn Ó Cearbhaill dúinn an deacracht seo i bhfoirmeacha Béarlaithe, 'Tá easpa rialtachta i leith fóinéimeanna Gaeilge: i leith caoile agus leithne consan ...'⁵⁹⁴

I ndáiríre níl go leor eolais sna fianuithe thuas seachas an fhoirm Ghaeilge (87) **Cúilmaoilín** ón mbliain 1821 chun go bhféadfaí cinneadh deimhin a dhéanamh faoin gcáilitheoir. Mar sin féin measaim go raibh na scríobhaithe ag iarraidh guta fada a chur in iúl ar nós '-ín' san fhoirceann i bhfoirmeacha (24) '-mullyne', (40) '-mullene', (45) '-molene' agus (73) 'mulline'. Má thaobhaíonn an fhianaise stairiúil le guta fada ag críochnú ar 'n' caol sa siolla deireanach ar nós '-ín' is féidir linn eilimintí faoi leith a chur as an áireamh, ar nós an ainmfhocail 'muileann' (gin. muilinn), molta ag Ó Donnabháin, agus 'maoileann' a chiallaíonn 'rounded summit, hill or knoll' i bhfoclóir Uí Dhónaill.⁵⁹⁵

Pléimís cad ba chóir a chur san áireamh. Leis an bhfoirceann '-ín' aimsithe thuas is ródhócha gurb í eilimint cosúil le **Maoilín** atá i gceist. Tacaíonn an leagan (87) in *BLE* leis seo. Is é seo an tagairt: 'D'fhéadfadh sé gurbh é seo Cúilmaoilín a fuair Tomás Ó Concheanainn in LS 23079 Eoin Ó Fionnagáin, A. D. 1821...' agus é seo roimh an Ghorta Mhóir nuair a bhí cainteoirí dúchasacha fós i gContae na Mí.⁵⁹⁶ Más 'maoilín' an fhoirm Ghaeilge bhunúsach ní foláir an bhrí leis a phlé.

Ní fhaightear an t-ainmfhocal **maoilín** in *eDIL* ach feicimid 'mael' (agus *var.* 'maol'): ... (e) of places ... exposed'.⁵⁹⁷ De réir Dinneen, ciallaíonn an focal maoilín '... a tub; a one-faced hammer; a hornless cow, a small eminence ...'⁵⁹⁸ Tugann P. W. Joyce an míniú '... *Maoilín*, dim. of *maol*, a little round bare hill'.⁵⁹⁹ Is bf. mór é 'Culmullin' le 1,267 acra agus éiríonn sé ar bhealach mí-rialta go hairde 120m san iardheisceart agus b'fhéidir go dtagraíonn 'maoilín' do ghné éigin den tírdhreach seo.⁶⁰⁰ Tá 'Cúil Mhaoilín' leis an mbrí 'recess of the hornless cow' inchreidte chomh maith, agus suimiúil dar ndóigh.

Cuirtear **sloinne** ar nós 'Ó Maoilín' as an áireamh mar níl aon rian de shiolla meánach ag comharthú 'Uí' sa bhfianaise ach amháin b'fhéidir (66) 'Cullamullen' agus (70)

⁵⁹⁴ Pádraig Ó Cearbhaill, *Logainmneacha na hÉireann III: cluain i logainmneacha Co. Thiobraid Árann* (BAC, 2010), lch.8.

⁵⁹⁵ Ó Dónaill, *Foclóir Gaeilge Béarla*, lch. 461.

⁵⁹⁶ *BLE* faoi Culmullin (www.logainm.ie/mapz) Taifead scanáilte uimhir 1 (28 Aibreán 2010).

⁵⁹⁷ *eDIL*, litir M colún 18 líne 020; litir M colún 58 líne 001 (www.dil.ie) (17 Lúnasa 2011).

⁵⁹⁸ Dinneen, *Foclóir Gaedhilge & Béarla*, lch. 709.

⁵⁹⁹ Joyce, *Irish names of places*, iii, 525.

⁶⁰⁰ *OSi Discovery Series* (3rd edition) uimhir 49.

'Cullemullen'. Tagann siad ón bhfoinse chéanna, áfach, agus ba bhaolach glacadh leo mar fhianaise dhearfa muna bhfuil fianaise neamhspleách eile le fáil.

Caithfear an t-ainm pearsanta **Maoilín** (Sean-Ghaeilge 'Muíléne' *CGH*, 150 b 3) a chur san áireamh, áfach. B'ainm comónta é, mar shampla, i gclann Uí Mhaoil Chonaire (NÓM).

Tabhair faoi deara na logainmneacha seo:

- Cill Mhaoilín [D], le nóta mínithe 'the church of Maoilín' i gContae Luimnigh.⁶⁰¹
- Tá Doire Mhaoilín molta ach gan a bheith deimhnithe in *BLE* le haghaidh 'Derrymeeleen' i gCorcaigh le míniú Uí Dhonnabháin, 'Moylin's Oak-wood' ar thaifead scanáilte,⁶⁰²
- Feictear 'Tír Mhaoilín/Tervillin', 'Maoilin's land' in *Place-Names of Northern Ireland*,⁶⁰³
- Faightear 'Tulach Mhaoilín/Tullamoylin' [D] i dTiobraid Árann,⁶⁰⁴ agus
- Tá 'Cnoc Mhaoilín' i Maigh Eo le míniú Uí Dhonnabháin, 'Moylin's hill' ar thaifead scanáilte.⁶⁰⁵
- I nóta mínithe maidir le 'Rinn Mhaoilín/Ringmoylin' [D] i Luimneach feictear, 'the point of Maoilín[:.] Maoilín – a personal name'.⁶⁰⁶

I gcoimheas leo siúd, b'fhéidir gur 'recess/corner of Maoilín' atá mar bhunús an logainm 'Culmullin'. Tá 'nóta mínithe' in *BLE* ag tacú leis: 'The corner, nook of Maoilín/Maoilín – ainm pearsanta'.⁶⁰⁷ Ar an iomlán ní hamhlaidh go bhfuil an ceart ag an Donnabhánach le 'Cul muillin/back of the mill' agus go dtagann an fhoirm 'Cúil Mhaoilín' [ND] in *BLE* níos fearr leis an bhfianaise. Moltar mar sin an fhoirm Ghaeilge **Cúil Mhaoilín**.

4.12.3 **Cultromer:** par. Culmullin (DU); N93870 49505

Fianuithe:

1)	1407	Clontromyr	<i>RPCH, 8 Hen IV, p186</i>
2)	1425	Clontromyr	<i>RPCH, 3 Hen. VI, p237</i>
3)	1470	Clontromyr	<i>Stat. rolls Edw. IV, 10, i, p668</i>
4)	1471-2	Clontromora ⁶⁰⁸	<i>Stat. rolls Edw. IV, 11 & 12, i, p856</i>
5)	1472-3	Clontrom	<i>Stat. rolls Edw. IV, 12 & 13, ii, p32</i>
6)	1565	Cultromer	<i>Griffith, Cal. inq. Eliz., 35</i>
7)	1560-61	Cultromer	<i>fiant Eliz., 337</i>
8)	1654-6	Cultromer	<i>Civil Survey v, 146</i>
9)	1659	Coultumer	<i>MS 14E 22, Hib. Del. map</i>
10)	1655-9	Coultumer	<i>Top. index, Petty BN, p173</i>
11)	c.1666	Cultromer	<i>MS G vi 2, BSD</i>

⁶⁰¹ Ó Maolfabhail (eag.), *Logainmneacha na hÉireann I*, lch. 103.

⁶⁰² *BLE* faoi 'Derrymeeleen' (www.logainm.ie/mapz) (28 Aibreán 2010).

⁶⁰³ Nollaig Ó Muraíle (gen. ed.), *Place-Names Of Northern Ireland* (vol. 7, Belfast, 1997), Fiachra Mac Gabhann (ed.), *Co. Antrim II: Ballycastle and North-East Antrim*, lch. 161

⁶⁰⁴ *BLE* faoi 'Tulach Mhaoilín' (www.logainm.ie) (10 Márta 2011).

⁶⁰⁵ *Ibid.* faoi 'Knockmoyleen' (28 Aibreán 2010).

⁶⁰⁶ *Ibid.* faoi 'Rinn Mhaoilín' (10 Márta 2011).

⁶⁰⁷ *Ibid.* faoi 'Culmullin' (27 Nollaig 2011).

⁶⁰⁸ D'ionannaigh Berry 'Clontromora' (Laidin lch. 856) le 'Cultromer' (Béarla lch. 857) san innéacs, lch. 906.

12)	1788	Cultrumner	Plunkett Visitation, <i>Cogan</i> , ii, 207
13)	1794	Coletrumner	Upton <i>freeholders</i>
14)	1812	Cultrumner	<i>Larkin's map</i>
15)	1814	Cultrumer	Leet, <i>Directory</i> , p144
16)	1978	Cúl Tromair	Fitzsimons, p33
17)	2011	,ku:l'tromər {1} ,kol'tromər {4}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 065* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 13

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Cultromer	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Cultrumner	Mr. Brett
	Cultrumner	Mr. J. Connor Land Surveyor
	Cultromer	High Commission Survey & Valuation Report
	Cultromer	Down survey
	Cul Tromar, 'Tromar's back (of a hill)'	John O' Donovan
1836	Cultromer	John O' Donovan

Mhol Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge 'Cul Tromar' leis an míniú 'Tromar's back (of a hill)' le haghaidh an logainm **Cultromer**.⁶⁰⁹ Níl aon leagan Gaeilge fós don logainm seo in *BLE*.

Déantar plé ar an bpríomheilimint ar dtús. Feictear sna fianuithe is sine (1-5) gur **Clon** é an t-aicmitheoir. D'ionannaigh Berry an t-eagarthóir 'Clontromyr' le **Cultromer** idir lámha ina innéacs agus is follas ón gcomhthéacs sa bhfoinse cén fáth.⁶¹⁰ Tagann na fianuithe seo (1-5) ó dhá fhoinse neamhspleách, agus ba réasúnta glacadh leis gurb é 'Clon/Cluain' an t-aicmitheoir sa bhunfhoirm.

Ó lár an 16ú haois amach is **Cul** faoi seacht, 'Coul' faoi dhó agus 'Cole' uair amháin a fhaightear mar réadú ar an aicmitheoir sna fianuithe eile roimh aimsir na SO. Is inmheasta gur réadú iad faoi seach ar 'Cúil' nó 'Cúl' agus glactar leis gur 'Cúil' atá i gceist muna dtaispeántar a mhalairt. Ní léir cén fáth gur athraigh 'Clon' go 'Cul' san ainm seo.

An ainm pearsanta mar a mholann Ó Donnabháin nó sloinne atá i gceist sa cháilitheoir?

⁶⁰⁹ Ainmleabhar na SO *Mí 065*, lch.13.

⁶¹⁰ Henry B. Berry (ed.), *Statute rolls of the parliament of Ireland first to the twelfth year of the reign of King Edward IV*, Part I (Dublin, 1914), lgh. 856 (Laidin), 857 (Béarla).

Ní luaitear é mar shloinne i saothair na saineolaithe cosúil le MacLysaght (1985), de Bhulbh (1997) agus Woulfe (1927). Ar ndóigh tá raidhse foinsí le hainmneacha pearsanta go mórmhór sna genealaigh ón 12ú haois ar aghaidh mar a léiríonn Nollaig Ó Muraíle⁶¹¹ ach ní fhaightear é mar ainm pearsanta in Ó Corráin and Maguire (1981; athchló, 1990) ná in *CGH* ar a laghad.⁶¹² Ní dóigh liom gur 'trom-ar' maidir le treabhadh nó saothrú na hithreach de atá i gceist ach an oiread.

Féachaimis ar fhéideartheacht shuimiúil eile. Ag plé logainmneacha leis na hiarmhíreanna *-er*, *-or*, *-ur* agus go mórmhór *-ar*, deir Ó Máille nach gcuireann siad cnuasainmneacha in iúl ach gur foircinn iad gan bhrí: ... 'I suggest that whatever limited collectivity attached to *-ar* in Irish, it disappeared at an early date. Subsequently, *-ar* became a meaningless noun ending, especially in toponymy, merely adding point to the meaning already conveyed in the root word ...'⁶¹³

Tugann sé timpeall céad (100) samplaí de logainmeacha a d'aimsigh sé san aicme seo. Ina measc liostaíonn sé 'Trommer' agus 'Trimmer', Loch Garman; 'Tromery', An Clár; 'Trimragh', Dún na nGall; 'Trummery', Aontraim agus '**Cultrumer**', an Mhí, logainmneacha iad go léir leis an mbunilimint *trum*, *trom* 'elder tree'.⁶¹⁴ Tacaíonn Joyce leis seo lena mhíniú, 'A place where elders grow is often called a Tromaire [trummera] ... it is shortened to Trummer ...'⁶¹⁵

Ar an ábhar seo is cosúil gur réadú é 'tromer' *et var.* ar an gcomhfhocal **tromar** (< **trom** + **ar**) de réir mar a mhíniú an Máilleach é. Ag tacú leis an míniú seo tugtar ainlís chosúil maidir le 'Lisserboy/Liosar Buí' in *Placenames of Northern Ireland*. Ní ghlactar le ciall Uí Dhonnabháin: Lios ard buidhe/*Fort of the yellow height* ach ghlactar le míniú Uí Mháille mar seo: 'Ó Máille ... would translate 'liosar', not as forts, but as 'fort-thing' or, more simply, "fort".'⁶¹⁶

Sílim gur féidir glacadh le míniú an Mháilligh i dtaca leis an gcáilitheoir sa logainm **Cultromer** freisin: go bhfuil an logainm bunaithe ar an struchtúr 'Cúil + trom + ar' leis an míniú 'the recess or corner of the elder trees'. Moltar **Cúil Tromair** mar fhoirm Ghaeilge

⁶¹¹ Nollaig Ó Muraíle, 'The Irish genealogies as an onomastic source' in *Nomina*, xvii, lgh. 23-48.

⁶¹² Rolf Baumgarten (eag.), 'Old personal names in M. A. O' Brien's 'Rŷs lecture' notes', 1957 i *Celtica*, x (1973), lgh.211-36.

⁶¹³ Ó Máille, 'Irish place-names in *-ar*' in *Ainm*, ii, lch. 33.

⁶¹⁴ *Ibid.*

⁶¹⁵ Joyce, *Irish names of places*, i, 517.

⁶¹⁶ Toner and Ó Mainnín (eds), *County Down* 1, lch. 32.

ach ní féidir a shéanadh, áfach, ná go raibh an eilimint 'cluain' san fhianaise is ársa den ainm seo.

4.13 Corrach/Currach:

Cuireann O' Connor in iúl dúinn go bhfuil líon 575 logainm leis an eilimint *currach* a chiallaíonn 'wet bog' nó 'marsh' ... ⁶¹⁷ Maíonn Jones Hughes gur choinnigh na hAngla-Normannaigh eilimintí Gaeilge áirithe i logainmneacha sa *town zone*, go mórmhór iad a bhaineann le 'landscape items' ... *cluain*, *currach*, *inis* and *cnoc* were accepted early into the English terminology of eastern Ireland ... ⁶¹⁸

Tá trí bhaile fearainn le currach mar aicmitheoir iontu 4.13.1 **Curraghdoo** i bparóiste *Kilmore/An Chill Mhór*, **Curraghtown** paróiste *Culmullin*, [DU] agus **Curraghtown** paróiste *Galtrim* [DI]. Tá an logainm Curraghtown x 2 pléite cheana féin i gCaibidil 3.2.3

4.13.1 **Curraghdoo:** par. Kilmore (DU); N86088 58056

Fianuithe:

- | | | | |
|----|------|-------------------------|------------------|
| 1) | 1978 | Corrach Dubh | Fitzsimons p34 |
| 2) | 2011 | ,kore'du:/kore,du: {22} | fuaimniú áitiúil |

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 065* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 35

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Curraghdough	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Curraghdugh	Tenants Lease
	Curraghdugh	Rev. E.J. Gregory, Rector
	Curraghdugh	Mr. J. Connor Land Surveyor
	Currach dubh, 'black currach or moor'	John O' Donovan
1836	Curraghdoo	John O' Donovan

Ní fhaightear an bf. **Curraghdoo** atá faoi chaibidil anseo sna suirbhéithe den 17ú haois. Níl ach fianaise chomhaimseartha an Donnabhánaigh aimsithe agam. ⁶¹⁹ Ghlac Fitzsimons (1) leis an mbunfhoirm a roghnaigh Ó Donnabháin mar ba ghnách leis.

De réir cosúlachta is logainm Béarlaithe dhá eiliminte é **Curraghdoo** de mhúnla comónta na Gaeilge, 'Ainmfhocal + aidiacht'. Molann Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge, 'Currach

⁶¹⁷ O' Connor, *Atlas of Irish place-names*, lch.63.

⁶¹⁸ Jones Hughes, 'Town & baile in Irish place-names', lgh. 249, 250.

⁶¹⁹ Ainmleabhar na SO *Mí 065*, lch.35.

dubh' leis an aistriú 'black currach or moor'⁶²⁰

Tá brí an chéad fhocail sa logainm follas go leor. Le haghaidh an fhocail **corrach/currach** tugann *eDIL* an fhoirm 'cuirreach o, m, later also currach' leis na Keywords 'marsh, fen'.⁶²¹

Le linn dó a bheith ag plé lonnaíocht na nAngla-Normannach i gContae na Mí deir Graham, 'The one important lowland zone of poor soil is to be found in the south of the county to the east of Summerhill ...'⁶²² Is sa dúiche seo atá an bf. 'Curraghdoe' suite.⁶²³ Tacaíonn léarscáileanna agus nótaí an *EPA* leis an gcur síos réamhluaite: 'Deep poorly-drained material – derived from mainly calcareous parent materials – Surface water Gleys, Ground water Gleys' a réitíonn i gcoitinne le 'poor soil'.⁶²⁴

Féachaimís ar an gcáilitheoir. Tugann Ó Donnabháin 'Corrach dubh' mar bhunús an ainm seo. Ar an lámh eile de d'fhéadfaimís aird a thabhairt ar an eilimint **dumha** Béarlaithe go **doe** mar a fhaightear sa logainm 'Knockadoo' leis an bhfoirm Ghaeilge 'Cnoc an Dumha' [ND], Ros Comáin.⁶²⁵ I dtaca leis an eilimint seo cuireann Joyce in iúl dúinn, '*Dumha (dooa)* is another word for a sepulchral mound or tumulus ... In modern names, it is often difficult to separate this word from *dubh*, black and *dumhach*, a sand-bank ...'⁶²⁶

Díol spéise mar sin go bhfuil tuaim nó dumha le feiscint i mbaile fearainn 'Curraghdoe' ar an léarscáil bhainteach den *OSi Discovery Series*⁶²⁷ nó ar an suíomh Idirlín nua www.archaeology.ie agus cuireann Moore in iúl dúinn mar gheall air, 'Curraghdoe: ... *Tumulus*: Oval mound with modern scarp at base (dims. 32M N-S, 21m E-W, H 2m)'.⁶²⁸ Dá bhrí sin d'fhéadfadh gurb í an bhunfhoirm atá anseo ná 'Currach an Dumha' Béarlaithe go **Curraghdoe** leis an alt 'an' báite agus leis an eilimint **dumha** Béarlaithe mar a tharlaíonn uaireanta, go **doe**.

Deir Joyce, 'These **mounds** have given names to numerous places, but being commonly made of earth, they have themselves in many cases disappeared.'⁶²⁹ Ar an ábhar seo is

⁶²⁰ *Ibid.*, lch. 35.

⁶²¹ *eDIL*, litir C, colún 601, líne 031 (www.dil.ie) (12 Márta 2011).

⁶²² B. J. Graham, 'Anglo-Norman Settlement in county Meath' in *PRIA*, 75C (1975), lch. 236.

⁶²³ *OSi Discovery Series* (3rd edition) uimhir 49.

⁶²⁴ Léarscáileanna *Envision an EPA* faoi 'Curraghdoe' (<http://maps.epa.ie/InternetMapView/mapviewer.aspx>) (12 Márta 2011).

⁶²⁵ *BLE* faoi 'Knockadoo' (www.logainm.ie/mapz) (28 Aibreán 2010).

⁶²⁶ Joyce, *Irish names of places*, i, 336, 337.

⁶²⁷ *OSi Discovery Series* (3rd edition) uimhir 50.

⁶²⁸ Moore, *Archaeological inventory of county Meath*, alt 1602, lch. 21.

⁶²⁹ Joyce, *Irish names of places*, i, 337.

suntasach 'an dumha' atá anseo toisc go bhfuil sé le feiscint fós ach ní féidir linn a bheith cinnte dearfa gurb é cúis na hainmníochta. Tar éis dom roinnt cuairteanna a thabhairt ar an áit níor éirigh liom bualadh le aon áitritheoir dúchasach chun eolas breise a fháil.

Ina choinne sin cé go bhfaightear an logainm **Currach** go minic gan cháilíocht is minic a bhíonn se cáilithe go haidiachtúil le dathanna ar nós dubh, buí nó bán, nó méid cosúil le mór nó beag, leathan nó caol. Ó thaobh dáileadh dathanna de faightear 'black (23), yellow (14) and white (12)' de réir O' Connor.⁶³⁰

Faightear ocht sampla déag de logainmneacha in 'The Northern Ireland Placenames Project' leis an bhfoirceann **doo** agus is leis an bhfoirm Ghaeilge 'dubh' a mhínítear an chuid is mó díobh.⁶³¹

Chomh maith leis sin faightear an fhoirm **-dough** uair amháin agus trí shampla den fhoirm **-dugh** mar réadú faoi seach ar an gcáilitheoir i bhfianaise an Ainmleabhair thuas. Ar bhonn comparáide tabhair d'aire do logainm eile cuíosach áitiúil, 'An Lios Dubh/Lisdoo' [D] i gContae Lú.⁶³² Thug an Donnabhánach an fhoirm Ghaeilge chéanna san Ainmleabhar bainteach ina raibh na foirmeacha **-dough** agus **-dugh** sa bhfianaise stairiúil freisin.⁶³³

Tugann Piatt 'Examples of Irish between Boyne and Barrow, South Meath' agus ina measc is suntasach go bhfaightear: 'Cheem mawdoo **doo!** (I see a black dog) Tchím madadh **dubh!**' [liomsa an cló trom].⁶³⁴ Is inmheasta go bhfuil meáchan na fianaise ag cur in iúl gurb ón mbunfhoirm 'An Currach Dubh' a d'eascair an fhoirm Bhéarlaithe **Curraghdoe**. Moltar an fhoirm Ghaeilge **An Corrach Dubh** mar fhoirm Gheilge an logainm seo.

4.14 Doire:

De réir Flanagan agus Flanagan: '*Doire* means simply 'oak-grove' and is a common element in place-names, though of course in the vast majority of examples the oak-grove itself has long since disappeared ...'⁶³⁵ Deir Ruairí Ó hUiginn liom go raibh brí níos leithne ná 'oak-grove' ag 'Doire', mar shampla, i bhfianaise ainmneacha ar nós Doire Choill

⁶³⁰ O' Connor, *Atlas of Irish place-names*, lch.63.

⁶³¹ Northern Ireland place names project (www.placenamesni.org) (26 Meán Fómhair 2011).

⁶³² BLE faoi 'Lisdoo' (www.logainm.ie) (12 Márta 2011).

⁶³³ Ibid.

⁶³⁴ Piatt, *Gaelic dialects*, lch. 15.

⁶³⁵ Flanagan & Flanagan, *Irish place names*, lch. 70.

('coll/hazel').⁶³⁶ De réir Uí Mhaolfabhail, 'Tá líon mór bailte fearainn in Éirinn, 1300 acu, a bhfuil an focal *doire* i dtosach a n-ainmneacha, gan trácht ar a lán eile a bhfuil sé istigh ina n-ainmneacha. Is cinnte gur cumadh mórán de na hainmneacha sin le 500 bliain anuas, faid agus a bhí daonra na hÉireann ag dul i méid go mór agus na crainn bhunaidh á leagadh.⁶³⁷ Taispeánann sé freisin úsáid fhorleathan na heiliminte seo sa domhan Ceilteach, 'Tá Doire nan Each ... in Albain... Tá Arderry i Manainn ... Darvoy ... agus Drevant i lár na Fraince ... Terfens san Ostair ...'⁶³⁸ De réir cosúlachta, tá dhá logainm faoi bhráid anseo leis an eilimint 'doire', 4.14.1 **Derryclare** agus 4.14.2. **Derrypatrick**.

4.14.1 **Derryclare:** par. Galtrim (DI); N84886 50394

Fianuithe:

1)	1401/2	Dirclary	<i>RPCH 3 Hen. IV</i> , p164
2)	1402	Dirclary	<i>RPCH 3 Hen. IV</i> , p164
3)	1579	Derclare, Deeclare	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> , 124
4)	1600	Dirclare	<i>In MS 3857/1, TCD</i> ⁶³⁹
5)	1607	Woodton of Clonmeath	Griffith, <i>Cal. Inq. JI</i> , 49 (19)
6)	1655-9	Wood Towne [par. Galtrim]	<i>Top. index Petty BN</i> , p378
7)	c.1672	Wood Towne [par. Galtrim]	<i>Top index Petty HD</i> , p378
8)	1978	Doire an Chláir	Fitzsimons, p35
9)	2011	,deri:'kle:r {13}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe Ó Ainmleabhar *Mí 067* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 43

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Derryclare	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Derryclare	Rev. Lowe
	Derryclare	Cess Applotter
	Derryclare	Mr. R. Parsons
	Doire an chláir, 'oakwood of the plain'	John O' Donovan
1836	Derryclare	John O' Donovan

Dealraíonn sé gur logainm é **Derryclare** le dhá eilimint Bhéarlaithe 'Derry' + 'clare' faoi chomhréir na Gaeilge. Tá dhá bhaile fearainn leis an ainm seo in *BLE*, ceann amháin i

⁶³⁶ I nóta chugam ó Ruairí Ó hUiginn, Ollamh na Nua-Ghaeilge, OÉ Má Nuad (6 Iúil 2012).

⁶³⁷ Art Ó Maolfabhail, *Ó Lyon go Dún Lúiche /Logainmneacha san oidhreacht Cheilteach* (Baile Átha Cliath, 2005), lch. 53.

⁶³⁸ Ibid.

⁶³⁹ MS 3857/8, TCD: Deed re marriage of Parick Husseu and Margaret Rochfort 1600 AD.

gContae na Gaillimhe leis an bhfoirm Ghaeilge 'Doire an Chláir' [molta] agus an cearn eile faoi bhráid anseo ar a dtugann Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge 'Doire an chláir' leis an míniú 'oakwood of the plain'.

Is gnáth-foirm Bhéarlaithe í **derry** le haghaidh **doire** ach faightear foirmeacha eile freisin ina bhfuil an dara siolla neamhaiceanta ar ceal. Feictear an fhoirm Bhéarla choimrithe 'Dir' sna fianuithe (1,2,4) thuas agus an fhoirm 'Der' i bhfianú (3). Fághtar an leagan fánach 'Deeclare', earráid scríobhaithe is dócha, as an áireamh. Ar bhonn comparáide faightear an logainm 'Doire Chamach/Derrycamagh' [D] i gContae Lú agus i mbileog fianaise feictear cúig shampla den fhoirm choimrithe 'Dir' agus sampla amháin den fhoirm 'Der' mar réadú ar an aicmitheoir 'Doire' faoi seach.⁶⁴⁰ Is áirithe mar sin gurb é an eilimint 'Doire' atá i gceist anseo freisin. [Cuireann 'Doire (>Derry) >Der' an forás 'Baile (>Bally) >Bal' sa taobh seo tíre i gcuimhne dúinn.] I bhfianaise chomhaimseartha an Donnabhánaigh thuas is í an fhoirm '**Derryclare**' a fhaightear i ngnáthúsáid.⁶⁴¹

Ní luaitear an bf. **Derryclare** i suirbhéithe an 17ú haois ach luaitear 'Woodtowne Clonmeath'. Is suntasach go raibh an 'Woodtowne' seo ar an taobh thiar theas de bf. 'Clonmeath' ar léarscáil Petty sa bhliain 1657⁶⁴² (féach 5,6,7 sna fianuithe thuas freisin) agus dála an scéil faightear an bf. 'Derryclare' laistiar de 'Clonmeath' inniu.⁶⁴³ Is dóichí mar sin gurb ionann 'Woodtowne Clonmeath' ar léarscáil Petty agus an 'doire' a thagraítear sa logainm 'Derryclare' inniu. Glactar leis go bhfuil (6,7) 'Wood Towne [Galtrim]' ag tagairt don áit chéanna.

De ghnáth is réadú é **clare** ar an eilimint Ghaeilge **clár**. De réir Flanagan and Flanagan: 'Clár basically means 'level surface', covering anything from a 'plank' to a 'plain'. Generally, but not invariably in place-names it refers to a 'plain'.⁶⁴⁴ Tacaíonn Ua Caoimh leis an dara pointe ina *Glossarium* : 'Clar: a board, table; topographically, a level plain'.⁶⁴⁵

I measc na mínithe le haghaidh 'clár' in *eDIL* faightear ' ... (e) level expanse, plain agus (f) ... 'plank bridge'.⁶⁴⁶ Deir Joyce freisin go n-úsáidtear an téarma **clár** chun **droichead**

⁶⁴⁰ *BLE* faoi 'An Doire Chamach' (www.logainm.ie) (13 Márta 2011).

⁶⁴¹ Ainmleabhar na SO *Mí 067* na SO lch. 43.

⁶⁴² Petty, *Down survey barony maps*.

⁶⁴³ *OSi Discovery Series* (3rd edition) uimhir 42; Léarscáileanna na SO <http://maps.osi.ie/publicviewer/> (2 Eanáir 2011).

⁶⁴⁴ Flanagan & Flanagan, *Irish place names*, lch. 54.

⁶⁴⁵ MS 14.G.B in RIA: Patraic Ua Caoimh (eag) *Glossarium topographicum Hibernicum* (1832) faoin gceannfhocal 'clar'.

⁶⁴⁶ *eDIL*, litir C colún 221, líne 060 (www.dil.ie) (17 Nollaig 2011).

simplí a chur in iúl, 'It is probable indeed that many of these structures scarcely deserved the name of bridges – but should rather be designated plank fords or plank crossings ...'⁶⁴⁷

Conas a réitíonn an dara heilimint 'clare' i **Derryclare** idir lámha leis na bríonna thualuaite? Tá an baile fearainn seo i bparóiste *Galtrim* agus is i gcomhthéacs *Galtrim* a fhaightear na fianuithe (1) 'Dirclary' 1401/2 agus (2) 'Dirclary' 1402. Cuireann na fianuithe seo in iúl dúinn b'fhéidir gurb é ceann díobh seo a leanas atá i gceist:

- a) an struchtúr **Doire + an + chláirigh** leis an ainmfhocal 'clárach' sa tuiséal ginideach nó
 - b) an struchtúr **Doire + sloinne** i bhfoirm 'Doire an Chláraigh' (an Clárach < de Clare) nó
 - c) an struchtúr ársa gan an t-alt, **Doire Chláraigh** (< 'clárach', ainmfhocal).
- (Uaireanta báitear an t-alt i logainmneacha agus de ghnáth cuirtear an 'gh' den fhoirceann neamhaiceanta 'aigh' ar ceal.⁶⁴⁸)

Is tearc an fhianaise bhainteach, áfach, toisc go bhfuil na foirmeacha (1,2) sa bhfoinse chéanna, *RPCH 3 Hen. IV* agus ní bheadh sé muiníneach glacadh leo go húdarásach. Chomh maith leis sin, níl aon rian den fhoirceann '-aigh' sa bhfuaimniú áitiúil anois.

Muna raibh an t-alt sa logainm seo is é is dóichíde gur 'Doire Chláir' an bhunfhoirm.

Ar an iomlán tá seans go raibh an ceart ag Ó Donnabháin⁶⁴⁹ maidir leis an aicmitheoir '**Oakwood** of the plain' - é sin nó b'fhéidir 'Oakwood of the plank ford'. Tá an 'River Daingean' ag gluaiseacht tríd an mbaile fearainn seo agus tá 'Clonmeath River' ar an teorainn theas.⁶⁵⁰ B'fhéidir go bhfuil an cáilitheoir sa logainm ag tagairt do dhroichead clárach ársa a bhí ag dul trasna cheann acu tráth; é sin nó míniú réamhluaite an Donnabhánaigh. Moltar **Doire Chláir** mar fhoirm Ghaeilge an ainm seo.

4.14.2 Derrypatrick: par. Derrypatrick (DI); N88891 51693

Fianuithe:

1)	1176	caislen doire Pattraic	<i>ARÉ</i> , iii, 26 ⁶⁵¹
2)	c.1194	Derpatric	<i>Reg. St Thomas</i> , p22
3)	c.1194	Derpatric	<i>Reg. St Thomas</i> , p253
4)	1194X1224	Derepatric	<i>Reg. St Thomas</i> , p270
5)	1202	Derpatric	<i>Reg. St Thomas</i> , p224

⁶⁴⁷ Joyce, *Irish names of places*, ii, 379.

⁶⁴⁸ O' Rahilly, *Irish dialects*, lch. 54.

⁶⁴⁹ Ainmleabhar na SO *Mí 067*, lch. 43.

⁶⁵⁰ *OSi Discovery Series* (3rd edition) uimhir 42.

⁶⁵¹ 'Ro faisigthe tri caisteoill im midhe ar rabharnach ar uamhan cenél neoghain .i. caistiall ceannansa, caisslean calatroma ꝛ caillean **doire Pattraic**' in *ARÉ*, iii, 26; (liomsa an cló trom).

6)	c.1223	Derpatric	<i>Chart. St. Mary's, Dublin</i> , i, 76
7)	1235	Derpatric	<i>Reg. St Thomas</i> , p245
8)	1235	Derepatric	<i>Reg. St Thomas</i> , p247
9)	1248	Derpatrike	Sheehy, <i>Pont. Hib.</i> , ii, 297
10)	1260	Derpatricke	Sheehy, <i>Pont. Hib.</i> , ii, 495
11)	1302-06	Derepatrick	<i>CDI</i> , v, 255
12)	1202-06	Derpatrik	<i>CDI</i> , v, 264
13)	1335X1345	Dirpatrike, Dirpatric	<i>Reg. Sweetman</i> , pp 1,3
14)	1338	John Derpatrike Juror	<i>Liber niger</i> 112, p58 ⁶⁵²
15)	1423	Derpatrik	<i>RPCH, Hen. VI</i> , 1, p227
16)	1422/3	Derpatryk	<i>RPCH, Hen. VI</i> , 35, p223
17)	1456	Derpatrik	<i>Stat. rolls Hen. VI</i> , 35, p308
18)	c.1518	Dyrpatrick, Derpatryk	<i>Arch. Hib. LXI</i> , pp 330, 336, 342 ⁶⁵³
19)	1527	Dyrpatrike	Griffith, <i>Cal. inq. Hen. VIII</i> , 32
20)	1529	Dyrpatrick	Griffith, <i>Cal. inq. Hen. VIII</i> , 49
21)	1531	Dyrpatrik	Griffith, <i>Cal. inq. Hen. VIII</i> , 59
22)	1533	Derpatrike	Griffith, <i>Cal. inq. Hen. VIII</i> , 68
23)	1539-40	Dirpatricke	<i>Chart. St. Mary's, Dublin</i> , ii, 65
24)	1539-40	Dirpatrick	<i>Nugent papers Analecta Hib.</i> , p127 ⁶⁵⁴
25)	1546	Derpatricke	Griffith, <i>Cal. inq. Hen. VIII</i> , 193
26)	1543X1558	Dirpatryke	<i>Reg. Dowdall</i> , p260
27)	1543X1558	Derrypatrick	<i>Reg. Dowdall</i> , p271
28)	1549	Dyrpatryk	<i>fiant Edw. VI</i> , 421
29)	1569	Dyrpatryek	<i>fiant Eliz.</i> , 1462
30)	1576	Dyrpatricke	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> , 112
31)	1578	Dyrpatrick	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> , 115
32)	1577	Dirpatricke	<i>fiant Eliz.</i> , 3052
33)	1578	Derpatrick	<i>fiant Eliz.</i> , 3462
34)	1587	Dirpatricke	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> 180
35)	1587-8	Dirpartrick [sic]	<i>fiant Eliz.</i> , 5146
36)	1591	Derpatrick	<i>Pat. Rolls 11 James I</i> , p269
37)	1593	Delpatrick	<i>Landholders Elizabethan Pale</i> ⁶⁵⁵

⁶⁵² 'A Calendar of the Liber Niger and Liber Albus', lch. 58.

⁶⁵³ Foirmeacha eile: 'Dyrpatrik', 'Derpatrik'.

⁶⁵⁴ Ainsworth & MacLysaght, 'Survey of documents in private keeping', lch. 127.

⁶⁵⁵ Brendan Scott, 'The landholders of the late Elizabethan Pale: "The generall hosting appointed to meet at ye Hill of Tarragh on the 24 of September 1593" in *Analecta Hib.*, no. 40 (2006), lch. 68.

38)	1596	Derpatrick	<i>Carew MS iii</i> , p195
39)	1599	Derpatricke	<i>CPCR 18-45, Eliz.</i> , p522
40)	1601	Derpatrick	<i>fiant Eliz.</i> , 6533
41)	1622	Dirpatrick ⁶⁵⁶	<i>Clergy list 1622</i>
42)	1622	Dirpatricke	<i>Ussher's works</i> , i, lxxx
43)	1626	Derpatrick	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 10
44)	1633	Derpatrick	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 83
45)	c.1640	Derpatricke	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 157
46)	1654-6	Dirpatrick	<i>Civil Survey v</i> , 141
47)	1655-9	Derpatrick	<i>Top. index, Petty BN</i> , p188
48)	c.1666	Dirpatrick	<i>MS G vi 2, BSD</i>
49)	1682X1685	Dirpatrick	<i>Dopping</i> , p52
50)	1685	Derpatrick	<i>Petty HD 1685</i> , p7
51)	c.1690	Dirpatrick	<i>Irish Jacobites</i> ⁶⁵⁷
52)	1726	Dirpatrick	<i>Bomford Papers</i> , 44 ⁶⁵⁸
53)	1794	Derpatrick	<i>Upton freeholders</i>
54)	1797	Dirpatrick	<i>Beaufort's map</i>
55)	1802	Dirpatrick	<i>Thompson surv. (Taylor's map)</i>
56)	1812	Derrypatrick	<i>Larkin's map</i>
57)	1814	Derry-patrick	<i>Leet, Directory</i> , p154
58)	1826	Dirpatrick	<i>Parochial survey</i> , lxvii ⁶⁵⁹
59)	1837	Derrypatrick or Dirpatrick	<i>Lewis, A top. dict.</i> , i, 454
60)	1910	Daire pattraic	<i>Hogan, Onomasticon</i> , p329
61)	1935	Doire Padraig	<i>Ó Foghludha</i> , p26
62)	1978	Doire Pádraig	<i>Fitzsimons</i> , p36
63)	2011	,deri: patræk {18}	<i>fuaimniú áitiúil</i>

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 001* sa Chartlann Náisiúnta, lgh. 12, 13

	Ortagrafraíocht	Údarás nó Foinse
	Derrypatrick	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Dirpatrick	Thompson's Statistical Survey
	Derrypatrick	Applotter of County Cess

⁶⁵⁶ Healy, *History of the diocese of Meath*, i, 252.

⁶⁵⁷ Simms, 'Irish Jacobites' in *Analecta Hib.*, no. 22, lch. 24.

⁶⁵⁸ C. P. Bomford, 'The Bomford family and allied families', lch 44 (www.Bomford.net/IrishBomfords/Chapters/BomfordFamilyAug2005.pdf) (6 Deireadh Fómhair 2010).

⁶⁵⁹ William Shaw Mason, *A statistical survey or, parochial survey of Ireland*, (3 vols, Dublin, 1814, 1816, 1819) ii, lxvii.

	Derrypatrick	Tenants Receipts for rent
	Diripatrick	High Commission Survey & Valuation Report
	Dirpatricke Parish	Down Survey
	Derpatrick	Down Survey Map
	Derpatrick	Inq. Car. I
	Doire Phatraic	John O' Donovan
	Doire Pádrúig, Patrick's oak wood, <i>Roboretum Patricii</i>	John O' Donovan
1836	Derrypatrick	John O' Donovan

Is logainm é 'Derrypatrick' le haghaidh par. chomh maith le baile fearainn laistigh de. Tugann A. J. Otway-Ruthven le fios gur pharóiste eaglasta ab ea é roimh 1200 A.D. agus go raibh sé tiomnaithe do Mhainistir Naomh Thomáis, Baile Átha Cliath.⁶⁶⁰ Tagann cuid de na fianuithe is luaithe thuas (2,3,4,5,7,8) ó chlárleabhar na mainistreach sin. Toisc gurb é an logainm céanna ar an bparóiste agus ar an mbaile fearainn baintear úsáid as an bhfianaise le haghaidh an dá aonad.

Is é 'Patrick's oak wood' míniú an logainm seo de réir an Donnabhánaigh san Ainmleabhar thuas. Glactar leis an míniú céanna go háitiúil. Mar shampla, deir Maggie Comey ina haiste san *Schools' manuscript folklore collection 1937-38*: 'My home district is Derrypatrick ... Derrypatrick means "The Oak Wood of Patrick". Long ago St. Patrick built a church there ...'⁶⁶¹ De réir Cogan, '*Derrypatrick* was anciently called *Doire-Padraig* and tradition hands down that this was the last church erected by our national Apostle in this part of the kingdom of Meath.'⁶⁶²

Deineadh trácht cheana féin ar an eilimint 'doire' – féach faoi 4.14 – agus deineadh trácht freisin faoi 4.14.1 ar chonas a choimrítear an eilimint 'doire' (leagan eile: 'daire') leis na foirmeacha 'Dir-' 'Der-', 'Dyr-' mar thoradh. Feictear an coimriú seo i dtromlach na bhfianuithe thuas.

Faoi aimsir an Donnabhánaigh is í an fhoirm Bhéarlaithe 'Derrypatrick' a fheictear san Ainmleabhar bainteach. Is í an fhoirm Ghaeilge a thugann sé ná 'Doire Pádrúig' leis an míniú 'Patrick's oak wood, *Roboretum Patricii*'.⁶⁶³ Ní minic go leor a fhaightear foirm Ghaeilge logainm i bhfoinse níos sine ná na hAinmleabhair ach feictear an fhoirm (1)

⁶⁶⁰ Otway-Ruthven, 'Parochial development of Skreen', lgh. 116-117.

⁶⁶¹ *The schools' manuscript folklore collection 1937-38*, vol 689 (MSS 188,189), faoi 'Moynalvey school'.

⁶⁶² Cogan, *The diocese of Meath*, ii, 371.

⁶⁶³ Ainmleabhar na SO, *Mí 001*, lch. 13.

'doire Phattraic' in *ARÉ*. Tá an logainm seo caomhnaithe freisin in 'Derrypatrick River'.⁶⁶⁴
Moltar **Doire Phádraig** mar fhoirm Ghaeilge an logainm seo.

4.15 Droim/drom:

Deir Ó Maolfaobhail, 'De na hainmfhocail a dhéanann cur síos díreach ar ghné aiceanta na tíre is é *droim* is coitianta ar fad ... Luann Nicolaisen beagnach 700 sampla de *droim* in Albain.⁶⁶⁵ Ar an léarscáil a sholáthraíonn O'Connor le haghaidh dáileadh na heiliminte seo, faightear fiche díobh i gContae na Mí.⁶⁶⁶ Faoin gceannfhocal 'Druim(m)' III luann *eDIL* 'ridge, usually of elevated ground; hill ... common in place-names with follg. gen. ...'⁶⁶⁷ Tacaíonn Mac Aodha leis seo: 'Is é an bhunchiall atá le droim ná 'iomaire ard' nó 'ridge. Béarlaítear í mar drum.'⁶⁶⁸

Tá trí ceithre logainm idir lámha leis an eilimint Bhéarlaithe drum, agus is iadsan 4.15.1 **Ardrum(s)**, 4.15.2 **Drumard**, 4.15.3 **Drumlargan**, 4.15.4 **Drumree**.

4.15.1.1 **Ardnums Great:** (DU) par. Rathcore; N82850 43677

4.15.1.2 **Ardnums Little:** (DU) par. Rathcore; N82038 43922

Fianuithe:

1)	1378	Ovarardroms	<i>RPCH, 1 Hen. IV, p157</i>
2)	1388	Ovyrdroms	<i>RPCH, 12 Ric II, p139</i>
3)	1388	Middillardroms	<i>RPCH, 12 Ric. II, p139</i>
4)	1388	Nethirdroms	<i>RPCH, 12 Ric. II, p139</i>
5)	1406/7	Ardroms (le lityll)	<i>RPCH, 8 Hen. IV, p186</i>
6)	1415/16	Ardromes	<i>RPCH, 3 Hen. V, p214</i>
7)	1522-2	Ardroms	<i>fiant Edw. VI, 1183</i>
8)	1548	Ardrones	<i>fiant Edw. VI, 168</i>
9)	1553	Lytyllardroms	<i>fiant Edw. VI, 1243</i>
10)	1579	Andromes (Little) [sic]	<i>Griffith, Cal. inq. Eliz. 124</i>
11)	1581	Ardroms (Little)	<i>Inq. Leinster Eliz., 2</i>
12)	1596	Muchardroms	<i>Carew MS iii, 195</i>
13)	1600	Ardrome	<i>fiant Eliz., 6400</i>
14)	1619	Ardromes	<i>Inq. Leinster Jac. I, 34</i>

⁶⁶⁴ *OSi Discovery Series* (3rd edition) uimhir 42.

⁶⁶⁵ Art Ó Maolfabhail, 'Baill choirp mar logainmneacha' in *Comhar*, (Iúil, 1985), lch. 22.

⁶⁶⁶ *Ibid.*

⁶⁶⁷ *eDIL*, litir D2, colún 410, líne 037 (www.dil.ie) (17 Lúnasa 2011).

⁶⁶⁸ Breandán S. Mac Aodha, 'Eilimintí fisiciúla in áitainmneacha Ard Mhacha' in *Seanchas Ard Mhacha*, xiv, uimh. 2 (1991), lch. 149.

15)	1636	Ardroms (Littell) als Ouldtowne	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 121
16)	1636	Ardromes (Littell)	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 124
17)	1654-6	Ardromess	<i>Civil Survey v</i> , 160
18)	1654-6	Ardromes	<i>Civil Survey v</i> , 160
19)	1659	Ardrames	<i>MS 14E 22, Hib. Del. map</i>
20)	1655-59	Ardrames	<i>Top. index Petty BN</i> , p59
21)	c.1666	Ardronese (Great)	<i>MS 974, BSD</i> , p128
22)	c.1666	Ardronese (Little)	<i>MS 974, BSD</i> , p128
23)	1686	Ardrooms (Great) alias Ardronesse	<i>Comm.of Grace</i> , p40
24)	c.1672	Ardrames	<i>Top. index Petty HD</i> , p59
25)	1716	Adrams	<i>Wills</i> , i, 102
26)	1750	Ardrooms	<i>MS 5246, Parish book Agher</i>
27)	1777	Ardrooms (Little)	<i>Longfield 21 F 14</i> , No. 5
28)	1777	Ardrooms (Great)	<i>Longfield 21 F 14</i> , No. 5
29)	1812	Ardrooms (Great)	<i>Larkin's map</i>
30)	1812	Ardrooms (Little)	<i>Larkin's map</i>
31)	1814	Ardrams	<i>Leet, Directory</i> , p11
32)	1834	Ardrooms (Little)	<i>Chanc. deeds (1840)</i> , 6, p2
33)	1835	Ardrooms (Little)	<i>Chanc. deeds (1840)</i> , 91, p20
34)	1836	Ardrooms (Great)	<i>Chanc. deeds (1840)</i> , 223, p49
35)	1978	Ardrooms [both]	<i>Fitzsimons</i> , p5
36)	2011	'a:rdroms {3}	<i>fuaimniú áitiúil</i>

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 094* sa Chartlann Náisiúnta, lgh. 7,8

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Little Ardrooms	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Little Ardrooms	Larkin's Map
	Great Ardrooms	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Great Ardrooms	Larkin's Map
	Ardromes	<i>Inq. Temp. Eliz</i>
	Ardroms	<i>Inq. Temp. Car. I</i>
('Compare indexes carefully.' JOD)	Ard druim, 'high ridge or long hill'	John O' Donovan
1836	Ardrooms	John O' Donovan

Is cosúil nár tháinig aon athrú ar **ard** nuair a chuaigh litriú an Bhéarla i bhfeidhm ar an eilimint seo mar a fheictear sa logainm **Ardrooms** ach amháin gurb é an t-ainmfhocal 'aird'

a bhí i gceist. Má chuirtear an 's' iolraithe Béarla as an áireamh is logainm é 'Ardrum'(s) atá comhdhéanta de dhá eilimint Bhéarlaithe 'ard + drum'. Maidir leis an 's', deir T. S. Ó Máille gur minic a chuirtear focail Ghaeilge i logainmneacha san uimhir iolra leis na moirféimeanna Béarla '-s' nó '-es' ...⁶⁶⁹ agus i gcás 'Ardrums' tá 's' sa bhfianaise chomh fada siar go 1378. B'fhéidir gur rian de luath-Bhéarlú atá ann.

D'fhéadfadh an eilimint 'ard' a bheith ina Béarlú ar an ainmfhocal firinsneach 'ard', ar an ainmfhocal baininsneach 'aird' nó ar an aidiacht 'ard'. Pléitear na trí chás éagsúla thíos cé go samhlófaí nach mbeadh an t-ainmfhocal 'ard' nó aird' i dteannta leis an eilimint 'droim' i logainm toisc gurb athluaitheachas a bheadh i gceist de réir cosúlachta.

Ciallaíonn an t-ainmfhocal **firinsneach** 'ard' (gin. uatha: 'aird') áit ard nó ardán nó de réir fhoclóir Uí Dhónaill 'Height, hillock ...'⁶⁷⁰ Feictear samplaí cáilithe den ainmfhocal 'ard' fininsneach mar seo a leanas in *FSAG*, ina measc, 'Ard Abhla (H. of the apple-tree)' i gContae an Longfoirt agus 'Ard Catha (H. of battle)' i gContae Roscomáin.⁶⁷¹

Ar an lámh eile de díríonn de hÓir ár n-aire ar an bhfocal 'aird', atá **baininsneach** agus a chiallaíos gob nó rinn' agus pléann sé liosta logainmneacha chun a thaispeáint cé acu brí a bheadh leo, 'ard' (firinsneach) nó 'aird' (baininsneach).⁶⁷² Dar ndóigh, tá bríonna eile ag 'aird' – feictear 'point of compass, quarter, direction' in *eDIL* leis an sampla 'ceithre arda in domain .i. tair ḡ tíar, tess ḡ tuaid'.⁶⁷³ Thug an Dr Colmán Etchingham an tsolaoid seo dom: 'Sampla cuíosach áitiúil ná Fir Airde Cíanachta (< Aird Chíanachta), dúiche sa luathré i ndeisceart Chontae Lú.'⁶⁷⁴

Faightear samplaí den ainmfhocal 'aird' baininsneach cáilithe mar seo a leanas in *FSAG*: 'Aird Chreachta (Peak of plunder)' i gContae Chiarraí, 'Aird Ghlais(e) (Prom. Of stream)' agus 'Aird Mhaoil (Peak of bare hill)' i gContae Roscomáin.⁶⁷⁵ (Deir an Dr Etchingham 'go bhféadfadh sé gur "dúiche" nó "ceann" atá i gceist i ngach cás' anseo.⁶⁷⁶)

Más ceachtar acu 'ard' nó 'aird' atá i gceist sa logainm Ardrum(s) bheifí ag súil leis an

⁶⁶⁹ Ó Máille, 'Irish place-names in -as, srl', lch 127.

⁶⁷⁰ Ó Dónaill, *Foclóir Gaeilge Béarla*, lch. 58.

⁶⁷¹ Ó Riain *et al* (eds), *FSAG*, 1, lgh.77, 82.

⁶⁷² Éamonn de hÓir 'Aird' i logainmneacha' in *Dinnseachas*, i, uimh. 4 (Nollaig 1965), lch. 79.

⁶⁷³ *eDIL*, litir A, colún 82, líne 014 (www.dil.ie) (7 Deireadh Fómhair 2011).

⁶⁷⁴ Nóta ar dhréacht na caibidle seo (4 Feabhra 2011)

⁶⁷⁵ Ó Riain *et al* (eds), *FSAG*, 1, lgh. 37, 38.

⁶⁷⁶ Nóta ar dhréacht na caibidle seo (Eanáir 2012).

tuisseal ginideach den dara heilimint sa leagan Gaeilge mar seo, **droma**. Mheasfaí go mbeadh rian éigin den iarmhír 'a' sa bhfianaise stairiúil cé gur fíor go gcailltear an iarmhír neamhaiceanta uaireanta i logainmneacha na Gaeilge faoi thionchar an Bhéarla.⁶⁷⁷

Má scrúdaítear an logainm **Dundrum/Dún Droma** [D], paróiste dlí Baile an Teampaill, Tiobraid Árann, feictear go bhfuil lorg den iarmhír neamhaiceanta ceithre uair déag [14] as tríocha díobh i measc na bhfianuithe Béarlaithe, mar shamplaí, *Dondroma*, *Dondromy*, *Dundromma*, iad seo go léir ag cur le fios go raibh an dara heilimint sa tuiseal ginideach.⁶⁷⁸ De réir analaí bheifí ag súil le lorg éigin den iarmhír neamhaiceanta maidir leis an logainm 'Ardrum(s)' idir lámha ach ní fhaightear aon rian i measc na bhfianuithe thuas a théann chomh fada siar go dtí 1378.

Cad faoin struchtúr **Noun + Noun** i logainmneacha atá an-ársa agus a thosnaigh ag dul i léig timpeall 400 A.D.? I ndáiríre ní cosúil gur logainm den chineál seo é 'Ardrum(s)' ón bhfianaise a sholáthraíonn Mac Giolla Easpaig.⁶⁷⁹

Mar thoradh ar seo go léir is cosúil gurb 'Aidiacht + Ainmfhocal' atá sa logainm seo 'Ardrum(s)', sé sin 'Ard + Drom' ón bhfoirm Ghaeilge bhunúsach 'Ard-drom' nó 'Ard-droim' ag brath ar an gcanúint: 'drom' i ndeisceart na tíre agus 'droim' sa tuaisceart i gcoitinne. Is leid shuntasach freisin go gcuirtear an bhéim ar an gcéad shiolla go háitiúil sa logainm /'a:rdroms/ a chomharthaíonn gurb aidiacht í 'ard'.⁶⁸⁰ (cf. 'Finglas/Fionnghlas')

Tá an struchtúr seo: 'Aidiacht + Ainmfhocal' níos sine ná an struchtúr: Ainmfhocal + Aidiacht', cuir i gcás, logainm leis an mbrí chéanna, 'Dromard/An Droim Ard'.⁶⁸¹ Feictear na samplaí seo leis an aidiacht 'ard' in *FSAG*: 'Ardachadh', Contae Mhuigh Eo, 'Ardchnoc', Contae Chiarraí, agus 'Ardchoill', Contae an Chláir⁶⁸² agus is san aicme seo a chuirfí 'Ardrum(s)'.

I gcás an logainm seo ciallaíonn an aidiacht **ard** talamh ard i gcomparáid leis an dúiche máguaird. Sonraítear é seo ar an léarscáil 1 : 50,000 maidir le 'Ardrums Great' agus

⁶⁷⁷ Mac Gabhann (ed.), *County Antrim 2*, lch. 212.

⁶⁷⁸ *BLE* Taifid Chartlainne uimhir 2 faoi Dundrum, Tiobraid Árann (www.logainm.ie/mapz) (22 Aibreán 2010).

⁶⁷⁹ Dónall Mac Giolla Easpaig, 'Noun and noun compounds in Irish placenames', in *Études Celtiques*, xviii (1981-82), lgh. 151-163.

⁶⁸⁰ Leid a thug An tOllamh Ruairí Ó hUiginn dom i gcomhrá, 9 Meán Fómhair 2011.

⁶⁸¹ *BLE* faoi 'Dromard' (www.logainm.ie/mapz) (28 Aibreán 2010).

⁶⁸² Ó Riain *et al* (eds), *FSAG*, 1, lgh. 103, 104.

'Ardrums Little'; feictear **droim** ag síneadh siar ó thuaidh le pointe airde 113m.⁶⁸³ Moltar an fhoirm Ghaeilge **Ard-Droim** Mór agus Beag le haghaidh **Ardrums** Great & Little.

4.15.2 **Drumard:** par. Galtrim (DI); N84009 50459

Fianuithe:

- | | | | |
|----|------|----------------------------|---------------------------------------|
| 1) | 1402 | Drumard | <i>RPCH, 3Hen. IV, p164</i> |
| 2) | 1579 | Dromarde | <i>Griffith, Cal. inq. Eliz. p124</i> |
| 3) | 1812 | Dromard | <i>Larkin's map</i> |
| 4) | 1978 | Druim Árd | <i>Fitzsimons, p38</i> |
| 5) | 2011 | ,drum 'a:rd {13,18} | fuaimniú áitiúil |

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabar *Mí 067* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 45

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Drimard	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Drimard	Cess Applotter 1836
	Drimard	Mr. R. Parsons
	Drimard	Mr. E. Gallagher
	Druim árd, 'high ridge'	John O' Donovan
1836	Drumard	John O' Donovan

Faightear fiche dó de bhailte fearainn faoin ainm **Drumard** in *BLE*, dhá cheann díobh leis an bhfoirm Ghaeilge 'An Droim Ard' [D].⁶⁸⁴

Tá dhá eilimint sa logainm faoi chaibidil anseo: **droim** + **ard** in ord na Gaeilge agus tá siad follas go leor. Rinneadh trácht cheana féin ar an eilimint aicmeach 'druim/drom' faoi 4.15 thuas agus ar an eilimint cháilitheach 'ard' thuas faoi 4.15.1 'Ardrum(s)' logainm cosúil le 'Drumard' ach le struchtúr níos sine. Tá na fianuithe thuas agus an fhianaise san Ainmleabhar bainteach⁶⁸⁵ i gcomhréir go réasúnta maith lena chéile. Tugann Ó Donnabháin an fhoirm 'Druim árd' leis an míniú 'high ridge'. Moltar **An Droim Ard** mar fhoirm Ghaeilge.

4.15.3 **Drumlargan:** par. Drumlargan (DU); N85518 46483

Fianuithe:

- | | | | |
|----|------|-------------------|---------------------------------------|
| 1) | 1305 | Dromlaghin | <i>CJR, 1295-1303 [etc.], ii, 132</i> |
| 2) | 1306 | Dromlagyn | <i>CJR, 1295-1303 [etc.], ii, 237</i> |

⁶⁸³ *OSi Discovery Series* (3rd edition) uimhir 50.

⁶⁸⁴ *BLE* faoi 'Drumard' (www.logainm.ie) (14 Nollaig 2010).

⁶⁸⁵ Ainmleabhar na SO *Mí 067*, lch. 45.

3)	1306	Drumlargyn	<i>Gormanston Reg.</i> , p169
4)	1402-03	Dromlagyn	D. 17,010 <i>Galtrim manor</i>
5)	1526	Drumlayn	Griffith, <i>Cal. inq. Hen. VIII</i> , 21
6)	1540-1	Dramlargen	<i>Ir. mon. poss.</i> , p295
7)	1540/1	Dromlargen	<i>Ir. mon. poss.</i> , p297
8)	1554	Drumlargen	<i>fiant P. & M.</i> , 56
9)	1570	Dromlargen	<i>fiant Eliz.</i> , 1663
10)	1579	Dromlargen	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> , 124
11)	1594	Dromlargen	<i>fiant Eliz.</i> , 5873
12)	1601	Drumlargene	<i>CPCR 18-45 Eliz.</i> , p592
13)	1606/7	Dromlorgan	<i>Inq. Leinster Jac. I</i> , 2
14)	1607	Dromlargen	Griffith, <i>Cal. inq. J.I.</i> , 49 (1)
15)	1609	Dromlargene	Griffith, <i>Cal. inq. J.I.</i> , 61 (2)
16)	1622	Dromlorgan	Clergy list 1622 ⁶⁸⁶
17)	1622	Dromlargen	<i>Ussher's works</i> , i, lxxix
18)	1624	Dromlargin	<i>Inq. Leinster Jac. I</i> , 81
19)	1629	Drumlargyn	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 51
20)	1630	Dromlargin	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 63
21)	c.1637	Drumlorgan	Charles I grant ⁶⁸⁷
22)	1654-6	Dromlargin	Civil Survey v, 150
23)	1654-6	Drumlargine	Civil Survey v, 148
24)	1654-6	Dromlargin	Civil Survey v, 159
25)	1654-6	Dromlurgin	Civil Survey v, 150
26)	1659	Drumlargy	MS 14E 22 D, <i>Hib. Del. map</i>
27)	1655-9	Dromlargy	<i>Top. index Petty BN</i> , p199
28)	c.1666	Drumlargin	MS G vi 2, <i>BSD</i>
29)	c.1666	Dromlargin	MS 974, <i>BSD</i> , p124
30)	c.1672	Dromlargy	<i>Top. index Petty HD</i> , p199
31)	1682X1685	Drumlorgan	<i>Dopping</i> , p54
32)	1704	Drumlorgan	<i>Éigse I</i> (1939), p197
33)	1797	Drumlorgan	<i>Beaufort's map</i>
34)	1797	Drumlorgan	Seward, <i>Top. Hibernica</i> , p132
35)	1802	Drumlorgan	Thompson surv. (<i>Taylor's map</i>)
36)	1812	Drumlorgan	<i>Larkin's map</i>
37)	1830	Drumlorgan	<i>Chanc. rolls</i> (1838), I, 14
38)	1836	Drumlorgan	<i>Chanc. rolls</i> (1838), XXIX, 19
39)	1837	Drumlorgan	Lewis, <i>A top. dict.</i> , i, 517

⁶⁸⁶ Healy, *History of the diocese of Meath*, i, 252.

⁶⁸⁷ *Ibid.*, i, 264.

- 40) 1978 **Druim Leargán** Fitzsimons, p39
 41) 2011 **,drum 'largan** {3,18} fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 042* sa Chartlann Náisiúnta, lgh. 1, 2

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Drumlargin	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Dromlorgan	Tombstone in graveyard may 1709
	Drumlargin	William Maher
	Drumlorgan	Thompson's Statistical Survey
	Drumlargin	High Commission Survey & Valuation Report
	Drumlorgan	Map of Lord Longford's estate
	Dromlargin Parish	Down Survey
	Dromlargin	Down Survey Reference
	Dromlargo	Down Survey Map
	Dromlorgan	Inq. Temp. Eliz.
	Dromlargin	Inq. Temp. Jac. I
	Drumlargin	Inq. Temp. Car. I
	Drumlargin	Inq. Temp. Car. I
	Druim leargain, 'ridge of the slopes'	John O' Donovan
1836	Drumlorgan	John O' Donovan

Cuireann Otway-Ruthven in iúl dúinn gur chuid de pharóiste eaglasta *Galtrim* é **Drumlorgan** ón 13ú haois go dtí díscóileadh na mainistreach idir 1540 agus 1622: 'Galtrim, however, till after the dissolution included the later parishes of Drumlorgan ... all of which were independent chapelries.'⁶⁸⁸ De réir Cogan, 'Drumlorgan:- The old church has been torn down; only a fragment of any of the walls is standing ...'⁶⁸⁹ Ó thaobh an logainm de is ionann ainm an paróiste agus ainm an baile fearainn amháin atá sa pharóiste.

De réir cosúlachta is logainm dhá mhíre é **Drumlorgan** in ord na Gaeilge. Molann Ó Donnabháin, 'Druim leargain/ridge of the slopes' le haghaidh an logainm seo.⁶⁹⁰ Tá an phríomheilimint follas go leor. San fhianaise stairiúil thuas faightear sampla amháin den fhoirm 'dram', fiche naoi sampla den fhoirm 'drom' agus sé shampla déag den fhoirm 'drum'. Is áirithe gurb é réadú iad 'drom' agus 'drum' ar an eilimint Ghaeilge 'droim/drom' a chiallaíonn 'ridge'. Féach faoi 4.15 thuas i dtaobh an na heiliminte seo.

⁶⁸⁸ Otway-Ruthven, 'Parochial development of Skreen', lgh. 116-117.

⁶⁸⁹ Cogan, *The diocese of Meath*, ii, 385.

⁶⁹⁰ Ainmleabhar na SO *Mí 042*, lch.2.

Faightear **éagsúlacht leaganacha** le haghaidh an cháilitheoras san fhianaise stairiúil ach is 'largen' le dhá shampla déag, 'largan' le naoi sampla, 'largin' le ceithre sampla agus 'largy' le trí shampla na leaganacha is minicí. Feictear na leaganacha 'largy' go léir sa *Down survey* sna 1650dí. Faightear líon beag den chineál (13,37) 'lorgan', (25) 'lurgin'.

Ní mór tagairt freisin don fhoirm (1) 'Dromlaghin' sa bhliain 1305 agus don fhoirm (2,4) **Dromlagyn** sna blianta 1306, 1402-3 ós rud é go bhfuil siad gan an litir 'r' sa cháilitheoir faoi seach agus freisin go bhfuil siad chomh luath san. An réadú iad ar 'Druim Laighean'? Níl 'Drumlargan' ach deich gciliméadar ó Abhainn na Rí/*Rye Water*, teorainn thuaidh na cúige sin faoi dheireadh an 8ú haois agus is suntasach go bhfuil sé ach dhá chiliméadar ón mbaile fearainn 'Clonlyon/Cluain Laighean' cíortha faoi 4.7.1. Is áirithe, áfach, go bhfuil tacaíocht thar na bearta sna fianuithe eile ag cur in iúl gur ródhocha go bhfuil an litir 'r' sa cháilitheoir.

Ní mór idirdhealú a dhéanamh idir na heilimintí Béarlaithe **largan et var.** agus **lurgan et var.** go mórmhór de bharr cur síos a rinneadh ar an logainm seo san *Schools' manuscript folklore collection* 1937-1938. I mbunscoil *Gallow* scríobh dalta Brighid ní h-Anaidh an píosa seo ar 21/11/1937: 'Drumlargan: The Back of the Lorgan: There is a wood called the Lorgan - Irish word means "shank" or "shin". The wood is shaped like a shank – wide at the top and narrowing to a point at the end'.⁶⁹¹ An bhfuil an ceart aici?

Úsáideadh **baill choirp** go minic chun gnéithe tírdhreacha a ainmniú⁶⁹² agus in *BLE* faightear fiche dó de bhailte fearainn leis an ainm 'Lurgan' agus cuid acu leis an bhfoirm Ghaeilge 'An Lurgain'. Tugann *eDIL* an bhrí seo: 'lurga: Keywords: shin-bone; shank ...'⁶⁹³ ('lurgain' sa tuiseal tabharthach - foirm an logthuisil).⁶⁹⁴ Deir Joyce, 'The *shin*. Irish *lurga* or *lurgan* ... was often applied to a long low ridge, to a long stripe of land.'⁶⁹⁵

Measaim, áfach, gur féidir an fhoirm Bhéarlaithe 'lorgan' *var.* 'lurgan' (foirm 'lurgain' i nGaeilge) a chur as an áireamh. Ar an gcéad dul síos má scrúdaítear fiú cuid de na logainmneacha leis an eilimint 'largan' *et var.* agus na logainmneacha le 'lurgan' *et var.* iontu feictear go bhfuil formhór na bhfoirmeacha stairiúla faoi seach ag taobhú le ceann

⁶⁹¹ *The schools' manuscript folklore collection 1937-38* (University College Dublin), Iml. 689, lch. 302.

⁶⁹² Féach: Ó Maolfabhail, 'Ball choirp mar logainmneacha', lch. 20.

⁶⁹³ *eDIL*, litir L, colún 246, líne 069 (www.dil.ie) (29 Aibreán 2010).

⁶⁹⁴ Féach: Ó Maolfabhail, 'Ball choirp mar logainmneacha', lch. 20.

⁶⁹⁵ Joyce, *Irish names of places*, i, 527.

amháin nó an ceann eile.⁶⁹⁶ Is mar an gcéanna leis an gcáilitheoir atá faoi bhráid anseo. I gcoitinne, comharthaíonn an fhianaise stairiúil thuas an fhoirm 'largan' *et var.* Tá an litir 'a' le fáil sa chéad shiolla sa chuid is mó díobh ag soláthar fianaise réasúnta dearfa. Chomh maith leis sin is léir ón bhfuaimníú áitiúil inniu gur /'largən/ atá i gceist. Éist freisin leis an gcomhad fuaimne ag logainm.ie faoi 'Drumlargan'.⁶⁹⁷ I gcuntas Uí Mhaolfabhail 'Baill choirp mar logainmneacha' is suntasach nach bhfaightear 'Drumlargan' ar an mhapa dáileacháin den eilimint 'lurga'.⁶⁹⁸

Faightear an bf. 'Largan/An Leargain' i Liatroim leis an 'nóta mínithe' seo in *BLE*: 'the hillside: leargain – foirm chalachtha den logthuiséal nó den tuiséal tabharthach de learga'.⁶⁹⁹ In *eDIL* mínítear 'lerg, lerga, ā, f.' le 'Keywords: sloping; expanse; stretch; hillside'.⁷⁰⁰ Feictear droim ilsleasach ar ar an mhapa⁷⁰¹ agus ar an dtalamh sa bhaile fearainn **Drumlargan** agus is cosúil go raibh an ceart ag an Donnabhánach nuair a thug sé an míniú 'ridge of the slopes'. Moltar **Droim Leargan** mar fhoirm Ghaeilge an logainm seo.

4.15.4 Drumree: par. Knockmark (DI); N94817 51627

Fianuithe:

1)	793	cath Droma rígh	<i>ARÉ</i> , i, 400 ⁷⁰²
2)	796	cath Droma rígh	<i>AU</i> ¹ i, 278 ⁷⁰³
3)	1574	Dromry	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> 69 (2)
4)	1630	Dromry	<i>Inq. Leinster Car 1</i> , 59
5)	1640-41	Dromree (in Knockemarke)	<i>Ir. mon. poss.</i> , p120
6)	1654-6	Drumry	<i>Civil Survey</i> v, 144
7)	c.1666	Dromrey	MS <i>G vi 2</i> , <i>BSD</i>
8)	1910	Drom Rig	Hogan, <i>Onomasticon</i> ⁷⁰⁴
9)	1913	Druim-rígh	Joyce, <i>Place names</i> , iii, 363
10)	1922	Druim Ríogh	Laoide, p75

⁶⁹⁶ *BLE* faoi 'Lurgan' agus 'Largan' (www.logainm.ie/mapz) (3 Bealtaine 2010).

⁶⁹⁷ Ibid. faoi 'Drumlargan' (www.logainm.ie/mapz) (Oíche Nollag 2011).

⁶⁹⁸ Ó Maolfabhail, 'Baill choirp mar logainmneacha' in *Ainm*, iii lch. 21.

⁶⁹⁹ *BLE* faoi 'Largan' (www.logainm.ie) (14 Márta 2011).

⁷⁰⁰ *eDIL*, litir L, colún 111 líne 074 (www.dil.ie) (29 Aibreán 2010). Tógtar sampla an ghinidigh ó *ARÉ*, v, 1672.5: 'agá ttoiram i nacchaidh na leargan airde'.

⁷⁰¹ *OSi Discovery Series* (3rd edition) uimhir 49.

⁷⁰² 'Aois Criost, seacht ccéd nochat atrí. An chéd bhliadhain d'Aodh Oirnidhe, mac Néill Fhrosaigh, hi rí uas Éirinn ... Cath Droma rígh ria nAodh nOirnidhe i ttorcharadar dá mac Domhnaill, Finsneachata agus Diarmuid ...' in *ARÉ*, i, 400.

⁷⁰³ 'Cia dorochair Aedh la Domnall, coscar cicar; Fri Aedh finn fir i cath Droma rígh, ro hicadh' in Hennessy and Mac Carthy (eds), *AU*, i, 278; (luann Hogan an tagairt seo ina *Onomastcon*).

⁷⁰⁴ Locus OÉC (<http://www.ucc.ie/locus/>) (2 Meitheamh 2010).

11)	1923	Druim Ríogh	<i>Oifigí Puist</i> , p29 ⁷⁰⁵
12)	1928	Druim Ríog	Ó Meachair, p127
13)	1935	Drom Ríogh	Ó Foghludha, p28
14)	1955	Droim Ríogh	<i>Eolaí an Phoist</i> , p448
15)	1964	*Droim Rí	<i>AGBPL</i> , p28 ⁷⁰⁶
16)	1969	Droim Rí	<i>AGBP</i> , p55
17)	1989	Droim Rí	<i>Gasaitéar</i> , p95, p217
18)	1978	Druim Ríogh	Fitzsimons, p39
19)	1982	Droim Rí	<i>Eolaí an Phoist</i> , p179
20)	2010	Droim Rí [D]	logainm.ie
21)	2011	,drum 'ri: {18}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 067* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 5

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Drumree	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Drumree	Rev. Sydiart, Rector
	Drumree	Tenants Receipts for rent
	Drinrath	High Commission Survey & Valuation Report
	Drumry	Down Survey
	Druim ríogh, 'Dorsum regum/regis?' Ridge of the kings'	John O' Donovan
1836	Drumree	John O' Donovan

Ní féidir brath ar an mbéaloideas áitiúil i gcónaí i dtaobh bunúis logainmneacha. Sa *Schools' manuscript folklore collection* 1937-38 faightear an sliocht seo scríofa ag dalta Eileen Foxe faoin teideal: 'The District where I live': 'The district in which I live is Drumree. It got its name from "Druim Riabhach" which means "The Back of the Ridge" ...'⁷⁰⁷ De réir Joyce, 'Riabhach signifies greyish, brindled, swarthy, or tan-coloured - for I found it translated by all these terms ... and it is commonly anglicised in the forms *reagh*, *rea* and *revagh*.'⁷⁰⁸ Níl aon cheann de na heilimintí Béarlaithe seo sa bhfianaise stairiúil thuas.

⁷⁰⁵ *Liostaí d'oifigí puist Saorstát Éireann 1923*.

⁷⁰⁶ Ciallaíonn an comhartha diaicritic * go raibh amhras ar Choimisiún na Logainmneacha faoin bhfoirm '... ach gur mhol an Coimisiún an fhoirm a raibh formhór na gcomhaltaí sásta glacadh léi. (An Stiúrthóir) in *Ainmneacha Gaeilge na mBailte Poist i gCúige Laighean* (Baile Átha Cliath, 1964), lgh. 3, 6.

⁷⁰⁷ *The schools' manuscript folklore collection 1937-38*, vol. 689 (MSS 188, 189) faoi 'Cullmullen school'.

⁷⁰⁸ Joyce, *Irish names of places*, ii, 276.

Is léir gur logainm dhá mhíre é **Dromree** faoi chomhréir na Gaeilge. Tugann Ó Donnabháin an fhoirm Gheilge 'Druim ríogh' leis an míniú 'Ridge of the Kings' san Ainmleabhar thuas cé nach raibh sé cinnte arbh é san uimhir uatha nó iolra an cáilitheoir.

Faightear an chéad fhianú (1) 'cath Droma rígh' in *ARÉ* agus de réir an Donnabhánaigh i bhfo-nóta, 'Druim-righ i.e. **the King's ridge** or Long Hill, now Drumry or Dromree, near Ratoath, in the county of Meath.⁷⁰⁹ [Tá sé níos cóngaraí do bhaile mór Dunshaughlin ná do bhaile mór Ratoath dar ndóigh.] Faightear an tagairt chéanna ina lán foinsí luatha, mar shamplaí, 'bellum Droma rígh' in *Book of Leinster* (Atkinson 1880)⁷¹⁰ agus 'cath Droma rígh' i *Leabhar Mór Mhic Fhir Bhisigh Leacan*⁷¹¹ Faightear tagairtí eile don áit seo, mar shampla, an líne 'A cloch ata a nDruim Rígh' i *nDuanaire Finn*,⁷¹² agus an sampla 'Druim Rígh' i véarsa filíochta a thugann liosta dromanna sa *Dindshenchas*.⁷¹³ De réir F. J. Byrne, 'The battle of Druim Rígh took place beside Dunshaughlin in the Síil nÁedo Sláine kingdom of Southern Brega.'⁷¹⁴

Tá oifig an phoist sa bhaile fearainn seo agus luann Laoide an fhoirm Ghaeilge (10) **Druim Ríogh** i *bPost-Sheanchas* i 1922. Ghlac *Oifigí Puist* leis an bhfoirm chéanna (11) sa bhliain 1923 cé gur athraíodh litriú an aicmitheora in *Eolaí an Phoist* 1955 go (14) 'Droim' in ionad 'Druim'. Faoi 1964 bhí an cáilitheoir caighdeánaithe go (15) 'Rí' in *AGBPL* agus faightear an fhoirm 'Droim Rí' ó shin i leith sna foirmeacha stairiúla eile thuas ach amháin i (18) 'Druim Ríogh' – de ghnáth glacann Fitzsimons foirm an Donnabhánaigh san Ainmleabhar bainteach.

I ndáil leis na foirmeacha Gaelacha den aicmitheoir deir Nicholas Williams, 'Bhí trí leagan ag an bhfocal rí sa Ghaeilge chlasaiceach .i. *rí* (ainmneach), *rígh* (áinsíoch agus tabharthach), *ríogh* (ginideach). Faoin 17ú haois is mar /ri:/ a deirtí na leaganacha sin uile agus is mar *rígh* a scríobhtaí iad (Ó Cuív, 1952b, 243).⁷¹⁵ Dar ndóigh is é **rí** an fhoirm chaighdeánach inniu. Tá an fhoirm Ghaeilge (20) **Droim Rí** [D] in *BLE* le haghaidh 'Drumree' anseo.⁷¹⁶ Moltar an fhoirm sin.

⁷⁰⁹ *ARÉ*, i, 400.

⁷¹⁰ Robert Atkinson (ed.), *The book of Leinster sometimes called the book of Glendalough* (Dublin, 1880), lch. 25 b línte 13,14.

⁷¹¹ Kathleen Mulchrone (ed.), *The book of Lecan/leabhar mór Mhic Fhir Bhisigh Leacan* (Dublin, 1937), lch. 58 vb, líne 35.

⁷¹² Murphy Gerald (ed.), *Duanaire Finn* (London, part ii, 1933; Dublin, part iii, 1953), ii, lch. 84, véarsa 66.

⁷¹³ Gwynn (ed.), *Dindshenchas*, Todd lecture series, viii, 40 líne 25.

⁷¹⁴ F. J. Byrne, 'Church and politics c. 750 – C. 1150' in T.W. Moody, F.X. Martin, F.J. Byrne (eds), *A New history of Ireland, i: Prehistory and early Ireland* (Oxford, 2005), lch. 658.

⁷¹⁵ Williams, 'Na canúintí a theacht chun solais', lch. 450.

⁷¹⁶ *BLE* faoi 'Drumree' (www.logainm.ie) (14 Márta 2011).

4.16 Eochair:

Pléitear an logainm 'Augherskea' faoin gceannteideal seo mar moltar gurb é an eilimint 'eochair' leis an míniú 'edge, border, rim' in eDIL⁷¹⁷ atá san aicmitheoir. Níl mórán logainmneacha leis an eilimint seo; faightear cúig cinn díobh in GAI.⁷¹⁸ Luann Patrick Mc Kay "Augher vill., Tyrone par/bar Clogher. Ir. Eochair [ogher] “edge, border” ...⁷¹⁹

4.16.1 Augherskea: par. Knockmark (DI); N92371 51160

Fianuithe:

- 1) 1540-41 **Aghersketh** [doic. dátaithe 1519] *Crown surveys*, p234
- 2) 1540-41 **Aghirsketh** [doic. dátaithe 1519] *Crown surveys*, p253
- 3) 1616-7 **Agherskagh** *Inq. Leinster Jac. I*, 18
- 4) 1616-7 **Agherskeagh** *Inq. Leinster Jac. I*, 18
- 5) 1635 **Agherskeith** *Inq. Leinster Car. I*, 107
- 6) 1654-6 **Agherskea** *Civil Survey v*, 142
- 7) c.1666 **Agherskea** MS G vi 2, *BSD*
- 8) c.1672 **Aghersken** [sic; lege 'skea'] *Top. index, Petty HD*, p53
- 9) 1711 **Agherskea** *Registry deeds*, ix, 24
- 10) 1794 **Ahirskea** *Upton freeholders*
- 11) 1794 **Augherskea** *Upton freeholders*
- 12) 1803 **Augherskea** *Grand jury*, p11
- 13) 1812 **Agheraskea** *Larkin's map*
- 14) 1928 **Eacharadh Sgeach** Ó Meachair, p130
- 15) 1978 **Eacharadh Sceach** Fitzsimons, p6
- 16) 2010 **Eachaire Sceach** logainm.ie
- 17) 2011 **'āhər, ski: {9,18}** fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 067* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 2

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Augherskea	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Augherskea	Rev. Lydiart, rector
	Augherskea	Applotter of County Cess
	Augherskea	Tenants Receipts for rent
	Agherstown	High Commission Survey & Valuation Report

⁷¹⁷ eDIL, litir E, colún 147, líne 024 (www.dil.ie) (25 Feabhra 2011).

⁷¹⁸ GAI, lch. 36.

⁷¹⁹ Patrick Mc Kay, *A dictionary of Ulster Place-names* (Belfast, 2007) lch. 8.

	Augherskea	Down Survey
	Aherskeagh	Inq. Temp. Jac. I
	Agherskeith	Inq. Temp. Car. I
	Acharudh Sceach, 'field of the brambles'	John O' Donovan
1836	Augherskea	John O' Donovan

Dealraíonn sé gur logainm Béarlaithe de dhá mhír é **Augherskea**, 'Augher' + skea' in ord na Gaeilge. Molann Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge 'Acharudh Sceach' san Ainmleabhar thuas leis an míniú 'field of the brambles'.

Féachaimis ar an gcáilitheoir ar dtús. De réir Flanagan and Flanagan, '**Sceach** is the word for hawthorn ... often used as a second or qualifying element, as in the simple Ballinaskeagh Co. Down, Baile na Sceach, "Homestead of the hawthorn".⁷²⁰ Tugann Joyce an chiall, 'the cattle-field of the sceachs or bushes' le haghaidh 'Augherskea in Meath'.⁷²¹ Bhí sé ag tagairt don tuiseal ginideach iolra ach ní mór cíoradh a dhéanamh chun a dheimhniú cé acu an ginideach uatha, **sceiche**, nó an ginideach iolra, **sceach**, a bhí sa bhunfhoirm.

San fhianaise stairiúil thuas faightear trí haicme agus déantar cíoradh orthu dá réir:

- a) na foirmeacha cosúla (3) '-skagh', (4) '-skeagh';
- b) na foirmeacha cosúla (1,2) '-sketh' agus (5) '-skeith';
- c) na foirmeacha comhionanna (6-13) '-skea'.

a) Maidir le **Táite na Sceach/Tattynaskeagh** [D] i gContae Lú faightear na foirmeacha **-skagh** agus **-skeagh** sa bhfianaise stairiúil ar thaifead scanáilte in *BLE* a chomhréiríonn faoi seach le (3) '-skagh' agus (4) '-skeagh' le haghaidh 'Augherskea' idir lámha.⁷²² Mar an gcéanna leis an mbaile fearainn **Tulach na Sceach/ Tullynaskeagh** [D] i gContae Mhuineacháin feictear an fhoirm '-skagh', faoi thrí agus an fhoirm '-skeagh', faoi thrí freisin sa bhfianaise stairiúil ar an dtaifead scanáilte bainteach.⁷²³ Ar bhonn comparáide leo siúd bheadh sé réasúnta glacadh leis gurb é **-sceach** (gin. iolra) an cáilitheoir sa logainm atá faoi chaibidil.

b) Cad a d'fhéadfaí a bhaint as na foirmeacha (1,2) **-sketh** agus (5) **-skeith** ó thaobh fianaise de? Fuairéas an pointe seo i nóta ó mo mhaoirseoir an Dr Colmán Etchingham,

⁷²⁰ Flanagan & Flanagan, *Irish place names*, lch. 139.

⁷²¹ Joyce, *Irish names of places*, iii, 54.

⁷²² *BLE* faoi 'Táite na Sceach' (www.logainm.ie) (15 Márta 2011).

⁷²³ *Ibid.* 'Tulach na Sceach' (15/03/2011).

Cé nach bhfaightear iad roimh an séú agus an seachtú h-aois déag, an bhféadfadh go bhfuil iarsma anso de litriú an fhocail *sceach* sa Luath-Ghaeilge? Féach *DIL* faoi *scé*, áit a luaitear ‘dental inflexion’ agus féach freisin Thurneysen, *Grammar*, §320. Tá sampla agam i ngluais na Meán-Ghaeilge (nó b’fhéidir na Nua-Ghaeilge Mhoch) ar an nDlí-Théacs Sean-Ghaeilge *Uraicecht na Ríar* (ag trácht ar na filí): *fo scat sciath cen deilgi fúirre* ‘under the shade of a whitethorn without thorns on it’ (Breatnach, *Uraicecht na Ríar*, pp 114-115)⁷²⁴

Is é an ‘dental inflexion’ a thagraítear in *eDIL* thuas ná ‘*gp.* sciad, Trip² 851’⁷²⁵ .i. ‘sciad’ sa tuiséal ginideach iolra leis an gconsan cuimilteach déadach glórach /d/ = ð. Más é an tuiséal **ginideach uatha** atá i ‘sciath’ thuasluaite in ‘Uraicecht na Ríar’ (‘fo scat sciath ...’) is é an fhuaim chonsanta neamhghlórach /**th**/ = θ atá léirithe a réiteodh leis na foirmeacha Béarlaithe (1, 2) ‘sketh’ agus (5) ‘skeith’ idir chamáin anseo. Is iarsmaí iad mar sin de fhuaim a cailleadh – mar adeir O’ Rahilly, ‘... *th*, originally a dental spirant ceased to be such in the thirteenth century ...’⁷²⁶ Comharthaíonn na foirmeacha seo an tuiséal gindideach uatha mar sin (cé go bhfuil seans gurb í an fhuaim ghlórach ð a bhí i gceist sa Bhéarlú).

c) Is cosúil freisin agus is suntasach é gurb as **sceiche** sa tuiséal ginideach uatha a thagann (6-12) **skea** an fhoirm atá le sonrú i dtromlach na bhfianuithe eile. Deir Seosamh Laoide maidir le canúint na Mí, ‘A final *-e* is elided after *-ch*, e.g. *fich*’ (feeh) for *fiche*, *cluich*’ (cleeh) for *chuiche*’.⁷²⁷ De réir analaí leis an bhforás seo is cosúil gur tharla an rud céanna leis an bhfocal déshiollach ‘sceiche’ ina bhfuil ‘ch’ caol sa dara siolla mar atá sna samplaí a thugann an Laoideach: sé sin gur cailleadh an foirceann ‘-e’ leis an toradh fuaime ‘skee’. Is inmheasta gurb ionann an fhuaim seo agus an fhuaim a chuireann na scríobhaithe in iúl le ‘skea’ sna fianuithe (6-13) thuas. Tabhair faoi deara gurb é (17) /‘*ahər*, **ski**:/ an fuaimniú áitiúil freisin.

Ag tacú leis an bpointe seo tá logainm le cáilitheoir cosúil i logainm i gContae Muineacháin **Tír na Sceiche/Tirnaskea** agus ar na fianuithe i dtaifead scanáilte in *BLE* faightear na foirmeacha ‘-skee’, ‘-skey’, ‘-skie’ uair amháin faoi seach agus trí shampla den fhoirm ‘-skea’. Ar bhonn comparáide leis an logainm seo is é is doíchí go bhfreagraíonn cáilitheoir an logainm ‘Augherskea’ do ‘-sceiche’. I ‘nóta mínithe’ tugtar an bhrí ‘hawthorn, thorn-bush’ ar an eilimint seo sa logainm ‘Tír na Sceiche/Tirnaskea’.⁷²⁸

⁷²⁴ Nóta ar dhréacht na caibidle seo ón Dr Colmán Etchingham OÉ Má Nuad (30 Márta 2011).

⁷²⁵ *eDIL*, litir S, colún 78, líne 062 (www.dil.ie) (3 Aibreán 2011).

⁷²⁶ O’ Rahilly, *Irish dialects*, lch. 207.

⁷²⁷ Laoide (eag.), *Duanaire na Midhe*, lch. 126; féach freisin Williams ‘Téacsanna foghrúla’, xxx-xxxi.

⁷²⁸ *BLE* faoi ‘Tír na Sceiche’, Muineacháin (www.logainm.ie) (15 Márta 2011).

Cúis eile ag taobhú leis an bhfoirm Ghaeilge **sceiche** leis an bhfuaimniú /ski:/ is ea an pointe seo. I dtaobh 'Augherskea' idir chamáin is i gcáipéisí na tréimhse Cromalaí a thosaíonn taifeadadh na foirme **-skea**. Cuireann Price béim ar thábhacht na gcáipéisí úd maidir le cruinneas foghraíochta na logainmneacha Gaeilge cé go bhfuil siad scríofa i mBéarla: 'They [the clerks] wrote down the names as they heard them spoken, so that we get them written in a phonetic English spelling. Although ... this is a very defective method of writing the sounds of the Irish language, it does, nevertheless, preserve for us better than might be thought the sounds of Irish names.'⁷²⁹ Maidir le foirmeacha na tréimhse céanna cuireann G. B. Adams an pointe céanna i gcion mar seo, ' ... in many cases such forms were more accurate than those that later became official.'⁷³⁰

Ar an iomlán measaim go bhfuil meáchan na fianaise pléite thuas ar thaobh na foirme **sceiche**, (tuiseal ginideach uatha) in áit na foirme **sceach** (tuiseal ginideach iolra) mar bhunfhoirm an cháilitheora.

Cad faoin aicmitheoir sa logainm 'Augherskea'? Tugann Ó Donnabháin an fhoirm **Acharudh-** le *r* leathan (/r/) san Ainmleabhar thuas agus tugtar an fhoirm Ghaeilge **Eachaire** Sceach [ND] le *r* caol (/r'/) in *BLE* cé go bhfuil an difear fóinéimeach idir chonsain chaola agus consain leathana faoi cheilt go minic i bhfoirmeacha Béarlaithe.⁷³¹ I dtaca leis an eilimint 'Eachaire' chuir Conchubhar Ó Crualaoich, Oifigeach Logainmneacha an méid seo in iúl dom i r-phost:

... In essence, I presume that **Eachaire** was recommended as a phonetic approximation to the evidence, i.e. in cases where the probable Irish precursor is not quite clear a phonetic approximation is recommended rather than recommending a transparent form (through the eyes of Modern Irish) which might not be at one with the evidence ...⁷³²

Bíodh sin mar atá ní foláir, áfach, an cheist a tharringt anuas: an réitíonn an fhianaise le heilimint dhéshiollach nó eilimint tríshiollach go sonrath san aicmitheoir anseo? Ach amháin an leagan tríshiollach (13) **Aghera** ar léarscáil Larkin níl aon fhianaise eile ag léiriú go raibh trí shiolla ann. Ní bheadh sé muiníneach glacadh leis go húdarásach go raibh trí shiolla san aicmitheoir gan deimhniú ó fhoinsé neamhspleách eile.

⁷²⁹ Liam Price, 'The place-names of the books of survey and distribution and other records of the Cromwellian settlement' in *JRSAI*, lxxxi (1951), lch. 93.

⁷³⁰ Adams, Prolegomena', lch. 51.

⁷³¹ *BLE* faoi 'Augherskea' (www.logainm.ie/mapz) (5 Deireadh Fómhair 2010).

⁷³² R-phost ó Chonchubhar Ó Crualaoich, Oifigeach Logainmneacha (7 Deireadh Fómhair 2010).

Ar an ábhar sin is dóichí gur réadú iad faoi seach na foirmeacha déshiollacha (1;3–9;13) 'Agher', (2) 'Aghir', (10) 'Ahir' agus (11, 12) 'Augher' ar an bhfoirm Ghaeilge **achair** nó **eochair**. Rinneadh plé cheana féin ar logainm cosúil, **Achair**, faoi 4.2.1.1.

Faightear sampla den eilimint 'Eochair i logainm simplí, '**Eochair/Augher**' [D] i gCo. Thír Eoghain nó i logainm chomhshuite cosúil le '**Eochair** na gCailleach/ **Aughernagalliagh**' [D] i gContae Mhaigh Eo.⁷³³ Is suntasach gurb é (17) /'ahər,ski/ an fuaimniú áitiúil seachas /'ahər,ski/ agus ar an ábhar seo is inmheasta go bhfuil an eilimint **eochair** níos dóchúla ná **achair**. (Féach 4.2.1.1 'Agher leis an bhfuaimniú áitiúil /'ahər/.)

Ar an iomlán is deacair uaireanta an fhoirm Ghaeilge bhunúsach a aithint i gceart nó a athchruthú go cruinn nuair is foirmeacha truaillithe i riocht Béarlaithe iad iomlán na bhfoirmeacha sa bhfianaise stairiúil. I gcás 'Augherskea' ní féidir linn a bheith lándearfa i dtaca le bunús an logainm d'uireasa fianaise i nGaeilge níos sia siar ná obair na SO. Ach leis an bhfianaise atá cíortha thuas, tá seans maith gur ceann díobh seo, **Eochair Sceiche** nó **Achair Sceiche** bunfoirm an logainm seo, agus ar ábhar na fuaime áitiúla is dóichíde an ceann tosaigh ná an ceann deiridh. Moltar an fhoirm Ghaeilge **Eochair Sceiche** mar sin (cé go bhfuil seans anseo foirm níos ársa ar nós 'Eochair Sciadh'? a chaomhnú.)

4.17 Fearn:

De réir Joyce, '*The alder*. This tree is called *fearn* [farn] ... *farn* and *fern*, which are found in names in every part of Ireland indicate the prevalence of the tree: thus we see several places called Farnagh, Fernagh and Ferney, denoting a place producing elders; and Farnane and Farnoge are used in the same sense.'⁷³⁴ Taispeánann Ó Maolfabhail úsáid forleathan an téarma i logainmneacha sa domhan Ceilteach seachas in Éirinn,

In Albain tá Fearn agus Fearnan agus Druim Feàrna/Drum Fearn ... Samplaí de *gwern* [=fearn] sa Bhreatain Bheag is ea Gilwern 'cúil-fearn' agus Gwernymnydd 'fearn-sliabh'. I Sasana ... Warrenburn ... Werneth ... Sa Bhriotánais ... Is é 'riasc' a thuingtear de ghnáth anois le *gwern* agus tá mórán samplaí ann den bhfocal i logainmneacha ... Guerlesquin/Gwerliskin 'fearna lesquin', Guern/Gwern agus Le Guerno/Ar Gwernoù ... Is iomaí foirm de *verna* na Gaillise atá ar an gcrann fearna i gcanúintí áitiúla na Fraincise inniu: leithéidí *beirn*, *vair*, *vargne*, *ver*, *vern* ... Seo roinnt samplaí [de logainmneacha]: Bernède, Vergnolle, Vernais, Vernay ...⁷³⁵

De réir dealraimh níl ach logainm amháin leis an eilimint 'fearn' idir lámha agus is

⁷³³ *BLE* faoi 'Eochair' agus 'Eochair na gCailleach' faoi seach (www.logainm.ie) (17 Márta 2011).

⁷³⁴ Joyce, *Irish names of places*, i, 515.

⁷³⁵ Ó Maolfabhail, *Ó Lyon go Dún Lúiche*, lgh. 61-62.

'Ferrans' é.

4.17.1 Ferrans: par. Gallow (DU); N85995 42442

Fianuithe:

1)	1511	Fferan	<i>TCD, MS 808, fos. 168v-170v</i> ⁷³⁶
2)	1540-41	Feranse	<i>Ir. mon. poss.</i> , p294
3)	1540-41	Ferans	<i>Ir. mon. poss.</i> , p297
4)	1554	Feranse	<i>fiant P. & M.</i> , 56
5)	1594	Ferrans	<i>fiant Eliz.</i> , 5873
6)	1570	Ferans	<i>fiant Eliz.</i> , 1663
7)	1583	Ferons	<i>fiant Eliz.</i> , 4220
8)	1654-56	Fferans	<i>Civil Survey v</i> , 159
9)	1659	Fearines	<i>MS 14E 22, Hib. Del. map</i>
10)	1655-9	Fearines	<i>Top. index Petty BN (& HD)</i> , p.217
11)	c.1666	Feraule	<i>MS G vi 2, BSD</i>
12)	c.1666	Ferraule	<i>MS G vi 2, BSD</i>
13)	c.1666	Fferans	<i>MS 974, BSD</i> , p128
14)	1703	Fearns als Fennars	<i>Bomford Papers</i> , 19 ⁷³⁷
15)	1752	Ferns	<i>Noble & Keenan map</i> ⁷³⁸
16)	1794	Ferns	<i>Upton freeholders</i>
17)	1794	Ferrans	<i>Upton freeholders</i>
18)	1803	Ferns	<i>Grand jury</i> , p11
19)	1812	Fearns	<i>Larkin's map</i>
20)	1834	Ferrans als Fennars	<i>Chanc. deeds</i> (1840), 6, p2
21)	1837	Ferrans	<i>Lewis, A top. dict.</i> , i, 638
22)	1835	Ferans als Fenars	<i>Chanc. deeds</i> (1840), 91, p20
23)	1928	Fearna	<i>Ó Meachair</i> , p133
24)	1978	Fearna	<i>Fitzsimons</i> , p42
25)	2010	Fearna [ND]	<i>logainm.ie</i>
26)	2011	'fernz {3}	<i>fuaimniú áitiúil</i>

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 042* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 7

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Fearns	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Ferrens	Mr North of Fern Ville
	Fearnes	Mr. J. Connor Land Surveyor

⁷³⁶ Luaite in Scott, *Religion and reformation in the Tudor diocese of Meath*, lch 149.

⁷³⁷ C. P. Bomford, 'The Bomford family and allied families' (www.Bomford.net/IrishBomfords/Chapters/BomfordFamilyAug2005.pdf.) (6 Deireadh Fómhair 2010).

⁷³⁸ Mapa Chill Dara Noble/Keenan 1752 in *Carton House*, agus i leabharlann an chontae, *Newbridge*.

	Ferrans	High Commission Survey & Valuation Report
	Ferrans	Down Survey Map
	Fearna, 'alder trees or lands bearing alder trees'	John O' Donovan
1836	Ferrans	John O' Donovan

Molann an Donnabhánach, “Fearna, 'alder trees, or lands bearing alder trees'” le haghaidh ainm an bhaile fearainn **Ferrans**.⁷³⁹ Ag déanamh taighde ar an logainm seo is iad 'Ferns', Contae Loch Garman, agus 'Farney', Contae Mhuineacháin a fhaightear níos minicí sna foinsí ná **Ferrans** i gContae na Mí. Dála an scéil, luaitear an áit seo san amhrán imirce iomráiteach 'The Old Bog Road' a chum Teresa Brayton:

'And **Ferrans** church was crowded / When her funeral mass was said'.

Seachas (9,10) Fearines agus (11,14) Fer(r)aule, atá an-chorr le hais na bhfoirmeacha eile, agus an t-ailias (14,19,21) Fen(n)ars ina bhfeictear meititéis, tá na fianuithe eile i gcomhréir go réasúnta maith lena chéile.

Ina alt ar logainmneacha a chríochnaíonn ar *-as*, *-es* etc., liostaíonn Ó Máille, mar shampla, **Fearines** an fhoirm i bhfoinse *Top. index Petty BN 1655-9* faoin gceannteideal 'Fearn' leis an míniú seo: 'In the wide area of PNN I find that *-as*, together with *-is* and their variants lose their abstract effect ... becoming meaningless, adding little or nothing to the sense of the root word.'⁷⁴⁰ Maidir leis seo ní foláir an cheist a tharraingt anuas arbh é an t-íolra atá san fhoirm **ferna** (na Luath-Ghaeilge) nó saghas cnuasainm amhail Daire/Doire? Cuir i gcás fianaise na haidiachta san uimhir uatha sa tagairt 'Ferna **Mór** Maedóic' sna hannála.⁷⁴¹ Ceist le haghaidh lae eile, b'fhéidir.

De réir Uí Mhaolfabhail, 'Is crann é an fearn a fhasann go nádúrtha ar thalamh a bhíonn go hiondúil fliuch ... B'fhéidir gur lú den bhfearn atá inár dtimpeall ó rinneadh draenáil ar mhórán de thalamh na hÉireann ...'⁷⁴² I dtaobh talamh fliuch de is suntasach go bhfuil an chuid is mó den bhaile fearainn seo faoi chód-uimhreacha 31 agus 34 a chomharthaíonn 'Poorly drained material ... Surface water Gleys, Ground water Gleys ...' i nótaí an *EPA*.⁷⁴³

⁷³⁹ Ainmleabhar na SO *Mí 042*, lch.7.

⁷⁴⁰ Ó Máille, 'Irish place-names in *-as*, *sr'* in *Ainm*, iv, lgh. 136, 132.

⁷⁴¹ **Fearna** mor Moedhoc do loscadh la Donnchad mac mBriain' sa bhliain 1042 in in Hennessy and Mc Carthy (eds), *Annála Uladh: AU*, i, 578.

⁷⁴² Ó Maolfabhail, *Ó Lyon go Dún Lúiche*, lch. 60.

⁷⁴³ Léarscáileanna *Envision an EPA* faoi 'Ferrans' (<http://maps.epa.ie/InternetMapView/mapviewer.aspx>) (18 Lúnasa 2011).

Ar an láimh eile de ní cinnte go bhfuil an ceart ag Ó Donnabháin san Ainmleabhar thuas, le 'Fearna/alder trees or lands bearing alder trees' maidir leis an logainm seo. I ngeall ar na foirmeacha déshiollacha san fhianaise stairiúil d'fhéadfaí gurb é an logainm 'fearann' atá i gceist.⁷⁴⁴ De réir *Irish place-names*, ciallaíonn an eilimint seo “land” (‘especially “ploughland” as a unit of land’).⁷⁴⁵ Is deacair bheith cinnte d'uireasa fianaise i nGaeilge mar atá le fáil, mar shampla, le haghaidh 'Ferns/Fearna' [D] i gContae Loch Garman.⁷⁴⁶ Ní fhaightear aon sampla den eilimint 'fearann' gan cháilíocht, go bhfios dom, in *BLE*, áfach. Moltar an fhoirm Ghaeilge **Fearna** le haghaidh an logainm **Ferrans**.

4.18 Galamh:

De réir *eDIL* ciallaíonn 'galam' 'some kind of perishable fence identified with the 'loch-aile' for which see Laws V 270 15'.⁷⁴⁷ Faoi iontráil seo feictear, 'Atait secht n-aile la Feine ... loch aile ...' leis an aistriú, 'There are with the Feine seven fences ... a lake fence ...'⁷⁴⁸ Moltar go sealadach gurb í 'Galamh' an fhoirm bhunúsach Ghaeilge atá faoi bhráid thíos seachas 'gallach “rocky”' a mholann an Donnabhánach san Ainmleabhar thíos.

4.18.1 Gallow: par. Gallow (DU); N85334 43774

Fianuithe:

1)	c.790	Galam	<i>Mart. Tallaght</i> , p3
2)	c.1160	Galmai	<i>LL</i> , 355 ^{749*}
3)	c.1160	in Galaum Lagen	<i>LL</i> , 362*
4)	c.1160	Féile Crone Galmai	<i>LL</i> , 369*
5)	1171	Galam	<i>ARÉ</i> , ii, 1186
6)	c.1391	Galmai	<i>BB</i> , 1269*
7)	c.1410	Galma	<i>Blec</i> , 119*
8)	1467-8	Gallowe	<i>Stat. rolls Edw. IV</i> , 7 & 8, i, p444
9)	1540-41	Gallowe	<i>Ir. mon. poss.</i> , p297
10)	1545-6	Gallowe	<i>fiant Hen. VIII</i> , 473
11)	1554	Gallow	<i>fiant P. & M.</i> , 56
12)	1568-9	Gallowe	<i>fiant Eliz.</i> , 1250
13)	1603	Galloe	<i>Rept. pat. rolls J I</i> , p50

⁷⁴⁴ Buíochas don Dr Etchingam a chuir é seo ar mo shúile.

⁷⁴⁵ Flanagan & Flanagan, *Irish place-names*, lch. 86.

⁷⁴⁶ *BLE* faoi 'Ferns.Fearna' (www.logainm.ie) (25 Eanáir 2012).

⁷⁴⁷ *eDIL*, litir G, colún 36, líne 050 (www.dil.ie) (29 Aibreán 2010).

⁷⁴⁸ Robert Atkinson (ed.; earlier eds. J. O' Donovan, E. Curry *et al*) *Ancient Laws of Ireland* (5 Vols, Dublin, 1865-1901), v, 270.

⁷⁴⁹ Tógtar an tagairt seo (2) agus na tagairtí (3,4,6,7) leis an diaicritic * as Hogan, *Onomasticon*, lch. 435

14)	1643	Gallowe	<i>Outlaws 1641-47</i> ⁷⁵⁰
15)	1659	Galway	<i>Mercator map</i>
16)	1588x1603	Galway	<i>MS 14E 22 Elizabethan map</i>
17)	1610	Galway	<i>Speed's map Leinster</i>
18)	1622	Gallow	<i>Clergy list 1622</i> ⁷⁵¹
19)	1622	Galloe	<i>Ussher's works, i, lxxviii</i>
20)	1624	Gallowne	<i>Inq. Leinster Jac I, 81</i>
21)	1630	Gallowne	<i>Inq. Leinster Car. I, 63</i>
22)	1654	Galway	<i>(Lagenia) Atlas Blaeu, p297</i>
23)	1654-6	Gallo	<i>Civil Survey v, 150</i>
24)	1659	Gallow	<i>MS 14E 22, Hib. Del. map</i>
25)	1656-9	Gallow	<i>Top. index Petty BN, p221</i>
26)	c.1666	Gallow	<i>MS G vi 2, BSD</i>
27)	1682X1685	Galloe	<i>Dopping, p235</i>
28)	1704	Gallow	<i>Éigse I (1939), p197</i>
29)	1795	Gallow	<i>Seward, Top. Hibernica</i>
30)	1783	Gallow	<i>Taylor & Skinner maps, p61</i>
31)	1797	Gallow	<i>Beaufort's map</i>
32)	1802	Gallow	<i>Thomp. Surv. (Taylor's map)</i>
33)	1806	Gallow	<i>Grand jury, p252</i>
34)	1812	Gallow	<i>Larkin's map</i>
35)	1814	Gallow	<i>Leet, Directory, p192</i>
36)	1830	Gallow	<i>Chanc. rolls (1838), I, 14</i>
37)	1837	Gallow	<i>Lewis, A top. dict. i, 638</i>
38)	1910	Galamh?	<i>Hogan, Onomasticon, p435</i>
39)	1935	Galamh	<i>Ó Foghludha, p33</i>
40)	1978	Gallach	<i>Fitzsimons, p45</i>
41)	2010	Galamh [ND]	<i>logainm.ie</i>
42)	2011	'galo: {2,3}	<i>fuaimniú áitiúil</i>

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 042* sa Chartlann Náisiúnta, lgh. 9, 10

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Gallow	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Gallo	Stone in Gallow graveyard dated Sept. 1797
	Gallow	Mr Maher
	Gallow	Thompson's Statistical Survey
	Gallow	Mr. J. Connor Land Surveyor

⁷⁵⁰ 'Outlaws 1641-47', lch. 356.

⁷⁵¹ Healy, *History of the diocese of Meath*, i, 252.

	Gallow	High Commission Survey & Valuation Report
	Gallo Parish	Down Survey
	Gallow	Down Survey Map
	Gallogh	Inq. Temp. Jac. I
	Gallach, 'rocky'	John O' Donovan
1836	Gallow	John O' Donovan

Is logainm **Gallow** le haghaidh par. agus baile fearainn laistigh de. Deir Otway-Ruthven gur pharóiste eaglasta é ón 13ú haois (idir 1200 agus 1306).⁷⁵²

De réir Joyce, 'The adjective *gallach*, meaning a place abounding in standing-stones, or large stones or rocks, has given name to several places now called Gallagher, scattered through all the provinces except Munster; and Gallow, the name for a parish in Meath, is another form of the same word.'⁷⁵³ Maidir le 'standing stone' san áit seo ar aon nós, níl aon iontráil ag Moore ina fhardal seandálaíochta faoin teideal *Standing Stones*.⁷⁵⁴

De réir *BLE* tá naoi mbaile fearainn ar fud na tíre faoin logainm **Gallagh**, mar shampla, 'Castleblakeney/Gallach', Gaillimh. Cé go dtugtar an fhoirm Ghaeilge 'Gallach' le haghaidh cuid acu, níl an fhoirm seo deimhnithe fós. Is í seo an fhoirm leis an míniú 'rocky' a mholann Ó Donnabháin le haghaidh an logainm idir lámha anseo agus ní mór é sin a phlé.

Fágtar na foirmeacha fánacha (20,21) 'Gallowne' sna hionchoisní thuas as an áireamh. Faightear an leagan (15,16,17,22) 'Galway' ar léarscáileanna, mar shampla, (17) *Speed's Map Leinster*, ach is minic a rinne na cartagrafaihte aithris ar a chéile. Seachas iadsan, tá cúig shampla den fhoirm **Gallo(e)** agus is í an fhoirm **Gallow(e)** le fiche sampla an ceann is coitianta ar fad. Réitíonn tromlach na bhfoirmeacha in Ainmleabhar **Gallo(w)** leo siúd.

De réir cosúlachta réitíonn 'Gallo(e)', 'Gallo(we)' agus 'Gallo(w)' le **Galamh** de réir mar a fuaimníodh suas agus anuas é i gcanúint na Mí. Ina chuntas, 'Canamhaint na Midhe', ina aguisín i *nDuanaire na Midhe* cuireann an Laoideach in iúl dúinn le córas foghrúil Eoghan Ó Gramhnaigh gur fuaimníodh '-amh' mar shamplaí sna focail 'tal**amh**' agus 'ann**amh**' mar '**oow**' = /uw/.⁷⁵⁵ Cé nach solathraíonn Williams fianaise faoin fhorás *-amh* ag deireadh

⁷⁵² Otway-Ruthven, 'Parochial development of Skreen', lgh. 116-117.

⁷⁵³ Joyce, *Irish names of places*, i, 344.

⁷⁵⁴ Moore, *Archaeological inventory of county Meath*.

⁷⁵⁵ Laoide (eag.), *Duanaire na Midhe*, lch. 130; féach freisin Williams 'Téacsanna foghrúla', xxx-xxxi.

focal go sonrath i gContae na Mí tugann sé le tuiscint gur mar /a/ nó /ú/ a d'fhuaimníte é den chuid is mó i gcúige Laighean.⁷⁵⁶ Ar an ábhar seo is inmheasta gur 'Galambh' í an bhunfhoirm. Is é (38) /'galo: / an fuaimniú áitiúil den lá inniu.

Faightear na foirmeacha (1-7), mar shamla (1,5) **Galambh** i bhfoinsí Gaeilge agus is dóichíde gurb é an logainm 'Gallow', faoi chaibidil anseo, atá i gceist. Tagraíonn (5) as *ARÉ* don eachtra seo sa bhliain 1171 ina luaitear 'Galambh': 'Creach lá muintir mic an Iarla dia ro oirccseat Cluain Conaire, **Galambh** agus Lathrach mBriuin' ⁷⁵⁷ Níl bf. 'Gallow' ach timpeall sé chiliméadar siar ó thuaidh ó 'Laraghbryan' in aice le Má Nuad.⁷⁵⁸ Luaitear féile 'Crone Galma' ar 1ú Eanáir in *Martyrology of Tallaght* le fonóta 7 ina gcuirtear aistriú 'Galma' in iúl dúinn mar seo: 'of Galambh' ('Galambh, g. Galmha'),⁷⁵⁹ ainm bunúsach na háite seo. Maidir leis seo is féidir a mheas gur réadú iad na leaganacha (15,16,17,22) 'Galway' thuas ar an bhfoirm ginideach 'Galma'.

Luann Hogan foinsí eile (féach: 2,3,4,6,7 thuas) le haghaidh **Galambh** agus ag deireadh na hiontrála ionannaíonn sé an áit le 'Gallow' i gContae na Mí atá faoi bhráid anseo: 'Féile Crone Galmai, Ll. 369; Galma, Lec, 119, Ll. 355; Galmae, Bb. 1269, Ai. 1529; Ultán of Árd Breacain and his sister Crón in Galaum Lagen, Ll. 362; Gallow p. In Meath (Galambh?).⁷⁶⁰ Faightear an logainm seo i bhfoinsí eile cosúil le Ó Riain, *Corp. gen.* ina dtagraítear do 'Crone Galmai' agus san innéacs ionannaítear é le 'Gallow tl. and par., bar. of Deece Upper Co. Meath.'⁷⁶¹

Molann Ó Foghludha (34), Hogan (33) an fhoirm Ghaeilge 'Galambh' cé go bhfuil comhartha ceiste ag Ó Foghludha maidir leis. Faightear (36) **Galambh** [ND] freisin in *BLE* agus moltar an fhoirm sin anseo.⁷⁶²

4.19 Gleann:

Tugann Mac Mathúna le fios gur sa tréimhse OIr. 'when ['glenn' was] first attested'.⁷⁶³ Cuireann O' Connor an méid seo in iúl dúinn: 'A prolific element in Irish place-names, gleann meaning 'valley' or 'glen', claims some 800 occurrences and maintains a presence in

⁷⁵⁶ Williams, 'Na canúintí a theacht chun solais' in McCone *et al*, lgh. 472-4.

⁷⁵⁷ Tar éis an fhocail 'Galambh' sa leagan Béarla is é an treoir a thugann an Donnabhánach ná '[read Gailinne]' ach ní thugann sé aon chúis. Féach: *ARÉ*, ii, 1186, 1187.

⁷⁵⁸ *Ibid.*, ii, 761, fo-nóta b.

⁷⁵⁹ Best & Lawlor, *The martyrology of Tallaght*, lch. 3.

⁷⁶⁰ Hogan, *Onomasticon*, lch. 435.

⁷⁶¹ Ó Riain (ed.), *Corpus genealogiarum*, i, 708.51, lch. 154.

⁷⁶² *BLE* faoi 'Gallow' (www.logainm.ie/mapz) (28 Aibreán 2010).

⁷⁶³ Mac Mathúna, 'On the provenance of early Irish topographical lexica', lch. 37

all 32 counties.⁷⁶⁴ De réir Flanagan and Flanagan, 'The most usual Anglicisations are 'glen' and 'glan' but 'glin' and 'glyn' also occur.'⁷⁶⁵ Ach dealraíonn sé gur Béarlú eile den eilimint 'gleann' é 'glane' agus is logainm é de dhá bhaile fearainn i bparóiste *Knockmark* atá faoi bhráid anseo, **Glane (Great & Little)**.

4.19.1.1 **Glane Great:** par. Knockmark (DI); N90548 54151

4.19.1.2 **Glane Little:** par. Knockmark (DI); N90611 53498

Fianuithe

1)	1407	Glaynes	<i>RPCH, 8 Hen. IV, p186</i>
2)	1549	Glane	<i>fiant Edw. VI, 305</i>
3)	1557	Glayn	<i>Griffith, Cal. inq. P. & M., 20</i>
4)	1557	Glane	<i>Griffith, Cal. inq. P. & M., 20</i>
5)	1609	the Glanne	<i>Pat. rolls 7 James I, p149</i>
6)	1616-7	le Glayne	<i>Inq. Leinster Jac. I, 18</i>
7)	1635	Glaine	<i>Inq. Leinster Car. I, 113</i>
8)	1635	Glayne	<i>Inq. Leinster Car. I, 113</i>
9)	1640	Glane (Much)	<i>Inq. Leinster Car. I, 154</i>
10)	1654-6	Glaine	<i>Civil Survey v, 143⁷⁶⁶</i>
11)	1655-9	Glane	<i>Top. index, Petty BN (& HD), p229</i>
12)	c.1666	Glane	<i>MS G vi 2, BSD</i>
13)	1812	Glane	<i>Larkin's map</i>
14)	1978	Gleann	<i>Fitzsimons, p47</i>
15)	2011	'gle:n {18}	<i>fuaimniú áitiúil</i>

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 067* sa Chartlann Náisiúnta, lgh. 10, 11

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Little Glane	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Little Glenis	Rev. Lydiart, Rector
	Little Glane	Applotter of County Cess
	Great & Little Glenis	High Commission Survey & Valuation Report
	Glane	Down Survey
	Great Glane	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Great Glenis	Rev. Lydiart, Rector
	Great Glane	Applotter of County Cess
	Gleann, 'a valley'	John O' Donovan

⁷⁶⁴ O' Connor, *Atlas of Irish place-names*, lch. 85.

⁷⁶⁵ Flanagan & Flanagan, *Irish place names*, lch. 92.

⁷⁶⁶ Little Glaine & Great Glaine, *Civil Survey*, v, 144.

1836	Glane	John O' Donovan
------	--------------	-----------------

Deir Ó Donnabháin gurb é 'Gleann' an fhoirm Ghaeilge de **Glane** anseo leis an míniú 'a valley'.⁷⁶⁷ Ní dóigh liom go réitíonn '[i] **gClaon**[adh]' leis an bhfianaise thuas agus cuirtear as an áireamh é; féach (5) 'the Glanne' agus (6) 'le Glayne'.

Feictear éagsúlacht litrithe i measc na bhfianuithe (1-13), mar shamplaí, **Glane**, 'Glajn', 'Glayne' agus 'Glaine' ach cé go bhfuil siad i gcomhréir lena chéile ní gnáth-Bhéarlú iad le haghaidh 'Gleann'. Féach Flanagan and Flanagan faoi 6.18 thuas. De réir Joyce freisin is 'Glen', 'Glan' agus 'Glin' na gnáth-leaganacha Béarlaithe.⁷⁶⁸ Dála an scéil feictear (5) 'the Glanne' in *Patent rolls James I* thuas. Ní bhfuair aon leid i gcuntas an Laoidigh 'Canamhaint na Midhe' a chabhródh sa chás seo.⁷⁶⁹ Tagraíonn O' Rahilly don éagsúlacht canúintí a bhí i gcúige Mí agus chomh scáinte is atá an fhianaise ina dtaobh.⁷⁷⁰

Díol spéise go bhfeictear tagairt do 'Patrick Mc Gane' (< Mc Gowan < ?Mac Gabhann) of 'Racoffie', Contae Chill Dara in *Patent rolls 1 James I*, (lch. 36). Níl 'Rathcoffey' ró-fhada ó 'Glane' agus feictear go bhfuil Mc **Gane** i gcomhréir le **Glane** ó thaobh ortagrafaíochta de agus seans maith gur comhfhoghar atá ann: Gabhann > **Gane** = gleann > **glane**. Is i gcanúint na Mumhan, áfach, a fhaightear an fhuaim /gləun/. Tagraíonn an Rathailleach thuasluaite don éagsúlacht fhoghraíochta i gContae na Mí, ach ní féidir linn a bheith cinnte go raibh an fhuaim seo le fáil ann.

Cé go bhfaightear an fhoirm 'glan' faoi dhó chomh maith leis an bhfoirm 'glen' faoi dhó is suntasach go bhfaightear an leagan **glane** faoi thrí san fhianaise stairiúil le haghaidh an bhaile fearainn 'An Gleann/Glen' [D] par. Achabog, Contae Mhuineacháin.⁷⁷¹ Lena chois sin is píosa fianaise eile é go bhfeictear an ghné aiceanta 'gleann' sna bailte fearainn faoi bhráid anseo ar léarscáil den sraith *Discovery* leis na comhrianta 80, 90, 100 agus 110m cóngarach dá chéile ag cur fána géar in iúl dúinn.⁷⁷² Ar an iomlán mar sin, measaim gur féidir glacadh le **Glane** mar réadú ar an eilimint 'Gleann'. Ar an ábhar seo moltar an fhoirm Ghaeilge **An Gleann, Mór & Beag** le haghaidh **Glane, Great & Little**.

⁷⁶⁷ Ainmleabhar na SO *Mí 067*, lch. 11.

⁷⁶⁸ Joyce, *Irish names of places*, i, 428, 429.

⁷⁶⁹ Laoide (eag.), *Duanaire na Midhe*, lgh. 123-131; féach freisin Williams 'Téacsanna foghrúla', xxx-xxxii.

⁷⁷⁰ O' Rahilly, *Irish dialects*, lgh. 105, 260.

⁷⁷¹ *BLE* faoi 'Gleann Mór', 'An Gleann' faoi seach (www.logainm.ie) (28 Aibreán 2011).

⁷⁷² *OSi Discovery Series* (3rd edition) uimhir 42.

4.20 Gráig:

Is í an bhrí a thugann *eDIL* le haghaidh **gráig** ná ‘a hamlet, a village’.⁷⁷³ Le linn dó a bheith ag plé sanasaíocht an fhocail seo deir K. W. Nicholls, ‘The etymology of the word *gráig* still remains totally obscure – it does not appear to be either Welsh or Irish, and indeed does not make an appearance in Gaelic texts before the sixteenth century but a connection with *grangia* is impossible on both phonetic and, apparently, semantic grounds’... I would tentatively suggest that its primary meaning was that of a stock-farm or cattle-steading, and that it would thus stand in contradistinction to the grange which, as its etymology demonstrates, was primarily a tillage establishment.⁷⁷⁴

Tá dhá logainm idir lámha agam leis an eilimint 'gráig' de réir cosúlachta, **Kilgraigue** 4.6.5 agus **Oldgraigue** anseo cé nach féidir linn a bheith cinnte maidir le 'Kilgraigue' ar a laghad.; tá siad sa pharóiste céanna, *Moyglare*.

4.20.1 **Oldgraigue:** par. Moyglare (DU); N93640 40640

Fianuithe:

- 1) 1978 **Sean-Ghráig** Fitzsimons, p75
- 2) 2011 **,o:ld'gre:g** {17} fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 078* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 7

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Oldgreag	Boundary Surveyor's SketchMap
	Oldgraigue	Rev. Ardagh Protestant Rector
	Oldgrage	Rev. J. Lynch R.C. Rector
	Old Greag	High Commission Survey & Valuation Report
	Sean ghráig 'i.e. old grague or hamlet'	John O' Donovan
1836	Old Graigue ['u' curtha le peann luaidhe aige níos déanaí]	John O' Donovan

Molann Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge 'Sean ghráig' le haghaidh **Oldgraigue**.⁷⁷⁵ Ní féidir bheith cinnte maidir le 'Kilgraigue' cíortha faoi 4.6.4 gur réadú iad na foirmeacha stairiúla ar 'gráig' leis an míniú 'hamlet'. De réir cosúlachta ní fhaightear an eilimint 'gráig/graigue' sna contaetha teorannach leis an Mhí ach amháin i gCill Dara.

Ní sine foirmeacha stairiúla an logainm 'Oldgraigue' ná iontrálacha an Ainmleabhair thuas

⁷⁷³ *eDIL*, litir G, colún 145, líne 036 (www.dil.ie) (29 Aibreán 2010).

⁷⁷⁴ K. W. Nicholls, ‘Anglo-French Ireland and after’ i *Peritia*, i (1982), lch. 380.

⁷⁷⁵ Ainmleabhar na SO *Mí 078*, lch. 7.

agus ní haon ionadh gur roghnaigh Ó Donnabháin an fhoirm seo le greanadh ar mhapaí na SO. Moltar an fhoirm Ghaeilge **An tSeanghráig** go sealadach. (Féach 4.6.5 Kilgraique thuas leis an bhfoirm Ghaeilge 'Coill Ghreige' a mholtar go sealadach.)

4.21 Maigh:

Tugann *eDil* mínithe éagsúla *sub verbo* 'mag' agus is é an chéad cheann, 'a plain, an open stretch of land, usually of an extensive area which can include minor elevations or depressions; freq. corresponds to Lat. Campus ...'⁷⁷⁶ Bíonn an eilimint seo le fáil gan cháilíocht, mar shampla, 'An Mháigh/Moy' [D] i Muineachán, nó cáilithe go simplí le haidiacht, mar shampla, 'Máigh Ghlas/Moyglass' [D] Contae na Gaillimhe, nó 'An Mháigh Mhór/Moymore' [D] i Luimneach. Tá sé le fáil mar cháilitheoir, mar shampla, 'Cill an Mhaí/Killavoy' [ND], Contae Chorcaí, nó mar aicmitheoir, mar shampla, 'Maigh Mhuilinn/ Mweewillin' [D] i Maigh Eo.⁷⁷⁷

Deir Maolfabhail in alt suimiúil ar an eilimint seo, '... is minicí ná a mhalairt a fheictear sna logainmneacha an fhoirm *maigh*, arb é foirm an tuisil tabharthaigh é agus é sin ina chomhartha ar sheandacht an ainm ... Is cosúil go bhfuil gaol ag *má* leis an bhfréamh Ind-Eorpach as a dtagann *magnus* na Laidne agus *megas* na Gréigise a chiallaíon araon 'mór'.⁷⁷⁸ Taispeánann sé úsáid na heiliminte seo in áiteanna eile sa domhan Ceilteach: In Albain, 'Magh/Moy faoi dhó agus Magh nEasa'; Sa Bhreatain Bheag, 'Gabalfa “*ceubal* (bád)-má”, Cyfartha “*cyfarth* (amhastrach)-má””; sa Fhrainc, 'Argentan “airgead-má”, Blond “bláth-má”, Caen “cath-má”, Rouen “roth-má””; san Eilbhéis, 'Limmat “linn-má””; sa Ghearmáin, 'Marmagen “marc (each)-má”, Remagen “rí-má” ...'⁷⁷⁹

Tá ceithre logainm leis an eilimint 'maigh' faoi bhráid agam agus tráchtar ar thrí díobh anseo: 4.21.1 **Moygaddy**, 4.21.2 **Moyglare** agus 4.21.3 **Moynalvy**.

4.21.1 **Moygaddy**: par. Moyglare (DU); N94842 39445

Fianuithe

- | | | | |
|----|-----------|-----------------|--|
| 1) | 1194X1224 | Meincady | <i>Reg. St Thomas</i> , p25 ⁷⁸⁰ |
| 2) | 1194X1224 | Magcode | <i>Reg. St Thomas</i> , p26 ⁷⁸¹ |

⁷⁷⁶ *eDIL*, litir M, colún 25, líne 021 (www.dil.ie) (29 Aibreán 2010).

⁷⁷⁷ Tá na samplaí seo go léir le fáil i *BLE* (www.logainm.ie/mapz) (29 Aibreán 2010).

⁷⁷⁸ Ó Maolfabhail, *Ó Lyon go Dún Lúiche*, lgh. 80-82.

⁷⁷⁹ *Ibid.*

⁷⁸⁰ Cinntítear an dáta toisc go raibh Simon de Rocheford, Easpag na Mí, 1194-1224 i measc na bhfíneithe a shínigh cáipéis an bhronnta: Gilbert (ed.), *Register of the abbey of St. Thomas the Martyr*, lch. 25.

⁷⁸¹ *Ibid.*, 26.

3)	1540-41	Moygadi (Great & Small)	<i>Ir. mon. poss.</i> , p36
4)	1547	Moygaddy	<i>fiant Edw. VI</i> , 134
5)	1550-51	Moygadde	<i>fiant Edw. VI</i> , 729
6)	1556	Mycaddy (Little)	Griffith, <i>Cal. inq. P. & M.</i> , 15
7)	1556	Moygaddy	Griffith, <i>Cal. inq. P. & M.</i> , 15
8)	1576-7	Myceddy	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> , 113
9)	1578	Moygaddy	<i>fiant Eliz.</i> , 332
10)	1588	Moygadde called the Banock	<i>fiant Eliz.</i> , 5206 ⁷⁸²
11)	1589	Moygarde	<i>fiant Eliz.</i> , 5343 ⁷⁸³
12)	1591	Moygaddy	<i>Pat. rolls 11 James</i> , p269
13)	1597	Moigaddie	<i>CPCR 18-45 Eliz.</i> , p481 ⁷⁸⁴
14)	1590	Moygaddie	<i>fiant Eliz.</i> , 5409
15)	1597	Moygaddye	<i>fiant Eliz.</i> , 6132 ⁷⁸⁵
16)	1601	Moigaddy	<i>fiant Eliz.</i> , 6557
17)	1606	Moigaddy	<i>Dillon papers</i> ⁷⁸⁶
18)	1611	Moygaddy	<i>Inq. Leinster Jac. I</i> , 9
19)	1636	Moygaddie	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 120
20)	c.1650	Moygaddy vocat Farrenabb ⁷⁸⁷	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 165
21)	1654-6	Moigaddy	<i>Civil Survey v</i> , 153
22)	1654-6	Moygady	<i>Civil Survey v</i> , 153
23)	1654-6	Moigady	<i>Civil Survey v</i> , 155
24)	c.1666	Moigaddy	MS 974, <i>BSD</i> , 125
25)	1752	Maggady	Noble & Keenan map ⁷⁸⁸
26)	1756	Magady	Hand-drawn map ⁷⁸⁹
27)	1797	Moygaddy	<i>Beaufort's map</i>
28)	1802	Moygaddy	Thompson surv. (<i>Taylor's map</i>)
29)	1812	Moygaddy	<i>Larkin's map</i>
30)	1814	Magaddy	Leet, <i>Directory</i> , p279
31)	1814	Moygaddy	Leet, <i>Directory</i> , p299
32)	1928	Magh-Gadaidhe	Ó Meachair, p134
33)	1978	Magh Gadaidhe	Fitzsimons, p69
34)	2010	Maigh Gadaí [molta]	logainm.ie
35)	2011	,mɔɪ'gadi {3}	fuaimniú áitiúil

⁷⁸² 'Myche Moygadde & Little Moygadde called the Banock'.

⁷⁸³ 'Great Moygarde & Little Moygarde'.

⁷⁸⁴ 'great Moigaddie & little Moigaddie'.

⁷⁸⁵ 'Great Moygaddye & Little Moygaddye'.

⁷⁸⁶ Ainsworth & MacLysaght, 'Survey of documents in private keeping', lch. 33.

⁷⁸⁷ 'Moygaddy vocat' farrenabb' *Inq. Leinster Car. I*, 165.

⁷⁸⁸ Mapa Chill Dara Noble/Keenan 1752 in *Carton House*, agus i leabharlann an chontae, *Newbridge*.

⁷⁸⁹ Mapa circa 1756 de dhiméin *Carton* in *JKAS*, iv (1903-05) lch. 34.

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Moygaddy	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Moygaddy	Rev. Ardagh Protestant Rector
	Moygaddy	Rev. J. Lynch R.C. Rector
	Moygaddy	High Commission Survey & Valuation Report
	Moygaddy	Inq. Temp. Jac. I
	Moygaddie	Inq. Temp. Car. I
	Magh gadaidhe, 'plain of the thief'	John O' Donovan
1836	Moygaddy	John O' Donovan

Tugann Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge 'Magh gadaidhe' leis an aistriú 'plain of the thief' le haghaidh an logainm **Moygaddy** agus feictear go bhfuil an fhoirm 'Maigh Gadaí' in *BLE*.⁷⁹⁰

Faightear sampla amháin den fhoirm 'ma-', dhá shampla den fhoirm 'my-', sé shampla de 'moi-' agus naoi sampla déag den fhoirm 'moy-' san fhianaise stairiúil thuas mar Bhéarlú ar an eilimint **maigh**. Réitíonn siad leis na gnáth-fhoirmeacha Béarlaithe a luaitear sa chuntas ar an eilimint seo faoi 4.20 thuas. Glactar leis mar sin gur réadú é 'moy' *et var.* ar an aicmitheoir **maigh** sa logainm seo.

De réir na **fianaise** a bhí ag Ó Donnabháin san Ainmleabhar thuas ní haon ionadh gur mhol sé an cáilitheoir 'gadaí' ach b'fhéidir go bhfuil bunús leis an gcáilitheoir. Tá an litir 'g' le fáil go rialta sna fianuithe le fiche hocht solaidí ach amháin (1,6,8). Tá /g/ sa bhfuaimníú áitiúil freisin, (35) /,mɔɪgadi/.

Ainmfhocal neodrach ab ea 'mag' sa tSean-Ghaeilge agus chuirtear urú ar aidiacht nó ainmfhocal a ghabhadh leis. Tharla an inscne neodrach a bheith imithe ar ceal don chuid is mó faoi aimsir na Meán-Ghaeilge mar adeir Breatnach: 'Cailleadh an neodrach sa tslí is nár fágadh ach dhá inscne ar leith sa MG'⁷⁹¹ cé gur mhair iarsmaí áirithe, go mórmhór i logainmneacha - cuir i gcás an sampla aithnidiúil 'Loch nEathach'. Ach maidir le **Moygaddy** faightear na leaganacha (1) Meincaddy, (6) Mycaddy agus (8) Myceddy san fhianaise stairiúil, sé sin gan an t-urú 'g'. Dá bhri sin b'fhéidir nár mhiste dúinn glacadh leis go sealadach gurb í eilimint ar nós 'cadach' (gin. 'cadaigh') a bhí i gceist sa cháilitheoir.

⁷⁹⁰ Ainmleabhar na SO *Mi 078*, lch.20.

⁷⁹¹ Liam Breatnach, 'An Mheán -Ghaeilge' in Kim McCone *et al* (eag/i), *Stair na Gaeilge in ómós do Pádraig Ó Fiannachta* (Maigh Nuad), 1994, lch. 241.

Maidir le (1) **Meincaddy** go sonraitheach atá le fáil in *Reg. St Thomas*⁷⁹² idir 1194 agus 1224 is léir nach bhfuil aon urú i gceist. Is inmheasta chomh maith go bhfuil rian an ailt le feiceáil sa litir 'n' ag cur 'maigh an -' in iúl dúinn, muna bhfuil eilimint ar nós **maighean** i gceist sa logainm seo. (De ghnáth, áfach, is foirmeacha ar nós 'mayne' 'moyne' a fheictear sa bhfianaise stairiúil nuair is 'maighean' a bhíonn i gceist.⁷⁹³) Is fiú an tagairt a lua. Deirtear linn gur bhronn Milo le Bret, tiarna Moyglare ar an mainistir seo 'decimas et oblationes et omnia ecclesiastica beneficia de **Meinlara** et de **Meincaddy** et de Stahmarkan cum pertinenciis suis'.⁷⁹⁴ Is suntasach go bhfuil an dá logainm leis an aicmitheoir 'mag', 'Moyglare' (4.20.2 thíos) agus 'Moygaddy' litrithe le chéile mar seo gan urú. Más rian an ailt atá le feiceáil sa dá leagan stairiúil níl urú an neodraigh i gceist agus dá bhrí sin níl an cáilitheoir faoi cheilt mar atá i bhfianaise an Ainmleabhair.

Mar an gcéanna is tábhachtach í an fhoirm (2) 'Magcode' in *Reg. St Thomas* freisin. Feictear 'Magclara' agus (2) 'Magcode', luaite le chéile sa tagairt seo, '... decimas et omnia ecclesiastica beneficiis de **Magclara** et de **Magcode** ...'⁷⁹⁵ Is inmheasta gur 'g' an fhocail 'mag' atá i gceist. Nó is é a mhalairt atá ann le 'c' uraithe agus leis an urú 'g' comhshamhlaithe le 'g' den fhocal 'mag'. Is suntasach ar aon nós go bhfuil an litir 'c' le sonrú sa cháilitheoir.

An amhlaidh mar sin gurb é 'Maigh an Chadaigh' (< Mag gcadaigh) atá idir lámha anseo?

Tugann Dinneen an bhrí 'bog moss' le haghaidh an fhocail 'cadach'⁷⁹⁶ ach i bhfoclóir Uí Dhónaill feictear 'cadach', *m. (gs. aigh). Lit. Covenant ...*⁷⁹⁷ Tugtar na cialla 'oath', 'pact', 'covenant' in *eDil*⁷⁹⁸ agus moltar dúinn sa cholún céanna féachaint ar 'cotach' freisin leis na bríonna 'covenant', 'pact', 'treaty'.⁷⁹⁹ I ndáil le 'cadach' g. cadaigh' i logainmneacha míníonn Patrick Mc Kay an logainm 'Caddy', barúntacht Tuaim i gContae Aontroma mar seo: *perhaps Ir. Cadaigh* [kadee] 'land held by treaty' [Cady c. 1657].⁸⁰⁰

⁷⁹² Gilbert (ed.), *Register of the abbey of St. Thomas the Martyr*, lch. 25. Moltar an dáta mar seo toisc go raibh Simon de Rocheford, Easpag na Mí, 1194-1224 i measc na bhfinnéithe a shínigh cáipéis an bhronnta.

⁷⁹³ Féach samplaí in *BLE* (www.logainm.ie) faoi Maighean', 'Maighean Rátha' srl. (13 Iúil 2012).

⁷⁹⁴ *Ibid.*

⁷⁹⁵ *Ibid.*, 26 ¶ innéacs, 453.

⁷⁹⁶ Dinneen, *Foclóir Gaedhilge & Béarla*, lch. 145.

⁷⁹⁷ Ó Dónaill, *Foclóir Gaeilge Béarla*, lch. 167.

⁷⁹⁸ *eDIL*, litir C, colún 7, líne 016 (www.dil.ie) (29 Aibreán 2010).

⁷⁹⁹ *Ibid.*, litir C, colún 498, líne 051 (29 Aibreán 2010).

⁸⁰⁰ Patrick McKay, *A dictionary of Ulster place-names* (Belfast, second edition, 2007), lch.32.

Más 'Mag gCadaigh/Maigh an Chadaigh' foirm bhunaidh an logainm idir lámha cé acu míniú atá i gceist le haghaidh an cháilitheora: ceann de na gnéithe aiceanta: talamh bog le 'bog moss' (Dinneen), nó an míniú 'land held by treaty' (*eDIL*)?

Tar éis dom cuairt a thabhairt ar an mbaile fearainn **Moygaddy** is léir nach bhfuil aon talamh bog le 'bog moss' ann. A mhalairt atá le breathnú. Dealraíonn sé gur maigh breá cothrom atá ann le talamh maith. Dúirt áitritheoir dúchasach (mac le Ciarraíoch a tháinig anseo faoi scéim Choimisiún na Talún) liom gur talamh maith féaraigh atá ann ach go mbeadh sé ro-throm le haghaidh barra curaíochta. Ag tagairt don pharóiste iomlán ina bhfuil an baile fearainn seo deirtear faoi 'Descriptive Remarks san Ainmleabhar, 'The parish is all quite flat, not a hill appearing in it.'⁸⁰¹ Más 'cadaigh' é an cáilitheoir is cosúil go gciallaíonn sé 'land held by treaty'.

Ar an iomlán is inmheasta gurb í 'Maigh gCadaigh' an bhunfoirm ar na cúiseanna seo:

- a) na fianuithe (1,2,6,8) cíortha thuas a thagann ó fhoinsí neamhspleácha: (1,2) ó cháipéis eaglasta *Reg. St Thomas* agus (6,8) ó cháipéisí stáit; agus
- b) toisc gurb amhlaidh go bhfuil 'c' uraithe na Sean-Ghaeilge faoi cheilt ag an litir 'g' sna fianuithe eile leis an dara heilimint '-gaddy' *et var.*⁸⁰²

Dá bhrí sin moltar **Maigh gCadaigh** mar fhoirm Ghaeilge an logainm **Moygaddy**.

4.21.2 Moyglare: par. Moyglare (DU); N92689 40305

Fianuithe:

1)	c.1194	Mainclara	<i>Reg. St Thomas</i> , p259 ⁸⁰³
2)	1194x1202	Meinclara	<i>Reg. St Thomas</i> , p25
3)	1194X1224	Magclara	<i>Reg. St Thomas</i> , p26
4)	c.1200	Maynclare	<i>Liber Niger</i> 85, p54 ⁸⁰⁴
5)	1202	Mainclare	<i>Reg. St Thomas</i> , p224 ⁸⁰⁵
6)	c.1202	Meingclare	<i>Chart. St Mary's, Dublin</i> , i, 128
7)	1175X1397	Moyclar	<i>Gormanston Reg.</i> p10
8)	1226	Maynclare	<i>Chart. St Mary's, Dublin</i> , i, 129 ⁸⁰⁶

⁸⁰¹ Ainmleabhar na SO *Mi 078*.

⁸⁰² Deir an Dr Nollaig Ó Muraile OÉ Gaillimh an méid seo: 'Sílím féin go bhfuil sé réasúnta soiléir ón lear mór fianaise curtha le chéile agat gur Maigh gCadaigh an t-ainm Gaeilge, 'plain of the covenant/treaty' ... Is é atá sa dara mír an focal cotach (nó an mhalairt leagain sách coitianta catach > cadach) a thosaigh mar ainm briathartha an bhriathair con-toing ...' i r-phost (28 Aibreán 2011).

⁸⁰³ Mainclara deimhnithe ag Eugenius, easpag Chluain Ioraird 1174-1194 mar ghabháltas na mainistreach seo in Gilbert (ed.), *Register of the abbey of St. Thomas the martyr*, lch. 259.

⁸⁰⁴ 'A Calendar of the Liber Niger and Liber Albus', lch. 54.

⁸⁰⁵ Luaite i ngabháltas na mainistreach deimhnithe ag an Leagáid, Cairdinéal John de Salerno sa bhliain 1202, in Gilbert (ed.), *Register of the abbey of St. Thomas the martyr*, lgh. 223-5.

⁸⁰⁶ I bho-nóta 1 ionannaítear 'Maynclare' le 'Magh claraigh' in Meath: Gilbert (ed.), *Chartularies of St Mary's*

9)	1235	Meinclar	<i>Reg. St Thomas</i> , p244
10)	1235	Moyclare	<i>Reg. St Thomas</i> , p247
11)	1243-4	Meinclare	<i>DMGR</i> , p.80
12)	1248	Maynclare	Sheehy, <i>Pont. Hib.</i> , ii, 297
13)	1248-9	Mainclare	<i>DMGR</i> , p87
14)	1248-9	Meynclare	<i>DMGR.</i> , p87
15)	1260	Maynclare	Sheehy, <i>Pont. Hib.</i> , ii, 495
16)	1263	Maynclare	<i>RPCH</i> , 48 <i>Edw. III</i> , p88
17)	1280	Maynclare	<i>Index, CCC deeds</i> , 522
18)	1280	Moyclare	<i>Index, CCC deeds</i> , 521
19)	1292	Moyclare	<i>CDI</i> , iii, 471
20)	1299	Mainclare	<i>CJR 1295-1303</i> [etc.], i, 246
21)	1302-6	Maynclare	<i>CDI</i> , v, 255
22)	1302-6	Meynklar	<i>CDI</i> , v, 264
23)	1309	Mancle [sic]	<i>Papal regs.</i> , ii, 67
24)	1335x1345	Maynclare	<i>Reg. Sweetman</i> , p1
25)	1359	Maynclare	<i>RPCH</i> , 33 <i>Edw. III</i> , p76
26)	1374	Maynclare	<i>RPCH</i> , <i>Edw. 48 III</i> , p88
27)	1379	Moyclare	<i>Index, CCC deeds</i> , 739
28)	1389	Moyclare	<i>RPCH</i> , 13 <i>Ric II</i> , 133
29)	1398	Moyclare	<i>Index, CCC deeds</i> , 790
30)	1401	Moyclare	<i>Index, CCC deeds</i> , 809
31)	1407	Moyclare	<i>RPCH</i> , 9 <i>Hen. IV</i> , p188
32)	1415	Moyclare	<i>Index CCC deeds</i> , 866
33)	1439	Meyclare	<i>Index CCC deeds</i> , 928
34)	1446	Magh-claraigh	<i>ARÉ</i> , iv, 947 ⁸⁰⁷
35)	1472	Moyclare	<i>Index, CCC deeds</i> , 993
36)	1485	Myclare	<i>Index, CCC deeds</i> , 348
37)	1488	Moyclare	<i>Index, CCC deeds</i> , 350
38)	1504	Maynclar	<i>Index, CCC deeds</i> , 379
39)	1511	Meglar	<i>TCS, MS, 804</i> , fos. 168v-170v ⁸⁰⁸
40)	c.1518	Moyclar, Moyclare	<i>Arch. Hib. LXI</i> , pp 330, 336
41)	1526	Moyclar	Griffith, <i>Cal. inq. Hen. VIII</i> , 21
42)	1531/2	Moyclare	<i>CPCR Hen. VIII-Eliz.</i> , p3

abbey, Dublin, i, lch. 129.

⁸⁰⁷ 'cogadh mór ... gur ro creach-loisgeadh mórán don mide ḡ gur ro marbhadh sochaidhe mór dia ndaoinebh ḡ go cul maige claraigh soir...'; agus i bhfo-nóta h: 'Cul-Maighe-Claraigh: This was the name of a townland in the parish of **Magh-Claraigh**, or, as it is now correctly enough anclised Moyclare, in the barony of Dunboyne, and county of Meath' in *ARÉ*, iv, 946, 947(*recte*: Tá an bf. agus an par. i mbarúntacht Dhéise Uachtarach).

⁸⁰⁸ Luaite in Scott, *Religion and reformation in the Tudor diocese of Meath*, lch. 149.

43)	1539-40	Moyclare	<i>Valor beneficiorum</i> , p3
44)	1540-41	Moyclare	<i>Ir. mon. poss.</i> , p36
45)	1542	Myclare	<i>Index CCC deeds</i> , 1191
46)	1546	Moyclare	Griffith, <i>Cal. inq. Hen. VIII</i> , 193
47)	1547	Moyclare	<i>fiant Edw. VI</i> , 134
48)	1550	Moyclare	<i>Index, CCC Deeds</i> , 1229
49)	1558	Mapclare [sic]	Griffith, <i>Cal. inq. P. & M.</i> , 2
50)	1564	Myclare	<i>Mercator map</i>
51)	1573	Myclare	<i>Ortlius map</i>
52)	1573	Meglare	<i>fiant Eliz.</i> , 2345
53)	1576	Miglare	<i>fiant Eliz.</i> , 2909
54)	1578	Maglare	<i>fiant Eliz.</i> , 3314
55)	1578	Moyglare	<i>fiant Eliz.</i> , 3232, 3342, 3434
56)	1581	Moyclare	<i>Inq. Leinster (Eliz)</i>
57)	1583	Moyclare	Gillespie, <i>Book of CC</i> p44
58)	1586	Moyclare	<i>fiant Eliz.</i> , 4927
59)	1588	Moclare	<i>fiant Eliz.</i> , 5206
60)	1588	Moyclare	<i>fiant Eliz.</i> , 5206
61)	1589	Moieclare	<i>fiant Eliz.</i> , 5343
62)	1594	Moyclare	Griffith, <i>Cal. Inq. Eliz.</i> 219
63)	1597	Moiglare	<i>fiant Eliz.</i> , 6132
64)	1597	Moiglare als. Moiclare	<i>CPCR 18-45 Eliz.</i> , p481
65)	1600	Moyglare	<i>fiant Eliz.</i> , 6400
66)	1600	Moyglare	<i>fiant Eliz.</i> , 6416
67)	1601	Moiglare	<i>fiant Eliz.</i> , 6557
68)	1558x1603	Miclare	MS 14E 22, <i>Elizabethan map</i>
69)	1606	Moiglare	<i>Dillon papers</i> ⁸⁰⁹
70)	1609	Moyclare	Griffith, <i>Cal. inq. J.I.</i> , 61
71)	1622	Moyglare	Griffith, <i>Cal. inq. J.I.</i> , 138
72)	1622	Moyglare	<i>Ussher's works</i> , i, lxxvi
73)	1628	Moyclare	<i>CPCR Charles I</i> , p329
74)	c.1650	Moiglare	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 165
75)	1654-6	Moyglare	<i>Civil Survey v</i> , 153
76)	1654-6	Moiglare	<i>Civil Survey v</i> , 153
77)	1655-9	Moyglare	<i>Top. index Petty BN</i> , p37
78)	c.1666	Moiglare	MS 974, <i>BSD</i> , p124
79)	c.1672	Moyglare	<i>Top. index Petty HD</i> , p37

⁸⁰⁹ Ainsworth & MacLysaght, 'Survey of documents in private keeping', lch. 33.

80)	1682X1685	Moyglare	<i>Dopping</i> , p46
81)	1690	Moyglare	<i>Inq. Leinster Gul. & Mar.</i> , 2
82)	1711	Moyglare	MS 14E 22, <i>Senet/Price map</i>
83)	1752	Maglare	Noble & Keenan map ⁸¹⁰
84)	1780	Moyglare , otherwise Fasagh	Plunkett Visitation, <i>Cogan</i> , ii, 183
85)	1802	Moyglare	Thompson surv. (<i>Taylor's map</i>)
86)	1797	Moyglare	<i>Beaufort's map</i>
87)	1812	Moyglare	<i>Larkin's map</i>
88)	1814	Moyglare	Leet, <i>Directory</i> , p299
89)	1835	Moyglare alias Moyclare	<i>Chanc. deeds</i> (1840), 86, p19
90)	1837	Moyglare	Lewis, <i>A top. dict.</i> , ii, 61
91)	1928	Magh-gClair	Ó Meachair, p134
92)	1935	Magh Cláraigh	Ó Foghludha, p59
93)	1978	Magh gCláir	Fitzsimons, p70
94)	2010	Maigh gCláir [ND]	logainm.ie
95)	2011	,mər'gle:r {3,4}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mi 078* sa Chartlann Náisiúnta, lch. 22

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Moyglare Ph	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Moyglare	Rev. Ardagh Protestant Rector
	Moyglare	Rev. J. Lynch R.C. Rector
	Moyglare	High Commission Survey & Valuation Report
	Moyglare	Down Survey
	Moyglare	Inq. Temp. Eliz.
	Moyclare	Inq. Temp. Eliz. (x 2)
	Moyglare	Inq. Temp. Jac. I (x 2)
	Moyglare	Inq. Temp. Car. I
	Moyglare	Inq. Temp. Gul. & Mar.
	Magh cláir 'i.e. level plain'	John O' Donovan
1836	Moyglare	John O' Donovan

Seasann an logainm **Moyglare** le haghaidh paróiste agus baile fearainn laistigh de. De réir Otway-Ruthven bhí 'Moyglare' i measc na 'Parishes first mentioned before 1200'.⁸¹¹ Tugtar an fhoirm Ghaeilge (93) **Maigh gCláir** [ND] le haghaidh 'Moyglare', an par. agus an baile fearainn araon, in *BLE*⁸¹² Tá cuid de na fianuithe thuas ag tagairt don pharóiste 'Moyglare'

⁸¹⁰ Mapa Chill Dara Noble/Keenan 1752 in *Carton House*, agus i leabharlann an chontae, *Newbridge*.

⁸¹¹ Otway-Ruthven, 'Parochial development of Skreen', lch. 116.

⁸¹² *BLE* faoi 'Galtrim' (www.logainm.ie) (7 Eanáir 2011).

agus cuid acu don bhaile fearailinn 'Moyglare'. Déantar trácht orthu le chéile toisc go bhfuil siad faoin logainm céanna.

Tá an logainm **Moyglare** comhdhéanta de dhá mhír faoi struchtúr na Gaeilge de réir dealraimh. Glactar leis gur Béarlú é 'Moy' *et var.* sna fianuithe thuas ar an aicmitheoir 'mag' sa tsean-teanga (maigh nó má sa nua-Ghaeilge). Tá na foirmeacha stairiúla, go mórmhór 'moy' le seacht sampla is daichead, 'may' le deich sampla agus 'moi' le naoi sampla, i gcomhréir leis na gnáth-foirmeacha Béarlaithe sa chuntas faoi 4.20.

Mar adúradh cheana faoi 4.21.1 maidir le 'Moygaddy' bhí an focal **maigh** neodrach sa Sean-Ghaeilge agus uraíodh túslitir an fhocail i ndiaidh na foirme uatha dá mb'fhéidir. De réir Toner, 'In Old Irish, neuter nouns such as maigh nasalized the following word, a phenomenon which became largely obsolete after c. 1000 AD ...'⁸¹³ Cé go raibh **an t-urú** ag dul i léig roimh dheireadh ré na Sean-Ghaeilge níor tharla sé go rialta. Mar adeir Breatnach, 'De réir a chéile a tharla an forás seo, agus tá cuid mhaith iarsmaí den sean-neodrach fós le fáil sa MG.'⁸¹⁴

I réimse na bhfianuithe luatha thuas idir (1) 'Mainclara timpeall c.1194 agus (26) 'Maynclare' sa bhliain 1374 faightear rian an ailt, de ghnáth '-n-' i dtromlach na bhfianuithe a chomharthaíonn go raibh urú an neodraigh fágtha ar lár sa logainm seo. (Cuirtear an eilimint 'maighean' as an áireamh: féach faoi 4.21.1. díreach thuas.) Ansin i bhfoirmeacha an 16ú, 17ú agus 18ú haois faightear an litir 'g'. Is aisteach go leor é seo mar bheifí ag súil go mbeadh deireadh leis an urú – más urú an neodraigh atá i gceist sna foirmeacha déanacha - tar éis trí chéad bliain dá uireasa. Ansin faightear an '-g-' go rialta san 19ú haois. Féach na fianuithe (84-90) chomh maith le fianaise an Ainmleabhair thuas. Sin é an fáth, dar ndóigh, gur roghnaigh an Donnabhánach an fhoirm 'Moyglare' le greanú ar léarscáileanna nua na SO.

Is díol suntais go bhfreagraíonn na fianaithe is sine (1) 'Mainclara' timpeall na bliana 1194 agus (2) 'Meinclara' timpeall na bliana 1200 don fhoirm **Mag an Chláraigh**, gan urú agus leis an bhfoirceann '**a**' ag freagairt don fhoirceann neamhaiceanta Gaeilge '-aigh' sa cháilitheoir de réir cosúlachta. Feictear go bhfuil an foirceann seo cailte i gcoitinne sna fianuithe ina dhiaidh sin, mar shampla, (4) 'Maynclare' agus araile.

⁸¹³ Gerard Stockman (gen. ed.), *Place-names of Northern Ireland*, (vol. 5, Béal Feirste, 1996); Gregory Toner (ed.), *County Derry* 1, lch. 32.

⁸¹⁴ Breatnach, 'An Mheán -Ghaeilge', lch. 241.

San Ainmleabhar is é an míniú a thugann Ó Donnabháin le haghaidh an logainm seo ná, 'level plain'.⁸¹⁵ Ar an gcéad amharc dealraíonn sé gur athluitheachas atá i gceist sa mhíniú seo. Maidir leis na heilimintí 'mag' agus 'clár', tugann Mac Mathúna le fios gur sa tréimhse OIr. 'when ['mag' was] first attested' agus i dtaobh 'semantic origins' tugann sé 'open space' le haghaidh 'mag' agus 'broad, plank; flat object; flat part of body i gcomhair 'clár'.⁸¹⁶ Tugann *eDil* an míniú seo i gcomhair 'mag': 'plain, an open stretch of land ...'⁸¹⁷ Le haghaidh an fhocail 'clár' deir Flanagan and Flanagan, 'Generally, but not invariably in place-names it refers to a 'plain' ... A variant form, *Clárach*, appears as Clara, Co. Offaly.'⁸¹⁸ Dála an scéil is é 'Clóirtheach' [D] an fhoirm Ghaeilge a thugtar in *BLE* le haghaidh bf. 'Clara', Uíbh Fhailí.⁸¹⁹

Dealraíonn sé mar sin ó na tagairtí seo go mb'fhéidir go gciallaíonn an dá eilimint 'maigh' agus 'clár' an rud céanna ach de réir Colmán Etchingham, 'D'fhéadfadh go bhfuil bunús níos ársa leis an aonad talún atá i gceist, mar is cosúil gur úsáideadh **mag** na Sean-Ghaeilge ('maigh' agus 'má' na Nua-Ghaeilge) chun trácht ní amháin ar mhachaire, ó thaobh na tíreolaíochta de, ach ar aonad polaitiúil a raibh mion-rí ina cheannas air, ar nós *túath*. Is mar sin a úsáideann Tírechán sa 7ú haois an Laidin *campus*, ag aistriú *mag* na Sean-Ghaeilge.⁸²⁰ I saothar dá chuid tá tagairt a thaobhaíonn leis an míniú seo: '... *regio* is closely related to *campus/mag* (literally 'plain), which can also signify such a minor kingdom, as well as a more eminent polity which might be the focus of an over-kingdom.'⁸²¹ Ar an ábhar seo ní athluitheachas a bheadh i gceist i gcás na n-eilimintí 'maigh' agus 'clár' sa logainm seo.

Is féidir freisin gur droichead clárach an bunús a bhí leis an dara heilimint. Go suntasach, tá an Rí/*Rye Water* ar an teorainn theas - teorainn thábhachtach idirchúige sa stair, dar ndóigh - le craobh-abhainn freisin ag gluaiseacht trí cheartlár an bhaile fearainn isteach inti.

Feictear fianú eisceachtúil (83) 'Moyglare, otherwise Fasagh' i dtaifead cuairte eaglasta

⁸¹⁵ Ainmleabhar na SO *Mí 078*, lch.22.

⁸¹⁶ Mac Mathúna, 'On the provenance of early Irish topographical lexica', lch. 38.

⁸¹⁷ *eDIL*, litir M, colún 26, líne 035 (www.dil.ie) (29 Aibreán 2010).

⁸¹⁸ Flanagan & Flanagan, *Irish place names* (Dublin, 1994), lgh, 54-5

⁸¹⁹ *BLE* faoi 'Clara' (www.logainm.ie) (13 Iúil 2012).

⁸²⁰ Nóta ar dhréacht na caibidle seo ón Dr Colmán Etchingham OÉ Má Nuad (3 Dec. 2009).

⁸²¹ Colmán Etchingham, *Church organisation in Ireland A.D. 650 to 1000* (Naas, 1999), lch. 132.

1789 den easpag Plunkett in *Cogan*.⁸²² Is iad na *Keywords* a thugann *eDIL* le haghaidh 'Fásach' ná 'an uninhabited spot or region, a waste, wilderness'⁸²³ cé go dtugtar iontráil eile faoi 'Fásach' leis na 'Keywords: abundance, fertility'.⁸²⁴ Is deacair bheith cinnte cén míniú beacht a bhí ann; díol spéise na línte seo a scríobh Pádraic Ó Briain, file ó Chontae na Mí, mar gheall ar chailín dárbh ainm 'Maighréad Ní Chléirigh'⁸²⁵

*Tá cailín beag stuama uaigneach breasnaidhe,
I mbruach an mhachaire fúsaigh ...*

Níl aon fhianaise eile ag tacú leis an bhfoirm seo maidir le 'Moyglare, áfach.

Ag taisteal tríd an mbaile fearainn seo ar aon nós, tugtar faoi deara go bhfuil an dúiche go breá réidh. Faoi 'Descriptive Remarks' san Ainmleabhar deirtear, 'The parish is all quite flat, not a hill appearing in it.'⁸²⁶

Díol spéise go molann Ó Foghludha an fhoirm Ghaeilge (91) 'Magh Cláraigh' a réitíonn le (34) Magh-claraigh in *ARÉ* ach is suntasach go moltar an fhoirm Ghaeilge (93) **Maigh gCláir** [ND] in *BLE*.⁸²⁷ Ní féidir a shéanadh, áfach, go bhfuil rian an ailt san fhianaise is sine thuas. Moltar **Maigh gCláir** [ND] mar fhoirm Ghaeilge.

4.21.3 **Moynalvy:** par. Kilmore (DU); N87618 48701

Fianuithe:

1)	998	?Maigh nAilbhe	<i>ARÉ</i> , ii, 738-
2)	c.1194	Maignalwi	<i>Reg. St Thomas</i> , p21 ⁸²⁸
3)	c.1194	Magineluaig	<i>Reg. St Thomas</i> , p253
4)	1194X1224	Maghenalewi	<i>Reg. St Thomas</i> , p270
5)	1202	Magenalewi	<i>Reg. St Thomas</i> , p224
6)	1299	Monalewy	<i>CJR 1295-1303</i> [etc.], i, 246
7)	1455	Maynalwey	<i>Stat. rolls Hen. VI</i> , 34, p370
8)	1467-8	Moynalwey	<i>Stat. rolls Edw. IV</i> , 7 & 8, i, p504
9)	1479-80	Mynalwey	<i>Stat. rolls Edw. IV</i> , 19 & 20, ii, 724

⁸²² *Cogan, The diocese of Meath*, ii, 183.

⁸²³ *eDIL*, litir F, colún 44, líne 003 (www.dil.ie) (16 Aibreán 2010).

⁸²⁴ *Ibid.*, litir F, colún 44, líne 026 (16 Aibreán 2010).

⁸²⁵ Laoide (eag.), *Duanaire na Midhe*, dán XXIII, lch. 41.

⁸²⁶ Ainmleabhar na *SO Mí 078*.

⁸²⁷ *BLE* faoi 'Moyglare' (www.logainm.ie/mapz) (14 Aibreán 2010).

⁸²⁸ Luaite i ndeontas Leonisius de Bromiard don mhainister - níos luaithe ná 1194 mar dheimhnigh Eugenius Easpag Chluain Ioraird an deontas agus fuair sé bás 1194 in Gilbert (ed.), *Register of the abbey of St. Thomas the martyr*, lgh. 21-2.

10)	c.1518	Monalwey	<i>Arch. Hib. LXI</i> , p342
11)	1531	Monalwey	<i>Statutes Hen. VII & Hen. VIII</i> ⁸²⁹
12)	1537	Monalwey	<i>Carew MS i</i> , p131
13)	1540	Monalweye	<i>Statutes Hen. VII & Hen. VIII</i> ⁸³⁰
14)	1540-1	Moynalwey	<i>Ir. mon. poss.</i> , p292
15)	1540-41	Monalwey	<i>Crown surveys</i> , p116, p210
16)	1540-41	Molnaldwey	<i>Crown surveys</i> , p210
17)	1540-41	Moynallwey	<i>Crown surveys</i> , p115
18)	1540-41	Moynalweye	<i>Crown surveys</i> , p115
19)	1567	Moynalwey	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> 41
20)	1567	Moynalwe	Griffith, <i>Cal. inq. Eliz.</i> 41
21)	1578	Minalvy	<i>fiant Eliz.</i> , 3280
22)	1629	Munallwey	<i>Dillon papers</i> ⁸³¹
23)	1630	Moynalvy	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 63
24)	1654-6	Moinaluy	<i>Civil Survey</i> , v, 148
25)	1654-6	Minalvey	<i>Civil Survey</i> v, 148
26)	1654-6	Moinalvy	<i>Civil Survey</i> v, 149
27)	1654-6	Monalvy	<i>Civil Survey</i> v, 149
28)	1654-6	Moynaluey	<i>Civil Survey</i> v, 142
29)	1659	Moynalluy	<i>MS 14E 22, Hib. Del. map</i>
30)	1655-9	Moynaluy	<i>Top. index Petty BN</i> , p316
31)	c.1666	Moynalvy	<i>MS G vi 2, BSD</i>
32)	1682X1685	Moynalvey	<i>Dopping</i> , pp47, 72
33)	c.1672	Moyuallny [sic]	<i>Top. index Petty HD</i> , p316
34)	1730	Moynaloey	<i>Wills</i> , i, 590
35)	1758	Monalvey	<i>MS 5591, Fitzsimons cash book</i>
36)	1762	Moynalvey	<i>MS 5591, Fitzsimons cash book</i>
37)	1765	Monalvy	<i>MS 5591, Fitzsimons cash book</i>
38)	1770	Monalvey	<i>MS 5591, Fitzsimons cash book</i>
39)	1773	Minalvey	<i>MS 5591, Fitzsimons cash book</i>
40)	1812	Moynalvey	<i>Larkin's map</i>
41)	1837	Moynalvey	Lewis, <i>A top. dict.</i> , i, 639
42)	1837	Monalvey	Lewis, <i>A top. dict.</i> , ii, 185
43)	1978	Magh n-Ailbhe	Fitzsimons, p71
44)	2010	Maigh nAilbhe [ND)	logainm.ie

⁸²⁹ David B. Quinn, 'The bills and statutes of the Irish parliament of Henry VII and Henry VIII' in *Analecta Hib.*, no. 10 (1941), lch. 129.

⁸³⁰ *Ibid.*, 135.

⁸³¹ Ainsworth & MacLysaght, 'Survey of documents in private keeping', lch. 39.

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 065* sa Chartlann Náisiúnta, lgh. 32, 33

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Moynalvey	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Monalvey	Tenants' Lease
	Monalvy	Rev. E. J. Gregory
	Monalvey	Applotter of County Cess
	Moynalvy	High Commission Survey & Valuation Report
	Monalvy	High Commission's Education Report
	Moynalvy	Down Survey Map
	Magh n-Ailbhe	A.F.M.
	Moynallvy	Inq. Temp. Car. I
	Magh n-Ailbhe, Alvy's plain (Ailbhe was a woman's name)	John O' Donovan
1836	Moynalvy	John O' Donovan

Is logainm ársa é **Moynalvy** de réir cosúlachta. Is mar seo a thuigí bunús an ainm go háitiúil de réir dalta John Magee ag scríobh sa *Schools' manuscript folklore collection 1937-38*: 'My home district is Moynalvey ... the townland of Moynalvey is a great plain. Long ago it is supposed that a saint name Alvey lived there ...'⁸³²

Ag scríobh ón Uaimh 10ú Feabhra 1837, d'iarr Ó Donnabháin ar a lucht cúnta, 'Let me have the passage in the Annals of the Four Masters which relates to *Magh n-Ailbhe* and *Lia-n-Ailbhe*. **Maigh n-Ailbhe** is now Anglicized Moynalvy, it is the name of a river and townland in the parish of Kilmore, Bar. Of Upper Deece ...'⁸³³

De réir na dtagairtí thuasluaite dealraíonn sé gur logainm dhá mhíre é **Moynalvy** faoi chomhréir na Gaeilge leis an aicmitheoir neodrach 'mag' (maigh nó má sa Nua-Ghaeilge) agus an t-urú 'n' i bhforás na Sean-Ghaeilge ar an ainm pearsanta 'Ailbhe'. Thit urú an neodraigh ar lár i ré na Meán-Ghaeilge ach caomhnaíodh é uaireanta i logainmneacha. Faightear an fhoirm Ghaeilge (43) 'Maigh nAilbhe' [ND] in *BLE*.⁸³⁴

Tá tagairt do '... Mag life .i. fri **Maig-nAilbe** atuid' in *Féilire Oenguso* leis an aistriúchán,

⁸³² *The schools' manuscript folklore collection 1937-38*, vol 689 (MSS. 188, 189), faoi 'Monalvey school'.

⁸³³ Herity (ed.), *OSL Meath*, 282, lch. 109.

⁸³⁴ *BLE* faoi 'Moynalvy' (www.logainm.ie) (30 Márta 2011).

'... Mag Lifi, to the north of Mag n-Ailbe' agus d'ionannaigh Stokes an áit seo le 'Moynalvy, in the parish of Kilmore, co. Meath' san innéacs.⁸³⁵ Botún aitheantais atá ann de réir dealraimh, mar tá an bf. 'Moynalvy' idir lámha anseo lastuaidh d'abhainn na Life nó earráid scríobhaithe sa chur síos atá ann – 'nó', de réir an Dr Etchingham, 'b'fhéidir mí-úsáid na gluaise, nó botún aistriúcháin de chuid Stokes, mar ciallaíonn *atuaid* go coitianta 'from the north'.⁸³⁶

Tugann an Donnabhánach an bunús 'Magh n-Ailbhe, Alvy's plain (Ailbhe was a woman's name)' san Ainmleabhar thuas. Níos déanaí sna 1840aidí, nuair a bhí sé ag eagrú *ARÉ* d'aistrigh sé an tagairt seo d'eachtra sa bhliain 998 go Béarla: 'Lia Ailbhe do thuitim, agus ba he magh nAilbhe primh dhiongna Maighe Breagha. Do ronta ceathora clocha muilinn dhi lá Maoileachlainn' mar seo 'The Stone of Lia Ailbhe fell (and *Magh-Ailbhe* was the chief fort of Magh-Breagh), and four millstones were made of it by Maelseachlainn.'⁸³⁷ Ní foláir dúinn a bheith cúramach toisc go raibh áiteanna éagsúla faoin ainm seo ach i bhfonóta d'ionannaigh Ó Donnabháin an áit idir lámha mar seo, '*Maigh-Ailbhe*.- Now Moynalvy, a townland in the parish of Kilmore, in the barony of Lower [*recte* Upper] Deece, and county of Meath.'⁸³⁸

Faightear na fianuithe luatha (2-5) i *Reg St Thomas* ag tosnú le **Maighnalwi** timpeall na bliana 1194 agus is iarracht iad an logainm Gaeilge a réadú i gcáipéis Laidineach. Seachas iadsan faightear éagsúlacht foirmeacha sna fianuithe Béarlaithe le haghaidh an aicmitheora ach is é 'Moy' le cúig shampla déag agus 'Mo' le deich sampla na cinn is coitianta. Réitíonn siad leis na gnáth-foirmeacha Béarlaithe a luaitear faoi 4.20 thuas.

Faightear réimse foirmeacha éagsúla freisin san fhianaise stairiúil mar réadú ar an gcáilitheoir, an t-ainm pearsanta **Ailbhe**. Is iad 'Alvey' le dáréag sampla agus 'Alwey(e)' le deich sampla na cinn is coitianta a fhreagraíonn don ainm 'Ailbhe'.

Tá fianaise an Ainmleabhair freisin i gcomhréir go réasúnta maith leis an bhfoirm Magh n-Ailbhe, an fhoirm Ghaeilge a mhol Ó Donnabháin le haghaidh an logainm seo **Moynalvy**.⁸³⁹ Caomhnaítear an t-ainm freisin in ainm na habhann, 'Moynalvy River'.⁸⁴⁰

⁸³⁵ Whitley Stokes (ed.), *The martyrology of Oengus the Culdee* (London, 1905), lgh. 258, innéacs 390.

⁸³⁶ Nóta ar dhréacht na caibidle seo ón Dr Cholmán Etchingham OÉ Má Nuad (8 Samhain 2011).

⁸³⁷ *ARÉ*, ii, 738-9.

⁸³⁸ *Ibid.*

⁸³⁹ Ainmleabhar na *SO Mí 065*, lgh. 32, 33.

⁸⁴⁰ *OSi Discovery Series* (3rd edition) uimhir 50.

Moltar **Maigh nAilbhe** mar fhoirm Ghaeilge an logainm seo.

4.22 Maol, Mullach:

Tugann *eDIL* na 'Keywords: topmost part, top, crown ...'⁸⁴¹ le haghaidh **mullach**. Deir Joyce, '... Topographically, it is generally used to denote smaller eminences ... and as a root word it enters extensively into the formation of names, generally in the forms Mulla, Mullagh, Mully, and Mull, which constitute of themselves, or form the beginning of, upwards of 400 names ...'⁸⁴² Tugann Mac Mathúna le fios gur sa tréimhse OIr. 'when ['mullach' was] first attested' agus go raibh 'Celtic cognates' agus 'IE roots' chomh maith le 'semantic origins globular mass, heap, lump' ag an eilimint seo.⁸⁴³

Ní hionann go hiomlán an dá fhocal **maol** (*et var.*) agus **mullach** (*et var.*) ach ó thaobh logainmneacha de tá an míniú 'summit' nó 'hill' i gcomhpháirt acu. Ciallaíonn an focal 'maol' 'bald' go bunúsach ach ciallaíonn sé 'hill' i logainmneacha. In *eDIL* feicimid 'maol and deriv. see mael'.⁸⁴⁴ Ansin *s.v.* 'mael' faightear raon mór mínithe mar seo: 'mael: crop-headed; shorn; bald; tonsured; ... hornless; ... bare; dismantled; defenceless; ... flat; flat-topped; **hill** ...'⁸⁴⁵ Faightear an tagairt seo sa *Táin*, 'Sligis Fergus na tulchai iarum co roben a teora mǣla Midi da thrī bēmenaib.'⁸⁴⁶ Seo mar a aistríonn Faraday é, 'Fergus smote the hills then so that he struck the three maela of Meath with the three blows.'⁸⁴⁷

Déantar trácht anseo ar dhá logainm 4.22.1 **Mulhussey** agus 4.22.2 **Mullagh**.

4.22.1 Mulhussey: par. Kilclone (DU); N91375 43437

Fianuithe:

1)	1402	Mullussy	<i>RPCH, 3 Hen. IV, p164</i>
2)	1403	Molussey	<i>RPCH, Hen. 4 IV, p171</i>
3)	1403	Molussy	<i>RPCH, 4 Hen. IV, p168</i>
4)	1406/7	Milussy	<i>RPCH, 8 Hen. IV, p186</i>

⁸⁴¹ *eDIL*, litir M, colún 201, líne 068 (www.dil.ie) (19 Lúnasa 2011).

⁸⁴² Joyce, *Irish names of places*, i, 391-2.

⁸⁴³ Mac Mathúna, 'On the provenance of early Irish topographical lexica', lch. 35

⁸⁴⁴ *eDIL*, litir M, colún 58, líne 001 (www.dil.ie) (16 Aibreán 2010).

⁸⁴⁵ *Ibid.*, litir M, colún 18, líne 020 (16/04/2010).

⁸⁴⁶ John Strachan and J.G. O' Keffe (eds), *The Táin Bó Cuailnge from the yellow book of Lecan* (Dublin, 1912) línte 3602/3, lch. 120.

⁸⁴⁷ L. Winifrid Faraday (aistritheoir), *The cattle-raid of Cualnge* translated from leabhar na h-uidre and the yellow book of Lecan (Cambridge, Ontario 2002), lch. 81. Maidir leis an tagairt sa téacs deir an Dr Colmán Etchingham OÉ Má Nuad, 'Ní gá gurb ionann Mide agus 'Meath' (braitheann sé ar an tréimhse) agus narbh fhéarr "with his three blows"?' i nóta ar dhréacht na caibidle seo (08 Samhain 2011).

5)	1421	Moylussy	<i>RPCH, 9 Hen. V, p217</i>
6)	1471/2	Mulussy	<i>Stat. rolls Edw. IV, 11 & 12, i, p720</i>
7)	1475-6	Mylusse	<i>Stat. rolls Edw. IV, 15 & 16, ii, p356</i>
8)	1511	Moylossey	<i>TCD, MS 804, fos. 168v-170v⁸⁴⁸</i>
9)	1545	Moylusse	<i>CPCR Hen.VII-Eliz., p106</i>
10)	1548	Myllussey	<i>fiant Edw. VI, 168</i>
11)	1544	Moylusse	<i>fiant Hen. VIII, 416</i>
12)	1552-3	Mylussie	<i>fiant Edw. VI, 1200</i>
13)	1567	Moylussey	<i>Griffith, Cal. inq. Eliz. 41</i>
14)	1578	Moilussie	<i>fiant Eliz., 3280</i>
15)	1578	Moylussey	<i>fiant Eliz., 3412</i>
16)	1578	Moilussie	<i>fiant Eliz., 3282</i>
17)	1581	Meylussey	<i>Inq. Leinster Eliz., 2</i>
18)	1595	Mylossy	<i>Mercator map</i>
19)	1596	Moylehussey	<i>Carew MS iii, p195</i>
20)	c.1600	Moylussey	<i>Inq. Leinster Eliz. 6</i>
21)	1600	Moylehussy	<i>fiant Eliz., 6389</i>
22)	1601	Moylhussie	<i>fiant Eliz., 6557</i>
23)	1607	Moylehussey	<i>Griffith, Cal. inq. J.I, 49 (3)</i>
24)	1609	Moylussey	<i>Griffith, Cal. inq. J.I, 61</i>
25)	1610	Mollosy	<i>Speed's map</i>
26)	1612	Moylussey	<i>Inq. Leinster Jac. I, 11</i>
27)	1618	Moylusse	<i>Griffith, Cal inq. J.I, 120</i>
28)	1620	Morlhusey	<i>Pat. rolls 19 James I, p517</i>
29)	1624	Moylusse	<i>Inq. Leinster Jac. I, 81</i>
30)	1624	Moyllhussey	<i>Inq. Leinster Jac. I, 81</i>
31)	1624	Moylnalussey	<i>Inq. Leinster Jac. I, 81</i>
32)	1628	Moylhusey	<i>Inq. Leinster Car. I, 46</i>
33)	1629	Mullassey	<i>Dillon papers⁸⁴⁹</i>
34)	1630	Moylehussey	<i>Inq. Leinster Car. I, 63</i>
35)	1641-42	Mulhussey	<i>Gilbert, History, i, 402</i>
36)	1652	Moyl Hussey	<i>Gilbert, History, ii, 343</i>
37)	1643	Mullhussey	<i>Outlaws 1641-17⁸⁵⁰</i>
38)	1654	Mol[.]ssy	<i>(Lagenia) Atlas Blaeu, p297</i>
39)	1654-6	Mulhussey	<i>Civil Survey v, 150</i>
40)	1654-6	Moilehussy	<i>Civil Survey v, 151</i>

⁸⁴⁸ Luaite in Scott, *Religion and reformation in the Tudor diocese of Meath*, lch.149.

⁸⁴⁹ Ainsworth & MacLysaght, 'Survey of documents in private keeping', lch. 39.

⁸⁵⁰ 'Outlaws 1641-47', lch. 356.

41)	1654-6	Molehusy	<i>Civil Survey v, 152</i>
42)	1654-6	Mūlehussey	<i>Civil Survey v, 152</i>
43)	1654-6	Moylehusy	<i>Civil Survey v, 152</i>
44)	1654-6	Mulhusy	<i>Civil Survey v, 153</i>
45)	1657	Moyle Hussey	<i>O' Hart, landed gentry, p287</i>
46)	1659	Malhusy	<i>MS 14E 22, Hib. Del. map</i>
47)	1655-9	Mallhosy	<i>Top. index Petty BN, p306</i>
48)	c.1666	Moylehussey	<i>MS G vi 2, BSD</i>
49)	c.1666	Mallahussey	<i>MS G vi 2, BSD</i>
50)	c.1666	Molehussey [index]	<i>MS G vi 2, BSD</i>
51)	c.1666	Moylehusy	<i>MS 974, BSD, p124</i>
52)	c.1690	Mullhussey	<i>Irish Jacobites⁸⁵¹</i>
53)	1712	Malhussey	<i>Registry deeds, ix, 291</i>
54)	1783	Mulhusy	<i>Taylor & Skinner maps, p61</i>
55)	1797	Mulhussey	<i>Beaufort's map</i>
56)	1795	Mulhusy	<i>Seward, Top. Hibernica</i>
57)	1802	Mullhussey	<i>Thompson surv. (Taylor's map)</i>
58)	1812	Mullhussey	<i>Larkin's map</i>
59)	1814	Mulhussey	<i>Leet, Directory, p301</i>
60)	1978	Mulhussey	<i>Fitzsimons, p71</i>
61)	2011	,mol'hozi {3,6}	<i>fuaimniú áitiúil</i>

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mí 102* sa Chartlann Náisiúnta, lgh. 28, 29

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Mulhussey	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Mulluissey	Thompson's Statistical Survey
	Mulhussey	Applotter of County Cess
	Mullhussey	Tenants Receipts for Rent
	Mulhussey	Mr. J. Connor Land Surveyor
	Mullhussey	High Commission Survey & Valuation Report
	Moylehussey	Down Survey Reference
	Malhossey	Down Survey Map
	Meylussey	Inq. Temp. Eliz.
	Moylussey	Inq. Temp. Jac. 1
	Moynalusy	Inq. Temp. Jac. 1
	Maol or mul, 'Hussey's hill or summit'	John O' Donovan
1836	Mulhussey	John O' Donovan

⁸⁵¹ Simms, 'Irish Jacobites', lch. 23.

Tá an logainm **Mulhussey** comhdhéanta de dhá eilimint, faoi chruth na Gaeilge de réir dealraimh: an phríomheilimint 'maol' + an sloinne 'Hussey' mar cháilitheoir.

Is é an sloinne **Hussey** an cáilitheoir agus tá líon mór tagairtí sa stair chun tacú leis seo. Sa bhliain 1172 bhronn an rí Anraí II ríocht na Mí ar Hugh de Lacy agus roinn seisean a thailte i measc a lucht leanúna faoin gcóras feodach; mar shampla do thug sé barúntacht Dhéise do Úgó de Hussey, mar adeirtear in *La geste des engles en Yrlande*:

*E al barun Hugh de Hosé
Terre bele ad pus doné;*⁸⁵²

*Then he gave a fine territory
to Baron Hugh de Hussey*

Buanaítear an sloinne Hussey (< Hosé) sa logainm 'Mulhussey'. Clann nótaílte ab ea muintir Hussey agus luaitear baill éagsúla den chlann in a lán foinsí, mar shamplaí in *Inq. 11 Jac. 1* luaitear 'Meiler Hussey of Moylussey'⁸⁵³ agus in *Civil Survey* v tagraítear do 'Edward Hussey of Mulhussey aforesd' faoin teideal 'Proprietors in 1640 and their qualifications'.⁸⁵⁴

Tá cur síos déanta thuas ar na heilimintí **mullach** agus **maol** agus conas mar atá an míniú 'summit/hill' i gcomhpháirt acu. Bhí an Donnabhánach amhrasach faoin bhfoirm bhunaidh a bhí i gceist sa phríomheilimint anseo mar a fheictear ina fhoirm Ghaeilge san Ainmleabhar: 'Maol or mul' leis an míniú ar an logainm iomlán, 'Hussey's hill or summit'.⁸⁵⁵ Cuirtear in iúl gur 'Maol-osadh' an fhoirm a mholann Ó Foghludha le haghaidh an logainm seo ar thaifead scanáilte uimhir 5 in *BLE* faoin ainm seo.⁸⁵⁶

Faighimid éagsúlacht foirmeacha sna fianuithe thuas le haghaidh an aicmitheora ach is 'Moyl(e)' le dhá shampla is fiche agus 'Mull' le seacht sampla déag na cinn is coitianta. Feictear an fhoirm 'Mull' go seasmhach ó 1690 i leith agus de ghnáth is Béarlú é ar an eilimint Ghaeilge 'maol' in ainmneacha. Tabhair faoi deara freisin an forás céanna sna sloinnthe 'Mulconry < Ó Maoil Chonaire' agus 'Mulligan < Ó Maolagáin (NÓM).

Is cosúil gur Béarlú eile ar 'Maol' is ea 'Moyl(e)'. Ar bhonn comparáide faightear an fhoirm Ghaeilge 'Na Maola/Moyles' [D] i Muineachán le ocht sampla den fhoirm Bhéarlaithe 'Moyle(s)' san fhianaise stairiúil. I dtaca le 'Mulhussey' atá faoi chaibidil b'fhéidir gur

⁸⁵² Evelyn Mullally (ed.) *La geste des engles en Yrlande/The deeds of the Normans in Ireland: a new edition of the chronicle formerly known as the song of Dermot and the earl* (Dublin, 2002), línte 3160-3161.

⁸⁵³ Hardiman (ed.), *Inquisitions of the province of Leinster : Inq. 11 Jac. 1*.

⁸⁵⁴ *Civil Survey* v, 52.

⁸⁵⁵ Ainmleabhar na SO Mí 102, lch. 29.

⁸⁵⁶ *BLE* faoi 'Mulhussey' (www.logainm.ie) (2 Eanáir 2011).

suntasach freisin an fhoirm (42) **Mūlehussey** *Civil Survey* v 1654-56 toisc go bhfuil guta gearr 'u' san fhoirm 'Mull' agus is dócha go bhfuiltear ag iarraidh an défhoghar a chur in iúl san fhoirm seo.

Is inmheasta go dtaobhaíonn troime na fianaise leis an bhfoirm Ghaeilge 'Maol' sa logainm 'Mulhussey' - Hussey's (bald) hill. Moltar an fhoirm Ghaeilge **Maol Husae**.

4.22.2 **Mullagh:** par. Kilmore (DU); N90725 46121

Fianuithe:

1)	1581	?Moylagh	<i>Inq. Leinster Eliz.</i> , 2
2)	1610	Mollogh	<i>Speed's map</i>
3)	1612	?Moylagh	<i>Inq. Leinster Jac. 1</i> , 11
4)	1627	?Moylagh	<i>Inq. Leinster Car. 1</i> , 22
5)	1654	Mollogh	<i>(Lagenia) Atlas Blaeu</i> , p297
6)	1654-6	Mullagh	<i>Civil Survey</i> v, 148
7)	1655-9	Mollagh	<i>Top. index Petty BN</i> , p311
8)	1659	Mullagh	<i>MS 14E 22, Hib. Del. Map</i>
9)	c.1666	Molagh	<i>MS G vi 2, BSD</i>
10)	c.1672	Mullagh	<i>Top. index Petty HD</i> , p311
11)	1688	Mullogh	<i>MS 5245, Pratt receipts</i>
12)	1696	Moylagh	<i>MS 5245, Pratt receipts</i>
13)	1706	Mullogh	<i>MS 5245, Pratt receipts</i>
14)	1803	Mullagh	<i>Grand jury</i> , p11
15)	1812	Mullagh	<i>Larkin's map</i>
16)	1814	Mullagh	<i>Leet, Directory</i> , p301
17)	1978	Mullach	<i>Fitzsimons</i> , p71
18)	2011	(ḃḃ) 'molḃ {3,4}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mi 065* sa Chartlann Náisiúnta, lgh. 25, 26

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Mullagh	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Mullough	Rev. E. J. Gregory Rector
	Mullough	Applotter of County Cess
	Mullough	Mr. J. Connor Land Surveyor
	Mullagh	High Commission Survey & Valuation Report
	Mullough	High Commission's Education Report
	Molagh	Down Survey

	Moylagh	Inq. Temp. Eliz. [amhrasach]
	Moylagh	Inq. Temp. Jac. I [amhrasach]
	Mullagheghe	Inq. Temp. Car. I [amhrasach]
	Mullach 'means summit or highest point'	John O' Donovan
1836	Mullagh	John O' Donovan

Tá cur síos déanta faoi 4.22 thuas ar an eilimint 'mullach'. Deir an Donnabhánach maidir leis an logainm faoi bhráid anseo, 'Mullach, “means summit” or highest land’⁸⁵⁷.

Tá ocht logainmneacha déag i gContae na Mí leis an eilimint 'mullach', dhá cheann gan cháilíocht, 'Mullagh' i mbarúntacht Bhaile Fhobhair agus an ceann faoi bhráid anseo, agus tá an chuid eile cáilithe le mír sa bhreis.⁸⁵⁸ I gcontae le talamh íseal, seasann na mullaí amach. Ar an léarscáil feictear 131m le haghaidh an spota airde sa bhaile fearainn 'Mullagh' atá idir lámha.⁸⁵⁹

Tá na fianuithe (1-16) ach amháin (1,3,12) 'Moylagh' i gcomhréir go maith lena chéile agus le fianaise an Ainmleabhair thuas.⁸⁶⁰ D'aimsigh mé na foirmeacha (1,3) sna hionchoisní *Lagenia* toisc go raibh siad san Ainmleabhar thuas agus chun a fháil amach an raibh siad bainteach. Ó thaobh comhthéacs de ní dóigh liom go bhfuil. Tugtar an leagan eisceachtúil 'Mullagheghe' san Ainmleabhar freisin ach is i gcomhthéacs par. *Kells* a fhaightear é sna hionchoisní agus caithfear a bheith amhrasach faoi maidir le 'Mullagh' atá faoi chaibidil anseo.

Tá fuaim an fhoircinn chuimiltigh chogusaigh /x/ curtha ar ceal le fada. Sé sin a rá go bhfuil an siolla 'agh' balbh i gcaint na ndaoine; cuirtear béim an ghutha ar an gcéad shiolla le foirceann /ə/. Is é (13) /(\ðə) 'molə/ an fuaimniú áitiúil. Moltar an fhoirm Ghaeilge **An Mullach** le haghaidh an logainm seo.

4.23 Ráth:

Cuireann Ó Maolfabhail in iúl dúinn gur 'banc cosanta cré tógtha i bhfoirm fáinne an ghnáthchiall atá leis [ráth].⁸⁶¹ Tá dhá logainm idir lámha agam le *ráth* mar eilimint iontu, **Newtown Rathganley** agus **Rathkilmore** agus is bailte fearainn iad araon i bparóiste

⁸⁵⁷ Ainmleabhar na SO *Mí 065*, lch. 25.

⁸⁵⁸ O' Connor, *Atlas of Irish place-names*, lch. 117.

⁸⁵⁹ *OSi Discovery Series* (3rd edition) uimhir 50.

⁸⁶⁰ Ainmleabhar na SO *Mí 065*, lgh. 25, 26.

⁸⁶¹ Ó Maolfabhail, *Ó Lyon go Dún Lúiche*, lch. 88.

Kilmore (DU).

De réir *eDIL*, ciallaíonn **ráth** ‘earthen rampart ... common in place-names folld. by an adj. or genitive ...’⁸⁶² I logainmneacha is cosúil go gciallaíonn sé aonad lonnaíochta. De réir Deirdre Flanagan is féidir linn na focail dún, ráth, lios, caiseal agus cathair a aistriú go ‘fort’ i mBéarla agus cuireann sí in iúl dúinn gur tógadh 'caiseal' agus ‘cathair’ le clocha le haghaidh an mhúir agus gur tógadh ‘lios’ agus ‘ráth’ le cré le haghaidh an mhúir.⁸⁶³

Tar éis dó an fhianaise a iniúchadh, cuireann Gregory Toner in iúl dúinn go bhfuil ‘... broad agreement among archaeologists that the main period of ringfort occupation lies in the period c. 500-c. 1000AD.’⁸⁶⁴ Dealraíonn sé mar sin gurb ársa iad na logainmneacha **Rathganley** agus **Rathkilmore** atá faoi chaibidil anseo. Maidir leis an eilimint seo i logainmneacha, deir Toner, ‘... we may state with some certainty that the use of ráth in place-name formation peaked c. 800, and that it ceased to be productive in the names of high-status sites by the ninth or tenth century.’⁸⁶⁵

Taispeánann Ó Maolfabhail raon geografach forleathan na heiliminte seo san **oidhreacht Cheilteach** cé nach raibh sé sa Chornais ná sa Bhriotánais: 'In Albain, Rothmaise agus Rothiemay ann: “ráth-má” iad araon; agus Rahoy “ráth-thuidh” ... sa Bhreatain Bheag, mar shampla, Rhath/Roath agus Amroth ... Ar an Mór-roinn is féidir comhionann *ráth* a fheiscint i sean-ainm Strasbourg, mar atá, Argentorate “airgead-ráth” ... Briord “droichead (*briva*)-ráth” ... Regensberg na Gearmáine ...’⁸⁶⁶

De réir na fianaise ghlac **na hAngla-Normannaigh** an téarma chucu féin nuair a tháingadar anseo cé nach raibh sé bisiúil sa chuma thraidisiúnta agus feictear é seo i logainmneacha cosúil le 'Dardisráth' i gContae Lú, 'Drakerath' i gContae na Mí agus 'Rathwalter' i gContae Thiobraid Árann, rud a réitíonn lena bhfuil ráite ag Toner thuas. Agus is mar an gcéanna le ceann de na logainmneacha atá faoi chaibidil anseo, 'Newtown Rathganley'.⁸⁶⁷ Sna cásanna seo rinneadh nasc idir 'newtown' agus logainm Gaeilge a bhí ann cheana féin. Rinneadh trácht cheana féin ar an logainm 'Newtown Rathganley' faoi 3.2.9.

⁸⁶² *eDIL*, litir R, colún 17, líne 038 (www.dil.ie) (16 Aibreán 2010).

⁸⁶³ Deirdre Flanagan, ‘Settlement terms in Irish place-names’ in *BUPNS*, series 3, iii, 16-29.

⁸⁶⁴ Gregory Toner, ‘Settlement terms: ráth and lios, in *Ainm*, viii (1998-2000), lch. 3.

⁸⁶⁵ *Ibid.*, 6.

⁸⁶⁶ Ó Maolfabhail, *Ó Lyon go Dún Lúiche*, lch. 89.

⁸⁶⁷ *BLE* faoi 'Dardisrath' agus 'Rathwalter' (www.logainm.ie) (16 Aibreán 2011).

4.23.1 Rathkilmore: par. Kilmore (DU); N89261 45840

Fianuithe:

1)	1388	le Rath jux' Kylmore	<i>RPCH, 12 Ric II</i> , p139
2)	1654-6	Rathkilmore	<i>Civil Survey v</i> , 148
3)	1654-6	Rathkilmore	<i>Civil Survey v</i> , 148
4)	1654-6	Rath of Kilmoor	<i>Civil Survey v</i> , 149
5)	1655-9	Rathkillmor	<i>Top. index Petty BN</i> , p338
6)	c.1666	Rath Kilmore	<i>MS G vi 2, BSD</i>
7)	c.1666	Rathkillmore [index]	<i>MS G vi 2, BSD</i>
8)	c.1672	Rathkillmore	<i>Top. index Petty HD</i> , p338
9)	1978	Rathkilmore	Fitzsimons, p82
10)	2011	,raθkil' mo:r {6} ḃə,raθ {6}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó Ainmleabhar *Mi 065* sa Chartlann Náisiúnta, 31

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Rathkilmore	Down Survey Reference
	Rathkillmore	Down Survey Map
	Rath of Kilmore	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Rath of Kilmore	Mr. Walsh
	Rath Kilmore	Rev. E. J. Gregory, Rector
	Rath of Kilmore	Applotter of County Cess
	Rath of Kilmore	High Commission Survey & Valuation Report
	Rath or fort of Kilmore	John O' Donovan
1836	Rathkilmore	John O' Donovan

Tá bf. **Rathkilmore** i bparóiste *Kilmore*. Rinneadh trácht cheana féin ar logainm 'Kilmore' faoi 4.6.8. agus ar an eilimint 'ráth' faoi 4.23 thuas.

Is logainm follas é. Is é an chéad leagan stairiúil a fuair mé ná (1) 'le rath jux' Kylmore' in *RPCH, 12 Ric II* sa bhliain 1388. Sa 17ú haois i gcoitinne agus as sin amach faightear foirmeacha ar nós 'Rathkilmore' *et var*.

Sa *Schools' manuscript folklore collection* 1937-38 scríobh John Magee, dalta dhá bhliain déag go leith d'aois, an píosa seo faoin teideal 'Fairy Forts', 'There is a rath in **Kilmore**, surrounded by a hedge of blackthorn bushes, outside the bushes there is a ditch full of

water, and it is about six feet wide with a wooden bridge across it ...⁸⁶⁸ Deir stairi áitiúil Michael Durkan mar gheall ar an 'ráth' céanna tar éis do tagairt don phíosa thuasluaite, '... however, a mystery remains as to the whereabouts of the ruins referred to in 1937.'⁸⁶⁹ B'fhéidir go bhfuil suíomh na rátha imithe ó chuimhne na daoine anois. Glaonn áitritheoirí 'the Rath road' ar an mbóthar ag dul tríd an mbaile fearainn. Tugann Ó Donnabháin an míniú 'Rath or fort of Kilmore' ar an logainm seo.⁸⁷⁰ Moltar **Ráth na Cille Móire** mar fhoirm Ghaeilge an logainm seo.

4.24 Ros:

Is minic a fhaightear an eilimint **ros** i logainmneacha. Tá cúig bhaile fearainn déag leis an ainm 'Kilrush' le fáil in *BLE*, cuid acu deimhnithe leis an bhfoirm Ghaeilge 'Cill Rois' agus ceann amháin le 'Coill Rois'.⁸⁷¹ Deir Mac Mathúna maidir le 'ros', 'a word for a wood(ed height) [which] came to refer to a woodless promontory'.⁸⁷² Míníonn Dónall Mac Giolla Easpaig an téarma mar seo:

This word is usually explained as 'wood' or '(wooded) promontory'. Those meanings however are secondary. The original meaning of *ros* was any kind of elevated area of land such as hill or plateau ... Judging from its distribution pattern, the most frequent meaning of *ros* in placenames appears to be 'promontory'. In a number of compound placenames, however, *ros* may still have the meaning 'hill' or 'plateau' ...⁸⁷³

Tugann Ó Maolfabhail an míniú seo, '... Gné aiceanta den sórt sin, tig leis bheith ag dul amach ar uisce, nó ós cionn leibhéal uisce, nó ós cionn leibhéal talaimh mórthimpeall. Brí thánaisteach a tháinig le *ros* is ea “garrán”, “coill bheag” ...⁸⁷⁴ Cloistear macalla den mhíniú deireanach ag Vendryes mar seo: 'hauteur, terre boisé, bois'.⁸⁷⁵ Maidir leis an eilimint 'ros' sa Bhriotáin deir Flatrès, 'Les termes *Ros* (m.) et *Run* ou *Reun* (m.) ... semblent être employés au sens de “Tertre” ou de “Buttes”. Ros peut aussi désigner des avancées de terre, des collines en forme de promontoire.'⁸⁷⁶ Tugann Ó Maolfabhail samplaí de 'ros' i logainmneacha ón oidhreacht Cheilteach, 'I dtuaisceart na tíre agus in Albain is é an bhunchiall “ceann tíre”, “leithinis” ... In Albain tá Ard Rosain ... an Ros Muileach ... Feadh cósta na Breataine Bige tá Rhoscrowther ... Rhosili ... [i Sasain] Tá Ros-on-Wye in

⁸⁶⁸ *The schools' manuscript folklore collection 1937-38* (University College Dublin), Iml. 689, lch. 253.

⁸⁶⁹ Moynalvey history group (eds), *Moynalvey* (Dunboyne, 1999) lch. 2.

⁸⁷⁰ Ainmleabhar na SO *Mí 065*, lch. 31.

⁸⁷¹ *BLE* faoi 'Kilrush' (www.logainm.ie/mapz) (19 Aibreán 2010).

⁸⁷² Mac Mathúna, 'On the provenance of early Irish topographical lexica', lch. 47.

⁸⁷³ Mac Giolla Easpaig, 'Noun and noun compounds in Irish placenames', lgh. 154-5.

⁸⁷⁴ Ó Maolfabhail, *Ó Lyon go Dún Lúiche*, lch. 91.

⁸⁷⁵ Vendryes, *Lexique étymologique*, R-43.

⁸⁷⁶ Pierre Flatrès, 'Géomorphologie et Linguistique: L'expression du relief du sol en langue Bretonne' in B. S. Mac Aodha (eag.), *Topothesia* (Gailimh, 1982), lch. 6.

Herefordshire. Tá Rouse in Lancashire agus tá Roos ... in Yorkshire ... [sa Bhriotáin] Roscanvel/Roskañvel, Roscoff/Rosko ...⁸⁷⁷

De ghnáth is í an bhrí 'wood' a thugann an Donnabhánach ar 'ros' i logainmneacha, mar shamplaí, 'Garryross/Garraidh ros', 'garden of the wood' i gContae an Chabháin, 'Gaulros/Gallros' [D], 'stony wood', Uíbh Fhailí ach tugann sé an míniú 'point of land' le haghaidh 'Ros/Ross' [D] i gContae na Mí agus 'rough point' i gcomhair 'Garbhros', Dún na nGall.⁸⁷⁸

Déantar cur síos ar 'Garadice' anseo mar moltar go sealadach go bhfuil an eilimint 'Ros' sa logainm seo.

4.24.1 **Garadice:** par. Gallow (DU); N86288 44997

Fianuithe:

1)	1553	Gareris	<i>fiant Edw. VI, 1243</i>
2)	1579	Garres, Gares	Griffith, <i>Cal inq. Eliz.</i> 124
3)	1601	Garreris	<i>CPCR 18-45, Eliz.</i> , p592
4)	1606	Garras	Griffith, <i>Cal. inq. J.I.</i> , 49 (1)
5)	1607	Garros	Griffith, <i>Cal. inq. J.I.</i> , 49 (2)
6)	1607	Garrys	Griffith, <i>Cal. inq. J.I.</i> , 49 (4)
7)	1607	Garreris	Griffith, <i>Cal. inq. J.I.</i> , 49 (5)
8)	1607	Garris	Griffith, <i>Cal. inq. J.I.</i> , 49 (6)
9)	1607	Garures	Griffith, <i>Cal. inq. J.I.</i> , 49 (8)
10)	1607	Garrows	Griffith, <i>Cal. inq. J.I.</i> , 49 (11)
11)	1607	Garres	Griffith, <i>Cal. inq. J.I.</i> , 49 (15)
12)	1607	Garris	Griffith, <i>Cal. inq. J.I.</i> , 49 (17, 25)
13)	1624	Garreris	<i>Inq. Leinster Jac. I.</i> , 70
14)	1654-6	Garreris	<i>Civil Survey v</i> , 149
15)	1654-6	Gareris	<i>Civil Survey v</i> , 148
16)	1655-9	Garris	<i>Top. index Petty BN</i> , p225
17)	c.1666	Garris	MS G vi 2, <i>BSD</i>
18)	1711	Garadice	MS 14E 22 <i>Senet & Matwell map</i>
19)	1758	Garradice	MS 5591, <i>Fitzsimons cash book</i>
20)	1769	Garadice	MS 5591, <i>Fitzsimons cash book</i>
21)	1723	Garadice	MS 5245, <i>Pratt receipts</i>
22)	1783	Garradice	<i>Taylor & Skinner's maps</i> , p91
23)	1797	Garadice	<i>Beaufort's map</i>

⁸⁷⁷ Ó Maolfabhail, *Ó Lyon go Dún Lúiche*, lgh. 91-94.

⁸⁷⁸ *BLE* faoi na logainmneacha liostaithe (www.logainm.ie) (18 Márta 2011).

24)	1812	Garadice	<i>Larkin's map</i>
25)	1814	Garadice	Leet, <i>Directory</i> , p192
26)	1922	Garrdha Déas	Laoide, p81
27)	1923	Garrdha Déas	<i>Oifigí Puist</i> p33 ⁸⁷⁹
28)	1955	Garrdha Déas	<i>Eolaí an Phoist</i> , p45
29)	1964	*Garadaghas	<i>AGBPL</i> , p28 ⁸⁸⁰
30)	1969	Garrdha Déas	<i>Eolaí an Phoist</i> , p299
31)	1969	Garairis	<i>AGBP</i> , p55
32)	1978	Garrdha Díse	Fitzsimons, p45
33)	1982	Garairis	<i>Eolaí an Phoist</i> , p187
34)	1989	Garairis	<i>Gasaitéar</i> , p108, p224
35)	2010	Garairis [D]	Logainm.ie
36)	2011	'garə, d̪eis {3}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó ainmleabhar *Mí 042* sa Chartlann Náisiúnta, lgh. 11, 19

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Guaradice	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Guaradice	The Tenants Receipts
	Garadice	Thompson's Statistical Survey
	Garadice	William J. Connor Land Surveyor
	Garadice	High Commission Survey & Valuation Report
	Guaradice	The inhabitants
	Garris	Down Survey
['Compare with Garadice in Leitrim when we can.' J. O'D.]	Gardha díse, 'garden of the two'	John O' Donovan
1836	Garadice	John O' Donovan

Tá deacrachtraí ag baint leis an logainm **Garadice** mar ní follas é in aon chor. Níl aon fhoirm Ghaeilge chruinn againn níos sia siar ná obair na SO de réir cosúlachta agus táimid ag brath ar na foirmeacha Béarlaithe thuas chun cinneadh údarasach a dhéanamh ina thaobh. Ach tada gan iarracht.

Ó thaobh an bhéaloidis áitiúil de feictear an cúntas seo a scríobh dalta anaithnid sa *Schools' manuscript folklore collection 1937-38*: '**Garadice** "Garret Deece". Castle (now almost cleared away) in the neighbourhood formerly occupied by a family named Deece,

⁸⁷⁹ *Liostaí d'oifigí puist Saorstát Éireann 1923*.

⁸⁸⁰ Ciallaíonn an comhartha * roimh an logainm go raibh amhras ar Choimisiún na Logainmneacha faoin bhfoirm '... ach gur mhol an Coimisiún an fhoirm a raibh formhór na gcomhaltaí sásta glacadh léi. (An Stúirthóir) in *Ainmneacha Gaeilge na mBailte Poist i gCúige Laighean* (Baile Átha Cliath, 1964), lgh. 3, 6 .

the townland is said to have got its name from a member of this family, one "Garret Deece" ...⁸⁸¹

B'fhéidir nach bhfuil áibhéil ag baint leis an míniú seo mar bhí an sloinne 'Dease' le fáil sa dúiche seo. Le linn dó a bheith ag tagairt do 'Thomas Dease' a oirníodh ina easpag na Mí sa bhliain 1622, deir Cogan, 'He was descended of an ancient and highly respectable family ... he was related to the Flemings of Slane and many of the aristocracy of the Pale.'⁸⁸² Maidir leis seo freisin bhí ábhar 'Bishop Dopping's visitation book 1682-1685, bunaithe ar eochaircheisteanna le haghaidh gach paróiste, mar shampla, '2. Who is the Parish Priest' agus ba é an freagra le haghaidh 'Galloe' ná 'Garret Dease'.⁸⁸³ Tá an bhf. 'Garadice' suite sa pharóiste seo. Is é (18) 'Garadice' sa bhliain 1711 an chéad uair a fhaightear an fhoirm seo sa bhfianaise stairiúil thuas. Níl mórán difríocht fhuaimne idir 'Garret Dease' agus 'Garadice' cé gur deacair a bheith cinnte ó thaobh athrú mór na ngutaí maidir leis. B'fhéidir mar sin go bhfuil bunús leis an seanchas áitiúil .i. go bhfuil baint idir an logainm 'Garadice' agus an t-ainm 'Garret Deece'⁸⁸⁴ ach de bharr na bhfoirmeacha stairiúla eile ní foláir ceistiú an bhfuil bunús eile leis an logainm seo.

Baineann T. S. Ó Máille ciall eile as an ainm leis an míniú seo, 'In the wide area of PNN, I find that *-as*, together with *-is* and other variants, lose the abstract effect, and like *-ar* in the same field, become meaningless, adding little or nothing to the sense of the root word. So in the case of the three nouns, *loch*, *lochar*, *lochas*, all three signify merely a 'lake'. Faoin gceannteideal 'Garraí' ina chuntas, liostaíonn sé **Garris**, an fhoirm a fhaightear in *Topographical index* (Petty) de chuid Goblet, le haghaidh 'Garadice'.⁸⁸⁵ A tharraingtí is atá an míniú seo caithfear amhras a chur ann mar ní cinnte go réitíonn sé leis na foirmeacha tríshiollacha sna fianuithe (1,7,9,13,14,15) thuas.

De bharr na fianaise comhaimseartha a bhí aige san Ainmleabhar ghlac Ó Donnabháin leis an bhfoirm Ghaeilge **Gardha díse** leis an míniú 'garden of the the two'.⁸⁸⁶ Ní foláir dúinn a bheith amhrasach faoi bhailíocht an ainm seo freisin mar de réir cosulachta ní raibh fianaise na bhfoirmeacha tríshiollacha thuasluaite le fáil ag an Donnabhánach.

⁸⁸¹ *The schools' manuscript folklore collection 1937-38*, vol 689, lch. 355 faoi 'Gallow school'.

⁸⁸² Cogan, *The diocese of Meath*, ii, 22.

⁸⁸³ Ellison, 'Bishop Dopping's visitation book' in *Ríocht na Midhe*, v, 2, lch. 5.

⁸⁸⁴ De réir Cogan i bhfo-nóta, 'See notices of the family, spelt Dease, Deece, Deize, Deyse, and Deis in Inquisitions of Westmeath, James I nos, 25, 31; Charles I, 71' in Cogan, *The diocese of Meath*, ii, 22.

⁸⁸⁵ Ó Máille, 'Irish place-names in *-as*, *srl'*', lch. 133.

⁸⁸⁶ Ainmleabhar na SO *MiO 42* lgh. 11, 19.

Maítear anseo go bhféadfadh an eilimint 'ros' a bheith ina aicmitheoir leis an aidiacht 'garbh' mar cháilitheoir agus gurb é 'Garbhros' bunfhoirm an logainm seo cé nach dealraitheach é seo ón bhfoirm Ghaeilge 'Garairis' [D] in *BLE*.⁸⁸⁷ Cuir i gcás go bhfuil dhá bhaile fearainn i Liatroim faoin ainm 'Garadice' leis an bhfoirm Ghaeilge 'Garbhros', ceann amháin deimhnithe agus an ceann eile neamhdheimhnithe.⁸⁸⁸ Ar bhonn comparáide amháin d'fhéadfaí a mholadh gur eascair 'Garadice' idir lámha anseo ón mbunfhoirm 'Garbhros' freisin. Déantar cíoradh ar an dá eilimint 'garbh' agus 'ros' chun é sin a thaispeáint.

I ndáil leis an gcáilitheoir d'fhéadfadh na foirmeacha 'gar(r)-' sna fianuithe thuas a bheith ag freagairt don eilimint **garbh** ('garb' na Sean-Ghaeilge) ar na cúiseanna seo:

- Tabhair faoi deara an forás seo a léiríonn Hughes maidir le Gaeilge Uladh, 'Bíonn [u] ann do ... *bh* ... i siollaí neamhaiceanta: m. sh. ... *garbh* [garu] ...'⁸⁸⁹ [cf. 'Clegarrow/Cladh garbh' J'OD, Contae na Mí]
- De réir Bernard J. Mooney, 'Lenited *b* and *m* (*bh* and *mh*) may both be represented by English *v* or *w*; but these sounds being voiced, are easily reduced to a weak vowel-sound, and then they have little chance of surviving, *Gar(bh)-dhoire*, Garr(o)gery (1629), now Gargory...'.⁸⁹⁰
- Is suntasach freisin go ndeir Williams maidir le canúint Laighean, 'Is mar *-a*, *-e* a d'fhuaimnítear *'amh*, *-eamh* [ag deireadh focal] sa chuid is mó de Ghaeilge Laighean de réir dealraimh.'⁸⁹¹ Ar bhonn comparáide, d'fhéadfaí a mheas gur tharla rud mar seo sa logainm idir lámha: gur cailleadh an 'bh' san eilimint 'garbh' leis an toradh: Garbhros > Gar(bh)ros.

Ar an ábhar seo tá seans gur chuala na scríobhaithe, mar shampla, 'Gar~~g~~ris' *et var.* leis an 'e' meánach (fuaime /ə/, schwa) ag seasamh don ghuta cúnta 'a' i 'Gar(a)(bh), agus dar ndóigh, an 'b' séimithe cailte (= /'garə/). (féach Mc Manus i dtaca leis 'An guta cúnta'.⁸⁹²)

Más **ros** é an t-aicmitheoir is é an deacracht is mó atá leis ná easpa fianaise nó réamhtheachtaithe cinnte mar thacaíocht gurb é sin an cás. I ndáiríre bheifí ag súil le foirmeacha cosúil le 'ros' nó 'rus' sa bhfianaise stairiúil. Cuir i gcás na solaoidí seo:

- le haghaidh an logainm 'Garadice/Garbhros [D]' i Liatroim faightear an fhoirm stairiúil 'Gar**ros**' (sa bhliain 1513)⁸⁹³. Níl aon fhianaise fhollas den sórt sin maidir le 'Garadice' idir lámha.
- Tá logainm eile i gContae na Mí leis an eilimint 'ros': 'Carn na Ros/Carnross' [D] leis na foirmeacha **ross** agus 'rass' le fáil san fhianaise stairiúil.⁸⁹⁴ Níl aon fhoirm inchomparáide sa

⁸⁸⁷ *BLE* faoi 'Garadice' (www.logainm.ie/mapz) (1 Bealtaine 2010).

⁸⁸⁸ *Ibid.* (18 Aibreán 2010).

⁸⁸⁹ Art Hughes, 'Gaeilge Uladh' in Kim McCone *et al* (eag/í), *Stair na Gaeilge in ómós do Pádraig Ó Fiannachta* (Maigh Nuad, 1994), lch. 627.

⁸⁹⁰ B. J. Mooney, *BUPNS* Reprints 16, 'Sound-change and the shaping of place-names' in *Ainm*, viii (1998-2000) lch. 177 [ó *BUPNS* 1/4 (Autumn 1953); athchló (1955) 54-7].

⁸⁹¹ Williams, 'Na canúintí a theacht chun solais', lch. 472.

⁸⁹² Mc Manus, 'An Nua -Ghaeilge chlasaiceach', lch. 350.

⁸⁹³ *BLE* Taifid scanáilte faoi 'Garbhros/Garrarus' (www.logainm.ie) (20 Lúnasa 2011).

⁸⁹⁴ *BLE* faoi na logainmneacha liostaithe (www.logainm.ie) (18 Márta 2011).

bhfianaise stairiúil thuas maidir le 'Garadice' ach amháin (5) '-ros'.⁸⁹⁵

Ar an lámh eile de ní féidir 'Garbhros' nó 'Garbhrois' a chur as an áireamh toisc go raibh tionchar an Bhéarla an-láidir i ndeisceart na Mí le foirmeacha an-truaillithe mar thoradh i measc na logainmneacha Gaeilge. Mar sin tá seans gur réadú iad (1,3,7,8,12,13,14,15) '-ris' agus (9) 'res' (4) 'ras', agus gan dabht (5) 'ros' ar an eilimint 'ros'.

Faightear baile fearainn i bPort Láirge freisin leis an ainm 'Garrarus/Garbhros' [D] agus san fhianaise le haghaidh an logainm seo tá an leagan **Garreris** in *Inquisitions* 1575.⁸⁹⁶ Is ionann díreach an leagan seo agus (7,13,14) **Garreris** aimsithe agam in *Inquisitions* 1607 le haghaidh 'Garadice' idir lámha a chuireann in iúl go mb'fhéidir go raibh an bunús céanna acu: 'Garbhros'. Is é an bhrí a thugann an Donnabhánach le haghaidh 'ros' i logainmneacha ná 'wood'. Féach faoi 4.24 thuas. I dtaobh leis an míniú seo is suntasach go luaitear '5 acres Underwood' sa bhaile fearainn 'Garreris' in *Civil Survey* v.⁸⁹⁷

Molann Laoide an fhoirm (26) **Garrdha Déas**. Ghlac Oifig an Phoist (na leaganacha 27,28,30 thuas) - le foirm an Laoidigh réamhluaite go dtí gur athraíodh é go (31) 'Garairis' in *AGBP* sa bhliain 1969.

Bhí amhras ar bhaill den Choimisiún Logainmneacha maidir leis an bhfoirm '*Garadaghas' in (29) *AGBPL* ach glacadh leis an bhfoirm **Garairis** níos déanaí agus feictear í sna foinsí oifigiúla ina dhiaidh sin: (31) *AGBP* 1969, (34) an Gasaitéar 1989 agus (31) *BLE* [D].

Sa bhliain 1973 ritheadh *An t-Acht Logainmneacha (Foirmeacha Gaeilge)* agus sa bhliain 1975 tugadh aitheantas dlíthiúil teoranta do na foirmeacha Gaeilge san *AGBP*.⁸⁹⁸ Ansin faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 tugadh comhstádas agus comhfheidhm dlíthiúil do na leaganacha Gaeilge agus Béarla, **Garadice/Garairis** ina measc. Is inmheasta, áfach, gurb í **Garbhros** nó **Garbhrois** bunfoirm an logainm seo a chiallaíonn, b'fhéidir 'rough elevated ground' nó 'rough wood'. Ach tuigtear meon an Bhrainse Logainmneacha anseo maidir leis an bhfoirm Ghaeilge **Garairis** [D].⁸⁹⁹

⁸⁹⁵ Ibid.

⁸⁹⁶ *BLE* Taifid scanáilte faoi 'Garbhros/Garrarus' (www.logainm.ie/mapz) (18 Aibreán 2010).

⁸⁹⁷ *Civil Survey* v, 160.

⁸⁹⁸ *Ainmneacha Gaeilge na mBailte Poist* (Baile Átha Cliath, 1969). lch 55.

⁸⁹⁹ '... in cases where the probable Irish precursor is not quite clear a phonetic approximation is recommended rather than recommending a transparent form (through the eyes of Modern Irish) which might not be at one with the evidence ...' I r-phost ó Chonchubhair Ó Cruaioich maidir le 'Eachaire' (7 Deireadh Fómhair 2010).

4.25 Tulach:

'Tulach', de réir Flanagan and Flanagan, 'Means 'hill' and is usually Anglicised as 'tulla', 'tullagh', 'tullow' or 'tully'. It is widespread throughout the country ...' ⁹⁰⁰ Deir Mac Giolla Easpaig go gciallaíonn 'tulach', "a low hill' or 'mound' and appears to have had significance as an assembly-place or place of inauguration in early Irish society.⁹⁰¹ Tugann Mac Mathúna le fios gur sa tréimhse OIr. 'when ['tulach' was] first attested' agus go raibh 'Celtic cognates' agus 'IE roots' ag an eilimint seo.⁹⁰² Deir Mac Mathúna freisin gurb é an míniú le 'tulach' sna *Milan Glosses* agus sa *Tripartite Life* ná 'hillock' ach go bhfuil an chiall 'cnoc ard' i *Milan* agus an chiall 'cnoc íseal' i *Trip*.⁹⁰³ Ard nó íseal is cnoic iad an dá áit a thugann ainmneacha don dá bhaile fearainn atá faoi bhráid anseo: 4.25.1 **Tullaghmedan** i bparóiste *Derrypatrick* le spota airde 120m agus 4.25.2 **Tullaghkane** i bparóiste *Kilmessan* le spota airde 103m.⁹⁰⁴

4.25.1 **Tullaghmedan:** par. *Derrypatrick* (DI); N90614 52203

Fianuithe:

1)	c.1194	Talachmetan	<i>Reg. St Thomas</i> , p22 ⁹⁰⁵
2)	c.1194	Tolachmedon	<i>Reg. St Thomas</i> , p253
3)	1194X1224	Tolachmedan	<i>Reg. St Thomas</i> , p270
4)	1202	Tholacmedan	<i>Reg. St Thomas</i> , p224
5)	1394/5	Tullagmethan	<i>RPCH</i> , 18 Ric. II, p153
6)	1557	Tollamethane	Griffith, <i>Cal. inq. P. & M.</i> , 20
7)	1557	Tolmethan	Griffith, <i>Cal. inq. P. & M.</i> , 20
8)	1569	Tullemethan	<i>fiant Eliz.</i> , 1462
9)	1577	Tullamethane	<i>fiant Eliz.</i> , 3052
10)	1587-8	Tullameathen	<i>fiant Eliz.</i> , 5146
11)	1591	Tullaghmedane	<i>Pat. Rolls 13 James I</i> , p291
12)	1599	Tullaghmeddan	<i>fiant Eliz.</i> , 6334
13)	1599	Tollaghmeddan	<i>CPCR 18-45, Eliz.</i> , p522

⁹⁰⁰ Flanagan & Flanagan, *Irish place names*, lch. 158.

⁹⁰¹ Mac Giolla Easpaig, 'Placenames and early settlement in county Donegal', lch. 164.

⁹⁰² Mac Mathúna, 'On the provenance of early Irish topographical lexica', lch. 35

⁹⁰³ Liam Mac Mathúna, 'Old Irish heights and word-field potential' in *Studia Hibernica*, xxiv (1984-1990), lgh. 29-50.

⁹⁰⁴ *OSi Discovery Series* (3rd edition) uimhir 42.

⁹⁰⁵ Luaite i ndeontas Leonisius de Bromiard don mhainister - níos luaithe ná 1194 mar dheimhnigh Eugenius Easpag Chluain Ioraird an deontas agus fuair sé bás 1194, Gilbert (ed.), *Register of the abbey of St. Thomas the Martyr*, lgh. 21-22.

14)	c.1600	Tullagmethan	<i>Inq. Leinster Eliz.</i> , 6
15)	1606/7	Tullaghmayne	<i>Inq. Leinster Jac. I</i> , 2
16)	1609	Tullagmethan	<i>Inq. Leinster Jac. I</i> , 7
17)	1616/7	Tullaghmedan	<i>Inq. Leinster Jac. I</i> , 18
18)	1616	Tollaghmedan	<i>Inq. Leinster Jac. I</i> , 18
19)	1633	Tullaghmedan	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 82
20)	1637	Tullaghmedan	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 137
21)	1645	Tullaghmaine al' Tullaghmedan	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 161
22)	1635	Tullaghmedan	<i>Inq. Leinster Car. I</i> , 113
23)	F1654-6	Tollaghmedan	<i>Civil Survey v</i> , 143
24)	1654-6	Tolloghmedan	<i>Civil Survey v</i> , 143
25)	1655-9	Tullaghmeddan	<i>Top. index, Petty BN</i> , p371
26)	c.1666	Tullagmedan	<i>MS G vi 2, BSD</i>
27)	c.1666	Tullaghmedan [index]	<i>MS G vi 2, BSD</i>
28)	c.1672	Tullaghmeda	<i>Top. index, Petty HD</i> , p371
29)	1730	Tullamedan	<i>Wills</i> , i, 590
30)	c.1734	Tullaghmedan	<i>Nugent papers</i> ⁹⁰⁶
31)	1783	Tullymedden	<i>Taylor & Skinner's maps</i> , p56
32)	1812	Tullamedda	<i>Larkin's map</i>
33)	1867	Tullaghmeadow	<i>Cogan</i> , ii, 371
34)	1978	Tulach Meadáin	Fitzsimons, p93
35)	2011	,tolə' medo: [sic] {15,18}	fuaimniú áitiúil

Fianaise athchóirithe ó ainmleabhar *Mi 001* sa Chartlann Náisiúnta, lgh. 17, 18

	Ortagrafraíocht	Údarás nó Foinse
	Tullaghmedan	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Tullaghmeadan	Tenant Leas
	Tullaghmeadan	Applotter of County Cess
	Tully Lymessan [?]	High Commission survey & Valuation Report
	Tolloghmedan	Down Survey Reference
	Tullaghmeddan	Down Survey Map
	Tallagmethan	<i>Inq. Temp. Eliz.</i>
	Tullagmethan	<i>Inq. Temp. Jac. I</i>
	Tullaghmedan	<i>Inq. Temp. Jac. I</i>
	Tullaghmedan	<i>Inq. Temp. Car. I</i>

⁹⁰⁶ Ainsworth & MacLysaght, 'Survey of documents in private keeping', lch. 176.

	Tullagmethan	Inq. Temp. Car. I
	Tulach Meadáin 'Meadan's hill'	John O' Donovan
1836	Tullaghmedan	John O' Donovan

Is logainm Béarlaithe é **Tullaghmedan** le dhá eilimint in ord na Gaeilge. Tugann an Donnabhánach an fhoirm Ghaeilge 'Tulach Meadáin' thuas leis an gciall 'Meadan's hill'. Tá an chéad eilimint, an t-aicmitheoir, follas go leor mar faightear timpeall fiche sampla den fhoirm Bhéarlaithe **Tullagh** sna fianuithe agus is í an fhoirm is coitianta atá le fáil san Ainmleabhar thuas; De réir Flanagan and Flanagan faoi 4.24 is gnáth-Bhéarlú é 'tullagh' ar an bhfocal Gaeilge 'tulach' i logainmneacha.

(Ar eagla go gceapfaí go bhfuil an chéad eilimint (1) **Talachtmetan** in *Reg. St Thomas, Dublin* c 1194 ag tagairt do 'tamhlacht' cuireann Flanagan and Flanagan in iúl gurb iad na gnáth-fhoirmeacha Béarlaithe ar an eilimint seo ná 'tamlaght', 'tamlat' nó 'tawlaght' agus chomh maith leis sin is áirithe go bhfuil meáchan na fianaise bailithe ag léiriú gurb é 'tulach' bunfhoirm an aicmitheora anseo.)

Measaim go dtaispeánann na fianuithe luatha i gcáipéis Laidine *Reg. St. Thomas* (1) 'Talach' agus (2), (3) 'Tolach' gur **tulach** seachas 'tulaigh' (foirm an logthuisil) a bhí iontu agus gur fuaimníodh an foirceann cuimilteach coguasach /x/ fós. Faoin 16ú haois tá fáil ar fhoirmeacha ar nós (6) 'Tolla', '(8) 'Tulle', (9), (10) 'Tulla' agus (11) 'Tullagh' agus araile ag taispeáint go raibh fuaim an /x/ curtha ar ceal leis an bhfuaimniú /tulə / mar thoradh i gcaint na ndaoine. Ón am sin i leith faightear an fhoirm **Tullagh** go rialta sna foinsí agus san Ainmleabhar bainteach thuas agus ní haon ionadh gur mhol Ó Donnabháin an leagan sin le greanú ar mhapaí na SO cé gur roghnaigh sé 'Tully' le haghaidh an aicmitheora i 'Tullykane' 4.24.2 sa pharóiste lastuaidh.

Dar leis an Donnabhánaigh san Ainmleabhar freisin is ainm pearsanta nó sloinne é an dara heilimint; is é an bunús a thugann sé ná 'Tulach **Meadáin**/Meadan's hill'. Glaonn daoine áitiúla, cuid acu ar aon nós, 'Tullaghmedda' ar an áit seo - féach an fianú (35) ,tolə'medo: an fuaimniú áitiúil, (32) 'Tullamedda' an fhoirm ar *Larkin's map* agus tabhair faoi deara an tagairt seo in *Cogan*, 'Mass was celebrated, in the penal days, in the open air, on the townlands of Galtrim, Boycetown and **Tullaghmeadow**.'⁹⁰⁷ Tarraingítear an cheist anuas an sloinne nó bunús eile é atá i gceist sa cháilitheoir.

⁹⁰⁷ Cogan, *The diocese of Meath*, ii, 371.

Faightear na sloinnte gaolta 'Meaden' agus 'Meadow' in Reaney and Wilson: 'Meaden Hugo *ate Medende* 1332 SRSr. 'Dweller by the meadow-end' agus 'Meadow, Meadows, Medeede: Henry *I'the, de la Medewe* 1280 MELS (Wo); Henry *del Medue* 1283 Ipm (Db); Richard *atte Medeue* 1327 SRSx. 'Dweller by the meadow, OE *mæd, mædwe*.⁹⁰⁸ Ar an ábhar seo is cosúil gur sampla de 'folk etymology' é 'Tullaghmeden *et var.* > Tullaghmeadow'.

Feictear na foirmeacha (28) '-meda (32) '-medda' (33) '-meadow' sna fianuithe thuas ach sin méid na fianaise stairiúla den sórt seo agus is tearc é nuair a thugtar faoi deara go dtéann na fianuithe chomh fada siar le (1) 'Talachmetan' i *Reg. St Thomas, Dublin* thart timpeall na bliana 1194 gan aon réamhtheachtaí ar nós 'meadow'. Ní fheictear 'meadow' *et var.* i bhfianaise chomhaimseartha an Donnabhánaigh ach an oiread.

Is iad na foirmeacha is coitianta ná 'Medan(e)' le cúig shampla déag agus 'Methan(e)' le seacht sampla san fianuithe thuas. Feictear (25) 'Tullaghmedden' ar léarscáil Petty agus (31) 'Tullymedden' ar léarscáil Taylor & Skinner.

Cuireann cuid de na foirmeacha stairiúla, go háirithe (6,9) 'methane' agus (11) 'medane' in iúl gur guta fada atá sa dara siolla ach níorbh fhéidir liom aon ainm pearsanta i bhfoirm 'Meadán' an Donnabhánaigh a aimsiú sna martarlaigí ná in *CGH*, Arbuthnot (2006) ná Uí Chuív⁹⁰⁹ cé go bhfaightear an t-ainm, baininsneach sa sampla seo, 'Meadan d. Ughaine Mór' in Ó Muraíle *GBIG*.⁹¹⁰

Ar an lámh eile de faightear ainm cosúil, **Míodán** i logainmneacha eile, cuir i gcás 'Kilmedan/Cill Mhíodáin' [D] i gContae Phort Láirge. I dtaifead scanáilte uimhir 6 in *BLE* deir Power, 'Míodán resolves into Mo-Íde-án ...'⁹¹¹ An féidir linn a mheas gurb é an t-ainm pearsanta 'Míodán' an cáilitheoir sa logainm 'Tullaghmeadan'?

Féachaimís ar fhéidearthacht eile. Tá an logainm 'Tulaigh Mheáin/Tullamain' [D] i dTiobraid Árann agus feictear ar tháifead scanáilte in *BLE* go raibh na foirmeacha '-mathan' faoi dhó, '-**methan**' faoi dhó chomh maith le líon mór de na foirmeacha '-mean'

⁹⁰⁸ Reaney & Wilson, *A dictionary of English surnames*, lgh. 304, 305.

⁹⁰⁹ Ó Cuív, 'Borrowed elements in the corpus of Irish personal names', lgh. 40-51.

⁹¹⁰ Ó Muraíle, *GBIG*, i, 104.4, lch. 278.

⁹¹¹ *BLE* Táifead scanáilte 6/14 faoi 'Kilmedan' (www.logainm.ie) (7 Nollaig 2010).

agus '-main' san fhianaise stairiúil.⁹¹² I ndáil le 'Tullaghmedan' idir lámha, faightear foirmeacha cosúla (1) '-metan', (2) '-medon', (3,4) '-medan', (5,6,7,8) '-methan(e)' agus go suntasach (15) '-mayne', (21) '-maine'. Tá seans maith gur réadú iad ar 'medón, medān, meadhón, meadhán, meidheón ...' na foirmeacha a fheictear in *eDIL* leis na Keywords: middle; centre ...⁹¹³ Dála an scéil feictear 'Tullaghmedan' le spota airde 121m idir dhá phointe airde eile, 123m sa bhaile fearainn 'Glane Little' agus 109m i mbaile fearainn 'Derrypatrick' ag cur in iúl b'fhéidir gurbh é an 'tulach mheáin' ó thaobh suímh de.⁹¹⁴

Tar éis dom an píosa thuas a scríobh fuaireas an dá phíosa fianaise seo a leanas ag tacú leis an bhfocal bunúsach 'meán' (< medón) i bhfeidhm cáilitheora anseo. Luann O' Rahilly '**Tullaghmedan**' san aicme '*Irish dh preserved in English*' [by 'th, rarely d, t]: 'Tullaghmedan, co. Meath; Talachmetan, Tholacmedan, etc., Regr. Abbey of St. Thomas; Tullemethane, Tullemethan, etc., F.E.: *Tulach Meadhóin* (?).⁹¹⁵ Cé go gcuireann an Rathailleach comhartha ceiste i ndiaidh na fianaise is suntasach chomh maith an méid seo a luann de hÓir maidir le logainm eile: 'Seasann an *th* in Clonmethan don *dh* a bhí san fhocal meán (medón)'.⁹¹⁶

Ar an iomlán measaim go dtagann an fhianaise níos fearr leis an bhfoirm 'An Tulach Mheáin /Middle hill' mar bhunús ná le 'Tulach Míodáin/Míodán's Hill' nó 'Tulach Meadáin/ Meadan's hill' an Donnabhánaigh. Is í an fhoirm Ghaeilge **An Tulach Mheáin** a mholtar mar sin.

4.25.2 **Tullykane** par. Kilmessan (DI); N90255 57118

Fianuithe:

1)	1654-6	Tullaghkean	<i>Civil Survey</i> v, 137
2)	1654-6	Tullaghkian	<i>Civil Survey</i> v, 138
3)	1655-9	Tullakeane	<i>Top. index, Petty BN</i> , p371
4)	c.1666	Tullaghkean	<i>MS G vi 2, BSD</i>
5)	c.1672	Tullakeen	<i>Top. index, Petty HD</i> , p371
6)	1812	Tullakane	<i>Larkin's map</i>
7)	1978	Tulaigh (Tulach) Chein	Fitzsimons, p93
8)	2011	,toli: 'ke:n {9,18}	fuaimniú áitiúil

⁹¹² Ibid. Taifead scanáilte faoi 'Tulaigh Mheáin' (05/04/2011).

⁹¹³ *eDIL*, litir M, colún 79, líne 014 (www.dil.ie) (29 Aibreán 2010).

⁹¹⁴ *OSi Discovery Series* (3rd edition) uimhir 42.

⁹¹⁵ O' Rahilly, 'Notes on middle-Irish pronunciation', lch. 177.

⁹¹⁶ de hÓir, 'Srachféachaint ar logainmneacha Bhaile Átha Cliath', lch. 135.

	Ortagrafaíocht	Údarás nó Foinse
	Tullykane	Boundary Surveyor's Sketch Map
	Tullakane	Larkin's Map 1812
	Tullaghwon	High Commission Survey & Valuation Report
	Tullaghkean	Down Survey Reference
	Tullakeane	Down Survey Map
	Tullaigh Cian	John O' Donovan
	Tulaigh Céin, 'Kian's hill'	John O' Donovan
	Tulla-Cían [i bpeann luaidhe]	John O' Donovan
1836	Tullykane	John O' Donovan

Is logainm Béarlaithe é **Tullykane** le dhá eilimint faoi chomhréir na Gaeilge de réir cosúlachta. Is Béarlú é 'tully' de ghnáth ar an bhfocal Gaeilge 'tulaigh' i logainmneacha – tá timpeall cúig chéad nócha (590) solaidí in *GAI*.⁹¹⁷

Maidir le **Tullykane** idir chamáin feictear an spota airde 120m sa léarscáil bhainteach den tsraith *Discovery* a thaispeánann cén fáth go nglaothar 'tulach' air.⁹¹⁸ Is í an fhoirm 'Tully-' a shocraíonn Ó Donnabháin le greanú ar mhapaí na SO. I dtaca leis an mbunfhoirm Ghaeilge **tulaigh** a mholann sé, is claontuiseal é de 'tulach'.

Faightear an fhoirm (3,5,6) 'Tulla' san fhianaise stairiúil. Deir O' Rahilly maidir le fuaimniú '(a)igh' i gcanúintí éagsúla, '... in Laighin ... the *gh* of *igh* was simply dropped, so that *-igh* became *-e (-i)*, and *-aigh* became *-a*.'⁹¹⁹ Ar an ábhar seo is inmheasta gur réadú é 'Tulla' freisin ar an bhfoirm Ghaeilge 'Tulaigh' [< tulə < tulaigh]. De réir an Laoidigh, faightear 'rachaidh' i gcanúint na Mí le fuaimniú /ra'-hə/ i gcóras foghrúil Eoghan Ó Gramhnaigh [cf. Williams: /rahə/].⁹²⁰

An féidir gur réadú ar an aidiacht **cian** nó ar an aidiacht **caoin** atá sa dara heilimint Bhéarlaithe (1-5). In *eDIL* faightear an ceannfhocal 'cían' le leaganacha eile 'cén ... cén' agus leis na Keywords: 'Long; enduring; far; distant ...'⁹²¹ Cé gurb annamh a fheictear an eilimint 'cian' in áitainmneacha is sách minic a fheictear an aidiacht 'caoin' a chiallaíonn

⁹¹⁷ *GAI*, lgh. 881-890.

⁹¹⁸ *OSi Discovery Series* (3rd edition) uimhir 42.

⁹¹⁹ O' Rahilly, *Irish dialects*, lgh. 53, 54.

⁹²⁰ Laoide (eag.), *Duanaire na Midhe*, lch 130; féach freisin Williams 'Téacsanna foghrúla', lch. 282, 283.

⁹²¹ *eDIL*, litir C, colún 178, líne 012 (www.dil.ie) (30 Eanáir 2011).

'smooth ... gentle.'⁹²² Cuir i gcás na solaoidí 'Cluain Caoin/Clonkeen' [D] i Luimneach, agus 'Ros Caoin/Roskeen' [D] i dTiobraid Árann.⁹²³ Ach feictear an fhoirm (6) '-kane' thuas agus, go suntasach, an fhoirm chéanna ar an 'Boundary Surveyor's Map' san Ainmleabhar chomh maith leis an bhfuaimniú áitiúil (8) /,toli:'ke:n/ a thaobhódh le guta fada agus a chuirfeadh na haidiachtaí 'cian' agus 'caoin' as an áireamh, measaim.

De réir an Donnabhánaigh san Ainmleabhar thuas, is **ainm pearsanta** é an dara heilimint; Scríobh sé 'Tulla-Cian' i bpeann luaidhe, foirm a fuair sé '... ó chaint na háite'⁹²⁴ is dócha agus is 'Tulaigh Céin' (scríofa le dúch) leis an miniú 'Kian's hill' an fhoirm údarásach ina thuairim.⁹²⁵ Deir Ó Corráin and Maguire, 'This name was borne by two legendary heroes, **Cian** CúlDub ('of the dark hair') of Leinster and Cian, son of Ailill Ólan, ancestor of the Cianachta people.'⁹²⁶ Is ródhócha go bhfuil an ceart ag Ó Donnabháin nuair a deir sé gurb é 'Tulaigh Céin' an fhoirm bhunaidh agus, ar an ábhar seo, moltar an fhoirm Ghaeilge **Tulaigh Chéin** anseo.

⁹²² Ó Dónaill, *Foclóir Gaeilge Béarla*, lch. 187.

⁹²³ *BLE* faoi 'Ardkeen' agus 'Clonkeen' faoi seach (www.logainm.ie) (30 Eanáir 2011).

⁹²⁴ Art Ó Maolfabhail (eag.), *Logainmneacha na hÉireann imleabhar I: Contae Luimnigh* (Baile Átha Cliath, 1991), lch. xvii.

⁹²⁵ Ainmleabhar na SO *Mí 063*, lch. 6.

⁹²⁶ Ó Corráin & Maguire, *Irish names*, lch. 51.

Focal Scoir

Ba í aidhm an tráchtais seo a oiread agus ab fhéidir a fháil amach maidir le bunfhoirmeacha agus bríonna logainmneacha na mbailte fearainn sna barúntachtaí Dhéise Uachtarach agus Dhéise Íochtarach i gContae na Mí. Rinneadh an obair seo i gcorp an tráchtais: Caibidil 3, Plé ar na logainmneacha Béarla agus Caibidil 4, Plé ar na logainmneacha Gaeilge.

Ba shuntasach an líon logainmneacha leis an eilimint 'town' iontu sa dá bharúntacht le chéile: seachtó trí (73) as an iomlán céad tríocha is cúig (135) .i. 54%, céadatán atá i bhfad níos mó ná meán na tíre, 4.3%. Ar na logainmneacha seo bhí an tromlach, líon caoga (52), den chomhdhéanamh 'ainm duine + town' .i. 38% as an iomlán faoi chaibidil.

I gCaibidil 3.1 i gcoitinne bhí bunúis na sloinnte sna logainmneacha follas go leor nó bhí siad éasca go leor a aimsiú. I gcásanna áirithe bhí deacrachtaí. Ba dhoiligh, mar shampla, cinneadh dearfa a dhéanamh faoi na sloinnte 'Barrack', 'Basket', agus 'Bedfan'. Ba dheacair freisin a bheith cinnte arbh é bunús dúchasach nó eachtrannach a bhí ag na sloinnte 'Martin' agus 'Moore' faoi seach agus ba ghá a cheistiú fiú arbh é an dreach fisiciúil 'moor' a bhí sa logainm 'Moorestown'. Ba dhúshlánach chomh maith an logainm 'Finlaghtown'. Sna cásanna seo go léir rinneadh iarracht an fhianaise a bhí le fáil a chioradh chomh fada agus ab fhéidir. Tugadh faoi deara chomh maith go raibh na hainmneacha Gaelacha seo ceangailte leis an eilimint 'town': Eoghain, An Sionnach [= Ó Ceatharnaigh], Mac Fhionnlaoich, Ó Branagáin, Ó Dalláin (Gaelach, b'fhéidir), Ó Leannáin, Ó Rodáin.

I gCaibidil 3.2 rinneadh plé ar ocht déag de logainmneacha le príomheilimint 'town' agus le cáilitheoir eile seachas sloinne, cé go raibh orm sloinne a chur san áireamh chomh maith le gnéithe fisiciúla nuair a bhí cioradh á dhéanamh agam ar 'Longtown', 'Bogganstown', 'Knockstown', 'Windtown' agus 'Woodtown'. Faoi 3.2 freisin bhí cúig áitainm den chineál leathastriúcháin, agus ba iad sin 'Batterstown', 'Bogganstown', 'Cooljohn', 'Curraghtown' agus 'Monenstown'. Bhí dhá logainm le míreanna Gaeilge comhcheangailte le 'Newtown' agus ba iad sin 'Newtownmoyaghy' agus 'Newtownrathganley'. Rinneadh plé orthu sa chaibidil seo toisc gurbh i mBéarla a bhí an t-aicmitheoir. Bhí logainmneacha comónta freisin ar nós 'Milltown' agus 'Oldtown' sa chuid seo den chaibidil.

I gcuid 3.3 rinneadh cioradh ar na logainmneacha Béarla eile gan an eilimint 'town' iontu. De ghnáth bhí siad follas go leor; cuir i gcás na leathastriúcháin, 'Batterjohn' agus

'Cooljohn'.

Rinneadh plé ar sheasca haon logainmneacha i gCaibidil 4: Plé ar na logainmneacha Gaeilge. Mar a bhíothas ag súil leis, ba iad na logainmneacha le príomheilimint 'baile' ba líonmhaire le trí cinn déag nó céatadán 22% as an iomlán de sheasca. San aicme 'cill/coill' glacadh leis gur 'cill' a bhí mar aicmitheoir sna hainmneacha 'Kilcarty', 'Kilmessan', 'Kilmore', 'Kiltale', 'Killeany' agus gurbh é 'coill' an t-aicmitheoir bunaidh sna hainmneacha 'Kilgrague', 'Kilclone', 'Kilglin'; bhíothas amhrasach faoi 'Kilcooly'. Ba mhinic an t-ionannú idir 'Kilglin' agus 'Ceall Dumha Gluinn' sna foinsí ach níor aontaigh eagarthóirí *FSAG* leis an ionannú agus chuir mé plé iomlán Dhiarmuid Uí Mhurchadha i leith an logainm seo san áireamh faoi 4.6.4 'Kilglin'. (Fuair Diarmuid bás gairid ina dhiaidh sin ar an 16ú Lúnasa. *Requiescat in pace.*)

Bhí trí logainm san aicme 'cúil/cúl' agus glacadh leis go sealadach gur 'cúil' a bhí mar aicmitheoir iontu faoi seach toisc go bhfuil 'cúil' níos comónta ná 'cúl' in áitainmneacha, cé nach féidir a bheith lánchinnte d'uireasa fianaise. Áitíodh gurbh é 'cadaigh' (tuisseal gin. den ainmfhocal 'cotach > catach > cadach') an cáilitheoir bunaidh sa logainm 'Moynagaddy' in ionad 'gadaí' mar a mholtar in www.logainm.ie.

Sa chaibidil seo freisin ba dhúshlánach iad ar shlite éagsúla na logainmneacha, 'Affollus', 'Agher', 'Augherskea', 'Ballastran', 'Ballinter', 'Balsoon', 'Culcor', 'Galtrim' agus 'Garadice'. Sna cásanna seo go léir rinneadh iarracht an fhianaise a bhí le fáil sna foinsí chomh maith le fianaise iomthoisceach agus fianaise áitiúil a chíoradh chomh fada agus ab fhéidir chun cinneadh a dhéanamh maidir lena mbunfhoirmeacha.

Cad ba chóir a dhéanamh anois? Gan amhras tá a lán oibre déanta cheana féin ag an mBrainse Logainmneacha ar áitainmneacha na Mí agus is ródhócha go bhfuil obair á dhéanamh ag taighdeoirí ar bharúntachtaí agus ar pharóistí eile i láthair na huaire. Is bainteach freisin an obair atá ar siúl ag an tionscadal LOCUS in Ollscoil na hÉireann Corcaigh mar clúdófar ainmneacha áirithe i gContae na Mí faoina dtéarmaí tagartha.

Is féidir linn glacadh leis freisin go bhfuil sé mar aidhm ag an mBrainse Logainmneacha leabhar a chur ina sraith *Liostaí Logainmneacha* uair éigin tráthúil faoin teideal *Liostaí Logainmneacha: Contae na Mí*. Chomh maith leis sin ba shuimiúil agus ba thairbheach sain-thaighde a dhéanamh ar aicmí ar nós téarmaí eaglasta, nó eilimintí áirithe geografacha

i logainmneacha an chontae nó tabhairt faoin gcineál taighde a rinne Pádraig Ó Cearbhaill ar na heilimintí 'cill' agus 'cluain' faoi seach i logainmneacha Thiobraid Árann (féach an Leabharliosta).

Maidir le fuaimniú na logainmneacha i gContae na Mí ní féidir tionchar na lonnaitheoirí a tháinig isteach faoi scéim Choimisiún na Talún sa 20ú haois a ghanmheas. Tá seans go bhfaca siadsan na logainmneacha i bhfoirm scríofa sarar chuala siad iad agus is dóchúil go ndeachaigh na foirmeacha scríofa seo i bhfeidhm ar an bhfuaimniú a rinne siad de réir a gcanúintí féin (i mBéarla nó i nGaeilge), go mórmhór in áiteanna nach raibh a lán daoine dúchasacha iontu. Mar adeir Duffy, 'Townlands in Meath generally, but especially in the southern half ... were very empty places.'¹ Bheadh scagadh faoi leith de dhíth chun a dtionchar siúd ar fhuaimniú na logainmneacha a mheas sara mbeadh sé ró-dhéanach.

D'fhéadfaí ábhair eile i gcoitinne a lua le haghaidh tuilleadh taighde, mar shampla, an tionchar a bhí ag Athrú mór na nGutaí (GVS) ar Bhéarlú na logainmneacha Gaeilge nó na cúiseanna faoi bhun an fhoráis 'Baile > Bally > Bal' agus a leitheadúlacht i Laighin Thuaidh nó na logainmneacha i bhfoinsí Gaeilge meánaoiseacha, agus eile nach bhfuil scrúdaithe go mion fós, a ionannú agus a mhíniú. Maidir le foinsí Béarla freisin, tá gá, mar shampla, le innéacs cuimsitheach de na logainmneacha in *Irish Patent rolls of James 1*,² nach bhfuil déanta fós go bhfios dom, cé go bhfuil innéacs na sloinnte curtha in eagar ag Peter Manning.³ B'fhiú taighde a dhéanamh freisin ar úsáid eilimintí Gaeilge ar nós 'ráth' (Béarlaithe mar 'rath'), 'bóthar' (Béarlaithe mar 'batter'), srl. i logainmneacha Béarla ar nós 'Dardisrath', 'Batterjohn', srl. i gContae na Mí. Ach is é an rud ab fhearr liomsa a dhéanamh i láthair na huaire ná plé le logainmneacha na mbailte fearainn sna barúntachtaí eile i gContae na Mí nach bhfuil iniúchta go mion fós, nó scagadh faoi leith a dhéanamh ar iomlán na logainmneacha Béarla sa chontae sin mar aonad taighde amháin.

Ar an iomlán bhaineas taitneamh as an taighde a bhí le déanamh le haghaidh an tráchtais seo agus tá súil agam go mbeifear in ann leas a bhaint as.

Leabharliosta

1 P. J. Duffy, 'Heritage and history: exploring landscape and place in county Meath' in *Ríocht na Midhe*, xi (2000), lch. 201.

2 *Irish patent rolls of James 1*: facsimile of the Irish Records commission's calendar prepared prior to 1830/ Foreword by M. C. Griffith (I.M.C., Dublin, 1966)

3 Peter Manning, *Irish patent rolls of James 1: index of persons* (Rainham, Kent, 1987)

Foinsí Lámhscríbhinní (i gcoitinne) de réir stórtha

Leabharlann Marsh, Baile Átha Cliath <http://www.marshlibrary.ie>

Tras-scríbhinn 1647 John Stearne, 1647 de *Bishop Dopping's Visitation Book*. (Z3.1.4)

An Chartlann Náisiúnta, Baile Átha Cliath <http://www.nationalarchives.ie>

An tSuirbhéireacht Ordanáis:

Ainmleabhair na Mí OS 88

Fair Plans na Mí OS 105

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann <http://www.nli.ie>

Copy of Down Survey maps (micreascannán 7382 (a) agus MS 715)

Longfield Maps Portfolio 21 F 14 Nos. 4, 5, 6

Lámhscríbhinní:

Laurence Petyt and Ella Cusacke, 1327 [doiléir] (D. 17,004)

Sir Simon de Geneville and his wife, 1332 (D. 17,001)

Quitclaim by Bertreda, daughter of Sir Hugo Hussee, May 1338 (D. 17,002)

Grant from Simon de Geynuill, knight to William le Blound, 1343 (D. 10,020)

Quitclaim by John Greene, le Curragh, in the tenement of Culmullyne (D. 17,005)

The manor of Galtrim, 1402-03 (D. 17010)

Commission – Nicholas Hussey and church livings at Galtrim, 1532 (D. 17,006)

Estates of James Hussey Galtrim, 1589 (D. 17007)

Copy of Books of Survey and Distribution, Louth and Meath (MS 974)

Benjamin Pratt Agher/ Receipts for rent, 1701 (MS 5245)

Aldercron papers, 1705-1856 (MS 8730)

Vestry minute and collection book, Parish of Agher, 1745-1800 (MS5246)

Farming accounts of Benjamin Pratt Agher, 1726-1742 (MS 5248)

Cash book of Jane Fitzsimons of Garadice, 1758-1774 (MS 5591)

Rent roll of Stafford Hussey's estate, c. 1767 (MS 8850)

An tÚdarás Clárúcháin Maoine: Clárlann na Talún, Sráid Henrietta, Baile Átha Cliath
<http://www.prai.ie>

Imleabhair 1, 2, 8, 9, 11, 13, 17, 21, 22, 64, 189, 282, 318, 334, 354 (1708 -)

Acadamh Ríoga na hÉireann, Baile Átha Cliath <http://www.ria.ie>

Books of Survey and Distribution, V, East Meath and Louth, Stowe and Ashburnham Collection (LS G vi 2)

Extracts relating to places in County Meath from *AFM* etc. (LS 14 E 21)

Extracts relating to County Meath including traces of Maps: Petty's HD, Speed's Countie of Leinster 1610, Senet and Maxwell Map 1711 (LS 14 E 22)

Irish Miscellany of John Finegan (LS 23079)

Patraic Ua Caoimh 1832 *Glossarium Topographicum Hibernicum* (LS 14 G B)

Upton papers no. 12: An alphabetical list of Meath freeholders 1799

(Clóscribhinn)

Leabharlann an Ruiséalaigh, Maigh Nuad <http://www.library.nuim.ie/russell/>

Boyce Deeds no. 3, 1540
Boyce Deeds no. 5, 1560
Boyce Deeds no. 7, 1577
Boyce Deeds no. 8, 1629.
Boyce Deeds no. 10, 1632-3

Lámhscríbhinní O' Renehan: Iml. ix, Patent rolls 14th -16th James I

Roinn an Bhéaloidis Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath <http://www.ucd.ie>

The Schools' Manuscript Folklore Collection 1937-38, vol 689 (MSS 188, 189)

Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath <http://www.tcd.ie>

Quitclaim from Richard FitzRichter to Edmund de Berford in Galtrim, 1351
(LS3857/1)
Grant from Peter Edward to Nicholas Hussey of Galtrim, 1439 (LS 3857/5)
Deed concerning Nicholas Hossey de Galtrym, 1517 (LS 3857/8)
Deed re marriage of Nicholas Hussey to Margaret Rochfort, 1600 (LS 3857/12)

Na Foinsí eile seachas foinsí leictreonacha

'A Calendar of the Liber Niger and Liber Albus of Christ Church Dublin' in *PRIA*, 75C
(1907-09)

Adams, G. B., 'Prolegomena to the study of Irish placenames' in *Nomina*, ii (1978)

Ahlquist, Anders, 'Litriú na Gaeilge' in Kim McCone *et al* (eag/i), *Stair na Gaeilge in ómós do Pádraig Ó Fiannachta* (Maigh Nuad, 1994)

Ainmneacha Gaeilge na mbailte poist i gcúige Laighean (Baile Átha Cliath, 1964)

Ainmneacha Gaeilge na mbailte poist (Baile Átha Cliath, 1969)

Ainsworth, J. F. and Edward MacLysaght, 'Survey of documents in private keeping' in *Analecta Hib.*, no. 20 (1958)

An abstract of the presentments of the Grand Jury County Meath at the lent assizes 1803 and summer assizes 1806 in *Grand Juries of Ireland County of Meath* (digitized by Google; print copy in Navan library County Meath)

Andrews, J. H., 'The struggle for Ireland's public commons' in P. O' Flanagan, P. Ferguson, K. Whelan (eds), *Rural Ireland 1600-1900: modernisations and change* (Cork, 1987)

Andrews, J. H., "More suitable to the English tongue": The cartography of Celtic placenames' in *Ulster Local Studies*, xiv, 2 (Belfast, Winter 1992)

Andrews, J. H., 'The maps of Robert Lythe as a source for Irish place-names' in *Nomina*, xvi (1992)

Andrews, J. H., *Shapes of Ireland: maps and their makers 1564-1839* (Dublin, 1997)

Andrews, J. H., *A paper landscape: the Ordnance Survey in nineteenth-century Ireland* (Dublin, 2nd edition, 2002)

Arbuthnot, Sharon, *Cóir anmann: a late medieval treatise on personal names* (2 parts, London, ITS 60, 2006)

- Archdall, Mervyn, *Monasticon hibernicum, or history of the abbeys, priories, and other religious houses* (Dublin, 1786)
- 'As cartlann na Logainmneacha' in *Dinnseanchas* (1975)
- Atkinson, Robert (ed.), *The book of Leinster sometimes called the book of Glendalough* (Dublin, 1880)
- Atkinson, Robert (ed.), *The book of Ballymote, a collection of pieces (prose and verse), in the Irish language, compiled from the beginning of the fifteenth century* (facsimile, Dublin, 1887)
- Baumgarten, Rolf (eag.), 'Old personal names in M. A. O' Brien's 'Rÿs lecture' notes', 1957 in *Celtica*, x (1973)
- Baumgarten, Rolf, 'Etymological aetiology in Irish tradition' in *Eriú*, 41 (1990)
- 'Bayly papers' in *Analecta Hib.*, no. 25 (1967)
- Beaufort map 1797 in Arnold Horner, *Mapping Meath in the early 19th century with an atlas of William Larkin's map of County Meath 1812* (Wordwell, Bray, 2007)
- Berry, Henry F. (ed.), *Statute rolls of the parliament of Ireland of the reign of Henry the sixth* (Dublin, 1910)
- Berry, Henry F. (ed.), *Statute rolls of the parliament of Ireland first to the twelfth year of the reign of king Edward IV*, Part I (Dublin, 1914)
- Best, R. I. and H. J. Lawlor (eds), *The martyrology of Tallaght* (London, 1931)
- Best, R. I., Osborn Bergin, M.A. O' Brien and Anne O' Sullivan (eds), *The book of Leinster, formerly leabar na núachongbála*, (6 vols, Dublin 1954-83)
- Bieler, Ludwig (ed.), *The patrician texts in the book of Armagh* (Dublin, 1979)
- Binchy, D. A., 'The background of early Irish literature' in *Studia Hibernica*, i (1961)
- Blaeu, Ionnem, *Nuevo atlas de los reynos de Escocia Eirlanda 1654* (Mapa/Russell, NUIM)
- Blaeu, Joan, Hibernia (Regnum Vulgo) in *Atlas Maior 1665* (Mapa/Russell, NUIM)
- Boazio, Baptista, *Map of Ireland c. 1609* (Mapa/Glucksman, TCD)
- Bomford, C.P., 'The Bomford family and allied families', lch. 102 (www.Bomford.net/IrishBomfords/Chapters/BomfordFamilyAug2005.pdf)
- Bowen, C., 'A historical inventory of the Dindsheanchas' in *Studia Celtica*, x/xi (1975/76)
- Brady, John, *A short history of the parishes of the diocese of Meath 1867-1937* (Navan, 1937-41)
- Bragg, Melvin, *The adventure of English: The biography of a language* (London, 2003)
- Brainse na Logainmneacha:
- Ainmneacha Gaeilge na mbailte poist i gcúige Laighean* (Baile Átha Cliath, 1964)
- Ainmneacha Gaeilge na mbailte poist* (Baile Átha Cliath, 1969)
- Gasaitéar na hÉireann: ainmneacha ionad daonra agus gnéithe aiceanta* (BÁC, 1969)
- Liostaí Logainmneacha: Contae Lú* (Baile Átha Cliath, 1991)
- Liostaí Logainmneacha: Contae Luimnigh* (Baile Átha Cliath, 1991)
- Liostaí Logainmneacha: Contae Phort Láirge* (Baile Átha Cliath, 1991)
- Liostaí Logainmneacha: Contae Chill Chainnigh* (Baile Átha Cliath, 1993)
- Liostaí Logainmneacha: Contae Uibh Fhailí* (Baile Átha Cliath, 1994)
- Liostaí Logainmneacha: Contae Mhuineacháin* (Baile Átha Cliath, 1996)
- Liostaí Logainmneacha: Contae Thiobraid Árann* (Baile Átha Cliath, 2004)
- Logainmneacha na hÉireann I: Contae Luimnigh*, A. Ó Maolfabhail (BÁC, 1990)
- Logainmneacha na hÉireann II: cill i logainmneacha Thiobraid Árann*, P. Ó Cearbhaill (BÁC, 2007)
- Logainmneacha na hÉireann III: chuain i logainmneacha Thiobraid Árann*, P. Ó Cearbhaill (BÁC, 2010)
- Breatnach, Liam, 'An Mheán -Ghaeilge' in Kim McCone *et al* (eag/í), *Stair na Gaeilge in ómós do Pádraig Ó Fiannachta* (Maigh Nuad), 1994
- Buttimer, Neil, Colin Rynne and Helen Guerin (eds), *The heritage of Ireland* (Cork, 2000)

- Byrne, F. J. 'Church and politics c. 750 – C. 1150' in T.W. Moody, F.X. Martin, F.J. Byrne (eds), *A New history of Ireland*, i: *Prehistory and early Ireland* (Oxford, 2005)
- Calendar of Christ Church deeds, 1174 – 1684*, contained in appendices to 20th, 23rd and 24th reports of the Deputy Keeper (PROI, Dublin, 1896)
- Calendar of entries in the papal registers relating to Great Britain and Ireland; papal letters, 1198-1304* [etc.] (London, 1893- ; Dublin, 1896-)
- Calendar of inquisitions miscellaneous (chancery) 1219-1307* [etc.] (2 vols, London, 1916)
- Calendar of inquisitions post mortem* (Henry III, Edward I, Edward II and Edward III) (10 vols, London 1904 -1921)
- Calendar of inquisitions post mortem* (Henry VII) (2 volumes, London, 1898, 1915)
- Calendar of the Irish patent rolls of James I: facsimile of the Irish record commissioners' calendar prepared prior to 1830*, with foreword by M.C. Griffith (I.M.C., Dublin, 1966)
- Calendar of papal register: papal letters 1198-1304* [etc.] (4 vols, London, 1893)
- Calendar of patent rolls of Henry III, 1216-1225* [etc.] (4 vols, London, 1901—8)
- Calendar of the Carew Manuscripts*, leabharlann ard-easpagóideach, Lambeth (1867): i ríomhleabhar, Leabharlann Eoin Pól II, Má Nuad (<http://www.archive.org/details/calendarof-carewm>)
- Cameron, Kenneth, *English place-names* (London, 1961)
- Carey, John, Máire Herbert, Kevin Murray (eag/i), *Cín Chille Cúile* (Aberystwyth, 2004)
- Carney, James (ed.), *Poems of the Butlers* (Dublin, 1945)
- Chart, D.A. (ed.), *The register of John Swayne, archbishop of Armagh, 1418-1439* (Belfast, 1939)
- Cheney, C. R., (ed.), *Handbook of dates for students of English history* (Cambridge, 1997)
- Cogan, Anthony, *The diocese of Meath: ancient and modern* (3 vols, Dublin, 1867; 1992)
- Colgan, John, *Acta sanctorum veteris et et maioris Scotiae, seu Hiberniae sanctorum insulae* (2 vols, Louvain, 1645; reflex facsimile, introduction by B. Jennings, Dublin, 1948)
- Colgan, John, *Triadis thaumaturgae, seu divorum Patricii, Columbae et Brigidae* (Louvain, 1647)
- Connolly, Philomena and Geoffrey Martin (eds), *The Dublin guild merchant roll c.1190-1265* (Dublin, 1992)
- Connolly, Philomena, *Medieval record sources* (Dublin, 2002)
- Corish, P.J., 'The Cromwellian regime 1650-69' in T. W. Moody, F.X. Martin and F. J. Byrne (eds), *A new history of Ireland*, iii: *Early modern Ireland 1534-1691* (Oxford, 1976)
- Cosgrove, Art (ed.), *A new history of Ireland*, ii: *medieval Ireland 1169-1534* (Oxford, 1987)
- Costello, M.A. and Ambrose Coleman (eds), *De annatis Hiberniae: a calendar of the first fees levied on papal appointments to papal benefices in Ireland A.D. 1400-1535 from the Vatican and other Roman archives*, i Ulster (Dundalk, 1909; reissue Maynooth, 1912)
- Crozier, Alan 'On the transparency of place-names in Ireland, England and Sweden' in *Ainm*, iii (Béal Feirste, 1998)
- Cunningham, Bernadette (ed.), *Calendar of state papers Ireland : Tudor period [1566-1567] etc.*, (IMS, Dublin, 2009)
- Dauphont, Christine, (ed.), *Larousse de la généalogie* (Editions Larousse, 2002)
- de Bhaldraithe, Tomás, *English-Irish dictionary* (Baile Átha Cliath, 1959)
- de Bhulbh, Seán, *Sloinnte uile Éireann: All Ireland surnames* (Luimneach, 2002)
- de hÓir, Éamonn, 'Aird i logainmneacha' in *Dinnseahchas*, i, uimh. 4 (Nollaig 1965)
- de hÓir, Éamonn., 'Sracfhéachaint ar logainmneacha Bhaile Átha Cliath' in *Studia Hibernica*, xv (1975),
- de hÓir, Éamonn, 'The placenames of Ireland' in *BUPNS*, iii (1980-81)
- 'Dialects of Irish' in Robert Welch (ed.), *The Oxford companion to Irish literature* (Oxford,

- 1993)
- Dictionary of Irish biography from the earliest times to 2002* (9 vols, RIA and Cambridge University Press, 2009)
- Dinneen, Patrick S., *Foclóir Gaedhilge agus Béarla* (Baile Átha Cliath, 1927)
- Doherty, G. M., *The Irish Ordnance Survey: history, culture and memory* (Dublin, 2004)
- Doherty, Charles., 'The Vikings in Ireland: a review' in Howard B. Clarke, Máire Ní Mhaonaigh and Ragnall Ó Floinn, *Ireland and Scandinavia in the early Viking age* (Dublin, 1998)
- Dolan, Terence P., *A dictionary of Hiberno-English* (Dublin, 1998, pb. 1999)
- Dooley, A. and H. Roe (eds), *Tales of the elders of Ireland (Acallam na senórach)* (Oxford, 1999)
- Duffy, P.J., 'The territorial organisation of Gaelic landownership and its transformation in county Monaghan, 1591-1640' in *Ir. Geography*, 14 (1981)
- Duffy, P. J., D. Edwards, E. Fitzpatrick (eds), *Gaelic Ireland c.1250 – c.1650* (Dublin, 2001)
- Duffy, P. J., *Exploring the history and heritage of Irish landscapes* (Dublin, 2007)
- d'Uria, Lianda and Emer O' Flaherty (eds), *Changing names: The dynamic world of Irish placenames and their meanings* (Clare Placenames Committee, Ballyvaughan, 2005)
- Durkan, Michael & John Hegarty, 'Townlands of Moynalvey' in *Moynalvey: history, folklore and memories of a county Meath parish* (1999)
- Dwelly, Edward, *The Illustrated Gaelic-English dictionary* (Glasgow, 1977)
- Ekwall, Eilert, *The concise Oxford dictionary of English place-names* (Oxford, 1936;1981)
- Ellison, C. C., (ed.), 'Bishop Dopping's Visitation Book 1682-1685' in *Ríocht na Midhe*, ii, uimhir 2 (1972)
- Elrington, Charles (ed.), *The life of the Most Rev. James Ussher, D.D.* (Dublin, 1848)
- Elrington, Charles (ed.), *The whole works of the Most Rev. James Ussher* (17 vols, Dublin, 1864)
- Empey, C. A., 'Conquest and settlement: patterns of Anglo-Norman settlement in north Munster and south Leinster' in *Irish Economic and Social History*, xiii, (1986)
- Empey, C. A., *Irish Economic and Social History*, xiii, (1986)
- Empey, C.A. 'Betagh' in *The Oxford companion to Irish history* (Oxford, 1998)
- Erck, John Caillard (ed.), *Repertory patent rolls James I* (Dublin, 1846)
- Ercksen, J-F., *Noms de famille de l'ouest* (Rennes, 2005)
- Etchingham, Colmán, "“Black foreigners”, “fair foreigners” and other foreigners: terms for Vikings in Irish annals' (Dréacht ailt le foilsíú)
- Etchingham, Colmán, *Church organisation in Ireland A.D. 650 to 1000* (Naas, 1999)
- Etchingham, Colmán, "“The Irish 'monastic town’’: is this a valid concept?" in *Kathleen Hughes memorial lectures 8* (University of Cambridge, 2010)
- Eustace, P. B. (ed.), *Registry of deeds Dublin: abstracts of wills* (3 vols, Dublin, 1956)
- Feehan, John, 'Laois, an overview of the county as a place where history happened' in Pádraig G.Lane, William Nolan (eds), *Laois: history and society* (Dublin, 1999)
- Fitzpatrick Elizabeth and Raymond Gillespie (eds), *The parish in medieval and early modern Ireland: community, territory building* (Dublin, 2006)
- Fitzsimons, Jack, *The plains of royal Meath* (Kells, 1978)
- Flanagan, Deirdre, 'Míreanna Normannacha sna logainmneacha' in *An tUltach*, xlvi, 8 (1969)
- Flanagan, Deirdre, 'Settlement terms in Irish place-names' in *Onoma*, xvii, (1972-3)
- Flanagan, Deirdre, 'Exemplary guide to the study of a place-name: Glenavey townland., Co. Antrim' in *Ulster Local Studies*, ii, (1976)
- Flanagan, Deirdre, 'Common elements in Irish place-names: baile' in *BUPNS*, sraith 2, i (1978)
- Flanagan, Deirdre, 'Common elements in Irish placenames: ceall, cill', in *BUPNS* ser. 2, ii, (1979)

- Flanagan, Deirdre, 'Place-names in early Irish documentation: structure and composition' in *Nomina*, iv, (1980)
- Flanagan, Deirdre, 'Common elements in Irish place-names' in *BUPNS*, Dara sraith, i, 8-13 (1978); Dara sraith, iii, (1980-81)
- Flanagan, Deirdre, 'Some guidelines to the use of Joyce's "Irish names of places"' in *BUPNS*, 2nd Series, 4 (1981-2)
- Flanagan, Deirdre, 'Some less frequently attested Irish place-name elements of archaeological interest' in *Nomina*, xvii (1983)
- Flanagan, Deirdre, 'The christian impact on Ireland: place-names evidence' in P. Ní Chatháin and M. Richter (eds), *Ireland and Europe: the early church* (Stuttgart, 1989)
- Flanagan, Deirdre, and Laurence Flanagan, *Irish place names* (Dublin, 1994)
- Flanagan, Marie Therese, *Irish society, Anglo-Norman settlers, Angevin kingship* (Oxford, 1989)
- Flatrès, Pierre, 'Géomorphologie et Linguistique: L'expression du relief du sol en langue Bretonne' in B.S. Mac Aodha (eag.), *Topothesia* (Gailimh, 1982)
- Flynn, Thomas F., *The Irish Dominicans 1536-1641* (Dublin, 1993)
- Foster, Joseph 1844-1905 (comp.), *Funeral certificates of the nobility and gentry of Ireland* (Acheson – Brereton)
- Frame, Robin, *Colonial Ireland 1169 – 1369* (Dublin, 1981)
- Freeman, A.M. (ed.), *The compasscion booke of Conought* (Dublin, 1936)
- Freeman, A.M. (ed.), *Annála Connacht: the annals of Connacht (A.D. 1224-1554)* (Dublin, 1994)
- Gasaitéar na hÉireann: ainmneacha ionad daonra agus gnéithe aiceanta* (BÁC, 1989)
- General alphabetical index to the townlands and towns, parishes and baronies of Ireland* (Dublin, 1861; reprint, Baltimore 1984) Based on the census of Ireland for the year 1851
- Gilbert, John T. (ed.), *Chartularies of St. Mary's abbey, Dublin with the register of its house at Dunbrody, and annals of Ireland 1162-1370* (2 vols, London, 1884)
- Gilbert, John T. (ed.), *A contemporary history of affairs in Ireland from 1641 to 1652* (Dublin, 1879-1880)
- Gilbert, John T. (ed.), *Register of the abbey of St. Thomas the Martyr, Dublin* (London, 1889)
- Gillespie, Raymond (ed.), *The first chapter act book of Chirst [i.e. Christ] Church cathedral, Dublin 1574-1634* (Dublin, 1997)
- Gillespie, Raymond, 'An historian and the locality' in R. Gillespie and M. Hill (eds), *Doing local history: pursuit and practice* (Belfast, 1998)
- Gillespie, Raymond, *Seventeenth century Ireland* (Dublin, 2006)
- Glasscock, R.E., 'Land and people' in Art Cosgrave (ed.), *A new history of Ireland*, ii: *Medieval Ireland 1169 – 1534* (Oxford, 1987)
- Goblet, Y.M. (ed.), *A topographical index of the parishes and townlands of Ireland in Sir William Petty's MSS barony maps c. 1655-9), and Hiberniae Delineatio C. 1672* (Dublin, 1932)
- Gombrich, E. H. *Art and illusion: A study of the psychology of pictorial representation* (Princeton University Press, 1972)
- Gooder, Eileen H., *Latin for local history* (London, 1961; reprint 1978)
- 'Gormanston papers' in *Analecta Hib.*, no. 25 (1967)
- Graham, B. J. 'Anglo-Norman Settlement in county Meath' in *PRIA*, 75C (1975)
- Griffith, Margaret C. (ed.), *Calendar of inquisitions, formerly in the office of the Chief Remembrancer of the exchequer prepared from the MSS of the Irish record commission* (Dublin, 1991)
- Gwynn, Aubrey, *The medieval province of Armagh, 1270-1545* (Dundalk, 1946)
- Gwynn, Aubrey and R. Neville Hadcock, *Medieval religious houses in Ireland* (London, 1970)
- Gwynn, Edward (ed.), *Dindshenchas*, Todd lecture series, (vols viii-xii, Dublin, 1903-35;

- reprint 1941, 1991)
- Gwynn, John (ed.), *Liber Ardmachanus: the book of Armagh* (Dublin, 1913)
- Hanks, Patrick and Flavia Hodges, *A dictionary of surnames* (Oxford Uni Press, 1988)
- Hardiman, James (ed.), *Inquisitions of the province of Leinster* (Dublin, 1810)
- Harrap's new standard *Dictionnaire Francais-Anglais* (London, 1972)
- Hatchell, George (ed.), *Abstract of the patent and miscellaneous rolls of chancery 1830-1838* (Dublin, 1838)
- Hamilton, H. C., *Calendar of state papers* [1509-1573 etc.]
- Harvey, P.D.A., *Editing historical records* (London, 2001)
- Hatchell, George (ed.), *Abstract of the rolls of chancery 1830-1837* (Dublin, 1838)
- Hatchell, George (ed.), *Abstract of the grants of lands under the commission of grace 1684-1688* (Dublin, 1839)
- Hatchell, George (ed.), *Abstract of the deeds inrolled in chancery 1834-1839* (Dublin, 1840)
- Hayes, Richard J. (ed.), *Manuscript sources for the history of Irish civilisation* (Boston, 1965)
- Healy, John, *History of the diocese of Meath* (2 vols, Dublin, 1908)
- Heist, W.W. (ed.), *Vitae sanctorum Hiberniae ex codice olim Salmanticensis nunc Bruxellensi* (Bruxelles, 1965)
- Hellmuth, P. S., 'The *Dinsheanchas* and Irish literary tradition' in J. Carey, M. Herbert, K. Murray (eag/i), *Cín Chille Cúile* (Aberystwyth, 2004)
- Hennessey, Mark, 'Manorial organization in thirteenth-century Tipperary' in *Irish Geography*, xxix, 2 (1996)
- Hennessey, William (ed.), *Annála Locha Cé* (London, 1871)
- Hennessey, W., (ed.), *Chronicum Scotorum: a chronicle of Irish affairs from the earliest times to A.D. 1135, with a supplement containing the events from 1141 to 1150* (London, 1866)
- Hennessey, W. M. and Bartholomew Mac Carthy (eds), *Annála Uladh: Annals of Ulster; otherwise annála Senait, annals of Senat: a chronicle of Irish affairs, 431-1131, 1555-1541*, (4 vols, Dublin, 1887-1901)
- Herity, Michael (ed.), *Ordnance Survey letters Meath* (Dublin, 2001)
- Hickey, Raymond, *The dialects of Irish / study of a changing landscape* (Berlin/Boston, 2011)
- Hillaby, Joe, 'Colonisation, crisis-management and debt' in *Ríocht na Midhe*, viii, no. 4 (1992-93)
- Hogan, Edmund (ed.), *The description of Ireland in anno 1598* (Dublin, London, 1878)
- Hogan, Edmund, *Onomasticon goedelicum locorum et tribuum Hiberniae et Scotiae* (Dublin, 1993, orig. 1910)
- Hondius, Jodocus, *Hiberniae 1591* (Mapa/Glucksman, TCD)
- Hughes, Art, 'Gaeilge Uladh' in Kim McCone *et al* (eag/i), *Stair na Gaeilge in ómós do Pádraig Ó Fiannachta* (Maigh Nuad, 1994)
- Hughes, A.J., 'Irish place-names: some perspectives, pitfalls, procedures and potential' in *Seanchas Ard Mhacha*, xiv, uimhir 2, (1991)
- Hughes, A.J., 'Irish place-names' in *Seanchas Ard Macha*, xiv, no. 2
- Hughes, A.J., 'On the Ulster place-names: Glynn, Glenavy, Carrickfergus & Forkhill' in *Ainm*, v (Belfast, 1991-1993)
- Hughes, Kathleen, *Early Christian Ireland: an introduction to the sources* (London, 1972; reprint, Cambridge, 1977)
- Index to Calendar of Christ Church deeds, 1174 to 1684, contained in appendices to 20th, 23rd and 24th Reports of the Deputy Keeper* (PROI, Dublin, 1896)
- Johnston, J. B., *Place-Names of Scotland* (1st publ. 1892; republ. 1970, Wakefield Yorkshire)
- Johnston, J. B., *The place-names of England and Wales* (London, 1915)
- Jones Hughes, T. 'Town and baile in Irish place-names' in Nicholas Stephens agus Robin E. Glasscock (eds), *Irish geographical studies in honour of E. Estyn Evans* (Belfast, 1970)

- Journal of the County Kildare Archaeological Society*, xii (1935-45)
- Joyce, P. W., *The origin and history of Irish names of places* (3 vols, Dublin, 1869-1913)
- Kelly, Fergus, *Early Irish farming* (Dublin, 1997)
- Lanigan, John, *An ecclesiastical history of Ireland, from the first introduction of christianity among the Irish to the beginning of the thirteenth century* (4 vols, Dublin, 1822)
- Lankford, Éamon, 'Logainmneacha Chléire' (Ph.D. thesis, St. Patrick's College, Maynooth, 1995)
- Laoide, Seosamh, *Post-sheanchas: ina bhfuil cúigí, dúichí, conntaetha agus bailte puist na h-Éireann* (Baile Átha Cliath, 1905-11)
- Laoide, Seosamh (eag.), *Duanaire na Midhe* (Baile Átha Cliath, 1914)
- Larkin map 1812 in Arnold Horner, *Mapping Meath in the early 19th century with an atlas of William Larkin's map of County Meath 1812* (Wordwell, Bray, 2007)
- Lawlor, H.J. (ed.), 'A calendar of the register of Archbishop Sweetman' in *PRIA*, 29C:8 (1910-11)
- Lawlor, H. J. (ed.), 'A calendar of the register of Archbishop Fleming' in *PRIA*, 30C:5 (1912-13)
- Leet Ambrose, *Directory to the market towns, villages, gentlemen's seats and other noted places* (2 vols, Dublin 1861, 2nd edition)
- Leclerc, Jacques, *Histoire de la langue française*, (www.tlfg.ulaval.ca/axl/francophonie/HIST_Fr_s3_Ancien-francais.htm)
- Lenihan, Pádraig, *Consolidating conquest: Ireland 1603-1726* (Harlow, 2008)
- Lewis, Samuel, *A topographical dictionary of Ireland* (2 vols, London, 1837; reprint Baltimore, Maryland, 1884, 1995)
- Liostaí d'Oifigí Puist Saorstát Éireann 1923*
- Lower, Mark Antony, *Patronymica Britannica* (London, 1860)
- Lyttleton, J. and O' Keeffe T. (eds), *The manor in medieval and early modern Ireland* (Dublin, 2005)
- Mac Airt, Seán (ed.), *Annals of Inisfallen* (Dublin, 1951)
- Mac Airt, Seán and Gearóid Mac Niocaill (eds), *The annals of Ulster (to A.D. 1131)* pt. 1, Text and translation (Dublin, 1983)
- Macalister, R.A.S. (ed.), *Lebor gabála Éireann: The book of the taking of Ireland* (5 vols, London, 1938)
- Mac Aodha, B. S., (eag.), *Topothesia* (Galway, 1982)
- Mac Aodha, B. S., 'The element Áth/Ford in Irish Place-Names' in *Nomina*, xi (1987)
- Mac Aodha, B. S., 'Eilimintí fisiciúla in áitainmneacha Ard Mhacha' in *Seanchas Ard Mhacha*, xiv, uimh. 2 (1991)
- Mac Aodha, B. S., 'Aithint na n-áitainmneacha ar léarscáil Phetty: Mionstaidéar ar Iarthar na Gaillimhe' in *Ainm*, v (Belfast, 1991-1993)
- Mac Aodha, B. S., 'Áitainmneacha an Dúin Mhoir ar léarscáil Phetty' in *Ainm*, v (Belfast, 1991-1993)
- Mac Airt, Seán, 'County Armagh, toponymy and history' in *Proceedings of Irish Catholic Historical Committee* (1955)
- MacBain, Alexander, *An etymological dictionary of the Gaelic language* (Inverness, 1896)
- MacCotter, Paul, Léirmheas ar *Foclóir stairiúil áitainmneacha na Gaeilge, fascúil 1 (ainmneacha in A)* in *Journal of the Cork Historical and Archaeological Society*, cix (2004)
- MacCotter, Paul, *Medieval Ireland territorial, political and economic divisions* (Dublin, 2008)
- Mac Giolla-Domhnaigh, Pádraig, *Some anglicised surnames in Ireland* (Dublin, 1923)
- Mac Giolla Easpaig, Dónall, 'Noun and noun compounds in Irish placenames', in *Études Celtiques*, xviii (1981-82)
- Mac Giolla Easpaig, Dónal, 'Placenames and early settlements' in William Nolan, Liam Ronayne, Mairead Dunlevy (eds), *Donegal: History and society* (Dublin, c.1995)

- Mac Giolla Easpaig, Dónal, 'Placenames policy and its implementation' in Caoilfhionn Nic Pháidín & S. Ó Cearnaigh (eds), *A new view of the Irish language* (Dublin, 2008)
- MacLennan, Malcolm, *A pronouncing and etymological dictionary of the Gaelic Language* (Edinburgh, 1925)
- MacLysaght, Edward, *The surnames of Ireland* (6th edition, Dublin, 1985)
- Mac Mathúna, L., 'Old Irish heights and word-field potential' in *Studia Hibernica*, xxiv (1984-90)
- Mac Mathúna, Liam, *Oidhrí agus ceannródaíthe pobal na Gaeilge* (Baile Átha Cliath, 1987)
- Mac Mathúna, L. 'The topographical vocabulary of Irish: patterns and implications' in *Ainm*, iv (Belfast, 1989-90)
- Mac Mathúna, L., 'On the provenance of early Irish topographical lexica' in *Proceedings of the seventh symposium of Societas Celtologica Nordica* (Uppsala, 2007)
- Mac Neill, C. (ed.), *Calendar of Archbishop Alen's Register c.1172 - 1534* (Dublin, 1950)
- Mac Neill, Eoin, 'The earliest lives of St. Patrick' in *JRSAL*, lviii (1928)
- Mac Neill, Eoin, 'Our place-names' in *JRSAL*, lxviii (Dublin, 1938)
- Mac Niocaill, Gearóid (ed.), *The red book of the earls of Kildare* (Dublin, 1964)
- Mac Niocaill, Gearóid, 'The origins of the betagh' in *The Irish Jurist*, i (Dublin, 1966)
- Mac Niocaill, Gearóid (ed.), *Crown surveys of lands 1540-41, with the Kildare rental begun in 1518* (Dublin, 1994)
- Manning, Peter, *Irish patent rolls of James I: index of persons* (Rainham, Kent, 1987)
- Matheson, Robert E., *Special report on surnames in Ireland with notes as to numerical strength, derivations, ethnology and distribution* (Dublin, 1894)
- Matley, Ian, 'Perceptions of mountain environments as reflected in the names of landforms in the Scottish Highlands, Norway and Romania' in Mac Aodha (ed.), *Topothesia* (Galway, 1982)
- Mc Erlean, Thomas, 'The Irish townland system of landscape organisation' in T. Reeves-Smyth and F. Hammond, *Landscape archaeology in Ireland* (Oxford, 1983)
- Mc Cone, Kim, 'An tSean-Ghaeilge agus a réamhstair' in Kim McCone *et al* (eag/i), *Stair na Gaeilge in ómós do Pádraig Ó Fiannachta* (Maigh Nuad, 1994)
- Mc Cone, Kim, D. McManus, C. Ó Háinle, N. Williams, and L. Breatnach (eag/i), *Stair na Gaeilge: in ómós do Pádraig Ó Fiannachta* (Maigh Nuad, 1994)
- Mc Erlean, T., 'The Irish townland system of landscape organisation' in T. Reeves-Smyth and F. Hamond (eds), *Landscape archaeology in Ireland* (Oxford, 1983)
- McKay, Patrick, *A dictionary of place-names* (Belfast, second edition, 2007)
- Mc Keever, Eddie, 'History of Kilmessan and its environs (1978)' in *On the banks of the Skayne: A millennium memoir* (Navan, 2000)
- McManus, Damian, 'An Nua-Ghaeilge chlasaiceach' in Kim McCone *et al* (eag/i), *Stair na Gaeilge in ómós do Pádraig Ó Fiannachta* (Maigh Nuad, 1994)
- Mercator, Gerardus, *Hibernia Regnum 1595* (Mapa/Glucksman, TCD)
- Mercator, Gerardus, *Hibernia II 1595* (Mapa/Glucksman, TCD)
- Meyer, Kuno (ed.), *Sanas Cormaic* (Llanerch publications, 1994)
- Mills, James (ed.) *Calendar of the justiciary rolls Ireland 1295-1303 [etc.]* (3 vols. Dublin, 1905; London 1914; 3rd vol. (1308-1314) prepared by H. Wood and A. E. Langan, and revised by Margaret Griffith P.R.O. Dublin)
- Mills, James and M. J. Mc Enery (eds.), *Calendar of the Gormanston register c. 1175-1397* (Dublin, 1916)
- 'Miscellanea of the chancery, London' in *Analecta Hib.*, no. 1 (1930)
- Moody, T. W., F.X. Martin and F. J. Byrne (eds), *A new history of Ireland*, iii: *early modern Ireland 1534-1691* (Oxford, 1976)
- Mooney, B. J. *BUPNS Reprints* 16, 'Sound-change and the shaping of place-names' in *Ainm*, viii (1998-2000)

- Moore, Michael J., *Archaeological inventory of County Meath* (Dublin, c1987)
- Morgan, Prys and T. J. Morgan, *Welsh surnames* (Cardiff, 1985)
- Morrin, J. (ed.), *Calendar of the patent and close rolls of chancery in Ireland, Henry VIII to 18th Elizabeth* (Dublin, 1861)
- Morrin, J. (ed.), *Calendar of the patent and close rolls of chancery in Ireland, from the 18th to the 45th of Queen Elizabeth* (Dublin, 1861)
- Morrin, J. (ed.), *Calendar of the patent and close rolls Ireland of the reigns of Henry VIII, Edward VI, Mary and Elizabeth* (2 vols, Dublin, 1861)
- Morrin, J. (ed.), *Calendar of the patent and close rolls of chancery in Ireland of the reign of Charles I* (Dublin, 1863)
- Morrissey, James F. (ed.), *Statute rolls of the parliament of Ireland twelfth and thirteenth to the twenty-first and twenty-second year of the reign of king Edward IV* (Dublin, 1939)
- Mulchrone, Kathleen (ed.), *The book of Lecan/leabhar mór Mhic Fhir Bhisigh Leacan* (Dublin, 1937)
- Mulchrone, Kathleen (ed.), *Bethu Phátraic: The tripartite life of Patrick* (Dublin, 1939)
- Mullally, Evelyn, *La geste des Engles en Yrlande/The deeds of the Normans in Ireland: a new edition of the chronicle formerly known as The song of Dermot and the earl* (Dublin, 2002)
- Murphy, Denis (ed.), *The annals of Clonmacnoise* (Dublin, 1896)
- Murphy, Gerald (ed.), *Duanaire Finn* (London, part ii, 1933; Dublin, part iii, 1953)
- Murray, Kevin, 'Fr. Edmund Hogan's *Onomasticon goedelicum*, ninety years on: reviewers and users' in *Ainm*, viii (Belfast, 1998-2000)
- Murray Kevin & Diarmuid Ó Murchadha, 'Place-names' in N. Buttimer, C. Rynne and H. Guerin (eds), *The heritage of Ireland* (Cork, 2000)
- Murray, L. P., (ed.), 'A calendar of the register of Primate George Dowdall, commonly called the "Liber Niger" or "Black Book"' in *Journal of the Co Louth Arch.¹ Society*, vii, no. 2 (1930)
- Ní Cheallacháin, M. (eag.), *Filíocht Phádraigín Haicéad* (Dublin, 1962)
- Nicholls, K.W., 'Anglo-French Ireland and after' in *Peritia*, i (1982)
- Nicholls, K.W., 'The protean placename' in John Carey *et al* (eds), *Cín chille Cúile* (Aberystwth, 2004)
- Ní Cheallacháin, Máire, *Filíocht Phádraigín Haicéad* (BÁC, 1962)
- Ní Chonmidhe Piskorski, Meadhbh, 'Some Meath placenames' in *Ríocht Na Midhe*, xii, (2001)
- Nicolaisen, W.F.H., 'Field-work in place-name research' in *Studia Hibernica*, i (Dublin, 1961)
- Nicolaisen, W.F.H., *Scottish place-names: their study and significance* (London, 1976)
- Nicolaisen, W.F.H., 'The world of names' in *Ainm*, vii (Belfast, 1996-1997)
- Ní Sheaghda, Nessa (eag.), *Agallamh na seanórach* (3 imleabhar, Baile Átha Cliath, 1945)
- Noble and Keenan map of Kildare 1752 (Newbridge library, county Kildare)
- Nolan, William, *Tracing the past* (Dublin, 1977)
- O' Brien, M.A. (ed.), *Corpus genealogiarum Hiberniae* (Dublin, 1962)
- Ó Cadhla, Stiofán, *Civilizing Ireland* (Dublin, 2007)
- Ó Catháin, Séamas and Patrick O' Flanagan, *The living landscape: Kilgalligan, Erris, County Mayo* (Dublin, 1975)
- Ó Cearbhaill, Pádraig, 'Logainmneacha na hÉireann: cá bhfuil a dtriall?' ([http://www.logainm.ie/Eolas/Data/Brainse/Logainmneacha_na_hEireann_\(caint\).pdf](http://www.logainm.ie/Eolas/Data/Brainse/Logainmneacha_na_hEireann_(caint).pdf))
- Ó Cearbhaill, Pádraig, *Logainmneacha na hÉireann II: cill i logainmneacha Thiobraid Árann* (BÁC, 2007)
- Ó Cearbhaill, Pádraig, *Logainmneacha na hÉireann III: cluain i logainmneacha Thiobraid Árann* (BÁC, 2010)
- O' Connor, P. J., *Atlas of Irish place-names* (Newcastle West, 2001)
- Ó Corráin, Donnchadh and Fidelma Maguire, *Irish names* (Dublin, 1981; reprint 1990)
- Ó Corráin, Donnchadh, 'Ireland c. 800: aspects of society' in T.W. Moody, F.X. Martin, F.J.

- Byrne (eds), *A new history of Ireland, i: Prehistory and early Ireland* (Oxford, 2005)
- Ó Cuív, Brian, 'Borrowed elements in the corpus of Irish personal names from medieval times' in *Nomina*, iii (1979)
- Ó Dónaill, Niall (eag.), *Foclóir Gaeilge-Béarla* (Baile Átha Cliath, 1977; athchló 1992)
- Ó Donnchadha, *Saothar filidheachta an Athar Pádraigín Haicéad d'Ord San Doiminic* (Dublin, 1916)
- Ó Donnchadha, Tadhg (eag.), 'Cín Lae Ó Mealláin' in *Analecta Hib.*, no. 3 (1931)
- O' Donovan, John (ed.), *Annála rioghachta Éireann: annals of the kingdom of Ireland by the Four Masters from the earliest period to the year 1616* (7 vols, Dublin, 1856)
- O' Donovan, John (ed.), *Fragments of Irish annals copied by Dubhaltach Mac Fhirbhisigh* (Dublin, 1860)
- O' Donovan, John (ed.), *The martyrology of Donegal: a calendar of the saints of Ireland* (Dublin, 1862)
- O' Donovan, John (ed.), *The topographical poems of John Ó Dubhagáin and Giolla na naomh O' Huidhrin* (Dublin, 1862)
- Ó Fiannachta, Pádraig, *Sean-Ghaeilge gan dua* (Má Nuad, 1974)
- Ó Flaithearta, Mícheál (ed), *Proceedings of the seventh symposium of Societas Celtologica Nordica*, Uppsala University (Stockholm, 2007)
- O' Flanagan, Patrick, Paul Ferguson, Kevin Whelan (eds), *Rural Ireland 1600-1900: modernisation and change* (Cork, 1987)
- Ó Foghludha, Risteárd, *Log-ainmneacha: i. dictionary of Irish placenames* (Baile Átha Cliath, 1935)
- O' Grady, Standish Hayes (ed.), *Silva gadelica* (2 vols, London, 1892; reprint New York, 1920)
- O' Hart, John, *The Irish and Anglo-Irish landed gentry when Cromwell came to Ireland* (Dublin, 1884)
- Ó hUiginn, Ruairí, 'Gaeilge Chonnacht', in Kim. McCone, D. McManus, C. Ó Háinle, N. Williams, L. Breatnach (eag/i), *Stair na Gaeilge in ómós do Pádraig Ó Fiannachta* (Maigh Nuad, 1994)
- Ó hUiginn, Ruairí, 'Onomastic formulae in Irish' in Mícheál Ó Flaithearta (ed), *Proceedings of the seventh symposium of Societas Celtologica Nordica*, Uppsala University, (Stockholm, 2007)
- Ó Máille, T. S., 'Cuileann in áitainmneacha' in *Béaloideas*, xxviii (1960)
- Ó Máille, T. S., 'Irish place-names in -ar' in *Ainm*, ii (1987)
- Ó Máille, T. S., 'Irish place-names in -as, -es, -is, -os, -us' in *Ainm*, iv (1989-90)
- Ó Maolfabhail, Art, 'Baill choirp mar logainmneacha' in *BUPNS*, ii (1987)
- Ó Mainnín, M. B., 'A "Principall Irish Name" in the barony of Armagh: the Uí Mhartanáin and Ballymartrim' in *Ainm*, x (2009)
- Ó Maolfabhail, Art, 'An tSuirbhéireacht Ordanáis agus logainmneacha na hÉireann 1824-34' in *Proceedings of the Royal Irish Academy*, lxxxix, C, uimhir 3 (1989)
- Ó Maolfabhail, Art, *Logainmneacha na hÉireann I: Contae Luimnigh*, (BÁC, 1990)
- Ó Maolfabhail, Art, *The placenames of Ireland in the third millenium* (Dublin, 1992)
- Ó Maolfabhail, Art, *Ó Lyon go Dún Lúiche Logainmneacha san oidhreacht Cheilteach* (Baile Átha Cliath, 2005)
- Ó Meachair, Donnchadh, *A short history of County Meath* (An Uaimh, 1928)
- Ó Muirgheasa, Énrí (eag.), *Amhráin na Midhe* (Baile Átha Cliath, 1933)
- Ó Muraíle, Nollaig, 'The Irish genealogies as an onomastic source' in *Nomina*, xvii (1992-93)
- Ó Muraíle, Nollaig, 'Seán Ó Donnabháin "An Cuigiú Máistir"' in *Léachtaí Cholm Cille*, xxvii (1997)
- Ó Muraíle, Nollaig (ed.), *Leabhar mór na ngenealach: The great book of Irish genealogies, compiled 1645-66 by Dubhaltach Mac Fhirbhisigh* (5 vols, Dublin, 2003)

- Ó Muraíle, Nollaig (ed.), *Irish leaders and learning through the Ages* (Dublin, 2003)
- Ó Muraíle, Nollaig, 'Settlement and placenames' in P. J. Duffy, David Edwards, Elizabeth Fitzpatrick (eds.), *Gaelic Ireland c. 1250 -c.1650* (Dublin, 2007)
- Ó Muraíle, Nollaig: Léirmheas ar *Foclóir stairiúil áitainmneacha na hÉireann, fascúl 3 (C go Ceall Fursa)* in *Béaloideas*, lxxvii (Baile Átha Cliath, 2009)
- Ó Murchadha, Diarmuid, 'A reconsideration of some place-names from the *Annals of Inisfallen*' in *Ainm*, v (Belfast, 1991-1993)
- Ó Murchadha, Diarmuid, 'Nationality names in the Irish annals' in *Nomina*, xvi (1992-93)
- Ó Murchadha, Diarmuid, 'The formation of Gaelic surnames in Ireland: choosing the eponyms' in *Nomina*, xx (1999)
- Ó Murchadha, Diarmuid, 'Placename material from Foras feasa ar Éirinn' in *Éigse*, xxxv (2005)
- Ó Páircín, Liam, 'Logainmneacha Cheatharlach' (Ph.D. thesis, NUI Maynooth, 1998)
- O' Rahilly, T. F., 'Notes on middle-Irish pronunciation' in *Hermathena*, xlv (1926)
- O' Rahilly, T. F., *Irish dialects past and present* (Dublin, 1976)
- O' Reilly, Edward, *An English-Irish dictionary* edited and supplemented by J. O' Donovan (Dublin, 1864)
- Ó Riain, Pádraig (ed.), *Corpus genealogiarum sanctorum Hiberniae* (Dublin, 1985)
- Ó Riain, P., D. Ó Murchadha, K. Murray (eds), *Historical dictionary of Gaelic placenames: Foclóir stairiúil áitainmneacha na Gaeilge, Fascúil 1, 2, 3, 4* (ITS, 2003-2011)
- Orpen, G.H., *Ireland under the Normans* (3 vols, Oxford, 1911-20)
- Ortelius, Abraham, *Theatrum Orbis Terrarum 1573* (Mapa/Glucksman, TCD)
- Otway-Ruthven, A. J., 'Parochial development of Skreen' in *JRSAI*, xciv, no. 2 (1964)
- Otway-Ruthven, A. J., *A history of medieval Ireland* (London, 1968)
- Otway-Ruthven, A. J., 'The character of Norman settlement in Ireland' in *Historical Studies*, v (Philadelphia, 1975)
- 'Outlaws 1641-47' in *Analecta Hib.*, no. 23 (1966)
- Oxford dictionary of national biography* (60 vols, Oxford, 2004)
- Pender (ed.), *A census of Ireland, circa 1659, with supplementary material from the poll money ordinances (1660-61)* (Dublin, 1939)
- Petty, William, DS B^y Maps: B^y Deece 1657, facsamhail SO 1908 (Mapa/Glucksman, TCD)
- Petty, William, *Hiberniae Delineatio 1659* (Russell, NUIM)
- Petty, William, *Hiberniae Delineatio 1685*, facsamhail Graham 1968 (Mapa/Glucksman, TCD)
- Piatt, Donn Sigerson, *Gaelic dialects of Leinster* (Dublin, 1933?)
- Piatt, Donn Sigerson, 'Gaedhilg na Midhe' in *An t-Ultach* 28:6 (1952)
- Place-names of Northern Ireland* (ed.), G. Stockman (Béal Feirste) de réir imleabhair
- 1 *Co. Down I: Newry and South-West Down*, eds, G. Toner and M. Ó Mainnín (1992)
 - 2 *Co. Down II: The Ards*, eds, A.J. Hughes and R.J. Hannan (1992)
 - 3 *Co. Down III: The Mourne*, ed., Mícheál B. Ó Mainnín (1993)
 - 4 *Co. Antrim I: The Baronies of Toome*, ed., Patrick McKay (1995)
 - 5 *Co. Derry I: The Moyola Valley*, ed., Gregory Toner (1996)
 - 6 *Co. Down IV: North-West Down/Iveagh*, ed., Kay Muhr (1996)
- Place-names of Northern Ireland* (ed.), Nollaig Ó Muraíle (Béal Feirste):
- 7 *Co. Antrim: Ballycastle and North-East Antrim*, ed., Fiachra Mac Gabhann (1997)
 - 8 *Co. Fermanagh: Lisnaskea and District: The Parish of Aghalurcher*, ed., Patrick McKay (2004)
- Plummer, Charles (ed.), *Irish litanies: text and translation* (London, 1925: HBS 62)
- Plummer, Charles (ed.), *Vitae sanctorum Hiberniae* (2 vols, Dublin, 1910)
- Poems, The, of Giolla Brighde Mac Con Midhe*, (ITS, vol. li, Dublin, 1980)
- 'Possessions of Lackagh Fitzgeralds' in *Journal of Kildare archaeological society*, i (1891-95)
- Power, Rev. P., *Life of St. Declan of Ardmore and Life of St. Mochuda of Lismore* (ITS xvi, London, 1914)

- Price, Liam, *The place-names of co. Wicklow*, (7 vols, Dublin, 1946-67)
- Price, Liam, 'The place-names of the Books of Survey and Distribution and other records of the Cromwellian settlement' in *JRSAL*, lxxxi (1951)
- Price, Liam, 'A note on the use of the word *baile* in place-names' in *Celtica*, vi (Dublin, 1963)
- Prunty, Jacinta, *Maps and map-making in local history* (Dublin, 2004)
- Quigley, W.G.H. and E.F.D. Roberts (eds), *Registrum Johannis Mey: the register of John Mey, archbishop of Armagh 1443-1456* (Belfast, 1972)
- Quinn, D.B. 'The bills and statutes of the Irish parliament of Henry VII and Henry VIII' in *Analecta Hib.*, no. 10 (1941)
- Quinn, D. B., 'Calendar of the Irish council book 1581-1586' in *Analecta Hib.*, no. 24 (1967)
- Radner, J. N. (ed.), *Fragmentary annals of Ireland* (Dublin, 1978)
- Reaney, P. H., *The origin of English place-names* (London, 1960; 5th impression, 1976)
- Reaney, P. H. and R. M. Wilson, *Dictionary of English surnames* (London, 1958, 3rd edition Oxford Uni Press 1991)
- Reeves, William, *Ecclesiastical antiquities of Down, Connor and Dromore ...* (Dublin, 1847)
- Reeves, William, *On the townland distribution of Ireland*, A paper 1861 (Braid Books and Moyola Books, 1992)
- 'Register of priests' in *Éigse*, i, 197 (1939)
- RIA, *Dictionary of the Irish language based mainly on Old and Middle Irish materials* (Dublin, 1937-76)
- Rice, Gerard, *Norman Kilcloon 1171-1700* (Meath Leader II, 2000)
- Richardson, H.G. and G.O. Sayles (eds), *Parliaments and great councils of medieval Ireland* (Dublin, 1947)
- Richardson, H.G. and G.O. Sayles, *The Administration of Ireland 1172-1377* (Dublin, 1963)
- Risk, Henry, 'French loan-words in Irish' in *Études Celtiques*, xii (1968-71)
- Russell, Paul, *Celtic word-formation; the velar suffixes* (Dublin, 1990)
- Scott, Brendan, *Religion and reformation in the tudor diocese of Meath* (Dublin, 2006)
- Scott, Brendan 'The landholders of the late Elizabethan Pale: "The generall hosting appointed to meet at ye Hill of Tarragh on the 24 of September 1593"' in *Analecta Hib.*, no. 40 (2006)
- Seward, William W., *Topographia Hibernica* (Dublin, 1795) in Mervyn Archdall, *Monasticon Hibernicum* (Dublin, 1786)
- Shaw Mason, William, *A statistical survey or, parochial survey of Ireland*, (3 vols, Dublin, 1814, 1816, 1819)
- Sheehy, M.P. (ed.), *Pontificia Hibernica: medieval papal chancery documents concerning Ireland, 640-1261* (2 vols, Dublin, 1965)
- Shorter Oxford English dictionary* (2 vols, Oxford, 1973, 1993, 2002, 2007)
- Simington, Robert C. (ed.), *The Civil Survey A.D. 1654-1656, v: County of Meath with return of tithes for the Meath baronies* (I.M.C., Dublin, 1940)
- Simington, Robert C. (ed.), *The transplantation to Conought 1654-58* (Dublin, 1970)
- Simms, J. G., 'Irish Jacobites' in *Analecta Hib.*, no. 22 (1960)
- Simms, Katherine, *Medieval Gaelic sources* (Dublin, 2009)
- Smith, Brendan (ed.), *The register of Milo Sweetman, archbishop of Armagh 1361-1380* (Dublin, 1996)
- Smith, Brendan (ed.), *The register of Nicholas Fleming, archbishop of Armagh, 1404-1416* (Dublin, 2003)
- Smyth, A. P., *Celtic Leinster: towards an historical geography of early Irish civilization A.D. 500-1600* (Dublin, 1982)
- Smyth, William Anthony, 'Sir Richard Griffith's three valuations of Ireland 1826-1864' (Ph.D thesis, NUI Maynooth, 2008)
- SO: Mapaí 6" na Suirbhéireachta Ordanáis: an Mhí: bileoga 31, 37-39, 42-44, 48-50, 53; buneagrán 1836, atheagrán 1882-1884

- Speed, John, *The Countie of Leinster with the Citie of Dublin 1610-27* (Mapa/Russell, NUIM)
- Stephens, Nicholas and Robin E. Glasscock (eds), *Irish geographical studies in honour of E. Estyn Evans* (Belfast, 1970)
- St John Brooks, Eric (ed.), *The Irish cartularies of Llanthony prima and secunda* (Dublin, 1963). [úsáidte anseo i dteannta le: Arlene Hogan, *The priory of Llanthony Prima and Secunda in Ireland 1172-1541: lands, patronage and politics* (Dublin, 2008)]
- St John Brooks, Eric (ed.), *Register of the hospital of S John the Baptist* (Dublin, 1936)
- Stevens, John, *Monasticum Hibernicum or the monastical history of Ireland* (London, 1722)
- Stifter, David, *Sengoidelc / Old Irish for beginners* (New York, 2006)
- Stokes, Whitley (ed.), *The Bodleian dinnshenchas* (London, 1892)
- Stokes, Whitley (ed.), 'The prose tales in the Rennes Dindshenchas' in *Revue Celtique*, xv (1894)
- Stokes, Whitley (ed.), 'The Annals of Tigernach' in *Revue Celtique* xvi, 374-419; xvii, 6, 119, 337; xviii, 9, 150, 272 (1895-7)
- Stokes, Whitley (ed.), *Féilire Huí Gormáin: the martyrology of Gorman* (London, 1895)
- Stokes, Whitley (ed.), *The martyrology of Oengus the Culdee* (London, 1905)
- Stokes, Whitley (ed.), *Annals of Tigernach* (2 vols, Felinbach, 1993)
- Stokes, Whitley and John Strachan (eds), *Thesaurus paleohibernicus* (London, 1903; Dublin, 1975?)
- Stokes, Whitley (ed.), *The tripartite life of Patrick: with other documents relating to that saint* (London, 1887)
- Stokes, Whitley and John Strachan (eds), *Thesaurus paleohibernicus* (2 vols, Cambridge 1901; reprint Dublin, 1975 and 1987)
- Stokes, Whitley and John Strachan (eds), *Thesaurus paleohibernicus* (London, 1903)
- Strachan, John, *Old-Irish paradigms and selections from the Old Irish glosses* (Dublin and London, 1909)
- Sughi, M.A. (ed.), *Registrum Octaviani, alias Liber Niger: the register of Octavian de Palatio, archbishop of Armagh, 1478-1513* (2 vols, Dublin, 1999)
- Surname queries County Meath Ireland genealogical project (<http://www.rootsweb.ancestry.com/~irlmea2/Surname/lineages.htm>)
- Sweetman, H.S. (ed.), *Calendar of documents relating to Ireland 1171 – 1251*, [etc.] (5 vols, London, 1875-86)
- Swift, C., 'John O' Donovan and the framing of early medieval Ireland in the nineteenth century' in *Bullán*, i uimh. 1 (Earrach, 1994)
- Taylor map of Kildare 1783 (Newbridge library, county Kildare)
- Taylor map 1802 in Thompson, R., *Statistical survey of the County of Meath* (Dublin, 1802)
- Taylor and Skinner, *Maps of the roads of Ireland* (Dublin, 1783); Introduction by J.H. Andrews 1968 (Shannon, 1969)
- The Irish fiants of the Tudor sovereigns during the reigns of Henry viii, Edward VI, Philip and Mary, Elizabeth I* with a new introduction by Kenneth Kenneth and preface by Tomás G. Ó Canann (Dublin, 1994)
- Thornton, D. and K. Murray, *Bibliography of publications on Irish placenames* (ITS, 2011)
- Thunder, John M., 'The holy wells of Meath' in *JRSAL*, series 4, vii (1886/7)
- Toner, Gregory, 'A reassessment of the element *cuileann*' in *Ainm*, vii (1996-97)
- Toner, G., 'The backward nook: cúil and cúl in Irish place-names', in *Ainm*, vii (1996-7)
- Toner, G., 'Settlement terms: ráth and lios' in *Ainm*, viii (1998-2000)
- Toner, G., 'The definite article in Irish place-names' in *Nomina*, xxii (1999)
- Toner, G., '*Baile*: settlement and landholding in medieval Ireland' in *Éigse*, xxxiv (2004)
- Tresham, Edward (ed.), *Rotulorum patentium et clausorurum cancellariae Hiberniae calendarium* (London, 1828)
- Troost, Wouter, 'Letter from Bartholomew Jan Homrigh to General Henkel, Earl of Athlone 1692-1700' in *Analecta Hib.*, no. 33 (1985)

- Uí Chonmhidhe, Maighr ad, *Seanchas na Midhe* (M ta, 2009)
Valor beneficiorum ecclesiasticorum in Hiberni printed for Edward Exshaw
 (Dublin, 1741, r omhleabhar, leabharlann NUIM)
- Vendryes, J., *Lexique  tymologique de L'Irlandais* (Dublin, Paris, 1959)
- Wainwright, F.T, *Archaeology and place-names and history: an essay on problems of co-ordination* (London, 1962)
- Walker, John, *A critical pronouncing dictionary and expositor of the English language*, (New York, 1807)
- Walsh, Paul, *The placenames of Westmeath* (Dublin, 1957)
- Walsh, Paul, 'Prehistoric Meath' in Nollaig   Mura le (ed.), *Irish leaders and learning through the Ages* (Dublin, 2003)
- Watson, W. J., *The history of the Celtic place-names of Scotland* (Edinburgh and London, 1926; reprint Shannon, 1973)
- White, N. B., (ed.), *Irish monastic and episcopal deeds 1200-1600* (Dublin, 1936)
- White, N. B., (ed.), *Extents of Irish monastic possessions, 1540-1541, from manuscripts in the Public Record Office, London* (Dublin, 1943)
- William, Nicholas, 'Na can int  a theacht chun solais' in Kim McCone *et al* (eag/i), *Stair na Gaeilge in om s do P draig   Fiannachta* (Maigh Nuad, 1994)
- Woulfe, Patrick, *Sloinnt  Gaedheal is Gall* (Baile  tha Cliath, 1927)
- Wright, Joseph, (ed.), *The English dialects dictionary* (6 vols, Oxford, New York, 1903)
- Yoblet, Y.M., *A Topographical index of the parishes and townlands of Ireland in Sir William Petty's MSS, barony maps (c. 1655-9) and Hiberniae Delineatio (c. 1672)* (Dublin, 1932)
- Yorke, Philip, *The royal tribes of Wales* (Liverpool, 1887)

Foins  leictreonacha

Bardic poetry database

<http://bardic.celt.dias.ie/main.html>

Bunachar Logainmneacha na h ireann

<http://www.logainm.ie>

Bunachar t arma ochta   fhorbairt ag Fiontar, Ollscoil Chathair B.A.C

<http://www.focal.ie>

Bunachar Tionscadail Monasticon Hibernicum   fhorbairt faoi Kim R. McCone

<http://monasticon.celt.dias.ie/bibliography.php>

Burke's peerage and baronetage

(<http://www.thepeerage.com/p10657.htm>)

Cokayne et al (eds), The complete peerage

<http://thepeerage.com>

Eola  teileaf in idirl n na Fraince

(<http://www.pagesjaunes.fr/pagesblanches>)

Locus Ollscoil Chorca : Hogan's *Onomasticon*   thabhairt suas chun d ta.

<http://www.ucc.ie/locus/>

CELT: (corpus téacsanna leictreonacha, m. sh. na hannála) Ollscoil Chorcaí
<http://www.ucc.ie/celt/>

Celtic Digital Initiative Ollscoil Chorcaí
<http://www.ucc.ie/academic/smg/CDI/index.html>

Dictionary of the Scots language: DOST and SND
www.dsl.ac.uk

EPA (Environmental Protection Agency) Maps
<http://maps.epa.ie/internetmapviewer/mapviewer.aspx>

Foclóir na Gaeilge forbartha ag Acadamh Ríoga na hÉireann and Ollscoil Uladh,
<http://www.dil.ie>

Gaelic Place Names of Scotland
<http://www.ainmean-aite.org/>

Gazetteer of British place-names
<http://www.gazetteer.co.uk/>

Hayes's online manuscript sources for the history of Irish civilisation:
<http://sources.nli.ie>

Internet Archive Canada (Leabharlann Ar líne)
<http://www.archive.org/>

IreAtlas Townland Database
<http://www.seanruadh.com>

Irish History Online
<http://www.irishhistoryonline.ie>

ISOS (Irish Script on Screen) Library of Royal Irish Academy
<http://www.isos.dias.ie>

Léarscáileanna na Suirbhéireachta Ordanáis
<http://maps.osi.ie/publicviewer/>

National Inventory of Architectural Heritage
<http://http://www.buildingsofireland.ie>

Northern Ireland place-name project
<http://www.placenamesni.org/>

Faisnéiseoirí /fuaimniú áitiúil

1. Mrs Tom Bruton, Cullendragh Drumree
2. Brendan Burke, feirmeoir, Kilglin Lane, Kilglin
3. Mary Byrne, Kilglin Lane, Kilglin
4. George Crolly, Rodanstown
5. Iris Douglas, Blackcut, Galtrim
6. Catherine Dunne Mulhussey, Kilclone
7. Mrs Michael Fahy, Pagestown, Kilclone
8. Pat Farrelly, veterinary surgeon, Scurlockstown
9. Richard J. Farrelly, farmer, Balgeeth, Kilmessan
10. Paddy Gorman, Creroge, Scurlockstown
11. Pat Lynch-Clare, Coolcommon
12. Michael Harlan, farmer, Finlaghstown Farm
13. Jennifer McKenna, Galtrim
14. Peter Mooney, Augherskea, Drumree
15. Ann Murphy, 29 Bridge View, Kilmessan
16. Tom O' Grady, farmer, Finlaghtown Little, Scurlockstown
17. Mary O' Flaherty, Kilgraique, Moyglare
18. Betty O' Riordan, Woodtown, Drumree
19. Brenda Power, Cooljohn, Balsoon
20. Pauric Lyons, Ballintoghee, Gallow
21. William Elliott, Clarkstown, Gallow
22. Michael Durkan, Rathkilmore

Innéacs na Logainmneacha: Ceannfhoirmeacha Béarla

[Ciallaíonn an diaicritic * gur comhainmneacha iad an dá logainm le hais a chéile]

Baile fearainn	Paróiste/Barúntacht	códuimhir
Affollus	Moyglare (DU)	4.1.1
Agher	Agher (DU)	4.1.2.1
Agher	Gallow (DU)	4.1.2.2
Ardbrackan/Wrightown*	Scurlockstown	3.1.48.(1&2)
Ardrums Great	Rathcore (DU)	4.15.1.1
Ardrums Little	Rathcore (DU)	4.15.1.2
Arodstown	Kilmore (DU)	3.1.1
Assey	Assey (DI)	4.2.1
Athronan	Kilmessan (DI)	4.2.2
Augherskea	Knockmark (DI)	4.16
Baldoyle/Curtistown Lr*	Kilmessan (DI)	3.1.16.(1&2)
Balfeaghan	Balfeaghan (DU)	4.3.1
Balgeeth	Assey (DI)	4.3.2
Ballastran	Gallow (DU)	4.3.3
Ballina/Bective*	Balsoon (DI)	4.2.3.(1&2)
Ballinter	Assey (DI)	4.3.4
Ballintoghee	Agher (DU)	4.3.5
Ballygortagh	Kilmore (DU)	4.3.6
Ballymagillin	Moyglare (DU)	4.3.7
Ballynamona	Galtrim (DI)	4.3.8
Ballynare	Culmullin (DU)	4.3.9
Ballynavaddog	Balsoon (DI)	4.3.10.1
Ballynavaddog	Trubley (DI)	4.3.10.2
Balreask	Balsoon m(DI)	4.3.11
Balsoon	Balsoon (DI)	4.3.12
Baltrasna	Culmullin (DU)	4.3.13.1
Baltrasna	Kilmore (DU)	4.3.13.2
Baronstown	Knockmark (DI)	3.1.2
Barrockstown	Moyglare (DU)	3.1.3
Barstown	Culmullin (DU)	3.1.4
Basketstown	Galtrim (DI)	3.1.5
Batterjohn	Kiltale (DI)	3.3.1
Battestown	Rodanstown (DU)	3.2.1
Bective/Ballina*	Balsoon (DI)	4.2.3.(2&1)
Bedfanstown	Knockmark (DI)	3.1.6
Blackcut	Galtrim (DI)	3.3.2
Bogganstown	Culmullin (DU)	3.2.2
Bonfield	Balsoon (DI)	3.1.7
Boycetown	Galtrim (DI)	3.1.8
Branganstown	Galtrim (DI)	3.1.9
Bryanstown	Rodanstown (DU)	3.1.10
Butlerstown	Moyglare (DI)	3.1.11
Butterhouse/Mountland*	Scurlockstown (DI)	3.3.8.(1&2)
Calgath	Rodanstown (DU)	4.5.1
Clarkstown	Kilmore (DU)	3.1.12
Clongutery	Kiltale (DI)	4.7.1
Clonlyon	Kilmore (DU)	4.7.2
Clonymeath	Galtrim (DI)	4.7.3

Collegeland	Kilmore (DU)	3.3.3
Collistown	Kilclone (DU)	3.1.13
Cooljohn	Balsoon (DI)	3.3.4
Craystown/Ennistown*	Balsoon (DI)	3.1.14.(1&2)
Creroge	Scurlockstown (DI)	4.10.1
Crumpstown/Marshallstown*	Scurlockstown (DI)	3.1.15.(1&2)
Culcor	Gallow (DU)	4.12.1
Cullendragh	Culmullin (DU)	4.11.1
Culmullin	Culmullin (DU)	4.12.2
Cultromer	Culmullin (DU)	4.12.3
Curraghdoo	Kilmore (DU)	4.13.1
Curraghtown	Culmullin (DU)	3.2.3.1
Curraghtown	Galtrim (DI)	3.2.3.2
Curtistown Lr/Baldoyle*	Kilmessan (DI)	3.1.16.(2&1)
Curtistown Upper	Kilmessan (DI)	3.1.16.3
Derryclare	Derryclare (DI)	4.14.1
Derrypatrick	Derrypatrick (DI)	4.14.2
Derrypatrick Grange	Derrypatrick (DI)	3.3.6.2
Dolanstown	Rodanstown (DU)	3.1.17
Drumard	Galtrim (DI)	4.15.2
Drumlargan	Drumlargan (DI)	4.15.3
Drumree	Knockmark (DI)	4.15.4
Ennistown/Craystown*	Balsoon (DI)	3.1.14.(2&1)
Ennistown	Balsoon (DI)	3.1.14.3
Ferrans	Gallow (DU)	4.17.1
Ferrestown	Rodanstown (DU)	3.1.18
Finlaghtown Great	Scurlockstown (DI)	3.1.19.1
Finlaghtown Little	Scurlockstown (DI)	3.1.19.2
Foxtown	Galtrim (DI)	3.1.20
Gallow	Gallow (DI)	4.18.1
Galtrim	Galtrim (DI)	4.4.1
Garadice	Gallow (DU)	4.24.1
Gaulstown	Culmullin (DU)	3.1.21
Gibralter	Kiltale (DI)	3.3.5
Ginnetts Great	Agher (DU)	3.1.22.1
Ginnetts Little	Agher (DU)	3.1.22.2
Glane Great	Knockmark (DI)	4.19.1.1
Glane Little	Knockmark (DI)	4.19.1.2
Grange	Scurlockstown (DI)	3.3.6.1
Harristown	Moyglare (DU)	3.1.23
Hayestown	Culmullin (DU)	3.1.24
Jenkinstown	Kilclone/ (DU)	3.1.25.1
Jenkinstown	Kilmore (DU)	3.1.25.2
Kemmins Mill	Kilclone (DU)	3.3.7
Kilcarty	Kilmessan (DI)	4.6.1
Kilclone	Kilclone (DU)	4.6.2
Kilcooly	Knockmark (DI)	4.6.3
Kilglin	Balfeghan (DU)	4.6.4
Kilgrague	Moyglare (DU)	4.6.5
Killeany	Moyglare (DU)	4.6.6
Kilmessan	Kilmessan (DI)	4.6.7
Kilmore	Kilmore (DU)	4.6.8
Kiltale	Kiltale (DI)	4.6.9
Kimmins	Moyglare (DU)	4.9.1
Knockmark	Knockmark (DI)	4.8.1
Knockstown	Kilmore (DU)	3.2.4.1
Knockstown	Kilmessan (DI)	3.2.4.2

Knockstown	Trubley (DI)	3.2.4.3
Lambertstown	Kilmessan (DI)	3.1.26
Leonardstown	Kilmore (DU)	3.1.27
Longtown	Kilclone (DU)	3.2.5
Marshallstown/Crumpstown*	Scurlockstown (DI)	3.1.15.(2&1)
Martinstown	Kilmore (DU)	3.1.28.1
Martinstown	Gallow (DU)	3.1.28.2
Merrywell	Knockmark (DI)	3.1.29
Milltown	Kilclone (DU)	3.2.6.1
Milltown	Galtrim (DI)	3.2.6.2
Mitchelstown	Galtrim (DI)	3.1.30
Monenstown	Galtrim (DI)	3.2.7
Mooretown	Knockmark (DI)	3.1.31
Mountland/Butterhouse*	Scurlockstown (DI)	3.3.8.(2&1)
Moygaddy	Moyglare (DU)	4.21.1
Moyglare	Moyglare (DU)	4.21.2
Moynalvy	Kilmore (DU)	4.21.3
Mulhussey	Kilclone (DU)	4.22.1
Mullagh	Kilmore (DU)	4.22.1
Newtownmoyaghy	Moyglare (DU)	3.2.8.1
Newtownmoyaghy	Rodanstown (DU)	3.2.8.2
Newtownrathganley	Kilmore (DU)	3.2.9
Oldgraique	Moyglare (DU)	4.20.1
Oldtown	Gallow (DU)	3.2.10.1
Oldtown	Rathcore (DU)	3.2.10.2
Owenstown	Knockmark (DI)	3.1.32
Padinstown	Balfeaghan (DU)	3.1.33
Pagestown	Kilclone (DU)	3.1.34
Phepotstown	Kilmore (DU)	3.1.35
Piercetown	Balfeaghan (DU)	3.1.36
Porterstown	Moyglare (DU)	3.1.37
Rathkilmore	Kilmore (DU)	4.23.1
Ringlestown	Kilmessan (DI)	3.1.38
Rodanstown	Rodanstown (DU)	3.1.39
Scurlockstown	Scurlockstown (DI)	3.1.40
Swainstown	Kilmessan (DI)	3.1.41
Timlins	Moyglare (DU)	3.1.42
Tullaghmedan	Derrypatrick (DI)	4.25.1
Tullykane	Kilmessan (DI)	4.25.2
Trubley	Trubley (DI)	3.1.43
Walterstown	Galtrim (DI)	3.1.44
Warrenstown	Culmullin (DU)	3.1.45.1
Warrenstown	Knockmark (DI)	3.1.45.2
Weatherstown	Kilmore (DU)	3.1.46
Windtown	Galtrim (DI)	3.2.11
Woodcockstown	Culmullin (DU)	3.1.47
Woodtown	Culmullin (DU)	3.2.12
Wrightown/Ardbrackan*	Scurlockstown (DI)	3.1.48.(2&1)